# Na Cheithre Soisgéil

&

# Gníomhartha na n-Aspol

Peadar Ua Laoghaire

Ogmanac

# NA CHEITHRE SOISGÉIL

AS AN DTIOMNA NUA


AN T-ATHAIR PEADAR UA LAOGHAIRE
CANONACH, S.P.


**d'aistirigh iad ó Laidin na Vulgáta;
agus do bhreithnigh**


AN T-ATHAIR GEARÓID Ó NUALLÁIN, M.A.,


**iad i gcomparáid leis an nGréigis agus
leis na h-aistrighthibh ar a bhfuil deighmheas
na h-Eagailse.**

**Táid nótaí agus tagartha leó.**


Baile Átha Cliath:

MUINTIR NA LEABHAR GAEDHILGE
THE IRISH BOOK COMPANY
6 SRÁID D'OLIER

BRÚN AGUS NUALLÁN
Forbadh Éilimh

SRÁID NASÁ

1915

**Nihil Obstat:**
GIRALDUS O'NOLAN,
*Censor Theol. Deput.*

**Imprimi potest:**
✠ GULIELMUS,
*Archiep. Dublinen.,*
*Hiberniae primas.*

*Dublini, die* 16 *Julii*, 1915,
*Festo B.V.M. de Monte Carmelo.*

Fógarthar gach ceart ar cosnamh.

# Órd Na Soisgéal


Maitiú ... 5
Marcus ... 49
Lúcás ... 77
Eóin ... 124
Gníomhartha na n-Aspol ... 159
List of Subscribers ... 205

# Maitiú

## Caibid I.

### Geinealach Chríost: do gabhadh agus do rugadh é ó mhaighdin.

1 Leabhar geinealaigh Íosa Críost mhic
Dáibhid mic Ábrahaim.

2 Do ghein Ábraham Isaac. Agus do ghein
Isaac Iácób, agus do ghein Iácób Iúdás agus a
dhritháracha. 3 Agus do ghein Iúdás Pháres
agus Sára ó Thámar. Agus do ghein Pháres
Esron. Agus do ghein Esron Aram. 4 Agus do
ghein Aram Aminadab. Agus do ghein
Aminadab Naasson. Agus do ghein Naasson
Salmon. 5 Agus do ghein Salmon Boos ó
Rachab. Agus do ghein Boos Obed ó Rút.
Agus do ghein Obed Iesse. Agus do ghein
Iesse Dáibhid an rí. 6 Agus do ghein Dáibhid,
an rí, Salomón ó'n mnaoi a bhí ag Urias. 7 Agus
do ghein Salomón Robóam. Agus do ghein
Robóam Abia. Agus do ghein Abia Asa. 8
Agus do ghein Asa Iósaphat. Agus do ghein
Iósaphat Ióram. Agus do ghein Ióram Ósias. 9
Agus do ghein Ósias Ióatam. Agus do ghein
Ióatam Achas. Agus do ghein Achas
Esecias. 10 Agus do ghein Esecias Manasses.
Agus do ghein Manasses Amon. Agus do
ghein Amon Iosias. 11 Agus do ghein Iosias
Iechonias agus a dhritháracha i ndaor-bhruid
na Babilóine. 12 Agus tar éis daor-bhruide na
Babilóine do ghein Iechonias Salatiel. Agus do
ghein Salatiel Sorobabel. 13 Agus do ghein
Sorobabel Abiud. Agus do ghein Abiud
Eliacim. Agus do ghein Eliacim Asor. 14 Agus
do ghein Asor Sadoc. Agus do ghein Sadoc
Achim. Agus do ghein Achim Eliud. 15 Agus
do ghein Eliud Eleásar. Agus do ghein Eleásar
Matan. Agus do ghein Matan Iácób. 16 Agus
do ghein Iácób Ióseph, céile Mhuire, ó n-ar
rugadh Íosa d'á ngoirtear Críost.

17 D'á bhrígh sin na geinealacha go léir ó
Ábraham go dtí Dáibhid is cheithre glúine
déag iad. Agus ó Dháibhid go dtí daor-bhruid
na Babilóine cheithre glúine déag. Agus ó
dhaorbhruid na Babilóine go dtí Críost
cheithre glúine déag.

18 Agus seo mar a thárla geineamhaint
Chríost. Nuair a tugadh a mháthair Muire,
i gcuing phósta, do Ióseph, agus roim
theacht d'á chéile dhóibh, do fuaradh go
raibh gein'n-a broinn aici ó'n Spioraid
Naomh. 19 Ach ó ba dhuine fíoraonta
Ióseph, a fear, agus nár mhaith leis masladh
puibilidhe thabhairt di, ba mhian leis í chur
uaidh a gan fhios. 20 Ach ag machtnamh dó
ar an méid sin, féach, do thaisbeáin aingeal
an Tighearna é féin dó i n-aisling, agus
dubhairt sé leis. A Ióseph, a mhic
Dháibhid, ná bíodh aon eagla ort do bhan-
chéile, Muire, do ghlacadh chúghat, mar is
ó'n Spioraid Naomh an ghein atá ar iompar
aici. 21 Agus béarfaidh sí mac, agus
tabharfair-se Íosa mar ainim air, óir
slánóchaidh sé a dhaoine ó n-a
bpeacaíbh. 22 Agus do thuit an méid sin go
léir amach i dtreó go gcómhlíonfaí an rud
a dubhairt an Tighearna tré bhéal an fháidh
nuair adubhairt sé: 23 Féach, beidh gein'n-a
broinn ag maighdin, agus béarfaidh sí mac,
agus tabharfaid siad Emmanuél mar ainim
air; agus cialluigheann an ainim sin, Dia
linn. 24 Agus nuair a dh'eirigh Ióseph as a
chodla do dhein sé mar a dh'órduigh
aingeal an Tighearna dhó, agus do ghlac sé
chuige a bhan-chéile; 25 Agus níor chuir sé
aithne uirthi go dtí gur rug sí a mac, a céad-
ghein, agus thug sé Íosa mar ainim air.

## Caibid II.

### Ofrálacha na suadh. An teithe chun na h-Éigipte. Marbhadh na leanbh.

1 Ansan, nuair a rugadh Íosa i
mBetlehem Iúda, i laethibh an rí Héróid,
tháinig draoithe ó'n ndomhan toir go
Ierúsalam, agus dubhradar: 2 Cá bhfuil an rí
seo na n-Iúdach atá beirthe? Mar do
chonacamairne a réalt sa domhan toir agus
thánamair chun é dh'adhradh. 3 Nuair
airigh Héród, an rí, an méid sin tháinig
buaireamh air, agus ar Ierúsalem go léir
chómh maith. 4 Agus chruinnigh sé
uachtaráin na sagart agus sgríbhneóirí an
phobuil, agus d'fhiafraigh sé dhíobh cá
mbéarfaí Críost. 5 Agus dubhradar-san leis:
I mBetlehem Iúda, óir sin mar atá
sgríobhtha ag an bhfáidh: 6 Agus tusa, a
Bhetlehem, a thalamh Iúda, ní tu is lúgha i
n-aon chor ar thaoiseachaibh Iúda, óir is
asat-sa a thiocfaidh an taoiseach a
dhéanfaidh mo phobul Israél do riaradh. 7
Ansan do ghlaoidh Héród na draoithe
chuige, a gan fhios, agus fuair sé amach
uatha go cruinn an t-am i n-ar taisbeánadh
an réalt dóibh. 8 Agus do stiúruigh sé go
Betlehem iad, agus dubhairt sé:
Cuarduighidh go maith an mac so; agus
nuair a gheobhaidh sibh tuairisg air tagaidh
agus innsidh dómh-sa é, go dtéighead agus
go n-adhrad é, leis. 9 Tar éis na cainte sin
ó'n rí d'imthigheadar. Agus féach, an réalt
a chonacadar sa domhan toir do ghluais sé
rómpa go dtáinig sé agus gur stad sé os
cionn na h-áite i n-a raibh an leanbh. 10
Nuair a chonacadar an réalt do tháinig árd-
áthas ortha. 11 Agus chuadar isteach sa tigh,
agus fuaradar an leanbh agus a mháthair,
Muire, agus shléachtadar dó agus
d'adhradar é; agus d'osgaladar a gcuid
stóir, agus thugadar bronn-tanas dó, ór
agus túis agus mirr. 12 Agus do tugadh
foláramh dóibh i dtaibhreamh gan dul thar
n-ais go dtí Héród, agus chuadar bóthar
eile thar n-ais chun a dtíre féin.

13 Nuair a bhíodar-san imthighthe do
thaisbeáin aingeal an Tighearna é féin do
Ióseph, 'n-a chodla, agus dubhairt sé.
Eirigh, agus tóg leat an leanbh agus a
mháthair agus imthigh go h-Éigipt, agus
fan ann go n-innsead duit, mar beidh
Héród ag lorg an leinbh chun a
mhairbhthe. 14 D'eirigh seisean, agus thóg
sé leis an leanbh agus a mháthair, agus
chuaidh sé sa n-Éigipt; 15 agus bhí sé sa n-
áit sin chun go bhfuair Héród bás; Ionus
go gcómhlíonfaí an focal adubhairt an
Tighearna tré bhéal an fháidh, nuair
adubhairt sé: As an Éigipt do ghlaodhas
mo mhac.

16 Ansan, nuair a chonaic Héród gur
mheall na draoithe é, tháinig fearg ana-
mhór air agus chuir sé amach a lucht airm
agus mhairbh sé a raibh de mhacaibh dá
bhlian, nó fé n-a bhun, i mBetlehem agus
ins na triúchaibh go léir a bhain léi, do réir
an méid aimsire a fuair sé amach ó chaint
na ndraoithe. 17 Ansan iseadh do
cómhlíonadh an chaint adubhairt Ieremias
fáidh nuair adubhairt sé: 18 Do h-airigheadh
guth i Ráma, árd-ghol agus iomad ologón,
Ráchel ag caoine a clainne, agus ná
glacfadh sí sólás toisg gan iad a bheith ann.

19 Tar éis bháis Héróid, ámhthach, féach,
do thaisbeáin aingeal an Tighearna é féin
do Ióseph i dtaibhreamh, sa n-Éigipt. 20
Agus dubhairt: Eirigh, agus tóg leat an
leanbh agus a mháthair, agus imthigh go tír
Israéil, óir an mhuíntir a bhí ar tí an leinbh
do chur chun bháis táid siad tar éis bháis. 21
Agus d'eirigh seisean agus thóg sé leis an
leanbh 7 a mháthair, agus tháinig sé go tír
Israéil. 22 Ach d'airigh sé Archelaus a bheith
'n-a rí ar Iúdéa i n-inead a athar, Héród,
agus níor leig eagla dhó dul ansan; agus do
tugadh foláramh dó i n-a chodla, agus
chuaidh sé i gcríochaibh Ghaililí. 23 Agus

tháinig sé chun cómhnuighthe sa bhaile ar
a dtugtar Nasaret, ionus go gcómhlíonfaí
an nídh adubhairt na fáidhe: Óir tabharfar
Nasarénach air.

## CAIBID III.

### Seanmóineacht Eóin. Críost d'á bhaiste.

1 Ins na laethanta san, ámhthach, do
tháinig Eóin Baiste ag seanmóin i bhfásach
Iúdéa, 2 Agus deireadh sé: Deinidh
aithrighe, óir tá rígheacht na bhflathas
buailte libh 3 Óir sin é an t-é ar ar labhair
Isáias Fáidh nuair adubhairt sé: Guth duine
ag glaodhach sa bhfásach, Ollamhuighidh
an tslígh do'n Tighearna; deinidh a
bhóithre do dhíriú dhó. 4 Agus isé éadach a
bhí ar Eóin ná éadach déanta de
ruainneach camal, agus crios leathair ar a
chom; agus isé bia a bhí aige 'ná lócuistí
agus mil fhiain. 5 Agus bhí Ierúsalem ag dul
amach ag triall air an uair sin, agus Iúdaéa
go léir, agus an dúthaigh go léir tímpal ar
an Iórdan. 6 Agus bhí sé 'ghá mbaiste sa n-
Iórdan agus iad ag déanamh faoísdine i n-a
bpeacaíbh.

7 Agus chonaic sé mórán des na
Fairisínigh agus des na Sadducíneachaibh
ag teacht chun an bhaiste chuige, agus
dubhairt sé leó: A shliocht na n-aithreach
nimhe, cé chuir ar bhúr súilibh daoíbh-se
an fhearg atá chúghaibh do sheachnadh? 8
Má's eadh tugaidh toradh uaibh a bheidh
do réir na h-aithrighe. 9 Ná h-abraidh i n-
bhúr n-aigne: Tá Ábraham i n-a athair
againn; óir deirim-se libh gur féidir do Dhia
clann a dhéanamh d'Ábraham des na
clochaibh sin. 10 Tá an tuagh cheana féin ar
phréimh na gcrann. Agus gach crann ná
tabharfaidh toradh fóghanta uaidh leagfar
é agus curfar sa teine é. 11 Táim-se ag bhúr
mbaiste le h-uisge chun aithrighe, ach an t-
é atá ag teacht am' dhiaidh is
cómhachtaíghe é 'ná mise, agus ní fiú me
go ndéanfainn a bhróga d'iompar; baistfidh
sé sin sibh leis an Spioraid Naomh agus le
teine. 12 Tá a ghléas cáithte i n-a láimh aige,
agus glanfaidh sé a úrlár buailte, agus
cruinneóchaidh sé a chuid cruithneachtan
isteach sa sgioból, agus loisgfidh sé an
lóchán le teine nach féidir a mhúchadh.

13 Ansan do tháinig Íosa ó Ghaililí go dtí
an Iórdan, ag triall ar Eóin, chun go
mbaistfeadh Eóin é. 14 Ach bhí Eóin 'ghá
chosg, agus deireadh sé: Is dómh-sa is gádh
baiste dh'fhághail uait-se; agus tusa ag
teacht ag triall orm-sa? 15 Agus d'fhreagair
Íosa é agus dubhairt sé leis: Leig liom anois,
óir is mar seo is cóir dúinn
gach fíoraontacht do chómhlíonadh.
Ansan do ghéill sé dhó. 16 Agus nuair a bhí
Íosa baistithe tháinig sé aníos as an uisge
láithreach; agus féach, do h-osgaladh na
flathais dó, agus chonaic sé Spioraid Dé ag
teacht anuas i riocht colúir agus ag
túirliocan air. 17 Agus féach, guth as na
flathais adubhairt: Isé seo mo mhac dílis ar
a bhfuil mo ghreann.

## CAIBID IV.

### Trosgadh Chríost ar feadh dachad lá. – Fromhadh á dhéanamh air — É ag tosnú ar sheanmóiniú; ar a dheisgiobuil do ghlaodhach chuige; agus ar mhírbhúiltíbh a dhéanamh.

1 Ansan do sheól an Spioraid Íosa isteach
sa bhfásach chun go gcurfaí cath air ó'n
ndiabhal. 2 Agus nuair a bhí trosgadh
déanta aige ar feadh dachad lá agus dachad
oidhche, ansan do tháinig ocras air.

3 Agus tháinig an t-Áirseóir agus
dubhairt sé leis: Má's tu Mac Dé órduigh
arán a dhéanamh des na clochaibh sin. 4
Agus dubhairt seisean 'ghá fhreagradh: Tá
sgríobhtha: Ní h-ar arán amháin a
mhaireann an duine, ach ar an uile fhocal

d’á dtagann ó bhéal Dé. [5] Ansan do thóg an t-Áirseóir leis é isteach sa chathair naomhtha, agus chuir sé ’n-a sheasamh ar spuaic an teampuill é. Agus dubhairt sé leis: Má’s tu Mac Dé caith thu féin le fánaidh. Óir tá sgríobhtha: [6] Mar go dtug sé órdú d’á aingealaibh ad’ thaobh, agus glacfaid siad ’n-a lámhaibh thu sar a mbuailfá do chos i gcoinnibh cloiche. [7] Dubhairt Íosa leis: Tá rud eile sgríobhtha, leis: Ná dein fromhadh ar do Thighearna Dia. [8] Ansan do rug an t-Áirseóir leis é go mullach cnuic a bhí ana-árd, agus thaisbeáin sé dhó rígheachta an domhain go léir, agus a ngradam; [9] Agus dubhairt sé leis: Tabharfad iad san go léir duit ach sléachtadh dhom agus mé dh’adhradh. [10] Ansan dubhairt Íosa leis: Imthigh, a Shátain; Óir tá sgríobhtha: Adharfaidh tú do Thighearna Dia, agus beidh tú umhal dó san amháin. [11] Ansan d’imthigh an t-Áirseóir uaidh, agus féach, tháinig na h-aingil agus dheineadar frithálamh air.

[12] Agus nuair airigh Íosa Eóin a bheith ’n-a phríosúnach d’imthigh sé go Gaililí; [13] Agus d’fhág sé Nasaret, agus chuaidh sé chun cómhnuighthe i gCapharnaum i n-aice na faraige, i gcríoch Sabulon agus Nephtalim. [14] Ionus go gcómhlíonfaí an nídh adubhairt Isáias fáidh: [15] Talamh Sabulon agus talamh Nephtalim, fan na faraige lastall de Iórdan, Gaililí na ngeinte: [16] Pobul a bhí suidhte i ndorchadas, chonacadar solus mór, agus d’eirigh solus do’n mhuintir a bhí suidhte sa n-áit ar a raibh sgamall an bháis. [17] As san amach do thusnuigh Íosa ar sheanmóin, agus ar a rádh: Deinidh aithrighe, óir tá rígheacht na bhflathas buailte libh.

[18] Agus bhí Íosa ag siubhal i n-aice mara Ghaililí, agus chonaic sé beirt drithár, Símón, ar a dtugtar Peadar, agus Aindrias, a dhritháir, agus iad ag cur lín amach sa bhfaraige (mar iasgairí ab eadh iad), [19] Agus dubhairt sé leó: Tagaidh am’ dhiaidh-se, agus déanfad iasgairí ar dhaoinibh dhíbh. [20] Agus gan mhoill d’fhágadar ansan na líonta, agus do leanadar é. [21] Agus ag imtheacht ó’n áit sin dó, do chonaic sé beirt eile drithár, Séamus mac Sebedé agus a dhritháir Eóin, agus iad sa bhád i dteannta a n-athar Sebedé, ag deisiú a líonta; agus do ghlaoidh sé chuige iad. [22] Agus gan mhoill d’fhágadar ansan na líonta agus a n-athair, agus do leanadar é.

[23] Agus do ghluais Íosa mór-thímpal Ghaililí go léir, ag teagasg ins na sinagógaibh, agus ag craobhsgaoileadh soisgéil na rígheachta, agus ag leigheas gach galair agus gach breóiteachta d’á raibh ar dhaoine. [24] Agus do leath a chlú ar fuid Siria go léir, agus do tugadh ag triall air na daoine go léir a bhí as a sláinte, gabhtha le galaraibh agus le piantaibh, agus daoine go raibh deamhain ionta, agus daoine a bhí as a meabhair, agus daoine a bhí gan lúth, agus do leighis sé iad. [25] Agus do lean sluaighte móra é a Gaililí agus a Decapolis agus a Ierúsalem, agus ó’n dtaobh thall de Iórdan.

## Caibid V.

### Seanmóin Chríost ar an gcnoc. Na h-ocht mbiatí.

[1] Agus nuair a chonaic sé na sluaighte chuaidh sé suas ar an gcnoc, agus nuair a shuidh sé ann tháinig a dheisgiobuil ag triall air. [2] Agus d’osgail sé a bhéal agus do theagaisg sé iad, agus dubhairt sé:

[3] Is aoibhinn dos na bochtaibh sa spioraid, mar is leó san rígheacht na bhflathas.

[4] Is aoibhinn do lucht ceannsachta, mar isiad a gheóbhaidh seilbh na talmhan.

[5] Is aoibhinn do lucht dubróin, mar isiad a gheóbhaidh sólás.

6 Is aoibhinn do'n mhuintir go bhfuil
ocras agus tart chun fióraontachta ortha,
mar 's iad a gheóbhaidh a sáith.
7 Is aoibhinn do lucht na trócaire
dhéanamh, mar isiad a gheóbhaidh
trócaire.
8 Is aoibhinn do lucht an chroidhe
ghlain, mar isiad a gheóbhaidh radharc ar
Dhia.
9 Is aoibhinn do lucht na síothchána
dhéanamh, mar is ortha tabharfar clann
Dé.
10 Is aoibhinn do'n mhuintir a
dh'fhuilingeann crádh ar son fióraontachta,
mar is leó san rígheacht na bhflathas.
11 Is aoibhinn daoibh-se nuair a déanfar
spídiú oraibh agus ciapadh, agus an uile
shaghas tromaidheachta éithigh, mar gheall
orm-sa; 12 Bíodh móráil agus gáirdeachas
oraibh, mar is mór é bhúr luacht-saothair
ins na flathais; óir sin mar a ciapadh na
fáidhe rómhaibh.
13 Is sibh-se salann na talmhan. Ach má
théigheann an salann i leamhas conus a
déanfar salann airís de? Ní'l de mhaith ann
feasta ach go gcaithfí amach é agus go
ngeóbhfaí do chosaibh daoine ann. 14 Is
sibh-se solus an domhain. Cathair ar chnoc
ní féidir í dh'fholachadh. 15 Ní lastar
coinneal chun í chur fé bhéal árthaigh, ach
chun í chur ar choinnleóir, chun go
dtabharfadh sí solus d'á bhfuil sa tigh. 16
Lasadh bhur solus-sa ar an gcuma san os
cómhair daoine, i dtreó go bhfeicfid siad
bhúr ngníomhartha fóghanta agus go
molfaid siad bhúr n-Athair atá ins na
flathais.
17 Ná measaidh gur chun na dlíghe ná na
bhfáidh do chur ar neamhnídh a thánag-sa.
Ní chun iad do chur ar neamhnídh a thánag
ach chun iad do chómhlíonadh. 18 Óir
deirim libh go fírinneach, go dtí go dtéidh
an spéir agus an talamh ar neamhnídh ná
raghaidh aon ióta amháin ná aon phúnc
amháin de'n dlígh ar neamhnídh, go
dtagaidh a h-iomláine chun cinn. 19 An t-é
d'á bhrígh sin, a mhillfidh aithne des na h-
aitheantaibh sin is lúgha, agus do
mhúinfidh na daoine mar sin, tabharfar air
an t-é is lugha i rígheacht na bhflathas; ach
an t-é choimeádfidh iad, agus do
mhúinfidh [a gcoimeád] tabharfar duine
mór air i rígheacht na bhflathas. 20 Óir
deirim libh mura mbeidh bhur
bhfíoraontacht-sa níos lionmhaire 'ná
fíoraontacht na Sgríbhneóirí agus na
bhFairisíneach ní raghaidh sibh isteach i
rígheacht na bhflathas.
21 Chualabhair conus mar adubhradh leis
na daoine a bhí ann fadó: Ná dein
marbhadh: Agus an t-é dhéanfaidh
marbhadh beidh sé ciontach do'n
bhreitheamhantas. 22 Ach deirim-se libh,
gach duine atá i bhfeisg le n-a bhráthair
beidh sé ciontach do'n bhreitheamhantas.
An t-é ámhthach a déarfaidh le n-a
bhráthair, Raca, beidh sé ciontach do'n
chómhairle. Agus an t-é a déarfaidh, A
amadáin, beidh sé ciontach cun teine
ifrinn. 23 D'á bhrígh sin, má bhíonn
tabharthas agat d'á thabhairt uait os
cómhair na h-altórach, agus go
gcuimhneóchair go bhfuil rud éigin ad'
choinnibh agat' bhráthair; 24 Fág ansan do
thabharthas os cómhair na h-altórach, agus
imthigh agus dein síothcháin led'bhráthair,
agus ansan tar agus bronn do thabharthas.
25 Réidhtigh le t'eascaraid go luath, an
fhaid ataoí i n-aonfheacht leis sa tslígh, le
h-eagla go dtabharfadh an t-eascara suas tu
do'n bhreitheamh, agus go dtabharfadh an
bhreitheamh suas d'á ghiolla thu, agus go
gcurfaí sa charcair thu. 26 Go deimhin
adeirim leat, ní thiocfair amach as san go
ndíolair an fheóirling dheirineach.
27 Do chualabhair conus mar adubhradh
leis an muintir fadó: Ná dein adhaltranas. 28
Ach deirim-se libh, an t-é fhéachfaidh ar

mhnaoí le dúil sa droch-ghníomh, go bhfuil peacadh an adhaltranais déanta cheana aige léi i n-a chroidhe féin.

[29] D'á bhrígh sin, má's trúig pheactha dhuit do shúil dheas, strac amach í agus caith uait í; óir is fearra dhuit ball de d'bhallaibh do chailleamhaint 'ná do cholann go léir a chur go h-ifreann.
[30] Agus ma's trúig pheactha dhuit do lámh dheas, gearr anuas díot í agus caith uait í; óir is fearra dhuit ball ded' bhallaibh do chailleamhaint 'ná do chorp go léir a dhul go h-ifreann.

[31] Agus dubhradh, An t-é a chuirfidh uaidh a bhean phósta, tugadh sé sgríbhinn a díbeartha dhi.
[32] Ach de rim-se libh, aoinne a chuirfidh uaidh a bhean phósta, ach mar gheall ar adhaltranas amháin, go gcuireann se i dtreó í chun adhaltranais a dhéanamh, agus an t-é a ghlacfaidh mar chéile an bhean díbeartha deineann sé adhaltranas.

[33] Airís, do chualabhair conus mar a dubhradh leis an muintir fad ó. Ná tabhair leabhar éithigh, agus an nídh a dhearbhuighis cómhlíon do'n Tighearna é.
[34] Ach deirim-se libh gan dearbhú i n-aon chor; gan dearbhú dar neamh, mar isé sin cathaoir ríoga Dé;
[35] Ná dar talamh, mar isé stól a chos é; ná dar Ierúsalem, mar isí cathair an rí mhóir í.
[36] Ná dearbhuigh dar do cheann féin mar ní'l ar do chumas ruibe ann a dhéanamh geal ná dubh.
[37] Ach abraidh, Seadh, 'seadh; Ní h-eadh, ní h-eadh. An rud a théigheann thairis sin is ó'n olc é.

[38] Do chualabhair conus mar adubhradh, Súil ar shúil, agus fiacal ar fhiacail.
[39] Ach deirim-se libh-se gan cur i n-aghaidh uilc; ach má bhuaileann duine thú ar an leacain ndeis, iompuigh an leaca eile chuige, leis.
[40] Agus má's mian le duine an dlígh chur ort agus do chasóg do bhreith leis sgaoil leis do bhrat 'n-a teannta.
[41] Agus an t-é chuirfidh fhiachaibh ort dul leis míle 'shlígh do t'aimhdheóin, eirigh dhá mhíle eile leis dod' dheóin.
[42] An t-é a dh'iarrfaidh rud ort, tabhair dó é; agus má's mian le duine iasacht do lorg ort ná h-iompuigh uaidh.

[43] Do chualabhair conus mar a dubhradh: Bíodh grádh agat do d'charaid agus fuath dod'namhaid.
[44] Ach deirim-se libh-se: Bíodh grádh agaibh d'bhúr namhdaibh; deinidh maith do'n mhuintir a thugann fuath dhaoibh; agus deinidh guidhe ar son na muintire a dheineann crádh agus tromaidheacht oraibh.
[45] Ionus go mbeadh sibh i nbhúr macaibh ag bhúr n-Athair atá ins na flathais, an t-é chuireann a ghrian ag eirighe ar dhaoine, idir olc agus maith, agus chuireann an fhearthainn ag tuitim ortha, idir cheart agus aincheart.
[46] Óir má thugann sibh grádh do'n mhuintir a thugann grádh dhaoibh cad é an tuarasdal a bheidh agaibh? Ná deinid na puibliocánaigh féin an méid sin?
[47] Agus mura ndeinidh sibh-se ach beannú d'bhúr ndrithárachaibh cad í an bhreis a dheineann sibh? Ná deinid na págánaigh féin an méid sin?
[48] Bídhidh-se, d'á bhrígh sin, fíor-mhaith, fé mar atá bhúr n-Athair ins na flathais fíor-mhaith.

## CAIBID VI.

### An tseanmóin ar an gcnuc ar leanmhaint.

[1] Seachnaidh agus ná deinidh bhúr bhfíoraontacht-sa os cómhair daoine, i dtreó go bhfeicfí sibh, nó ní bheidh tuarasdal le fághail agaibh i láthair bhúr n-Athar atá ins na flathais.
[2] D'á bhrígh sin, nuair a bheidh déirc agat 'á dhéanamh ná bíodh adharc d'á séideadh rómhat amach agat, mar a bhíonn ag na feallairíbh ins na sinagógaibh agus ar na sráidibh, i dtreó go dtabharfadh na daoine onóir dóibh. Go

deimhin adeirim libh, tá a dtuarasdal
fághalta acu. 3 Nuair a dhéanfair-se déirc,
ámhthach, ná bíodh a fhios agat' láimh chlé
cad a dheineann do lámh dheas. 4 Ionus go
mbeadh do dhéirc fé cheilt, agus go
dtabharfadh t'Athair, a chíonn fé cheilt, do
thuarasdal duit.

5 Agus nuair a dhéanfaidh sibh
úrnuighthe, ná bídhidh mar na feallairí gur
maith leó úrnuighthe dhéanamh 'n-a
seasamh ins na sinagógaibh agus ag
cúinníbh na sráideana, i dtreó go
bhfeiceadh daoine iad. Go deimhin adeirim
libh, tá a dtuarasdal fághalta acu. 6 Ach
nuair a dhéanfair-se úrnuighthe, eirigh
isteach ad' sheómra agus dún an dorus,
agus cuir do ghuidhe chun t'Athar fé cheilt,
agus tabharfaidh t'Athair, a chíonn fé
cheilt, do thuarasdal duit. 7 I nbhúr
nguidhe, ámhthach, ná deinidh mórán
cainte, mar a dheinid na págánaigh; óir is
dóigh leó gur as méid a gcainte do h-éistfar
leó. 8 D'á bhrígh sin ná bídhidh-se mar iad;
óir is eól d'bhur n-Athair an nídh is gádh
dhaoibh sar a ndeineann sibh guidhe
chuige. 9 Seo, d'á bhrígh sin, mar a
dhéanfaidh sibh guidhe:

10 Ár n-Athair atá ar neamh, go
naomhthar t'ainim. Go dtagaidh do
rígheacht. Go ndeintear do thoil ar an
dtalamh mar a deintear ar neamh. 11 Ár n-
arán róshubstainteamhail tabhair dúinn
indiu. 12 Agus maith dhúinn ár gcionta, mar
mhaithimíd-ne do chách a chiontuigheann
i n-ár n-aghaidh. 13 Agus ná leig sinn i
gcathaíbh; ach saor sinn ó olc. Amen.

14 Óir má mhaitheann sibh do dhaoine a
gcionta, maithfidh bhúr n-Athair
neamhdha dhaoibh-se bhúr bpeacaí. 15 Ach
mura maithfidh sibh-se a bpeacaí do
dhaoine, ní mhaithfidh bhúr n-Athair
daoibh-se bhúr bpeacaí.

16 Agus nuair a bheidh sibh ag déanamh
trosgaidh ná bídhidh gruamdha ar nós na
bhfeallairí; óir doirchighid siad a
gceannacha, i dtreó go samhlóchadh na
daoine iad a bheith ag déanamh trosgaidh.
Go deimhin adeirim libh, tá a dtuarasdal
fághalta acu. 17 Ach tusa, nuair a dhéanfair
trosgadh, cuir oíle ar do cheann agus nigh
t'aghaidh, 18 I dtreó ná feicfid daoine thú
bheith ag déanamh trosgaidh, ach go
bhfeicfidh t'Athair thu, atá fé cheilt; agus
tabharfaidh t'Athair, a chíonn fé cheilt, do
thuarasdal duit.

19 Ná cúmhdaighidh stór daoibh fein ar
an dtalamh so, mar a ndeinid na leómhain
agus an mheirg é dh'ídiú, agus mar a
ndeinid na bitheamhnaigh é thóch agus é
ghuid. 20 Ach deinidh stór do chúmhdach
daoibh féin ar neamh, an áit ná deinid na
leómhain é dh'ídiú agus ná deinid
bitheamhnaigh é thóch ná é
dh'fhuadach. 21 Óir, an áit 'n-a bhfuil do
stór is ann atá do chroidhe leis.

22 Isí do shúil solus do chuirp. Má
bhíonn do shúil glan beidh do chorp go léir
go solusmhar. 23 Ach má bhíonn do
shúil go h-olc beidh do chorp go léir gan
solus. Agus má's ionan agus doircheacht an
solus atá ionat, cad é méid na doircheachta
féin?

24 Ní féidir d'aoinne rud a dhéanamh ar
dhá mháighistir: óir beidh fuath aige do
mháighistir acu agus grádh do'n
mháighistir eile; nó cuirfidh sé suas le duine
acu agus beidh droch-mheas aige ar an
nduine eile. Ní féidir daoibh Dia agus
Mammon d'fhrithálamh.

25 D'á bhrígh sin deirim libh, ná bíodh
buairt oraibh i dtaobh bhúr mbeatha,
féachaint cad d'íosfaidh sibh; ná i dtaobh
bhúr gcuirp, féachaint cad a chuirfidh sibh
umaibh. Nách mó le rádh an t-anam 'ná an
biadh, agus an corp 'ná an t-éadach? 26
Féachaidh éanlaithe an aeir; ní chuirid siad
síol ná ní bhainid siad fóghmhar, ná ní
dheinid siad cnuasach i sgioból; Agus

deineann bhúr n-Athair neamhdha iad do chothú. Nách mó go mór le rádh sibh-se ’ná iad san? 27 Cé’cu agaib-se, ag machtnamh dó air, d’fhéadfadh aon bhanlámha amháin do chur le n-a aoirde? 28 Agus cad chuige go mbíonn buaireamh i dtaobh éadaigh oraibh? Breithnighidh bláthana an bháin, conus mar fhásaid siad; ní dheinid siad saothar ná sníomh. 29 Deirim libh, ámhthach, ná raibh Salomón féin i n-a ghradam go léir clúdaithe mar cheann acu san. 30 Má chuireann Dia maise de’n tsórd san ar fhéar an tailimh, atá ann indiu, agus a caithfar sa teine amáireach, nách mó go mór a dhéanfaidh sé dhaoibh-se, a lucht an chreidimh shuaraigh? 31 Ná bídhidh ag déanamh buartha, d’á bhrígh sin, ’ghá rádh, Cad d’íosfaimíd? ná, Cad d’ól-faimíd? ná, Cad a chlúdóchaidh sinn? 32 Óir, siniad na neithe go mbíd na geinte ’ghá lorg. Óir tá ’fhios ag bhúr n-Athair go bhfuil gádh agaibh leis na neithibh sin go léir. 33 Loirgidh ar dtúis, d’á bhrígh sin, rígheacht Dé agus a fhíoraontacht, agus tabharfar daoibh, leis, na neithe sin go léir. 34 Ná bíodh buaireamh oraibh, dá bhrígh sin, i dtaobh an lae amáirigh; tá a bhuaireamh féin i gcóir an lae amáirigh. Ní beag do gach lá a chuid uilc féin.

## CAIBID VII.

### An trímhadh cuid de’n tseanmóin ar an gcnoc.

1 Ná beiridh breith, ionus na béarfaí breith oraibh. 2 Mar is do réir na breithe a thabharfaidh sibh a tabharfar breith oraibh; agus an tómhas le n-a dtómhaisfidh síbh, is leis a tómhasfar chúghaibh. 3 Cad chuige dhuit an dúradán d’fheisgint i súil do bhráthar, agus ná feiceann tu an tsail atá ad’ shúil féin? 4 Nó cad chuige dhuit a rádh led’ bhráthair: Leig dom an dúradán a bhaint as do shúil; agus sin sail ad’ shúil féin? 5 A chluanaire, bain an tsail as do shúil féin ar dtúis, agus ansan chífir conus an dúradán a bhaint a’ súil do bhráthar.

6 Ná tugaidh an nídh naomhtha dos na madraíbh; agus na caithidh bhúr bpéarlaí chun na muc, le h-eagla go ngeóbhaidís do chosaibh ionta, agus ansan go n-iompóchaidís oraibh agus go stracfaidís sibh.

7 Iarraidh, agus tabharfar daoibh; loirgidh, agus gheóbhaidh sibh; buailidh, agus osgalófar daoibh. 8 Óir gach aoinne a iarrann tugtar dó; agus gach aoinne a loirgeann gheibheann sé, agus gach aoinne a bhuaileann osgal-tar dó. 9 Nó cé h-é an duine agaibh-se go n-iarrfaidh a mhac arán air agus gur cloch a thabharfaidh sé dhó? 10 Nó má iarrann sé iasg air a’ dtabharfaidh sé athair nimhe dhó? 11 Má’s eól, d’á bhrígh sin, daoibh-se atá go h-olc, conus neithe fóghanta thabhairt d’bhúr gclainn, nách dóichíghe gó mór go dtabharfaidh bhúr n-Athair atá ins na flathais neithe fóghanta dhaoibh-se ach iad d’iarraidh air?

12 Gach nídh, d’á bhrígh sin, ba mhaith libh a dhéanfadh daoine dhaoibh-se deinidh-se dhóibh-sin. Siné agaibh an dlígh agus na fáidhe.

13 Téighidh isteach an dorus cumhang, óir is fairsing an dorus agus is leathan an bóthar a sheólann chun díthe, agus tá a lán a leanann é. 14 Is ana-chumhang an dorus agus is ana-chaol an bóthar a sheólann chun na beatha, agus ní mór a gheibheann eólus air.

15 Seachanaidh na fáidhe fallsa, a thagann chúghaibh i gclúid na gcaorach agus gur faolchoin chraosacha laistigh iad. 16 Ó n-a dtorthaíbh iseadh dh’aithneóchaidh sibh iad. An mbaintear caora fíneamhna de dhriseach nó fígí d’ fheóchadánaibh? 17 Mar sin tugann gach crann fóghanta toradh fóghanta uaidh, agus tugann an droch-

chrann droch-thoradh uaidh. 18 Ní féidir do'n chrann fhóghanta droch-thoradh thabhairt ná do'n droch-chrann toradh fóghanta thabhairt. 19 Gach crann ná tugann toradh fóghanta, gearrfar é agus curfar sa teine é. 20 D'á bhrígh sin, as a dtorthaíbh iseadh dh' aithneóchaidh sibh iad.

21 Ní h-é gach aoinne adeir liom-sa, A Thighearna, a Thighearna, do raghaidh isteach i rígheacht na bhflathas; ach an t-é a dhéanfaidh toil m'Athar atá ins na flathais, siné a raghaidh isteach i rígheacht na bhflathas. 22 Déarfaid a lán daoine liom-sa an lá san; A Thighearna, a Thighearna, nách ad' ainim-se a dheineamair targaireacht, agus nách ad' ainim-se a dheineamair na deamhain do chur amach, agus nách ad' ainim-se dheineamair mórán mírbhuiltí? 23 Agus ansan admhóchaidh mé dhóibh: Níor chuireas-sa aithne riamh oraibh; Imthighidh uaim, a lucht an uilc a dhéanamh.

24 Gach duine, d'á bhrígh sin, a chloiseann an chaint seo adeirim-se agus do dheineann beart d'á réir, samhlófar é le duine ciallmhar a dhein a thigh ar an gcaraig. 25 Agus do thuit an fhearthainn, agus do tháinig na h-aibhní, agus d'eirigh an ghaoth, agus do ghluaiseadar i gcoinnibh an tighe sin; agus níor thuit sé; mar bhí sé 'n-a sheasamh ar an gcaraig. 26 Agus gach duine a chloiseann na focail seo uaim-se agus ná deineann beart d'á réir, beidh sé ar nós an amadáin a dhein a thigh ar an ngainimh; 27 Agus do thuit an fhearthainn, agus do tháinig na h-aibhní, agus d'eirigh an ghaoth, agus ghluaiseadar i gcoinnibh an tighe sin, agus do thuit sé; agus ba thiubaisteach é a thuitim.

28 Agus do thárla nuair a bhí an chaint sin críochnuighthe ag Íosa go raibh na daoine ag déanamh iongna d'á theagasg. 29 Óir do dhein sé an teagasg mar a dhéanfadh duine go raibh cómhacht aige, murar bh'ionan agus na Sgríbhneóirí agus na Fairisínigh.

## Caibid VIII.

**An lobhar d'á ghlanadh ag Críost; seirbhíseach an taoisigh céad, 7 máthair céile Pheadair, 7 a lán eile aige 'á leigheas. An stoirm ar an bhfaraige á chiúnú aige. Na deamhain dá gcur amach as an mbeirt a bhí sealbhuighthe acu, 7 cead uaidh dos na deamhnaibh dul isteach ins na mucaibh.**

1 Ansan nuair a tháinig sé anuas ó'n gcnoc do lean sluaighte móra é. 2 Agus féach, tháinig lobhar, agus do shléacht sé dhó agus dubhairt sé: A Thighearna, tá ar do chumas mé ghlanadh má's áil leat. 3 Agus do shín Íosa a lámh agus chuir sé air í, agus dubhairt sé; Is áil liom é: glantar thú. Agus do glanadh láithreach é ó n-a lobhra. 4 Agus dubhairt Íosa leis: Féach, ná h-innis d'aoinne é; ach imthigh agus taisbeáin tu féin do'n tsagart, agus tabhair an ofráil a dh'órduigh Maoís, mar fiadhnaise dhóibh-sin.

5 Ansan nuair a bhí sé tar éis dul isteach i gCapharnaum tháinig chuige taoiseach céad, 'ghá ghuidhe, 6 Agus dubhairt sé: A Thighearna, tá mo bhuachaill sa bhaile 'n-a luighe gan lúth a ghéag, agus tá pianta móra air. 7 Agus dubhairt Íosa leis: Tiocfad-sa agus leighisfead é. 8 Agus dubhairt an taoiseach céad: A Thighearna, ní fiú mise go dtiocfá fé m' dhíon; ach abair an focal amháin agus beidh mo bhuachaill slán. 9 Mar is duine mise atá fé smacht, agus tá saighdiúirí fúm; agus deirim leis an bhfear so, Imthigh, agus imthigheann sé; agus le fear eile, Tar, agus tagann sé, agus le m' sheirbhíseach, Dein so; agus deineann sé é. 10 Agus nuair airigh Íosa san do dhein sé iongna dhé; agus dúbhairt se leis an muíntir

a bhí 'ghá leanmhaint: Go deimhin adeirim libh, ní bhfuaras a leithéid sin de chreideamh i n-Israél. 11 Agus deirim libh go dtiocfaidh a lán daoine ó'n ndomhan toir agus ó'n ndomhan tiar, agus go luighfid siad i bhfochair Ábrahaim agus Isaaic agus Iácóib, 12 Agus caithfar clann na rígheachta amach sa dorchadas atá amuigh, mar a mbeidh gol agus díosgán fiacal. 13 Agus dubhairt Íosa leis an dtaoiseach céad: Imthigh ort, agus fé mar a chreidis deintear duit. Agus tháinig a shláinte do'n bhuachaill an uair sin.

14 Agus nuair a tháinig Íosa isteach i dtigh Pheadair chonaic sé máthair a chéile 'n-a luighe agus éagcruas uirthi; 15 Agus do rug sé ar láimh uirthi, agus d'imthigh an t-éagcruas di, agus d'eirigh sí, agus dhein sí friothálamh ortha.

16 Ansan, nuair a tháinig an tráthnóna, thugadar ag triall air a lán daoine go raibh deamhain ionta; agus bhí sé ag díbirt na ndeamhan le n-a fhocal, agus ag leigheas na ndaoine a bhí as a sláinte; 17 Ionus go bhfíor-faí an chaint a dubhairt Isáias Fáidh, mar a ndubhairt sé: Do ghlac sé chuige féin ár n-easláintí agus d'fhuiling sé ár ngalara.

18 Agus nuair a chonaic Íosa na sluaighte móra 'n-a thímpal, d'órduigh sé dul thar uisge. 19 Agus tháinig fear sgríbhinne chuige agus dubhairt sé leis: A Mháighistir, leanfad thú pé áit 'n-a ngeóbhair. 20 Agus deir Íosa leis: Táid pluaiseana ag na sionachaibh agus neadacha ag éanlaithibh an aéir, agus ní'l ag Mac an Duine áit ar a leigfeadh sé a cheann. 21 Dubhairt deisgiobul eile leis, A Thighearna, leig dom dul ar dtúis agus m'athair d'adhlacadh. 22 Dubhairt Íosa leis, ámhthach: Lean mise, agus leig dos na mairbh a mairbh d'adhlacadh.

23 Agus nuair a chuaidh sé ar bórd na luinge bige, do lean a dheisgiobuil é. 24 Agus féach, d'eirigh suathadh mór sa bhfaraige, i dtreó go raibh an long d'á múchadh leis na tonnaibh. Ach bhí seisean 'n-a chodla. 25 Agus tháinig a dheisgiobuil chuige agus dhúisigheadar é. A Thighearna, ar siad, saor sinn; tá an bás againn. 26 Agus dubhairt Íosa leó: Cad is eagal daoibh, a dhaoine gan puinn creidimh? Ansan d'eirigh sé agus dubhairt sé leis an ngaoith agus leis an bhfaraige fanmhaint socair, agus tháinig ciúnas mór. 27 De sin do ghlac iongnadh na daoine agus dubhradar: Cad é mar duine é seo go bhfuil gaoth agus faraige úmhal dó?

28 Agus nuair a chuadar treasna an uisge, isteach i dtír na nGerasénach, do bhuail uime beirt go raibh deamhain ionta, agus iad ag teacht amach as na h-uaghnaibh agus iad ana-mhillteach, i dtreó nár bh'fhéidir d'aoinne gabháil an tslígh sin acu. 29 Agus féach, do liúghadar agus dubhradar: Cad é sin dúinne thusa, a Íosa, a Mhic Dé? Ar tháinís anso roim an aimsir chun pionóis a chur orainn? 30 Bhí tréad mór muc ar fosaidheacht i ngar dóibh. 31 Agus d'iarr na deamhain achainighe air: Má chuireann tú as so sinn, ar siad, cuir ins na mucaibh sinn. 32 Agus dubhairt sé leó: Imthighidh. Agus d'imthigheadar isteach ins na mucaibh, agus féach, do rith an tréad muc ar buile le fánaidh isteach sa bhfaraige, agus do báthadh iad. 33 Agus do rith na h-aodhairí; agus thánadar isteach sa chathair, agus d'innseadar gach nídh, agus i dtaobh na beirte go raibh na deamhain ionta. 34 Agus féach, do ghluais muintir na catharach go léir amach i gcoinnibh Íosa; agus nuair a chonacadar é d'iarradar air imtheacht as a dtír.

## CAIBID IX.

**Duine gan lúth a ghéag dá leigheas ag Críost. Maitiú d'á ghlaodhach chuige. An galar fola dá leigheas. Inghean Iaíruis á tógaint ón mbás aige. Radharc á thabhairt aige do bheirt dall. Agus duine balbh, go raibh deamhan ann, d'á leigheas aige.**

1 Agus chuaidh sé ar bórd na luinge bige,
agus tháinig sé thar uisge isteach 'n-a
chathair féin. 2 Agus féach, do thugadar ag
triall air, sínte ar thocht, fear a bhí gan lúth.
Agus nuair a chonaic Íosa an creideamh a
bhí acu dubhairt sé leis an bhfear gan lúth:
Glac misneach, a mhic, táid do pheacaí
maithte dhuit. 3 Agus féach, dubhairt cuid
des na sgríbhneóiríbh, 'n-a n-aigne féin: Tá
diamhasladh ag an bhfear so d'á
dhéanamh. 4 Agus ó chonaic Íosa na
smuínte a bhí acu, dubhairt sé: Cad chuige
dhaoibh na droch-smuínte bheith i nbhúr
gcroidhthibh agaibh? 5 Cé 'cu is usa a rádh,
Tá do pheacaí maithte dhuit; nó a rádh,
Eirigh agus siúbhluigh? 6 Ach ionus go
mbeadh fhios agaibh go bhfuil ag Mac an
Duine cómhacht ar an dtalamh so chun
peacaí a mhaitheamh (dubhairt sé leis an
bhfear a bhí gan lúth) Eirigh-se, agus tóg
suas do leabaidh, agus imthigh chun do
thighe féin. 7 Agus d'eirigh sé, agus
d'imthigh sé chun a thighe féin. 8 Agus
tháinig eagla ar an sluagh nuair a
chonacadar an nídh sin, agus do mholadar
Dia a thug a leithéid sin de chómhacht do
dhaoinibh.

9 Agus nuair a dh'imthigh Íosa ó'n áit sin
chonaic sé duine dár bh'ainim Maitiú 'n-a
shuidhe i n-áit an chusduim, agus dubhairt
sé leis: Lean mise. Agus d'eirigh sé agus do
lean sé é.

10 Agus do thárla, agus é ag suidhe chun
bídh sa tigh, go dtáinig a lán puibliocánach
agus a lán peacach agus gur shuidheadar i
bhfochair Íosa agus a dheisgiobul. 11 Nuair
a chonaic na Fairisínigh an nídh sin
dubhradar le na dheisgiobuil: Cad chuige
go n-itheann bhúr máighistir bia i
bhfochair na bpuibliocánach agus na
bpeacach? 12 Ach d'airigh Íosa an focal,
agus dubhairt sé: Ní h-ag daoine slána atá
gádh le liaigh ach ag daoine breóite. 13
Imthighidh agus foghlumuighidh a bhrígh
siúd: Trócaire is toil liom, agus ní h-ídhbirt.
Óir ní chun na bhfíoraon do ghlaodhach a
thánag, ach chun na bpeacach do
ghlaodhach.

14 Ansan do tháinig deisgiobuil le h-Eóin
ag triall air, agus dubhradar: Cad chuige go
ndeinimíd-ne agus na Fairisínigh trosgadh
go minic agus ná deinid do dheisgiobuil-se
trosgadh? 15 Agus dubhairt Íosa leó: An
féidir do chlainn an Chéile bheith duairc an
fhaid atá an Céile 'n-a bhfochair? Ach
tiocfaidh an t-am i n-a dtógfar uatha an
Céile, agus ansan déanfaid siad trosgadh. 16
Ní chuireann aoinne preabán d'éadach nua
ar sheana-bhalcais éadaigh; óir baineann sé
a lán féin as an mbalcais éadaigh, agus
bíonn an stracadh níosa mheasa. 17 Ná ní
curtar fíon nua i sean'-árthaíbh leathair; nó
má deintear bristear na h-árthaí agus
doirtear an fíon, agus imthighid na h-árthaí
gan tairbhe. Ach curtar an fíon nua i n-
árthaíbh nua agus coimeádtar iad araon.

18 An fhaid a bhí sé ag rádh na cainte sin
leó, féach tháinig priúnsa áirighthe chuige,
agus do shléacht sé dhó, agus dubhairt sé:
A Thighearna, do fuair m'inghean bás
anois; ach tar agus cuir do lámh uirthi, agus
beidh sí beó. 19 Agus d'eirigh Íosa agus do
lean sé é, mar aon le n-a dheisgiobulaibh.

20 Agus féach, tháinig lastiar dé bean a
bhí ag tabhairt a cod' fola ar feadh dhá
bhliain déag, agus chuir sí a lám ar fhabhra
a bhrait. 21 Mar, dubhairt sí 'n-a h-aigne
féin, Mura ndeinead ach baint le n-a bhrat
beidh mé slán. 22 D'iompuigh Íosa,
ámhthach, agus chonaic sé í, agus dubhairt

sé: Glac misneach, a ’ghnín ó; do shlánuigh do chreideamh thu. Agus bhí an bhean leighiste ó’n uair sin amach.

23 Agus nuair a tháinig Íosa chun tighe an phriúnsa, agus nuair a chonaic sé na ceóltóirí agus an tsluagh ag déanamh fothraim, 24 Dubhairt sé leó: Druididh siar; ní marbh atá an cailín, ach ’n-a codladh. Agus bhíodar ag fonamhaid uime. 25 Agus nuair a cuireadh na daoine amach, do chuaidh sé isteach, agus do rug sé ar láimh uirthi. Agus d’eirigh an cailín. 26 Agus do leath an sgéal san ar fuid na tíre sin go léir.

27 Agus nuair a bhí Íosa ag imtheacht as an áit sin do lean beirt dall é agus iad ag liúirigh, agus deiridís, Dein trócaire orainne a Mhic Dáibhid. 28 Agus nuair a tháinig sé chun an tighe tháinig na daill chuige. Agus dubhairt Íosa leó: An gcreideann sibh gur féidir dom an nídh seo a dhéanamh daoibh? Dubhradar leis: Creidimíd, a Thighearna. 29 Ansan do chuir sé a lámh ar a súilibh, agus dubhairt sé: Deintear libh do réir bhúr gcreidimh. 30 Agus do h-osgaladh a súile, agus thug Íosa foláramh dóibh: Tugaidh aire, ar seisean, ná beidh a fhios san ag aoinne. 31 Ach nuair a chuadar-san amach, do leathadar a chlú ar fuid na tíre sin go léir.

32 Agus tar éis dul amach dóibh, do tugadh chuige duine a bhí balbh, agus bhí deamhan ann. 33 Agus nuair a cuireadh amach an deamhan do labhair an duine balbh; agus bhí iongna ar na daoine, agus deiridís: Ní feacathas a leithéid sin riamh i n-Israél. 34 Ach deireadh na Fairisínigh: Is le cómhacht rí na ndeamhan a chuireann sé amach na deamhain.

35 Agus do ghluais Íosa mór-thímpal, ins na cathrachaibh agus ins na bailtibh, ag teagasg ins na sinagógaibh, agus ag craobhsgaoileadh soisgéil na rígheachta, agus ag leigheas gach galair agus gach breóiteachta. 36 Agus chonaic sé na sluaighte daoine agus tháinig truagh aige dhóibh, mar go rabhadar go mí-ádhbharach, caithte mar bheadh caoire gan aodhaire. 37 Ansan dubhairt sé le n-a dheisgiobulaibh: Tá an fóghmhar mór ach tá an lucht oibre suarach. 38 Iarraidh, d’á bhrígh sin, ar an dTighearna gur leis an fóghmhar, lucht oibre do chur ag baint an fhóghmhair dó.

## CAIBID X.

**An dá Asbol déag dá gcur amach ag Críost agus cómhacht acu chun mírbhúiltí dhéanamh. Teagasg aige á thabhairt dóibh.**

1 Agus do ghlaoidh sé chuige a dháréag deisgiobul, agus thug sé dhóibh cómhacht ar na h-annspridíbh, chun iad do chur amach, agus chun gach galair agus breóiteachta do leigheas. 2 Agus sidiad ainimneacha an dáréag aspol: Símón an chéad duine, agus Peadar a tugtar air; agus Aindrias a dhritháir. 3 Séamus mac Sebedé, agus Eóin a dhritháir, Pilib agus Partholán, Tomás, agus Maitiú an puibliocánach, Séamus mac Alphéis, agus Taddeus, 4 Símón ó Chanaan, agus Iudás Iscariót, an fear a dhíol é.

5 Chuir Íosa uaidh an dáréag san, agus thug sé órdú dhóibh mar seo: Ná h-imthighidh i slígh na ngeinte agus na téighidh isteach i gcatharachaibh na Samaritánach; 6 Ac téighidh fé dhéin na gcaorach de theighleach Israéil atá imthighthe amú’. 7 Imthíghidh, agus deinidh craobhsgaoileadh, agus abraidh, Tá rígheacht na bhflathas tagaithe i n-achmaireacht. 8 Leighsidh daoine breóite; tógaidh na mairbh ó’n mbás; glanaidh na lobhair; cuiridh amach na deamhain. Is i n-aisge do fuarabhair; tugaidh uaibh i n-aisge.

9 Ná bíodh ór ná airgead ná saidhbhreas i dtaisge agaibh i nbhúr gcrios. 10 Ná bíodh

mála chun lóin bhóthair agaibh, ná dhá
chasóig, ná bróga, ná cleith; óir is fiú an
fear oibre é chothú. 11 Agus pé cathair nó
dún n-a raghaidh sibh isteach ann,
fiafraíghidh cé is creideamhnach ann, agus
fanaidh ansan go dtí go mbeidh sibh ag
imtheacht. 12 Agus nuair a bheidh sibh ag
dul isteach i dtigh, beannuighidh do'n tigh
sin agus abraidh; Síothcháin do'n tigh
seo. 13 Agus má's fiú an tigh sin é, tiocfidh
bhúr síothcháin air; mura fiú, ámh, fillfidh
bhúr síothcháin oraibh féin. 14 Agus pé
duine ná glacfaidh sibh agus ná h-éistfidh
le nbhúr mbréithribh, téighidh amach as an
dtigh sin, nó as an gcathair sin, agus
caithidh an ceó d'bhúr gcosaibh ann. 15 Go
deimhin adeirim libh, is saoire a bheidh an
sgéal ag tír Shodom nó ag tír Ghomorra lá
an bhreitheamhantais 'ná ag an gcathair sin.

16 Féach, táim ag bhúr gcur amach ar nós
caorach ameasg faolchon. Bídhidh, d'á
bhrígh sin, chómh glic leis na h-
aithreachaibh nimhe agus
chómh símplídhe leis na colúraibh. 17 Ach
seachnaidh sibh féin ar na daoine. Óir,
tabharfid siad ar láimh sibh, ins na
cómhairlíbh agus sgiúrsálfaid siad sibh i n-
a sinagógaibh; 18 Agus béarfaid siad i láthair
ríghthe agus uachtarán sibh mar gheall
orm-sa mar fhiadhnaise dhóibh-sin agus
dos na geintibh. 19 Nuair a thabharfid siad
ar láimh sibh, ámhthach, ná bídhidh ag
machtnamh féachaint cad' déarfaidh sibh,
ná conus; óir tabharfar daoibh an uair sin
an nídh a labharfaidh sibh. 20 Óir ní sibh-se
do labhrann ach Spioraid bhur n-Athar a
labhrann ionaibh. 21 Agus tabharfaidh an
dritháir a dhritháir le cur chun báis, agus an
t-athair a mhac; agus eireóchaid an chlann
i gcoinnibh a n-athar agus a máthar agus
básóchaid siad iad. 22 Agus beidh fuath ag
gach duine dhaoibh-se mar gheall ar
m'ainim-se; Ach an t-é sheasóchaidh
amach go deire isé a slánófar. 23 Ach nuair
a déanfar géarleanmhaint oraibh sa
chathair sin, imthighidh go cathair eile: Go
deimhin adeirim libh, ní bheidh catharacha
Israéil siúbhalta agaibh sar a dtiocfidh Mac
an Duine.

24 Ní'l an deisgiobul níos fearr 'ná a
mháighistir, agus ní'l an seirbhíseach níos
fearr ná a thighearna. 25 Is leór do'n
deisgiobuil bheith mar a mháighistir, agus
do'n tseirbhíseach bheith mar a thighearna.
Má thugadar Beelsebub ar fhear an tighe,
nách mó 'ná san a thabharfaid siad ar
mhuintir a thighe é? 26 Ná bíodh eagla
agaibh rómpa d'á bhrígh sin. Óir ní'l aon
rud fé chlúid ná nochtfar, agus ní'l rud i
bhfolach na h-aithneófar. 27 An rud adeirim
libh sa doircheacht abraidh sa tsolus é; agus
an rud a dh'airigheann sibh [mar chogar] sa
chluais deinidh é chraobhsgaoileadh ar
bharraíbh na dtighthe. 28 Agus ná bíodh
eagla agaibh roimis an muintir a
mharbhuigheann an corp, agus nách féidir
dóibh an t-anam a mharbhú; ach bíodh
eagla agaibh roimis an t-é gur féidir dó idir
anam agus corp do chur go h-ifreann. 29 Ná
díoltar dhá ghealbhún ar fheóirling? Agus
ní féidir do ghealbhún acu tuitim chun
tailimh gan bhúr n-Athair. 30 Ní'l ruibe
d'bhúr ngruaig ná fuil cómhrighthe. 31 Ná
bíodh eagla oraibh, d'á bhrígh sin. Is mó le
rádh sibh-se 'ná mórán des na
gealbhúnaibh. 32 Gach duine, d'á bhrígh
sin, a dh'admhóchaidh mise os cómhair
daoine, admhóchad-sa eisean os cómhair
m'Athar atá ins na flathais. 33 Ach an t-é a
shéanfaidh mise os cómhair daoine,
séanfad-sa eisean os cómhair m'Athar atá
ins na flathais.

34 Ná measaidh gur chun na síothchána
chur ar an dtalamh a thánag; ní chun na
síothchána chur ann a thánag, ach chun an
chlaidhimh a chur ann. 35 Óir do thánag
chun an duine chur i n-earaid le n-a athair,
agus chun na h-inghine chur i n-aghaidh a

máthar, agus chun mná an mhic do chur i
n-aghaidh máthar a céile. 36 Agus namhaid
duine a lucht aontíghis féin. 37 An t-é gur
measa leis a athair nó a mháthair 'ná mise,
ní'l sé maith a dhóithin dom; agus an t-é
gur measa leis a mhac nó a inghean 'ná mé,
ní'l sé maith a dhóithin dom. 38 Agus an t-é
ná glacfaidh a chros agus mise do
leanmhaint, ní'l sé maith a dhóithin dom. 39
An t-é a gheobhaidh a anam féin caillfidh
sé é; agus an t-é a chaillfidh a anam féin ar
mo shon-sa, gheobhaidh sé é. 40 An t-é a
ghlacann sibh-se, glacann sé mise; agus an
t-é a ghlacann mise, glacann sé an t-é a
chuir uaidh me.

41 An t-é a ghlacann fáidh i n-ainim
fáidhe, gheobhaidh sé tuarasdal fáidhe;
agus an t-é a ghlacann fíoraon i n-ainim
fíoraoin, gheobhaidh sé tuarasdal
fíoraoin. 42 Agus an t-é a thabharfaidh le n-
ól do dhuine de'n chuid is suaraíghe
dhíobh san fiú cupán uisge fhuair, i n-ainim
deisgiobuil, go deimhin adeirim libh, ní
chaillfidh sé a luacht saothair.

## CAIBID XI.

**A dheisgiobuil ag Eóin dhá gcur ag triall ar Chríost. Na Iúdaigh dh'á gcáineadh ag Críost mar gheall ar na creidfidís, agus na daoine d'á nglaodhach chuige a mhothuighid ualaí troma bheith ortha.**

1 Agus do thárla, nuair a bhí na h-
órduighthe tabhartha ag Íosa d'á dháréag
deisgiobul, gur imthigh sé as an áit sin chun
teagasg agus craobhsgaoileadh dhéanamh i
n-a mbailtibh-sin.

2 Agus nuair a dh'airigh Eóin, agus é
gabhtha, oibreacha Chríost, chuir sé beirt
d'á dheisgiobulaibh féin ag triall air, agus
dubhairt sé leis: 3 An tusa an t-é atá le
teacht, nó an bhfuil orainn feitheamh le
duine eile? 4 Agus dubhairt Íosa leó 'ghá
bhfreagradh: Imthíghidh agus ínnsidh
d'Eóin na neithe d'aireabhair agus do
chonacabhair; 5 Tá radharc ag daill; tá
siúbhal ag bacaigh; glantar na lobhair; tá
éisteacht ag daoine a bhí bodhar; Eirighid
na mairbh; Tá an Soisgéal d'á theagasg dos
na bochtaibh. 6 Agus is aoibhinn do'n t-é
ná glacfaidh sganall umam-sa.

7 Agus nuair a bhí an bheirt imthighthe
do chrom Íosa ar labhairt leis na daoine i
dtaobh Eóin: Cad a bhí uaibh le feisgint
nuair a thánabhair amach sa bhfásach? Slat
d'a suathadh le gaoith? 8 Ach cad a bhí
uaibh le feisgint nuair a thánabhair amach?
Fear i n-éadaighibh míne? Féach, i
dtighthibh na rí atá lucht an éadaigh
mhín. 9 Ach cad a bhí uaibh le feisgint nuair
a thánabhair amach? Fáidh, an eadh? Ach
deirim-se libh gur duine é is mó 'ná fáidh. 10
Óir is air seo atá sgríobhtha: Féach, táim-se
ag cur m'aingil rómhat amach chun na
slíghe d'ollamhú rómhat. 11 Go deimhin
adeirim libh, níor eirigh, ar an rugadh ó
mhnáibh, duine ba mhó 'ná Eóin Baiste;
ach an t-é is lúgha i rígheacht na bhflathas
is mó é 'ná eisean. 12 Ach ó aimsir Eóin
Baiste go dtí anois tá éigean 'á déanamh ar
rígheacht na bhflathas, agus isiad lucht an
éigin a bheireann leó é. 13 Óir targaireacht
iseadh dhein na fáidhe go léir agus an dlígh,
go dtí Eóin. 14 Agus má's áil libh a
ghlacadh, isé Elias é atá le teacht. 15 An t-é
ar a bhfuil cluasa chun éisteachta, éisteadh
sé.

16 Ach cé leis go samhlóchad an tsliocht
so? Is cosmhail iad le h-aos óg 'n-a suidhe
ar an macha ag glaodhach ar a
gcomrádaithibh: Agus 'ghá rádh: 17
Dheineamair ceól daoibh ar phíbibh, agus
níor dheineabhair rinnce; do chaoineamair,
agus níor dheineabhair gol. 18 Óir do
tháinig Eóin gan ithe gan ól, agus deirid
siad: Tá deamhan ann. 19 Tháinig Mac an
Duine ag ithe agus ag ól, agus deirid siad:

Féach, an duine craosach agus an fear fíona d'ól, cara na bpuibliocánach agus na bpeacach. Agus gheibheann an eagna a ceart ó n-a clainn féin.

20 Ansan do chrom sé ar mhilleán do chur ar na cathrachaibh ionar h-oibrigheadh an chuid ba mhó d'á chómhachtaibh, toisg nár dheineadar aithrighe: 21 Mairg duit, a Chorosain mairg duit, a Bhetsáida! óir dá ndeintí i dTuíre agus i Sídón na fearta atá déanta ionaibh-se, is fadó a dhéanfaidís aithrighe fé éadach gharbh agus fé luaithrigh. 22 Ach deirim libh, ámhthach, Beidh an sgéal níos saoire lá an bhreitheamhantais ag Tuíre agus ag Sídón 'na agaibh-se. 23 Agus tusa, a Chapharnaum, an suas go flathas Dé a tógfar tú? Síos go h-ifreann iseadh a curfar thú; óir dá mba i Sodomaibh a déanfaí na fearta a deineadh ionat-sa, b'fhéidir go mbeadh an chathair sin ann do dtí an lá so. 24 Ach deirim libh, ámhthach, go mbeidh an sgéal níos saoire lá an bhreitheamhantais ag muintir Shodom 'ná agat-sa. 25 Sa n-am san d'fhreagair Íosa agus dubhairt: Admhuighim ad' láthair-se, a Athair, a Thighearna neimhe agus talmhan, mar gur cheilis na neithe seo ar lucht eagna agus tuisgiona, agus gur nochtais iad do naoidheanaibh. 26 Iseadh, a Athair; óir sin mar a bhi taithneamhach ad' láthair-se. 27 Tá gach uile nídh tabhartha dómh-sa ag m'Athair. Agus ní'l aithne ag aoinne ar an Mac ach ag an Athair; ná ar an Athair ach ag an Mac, agus ag an t-é gur toil leis an Mac a dh'fhoillsiú dhó. 28 Tagaidh go léir ag triall orm-sa, gach duine go bhfuil cruadhtan agus tromualach air, agus tabharfad-sa faoiseamh oraibh. 29 Tógaidh mo chuing-se oraibh, agus foghlumaidh uaim, óir táim ceannsa agus úmhal ó chroidhe; agus gheobhaidh sibh suaimhneas d'bhúr gcroidhthibh. 30 Óir is suairc mo chuing-se agus is éadtrom m'ualach.

## CAIBID XII.

**Daille na bhFairisíneach dá cáineadh ag Críost, 7 iad á mbréagnú aige nuair a deirid siad gur le cómhacht Shátain a dheineann sé na mírbhuiltí.**

1 Sa n-am san do ghluais Íosa tré ghortaibh arbhair, lá na sabbóide; agus bhí ocras ar a dheisgiobuil, agus chromadar ar na diasaibh do stathadh agus d'ithe. 2 Agus chonaic na Fairisínigh iad, agus dubhradar: Féach, táid do dheisgiobuil ag déanamh ruda nach dleaghthach a dhéanamh lá na sabbóide. 3 Ach dubhairt seisean leó: An amhlaidh nár léigheabhair cad a dhein Dáibhid nuair a bhí ocras air féin agus ar an muintir a bhí i n-aonfheacht leis? 4 Conus mar a chuaidh sé isteach i dtigh Dé agus d'ith sé na bulóga a bhí curtha i láthair Dé, nídh nár, cheaduighthe dhó a dh'ithe, ná do'n mhuintir a bhí le n-a chois, ná d'aoinne ach dos na sagairt amháin? 5 Nó an amhlaidh nár léigheabhair sa dlígh conus mar, a dheinid na sagairt sa teampall an tsabbóid do bhriseadh agus ná dheinid siad peacadh? 6 Ach deirim-se libh go bhfuil anso aon is mó 'ná an teampall. 7 Ach dá dtuigeadh sibh cad é an nídh, Trócaire is áil liom, agus ní h-ídhbirt, ní dhaorfadh sibh choídhche na neamhchiontacha. 8 Óir isé Tíghearna na sabbóide féin Mac an Duine.

9 Ansan d'fhág sé an áit sin, agus tháinig sé isteach i n-a sinagóig chúcha. 10 Agus féach, bhí duine ann agus a lámh gan tapadh. Agus d'fhiafraigheadar de, An dleaghthach leigheas a dhéanamh sa tsabbóid? ionus go bhféadfaidís rud a chur 'n-a leith. 11 Agus dubhairt seisean leo: Cé h-é an duine agaibh-se, dá mbeadh aon chaora amháin aige, agus go dtuitfeadh sí i

bpoll lá sabbóide, na béarfadh uirthi agus í tharang amach? [12] Nach mó le rádh go mór duine 'ná caora? D'á bhrígh sin is dleaghthach tairbhe déanamh sa tsabbóid. [13] Ansan dubhairt sé leis an nduine: Sin amach do lámh. Agus do shín; agus bhí sí chómh slán leis an láimh eile.

[14] D'imthigh na Fairisínigh amach, ámhthach, agus chuadar i gcómhairle 'n-a choinnibh chun a mhairbhthe. [15] Ach bhí a fhios san ag Íosa, agus d'imthigh sé as an áit sin; agus do lean mórán daoine é, agus do leighis sé iad go léir. [16] Agus d'órduigh sé dóibh gan é chur i n-iúil. [17] Ionus go gcómhlíonfaí an nídh adubhradh tré Isáias fáidh mar a ndeir sé: [18] Féach, mo sheirbhíseach, an t-é a thoghas, an t-é is ionmhuin liom, an t-é ar a bhfuil greann ó m'anam. Cuirfead mo spioraid air, agus fógróchaidh sé breitheamhantas dos na geintibh. [19] Ní dhéanfaidh sé aighneas, agus ní dhéanfaidh sé collóid; agus ní cloisfar a guth ins na sráidibh. [20] Ní bhrisfidh sé an cuaile leóinte, agus ní mhúchfaidh sé an líon go bhfuil an deatach as, go dtí go gcuirfidh sé amach breitheamhantas chun buaidhte. [21] Agus is as a ainim a bheidh a mainighin ag na geintibh.

[22] Ansan do tugadh chuige duine go raibh deamhan ann, agus bhí sé dall agus balbh; agus do leighis sé é, i dtreó go raibh radharc agus urlabhra aige. [23] Agus tháinig uathbhás ar na sluaightibh go léir, agus deiridís: An féidir gur b'é seo mac Dáibhid? [24] D'airigh na Fairisínigh an chaint sin, agus dubhradar: Ní chuireann sé seo na deamhain amach ach le cómhacht Bheelsebub, rí na ndeamhan. [25] Ach do chonaic Íosa a smuínte, agus dubhairt sé leó: Gach righeacht a bheidh deighilte 'n-a choinnibh féin déanfaidh fásach dé; agus gach cathair, nó gach teighleach, a bheidh deigilte i gcoinnibh a chéile, ní sheasóchaidh sé; [26] Agus má 'sé Sátan a chuireann amach Sátan, siné deigilte 'n-a choinnibh féin é; agus d'á bhrígh sin conus a sheasócaidh a rígheacht? [27] Agus má's le cómhacht Bheelsebub a chuirim-se amach na deamhain, cad leis go gcuirid bhúr gclann féin amach iad? Fágaim, d'á bhrígh sin, fé bhreith bhur gclainne féin sibh. [28] Ach má's le Spioraid Dé a chuirim-se na deamhain amach, siné rígheacht Dé tagaithe i nbhúr measg. [29] Nó conus is féidir do dhuine dul isteach i dtigh an fhir láidir agus a sheóide dh'fhuadach, mura ndeinidh sé an fear láidir do cheangal ar dtúis? Ansan sgartálfaidh sé a thigh. [30] An t-é ná fuil liom, tá sé am' aghaidh; agus an t-é ná cnuasaigheann a' theannta, sgaipeann sé.

[31] Deirim libh, d'á bhrígh sin: Maithfar do dhaoine gach peacadh agus gach diamhasla, ach diamhasla i n-aghaidh an Spioraid ní maithfar do dhaoine é. [32] Agus an t-é a dhéarfaidh focal i n-aghaidh Mhic an Duine, maithfar dó é; ach an t-é a dhéarfaidh i n-aghaidh an Spioraid Naoimh é, ní maithfar dó é, ar an saoghal so ná ar an saoghal atá le teacht.

[33] Deinidh an crann a bheith go maith agus a thoradh fóghanta air; nó deinidh an crann go h-olc agus an toradh go h-olc air; óir is as a thoradh do h-aithnightear an crann. [34] A shliocht na naithreach nimhe, conus is féidir daoíbh-se neithe fóghanta do labhairt agus sibh go h-olc? óir is á líonmhaireacht an chroidhe do labhrann an béal. [35] Tugann an fear fóghanta neithe fóghanta uaidh, amach a' stór fóghanta; agus tugann an droch-dhuine droch-neithe uaidh amach a' droch-stór. [36] Agus deirim libh, an uile fhocal díomhaoin d'á labhraid daoine, go dtabharfaid siad cúntas ann lá an bhreitheamhantais. [37] Óir is de bhárr do bhréithre féin a saorfar thu, agus is de bhárr do bhréithre féin a daorfar thu.

[38] Ansan d'fhreagair cuid des na
Sgríbhneóiríbh agus des na Fairisínigh agus
dubhradar: A Mháighistir, is mian linn
cómhartha dh'fheisgint uait. [39] Agus
d'fhreagair sé iad: Tá droch-shliocht
adhaltranach ag lorg cómhartha; agus ní
tabharfar de chómhartha dhóibh
ach cómhartha Iónais an fáidh. [40] Óir, fé
mar a bhí Iónas trí lá agus trí oidhche i
mbolg an mhíolmhóir, beidh Mac an
Duine trí lá agus trí oidhche i gcroidhe na
talmhan. [41] Eireóchaid muintir Ninebhe i
mbreitheamhantas i n-aghaidh an tsleachta
so, agus daorfaid siad iad; óir do
dheineadar-san aithrighe nuair a theagaisg
Iónas iad. Agus féach duine is mó 'ná Iónas
anso. [42] Eireóchaidh banríghin na tíre theas
i mbreitheamhantas i n-aghaidh an
tsleachta so, agus daorfaidh sí iad; óir do
tháinig sí ó imeall an tsaoghail chun
éisteacht le h-eagna Shalomóin. Agus féach
duine is mó 'ná Salomón anso.

[43] Agus nuair a théigheann an spioraid
neamhghlan amach as an nduine,
siúbhlann sé tré áiteana feóchta ag lorg
suaimhnis, agus ní fhaghann sé é. [44] Agus
deir sé, Raghad tar n-ais chun mo thighe
féin as a dtánag amach. Agus tagann sé
agus gheibheann sé an tigh folamh agus é
sguabtha, glan, órnáideach. [45] Ansan
imthigheann sé, agus tugann sé leis seacht
spioraidí eile is measa 'ná é féin, agus
téighid siad isteach, agus cómhnuighid siad
sa tigh sin. Agus is measa an cor atá ar an
nduine sin sa deire 'ná mar a bhí ar dtúis
air. Sin mar a bheidh an sgéal ag an sliocht
so atá chómh fíor-olc.

[46] An fhaidh a bhí sé ag caint leis an
bpobul, tháinig a mháthair agus a bhráithre
amuigh agus iad a d'iarraidh labhairt leis. [47]
Agus dubhairt duine leis, Féach, tá do
mháthair agus do bhráithre amuigh, agus
iad a d'iarraidh labhartha leat. [48] Ach
d'fhreagair seisean agus dubhairt: Cia h-í
mo mháthair, agus cé h-iad mo
bhráithre? [49] Agus do shín sé a lámh chun a
dheisgiobul agus dubhairt sé: Féach, siniad
mo mháthair-se agus mo bhráithre. [50] Óir
pé duine a dhéanfaidh toil m'Athar-sa atá
ins na flathais, siné is bráthair agus siúr
agus máthair agam-sa.

## CAIBID XIII.

**Parabal churadóra an chogail, agus parabal an tsíl-mhustáird, 7rl.**

[1] Sa lá san chuaidh Íosa amach as an
dtigh, agus bhí sé n-a shuidhe ar bruach na
faraige. [2] Agus do chruinnigh sluaighte
móra, i dtreó go ndeaghaidh sé ar bórd na
luinge bige agus gur shuidh sé ínti, agus gur
sheasaimh an tsluagh go léir ar an dtráigh. [3]
Agus do dhein sé a lán cainte leó i bhfuirm
soluídí, agus dubhairt sé: Féach, do
chuaidh síoladóir amach ag cur síl. [4] Agus
nuair a bhí sé ag cur an tsíl do thuit cuid
acu i n-aice an bhóthair; agus tháinig
éanlaithe an aeir agus d'itheadar iad. [5] Agus
do thuit cuid eile acu i n-áit i n-a raibh
clocha agus ithir shuarach; agus d'fhásadar
go luath, toisg gan doimhneas ithreach a
bheith acu. [6] Agus d'eirigh an ghrian agus
do ghoill an teas ortha; agus toisg gan an
phréamh a bheith acu d'fheóchadar. [7] Agus
do thuit cuid eile acu ameasg na sgeach;
agus d'fhás na sgeacha agus mhúchadar
iad. [8] Thuit cuid eile acu, ámhthach, ar
thalamh fhóghanta; agus thugadar toradh,
cuid acu fó chéad, cuid acu fó thrí fichid,
cuid acu fó thríochad. [9] An t-é go bhfuil
cluasa air chun éisteachta, éisteadh sé.

[10] Agus tháinig na deisgiobuil chuige
agus dubhradar: Cad fá gur i soluídíbh a
labhrann tú leó? [11] Agus d'fhreagair sé agus
dubhairt: Mar do tugadh daoibh-se eólus
do chur ar rú nDiamhraibh rígheachta na
bhflathas; do'n chuid eile, ámhthach, níor
tugadh san. [12] Óir an t-é go bhfuil aige

tabharfar dó, agus beidh flúirse aige; agus an t-é ná fuil aige tógfar uaidh a bhfuil aige. 13 Labhraim leó i soluídíbh mar tá radharc acu agus ní fheicid siad, agus tá éisteacht acu agus ní chloisid siad, ná ní thuigid siad. 14 Agus cómhlíontar ionta targaireacht Isáiais, mar a ndeir sé: Le cloisint cloisfidh sibh agus ní thuigfidh sibh, agus ag féachaint chífidh sibh agus ní feicfidh sibh. 15 Óir tá croidhe an phobuil seo tromaídhe, agus le n-a gcluasaibh cloisid siad go bodhar, agus tá a súile dúnta acu; le h-eagla, luath ná mall, go bhfeicfidís le n-a súilibh, agus go gcloisfidís le n-a gcluasaibh, agus go dtuigfidís i n-a gcroidhe, agus go n-iompóchaidís agus go slánóchainn iad. 16 Ach is aoibhinn d'bhúr súilibh-se, óir chíd; agus d'bhúr gcluasaibh, óir cloisid. 17 Óir go deimhin adeirim libh gur 'mó fáidh agus fíoraon gur mhian leó na neithe a d'fheisgint a chíonn sibh-se, agus ní fheacadar iad; agus na neithe do chlos a chloiseann sibh-se agus níor chloiseadar iad. 18 Éistidh-se anois le soluíd an tsíoladóra.

19 Gach duine a chloiseann briathar na rígheachta agus ná tuigeann é, tagann an droch-spioraid agus tógann sé an síol a cuireadh 'n-a chroídhe sin. Siné an síol a cuireadh i n-aice an bhóthair. 20 An t-é a ghlac an síol mar a raibh na clocha, siné an t-é a chloiseann an briathar agus do ghlacann láithreach é le h-áthas; 21 Ach ní'l an phréamh aige; ní leanann sé ach tamall; agus nuair a thagann an trioblóid agus an ghéarleanmhaint mar gheall ar an mbriathar, glacann sé sgannal. 22 Agus an t-é a ghlac an siól ins na sgeachaibh, siné an t-é a chloiseann an briathar, agus go ndeineann cúram an tsaoghail seo agus mealladh saidhbhris an briathar do mhúchadh, agus bíonn sé gan toradh. 23 Ach an t-é a ghlac an síol isteach sa talamh fóghanta, siné an t-é a chloiseann an briathar agus do thuigeann é, agus a thugann toradh uaidh, agus tugann sé cuid de'n toradh fó chéad, agus cuid eile dhe fó thrí fichid, agus cuid eile dhe fó thríochad.

24 Thug sé soluíd eile dhóibh, agus dubhairt sé: Is cosmhail rígheacht na bhflathas le duine a chuir síol fóghanta 'n-a chuid tailimh; 25 Ach nuair a bhí na daoine 'n-a gcodladh tháinig an namhaid agus do chuir sé cogal i lár na cruithneachtan, agus d'imthigh sé. 26 Agus nuair a bhí an geamhar ag fás, agus an toradh ag teacht, do chonacthas an cogal leis. 27 Ansan tháinig na seirbhísigh chun fir an tighe, agus dubhradar leis: A Thigearna, nách síol fóghanta a chuiris ad' chuid tailimh? Cá bhfuair sé an cogal mar sin? 28 Agus dubhairt sé leó: Namhaid a dhein an nídh sin. Agus dubhairt na seirbhísigh leis: An toil leat sinn do dhul agus an cogal a bhaint? 29 Agus dubhairt sé: Ní toil; le h-eagla, ag stathadh an chogail daoibh, go stathfadh sibh an chruithneacht leis. 30 Leigtear dóibh araon fás go dtagaidh an fóghmhar, agus nuair a thiocfaidh an fóghmhar déarfad leis na buanaidhthibh: Bailighidh an cogal ar dtúis, agus ceangalaidh é 'n-a phunanaibh le dóghadh, ach deinidh an chruithneacht do bhailiú isteach am' sgioból.

31 Agus chuir sé soluíd eile os a gcómhair, agus dubhairt sé: Is cosmhail rígheacht na bhflathas le gráinne de shíol mustáird a thóg duine le cur 'n-a gharaidhe. 32 Ní'l síol ar bith is lúgha 'ná é; ach nuair fhásann sé ní'l glasra ar bith is mó 'ná é, agus dheineann crann dé, i dtreó go dtagaid éanlaithe an aéir agus go neaduighid siad 'n-a ghéagaibh.

33 Do labhair sé soluíd eile leó: Is cosmhail rígheacht na bhflathas leis an ngiost a ghlac an bhean agus a chuir sí i bhfolach i dtrí tómhasaibh plúir, go dtí gur ghlac an plúr go léir an giost.

[34] Do labhair Íosa na neithe seo go léir leis na daoine i bhfuirm soluídí; agus níor labhair sé leó ach i soluídíbh; [35] Ionus go gcómhlíonfaí an focal a labhair an fáidh nuair adubhairt sé: Osgalóchad mo bhéal i soluídíbh; nochtfad neithe atá foluighthe ó chruthniú an domhain.

[36] Ansan do chuir sé chun siubhail an pobul, agus tháinig sé isteach sa tigh, agus tháinig a deisgiobuil chuige agus dubhradar: Mínigh dúinn soluíd an chogail sa ghort. [37] Agus d'fhreagair sé agus dubhairt: Isé Mac an Duine a chuireann an síol fóghanta. [38] Agus isé an domhan an gort. Agus clann na rígheachta, siniad an síol fóghanta. Agus clann an uilc, siniad an cogal. [39] Agus an namhaid a chuir an cogal, siné an diabhal. Agus isé deire an tsaoghail an fóghmhar; agus isiad na h-aingil na buanaidhthe. [40] D'á bhrígh sin, mar a bailightear an cogal agus a dóightear é sa teine, sin mar a bheidh i ndeire an tsaoghail. [41] Cuirfidh Mac an Duine a aingil amach agus baileóchaid siad as a rígheacht gach sgannal agus lucht déanta an uilc. [42] Agus cuirfid siad sa lasair theine iad. Beidh sa n-áit sin gol agus díosgán fiacal. [43] Ansan beid na fíoraoin ag taithneamh ar nós na gréine i rígheacht a n-Athar. An t-é go bhfuil cluasa air chun éisteachta, éisteadh sé.

[44] Is cosmhail rígheacht na bhflathas le stór a bheadh i bhfolach i bpáirc; agus an t-é a gheibheann é coimeádann sé rún air, agus tré mhéid a áthais imthigheann sé agus díolann sé amach a chuid go léir, agus ceannuigheann sé an pháirc sin.

[45] Agus airís, is cosmhail rígheacht na bhflathas le ceannaidhe a bheadh ag lorg péarlaí fóghanta. [46] Agus nuair a fuair sé aon phéarla amháin ana-luachmhar, do dhíol sé a raibh aige, agus do cheannaigh sé an péarla san. [47] Airís, is cosmhail rígheacht na bhflathas le líon a curfaí amach sa bhfaraige, agus do bhaileóch' an uile shaghas éisg; [48] Agus nuair a bhí sé lán, gur taraingeadh amach é, agus gur shuidh na daoine ar an dtráigh, agus gur thógadar na h-iasga maithe i n-árthaíbh agus gur chaitheadar amach na droch-iasga. [49] Sin mar a bheidh i ndeire an tsaoghail. Imthéochaid na h-aingil amach, agus deighilfid siad na droch-dhaoine a' lár na bhfíoraon. [50] Agus cuirfid siad sa lasair theine iad. Beidh gol agus díosgán fiacal sa n-áit sin.

[51] Ar thuigeabhair na neithe sin go léir? Do thuigeamair, ar siad. [52] Dubhairt sé leó: D'á bhrígh sin, gach sgríbhneóir atá múinte i dtaobh rígheachta na bhflathas, is cosmhail é le fear tighe a thugann amach as a stór neithe nua agus sean-neithe.

[53] Agus do tharla, nuair a bhí na solúidí sin críochnuighthe ag Íosa, gur fhág sé an áit sin. [54] Agus tháinig sé isteach 'n-a dúthaigh féin, agus bhí sé ag múineadh na ndaoine ins na sinagógaibh, i dtreó go mbíodh iongnadh ortha, agus go ndeiridís: Cá bhfuair sé seo an eagna so, agus na cómhachta? [55] Nách é seo mac an cheardaidhe? Nách ar a mháthair a tugtar Muire, agus ar a bhráithribh Séamus agus Ióseph agus Símón agus Iúdás? [56] Agus ná fuil a shiúracha go léir i n-ár measg? Agus cá bhfuair sé sin na neithe seo go léir? [57] Agus do ghlacadar sgannal d'á dhruim. Dubhairt Íosa leó, ámhthach: Ní'l fáidh gan onóir ach 'n-a dhúthaigh féin agus 'n-a theaghlach féin. [58] Agus níor dhein sé puínn mírbhuiltí sa n-áit sin, mar gheall ar dhíthchreideamh na ndaoine sin.

## CAIBID XIV.

**Eóin Baiste d'á chur chun báis ag Héród. Bia d'á thabhairt ag Críost do chúig mhíle duine sa bhfásach. É ag siubhal ar an bhfaraige, agus an uile shaghas lucht galair d'á leigheas aige, gan ach iad do bhaint le n-a chuid éadaigh.**

1 Sa n-am san do chualaidh Héród, an
tetrarc, cáil Íosa. 2 Agus dubhairt sé le n-a
mhuintir thighe: Sidé Eóin Baiste; d'eírigh
sé ósna mairbh, agus is uime sin atáid na
mírbhuiltí d'á ndéanamh tríd.

3 Óir bhí Héród tar éis Eóin do ghabháil
agus do cheangal agus do chur i
mbraighdineas mar gheall ar Heródias,
bean a dhrithár. 4 Mar dubhairt Eóin leis:
Ní dleaghthach duit í sin a bheith agat. 5
Agus ba mhian leis é chur chun báis, ach
bhí eagla na ndaoine air, óir do thuigeadar
gur bh'fháidh Eóin Baiste. 6 Ach lá beirthe
Héróid dhein inghean Heródias rinnce 'n-a
láthair, rinnce a thaithn le Héród. 7 Mar
gheall air sin do dhearbhuigh sé go
dtabharfadh sé dhi pé rud d'iarrfadh sí air. 8
Dubhairt sise, óir do chuir a máthair suas
chuige í: Tabhair dhom ar mhéis ceann
Eóin Baiste. 9 Tháinig buairt ar an rí; ach
mar gheall ar an ndearbhú, agus mar gheall
ar an gcuideachtain a bhí láithreach,
d'órduigh sé é tabhairt di. 10 Agus chur sé
daoine uaidh agus bhain sé an ceann
d'Eóin sa phríosún. 11 Agus do tugadh a
cheann i láthair, ar mhéis; agus do tugadh
do'n chailín é, agus do rug sise ag triall ar a
máthair é. 12 Agus tháinig a dheisgiobuil
agus do rugadar leó a chorp, agus
d'adhlacadar é; agus thánadar agus
d'innseadar é d'Íosa.

13 Agus nuair airigh Íosa é, d'imthigh sé
ó'n áit sin, i luing bhig, isteach i bhfásach
uaigneach; agus nuair a dh'airigh na daoine
san, do leanadar é 'n-a gcuis as na
catharachaibh.

14 Agus tháinig sé amach agus chonaic sé
an tsluagh mhór, agus tháinig truagh aige
dhóibh, agus do leighis sé na daoine gan
sláinte a bhí ortha. 15 Agus nuair a tháinig
an tráthnóna tháinig a dheisgiobuil chuige,
agus dubhradar: Fásach iseadh an áit seo,
agus tá an aimsir imthighthe. Leig uait na
daoine, go dtéighid siad isteach ins na
sráidibh agus go gceannaighid siad bia
dhóibh féin. 16 Agus dubhairt Íosa leo: Ní
gádh dhóibh imtheacht; Tugaidh-se rud le
n-ithe dhóibh. 17 Agus d'fhreagradar é: Ní'l
anso againn ach chúig bhulóga agus dhá
iasg. 18 Agus dubhairt sé: Tugaidh chúgham
anso iad san. 19 Agus dubhairt sé leis na
daoine suidhe ar an bhféar; agus thóg sé na
chúig bhulóga agus an dá iasg, agus
d'fhéach sé suas chun neimhe agus
bheannuigh sé iad, agus bhris sé iad, agus
thug sé dos na deisgiobuil iad, agus
thugadar-san dos na sluaightibh iad; 20
Agus d'itheadar go léir, agus bhí a ndóithin
acu. Agus do tógadh an fuighleach, dhá
chiseán déag lán d'arán bhriste. 21 Agus isé
méid daoine a dh'ith bia ann, chúig mhíle
fear, gan bac do mhnáibh agus do mhion-
daoine.

22 Agus láithreach 'n-a dhiaidh san do
chuir Íosa dh'fhiachaibh ar a
dheisgiobulaibh dul ar bórd na luinge bige
agus dul roimis féin go dtí an taobh thall
de'n uisge, chun go gcuirfeadh sé na daoine
chun siúbhail. 23 Agus chuir sé uaidh na
daoine, agus d'imthigh sé an cnoc suas i n-
a aonar chun úrnuighthe dhéanamh. Agus
tháinig an tráthnóna, agus bhí sé ann i n-a
aonar. 24 Ac bhí an long bheag i lár na
faraige d'á cáible ag na tonnaibh, mar bhí
an ghaoth 'n-a coinnibh. 25 Agus sa
cheathramhadh faire de'n oidhche táinig sé
ag triall ortha agus é ag siúbhal ar an
bhfaraige. 26 Agus nuair a chonacadar é ag
siúbhal ar an bhfaraige, tháinig sgannra
ortha. Samhail iseadh é, ar siad; agus

bhíodar ag sgreadaigh le sgannra. 27 Agus do labhair Íosa leó láithreach: Glacaidh misneach, ar seisean: Is mise atá ann. Ná bíodh eagla oraibh. 28 Agus d'fhreagair Peadar: A Thigearna, ar seisean: má's tusa atá ann, órduigh dómh-sa teacht ag triall ort ar bhárr an uisge. 29 Agus dubhairt seisean: Tar chúgham. Agus tháinig Peadar anuas as an luing, agus bhí sé ag siúbhal ar bhárr uisge, ag teacht chun Íosa. 30 Ach chonaic sé an ghaoth láidir agus tháinig eagal air; agus nuair a thusnuigh sé ar dhul fé uisge do liúigh sé: A Thíghearna, ar seisean: saor mé. 31 Agus do shín Íosa a lámh, agus do rug sé láithreach air, agus dubhairt sé: Ó a fhir gan puínn creidimh, cad chuige dhuit mearbhall a theacht ort? 32 Agus nuair a thánadar ar an luing do stad an ghaoth. 33 Agus tháinig na daoine a bhí ar an luing agus d'adhradar é, agus dubhradar, Is tú Mac Dé go fíor.

34 Agus chuadar treasna na faraige, agus thánadar isteach i dtír Genésaret. 35 Agus nuair a dh'aithin muintir na h-áite sin é, chuireadar teachtairí tríd an ndúthaigh, agus thugadar ag triall air na daoine go léir a bhí as a sláinte; 36 Agus d'iarradar air leigint dóibh baint amháin le fabhra a bhrait; agus an méid a bhain, do slánuigheadh iad.

## CAIBID XV.

**Na Sgríbhneóirí d'á n-imdheargadh ag Críost. Inghean na mná ó Chanaan, agus a lán eile d'á leigheas aige agus bia aige 'á thabhairt do cheithre mhíle duine le seacht mbológaibh.**

1 Ansan do tháinig Sgríbhneóirí agus Fairisínigh ag triall air ó Ierúsalem, agus dubhradar: 2 Cad chuige go mbrisid do dheisgiobhuil-se nósa na sean? Óir ní níghid siad a lámha nuair a chaithid siad bia. 3 Agus d'fhreagair sé iad, agus dubhairt: Cad chuige go mbriseann sibh-se dlígh Dé ar son bhúr sean-nós? Óir deir Dia: 4 Tabhair do t' athair agus do d' mháthair onóir; agus, An t-é déanfaidh easgaine ar a athair nó ar a mháthair curtar chun báis é. 5 Deir sibh-se, ámhthach, Pé duine adeir le n-a athair nó le n-a mháthair, Gach tabharthas d'á dtugaim-se uaim, beidh a thairbhe agat-sa; 6 Agus ní onórfaidh sé a athair ná a mháthair; agus tá aithne Dé curtha agaibh ar neamhnídh ar son bhur sean-nós. 7 A chluanaidhthe, is maith a thargair Isáias i nbhúr dtaobh nuair adubhairt sé: 8 Onóraid na daoine seo mé le n-a mbéal, ach is fada uaim atá a gcroidhe. 9 Agus is onóir gan bhunús a thugaid siad dom, ag múineadh teagaisg agus aitheanta daoine.

10 Agus do ghlaoidh sé chuige an pobul, agus dubhairt sé leó: Cloisidh agus tuigidh: 11 Ní h-é an rud a théigheann isteach sa bhéal a shailigheann an duine, ach an rud a thagann amach as an mbéal, siné a shailigheann an duine. 12 Ansan do tháinig a dheisgiobuil chuige, agus dubhradar leis. An eol duit go bhfuil sgannal glacaithe ag na Fairisínigh ó airigheadar an focal san? 13 Ach d'fhreagair seisean: Gach curadóireacht nár chuir m'Athair neamhdha-sa, stracfar as a phréacaibh é. 14 Sgaoilidh leó san; giollaí dalla ag dallaibh iseadh iad; agus má dheineann dall giollacht ar dhall, tuitfid siad araon sa díg. 15 Agus d'fhreagair Peadar agus dubhairt: Mínig dúinn an tsoluíd úd. 16 Agus dubhairt seisean: Agus an bhfuil sibh-se féin gan tuisgint fós? 17 Ná tuigeann sibh, gach nídh a théigheann isteach sa bhéal, go dtéigheann sé síos sa bholg, agus go n-imthigheann sé sa bhfiailteach? 18 Ach na neithe a thagann as an mbéal, is ó'n gcroidhe a thagaid siad; agus isiad a shailigheann an duine. 19 Óir is amach as an gcroidhe a thagaid droch-smuínte,

dúnmharbhadh, adhaltranas, striapachas,
gadaidheacht, leabhair éithigh,
diamhasla; [20] Siniad a shailigheann an
duine; Agus ní bia a dh'ithe gan lámha do
níghe a shailigheann an duine.

[21] Agus d'imthigh Íosa as an áit sin, agus
chuaidh sé go críochaibh Tuíre agus
Sídóin. [22] Agus féach, tháinig bean ó
Chanaan amach as na críochaibh sin, agus
do ghlaoidh sí: A Thighearna, a Mhic
Dáibhid, fóir orm! ar sisi; Tá m'inghean d'á
ciapadh go cruaidh ag deamhan. [23] Agus
níor thug sé aon fhreagra uirthi. Agus
tháinig a dheisgiobuil chuige, agus
d'iarradar air í leigint chun siúbhail. Leig
chun siúbhail í, ar siad; tá sí ag glaodhach i
n-ár ndiaidh. [24] Ansan dubhairt sé léi: Níor
cuireadh mé ach chun na gcaorach a
cailleadh ó teaghlach Israéil. [25] Ach do
tháinig sisi agus do shléacht sí dhó, agus,
Fóir orm, a Thighearna, ar sisi. [26] Agus
d'fhreagair sé: Ní maith an rud bia na
leanbh a thabhairt dos na coileánaibh. [27]
Ach, a Thighearna, ar sisi, ithid na coileáin
an brúscar a thuiteann ó bhórd a
dtighearnaí. [28] Ansan d'fhreagair Íosa agus
dubhairt sé léi: A bhean, is mór é do
chreideamh. Deintear duit mar is mian leat.
Agus do slánuigheadh a h-inghean ó'n uair
sin.

[29] Agus d'imthigh Íosa ó'n áit, agus
tháinig sé go bpuach mara Ghaililí; agus
chuaidh sé suas ar chnoc, agus shuidh sé
ann. [30] Agus tháinig sluaighte móra chuige,
agus daoine balbha acu, agus daill, agus
bacaigh, agus daoine leicthe, agus mórán
eile; agus chaitheadar agá chosaibh
iad, agus do leighis sé iad; [31] I dtreó go
raibh iongnadh ar na sluaighte nuair a
chonacadar na daoine a bhí balbh ag caint,
agus na daoine a bhí bacach ag siúbhal,
agus radharc ag na dallaibh; agus do
mholadar Dia Israéil.

[32] Ansan do ghlaoidh Íosa chuige a
dheisgiobuil agus dubhairt sé: Tá truagh
agam do'n tsluagh, óir táid siad tar éis
fanmhaint trí lá am' fhochair agus ní'l aon
nídh le n-ithe acu; agus ní maith liom iad
do chur uaim 'n-a dtrosgadh, le h-eagla go
dtuitfidís ar an slígh. [33] Agus dubhairt a
dheisgiobuil leis: Ach cá bhfaighmíd-ne, i
bhfásach, oiread aráin agus shásóchaidh a
leithéid de shluagh? [34] Agus dubhairt Íosa
leó: An 'mó bulóg agaibh? Agus
dubhradar-san, Seacht mbulóga, agus raint
d' iasgaibh beaga. [35] Agus d'órduigh sé do'n
tsluagh suidhe ar an dtalamh. [36] Agus thóg
sé na seacht mbulóga agus na h-iasga, agus
ghaibh sé buidheachas, agus do bhris sé
iad, agus thug sé dos na deisgiobuil iad,
agus thugadar-san do'n tsluagh iad. [37] Agus
d'itheadar go léir, agus bhí a ndóithin acu;
Agus an bia briste do fágadh, do thógadar
é i seacht gciseánaibh lána. [38] Agus isé méid
daoine a chaith bia ann ná cheithre mhíle
duine, lasmuigh de mhiondaoinibh agus de
mhnáibh.

[39] Ansan do chuir sé uaidh an tsluagh,
agus chuaidh sé ar bórd na luinge bige, agus
tháinig sé i gcríochaibh Magedan.

## Caibid XVI.

**Críost ghá dhiúltú cómhartha ó neamh a thaisbheáint dos na Fairisínigh. Admháil Pheadair agus a thoradh dhó; a imdheargadh mar gheall ar chur i n-aghaidh páise Chríost. Ní foláir do chualacht Chríost uile iad féin do shéanadh.**

[1] Ansan do tháinig chuige na Fairisínigh
agus na Sadducínigh chun triail a bhaint as;
agus d'iarradar air cómhartha ó neamh do
thaisbeáint dóibh. [2] Ach d'fhreagair seisean
agus dubhairt sé leó: Deirthí-se um
thráthnóna, Beidh soinean ann, mar tá an
spéir dearg; [3] Agus ar maidin, Beidh stoirm

ann, mar tá an spéir ag deargadh go
dorcha. 4 Tá fhios agaibh conus gnúis na
spéire do bhreithniú; agus nách féidir libh
cómharthaí na h-aimsire dh'aithint? Tá
sliocht an uilc agus an adhaltranais ag lorg
cómhartha; ach ní tabharfar de
chómhartha dhóibh ach cómhartha Iónais
Fáidh. Agus d'fhág sé ansan iad agus
d'imthigh sé.

5 Agus nuair a tháinig a dheisgiobuil
treasna na faraige, dhearmhadadar arán a
thabhairt leó. 6 Agus dubhairt sé leó:
Féachaidh agus seachnaidh giost na
bhFairisíneach agus na Sadducíneach. 7
Agus dheineadar-san machtnamh 'n-a n-
aigne, 'ghá rádh, Níor thugamar arán linn. 8
Agus bhí a fhios san ag Íosa, agus dubhairt
sé: A dhaoine gan puínn creidimh, cad é an
machtnamh so oraibh toisg gan arán a
bheith agaibh? 9 Ná fuil tuisgint agaibh fós,
nó nách cuimhin libh na seacht mbulóga
do'n chúig mhíle duine, agus an 'mó ciseán
a thógabhair? 10 Ná na seacht mbulóga do'n
ceithre mhíle duine, agus an 'mó ciseán a
thógabhair? 11 Cad 'n-a thaobh ná tuigeann
sibh nách i dtaobh aráin adubhart,
Seachnaidh giost na bhFairisíneach agus na
Sadducíneach? 12 Ansan do thuigeadar ná
dubhairt sé gur bh'é giost an aráin a bhí le
seachaint, ach teagasg na bhFairisíneach
agus na Sadducíneach.

13 Agus tháinig Íosa isteach i gcríochaibh
Chaesaréa Philippí; agus do cheistigh sé a
dheisgiobuil, agus dubhairt: Cé h-é, dar le
daoine, Mac an Duine? 14 Agus dubhradar:
Deir cuid acu gur b'é Eóin Baiste é; agus
deir cuid acu gur b'é Elias é; agus deir cuid
acu gur b'é Ieremias é, nó duine des na
fáidhibh. 15 Agus dubhairt Íosa leó: Ach dar
libh-se cé h-é mé? 16 Agus d'fhreagair
Símón Peadar agus dubhairt: Is tú
Críost Mac Dé Bhí. 17 Agus d'fhreagair Íosa
agus dubhairt sé leis: Is aoibhinn duit, a
Shímóin mhic Ióna, óir ní feóil agus fuil a
dh'fhoillsigh duit-se sin, ach m'Athair-se
atá ins na flathais. 18 Agus deirim-se leat-sa
gur Peadar tú, agus is ar an gcaraig seo a
chuirfead-sa suas m'eaglais, agus ní
bhuadhfaid geataí ifrinn uirthi. 19 Agus
tabharfad duit eochracha rígheachta na
bhflathas; agus pé rud a cheangalóchair ar
talamh, beidh sé ceangailte ins na flathais;
agus pé rud a sgaoilfir ar talamh, beidh sé
sgaoilte ins na flathais. 20 Ansan d'órduigh
sé d'á dheisgiobulaibh gan a dh'innsint
d'aoinne gur bh'é féin Íosa Críost.

21 Ansan do thosnuigh Íosa ar a
thaisbeáint d'á dheisgiobuil nár bhfoláir é
féin a dhul go Ierúsalem agus mórán
d'fhulang ós na sínsearaibh agus ós na
Sgníbh-neóiríbh agus ó uachtaránaibh na
sagart, agus a chur chun báis, agus a
aiseirighe an trímhadh lá. 22 Agus do thóg
Peadar é, agus chrom sé ar aighneas leis,
agus dubhairt sé: Abhfad uait-se sin, a
Thighearna. Ní thiocfaidh san ort-sa. 23
Agus d'iompuigh seisean agus dubhairt sé
le Peadar: Imthigh lastiar díom a Shátain;
cuireann tu seirbhthean orm; mar ní h-iad
na neithe a bhaineann le Dia a thaithneann
leat-sa ach na neithe a bhaineann le daoine.

24 Ansan dubhairt Íosa le n-a
dheisgiobuil: Ma's áil le h-aoinne teacht
am' dhiaidh-se, séanadh sé é féin, agus
tógadh sé a chros, agus leanadh sé mé. 25
Mar, an t-é gur mian leis a anam do
shábháil, caillfidh sé é; ach an t-é a
chaillfidh a anam ar mo shon-sa,
gheóbhaidh sé é. 26 Mar, cad é an tairbhe do
dhuine an domhan go léir a bhuachtaint,
má dheineann sé a anam féin a
chailleamhaint? nó cad í an mhalairt a
dhéanfaidh duine ar a anam féin? 27 Óir tá
Mac an Duine chun teacht i nglóire a Athar
mar aon le n-a aingealaibh; agus ansan
tabharfaidh sé do gach duine do réir a
ghníomhartha. 28 Go deimhin adeirim libh,
tá cuid d'á bhfuil 'n-a seasamh anso agus ní

bhlaisfid siad bás go bhfeicfid siad Mac an Duine ag teacht ’n-a rígheacht.

## CAIBID XVII.

**An t-Atharú gné ar Chríost. An leanbh a bhí n-a gheilt d’á leigheas aige. D’innis sé a pháis a bheith ag teacht, agus dhíol sé an didrachma.**

[1] Agus sé lá ’n-a dhiaidh san do thóg Íosa leis Peadar agus Séamus agus Eóin, a dhritháir-sin, agus do rug sé suas iad go bárr cnuic aoírd, fé leith, [2] Agus tháinig athrúghadh cló air ós a gcómhair. Agus tháinig taithneamh ’n-a ghnúis ar nós na gréine, agus d’iompuigh a chuid éadaigh chómh geal le sneachta. [3] Agus féach, do chonacadar Maois agus Elias agus iad ag caint leis. [4] Agus d’fhreagair Peadar agus dubhairt sé le h-Íosa: A Thighearna, is maith an bhail orainne bheith anso; má’s áil leat deinimís anso trí puible, pubal duit-se, agus pubal do Mhaois, agus pubal d’Elias. [5] Le linn na cainte sin do rádh dhó, féach, do chlúdaigh sgamall soillseach iad; agus féach, guth as an sgamall, agus dubhairt: Sidé mo Mhac dílis ar a bhfuil mo ghreann: éistidh leis. [6] Agus nuair airigh na deisgiobuil an guth, do thuiteadar ar a n-aghaidh, agus eagla mór ortha. [7] Agus tháinig Íosa agus chuir sé a lámh ortha, agus dubhairt sé leó: Eiríghidh, agus ná bíodh eagal oraibh. [8] Agus d’fhéachadar suas, agus ní fheacadar aoinne ach Íosa féin. [9] Agus ag teacht anuas ó’n gcnoc dóibh dubhairt Íosa leo: Ná h-innsidh d’aoinne an radharc go n-eirighidh Mac an Duine ós na mairbh.

[10] Agus d’fhiafraigh na deisgiobuil dé: Agus cad chuige go ndeir na Sgríbhneóirí nách foláir Elias do theacht ar dtúis? [11] Agus dubhairt sé leó ’ghá bhfreagra: Tiocfaidh Elias, agus ceartóchaidh sé gach nídh. [12] Ach deirim-se libh go dtáinig Elias cheana, agus níor aithnigheadar é, ach d’imireadar a dtoil air. Agus sin mar atá le fulang ag Mac an Duine uatha. [13] Ansan do thuig na deisgiobuil gur ar Eóin Baiste a bhí sé ag trácht leó.

[14] Agus nuair a thánadar go dtí an sluagh, do tháinig chuige duine agus chaith sé é féin ar a ghlúinibh ’n-a láthair: A Thighearna, ar seisean, dein trócaire ar mo mhac; mar tá sé ’n-a gheilt, agus tá mórán pionóis air; agus tuiteann sé sa teine go minic, agus sa n-uisge go minic. [15] Agus thugas chun do dheisgiobul é, agus níor fhéadadar é leigheas. [16] Agus d’fhreagair Íosa agus dubhairt: Ó, a shliocht dhíth-chreidimh dho-theagasgtha, an fada a bheidh mé i n-bhúr measg? an fada a chuirfead suas libh? Tugaidh chúgham anso é. [17] Agus do smachtuigh Íosa an deamhan, agus d’imthigh sé as, agus bhí an mac leighiste as san amach. [18] Ansan tháinig na deisgiobuil ag triall ar Íosa, a gan fhios, agus dubhradar, Cad ’n-a thaobh nár fhéadamairne é chur amach? [19] Agus dubhairt Íosa leó: Mar gheall ar bhúr n-easba creidimh. Go deimhin adeirim libh, má bhíonn fiú oiread gráinne de shíol mustáird de chreideamh agaibh, déarfaidh sibh leis an gcnoc so, Aistirigh as so ansúd anonn, agus aistireóchaidh sé; agus ní bheidh aon rud ná beidh ar bhúr gcumas a dhéanamh. [20] Ach ní curtar amach an sórd so ach le h-úrnuighthe agus le trosgadh.

[21] Agus nuair a bhíodar ’n-a gcómhnuidhe i nGaililí, dubhairt Íosa leó: Tá Mac an duine le tabhairt i lámhaibh daoine; [22] Agus cuirfid siad chun báis é, agus aiseireóchaidh sé an trímhadh lá. Agus tháinig buairt ana mhór ortha.

[23] Agus nuair a thánadar go Capharnaum tháinig lucht na ndidrachma do ghlacadh ag triall ar Pheadar, agus dubhradar leis: Ná díolann bhúr máighistir-se an didrachma? Dubhairt seisean: Díolann. [24] Agus nuair a

chuadar isteach sa tigh do labhair Íosa leis
ar dtúis agus dubhairt: Cad a chítear duit-
se, a Shímóin? righthe na talmhan, cé uatha
go nglacaid siad cíos nó cáin? an ó n-a
gclainn féin, nó ó dhaoinibh iasachta? [25]
Agus dubhairt seisean: Ó dhaoinibh
iasachta. Dubhairt Íosa leis: D'á bhrígh sin
tá an chlann saor. [26] Ach i dtreó ná
tabharfaimís sgannal dóibh, imthigh chun
na faraige agus caith dubhán; agus an céad
iasg a thiocfaidh aníos, tóg é; agus osgail a
bhéal, agus gheobhair statér ann; tóg é sin
agus tabhair dóibh sin é asam-sa agus asat
féin.

## Caibid XVIII.

**Críost gha theagasg dóibh an umhluigheacht do chleachtadh; sgannal do sheachaint; teithe ó ócáidíbh peactha; peacacha leanamhnacha do ghearán leis an Eaglais, agus a thuisgint gur cuma nú págánaigh an mhuíntir ná h-éisteann leis an Eaglais. E 'á gheallamhaint d'á dheisgiobulaibh cumas ar cheangal agus ar sgaoíle do thabhairt dóibh, agus go mbeidh sé féin 'na gcómhthíonólaibh. Ná maithfar do'n t-e ná maithfidh.**

[1] An uair sin tháinig na deisgiobuil chun
Íosa agus dubhradar: Cé h-é, dar leat, an
duine is mó i rígheacht na bhflathas? [2] Agus
do ghlaoidh Íosa chuige leanbh beag, agus
chuir sé 'n-a sheasamh 'n-a lár é. [3] Agus
dubhairt sé: Go deimhin adeirim libh, mura
n-iompuighidh sibh agus bheith ar nós na
leanbh, ní raghaidh sibh isteach i rígheacht
na bhflathas. [4] An t-é d'á bhrígh sin,
d'ísleóchaidh é féin ar nós an leinbh bhig
sin, siné is mó i rígheacht na bhflathas. [5]
Agus an t-é a ghlacann aon leanbh beag
amháin de'n tsórd san am' ainim-se,
glacann sé mise. [6] Ach an t-é thabharfaidh
sgannal do dhuine de'n mhuintir bheag so
a chreideann ionam-sa, b'fhearra dhó go
gcurfaí bró muilinn ar a mhuineál agus é
chaitheamh isteach i ndoimhneacht na
faraige.

[7] Is mairg do'n domhan mar gheall ar na
sgannalaibh. Ní foláir na sgannail do
theacht: ach sa n-am gcéadna is mairg an t-
é go dtagann an sgannal d'á dhruím. [8] Má
dheineann do lámh nó do chos sgannal
duit, gearr anuas díot í, agus caith uait í; is
fearra dhuit dul isteach sa bheatha ar leath-
láimh nó ar leath-chois 'ná dhá láimh nó
dhá chois a bheith agat agus tu chur i dteine
shíoruidhe. [9] Agus má dheineann do shúil
sgannal duit, strac amach í agus caith uait í;
is fearra duit dul isteach 'sa bheatha ar
leath-shúil 'ná dul i n-ifreann na teine agus
do dhá shúil agat.

[10] Tugaidh aire gan neamhshuím a
dhéanamh d'aoinne de'n mhuintir bheag
san, mar deirim libh go bhfuil radharc do
shíor agá n-aingealaibh sin ins na flathais,
ar ghnúis m'Athar-sa, atá ins na flathais.

[11] Óir do tháinig Mac an Duine chun go
sábhálfadh sé an nídh a bhí caillte. [12] Cad is
dóigh libh? Má bhíonn céad caora ag duine,
agus go raghaidh caora acu amú, ná
fágfaidh sé na naoi gcinn déag agus
cheithre fichid ar na cnocaibh, agus ná h-
imtheóchaidh sé ag lorg an chinn a chuaidh
amú? [13] Agus má ráinigheann dó í
dh'fhághail, deirim libh, go deimhin, gur
mó an t-áthas atá air mar gheall uirthi sin
'ná mar gheall ar na naoi gcinn déag agus
cheithre fichid nár chuaidh amú. [14] Mar an
gcéadna, ní toil le nbhúr n-Athair atá ins na
flathais go gcaillfí duine de'n mhuíntir
bheag san. [15] Ach má dheineann do
bhráthair beart ad' choinnibh, imthigh agus
cómhairligh é idir thu féin agus é féin
amháin. Má éisteann sé leat, tá do bhráthair
buaidhte agat. [16] Mura n-éistidh sé leat,
tabhair leat duine nó beirt eile, i dtreó go

seasóchaidh gach focal i mbéal beirte nó trír fínnithe. 17 Agus mura n-éistidh sé leó san, innis do'n eaglais é; agus mura n-éistidh sé leis an eaglais, bíodh sé 'n-a phágánach nó 'n-a phuibliocánach agat. 18 Go deimhin adeirim libh, pé neithe a cheangalóchaidh sibh ar talamh, beid siad ceangailte ar neamh; agus pé neithe a sgaoilfidh sibh ar talamh, beid siad sgaoilte ar neamh.

19 Agus deirim libh 'n-a theannta san, má bhíonn beirt agaibh ar aon aigne ar talamh i dtaobh aon ruda ar bith a bheidh acu d'á iarraidh, go bhfaghaid siad an rud san a dhéanamh dóibh ó m' Athair-se atá ins na flathais. 20 Óir, an áit 'n-a bhfuil beirt nó triúr cruinnighthe am' ainm-se, táim-se ansan 'n-a measg.

21 Ansan do tháinig Peadar chuige agus dubhairt, A Thighearna, an 'mó uair a dhéanfaidh mo bhráthair beart am' choinnibh agus go maithfead dó? Chómh fada le seacht n-uaire, an eadh? 22 Dubhairt Íosa leis: Ní deirim leat chómh fada le seacht n-uaire, ach chómh fada le seacht n-uaire fó sheacht ndeich.

23 D'á bhrígh sin, is cosmhail rígheacht na bhflathas le fear a bhí 'n-a rí, agus gur mhian leis cúntas a shocarú le n-a sheirbhíseachaibh. 24 Agus nuair a thosnuigh sé ar an gcúntas do shocarú do tugadh chuige duine go raibh deich míle talant aige air. 25 Agus nuair ná raibh aon rud aige chun na bhfiach a dhíol, d'órduigh an tighearna é féin agus a bhean, agus a chlann, agus a raibh aige, do dhíol amach agus díolfhiach a dhéanamh. 26 Ansan do chaith an seirbhíseach san é féin ar an dtalamh, ag guidhe an tighearna, agus dubhairt sé: Dein foidhne liom, agus díolfad an iomláine leat. 27 Agus do ghlac truagh an máighistir do'n tseirbhíseach san, agus do sgaoil sé chun siubhail é, agus do mhaith sé na fiacha dó. 28 D'imthigh an seirbhíseach san amach, ámhthach, agus do casadh air cómh-sheirbhíseach dó féin go raibh céad pingin aige air; agus do rug sé air, agus bhí sé 'ghá thachtadh, agus 'ghá rádh leis: Díol liom na fiacha atá agam ort. 29 Agus do chaith an cómh-sheirbhíseach é féin ar an dtalamh, agus dubhairt sé: Dein foidhne liom, agus díolfad leat an iomláine. 30 Ní dhéanfadh, ámhthach; ach d'imthigh sé agus chuir sé sa phríosún é, go ndíolfadh sé na fiacha. 31 Ach nuair a chonaic a chómh-seirbhísigh-sin cad a bhí déanta, tháinig buairt ana-mhór ortha, agus thánadar agus d'innseadar do'n tighearna gach nídh fé mar a thuit amach. 32 Ansan do ghlaoidh a thighearna ar an bhfear san, agus dubhairt sé leis: A sheirbhísigh mhalluighthe, do mhaitheas-sa na fiacha go léir duit-se, toisg tu 'ghá iarraidh orm; 33 Nár chóir, d'á bhrígh sin, duit-se truagh bheith agat dod' chómh-sheirbhíseach, fé mar a bhí truagh agam-sa dhuit-se? 34 Agus bhí fearg ar an dtighearna, agus thug sé suas do na céasdóiribh é, go ndíolfadh sé na fiacha go léir. 35 Agus sin mar a dhéanfaidh m'Athair-se atá ins na flathais libh-se é mura maithfidh gach duine agaibh d'á bhráthair, ó chroidhe.

## CAIBID XIX.

**Críost ghá dheimhniú go bhfuil an pósadh do-sgaoílte: agus ghá chómhaírliú dhúinn sgaramhaint le gach nídh ar a shon féin. An chontabhairt a leanann saidhbhreas á thaisbeáint aige, agus an tuarastal atá as gach nídh do thréigean ar a shon féin.**

1 Agus do thárla, nuair a bhí na cómhráidhte sin críochnuighthe ag Íosa, gur fhág sé Gaililí agus go dtáinig sé i gcríochaibh Iúdaéa lastall de'n Iórdan. 2

Agus do lean sluagh mhór é; agus do leighis sé iad sa n-áit sin.

3 Agus tháinig na Fairisínigh chuige 'ghá thriail, agus dubhradar: An dleaghthach do dhuine a bhean do chur uaidh ar gach aon tsaghas cúise? 4 Agus do fhreagair sé iad, agus dubhairt: Nár léigheabhair, an t-é chruthuigh an duine ar dtúis, gur chruthuigh sé iad firean agus bainean, agus dubhairt sé: 5 Mar gheall air sin, fágfaidh duine a athair agus a mháthair, agus claoidhfidh sé le n-a mhnaoi, agus beid siad 'n-a mbeirt i n-aon feóil. 6 D'á bhrígh sin, ní dhá fheóil iad feasda, ach aon fheóil amháin. Uime sin, an nídh a cheangail Dia ná sgaoileadh duine é. 7 Dubhradar san leis: Cad chuige, má 'seadh, gur órduigh Maois leitir a díbeartha thabhairt di agus í chur chun siubhail? 8 Dubhairt sé leó: Do cheaduigh Maois daoibh-se, toisg an chroidhe cruaidh a bheith agaibh, bhúr mná do chur uaibh; ní raibh an sgéal mar sin, ámhthach, ó thusach. 9 Ach deirim-se libh, aoinne chuirfidh uaidh a bhean, ach amháin mar gheall ar dhrúis, agus do phósfaidh bean eile, go ndeineann sé adhaltranas; agus an t-é a phósfaidh an bean a díbreadh, go ndeineann sé adhaltranas.

10 Dubhairt a dheisgiobuil leis: Má's mar sin atá an sgéal ag duine i dtaobh a mhná, ní maith an rud pósadh. 11 Agus dubhairt sé leó: Ní h-é gach aoinne a ghlacann an chaint sin, ach an mhuíntir gur tugadh san dóibh. 12 Óir táid coillteáin do rugadh mar sin ó bhroinn a máthar; agus tá coillteáin gur thug daoine an cor san ortha; agus tá coillteáin a dhein iad féin do choillt ar son rígheachta na bhflathas. An t-é go dtig leis a ghabháil, gabhadh.

13 Ansan do tugadh chuige aos óg, go ndéanfadh sé a lámh do chur ortha agus guidhe; agus bhí na deisgiobuil ghá gcosg. 14 Ach dubhairt Íosa leó: Leigidh chúgham an mhuintir bheag, agus ná coisgidh iad; óir is le n-a leithéidí sin rígheacht na bhflathas. 15 Agus nuair a chuir sé a lámha ortha, d'fhág sé an áit sin.

16 Agus féach, tháinig; duine chuige agus dubhairt sé: A Mhaighístir mhaith, cad í an mhaith a dhéanfad ionus go mbeadh agam beatha shíoruidhe? 17 Agus dubhairt sé leis: Cad é an trácht so agat ar mhaith? Ní'l ach Aon is maith, 'sé sin Dia. Ach má's maith leat dul isteach sa bheatha, coimeád na n-aitheanta. 18 Deir seisean leis: Cad iad na h-aitheanta? Agus dubhairt Íosa: Ná dein marbhadh; Ná dein drúis; Na dein guid; Ná dein fiadhnaise bhréige; 19 Tabhair onóir do t'athair agus dod' mháthair; agus, grádhuigh do chómharsa mar thu féin. 20 Dubhairt an t-óigfhear leis: Choimeádas iad san go léir ó m'óige; cad eile is riachtanach dom? 21 Dubhairt Íosa leis: Má's maith leat bheith beacht, imthigh agus díol amach a bhfuil agat, agus tabhair dos na bochtaibh, agus beidh stór ar neamh agat; agus tar agus lean mise. 22 Nuair airigh an t-ógánach an chaint sin, ámhthach, d'imthigh sé agus é go buartha; mar fear ab eadh é go raibh mórán saidhbhir aige.

23 Agus dubhairt Íosa le n-a dheisgiobuil: Go deimhin adeirim libh, is deacair do'n duine saidhbhir dul isteach i rígheacht na bhflathas. 24 Agus deirim airís libh é: Is usa do chamal gabháil tré chró snáthaide 'ná do'n duine saidhbhir dul isteach i rígheacht na bhflathas. 25 Nuair airigh na deisgiobuil an méid sin tháinig árd-iongnadh ortha, agus dubhradar: Má 'seadh, cé fhéadfaidh dul saor? 26 D'fhéach Íosa ortha agus dubhairt sé: Ní féidir so do dhaoine; ach is féidir le Dia gach nídh.

27 Ansan d'fhreagair Peadar agus dubhairt sé: Féach, d'fhágamairne gach nídh, agus do leanamair tusa: Agus cad a bheidh d'á bhárr againn? 28 Agus dubhairt Íosa leó: Go deimhin adeirim libh, sibh-se

do lean mé, sa n-aithgheineamhaint, nuair a shuidhfidh Mac an Duine i gcathaoir a ghradaim, súidhfidh sibh ar dhá chathaoir déag ag tabhairt breithe ar dhá threibh déag Israéil. 29 Agus gach duine a dh'fhágfaidh a thigh, nó a dhritháracha, nó a dhriféaracha, nó a athair, nó a mháthair, nó a bhean, nó á chlann, nó a chuid tailimh, ar son m'ainime-se, gheobhaidh sé fó chéad, agus beidh an bheatha shíoruidhe aige.

30 Ach beidh a lán d'á bhfuil ar tusach ar deire, agus d'á bhfuil ar deire ar tusach.

## CAIBID XX.

**Parabal an lucht oibre sa bhfíonghort. Árd-aidhm chlainne Sebedé. A radharc á thabhairt ag Críost do bheirt dall.**

1 Is cosmhail rígheacht na bhflathas le fear tighe a chuaidh amach go moch ar maidin ag réidhteach le lucht oibre d'á fhíonghort. 2 Agus do réidhtigh sé leis an lucht oibre ar phingin sa ló, agus chuir sé ag obair iad sa bhfíonghort. 3 Agus chuaidh sé amach airís tímpal an trímhadh h-uair, agus fuair sé tuille 'n-a seasamh díomhaoin ag áit an mhargaidh; 4 Agus dubhairt sé leó: Téighidh-se, leis, isteach am' fhíonghort-sa, agus tabharfad daoibh fé mar a bheidh ceart. 5 Agus d'imthigheadar san. Agus chuaidh sé amach airís ar an sémhadh h-uair, agus ar an naomhadh h-uair, agus dhein sé mar an gcéadna. 6 Ach do chuaidh sé amach tímpal an t-aon uair dhéag, agus fuair sé tuille 'n-a seasamh, agus dubhairt sé leó: Cad chuige dhaoibh bheith anso i nbhúr seasamh díomhaoin an lá go léir? 7 Dubhradar leis: Mar níor réidhtigh aoinne linn. Dubhairt sé leó: Téighidh-se, leis, isteach am' fhíonghort-sa. 8 Nuair a bhí an tráthnóna ann, dubhairt tighearna an fhiónghuirt le n-a stíbhard: Glaoidh ar an lucht oibre, agus tabhair a dtuarasdal dóibh, agus turnuigh leis an muintir is déanaighe a tháinig, go dtí an mhuintir is luatha a tháinig. 9 Tháinig an mhuintir a thusnuigh an obair ar uair a h-aondéag, agus do tugadh pingin an duine dóibh. 10 Ansan do tháinig an chéad mhuíntir agus mheasadar go bhfaghdís breis; ach do fuaradar san, leis, pingin an duine. 11 Nuair a fuaradar é chromadar ar cheisneamh i n-aghaidh an fhir thighe, 12 Agus dubhradar: Níos dheineadar so a tháinig go déanach ach uair oibre, agus chuiris ar aon dul leó san sinne a dh'fhuiling cruadhtan agus brothall an lae. 13 Do labhair seisean le duine acu, agus dubhairt; a dhuine mhuinteartha, ní'l aon éagcóir agam 'á dhéanamh ort. Nách ar phingin a réidhtighis liom? 14 Seo, tóg leat do chuid agus imthigh; ach is toil liom oiread a thabhairt do'n fhear so is déanaighe a tháinig agus atá agam 'á thabhairt duit-se. 15 An amhlaidh nách dleaghthach dom an nídh is toil liom a dhéanamh? An droch-shúil atá agat, óir is duine fóghanta mise? 16 Sin mar a bheidh an mhuintir dhéanach ar tosach, agus an mhuintir thosaigh ar deire. Óir tá glaoidhte ar mhórán agus níl toghtha ach beagán.

17 Bhí Íosa ag dul suas go Ierúsalem, agus ar an slígh dhó thóg sé i leith taoibh an dáréag deisgiobul, agus dubhairt sé leó: 18 Féach, táimíd ag dul suas go Ierúsalem, agus tabharfar Mac an Duine suas d'uachtaránaibh na sagart agus dos na Sgríbhneóiríbh, agus daorfaid siad chun báis é. 19 Agus tabharfaid siad dos na geintibh é le tarcaisniú, agus le sgiúrsáil, agus le céasadh ar chrois; agus eireóchaidh sé airís an trímhadh lá.

20 Ansan tháinig chuige máthair clainne Sebedé i n-aonfheacht le n-a macaibh, agus do shléacht sí dhó, ag lorg ruda éigin air. 21 Agus dubhairt sé léi: Cad 'tá uait? Dubhairt sí leis: Abair go suidhfid an bheirt mhac so liom-sa, duine acu ar do dheis, agus duine

acu ar do chlí ad’ rígheacht. 22 Ach
d’fhreagair Íosa, agus dubhairt: Ní h-eól
daoibh cad ’tá agaibh ’á iarraidh. An bhfuil
sibh ábalta ar an gcailís a dh’ólfad-sa d’ól?
Deirid siad leis, Táimíd. 23 Dubhairt sé leó:
Is fíor go n-ólfaidh sibh mo chailís; ach
suidhe ar mo dheis nó ar mo chlí, ní h-
agam-sa atá san a thabhairt daoibh-se ach
do’n mhuintir go bhfuil sé ceapaithe ag
m’Athair dóibh. 24 Agus nuair airigh an
deichniubhar é, bhí fearg acu chun na
beirte drithár. 25 Agus do ghlaoidh Íosa
chuige iad agus dubhairt: Is eól daoibh
conus mar a dheinid tighearnaí na ngeinte
iad do smachtú, agus go ndeinid a ndaoine
móra a gcómhacht do chur i bhfeidhm
ortha. 26 Ní mar sin a bheidh eadraibh-se;
ach an t-é gur maith leis bheith mór
eadraibh, bíodh sé ’n-a fhear fhriotháilte
agaibh; 27 Agus an t-é gur maith leis bheith
i n’fhear thosaigh eadraibh, bíodh sé ’n-a
sheirbhíseach agaibh. 28 Fé mar nár tháinig
Mac an Duine chun seirbhíse dh’fhághail,
ach chun seirbhíse thabhairt uaidh, agus
chun a anama thabhairt uaidh mar
cheannach ar a lán.

29 Agus nuair a bhíodar ag dul amach a’
Ierichó do lean sluagh mhór éisean. 30 Agus
féach, bhí beirt dall ’n-a suidhe i n-aice an
bhóthair, agus d’airigheadar gur bh’é Íosa a
bhí ag gabháil ann, agus do liúghadar: A
Thighearna, ar siad; déin trócaire orainn, a
Mhic Dáibhid. 31 Agus bhí an tsluagh ’ghá
gcosg, go n-éistfidís. Ach sin mar a b’aoirde
do liúghadar-san: A Thighearna, ar siad;
déin trócaire orainn, a Mhic Dáibhid. 32
Agus do stad Íosa, agus ghlaoidh sé ortha,
agus dubhairt sé: Cad is maith libh a
dhéanfainn daoibh? 33 Go n-osgalófaí ár
súile, a Thighearna, ar siad. 34 Agus tháinig
truagh ag Íosa dhóibh, agus chuir sé a lámh
ar a súilibh: agus tháinig a radharc dóibh
láithreach, agus do leanadar é.

## Caibid XXI.

**Críost ag dul isteach i gcathair Ierúsalem ar muin an asail. An lucht ceannaídheachta agus díoluígheachta dá ndíbirt amach as an dteampal aige. An mhallacht aige dá chur ar an gcrann fíge. Cuireann sé féachaint ar na sagairt agus ar na Sgríbhneóiribh éisteacht.**

1 Agus nuair a bhíodar ag teacht i ngar
d’Ierúsalem, agus bhíodar tagaithe go
Betphagé i n-aice chnuic Olibhet, ansan do
chuir Íosa uaidh beirt deisgiobul, 2 Agus
dubhairt sé leó: Téighidh isteach sa bhaile
sin os bhúr gcómhair, agus gheobhaidh
sibh ann gan mhoill láir asail agus í
ceangailte, agus searrach ’n-a teannta;
sgaoilidh í agus tugaidh chugham iad. 3
Agus má deir aoinne aon rud libh abraidh:
Tá gnó ag an dTighearna díobh so; agus
sgaoilfidh sé libh iad láithreach. 4 Agus do
deineadh an méid sin go léir, ionas go
gcómhlíonfaí caint an fháidh mar a ndeir
sé: 5 Abraidh le h-inghín Shióin: Féach do
Rí ag teacht go ceannsa chúghat ’n-a
shuidhe ar láir asail, agus ar shearrach, mac
an asail chneasda. 6 Agus d’imthigh na
deisgiobuil, agus dheineadar mar a
dh’órduigh Íosa dóibh. 7 Agus thugadar leó
an láir asail agus an searrach; agus
chuireadar a mbrait féin anuas ortha, agus
chuireadar eisean ’n-a shuidhe ortha. 8
Agus do leath mórán de’n tsluagh a mbrait
ar an slígh; agus bhain tuille acu géaga des
na crainn agus do leathadar iad ar an slígh; 9
Agus an tsluagh a bhí lasmuigh agus lastiar
bhíodar ag liúirigh, agus deiridís: Hósanna
do Mhac Dáibhid; Moladh do’n t-é atá ag
teacht i n-ainim an Tighearna; Hósanna go
lán árd. 10 Agus nuair a chuaidh sé isteach i
n-Ierúsalem bhí an chathair go léir ar
suathadh, ’ghá rádh: Cé h-é seo? 11 Agus
deireadh na daoine: Sidé Íosa an fáidh ó
Nasaret Ghaililí.

[12] Agus chuaidh Íosa isteach i dteampul Dé agus chomáin sé amach as gach a raibh de dhaoine ann ag díol agus ag ceannach, agus do leag sé búird lucht airgid do shóinseáil agus cathaoireacha lucht colúr a dhíol. [13] Agus dubhairt sé leó: Tá sgríobhtha, Tigh chun úrnuighthe a tabharfar ar mo thigh: ach tá pluais bitheamhnach déanta agaibh-se dhe.

[14] Agus tháinig na daill agus na bacaigh chuige sa teampul, agus do leighis sé iad. [15] Agus nuair a chonaic uachtaráin na sagart, agus na Sgríbhneóirí, na h-iongnaí a dhein sé, agus an t-aos óg sa teampul ag liúirigh, Hósanna do Mhac Dáibhid; tháinig fearg ortha. [16] Agus dubhradar leis: An airigheann tú cad ’deir siad san? Agus dubhairt Íosa leó: Airighim; an amhlaidh nár léigheabhair riamh: A’ béal leanbh agus naoidhean ar cíochaibh do bheachtuighis moladh? [17] Agus d’fhág sé iad, agus d’imthigh sé amach lasmuigh de’n chathair go Betánia; agus d’fhan sé ansan.

[18] Agus ar maidin, agus é ag teacht chun na catharach, bí ocras air; [19] Agus chonaic sé crann fíge i n-aice an bhóthair, agus tháinig sé chuige, agus ní bhfuair sé aon nídh air ach duilleabhar, agus dubhairt sé leis: Nár fhásaidh toradh ar so amach go bráth ort-sa. Agus d’fheóch an crann fíge láithreach. [20] Agus chonaic na deisgiobuil san, agus bhí iongnadh ortha, agus deiridís: Conus a d’fheóch sé chómh tapaidh? [21] Agus d’fhreagair Íosa agus dubhairt sé leó: Go deimhin adeirim libh, má bhíonn creideamh agaibh, agus ná staonfaidh sibh, déanfaidh sibh, ní h-amháin an nídh seo an chrainn fíge, ach má deireann sibh leis an gcnoc so, Tóg agus caith thu féin isteach sa bhfaraige, déanfar é. [22] Agus gach nídh ar bith a dh’iarrfaidh sibh i n-úrnuighthe, má bhíonn creideamh agaibh, gheobhaidh sibh é.

[23] Agus nuair a tháinig sé isteach sa teampul, agus bhí sé ag teagasg, tháinig chuige uachtaráin na sagart agus seanóirí na ndaoine, agus dubhradar: Cad é an t-úghdarás atá agat-sa chun na neithe seo a dhéanamh? agus cé thug duit an t-úghdarás? [24] D’fhreagair Íosa agus dubhairt sé leó: Cuirfad-sa, leis, aon cheist amháin chughaibh-se, agus má réidhtigheann sibh dom í, neósfad-sa dhaoibh-se, leis, cad é an t-úghdarás atá agam chun na neithe seo dhéanamh. [25] Cá dtáinig an baiste a dhein Eóin? an ó neamh a tháinig sé, nó an ó dhaoinibh? Agus dheineadar-san machtnamh eatartha féin, agus dubhradar: [26] Má abraimíd gur ó neamh é, déarfaidh sé, Má ’seadh, cad ’n-a thaobh nár chreideabhair é? Ach má abraimíd gur ó dhaoinibh, is baoghal dúinn na daoine; mar fáidh ab eadh Eóin acu. [27] Agus d’fhreagradar Íosa agus dubhradar, Ní fheadramair. Agus dubhairt seisean leó: Ní lúgha ’ná mar a neósfad-sa dhaoibh-se cad é an t-úghdarás atá agam chun na neithe seo dhéanamh.

[28] Ach cad é bhúr dtuairim? Bhí beirt mhac ag fear áirithe, agus tháinig sé chun an chéad mhic, agus dubhairt sé leis: A mhic, imthigh indiu agus dein obair am’ fhíonghort. [29] Agus d’fhreagair seisean agus dubhairt: Ní h-áil liom. I n-a dhiaidh san ámh, tháinig aithreachas air, agus do chuaidh sé. [30] Ansan tháinig sé chun an mhic eile, agus dubhairt sé an rud céadna. Agus d’fhreagair seisean agus dubhairt: Raghad; agus níor chuaidh. Cia ’cu de’n bheirt a dhein toil a athar? [31] Dubhradar-san: An chéad fhear. Dubhairt Íosa leó: Go deimhin adeirim-se libh-se, raghaid na puibliocánaigh agus na striapacha isteach i bhflathas Dé rómhaibh-se. [32] Óir thaínig Eóin chughaibh i slígh na fíoraontachta, agus níor chreideabhair é; ach do chreid na puibliocánaigh agus na striapacha é; ach do

chonacabhair-se, agus níor dheineabhair
aithrighe 'n-a dhiaidh san ionus go
gcreidfeadh sibh é.
33 Éistidh le soluíd eile. Bhí fear tighe
ann agus chuir sé fíonghort, agus chuir fé
fál tímpal air, agus dhéin sé fásgadóir ann,
agus chuir sé suas túr ann, agus chuir sé
chun lucht saothruighthe é, agus d'imthigh
sé go dúthaigh iasachta. 34 Agus nuair a bhí
aimsir na dtorthaí ag teacht, chuir sé a
sheirbhísigh ag triall ar an lucht
saothruighthe go nglacfaidís an toradh
dhó. 35 Ac do rug an lucht saothruighthe ar
na seirbhísigh, agus ghabhadar ar dhuine
acu, agus mharbhuigheadar duine acu, agus
ghabhadar do chlochaibh i nduine acu. 36
Ansan do chuir sé seirbhísigh eile ag triall
ortha airís, níba mhó 'ná an chéad chuid
agus thugadar an cor céadna ortha. 37 Fé
dheire, ámhthach, do chuir sé a mhac féin
ag triall ortha, agus dubhairt sé: Beidh
uraim acu do m' mhac. 38 Nuair a chonaic
an lucht saothruighthe an mac, dubhradar
eatartha féin: Sidé an t-oighre; téanam agus
marbhuighmís é, agus beidh an oighreacht
againn. 39 Agus do rugadar air, agus
chuireadar amach as an bhfíonghort é, agus
mharbhuigheadar é. 40 D'á bhrígh sin, nuair
a thiocfaidh tighearna an fhíonghuirt, cad a
dhéanfaidh sé leis an lucht saothruighthe
sin? 41 Deirid siad leis: Tabharfaidh sé
droch-íde ar na cuirptheachaibh sin, agus
cuirfidh sé a fhíonghort chun lucht
saothruighthe eile, a thabharfaidh toradh
dhó i n-aimsir na dtorthaí.
42 Dubhairt Íosa leó: Nár léigheabhair
riamh sa sgríbhinn: An chloch d'ár
dhiúltuigh na saoir, isí atá 'n-a cloich cinn
chúinne: Isé an Tighearna do dhein é sin,
agus is iongantach é i n-ár súilibh-ne. 43 D'á
bhrígh sin adeirim libh go dtógfar uaibh-se
rígheacht Dé, agus go dtabharfar í do chine
a thabharfaidh toradh uatha uirthi. 44 Agus
an t-é a thuitfidh ar an gcloich sin, brisfar
é; ach an t-é go dtuitfidh sí air, meilfidh sí
é.
45 Agus nuair airigh uachtaráin na sagart
agus na Fairisínigh na soluídí uaidh,
thuigeadar gur bh' ortha féin a bhí sé ag
caint. 46 Agus ba mhian leó é ghabháil, ach
bhí eagla acu roimis na daoine, mar fáidh
ab eadh é acu.

## CAIBID XXII.

**Parabal na bainise. D'órduigh Críost cáin do dhíol le Caesar. Do chlaoidh sé na Sadducínigh. Do thaisbeáin se cad í an chéad aithne sa dlígh. Do chuir sé measgán mearaídhe ar na Fairisíneachaibh.**

1 Agus d'fhreagair Íosa agus do labhair sé
airís i soluídibh, agus dubhairt sé: 2 Is
cosmhail rígheacht neimhe le fear a bhí 'n-
a rí, agus do dhein bainis d'á mhac. 3 Agus
chuir sé a sheirbhísigh ag glaodhach ar na
daoine a fuair cuireadh chun na bainise;
agus níor bh'áil leó teacht. 4 Agus chuir sé
seirbhísigh eile uaidh airís. Abraidh, ar
seisean, leis an muintir a fuair cuireadh,
Féach, tá an féasda ollamh agam; táid mo
mhairt marbh agus m'ealta ramhara, agus
gach nídh ollamh: Tagaidh chun na
bainise. 5 Ach dheineadar-san neamhshuím
de, agus d'imthígheadar, duine acu chun a
fheirime, agus duine acu chun a
cheannaidheachta. 6 Agus do rug an chuid
eile acu ar a sheirbhísigh, agus thugadar
tarcuisne dhóibh, agus mharbhuigheadar
iad. 7 Nuair airigh an rí an nídh sin tháinig
fearg air, agus chuir sé a shluaighte armtha
uaidh, agus d'ídigh sé na marbhthóirí sin,
agus do loisg sé a gcathair. 8 Ansan
dubhairt sé le n-a sheirbhíseachaibh: Tá an
bhainfheis ollamh; ach an mhuintir a fuair
cuireadh, níor bhfiú iad é. 9 Imthighidh
amach, d'á bhrígh sin, ar na bóithribh agus
pé daoine a gheobhaidh sibh, glaoidhidh

isteach ortha chun na bainise. 10 Agus d'imthigh na seirbhísigh amach ar na bóithribh, agus bhailigheadar isteach gach a bhfuaradar de daoine, idir olc agus maith, agus bhí an bhainis lán de dhaoine 'n-a suidhe chun bídh. 11 Ansan do tháinig an rí isteach go bhfeicfeadh sé an chuideachta, agus chonaic sé ann duine ná raibh culaith na bainise uime. 12 Agus dubhairt sé leis: A chara, conus a thánaís-se anso isteach gan culaith na bainise umat? Ach níor labhair seisean focal. 13 Ansan dubhairt an rí leis an lucht friothálmha, Deinidh a lámha agus a chosa do cheangal, agus caithidh amach é sa doircheacht atá amuigh, áit 'n-a mbeidh gol agus díoscán fiacal. 14 Óir tá glaoidhte ar mhórán, agus ní'l toghtha ach beagán.

15 Ansan d'imthigh na Fairisínigh, agus chuadar i gcómhairle go ndéanfaidís búntáiste bhreith air 'n-a chaint. 16 Agus chuireadar chuige deisgiobuil leó féin i n-aonfheacht le muintir Héróid, chun a rádh leis: A Mháighistir, is eól dúinn gur duine fírinneach tu, agus go múineann tú slígh Dé sa bhfírinne, agus ná fuil beann agat ar aoinne; óir ní fhéachann tú chun pearsan aon duine. 17 Innis dúinn, d'á bhrígh sin, cad is dóigh leat? An ceart cáin do dhíol le Caesar nó gan a dhíol? 18 Ach bhí fios a ndroch-aigne ag Íosa agus dubhairt sé: A chluan-uidhthe, cad chuige dhaoibh bheith a'm brath? 19 Taisbeánaidh dom píosa d'airgead na cána. Agus thugadar dó pingin. 20 Agus dubhairt Íosa leó: Cé leis an íomháigh seo agus an sgríbhinn seo? 21 Le Caesar, ar siad. Ansan dubhairt seisean leo: D'á bhrígh sin tugaidh do Chaesar na neithe is le Caesar; agus tugaidh do Dhia na neithe is le Dia. 22 Nuair airigheadar an méid sin tháinig iongnadh ortha, agus d'fhágadar ansan é, agus d'imthigheadar.

23 An lá san tháinig na Sadducínigh chuige, daoine adeir ná fuil aiseirighe ann, agus cheistigheadar é, agus dubhradar. 24 A Mháighistir, dubhairt Maois, Má gheibheann duine bás gan sliocht, pósadh a dhritháir a bhean, ionus go dtógfadh sé sliocht d'á dhritháir. 25 Bhí i n-ár measg-ne mórsheisear drithár, agus do phós an chéad duine acu bean, agus fuair sé bás, agus toisg gan sliocht a bheith air, d'fhág sé a bhean agá dhritháir; 26 Mar an gcéadna an tarna duine acu, agus an trímhadh duine, gur ráinig an seachtmhadh duine. 27 I n-a ndiaidh go léir fuair an bhean bás. 28 Sa n-aireirighe, ámhthach, cé'cu de'n mhórsheisear gur leis í? mar, bhí sí acu go léir. 29 D'fhreagair Íosa, agus dubhairt sé leó: Táthaoi ag dul amú' toisg gan eólus a bheith agaibh ar an Scriptiúir ná ar chómhachtaibh Dé. 30 Óir sa n-aireirighe ní pósfar ná ní tabharfar le pósadh, ach beid siad cosmhail le h-aingealaibh Dé ar neamh. 31 Ach, i dtaobh aiseirighe na marbh, nár léigheabhair an rud adubhairt Dia, mar a ndeir sé libh: 32 Is mise Dia Ábrahaim, agus Dia Ísaaic agus Dia Iácóib? Ní Dia do dhaoinibh marbha Dia, ach do dhaoinibh beó. 33 Agus nuair a dh'airigh na daoine é bhíodar ag déanamh iongna d'á theagasg.

34 Nuair airigh na Fairisínigh nár fhág sé focal le rádh ag na Sadducínigh, thánadar i bhfochair a chéile; 35 Agus cheistigh duine acu é, ollamh sa dlígh, ag baint trialach as, agus dubhairt: 36 A Mhaighistir, cad í an aithne mhór sa dlígh? 37 Dubhairt Íosa leis: Grádhfaidh tú do Thighearna Dia ó d'chroidhe go h-iomlán, agus ó d'anam go h-iomlán, agus ó d'aigne go h-iomlán. 38 Siní an aithne is mó, agus isí an chéad aithne í. 39 Agus tá an tarna h-aithne cosmhail léi: Grádhfaidh tú do chómharsa mar thu féin. 40 Tá an dlígh go léir agus na fáidhe ag seasamh ar an dá aithne sin.

41 Bhí na Fairisínigh cruinnighthe i bhfochair a chéile, agus do cheisdigh Íosa iad, 42 Agus dubhairt sé: Cad a thuigeann

sibh-se i dtaobh Chríost? Cé ’ro mac é?
Agus dubhradar leis: Mac Dáibhid. 43
Dubhairt sé leó: Ma ’seadh, cad uime go
dtugann Dáibhid, sa spioraid, a Thighearna
air, mar a ndeir sé: 44 Dubhairt an
Tighearna le m’ Thighearna, Suidh ar mo
dheis, go gcuiread do namhaid mar
fuairmín fé d’chosaibh? 45 D’á bhrígh sin,
má thugann Dáibhid a Thigearna air, conus
atá sé ’n-a mhac aige? 46 Agus ní raibh
oiread agus focal ag aoinne le rádh ’ghá
fhreagra; agus ó’n lá san amach níor
leómhaidh aoinne é cheisdiú a thuille.

## CAIBID XXIII.

**Do chómhairligh Críost deagh-theagasg na Sgríbhneóirí agus na bhFarisíneach do ghlacadh agus a ndroch-shampla do sheachnadh, fógrann sé ar a Dheisgiobulaibh gan aithris do dhéanamh ar a n-uaillmhian. A lán mairgí aige d’á bhagairt ortha mar gheall ar an gceilg a bhí ionta agus mar gheall ar a ndaille.**

1 Ansan do labhair Íosa leis an bpobul
agus le n-a dheisgiobuil,

2 Agus dubhairt sé: Táid na Sgríbhneóirí
agus na Fairisínigh suidhte i gcathaoir
Mhaoise. 3 D’á bhrígh sin pé rud a déarfaid
siad libh a choimeád, coimeádaidh é agus
deinidh é; ach na deinidh do réir a n-
oibreacha; óir deirid siad, agus ní dheinid
siad. 4 Óir ceangalaid siad ualaí troma do-
iompuir, agus cuirid siad ar ghuailnibh na
ndaoine iad; ach ní h-áil leó féin oiread agus
méar a chur ’ghá gcoruighe. 5 Deinid siad
gach obair leó, ámhthach, ionus go
bhfeicfeadh na daoine iad; leathnuighid
siad a bhfulactéirí agus méaduighid siad
fabhraí a mbrat. 6 Is maith leó ceann cláir
ag suidhe chun bídh dóibh, agus na
suidhcháin uachtaracha ins na
sinagógaibh. 7 Agus fáiltiú dhóibh i n-áit an
mhargaidh, agus go dtabharfadh na daoine
Rabbí ortha. 8 Ach ná tugtar Rabbí oraibh-
se: óir is aoinne amháin atá ’n-a Mháighistir
oraibh, agus is bráithre sibh go léir. 9
Agus ná tugaidh bhúr n-athair ar aoinne ar
an dtalamh so: óir is aoinne amháin is
Athair agaibh, an t-é atá ins na flathais. 10
Agus ná tugtar máighistirí oraibh: óir is
aoinne amháin is Máighistir agaibh, .i.
Críosd. 11 An t-é is fearr oraibh, beidh sé ’n-
a sheirbhíseach agaibh. 12 Óir an t-é a
dh’árdóchaidh é féin, ísleófar é; agus an t-é
a dh’ísleóchaidh é féin, árdófar é.

13 Ach is mairg daoibh-se, a Sgríbhneóirí
agus a Fhairisíneacha, a chluanaidhthe: óir
do dhúnabhair rígheacht na bhflathas i n-
aghaidh na ndaoine; mar, ní théigheann
sibh isteach, ná ní leigeann sibh isteach na
daoine atá ag dul isteach.

14 Is mairg daoibh a Sgríbhneóirí agus a
Fhairisíneacha, a chluanaidhthe: óir
itheann sibh tighthe na mbaintreach, ag
déanamh úrnuighthe fada; mar gheall air
sin is truime-de an bhreith a tabharfar
oraibh.

15 Is mairg daoibh-se, a Sgríbhneóirí agus
a Fhairisíneacha, a chluanaidhthe: óir
siubhlann sibh muir agus tir chun aoinne
amháin a thabhairt chun bhúr gcreidimh;
agus nuair a thugann sibh libh é déineann
sibh mac-fhrinn de níosa dhá mheasa ’ná
sibh féin.

16 Is mairg daoibh-se, a ghiollaí dalla
adeir: Pé duine a dhearbhóchaidh dar an
teampal, is neamhnidh é; ach an t-é
dhearbhóchaidh dar ór an teampail tá an
ceangal air. 17 A dhaoine dalla gan chiall:
cé’cu is mó le rádh, an t-ór, nó an teampal
a bheannuigheann an t-ór? 18 Agus: Pé
duine dhearbhóchaidh dar an altóir, is
neamhnídh é; ach pé duine a
dhearbhóchaidh dar an dtabharthas atá ar
an altóir, tá an ceangal air. 19 A dhaoine

dalla: Cé'cu is mó, an tabharthas nó an altóir a chuireann an bheannuightheacht ar an dtabharthas? [20] D'á bhrígh sin, an t-é dearbhuigheann dar an altóir, dearbhuigheann sé dar an altóir agus gach a bhfuil uirthi. [21] Agus an t-é a dhearbhuigheann dar an teampal, dearbhuigheann sé dar an teampal agus dar an t-é atá 'n-a chómhnuidhe ann. [22] Agus an t-é dhearbhuigheann dar neamh, dearbhuigheann sé dar cathaoir ríoga Dé, agus dar an t-é atá 'n-a shuidhe inti.

[23] Is mairg daoibh-se, a Sgríbhneóirí agus a Fhairisíneacha, a chluanaidhthe: óir tugann sibh deachmhadh as an miontais agus as an ainise agus as an gcuimin, agus d'fhágabhair gan cómhlíonadh na neithe is truime sa dlígh, breitheamhantas, agus trócaire, agus creideamh; bhí sé ceart agaibh iad-san do dhéanamh agus gan iad-súd do leigint ar lár. [24] A ghiollaí dalla, sgagann sibh amach an chuil agus sloigeann sibh an camal.

[25] Is mairg daoibh-se, a Sgríbhneóirí agus a Fhairisíneacha, a chluanaidhthe: óir glanann sibh an taobh amuigh de'n chupán agus de'n mhéis; ach táthaoí lán, laistigh, de bhraduíol agus de shailightheacht. [26] A Fhairisínigh dhaill, glan ar dtúis an taobh istigh de'n chupán agus de'n mhéis, ionus go mbeadh an taobh amuigh glan.

[27] Is mairg daoibh, a Sgribhneóirí agus a Fhairisíneacha, a chluanaidhthe: óir is cuma sibh nó uaghna aolta, a fhéachann go h-áluinn lasmuigh, sé shúilibh daoine, ach laistigh táid siad lán de chnámhaibh daoine marbha, agus de'n uile shaghas bréantais. [28] Ar an gcuma gcéadna féachann sibh-se fíoraonta ar an dtaobh amuigh, fé shúilibh daoine; ach laistigh táthaoí lán de'n fheall agus de'n mhalluightheacht.

[29] Is mairg daoibh, a Sgríbhneóiri agus a Fhairisíneacha an fhill: a dheineann tuamaí do chur suas do sna fáidhibh; agus a chuireann na h-órnáidí ar uaghnaibh na bhfíoraon, Agus deireann sibh: [30] Dá mbeimís-ne beó le linn ár sínsear ní bheimís páirteach leó i bhfuil na bhfáidh. [31] D'á bhrígh sin is fínnithe sibh oraibh féin gur sibh sliocht na ndaoine a mhairbh na fáidhe. [32] Líonaidh-se suas, mar sin, tómhas bhúr sínsear. [33] A aithreacha nimhe, a shliocht na n-aithreach nimhe, cad é an dul atá agaibh-se ó bhreith ifrinn? [34] D'á bhrígh sin, féach, cuirim-se chúghaibh fáidhe, agus lucht eagna, agus lucht sgríbhinne; agus marbhóchaidh sibh cuid acu, agus céasfaidh sibh ar chrosaibh cuid acu agus sgiúrsálfaidh sibh cuid acu i nbhúr sinagógaibh, agus ruaigfidh sibh iad ó cathair go cathair. [35] Ionus go dtiocfadh oraibh gach fuil fhíoraonta d'ár doirteadh ar an dtalamh, ó fhuil an fhíoraoin Abel go fuil Shacariais mic Bharachiais a mharbhabhair idir an teampal agus an altóir. [36] Go deimhin adeirim libh, tiocfaidh na neithe sin go léir ar an sliocht so.

[37] A Ierúsalem, a Ierúsalem, a mharbhuigheann na fáidhe, agus a ghabhann do chlochaibh ins na daoine a curtar chúghat, cad é a mhiniceacht dob' áil liom do chlann a bhailiú chugham mar a bhailigheann an chearc a h-ál fé n-a sgiathánaibh, agus níor bh'áil leat! [38] Féach, fágfar bhúr dtigh i n'uaigneas agaibh. [39] Óir adeirim libh, ní fheicfidh sibh mise feasda go n-abraidh sibh: Moladh leis an t-é atá ag teacht i n-ainim an Tighearna.

## Caibid XXIV.

**An íde a bhí le teacht ar an dteampul; agus na cómharthaí a bhí le teacht roimis; agus roime lá an bhreitheamhantais. Ní foláir dúinn bheith ag faire i gcómhnuíghe.**

[1] Agus do chuaidh Íosa amach as an dteampul, agus bhí sé ag imtheacht; agus

tháinig a dheisgiobuil chuige ag taisbeáint
oibreacha an teampail dó. 2 Agus dubhairt
seisean leó 'ghá bhfreagra: An bhfeiceann
sibh na neithe sin go léir? Go deimhin
adeirim libh, ní fágfar anso cloch ar muin
cloiche gan raobadh.

3 Agus do shuid sé ar chnoc Olibhet,
agus tháinig a dheisgiobuil chuige a gan
fhios, agus dubhradar: Innis dúinn cathain
a thuitfid na neithe seo amach, agus cad a
bheidh mar chómhartha ar do theacht-sa,
agus ar dheire an tsaoghail. 4 Agus dubhairt
Íosa leó 'ghá bhfreagra: Seachnaidh agus
ná cuireadh aoinne amú' sibh.

5 Óir tiocfaid a lán am' ainim-se agus
déarfaid siad, Is mise Críost; agus meallfaid
siad a lán. 6 Agus aireóchaidh sibh cogaí
agus ráflaí ar chogaíbh. Seachnaidh agus ná
bíodh buaireamh oraibh; mar ní foláir na
neithe sin do theacht, ach ní h-é an deire
fós é. 7 Óir eireóchaidh cine i n-aghaidh
cine, agus rígheacht i n-aghaidh rígheachta;
agus beidh galair, agus gorta, agus luasgadh
talmhan, ar fuid áiteana. 8 Tosach na
dtrioblóidí, ámhthach, iad san go léir. 9
Ansan cuirfid siad sibh-se i gcruadhtan,
agus cuirfid siad chun báis sibh; agus beidh
fuath ag na geintibh go léir daoibh mar
gheall ar m'ainim-se. 10 Ansan glacfaidh a
lán daoine sgannal, agus déanfaid siad feall
ar a chéile, agus beidh fuath acu d'á
chéile. 11 Agus eireóchaid a lán fáidhí fallsa,
agus meallfaid siad a lán. 12 Agus toisg an
mhalluightheacht a bheith iomarcach
fuarfaidh an charthanacht i n-a lán. 13 Ach
an t-é a bheidh seasamhach amach go
deire, raghaidh sé saor. 14 Agus
craobhsgaoilfar an soisgéal so na
rígheachta tríd an ndomhan go léir mar
fhiadhnaise do sna geintibh go léir; agus
ansan tiocfaidh an críochnú.

15 D'á bhrígh sin, nuair a chífidh
sibh gráin an léirsgriosa, ar ar labhair
Daniel fáidh, 'n-a seasamh sa n-áit
naomhtha: an t-é a léighfidh, tuigeadh: 16
Ansan an mhuintir atá i n-Iúdéa teithidís
chun na gcnoc; 17 Agus an duine ar bhuaic
an tighe, ná téigheadh sé síos chun aon rud
a bhreith as a thigh leis; 18 Agus an duine sa
pháirc ná filleadh sé a d'iarraidh a bhrait. 19
Is mairg do lucht clainne d'iompar,
ámhthach, agus do lucht oileamhna, ins na
laethibh sin. 20 Ach guídhidh gan bhúr
dteithe bheith sa gheimhreadh ná ar an
sabbóid. 21 Óir beidh buaireamh mór an
uair sin, ná raibh a leithéid ó thosach an
domhain go dtí so, agus ná beidh. 22 Agus
mura gciorruightí na laethanta san ní
bheadh dul as ag feóil ar bith; Ach ciorrófar
na laethanta san ar son na bhfíoraon. 23 An
uair sin má deir aoinne libh: Féach, tá
Críost anso, nó ansúd; ná creididh. 24 Mar,
eireóchaid Críostana fallsa agus fáidhí
fallsa, agus tabharfaid siad cómharthaí
móra uatha agus iongnaí, i dtreó go seólfaí
amú' na fíoraoin féin (dá mb' fhéidir é). 25
Féach, ta innste agam daoibh roim sé. 26
D'á bhrígh sin má deirid siad libh: Féach,
tá sé sa bhfásach: ná téighidh amach;
Féach, tá sé ins ná seómraíbh: ná
creididh. 27 Óir, mar an splanc a thagann as
an dtaobh toir agus a chítear go dtí an
taobh thiar, sin mar a bheidh teacht Mhic
an Duine. 28 Pé áit 'n-a mbeidh an corp, is
ann a chruinneóchaid na fiolair.

29 Agus láithreach tar éis trioblóide na
laethanta san doircheófar an ghrian, agus ní
tabharfaidh an ghealach a solus, agus
tuitfid na réalta as an spéir, agus beid
cómhachta na bhflathas d'á suathadh; 30
Agus ansan chífar cómhartha Mhic an
Duine sa spéir; agus ansan caoifid treabha
an domhain go léir, agus chífid siad Mac an
Duine ag teacht i sgamallaibh neimhe le
mór-chómhacht agus le gradam. 31 Agus
cuirfidh sé a aingil amach, le trúmpa agus
le guth árd: agus cruinneóchaid siad a
fhíoraoin ós na cheithre gaoithibh, ó

uachtar na bhflathas go dtí a n-íochtar. 32 Foghlumuighidh soluíd ó'n gcrann fíge. Nuair a bhíonn a ghéag bog, agus a dhuilleabhar tagaithe amach, tá fhios agaibh an samhradh bheith i n-achmaireacht. 33 Mar sin daoibh-se, nuair a chífidh sibh na neithe seo uile, bíodh a fhios agaibh go bhfuil sé i n-aice libh, ins na dóirsibh. 34 Go deimhin adeirim libh, ní imtheóchaidh an tsliocht so go dtiocfaid na neithe seo go léir cun cinn. 35 Raghaidh an spéir agus an talamh ar neamhnídh, ach ní raghaid mo bhréithre-se ar neamhnídh.

36 I dtaobh an lae sin, ámhthach, agus na h-uaire sin, ní'l fios ag aoinne, dá mb'iad aingil na bhflathas féin iad, ach ag an Athair amháin. 37 Óir mar a bhí i laethibh Nóe iseadh bheidh teacht Mhic an Duine. 38 Mar a bhíodar ins na laethanta roimis an ndílinn ag ithe agus ag ól, ag pósadh agus ag tabhairt le pósadh, díreach go dtí an lá 'na ndeaghaidh Nóe isteach sa n-arc, 39 Agus ní raibh fhios acu go dtí go dtáinig an díle, agus gur rug sí chun siúbhail iad go léir; sin mar a bheidh teacht Mhic an Duine. 40 Ansan beidh beirt i bpáirc: Tógfar duine agus fágfar duine. 41 Beidh beirt bhan ag meilt le muileann: Tógfar bean agus fágfar bean. 42 Deinidh faire, d'á bhrígh sin; mar ní fios daoibh cad é an uair a thiocfaidh bhúr dTighearna. 43 Ach bíodh fhios an méid seo agaibh, dá mbeadh fhios ag fear an tighe cad é an uair a bheadh an bitheamhnach le teacht, go deimhin do dhéanfadh sé faire, agus ní leigfeadh sé a thigh do bhriseadh isteach. 44 D'á bhrígh sin, bídhidh-se, leis, ollamh, mar an uair nách eól daoibh iseadh atá Mac an Duine le teacht.

45 Cé h-é, is dóigh leat, an seirbhíseach dílis, ciallmhar, a chuir a thighearna os cionn a mhuintire, chun bídh a thabhairt dóibh do réir aimsire? 46 Is aoibhinn do'n tseirbhíseach san, nuair a thiocfaidh a thighearna, má gheibheann sé é ag déanamh na h-oibre sin. 47 Go deimhin adeirim libh, cuirfidh sé os cionn a choda go léir é. 48 Ach má deir an droch-sheirbhíseach san 'n-a chroidhe féin: Tá mo thighearna ag déanamh ríghnis de teacht; 49 Agus má dhírí-gheann sé ar a chómh-sheirbhíseacha do bhualadh, agus ar bheith ag ithe agus ag ól i bhfochair lucht meisge; 50 Tiocfaidh tighearna an tseirbhísigh sin an lá nách dóigh leis, agus an uair nach eól dó; 51 Agus deighilfidh sé é, agus ceapfaidh sé a chuid ameasg lucht fill: beidh sa n-áit sin gol agus díoscán fiacal.

## CAIBID XXV.

**Parabal an deichniúbhar maighdean, agus na dtalant, agus tuairisg, ar an mbreitheamhantas déanach.**

1 Ansan beidh rígheacht na bhflathas cosmhail le deichniúbhar maighdean a thóg a lóchranna agus a chuaidh amach i gcoinnibh an chéile agus na céile. 2 Agus bhí cúigear acu ciallmhar, agus an cúigear eile gan chiall. 3 Agus an cúigear a bhí gan chiall nuair a thógadar na lóchranna, níor thugadar oíle leó. 4 Ach do thug an cúigear a bhí ciallmhar oíle leó i n-a n-árthaíbh i dteannta na lóchrann. 5 Agus do dhein an céile moill, agus tháinig múisiún ortha go léir, agus do thuiteadar 'n-a gcodladh. 6 I lár na h-oidhche, ámhthach, do deineadh guth árd: Féach, tá an céile ag teacht; téighidh amach 'n-a choinnibh. 7 Ansan d'eirigheadar na maighdeana san go léir agus chuireadar a lóchranna i dtreó. 8 Agus dubhairt an chuid a bhí gan chiall leis an gcuid a bhí ciallmhar: Tugaidh dúinne cuid de'n oíle atá agaibh-se, mar tá ár lochranna ag dul i n-éag. 9 D'fhreagair an mhuintir chiallmhar agus dubhradar: Ar eagla ná beadh ár ndóithin ann dúinne agus daoíbh-

se, is fearr sibh a dh'imtheacht chun na
gceannaidhthe agus oíle cheannach daoibh
féin. 10 Agus an fhaid a bhíodar ag dul 'ghá
ceannach, thainig an céile; agus an mhuintir
a bhí ollamh chuadar isteach i n-
aonfheacht leis chun na bainise, agus do
dúnadh an dorus. 11 Ar ball tháinig na
maighdeana eile agus dubhradar: A
Thighearna, a thighearna, osgail dúinne. 12
Ach d'fhreagair seisean agus dubhairt: Go
deimhin adeirim libh, ní'l aon aithne agam
oraibh.

13 Deinidh faire, d'á bhrígh sin, mar ní h-
eól daoibh an lá ná an uair.

14 Mar, ar nós an fhir a bhí ag dul abhfad
ó bhaile, agus do ghlaoidh chuige a
sheirbhísigh, agus thug a chuid dóibh, 15
Agus thug chúig talanta do dhuine acu agus
dhá thalant do dhuine eile, agus talant do
dhuine eile; do gach duine do réir a
chumais oibre; agus d'imthigh láithreach. 16
Agus d'imthigh an t-é a fuair na chúig
talanta, agus d'oibrigh sé iad, agus dhein sé
chúig talanta eile. 17 Mar an gcéadna an t-é
a fuair an dá thalant dhein sé dhá cheann
eile. 18 Ach an t-é a fuair an t-aon talant
amháin d'imthigh sé agus dhein sé poll sa
talamh, agus chuir sé airgead a thighearna i
bhfolach. 19 Tar éis mórán aimsire,
ámhthach, tháinig tighearna na
seirbhíseach san, agus shocaruigh sé cúntas
leó. 20 Agus tháinig an t-é a fuair na chúig
talanta agus thug sé leis na chúig talanta
eile, agus dubhairt: A Thighearna, thugais
chúig talanta dhom. Féach, sin chúig cinn
eile curtha leó agam. 21 Dubhairt a
thighearna leis: Is maith é sin, a
sheirbhísigh fhóghanta, dílis; ó bhís dílis os
cionn an bheagáin cuirfead thu os cionn an
mhóráin; eirigh isteach i n-aoibhneas do
thighearna. 22 Agus tháinig an fear a fuair an
dá thalant agus dubhairt: A Thighearna,
thugais dom dhá thalant; féach, sin dhá
cheann eile curtha leó agam. 23 Dubhairt a
thighearna leis: Is maith é sin, a
sheirbhísigh fhóganta, dhílis; ó bhís dílis os
cionn an bheagáin cuirfead thu os cionn an
mhóráin; eirigh isteach i n-aoibhneas do
thighearna. 24 Ansan do tháinig an fear a
fuair an t-aon talant amháin, agus dubhairt:
A Thighearna, is eól dom gur duine cruaidh
tu; bhaineann tú sa n-áit nár chuiris, agus
cruinnigheann tú sa n-áit nár sgaipis. 25
Agus le h-eagla rómhat chuireas do thalant
i bhfolach sa talamh; seo, siné do chuid féin
agat. 26 Agus d'fhreagair a thighearna é,
agus dubhairt leis: A dhroch-sheirbhísigh
dhíomhaoin, dob' eól duit go mbainim sa
n-áit ná cuirim, agus go gcnuasuighim sa n-
áit nár dheineas sgaipeadh ann. 27 Bhí sé
ceart agat, d'á bhrígh sin, mo chuid airgid a
thabhairt dos na bancairíbh, i dtreó, nuair a
thiocfainn, go bhfaighinn mo chuid féin
agus an t-úncumas. 28 Tógaidh uaidh mar
sin, an talant agus tugaidh é do'n t-é go
bhfuil na deich dtalanta aige. 29 Óir an t-é
go bhfuil aige, tabharfar dó, agus beidh
flúirse aige; agus an t-é ná fuil aige, togfar
uaidh an rud a samhluightear a bheith
aige. 30 Agus an seirbhíseach
neamhthairbheach, caithidh amach é sa
doircheacht atá amuigh; ansan iseadh
bheidh gol agus díoscán fiacal.

31 Ach nuair a thiocfaidh Mac an Duine
'n-a ghradam, agus a aingil go léir i n-
aonfheacht leis, suidhfidh sé gncathaoir a
ghradaim; 32 Agus cruinneófar 'n-a láthair i
a geinte go léir; agus deighilfidh sé ó n-a
chéile iad, mar dheighileann an t-aodhaire
na caoire ós na gabhair; 33 Agus cuirfidh sé
na caoire ar a láimh dheis, agus na gabhair
an a láimh chlé. 34 Ansan déarfaidh an Rí
leis an muintir a bheidh ar a láimh dheis:
Téanaidh, a dhaoine beannuighthe le
m'Athair, agus sealbhuighidh an rígheacht
atá ollamh daoibh ó chruithniú an
domhain: 35 Mar, bhí ocras orm, agus
thugabhair rud le n-ithe dhom; bhí tart

orm, agus thugabhair le n-ól dom; bhíos ar
fán, agus thugabhair bheith istigh dom; 36
Bhios nocht, agus chlúdabhair mé; bhíos
breóite agus thánabhair am' fhéachaint;
bhíos sa phríosún agus thánabhair
chúgham. 37 Ansan freagaróchaid na
fíoraoin é, agus déarfaid siad: A
Thighearna, cathain a chonacamair-ne
ocras ort, agus gur thugamair bia dhuit? Nó
tart ort, agus gur thugamair deoch duit? 38
Nó cathain a chonacamair ar fán tu, agus
gur thugamair bheith istigh duit? nó nocht,
agus gur chlúduigheamair thu? 39 Nó
cathain a chonacamair thu breóite, nó i
bpríosún, agus gur thánamair chúghat? 40
Agus déarfaidh an Rí 'ghá bhfreagra: Go
deimhin adeirim libh, an fhaid a
dheineabhair é do dhuine de'n chuid is
suaraíghe de m'bráithribh anso, do
dheineabhair dómh-sa é. 41 Ansan
déarfaidh sé leis an muintir a bheidh ar a
láimh chlé: Imthighidh uaim, a dhream
mhallaighthe, isteach sa teine shióruidhe
do h-ollamhuigheadh do'n diabhal agus d'á
aingealaibh; 42 Mar, bhí ocras orm, agus
níor thugabhair rud le n-ithe dhom; bhí tart
orm, agus níor thugabhair deoch dom. 43
Bhíos ar fán, agus níor thugabhair bheith
istigh dom; bhios nocht, agus níor
chlúdabhair mé; bhíos breóite, agus sa
phríosún, agus níor thánabhair am'
féachaint. 44 Ansan déarfaid siad-san leis,
'ghá fhreagra: A Thighearna cathain a
chonacamair-ne thu fé ocras 'ná fé thart, ná
ar fán, ná nocht, 'ná breóite, ná i bpríosún,
agus nár dhéineamair furtacht ort? 45 Ansan
déarfaidh sé 'ghá bhfreagra: Go deimhin
adeirim libh, an fhaid nár dheineabhair
d'aoinne de'n mhuintir suarach so é 'níor
dheineabhair dómh-sa é. 46 Agus
imtheóchaid siad san isteach i bpiantaibh
síoruídhe; agus na fíoraoin isteach i
mbeatha shíoruidhe.

## CAIBID XXVI.

**Na h-Iúdaigh ag déanamh ceilge i n-aghaidh Chríost. Máire 'ghá ungadh. Feall Iúdáis. An suipéar deirineach. An ghuidhe sa gháirdín. Gabháil ár dTighearnia. An cor do tugadh air i dtigh Chaiphas.**

1 Agus do tharla, nuair a chríochnuigh
Íosa na briathra san go léir, go ndubhairt sé
le n-a dheisgiobulaibh: 2 Is eól daoibh go
mbeidh an Cháisg ann tar éis dhá lá, agus
tabharfar Mac an Duine suas chun a
chéasda.

3 Ansan do tháinig i bhfochair a chéile
uachtaráin na sagart agus seanóirí an
phobuil i halla an árd-shagairt, dár,
bh'ainim Caiphas; 4 Agus dheineadar
cómhairle chun go ndéanfaidís Íosa do
ghabháil le ceilg, agus é chur chun bháis. 5
Dubhradar, ámhthach, Ná deintear é lá na
féile, le h-eagla go mbeadh toirmeasg sa
phobul.

6 Ach nuair a bhí Íosa i mBetánia, i dtigh
Shímóin, an lobhar, 7 Tháinig bhean chuige
agus árthach alabastair aici a bhí lán
d'ungadh ana-dhaor, agus do dhoirt sí ar a
cheann é, agus é 'n-a luighe. 8 Agus nuair a
chonaic na deisgiobuil san, bhí díombádh
ortha, agus dubhradar: Cad chuige an
bhásta so? 9 D'fhéadfaí é sin do dhíol ar
mhórán, agus é thabhairt dos na
bochtaibh. 10 Do thuig Íosa, ámhthach,
agus dubhairt leó: Cad chuige dhaoibh
bheith ag iomaigh leis an mnaoi seo? Is
gníomh maith atá déanta aici orm-sa. 11 Óir
táid na boicht i gcómhnuighe agaibh i
nbhúr bhfochair, ach ní'lim se i
gcómhnuighe agaibh. 12 Mar, nuair a chuir
sí seo an ungadh so ar mo chorp-sa, is chun
m'adhlactha a dhein sí é. 13 Go deimhin
adeirim libh, pé áit ar fuid an domhain go
léir go gcraobhsgaoílfar an Soisgéal so ann,
'neósfar, leis, mar chuimhne uirthi seo, an
gníomh so atá déanta aici.

[14] Ansan d'imthigh duine de'n daréag, dár bh'ainim Iúdás Iscariot, ag triall ar uachtaránaibh na sagart, [15] Agus dubhairt sé leó: Cad is toil libh a thabhairt dómh-sa agus tabharfad suas daoibh é? Agus shocaruigheadar-san leis ar thríochad píosa airgid. [16] Agus as san amach bhí sé ag faire ar chaoi chun é thabhairt suas.

[17] An chéad lá, ámhthach, de laethantaibh féile an aráin gan giost tháinig a dheisgiobuil chun Íosa, agus dubhradar: Cár mhaith leat go ndéanfaimís an cháisg d'ollamhú dhuit le caitheamh? [18] Agus dubhairt Íosa: Téighidh as chathair chun duine áirithe, agus abraidh leis: Deir an Máighistir: Tá m'aimsir i ngoireacht dom; déanfad féin agus mo dheisgiobuil an Cháisg agat-sa. [19] Agus dhein na deisgiobuil mar a dh'órduigh Íosa dhóibh, agus d'ollamhuigheadar an Cháisg.

[20] Agus nuair a bhí an tráthnóna ann, do shuidh sé i bhfochair a dháréag deisgiobul. [21] Agus nuair a bhíodar ag ithe, dubhairt sé: Go deimhin adeirim libh go bhfuil duine agaibh atá chun mé dhíol. [22] Agus tháinig ana-bhuairt ortha, agus chromadar, gach duine, ar a rádh, An mise é, a Thighearna? [23] Agus dubhairt seisean 'ghá bhfreagra: An t-é a chuir a lám sa mhéis am' chuíbhreann, díolfaidh sé mé. [24] Tá Mac an Duine ag imtheacht, fé mar atá sgríobhtha 'n-a thaobh; ach is mairg do'n fhear san tré a ndéanfar Mac an Duine do dhíol. Ba mhaith an rud do'n fhear san gan é teacht riamh ar an saoghal. [25] Ansan, do fhreagair Iúdás, an fear a dhíol é, agus dubhairt: An mise é, a Máighistir? Dubhairt sé leis: Dubhraís é.

[26] An fhaid a bhíodar ag ithe, do thóg Íosa arán, agus bheannuigh é, agus bhris é, agus thug d'a dheisgiobulaibh é; agus dubhairt: Glacaidh agus ithidh: Is é mo chorp é seo. [27] Ansan do thóg sé an chailís agus ghaibh sé buidheachas: agus thug sé dhóibh, agus dubhairt: Ólaidh go léir as so. [28] Óir is í mo chuidh fola, fuil an tiomna nua, í seo a doirtfar ar son a lán chun peacaí do mhaitheam. [29] Deirim libh, ámhthach: Ní ólfad airís de'n toradh so na fíneamhna go dtí an lá san 'n-a n-ólfad é go nua mar aon libh-se i rígheacht m'Athar.

[30] Agus tar éis himna do rádh dhóibh, chuadar amach go cnoc Olibhet.

[31] Ansan dubhairt Íosa leó: Glacfaidh sibh go léir sgannal umam-sa anocht. Óir tá sgríobhtha: Buailfad an t-aodhaire agus sgaipfar caoire an tréada. [32] Ach tar éis aiseirighthe dhom raghad rómhaibh sa nGaililí. [33] Agus dubhairt Peadar 'ghá fhreagra: Bíodh go nglacfaidh an uile dhuine sgannal umat, ní ghlacfad-sa sgannal umat choídhche. [34] Dubhairt Íosa leis: Go deimhin adeirim leat, anocht féin, sar a nglaoidhfidh an coileach, séanfair-se mise trí h-uaire. [35] Dubhairt Peadar leis: Bíodh go mbheadh orm bhas d' fhághail i n-aonfheacht leat ní shéanfad thu. Dubhairt na deisgiobuil go léir an chaint chéadna.

[36] Ansan do tháinig Íosa agus iad fein chun an bhaile ar a dtugtar Getsemaní; agus dubhairt sé le n-a dheisgiobuil: Suidhidh-se anso go dtéighead-sa ansúd anonn chun úrnuighthe dhéanamh. [37] Agus thóg sé leis Peadar agus beirt mhac Sebedé agus thusnuigh sé ar bheith go buartha agus go brónach. [38] Ansan dubhairt sé leó: Tá brón an bháis ar m'anam: Fanaidh anso agus deinidh faire am' theannta. [39] Ansan do dhruid sé tamall uatha, agus do thuit sé ar a aghaidh, ag guidhe, agus dubhairt sé: A Athair, má's féidir é, gabhadh an chailís seo tharam; ach sa n-am gcéadna, ná deintear mar is toil liom-sa, ach mar is toil leat-sa. [40] Agus a tháinig sé chun a dheisgiobul, agus fuair sé 'n-a gcodladh iad, agus dubhairt sé le Peadar: An amhlaidh nár fhéadabhair faire dhéanamh aon uair a' chluig amháin

liom? 41 Deinidh faire agus úrnuighthe,
ionus ná raghadh sibh i gcathaíbh. Tá an
spioraid tugtha, ach tá an fheóil lag. 42
Chuaidh sé i leith taoibh airís ag guidhe,
agus dubhairt: A Athair, mura féidir an
chailís seo do dhul tharm gan me 'ghá h-ól,
do thoil-se go ndeintear. 43 Agus thainig sé
airís agus fuair sé 'n-a gcodladh iad; óir do
bhí mairbhitíghe ar a súilibh. 44 Agus d'fhág
sé iad, agus d'imthigh sé airís, agus dhein sé
guidhe an trímhadh h-uair, ag rádh na
cainte céadna. 45 Ansan tháinig sé chun na
ndeisgiobul, agus dubhairt leó: Deinid
codladh anois, agus glacaidh suaimhneas:
féach, tá an uair buailte linn agus tabharfar
Mac an Duine i lámhaibh na bpeacach. 46
Eirighidh, gluaisimís: Féach, tá an fear a
bhrathfaidh mé ag teacht.

47 Agus é ag rádh na bhfocal san, féach,
tháinig Iúdás, duine de'n dáréag, agus
sluagh le n-a chois a chuir uachtaráin na
sagart agus seanóirí an phobuil leis, agus
claidhmhte acu agus bataí. 48 An fear a
bhrath é, ámhthach, thug sé cómhartha
dhóibh; dubhairt sé leó: An t-é go
dtabharfad-sa póg dó, siné é; gabhaidh
greim air. 49 Agus láithreach tháinig sé chun
Íosa, agus dubhairt: Go mbeannuighthear
duit a Mháighistir. Agus thug sé póg dó. 50
Agus dubhairt Íosa leis: A chara, cad
chuige go dtánaís? Ansan thánadar agus
chuireadar a lámha ar Íosa agus
choimeádadar greim air. 51 Agus féach,
duine de'n mhuintir a bhí i bhfochair Íosa
do shín sé a lámh, agus tharaing sé a
chlaidheamh; agus bhuail sé seirbhíseach
an árd-shagairt, agus bhain sé an chluas
de. 52 Ansan dubhairt Íosa leis: Cuir do
chlaidheamh thar n-ais i n-a inead féin.
Óir, gach duine a thógfaidh claidheamh, is
le claidheamh a thuitfidh sé. 53 An amhlaidh
is dóigh leat nách féidir dómh-sa a iarraidh
ar m'Athair, agus cuirfidh sé chúgham
láithreach níos mó 'ná dhá legión déag
aingeal? 54 Conus, d'á bhrígh sin, a
cómhlíonfar an scriptiúir, óir ní foláir a
thuitim amach mar seo. 55 An uair sin
dubhairt Íosa leis an sluagh: Thánabhair
amach chun beirthe orm, agus claidhmhte
agus bataí agaibh, mar a thiocfadh sibh
chun beirthe ar bhitheamhnach. Bhíos am'
shuidhe sa teampall gach lá ag teagasg i
nbhúr measg, agus níor rugabhair orm. 56
Ach tá so go léir déanta chun go
gcómhlíonfaí scriptiúirí na bhfáidh. Ansan
d'fhág a dheisgiobuil go léir é, agus do
theitheadar.

57 Ach do choimeád an mhuintir eile
greim ar Íosa, agus do rugadar leó é i láthair
an árd-shagairt, Caiphas, mar a raibh na
Sgríbhneóirí agus na Fairisínigh
cruinnighthe. 58 Do lean Peadar é,
ámhthach, abhfad siar, go dtí teaghlach an
árd-shagairt; agus chuaidh sé isteach agus
shuid sé ameasg na seirbhíseach, go
bhfeicfeadh sé deire na h-oibre.

59 Agus bhí uachtaráin na sagart agus an
chómhairle go léir ag lorg fiadhnaise bréige
i n-aghaidh Íosa, chun go ndaorfaidís chun
bháis é; 60 Agus do theip ortha, bíodh go
dtáinig a lán fínnithe bréige suas. Fé dheire
tháinig beirt fhínnithe bréige, 61 Agus
dubhradar: Deir sé seo: Tá ar mo chumas-
sa teampal Dé do leagadh, agus é chur suas
airís i gceann trí lá. 62 Ansan d'eirigh an t-
árdshagart 'n-a sheasamh, agus dubhairt sé
leis: Ná h-abrann tú focal leis na neithibh
atá acu so dh'á dhearbhúghadh ort? 63 Ach
níor labhair Íosa. Agus dubhairt an t-
árdshagart leis: Iarraim ort i n-ainim Dé atá
bheó go neósfá dhúinn an tu an Críost,
Mac Dé. Dubhairt Íosa leis: Dubhraís é. 64
Ach ní lúgha adeirim-se libh-se, Chífidh
sibh 'n-a dhiaidh so Mac an Duine 'n-a
shuidhe ar deasláimh nirt Dé, agus ag
teacht i néallaibh neimhe. 65 Ansan do strac
an t-árdshagart a cuid éadaigh, agus
dubhairt: Tá diamhasla déanta aige; cad is

gádh dhúinn a thuille fínnithe? Féach, anois do chloiseabhair an diamhasla: [66] Cad a chítear daoibh? Agus dubhradar san 'ghá fhreagra: Tá bhás tuillte aige. [67] Ansan do chaitheadar seilí sa n-aghaidh air, agus bhuaileadar le dóirnibh é; agus bhuail cuid eile acu le n-a mbhasaibh sa n-aghaidh é, Agus deiridís: [68] Targair dúinn, a Chríost, cé h-é a bhuail tu?

[69] Ach bhí Peadar 'n-a shuidhe amuigh sa ríghtheaghlach; agus tháinig duine de sna cailíníbh chuige, agus dubhairt sí: Bhís-se, leis, i bhfochair Íosa, an Gaililíach. [70] Agus do shéan seisean os a gcómhair go léir, agus dubhairt sé: Ní fheadar cad 'tá agat d'á rádh. [71] Agus bhí sé ag gabháil an dorus amach, agus chonaic cailín eile é, agus dubhairt sí leis na daoine a bhí láithreach: Bhí sé seo, leis, i bhfochair Íosa, an Nasarénach. [72] Agus do shéan seisean airís agus do dhearbhuigh sé: Ní'l aon aithne agam ar an nduine. [73] Agus tar éis tamaill bhig tháinig na daoine a bhí láithreach agus dubhradar le Peadar: Go deimhin is díobh súd tusa, mar nochtann do chaint tú. [74] Ansan do chrom sé ar a dheimhniú agus ar a dhearbhú ná raibh aon aithne aige ar an nduine. Agus le n-a linn sin do ghlaoidh an coileach. [75] Agus do chuímhnigh Peadar ar an bhfocal úd adubhairt Íosa; Sar a nglaoldh-fidh an coileach séanfair-se mise trí h-uaire. Agus d'imthigh sé amach, agus do ghoil sé go dúbhach.

## CAIBID XXVII.

### Tuairisg páise Chríost ar leanmhaint. A bhás agus a adhlacadh.

[1] Agus nuair a tháinig an mhaidion, chuaidh uachtaráin na sagart go léir agus seanóirí an phobuil i gcómhairle i n-aghaidh Íosa, chun go gcurfidís chun báis é. [2] Agus thugadar leó é gabhtha, agus thugadar suas é do Phontius Pílát, an riaghaltóir.

[3] Ansan nuair a chonaic Iúdás, a dhíol é, go raibh sé daor chun báis, tháinig aithreachas air, agus thug sé an tríochad píosa airgid thar n-ais ag triall ar uachtaránaibh na sagart agus ar na seanóiribh. [4] Agus dubhairt sé: Dheineas peacadh, mar do dhíolas fuil neamhchiontach. Ach dubhradar san: Cad é sin dúinne sin? Bíodh ort féin. [5] Ansan do chaith sé na píosaí airgid isteach sa teampul, agus d'fhág sé an áit, agus d'imthigh sé agus do chroch sé é féin le téid. [6] Agus do thóg uachtaráin na sagart na píosaí airgid agus dubhradar: Ní ceart iad do chur sa chorbóna, mar is airgead fola iad. [7] Ach dheineadar cómhairle, agus cheannuigheadar leó páirc an photadóra, chun daoine iasachta d'adhlacadh ann. [8] Mar gheall air sin do tugadh ar an bpáirc sin Haceldama, 'sé sin, Páirc na fola, go dtí an lá so. [9] Ansan iseadh do cómhlíonadh an chaint adubhairt Ieremias fáidh, mar a ndubhairt sé: Agus do ghlacadar tríochad píosa airgid, luach an t-é a luadhadh, an t-é a luadhdar a' clannaibh Israéil, [10] Agus thugadar iad ar pháirc an photadóra, fé mar a cheap an Tighearna dom.

[11] Agus bhí Íosa 'n-a sheasamh os cómhair an riaghaltóra agus do cheistigh an riaghaltóir é, agus dubhairt sé: An tusa rí na nIúdach? Dubhairt Íosa leis: Deir tú é. [12] Agus nuair a chuir uachtaráin na sagart agus na seanóirí neithe 'n-a leith, níos thug sé aon fhreagra ortha. [13] Ansan dubhairt Pílát leis: Ná h-airigheann tú na neithe móra a chuirid na fínnithe ad' leith? [14] Agus níor thug sé freagra air do fhocal ar bith; i dtreó go raibh árd-iongnadh ar an riaghaltóir.

[15] An lá solmanta san, ámhthach, ba ghnáth leis an riaghaltóir aon chime amháin do leigint saor chun na ndaoine, pé

cime ba mhaith leó. 16 Bhí aige an uair sin
árd-chime, agus Barabbas ab ainim dó. 17
Do chruinnigh Pílát iad, agus dubhairt sé:
Cé is toil libh a leigfinn saor chúghaibh,
Barabbas nó Íosa ar a dtugtar Críost? 18
Mar bhí fhios aige gur le formad a
dheineadar é thabhairt chun lámha. 19 Agus
bhí sé 'n-a shuidhe 'n-a chathaoir
bhreitheamhantais, agus chuir a bhean
teachtaireacht chuige, agus dubhairt sí: Ná
bhíodh aon bhaint agat leis an nduine
fíoraonta san; óir tá a lán fuilingthe agam
indiu mar gheall air, tré aisling. 20 Ach do
chuir uachtaráin na sagart agus na seanóirí
na daoine suas chun Barabbais do
thoghadh, agus Íosa do dhíthiú. 21 Agus
d'fhreagair an riaghaltóir agus dubhairt sé
leó: Cé'cu de'n bheirt is maith libh a
leigfinn saor? Agus dubhradar san:
Barabbas. 22 Dubhairt Pílát leó: Agus cad a
dhéanfad i dtaobh Íosa, ar a dtugtar
Críost? 23 Dubhradar go léir: Céasdar é.
Dubhairt an riaghaltóir leó: Ach cad é an t-
olc atá déanta aige? Ach do liúghadar níb'
aoirde: Céasdar é. 24 Nuair a chonaic Pílát
ná raibh ag eirighe leis, ach gur toirmeasg a
bhí ag teacht, fuair sé uisge, agus do nigh
sé a lámha os cómhair na ndaoine, agus
dubhairt sé: Táim-se saor ar fhuil an
fhíoraoin seo; oraibh-se bíodh. 25 Agus
d'fhreagair na daoine go léir: A chuid fola
orainne agus ar ár sliocht. 26 Ansan do leig
sé saor chúcha Barabbas, agus thug sé Íosa
suas dóibh le céasadh, tar éis a sgiúrsála.

27 Ansan do thóg saighdiúirí an
riaghaltóra Íosa leó amach sa halla, agus
chruinnigheadar chuige an bhuidhean go
léir. 28 Agus bhaineadar de a chuid éadaigh,
agus chuireadar clóca dearg uime. 29 Agus
d'fhígheadar coróinn dheilgneach, agus
chuireadar ar a cheann í, agus chuireadar
cleith 'n-a láimh. Agus do leigidís iad féin
ar a leath-ghlúin ar a aghaidh amach ag
magadh faoi, agus deiridís, Slán duit, a Rí
na n-Iúdach! 30 Agus chaithidís seile air,
agus thógaidís an chleith agus bhuailidís
buille dhi sa cheann air. 31 Agus nuair a bhí
a gcuid magaidh déanta acu bhaineadar de
an clóca, agus chuireadar a chuid éadaigh
féin uime, agus do rugadar leó é cun é
chéasadh.

32 Agus nuair a chuadar amach fuaradar
duine ó Chíréné, dár bh'ainim Símón; agus
chuireadar fhéachaint ar an nduine sin dul
leó agus a chros d'iompur. 33 Agus thánadar
chun áite ar a dtugtar Golgota, 'sé sin, áit
Chalbharí. 34 Agus thugadar le n-ól dó fíon
gur cuireadh domblas tríd; agus nuair a
bhlais sé é ní ólfadh sé é. 35 Agus nuair a
dheineadar é chéasadh, do rainneadar a
bhaill éadaigh eatartha, 'ghá gcur ar
chrannaibh; ionus go gcómhlíonfaí an nídh
atá ráidhte ag an bhfáidh: Do rainneadar
eatartha mo bhaill éadaigh agus chuireadar
as chrannaibh mo chuid éadaigh. 36 Ansan
do shuidheadar ag faire air. 37 Agus
chuireadar os cionn a chinn a chúis
sgríobhtha: ÍOSA, RÍ NA N-IÚDACh, É
SEO. 38 Ansan do céasadh, mar aon leis,
beirt bhitheamhnach, duine acu ar a láimh
dheis, agus duine acu ar a láimh chlé. 39
Agus an mhuintir a ghabhadh thairis
thugaidís masla dhó, ag crothadh a gcinn, 40
Agus deiridís, Bhah, do leagfá teampal Dé
agus churfá suas airís é i gceann trí lá; dein
tu féin do shaoradh. Ma's tu Mac Dé tar
anuas ó'n gcrois. 41 Agus ar an gcuma
gcéadna uachtaráin na sagart, ag déanamh
magaidh, mar aon leis na Sgríbhneóiribh
agus leis na seanóiribh, deiridís: 42 Do
shábháil sé daoine eile; ní'l ar a chumas é
féin do shábháil. Má'sé Rí Israéil e, tagadh
sé anuas anois ó'n gcrois agus creidfimíd
ann. 43 Bí a mhainghín as Dia, saoradh Dia
anois é, má's áil leis é: Óir dubhairt sé, Is
mé Mac Dé. 44 Agus na bitheamhnaigh a
bhí céasda i n-aice leis, thugadar an mhasla
chéadna dhó.

[45] Agus ó'n sémhadh h-uair tháinig doircheacht ar an ndomhan go léir go dtí an naomhadh h-uair. [46] Agus tímpal an naomhadh h-uair do labhair Íosa do ghuth ana árd, agus dubhairt sé: Élí, Élí, lamá sabactání? 'sé sin, A Dhia, a Dhia, cad uime gur thréigis mé? [47] Agus bhí daoine 'n-a seasamh ann agus d'airigheadar é, agus dubhradar: Tá sé sin ag glaodhach ar Élias. [48] Agus do rith duine acu láithreach, agus d'aimsigh sé spúinse, agus thúm sé i bhfínéigir é, agus chuir sé ar chleith é, agus thug sé le n-ól dó. [49] Agus dubhairt an chuid eile: leig dó; feiceam an dtiocfaidh Élias 'ghá shaoradh.

[50] Agus d'éighimh Íosa airís do ghuth árd, agus thug sé a anam uaidh.

[51] Agus féach, do stracadh 'n-a dhá chuid ó bhárr go bun brat an teampail; agus do luaisg an talamh, agus do sgoilt na caraigreacha; [52] Agus do h-osgaladh na h-uaghna agus d'eirigh a lán de chorpaibh na naomh a chodail, [53] Agus tar éis aiséirighthe dhó thánadar amach as na h-uaghnaibh, agus thánadar isteach sa chathair naomhtha, agus chonaic a lán iad.

[54] An taoiseach céad, ámhthach, agus an bhuidhean a bhí 'n-a theannta ag faire Íosa, nuair a chonacadar an luasgadh talmhan agus na neithe do thuit amach, tháinig eagla ana-mhór, ortha agus dubhradar: Go fíor dob' é Mac Dé é sin.

[55] Agus bhí a lán ban ann abhfad amach, do lean Íosa ó Ghaililí ag friothálamh air: [56] Ar a raibh Máire Magdalén, agus Máire, máthair Shéamuis agus Ióseph, agus máthair clainne Sebedé.

[57] Agus nuair a bhí an tráthnóna ann tháinig duine saidhbhir, ó Arimatéa, dár bh' ainim Ióseph, agus duine de dheisgiobulaibh Íosa dob' eadh é: [58] Chuaidh an duine sin ag triall ar Phílát, agus d'iarr sé corp Íosa air. Ansan d'órduigh Pílát an corp a thabhairt dó. [59] Do fuair Ióseph an corp, agus d'fhill sé i línéadach glan é, [60] Agus chuir sé 'n-a thuama nua féin é, a bhí gearrtha aige i gcaraig; agus chuir sé cloch mhór chun bhéil na h-uagha, agus d'imthigh sé. [61] Bhí ann, ámhthach, Máire Mhagdalén agus an Máire eile agus iad 'n-a suidhe ar aghaidh na h-uagha amach.

[62] Agus an lá 'n-a dhiaidh san, an lá i ndiaidh lae an ollamhuighthe, tháinig uachtaráin na sagart agus na Fairisínigh i n-aonfheacht ag triall ar Pílát, [63] Agus dubhradar: A Uasail, is cuimhin linn go ndubhairt an feallaire úd nuair a bhí sé bheó: I gceann trí lá eireóchad airís. [64] Órduigh-se, d'á bhrígh sin, gárda chur ar an uaigh go dtí an trímhadh lá: le h-eagla go dtiocfadh a dheisgiobuil agus go ngoidfidís é, agus go ndéarfaidís leis na daoine: D'eirigh sé ós na mairbh: agus beidh an feall deirineach níos measa 'ná an chéad fheall. [65] Dubhairt Pílát leó: Tá gárda agaibh. Imthighidh, agus déinidh an ghárdáil mar is eól daoibh. [66] D'imthigheadar, agus dhaingnigheadar an tuama, ag cur séala ar an gcloich, agus ag ceapadh lucht faire.

## CAIBID XXVIII.

### Aiseiríghe Chríost. An gnó a thug sé le déanamh d'á dheisgiobulaibh.

[1] Agus i ndeire na sabbóide, nuair a bhí an chéad lá de'n tseachtmhain ag soillsiú tháinig Máire Mhagdalén agus an Máire eile ag féachaint na h-uagha. [2] Agus féach, tháinig luasgadh mór talmhan. Mar tháinig aingeal an Tighearna anuas ó neamh, agus chuaidh sé agus d'iompuigh sé siar an chloch agus shuidh sé uirthi; [3] Agus bhí a ghnúis mar lasair theintrighe, agus a chuid éadaigh mar an sneachta. [4] Agus le h-eagla roimis tháinig sgannra ár an lucht coimeádta, agus ba chuma iad nó daoine a bhéadh marbh. [5] Agus d'fhreagair an t-

aingeal agus dubhairt sé leis na mnáibh: Ná bíodh aon eagla oraibh-se; mar tá fhios agam gur bh'é Íosa, do céasadh, atá uaibh. 6 Ní'l sé anso: Mar d'aiseirigh sé, fé mar a gheall sé: tagaidh agus féachaidh ar an áit 'n-ar cuireadh an Tighearna. 7 Imthighidh anois go luath, agus innsidh d'á dheisgiobulaibh gur aiseirigh sé; agus féach, tá sé ag dul rómhaibh go Gaililí: chífidh sibh sa n-áit sin é; féach tá innste agam daoibh roim ré. 8 Agus d'imthigheadar amach go tapaidh ó'n uaigh, agus bhi eagla mór ortha agus áthas mór, agus iad ag ruith chun an sgéil a dh'innsint dos na deisgiobuil. 9 Agus féach, do bhuail Íosa úmpa, agus dubhairt sé: Slán daoibh. Agus do thánadar agus do rugadar ar chosaibh air, agus d'adhradar é. 10 Ansan dubhairt Íosa leó: Ná bhiodh eagla oraibh; imthighidh, agus innsidh dom' bráithribh, ionus go raghaidís go Gaililí; Chífid siad sa n-áit sin mé.

11 Agus nuair a bhíodar imthighthe, tháinig cuid de'n lucht coimeádta isteach sa chathair, agus d'innseadar d'uachtaránaibh na sagart cad a bhí tuitithe amach. 12 Agus thánadar-san i bhfochair a chéile, mar aon leis na seanóiríbh, agus chuadar i gcómhairle, agus thugadar cuid mhór airgid dos na saighdiúiríbh, 13 Agus dubhradar leó: Abraidh, táinig a dheisgiobuil sa n-oidhche, agus ghoideadar é agus sinne i n-ár gcodladh, 14 Agus má airigheann an riaghaltóir an sgéal labharfaimíd-ne leis, agus cuirfimíd sibh-se ó bhaoghal. 15 Agus do ghlacadar-san an t-airgead, agus dheineadar mar a dubhradh leó. Agus tá an sgéal san leathta a measg na n-Iúdach go dtí an lá indiu.

16 Agus d'imthigh an t-aoinnedéag deisgiobul go Gaililí, go dtí an cnoc mar a raibh ceapaithe ag Íosa dhóibh. 17 Agus nuair a chonacadar é d'adhradar é; ach bhí cuid acu lag-chreideamhac. 18 Agus tháinig Íosa agus do labhair sé leó, agus dubhairt: Do tugadh dómh-sa gach cómhacht ar neamh agus ar talamh. 19 Imthighidh, d'á bhrígh sin, agus múinidh na geinte go léir, agus baistidh iad i n-ainim an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. 20 Agus teagaisgidh iad chun gach ar órduigheas-sa dhaoibh do choimeád: agus féach, táim-se i nbhúr bhfochair tríd na laethanta go léir, go dtí críochnú an tsaoghail.

# Marcus

### Caibid I.

**Seanmóiniú Eóin baiste. Críost d'á baiste aige. É ag glaodhach a dheisgiobul agus ag dhéanamh mírbhúiltí.**

1 Tusach Soisgéil Íosa Críost, Mhic Dé.
2 Mar atá sgríobhtha i n-Isáias
fáidh: Féach, táim ag cur mo theachtaire
rómhat chun na slighe d'ollamhú rómhat. 3
Guth duine ag glaodhach sa bhfásach:
Ollamhuighidh an tslígh do'n Tighearna;
deinidh a chasáin do dhíriú dhó. 4 Bhí Eóin
sa bhfásach ag baisteadh agus ag fógairt
baiste chun aithrighe agus cun
maitheamhnachais peacaí. 5 Agus bhí
muintir Iudaéa agus muintir Ierúsaleim go
léir ag dul amach ag triall air, agus bhí sé
'ghá mbaisteadh i n-abhainn Iórdain, agus
iad ag admháil a bpeacaí. 6 Agus ruainneach
camail iseadh bhí mar éadach ar Eóin, agus
crios leathair an a chom, agus isé bia a bhí
aige 'ná lócuistí agus mil fhiain. 7 Agus seo
mar a dheineadh sé fógairt: Tá duine is mó
cómhacht 'ná mise ag teacht am dhiaidh,
agus ní fiú mé go gcromfainn agus go
sgaoilfinn iall a bhróige. 8 Do bhaisteas-sa
sibh le h-uisge; baistfidh sé siúd sibh,
ámhthach, leis an Spioraid Naomh.

9 Agus do thárla, ins na laethibh sin, go
dtáinig Íosa ó Nasaret Ghaililí agus gur
bhaist Eóin é sa n-Iórdan. 10 Agus
láithreach nuair a tháinig sé aníos as an
uisge, do chonaic sé na flathais ar osgailt
agus an Spioraid Naomh ag teacht anuas i
bhfuirm colúir agus ag túirling air. 11 Agus
tháinig an guth as na flathais: Is tusa mo
Mhac dílis; is ort atá mo ghreann.

12 Agus láithreach do sheól an Spioraid
amach sa bhfásach é; 13 Agus bhí sé sa
bhfásach dachad lá agus dachad oidhche,
agus bhí Sátan ag cur catha air, agus bhí sé
ameasg na mbeithigheach allta, agus bhí na
h-aingil ag friothálamh air.

14 Agus nuair a bhí Eóin curtha sa
phríosún, tháinig Íosa isteach i nGaililí ag
craobhsgaoileadh soisgéil rígheachta Dé. 15
Agus dubhairt sé: Tá an aimsir caithte, agus
tá rígheacht Dé buailte libh. Deinidh
aithrighe agus creididh an soisgéal.

16 Agus bhí sé ag siubhal ar bruach mara
Ghaililí agus chonaic sé Símón agus
Aindrias a dhritháir ag cur líonta sa
bhfaraige (mar iasgairí ab eadh iad). 17 Agus
dubhairt Íosa leó: Leanaidh mise agus
déanfad iasgairí ar dhaoine dhíbh. 18 Agus
d'fhágadar ansan na líonta agus do leanadar
é láithreach. 19 Agus nuair a bhí sé
imthighthe tamall beag ó'n áit sin chonaic
sé Séamus mac Sebedé agus Eóin a
dhritháir agus iad ag socarú a líonta sa
luing; 20 Agus do ghlaoidh sé ortha
láithreach agus d'fhágadar ansan sa luing
Sebedé a n-athair agus a lucht oibre, agus
do leanadar eisean.

21 Agus chuadar isteach i gCapharnaum,
agus gan mhoill, sa tsabbóid, théigheadh sé
isteach sa tsinagóig agus dheineadh sé
teagasg. 22 Agus do chuir a theagasg iongna
ortha, mar do theagaisg sé mar duine go
raibh comhacht aige, murar bh'ionan a's na
Sgríbhneóirí.

23 Agus bhí sa tsinagóig acu duine go
raibh spioraid neamhghlan istigh ann, agus
do liúigh sé amach: 24 Cad í an bhaint atá
agatsa agus againne le n-a chéile, a Íosa
Nasareit? ar seisean. An chun sinn a
mhilleadh a tháinís annso? Tá fhios agam
cé h-é thu, Aon Naomhtha Dé. 25 Agus do
smachtuigh Íosa é agus dubhairt sé: Bí
ciúin agus imthigh amach as an nduine. 26
Ansan do chuir an annsprid truaillighthe

sgread as, agus bhain sé stracadh as an nduine, agus d'imthigh sé amach as. 27 Agus tháinig iongna ar na daoine go léir, agus bhíodar ag fiafraighe dhá chéile; agus deiridís: Cad é seo? cad é an teagasg nua é seo? go gcuireann sé smacht ar na h-annspridíbh truaillighthe féin, agus go ngéillid siad dó? 28 Agus do ghluais a thuairisg láithreach tré crích Ghaililí go léir.

29 Agus thanadar láithreach amach as an sinagóig agus chánadar go tigh Shímóin agus Aindriais, i n-aonfheacht le Séamus agus le h-Eóin. 30 Agus bhí máthair céile Shímóin 'n-a luighe le fiabhras, agus do labhradar leis láithreach 'n-a taobh. 31 Agus tháinig sé agus do rug sé ar láimh uirthi agus thóg sé suas í, agus d'imthigh an fiabhras di láithreach, agus dhein sí friothálamh ortha.

32 Agus nuair a tháinig an tráthnóna agus chuaidh grian fé, thugadar ag triall air gach aoinne a bhí as a shláinte agus gach aoinne go raibh deamhan ann. 33 Agus bhí muintir an bhaile go léir cruinnighthe ag an ndorus; 34 Agus do leighis sé na sluaighte daoine ó gach saghas galair d'á raibh ortha, agus chuir sé amach na sluaighte deamhan, agus níor leig sé dhóibh labhairt, mar d'aithnígheadar é.

35 Agus d'eirigh sé ana-mhoch ar maidin, agus d'imthigh sé amach agus chuaidh sé go h-áit uaigneach, agus bhí sé ag guidhe ann. 36 Agus do lean Símón é, agus an mhuintir a bhí 'n-a theannta. 37 Agus nuair a fuaradar é dubhradar leis: Táid na daoine go léir at' lorg. 38 Agus dubhairt sé leó: Téighmís isteach ins na sráidibh agus ins na bailtibh beaga atá i n-ár gcómhgar go ndeinead craobhsgaoileadh ionta, óir is chuige sin a thánag.

39 Agus bhí sé ag seanmóin ins na sinagógaibh acu ar fuid Ghaililí go léir, agus ag cur deamhan amach.

40 Agus tháinig chuige lobhar, 'ghá ghuidhe, agus d'úmhluigh sé dhó agus dubhairt sé: Má's toil leat é is féidir duit mé ghlanadh. 41 Agus tháinig truagh ag Íosa dhó, agus do shín sé a lámh agus chuir sé air í, agus dubhairt sé: Is toil liom é; glantar thu. 42 Agus nuair a dubhairt sé an focal d'imthigh an lobhra de'n duine láithreach, agus bhí sé glan. 43 Agus thug sé foláramh dó agus chuir sé uaidh amach é láithreach, 44 Agus dubhairt sé leis: Seachain agus ná h-innis d'aoinne é, ach imthigh agus taisbeáin tu féin d'uachtarán na sagart, agus tabhair, ar do ghlanadh, na neithe a dh'órduigh Maois, mar fhiadhnaise dhóibh-sin. 45 Ach chómh luath agus chuaidh seisean amach dhírigh sé ar an sgéal a dh'innsint agus do chraobhsgaoileadh, i dtreó nár fhéad Íosa dul isteach go puibilidhe sa chathair, agus gur fhan sé lasmuigh ins na h-áiteanaibh uaigneacha, agus gur chruinnigh na daoine chuige as gach áird.

## CAIBID II.

**An duine a bhí gan lúth a ghéag dá leigheas ag Críost. Maitiú dá ghlaodhach aige. A dheisgiobuil aige 'á chosaint.**

1 Agus i gcionn rainnt laethanta tháinig sé airís isteach i gCapharnaum. 2 Agus do h-airigheadh go raibh sé i dtigh ann, agus do chruinnigh a lán daoine ann, i dtreó ná raibh slígh dhóibh sa tigh ná ag an ndorus féin, agus bhí an briathar aige d'á labhairt leó. 3 Agus tháinig daoine chuige agus duine a bhí gan lúth a ghéag acu, d'á iompar idir cheathrar. 4 Agus nuair ná féadfaidís é thabhairt 'n-a láthair, mar gheall ar an mbrúth, do nochtadar bara an tighe sa n-áit 'n-a raibh sé, agus dheineadar osgailt agus do leigeadar síos tríd an osgailt, 'n-a luighe ar leabaidh, an duine a bí gan lúth. 5 Agus

nuair a chonaic Íosa an creideamh a bhí
acu, dubhairt sé leis an nduine: A mhic, táid
do pheacaí maithte dhuit. 6 Agus bhí cuid
de sna Sgríbhneóiríbh ann ’n-a suidhe agus
iad ag machtnamh ’n-a gcroide: 7 Cad é seo
adeir sé seo? Tá diamhasla aige d’á
dhéanamh. Cé fhéadfadh peacaí
mhaitheamh ach Dia amháin? 8 Agus bhí a
fhios ag Íosa láithreach, i n-a spioraid féin,
an machtnamh a bheith ’n-a n-aigne acu-
san, agus dubhairt sé leó: Cad chuige
dhaoibh an machtnamh san a bheith i
nbhúr gcroidhe agaibh? 9 Cé ’cu is usa a
rádh: Táid do pheacaí maithte dhuit; nó a
rádh: Eirig, agus tóg suas do leabaidh agus
siubhluigh? 10 Ach, ionus go mbeadh a
fhios agaibh go bhfuíl ag Mac an Duine ar
an dtalamh so cómhacht chun peacaí
mhaitheamh (dubhairt sé leis an nduine
gan lúth:) 11 Deirim-se leat-sa, Eirigh, agus
tóg suas do leabaidh, agus imthigh chun do
thighe féin. 12 Agus d’eirigh an duine
láithreach agus thóg sé suas an leabaidh
agus d’imthigh sé, os cómhair a súl go léir,
i treó go raibh iongna ortha go léir agus gur
thugadar onóir do Dhia, agus, Ní
fheacamair riamh a leithéid, a deiridís.

13 Agus d’imthigh sé amach airís chun na
faraige, agus do lean na daoine go léir é,
agus bhí sé ’ghá dteagasg. 14 Agus ag gabháil
thairis dó do chonaic sé Lébhí, mac Alpheí,
’n-a shuidhe ag bórd an chusduim agus
dubhairt sé leis: Lean-sa mise. Agus
d’eirigh seisean agus do lean sé é.

15 Agus do thárla, nuair a shuidh sé chun
bídh ’n-a thigh sin, gur shuidh mórán
puibliocánach agus mórán peacach i
gcuibhreann Íosa agus a dheisgiobul; mar
bhí a lán acu ann, agus iad-san ’ghá
leanmhaint, leis. 16 Agus nuair a chíodh na
Sgríbhneóirí agus na Fairisínigh é ag
caitheamh bídh i gcuibhreann
puibliocánach agus peacach, deiridís le n-a
dheisgiobuil: Cad chuige d’bhúr máighistir-
se bheith ag ithe agus ag ól i gcuibhreann
puibliocánach agus peacach? 17 D’airigh
Íosa san, agus dubhairt sé leó: Ní h-ag
daoine slána atá gádh le dochtúir ach ag
daoine gan sláinte. Ní chun na bhfíoraon
do ghlaodhach a thánag-sa ach chun na
bpeacach do ghlaodhach.

18 Agus bhí deisgiobuil Eóin agus na
Fairisínigh ag déanamh trosgaidh, agus
thánadar chuige agus dubhradar: Cad ’n-a
thaobh go ndeinid deisgiobuil Eóin agus na
bhFairisíneach trosgadh, agus ná deinid do
dheisgiobuil-se trosgadh? 19 Agus dubhairt
Íosa leó: An amhlaidh is féidir do chlainn
na bainise bheith ag déanamh trosgaidh an
fhaid atá an céile acu? An fhaid atá an
chéile acu ’n-a bhfochair ní féidir dóibh
trosgadh dhéanamh; 20 Ach tiocfaidh an lá
i n-a dtógfar uatha an céile, agus ansan
déanfaid siad trosgadh ins na laethantaibh
sin. 21 Ní chuireann aoinne píosa d’éadach
nua ag deisiú seana-éadaigh; nó má
chuireann, béarfaidh an píosa nua leis tuille
de’n treana-éadach, agus méadófar an
stracadh. 22 Agus ní chuireann aoinne fíon
nua i sean-árthaíbh leathair; nó má
chuireann, brisfidh an fíon nua na sean-
árthaí agus doirtfar an fíon agus caillfar na
h-árthaí; ach is i n-árthaíbh nua is ceart an
fíon nua do chur.

23 Agus do thárla, uair eile, an Tighearna
agus a dheisgiobuil a bheith ag gabháil tré
ghortaibh arbhair sa trabbóid, agus dhírigh
na deisgiobuil, agus iad ag siubhal, ar na
diasaibh do stathadh. 24 Agus dubhairt na
Fairisínigh leis: Féach; Cad chuige dhóibh
sin bheith ag déanamh ruda nách
dleaghthach a dhéanamh sa tsabbóid? 25
Agus dubhairt sé leó: An amhlaidh nár
léigheabhair riamh cad a dhein Dáibhid
nuair ab éigean dó é dhéanamh, nuair a bhí
an t-ocras air féin agus ar an muintir a bhí i
n-aonfheacht leis? 26 Conus mar a chuaidh
sé isteach i dtigh Dé i n-aimsir an árd-

shagairt Abiatar, agus conus mar a dh'ith sé
na bulóga fiadhnaise nár dhleaghthach
d'aoinne a dh'ithe ach do sna sagairt, agus
thug sé le n-ithe iad do'n mhuintir a bhí i
n-aonfheacht leis? 27 Agus dubhairt sé leó:
Níor deineadh an duine ar son na sabbóide,
ach do ceapadh an tsabbóid ar son an
duine. 28 I gcás go bhfuil Mac an Duine 'n-
a mháighistir ar an sabbóid féin.

## CAIBID III.

**An lámh a bhí feóchta dá leigheas ag Críost. An dáréag dá dtoghadh aige. Na Fairisínigh dá gcur i bpúnc aige, agus an diamhasla acu á dhéanamh.**

1 Agus chuaidh sé isteach airís sa
tsinagóig, agus bhí duine ann agus bhí lámh
leis feóchta. 2 Agus bhíodar ag faire air,
féachaint a' ndéanfadh sé an leigheas sa
trabbóid, i dtreó go gcuirfidís 'n-a leith é. 3
Agus dubhairt sé leis an bhfear: Seasaimh
amach anso i lár baill. 4 Agus dubhairt sé
leó-san: Cé 'cu is dleaghthach, maith a
dhéanamh nó olc a dhéanamh sa tsabbóid?
anam duine do shaoradh nó do mhilleadh?
Níor labhradar-san focal. 5 Agus d'fhéach
sé 'n-a thímpal ortha go feargach, agus bhí
brón air mar gheall ar an gcroidhe bheith
chómh dall acu, agus dubhairt sé leis an
bhfear: Sin do lámh. Do shín; agus bhí an
lámh leighiste. 6 Agus d'imthigh na
Fairisínigh amach láithreach agus chuadar
féin agus muintir Héróid i gcómhairle 'n-a
choinnibh féachaint conus a thiocfadh leó
é mhilleadh.

7 Ach d'imthigh Íosa agus a dheisgiobuil
chun na faraige; agus do lean pobul mór é
a' Gaililí agus a' Iúdaéa, 8 Agus a' Ierúsalem,
agus a h-Idúméa, agus ó'n dtaobh thall de'n
Iórdan, agus muintir na mball tímpal Tuíre
agus Sídóin, suathantais daoine a tháinig ag
triall air nuair airigheadar a ghníomhartha. 9
Agus dubhairt sé le n-a dheisgiobuil long
bheag a choimeád dó, mar gheall ar an
sluagh, le h-eagla go mbrúthfaidís é. 10 Óir
bhí mórán daoine aige 'á leigheas, agus bhí
na daoine go raibh aon ghearán ortha ag
brúth isteach air a d'iarraidh teangabháil
leis; 11 Agus na h-annspridí truaillighthe,
nuair a chídís é, do shléachtaidís dó, agus
deiridís go h-árd: 12 Is tusa Mac Dé. Agus
thugadh sé órdú dian dóibh gan é
dh'fhoillsiú. 13 Agus chuaidh sé suas ar an
gcnoc agus do ghlaoidh sé chuige na
daoine ba thoil leis féin, agus thánadar
chuige.

14 Agus shocaruigh sé ar dháreág a bheith
i n-a fhochair, agus go gcuirfeadh sé ag
craobhsgaoileadh iad. 15 Agus thug sé
cumas dóibh ar ghalaraibh do leigheas agus
ar dheamhnaibh do chur amach. 16 Agus
thug sé Peadar mar ainim ar Shímón. 17
Agus Séamus mac Sebedé agus Eóin a
dhritháir, agus thug sé Bóanerges ortha, sé
sin maca tóirthnighe. 18 Agus Aindrias, agus
Pilib, agus Párthalán, agus Maitiú, agus
Tomás, agus Séamus mac Alpheí, agus
Taddeus, agus Símón an Canáníteach, 19
Agus Iúdás Iscariót, an fear a dhíol é.

20 Agus thánadar chun an tighe, agus
tháinig an tsluagh airís i dtreó nár
bh'fhéidir dóibh fiú bia do chaitheamh. 21
Agus nuair airigh a mhuíntir féin é do
chuadar amach chun beirthe air. mar
dubhradar: Is as a mheabhair atá sé. 22 Agus
na Sgríbhneóirí a tháinig anuas ó
Ierúsalem, dubhradar gur bh'é Beelsebub a
bhí istigh ann, agus gur le cómhacht rí na
ndeamhan a bhí sé ag cur na ndeamhan
amach. 23 Agus do ghlaoidh sé chuige iad,
agus do labhair sé leó i soluídíbh: Conus
fhéadfadh Sátan Sátan do chur amach? 24
Agus má bhíonn rígheacht deighilte 'n-a
coinnibh féin ní féidir do'n rígheacht san
seasamh: 25 Agus má bíonn teaghlach ag
gabháil i gcoinnibh a chéile 'n-a chodaibh
ní féidir do'n teaghlach san seasamh; 26

Agus má eirigheann Sátan ’n-a choinnibh féin, tá se ’n-a chodaibh ranntha, agus ní féidir dó seasamh, agus tá deire leis. 27 Ní féidir do dhuine dul isteach i dtigh fir láidir agus a chuid d’fhuadach, mura ndeinidh sé an fear láidir do cheangal an dtúis, agus ansan féadfaidh sé a thigh do robáil. 28 Go deimhin adeirim libh, maithfar do’n chine daona gach peacadh agus gach diamhasla d’á ndéanfaid siad; 29 Ach an t-é a dhéanfaidh diamhasla i n-aghaidh an Spioraid Naoimh, ní bheidh maitheamhnachas go deó aige le fághail, ach beidh sé ciontach i bpeacadh shíoruidhe. 30 Mar go ndubhradar: Is annsprid truaillighthe atá aige.

31 Agus tháinig a mháthair agus a bhráithre agus bhíodar ’n-a seasamh amuigh, agus chuireadar teachtaireacht isteach ag glaodhach air. 32 Agus bhí na daone ’n-a suidhe ’n-a thimpal, agus dubhradar leis: Féach, tá do mháthair agus do bhráithre amuigh agus iad at’ lorg. 33 Agus dubhairt sé leó ’ghá bhfreagra: Cé h-iad mo mháthair-se agus mo bhráithre? 34 Agus d’fhéach sé ’n-a thimpal ar an muintir a bhí tímpal air agus dubhairt: Siniad mo mháthair-se agus mo bhráithre. 35 Óir, an t-é a dhéanfaidh toil Dé, siné is bráthair agus siúr agus máthair agam-sa.

## CAIBID IV.

### Parabal an churadóra. An stoirm d’á ciúnadh ag Críost.

1 Agus do thosnuigh sé airís an theagasg i n-aice na faraige, agus do chruinnigh sluagh mhór chuige, i dtreó go ndeaghaidh sé ar bórd luinge ar an uisge agus gur shuidh sé ann, agus bhí an tsluagh i n-aice an uisge, ar an dtalamh tirim. 2 Agus thug sé mórán teagaisg dóibh i soluídíbh, agus dubhairt leó sa teagasg:

3 Éistidh liom: Féach, chuaidh curadóir amach ag cur síl. 4 Agus ag cur an tsíl dó, do thuit cuid de’n tríol i n-aice an bhóthair, agus tháinig éanlaithe an aéir agus d’itheadar é. 5 Agus do thuit tuille dhe ar áit i n-a raibh iomad cloch, agus ní raibh puínn ithreach aige ann, agus d’fhás sé suas go tapaidh mar ní raibh an ithir doimhinn. 6 Agus nuair a dh’eirigh an ghrian tháinig an brothall air, agus toisg gan an phréamh a bheith aige d’fheóch sé. 7 Agus thuit tuille dhe ins na sgeachaibh, agus d’fhás na sgeacha agus mhúchadar an chuid sin, agus níor thug sé toradh uaidh. 8 Agus do thuit cuid eile dhe ar thalamh fhóghanta, agus d’fhás sé agus d’éirigh sé, agus thug sé toradh uaidh, cuid de fó thríochad, cuid de fó thrí fichid, agus cuid dé fó chéad. 9 Agus dubhairt sé: An t-é go bhfuil cluasa air chun cloisint cloiseadh sé.

10 agus nuair a bhí sé i n’aonar d’fhiafruigh an dáréag a bhí i n’fhochair fios na soluíde dhe. 11 Agus dubhairt sé leó: Do tugadh daoibh-se eólus d’fhághail ar rúndiamh raibh rígheachta Dé, ach do’n mhuíntir sin atá lasmuigh, deintear gach nídh i soluídíbh; 12 I dtreó ag féachaint dóibh go bhfeicfidís agus ná feicfidís, agus ag éisteacht go n-aireóchaidís agus ná tuigfidís, sar a ndéanfidís chóidhche iompáil agus go maithfí a bpeacaí dóibh. 13 Agus dubhairt sé leó: An amhlaidh ná tuigeann sibh an tsoluíd sin? Má seadh, conus a thuigfidh sibh na soluídí go léir? 14 An t-é a chuireann an síol isé an briathar a chuireann sé. 15 An mhuintir i n-aice an bhóthair, sin iad an mhuintir, nuair a curtar an briathar agus go gcloisid siad é, go dtagann an namhaid láithreach agus go dtógann sé chun siubhail an briathar a cuireadh mar shíol ’n-a gcroidhthibh. 16 Agus mar an gcéadna an mhuintir a ghlacann an síol ins na clochaibh, siniad an mhuintir, nuair a dh’airighid siad an

briathar, a ghlacann láithreach é le h-áthas, 17 Agus ní'l an phréamh acu ionta féin, ach seasuighid siad ar feadh tamaill; ansan, nuair a thagann an trioblóid, agus an cath d'á chur ortha mar gheall ar an mbriathar, glacaid siad sgannal láithreach. 18 Agus tá daoine agus glacaid siad an síol ameasg; na sgeach; siniad na daoine a dh'éisteann leis an mbriathar, 19 Agus tagann cúram an tsaoghail isteach, agus mealladh saidhbhris, agus ainmhianta i dtaobh neithe eile, agus múchaid siad an briathar, agus curtar ó thoradh thabhairt é. 20 Agus an mhuintir a ghlac an síol isteach sa talamh fóghanta, siniad an mhuintir a dh'éisteann leis an mbriathar, agus do ghlacann é agus do thugann toradh uatha, duine fó thríochad, duine fó thrí fichid, agus duine fó chéad.

21 Agus dubhairt sé leó: An chuige thagann an lóchrann soluis chun go gcurfí fé bhéal árthaigh é, nú fé leabaidh? Nách anáirde ar choinnleóir a curtar é? 22 Óir ní'l rud i bhfolach ná tabharfar chun soluis, agus níor deineadh rún de ach i dtreó go nochtfaí e. 23 Má tá cluasa chun aireachtaint ag aoinne airigheadh sé.

24 Agus dubhairt sé leó: Féach cad a dh'airigheann sibh. An tómhas 'n-a dtómhaisfidh sibh, siné an tómas 'n-a dtómhasfar chúghaibh, agus curfar tuille leis. 25 Óir an t-é go bhfuil aige tabharfar tuille dhó, agus an t-é ná fuil aige tógfar uaidh a bhfuil aige.

26 Agus dubhairt sé: Sin mar atá rígheacht Dé, fé mar a chaithfeadh duine an síol sa talamh, 27 Agus go mbeadh sé ag dul a chodladh agus ag eirighe gach n-oídhche agus gach lá, agus go mbeadh an síol ag préamhú agus ag fás a gan fhios dó. 28 Óir tugann an talamh a thoradh i n-aisge, an geamhar ar dtúis, ansan an dias, ansan an t-arbhar iomlán sa déis. 29 Agus nuair a thugann sé an toradh uaidh, cuireann seisean an corán ann láithreach mar tá an fóghmhar buailte leis.

30 Agus dubhairt sé: Cad leis go samhlóchaimíd rígheacht Dé? nó cad í an tsoluíd le n-a gcuirfeam i gcomparáid é? 31 Mar an ngráinne síl mustáird, nuair a curtar é sa talamh gur lúgha é 'ná aon tsíol eile d'á bhfuil sa talamh, 32 Agus nuair a curtar é, agus go n-eirígheann sé, go mbíonn sé níos mó 'ná aon ghlasara eile, agus go dtagann géaga móra air i dtreó go bhféadaid éanlaithe an aeir cómhnuidhe dhéanamh fé n-a sgáth.

33 Agus i mórán soluídí de'n tsórd san do labhair sé leó an briathar fé mar a dh'fhéadadar éisteacht leis. 34 Agus níor labhair sé leó ach i soluídíbh; ach do mhínigh sé gach aon rud d'á dheisgiobulaibh i leith taoibh.

35 Agus dubhairt sé leó an lá san, nuair a bhí an déanaighe ann: Téighmís anonn treasna. 36 Agus chuireadar uatha na daoine agus thógadar leó é, mar a bhí sé, isteach sa luing, agus bhí loingeas eile i n'fhochair. 37 Agus d'eirigh stoirm mhór ghaoithe, a bhí ag cur na dtonn isteach sa luing i dtreó go raibh an long d'á líonadh. 38 Agus bhí sé féin i ndeire na luinge, agus é 'n-a chodladh ar adhart; agus dúisighid é, agus deirid: A Máighistir, an cás leat é go bhfuilimíd d'ár mbáthadh? 39 Agus d'eírigh sé agus do smachtuigh sé an ghaoth agus dubhairt sé leis an bhfaraige: Éist, bí ciúin. 40 Agus do tháinig ciúnas mór. Agus dubhairt sé leó-san: Cad fá an t-eagla so oraibh? Ná fuil creideamh agaibh fós? Agus bhí eagla ana-mhór ortha, agus deiridís le n-a chéile: Cé h-é seo dar leat, go bhfuil gaoth agus faraige úmhal dó?

## CAIBID V.

**Legión deamhan ag Críost dá chur amach a duine. An chailleamhaint fola aige dá leigheas. Inghean Iaíruis aige á tógaint ó'n mbás.**

1 Agus thanadar treasna na faraige go tír
na nGerasénach. 2 Agus nuair a tháinig sé
amach as an luing do bhuail uime duine
agus é ag teacht as na h-uaghnaibh, agus
bhí deamhan ann, 3 Agus ins na h-
uaghnaibh a chómhnuigheadh sé, agus níor
bh'fhéidir feasda é cheangal le slabhraíbh
féin, 4 Óir do ceangaladh é go minic le
geimhlibh agus le slabhraíbh, agus do bhris
sé na slabhraí agus do strac sé na geimhle
as a chéile, agus ní raibh ar chumas aoinne
smacht a chur air. 5 Agus bhíodh sé i
gcómhnuidhe, do ló agus d'oidhche, ins na
h-uaghnaibh agus ins na cnocaibh, ag
liúirigh agus 'ghá ghearradh féin le
clochaibh. 6 Agus nuair a chonaic sé Íosa
abhfad uaidh do rith sé chuige agus do
shléacht sé dhó. 7 Agus do liúigh sé do
ghuth árd agus dubhairt: Cad é an chuid atá
agat díom-sa, a Íosa, a Mhic Dé is aoirde?
Iarraim ort i n-ainim Dé gan mé
phianadh. 8 Óir dubhairt sé leis: Imthigh
amach as an nduine, a spioraid shailigh. 9
Ansan do cheisdigh sé é: Cad is ainim duit?
Agus dubhairt seisean: Legión is ainim
dom, óir is líonmhar sinn. 10 Agus bhí sé
'ghá iarraidh go cruaidh air gan é chur as an
áit amach. 11 Bhí tréad mór muc ann agus
iad ag inníor tímpal an chnuic. 12 Agus
d'iarr na deamhain achainíghe air, agus
dubhradar: Cuir ins na mucaibh sinn go
raighmíd isteach ionta. 13 Agus thug Íosa an
achainíghe dhóibh láithreach. Agus
d'imthig na deamhain shalacha amach agus
chuadar isteach ins na mucaibh, agus do
ghluais na muca, suas le dh'á mhíle acu, i
ndiaidh mhullach a gcinn, isteach sa
bhfaraige agus do báthadh iad sa
bhfaraige. 14 Agus na daoine a bhí 'gha n-
aodhaireacht do ritheadar agus d'innseadar
sa bhaile agus ar fuid na tíre é. Agus tháinig
na daoine amach féachaint cad a tharla. 15
Agus thánadar ag triall ar Íosa agus
chonacadar an fear go mbíodh an deamhan
'gha mhilleadh, 'n-a shuidhe agus a chuid
éadaigh uime agus é 'n-a lán-mheabhair,
agus tháinig eagal ortha. 16 Agus d'innis an
mhuintir a chonaic é dhóibh cad a tharla do
'n fhear go raibh an deamhan ann, agus i
dtaobh na muc. 17 Agus chromadar ar
thathant air go n-imtheóchadh sé as a dtír.

18 Agus nuair a bhí sé ag dul ar bórd na
luinge do chrom an fear, go raibh an
deamhan 'gha chrádh, ar a iarraidh go leigfí
leis é. 19 Ach níor leig sé leis é, ach dubhairt
leis: Imthigh chun do thighe agus chun do
daoine, agus innis dóibh ar dhein an
Tighearna dhuit agus an trócaire a dhein sé
ort. 20 Agus d'imthigh sé agus chrom sé ar
a innsint i nDecapolis cad iad na neithe
móra a dhein Íosa dhó, agus bhí iongna
ortha go léir.

21 Agus nuair a thainig Íosa thar uisge
airís, sa luing, do bhailigh pobul mór
chuige, agus é ar bruach na faraige. 22 Agus
tháinig duine d'uachtaránaibh na sinagóige,
dár bh' ainim Iaírus, agus nuair a chonaic
sé é do chaith sé é féin ag á chosaibh, 23
Agus d'iarr sé achainíghe air, agus dubhairt:
Tá m'inghean ag dul chun báis; tar agus
cuir do lámh uirthi ionas go leighisfí í agus
go mairfeadh sí. 24 Agus d'imthigh sé 'n-a
theannta, agus chuaidh mórán daoine i n-
aonfheacht leis, agus bhíodar ag brúth air.

25 Agus bhí bean ann go raibh a cuid fola
ag imtheacht uaithi ar feadh dhá bhliain
déag, 26 Agus bhí mórán fuilingthe aici ó
iomad dochtúirí, agus bhí a raibh an
tsaoghal aici caithte aici leó, agus ní raibh
aon fheabhus uirthi, ach í ag dul i n-olcas; 27
Nuair airigh sí i dtaobh Íosa tháinig sí
ameasg na ndaoine lastiar dé, agus chuir sí
a lámh ar a éadach; 28 Óir dubhairt sí: Mura

ndeinead ach fiú baint le n-a bhrat beidh
mé slán. [29] Agus do thriomuigh sruth a cod'
fola an neómat san, agus d'aithin sí ar a
colainn go raibh sí leighiste ó'n ngearán. [30]
Agus láithreach do thuig Íosa, ann féin, an
chómhacht san do dhul amach uaidh, agus
d'iompuigh sé chun na ndaoine, agus
dubhairt sé: Cé theangbhuigh le m'chuid
éadaigh? [31] Agus dubhairt a dheisgiobuil
leis: Chíonn tú na daoine ag brúth ort, agus
deirir: Cé theangbhuigh liom? [32] Agus
d'fhéach sé 'n-a thímpal go bhfeicfeadh sé
an bhean a dhein é. [33] Agus tháinig crith-
eagla ar an mnaoi, mar bhí 'fhios aici cad a
thárla, agus tháinig sí agus do shléacht sí
dhó, agus d'innis sí dhó iomláine na
fírinne. [34] Agus dubhairt seisean léi: A
'nghean ó, do shlánuigh do chreideamh
thú. Imthigh i síothcháin, agus bí slán ó'n
ngearán.

[35] Le línn na bhfocal san a rádh dhó,
tháiníg cuid de mhuintir uachtaráin na
sinagóige, agus dubhradar: Tá t'inghean tar
éis bháis. Cad ab áil leat ag cur a thuille
trioblóide ar an Máighistir? [36] Agus d'airigh
Íosa an focal san agus dubhairt sé le h-
uachtarán na sinagóige: Ná bíodh eagal ort,
ach amháin creid. [37] Agus níor leis sé
d'aoinne dul leis ach Peadar agus Séamus
agus Eóin drithháir Séamuis. [38] Agus
thánadar isteach i dtigh uachtaráin na
sinagóige, agus chonaic sé an bhuairt agus
an t-árd-ghol agus an lógóireacht go léir. [39]
Agus nuair a chuaidh sé isteach dubhairt sé
leó: Cad chuige an bhuairt agus an gol? Ní
marbh atá an cailín, ach 'n-a codladh. [40]
Agus do gháireadar uime. Ach do chuir sé
iad go léir amach, agus thóg sé leis athair
agus máthair an chailín, agus an mhuintir a
bhí le n-a chois féin, agus chuaidh sé
isteach mar a raibh an cailín 'n-a luighe. [41]
Agus do rug sé ar láimh ar an gcailín agus
dubhairt sé léi: Talita cúmí, 'sé sin, ar
mhíniú, Eirigh, (adeirim leat) a chailín. [42]
Agus d'eirigh an cailín 'n-a suidhe
láithreach agus shiúbhluigh sí, (bhí sí dhá
bhliain déag) agus thainig uathbhás ana-
mhór ortha. [43] Agus d'órduigh sé dhóibh
go dian gan a fhios a bheith ag aoinne, agus
dubhairt sé rud le n-ithe thabhairt di.

## CAIBID VI.

**Críost ag Nasaret agus é ag tabhairt teagaisg uaidh. An dáréag Asbol dá gcur amach aige. Bia á thabhairt aige do chúig mhíle duine a' chúig bológaibh, agus é ag siubhal ar an bhfaraige.**

[1] Agus d'imthigh sé ó'n áit sin agus
tháinig sé chun a thíre féin, agus do
leanadar a dheisgiobuil é. [2] Agus tháinig an
tsabbóid, agus chuaidh sé ag teagasg sa
tsinagóig, agus dhein a lán, nuair
airígheadar é, iongna d'á theagasg, agus
deiridís: Ca bhfuair sé seo na neithe seo go
léir? agus cad í an eagna a tugadh dó, agus
a leithéid d'oibreachaibh móra agus a
déintear tré n-a lámhaibh? [3] Nách é seo an
siúinéir, mac Mhuire, bráthair Shéamuis,
agus Ióseiph, agus Iúdáis, agus Shímóin?
An amhlaidh ná fuil a dhriféaracha anso i
n-ár measg? Agus do ghlacadar sgannal
uime. [4] Agus deireadh Íosa leó: Ní bhíonn
fáidh gan onóir ach 'n-a dhúthaigh féin,
agus 'n-a theaghlach féin, agus ameasg a
ghaolta féin. [5] Agus níor fhéad sé aon
chómhacht d'oibriú sa n-áit sin, ach gur
chuir sé a lámh ar raint bheag daoine
breóite agus gur leighis sé iad. [6] Agus dhein
sé iongna de'n easba creidimh a bhí ionta,
agus do shiúbhluigh sé na bailte mór-
thímpal, ag teagasg.

[7] Agus ghlaoidh sé chuige an dáréag,
agus thosnuigh sé ar iad do chur uaidh 'n-a
mbeirt a'r 'n-a mbeirt, agus thug sé dhóibh

cumas ar na spioraidíbh truaillighthe. [8] Agus d'órduigh sé dhóibh gan aon nídh thógaint i gcóir an bhóthair ach amháin cleith: bheith gan mála, gan arán, gan airgead i gcrios. [9] Gan a bheith ar a gcosaibh ach sandala, agus gan an tarna casóg a bheith úmpa. [10] Agus dubhairt sé leó: Pé áit 'n-a raghaidh sibh isteach i dtigh, fanaidh ann go bhfágaidh sibh an áit sin. [11] Agus pé duine ná glacfaidh sibh nó na h-éistfidh libh, imthighidh as an áit sin agus deinidh an ceó chrothadh d'bhúr gcosaibh mar fhiadhnaise 'n-a gcoinnibh. [12] Agus chuadar amach agus d'fhógradar aithrighe dhéanamh. [13] Agus chuireadar mórán deamhan amach a' daoine, agus chuireadar ola ar a lán daoine breoite agus do leighseadar iad.

[14] Agus d'airigh Héród, an rí, (óir bhí a ainim-sin puibilidhe), agus deireadh sé: Tá Eóin Baiste eirighthe ós na mairbh, agus d'á bhrígh sin táid cómhachta d'á n-oibriú tríd. [15] Agus deireadh daoine eile: Isé Elias atá ann. Agus deireadh daoine eile: Fáidh iseadh é, mar bheadh duine des na fáidhibh. [16] Agus nuair a dh'airigh Héród é dubhairt sé: Eóin, gur bhaineas-sa an ceann de, siné atá eirighthe ós na mairbh.

[17] Óir do chuir Héród fir uaidh agus do ghaibh sé Eóin, agus cheangail sé é agus chuir sé i bpríosún é, mar gheall ar Héródias, bean Philib, a dhritháir, mar bhí sí 'n-a mnaoi aige. [18] Agus deireadh Eóin le Héród: Ní dleaghthach duit bean do dhrithár a bheith 'n-a mnaoi agat. [19] Agus bhí Heródias ag déanamh ceilge 'n-a choinnibh, a d'iarraidh é chur chun báis, agus ní raibh ag eirighe léi. [20] Óir bhí eagal ar Héród roim Eóin, mar bhí fhios aige gur dhuine naomhtha, fíoraonta é, agus bhí sé 'ghá choimeád, agus dheineadh sé a lán neithe ar a chómhairle, agus thugadh sé cluas dó go toilteanach.

[21] Agus nuair a tháinig lá oireamhnach chuige dhein Héród féasta lae a bheirthe do phriúnsaíbh agus do thaoiseachaibh agus d'uaislibh Ghaililí, [22] Agus tháinig inghean Héródias isteach agus dhein sí rinnce agus do thaithn sí le Héród agus leis an gcuideachtain, agus dubhairt an rí leis an gcailín: Iarr orm aon nídh is maith leat, agus tabharfad duit é. [23] Agus do dhearbhuigh sé dhi: Pé rud a iarrfair orm tabharfad duit é, dá mba leath mo rígheachta é. [24] Agus chuaidh sise amach, agus dubhairt sí le n-a máthair: Cad a dh'iarrfad? agus dubhairt an mháthair: Ceann Eóin Bhaiste. [25] Agus do rith sí isteach i láthair an rí chun iarraidhthe, agus dubhairt sí: Is maith liom go dtabharfá dhom láithreach, ar mhéis, ceann Eóin Bhaiste. [26] Agus tháinig buairt ar an rí; mar gheall ar an ndearbhú agus ar na daoine a bhí láithreach níor mhaith leis dólás a chur uirthi; [27] Agus do chuir sé an básaire uaidh, agus d'órduigh sé an ceann a thabhairt leis ar mhéis. [28] Agus do bhain sé an ceann de sa phríosún, Agus thug sé an ceann leis ar mhéis; agus thug sé do'n chailín é, agus thug an cailín d'á máthair é. [29] Agus d'airigh a dheisgiobuil an sgéal, agus thánadar agus do rugadar leó an corp, agus chuireadar sa n-uaigh é.

[30] Agus tháinig na h-Aspoil chun Íosa, agus d'innseadar dó gach nídh, a raibh déanta acu agus a raibh múinte acu. [31] Agus dubhairt sé leó: Tagaidh i leith taoibh go h-áit uaigneach agus glacaidh suaimhneas ar feadh tamaill. Óir bhí a raibh ag teacht agus ag imtheacht líonmhar, agus ní raibh uain acu chun bídh a chaitheamh. [32] Agus chuadar ar bórd luinge agus d'imthigheadar go h-áit uaigneach, fé leith.

[33] Agus chonaic na daoine iad ag imtheacht, agus d'aithnigheadar iad, agus do ritheadar 'n-a gcuis, amach as na bailtibh go léir, chun na h-áite, agus

bhíodar ann rómpa. [34] Agus tháinig Íosa amach agus chonaic sé an tsluagh mhór, agus tháinig truagh aige dhóibh, óir bhíodar mar bheadh caoire gan aodhaire, agus chrom sé ar a lán neithe theagasg dóibh.

[35] Agus nuair a bhí mórán de'n lá caithte tháinig a dheisgiobuil agus dubhradar: Fásach iseadh an áit seo agus tá an lá imthighthe; [36] Leig chun siubhail iad, i dtreó go raghaid siad isteach ins na bailtibh agus ins na sráidibh is giorra dhóibh, agus go gceannóchaid siad bia dhóibh féin le n-ithe. [37] Agus dubhairt fé leó 'ghá bhfreagradh: Tugaidh-se rud le n-ithe dhóibh. Agus dubhradar leis: An amhlaidh a dh'imtheochaimíd agus cheannóchaimíd ar dhá chéad pingin arán le tabhairt dóibh le n-ithe? [38] Agus dubhairt sé leó: An 'mó bulóg aráin agaibh? Imthighidh agus féachaidh. Agus nuair a bhí 'fhios acu dubhradar: Chúig bhulóga, agus dhá iasg. [39] Agus d'órduigh sé dhóibh na daoine go léir do chur 'n-a suidhe 'n-a gcuideachtanaibh ar an bhféar glas. [40] Agus do shuidheadar 'n-a mbuidhnibh, 'n-a gcéadaibh agus 'n-a gcaogadaibh. [41] Agus thóg sé na chúig bhulóga agus au dá iasg, agus d'fhéach sé suas chun na bhflathas, agus bheannuigh sé iad agus bhris, agus thug d'á dheisgiobulaibh le cur os cómhair na ndaoine; agus do rainn sé an dá iasg ortha go léir. [42] Agus d'itheadar go léir, agus bhí a ndóithin acu. [43] Agus thógadar an fuighleach, dhá chiseán déag de bhia bhriste, agus des na h-iasgaibh. [44] Agus bhí chúig mhíle fear sa méid daoine do chaith an bia.

[45] Agus láithreach chuir sé fhiachaibh ar a dheisgiobulaibh dul ar bórd na luinge chun go raighdís treasna go Betsaida, agus go gcuirfeadh sé féin na daoine chun siubhail. [46] Agus nuair a chuir sé chun siubhail iad, d'imthigh sé an cnoc suas chun úrnuighthe dhéanamh.

[47] Agus nuair a bhí an déanaíghe ann bhí an long i lár na faraige, agus bhí sé féin i n'aonar ar an dtalamh tirim. [48] Agus chonaic sé iad ar a ndícheall ag rámhaídheacht, mar bhí an ghaoth 'n-a gcoinnibh; agus tímpal na ceathramhadh faire de'n oidhche tháinig sé chúchá agus é ag siubhal ar an bhfaraige, agus mheas sé gabháil thórsa. [49] Agus nuair a chonacadar-san é ag siubhal ar an bhfaraige cheapadar gur samhail a bhí ann agus do liúghadar. [50] Óir do chonacadar go léir é, agus bhí sgannra ortha. Agus do labhair sé leó láithreach agus dubhairt: Glacaidh misneach; mise atá ann; ná bíodh eagal oraibh. [51] Agus tháinig sé chúcha ar bórd na luinge agus do stad an ghaoth. Agus do mhéaduigh ar a n-uathbhás i n-a n-aigne. [52] Óir níor thuigeadar i dtaobh na mbulóg, mar bhí a gcroidhe dúr.

[53] Agus nuair a bhí tagaithe treasna acu bhíodar i dtír Ghenesaret, agus thánadar chun puirt. [54] Agus nuair a thánadar as an luing d'aithnigheadar láithreach é, [55] Agus chrom daoine ar ruith tríd an dtír sin go léir agus ar dhaoine breóite bhreith leó mór-thímpal, an thochtaibh, chun na h-áite i n-a n-airighdís é bheith; [56] Agus pé ball 'n-a dtéigheadh sé isteach, i sráidibh nó i mbailtibh nó i gcathrachaibh, chuiridís na daoine breóite ar na sráidibh, agus bhídís 'ghá iarraidh air leigint dóibh fiú baint le fabhra a bhrait; agus an méid a bhaineadh leis do leighistí iad.

## CAIBID VII.

### Na Fairisínigh dá n-imdheargadh ag Críost. Inghean na mná ó Chanaan dá leigheas aige, agus an fear a bhí bodhar balbh.

1 Agus tháinig Fairisínigh agus raint des
na Sgríbhneóiríbh ó Ierúsalem, agus
bhailigheadar chuige. 2 Agus nuair a
chonacadar cuid d'á dheisgiobuil ag ithe
aráin agus a lámha coitchian, 'sé sin gan
nighe, chasadar leó é. 3 Óir ní ithid na
Fairisínigh ná na Iúdaigh bia gan a lámha
do nighe go minic, ag coimeád nóis na
sinsear. 4 Agus ar theacht ó'n margadh
dhóibh ní ithid bia gan iad féin do nighe,
agus tá a lán eile sean-nós atá ortha a
choimeád, ar a bhfuil na cupáin do nighe,
agus na crúscaí, agus na h-árthaí práis, agus
na leapacha. 5 Agus d'fhiafraigh na
Fairisínigh agus na Sgríbhneóirí dhé: Cad
'n-a thaobh ná siubhlaid do dheisgiobuil-se
do réir nóis na sinsear, agus go n-ithid siad
bia gan a lámha do nighe? 6 Ach d'fhreagair
seisean iad agus dubhairt: Is maith an
targaireacht a dhein Isáias oraibh-se, a
lucht an fhill, mar a bhfuil
sgríobhtha: Molaid na daoine seo mé le n-
a mbéal, ach is fada uaim atá a gcroidhe; 7
Adhradh folamh a thugaid siad dom, ag
múineadh teagasg agus aitheanta daoine. 8
Óir tréigeann sibh órdú Dé, agus
coimeádann sibh nós daoine; deineann
sibh na crúscaí agus na cupáin do nighe,
agus mórán neithe eile de'n tsórd san. 9
Agus dubhairt sé leó: Is maith a chuireann
sibh órdú Dé ar neamhnídh chun nós bhúr
sinsear do choimeád. 10 Óir dubhairt
Maois: Tabhair dot' athair agus
dod'mháthair onóir; agus: An t-é
thabharfaidh droch-chaint d'á athair nó d'á
mháthair curtar chun báis é. 11 Ach dar
libh-se: Má deir duine le n-a athair nó le n-
a mháthair: Gach corban, ('sé sin, gach
tabharthas) d'á dtugaim-se uaim, bíodh a
thairbhe agat-sa; 12 Agus ní leigeann sibh dó
aon nídh eile a dhéanamh d'á athair ná d'á
mháthair. 13 Ag cun bréithir Dé ar
neamhnídh leis na sean-nósaibh a
chleachtabhair féin. Agus tá a lán neithe
de'n tsórd san agaibh 'á dhéanamh.

14 Agus do ghlaoidh sé na daoine chuige
airís, agus dubhairt sé leó. 15 Ní'l aon rud
atá lasmuigh de'n duine, agus a théigheann
isteach ann, d'fhéadfadh é shailiú, ach na
neithe a tagann amach as an nduine siniad
a shailígheann an duine. 16 Má tá cluasa
chun éisteachta ag duine, éisteadh sé.

17 Agus nuair a chuaidh sé isteach i dtigh
ó'n sluagh d'fhiafraigh a dheisgiobuil de
brígh na soluíde. 18 Agus dubhairt sé leó:
Agus an bhfuil sibh-se leis gan
breitheamhantas mar sin? Ná tuigeann
sibh, pé rud a théigheann isteach sa duine
ó'n dtaobh amuigh nách féidir do an duine
shailiú, 19 Mar ní théigheann sé isteach 'n-a
chroidhe, ach i n-a bholg a théigheann sé
agus téigheann sé amach sa bhfiailteach, ag
glanadh gach bídh amach. 20 Agus dubhairt
sé gur b'iad na neithe a thagann amach as
an nduine a shailigheann an duine, 21 Óir is
ó'n dtaobh istigh, amach a' croidhe an
duine, a thagann droch-smuínte, agus
adhaltranas, agus gníomhartha drúise, agus
dúnmharbhadh, 22 Guid, saint, éagcóir,
feall, mí-gheanmnaigheacht, droch-shúil,
diamhasla, uabhar, mí-chiall. 23 Ó'n dtaobh
istigh iseadh thagaid na h-olca san go léir,
agus isiad a shailigheann an duine.

24 Agus d'eirigh sé as san, agus chuaidh
sé go críochaibh Tuíre agus Sídóin, agus
chuaidh sé isteach i dtigh, agus ba mhian
leis gan a fhios a bheith ag aoinne, agus
níor fhéad sé é féin do cheilt. 25 Óir do
tháinig chuige agus do chaith í fein agá
chosaibh, chómh luath agus d'airigh sí
trácht air, bean go raibh spioraid
truaillighthe 'n-a h-inghin. 26 Agus bean
Ghréagach ab eadh í, Sírophoenach do reir

chinéil, agus bhí sí ag guidhe chuige go
ndéanfadh sé an deamhan do dhíbirt as a
h-inghin. 27 Agus dubhairt sé léi: Fan go
mbeidh a sáith ag an gclainn; óir ní maith
an rud bia na clainne thógaint agus é
thabhairt do sna gadharaibh. 28 Ach
d’fhreagair sise agus dubhairt: Iseadh, a
Thighearna, óir ithid na coileáin fé’n
mbórd an bia briste a thuiteann ó’n
gclainn. 29 Agus dubhairt seisean: Mar
gheall ar an bhfocal san imthigh leat, tá an
deamhan imthighthe as t’inghin. 30 Agus
nuair a chuaidh sí abhaile chun a tighe fuair
sí a h-inghean ’n-a luighe ar a leabaidh, agus
an deamhan imthighthe aisti.

31 Agus chuaidh sé amach airís a’
críchibh Tuíre, agus tháinig sé tré Shídón
go muir Ghaililí, tré lár críche Decapolis. 32
Agus thugadar chuige duine a bhí bodhar
balbh, agus bhíodar ag tathant air a lámh a
chur air. 33 Agus thóg sé leis i leith taoibh é
ó’n sluagh, agus chuir sé a mhéireana
isteach ’n-a chluasaibh, agus chuir sé seile
amach agus chuir sé an seile ar theangain
an duine, 34 Agus d’fhéach sé suas chun na
bhflathas agus dhein sé osna, agus dubhairt
Ephpheta, ’sé sin, Osgail. 35 Agus,
láithreach, do h-osgaladh a chluasa dhó,
agus do bogadh an ceangal d’á theangain,
agus do labhair sé cruinn, 36 Agus
dh’órduigh sé dhóibh gan é dh’innsint
d’aoinne. Ach d’á mhéid a dh’órduigh sé
dhóibh é iseadh is mó a dh’innseadar é, 37
Agus iseadh is mó a dheineadar iongna
dhé, agus a deiridís: Deineann sé gach nídh
go maith: tugann sé éisteacht do’n bhodhar
agus caint do’n bhalbh.

## CAIBID VIII.

**Bia ag Críost dá thabhairt do cheithre mhíle duine. Radharc a thabhairt do dhall. An pháis a bhí ag Críost le fulang.**

1 Ins na laethibh sin airís, nuair a bhí
sluagh mhór ann agus gan aon nídh acu le
n-ithe, do ghlaoidh sé chuige a dheisgiobuil
agus dubhairt sé leó: 2 Tá truagh agam do’n
tsluagh, mar, féach, táid siad am’ fhochair
le trí lá, agus ní’l aon rud le n-ithe acu; 3
Agus má chuirim abhaile iad ’n-a dtrosgadh
tuitfid siad ar an slígh, óir do tháinig cuid
acu abhfad. 4 Agus d’fhreagair a
dheisgiobuil é: Conus is féidir d’aoinne a
ndóithin aráin a thabhairt dóibh anso sa n-
uaigneas? 5 Agus d’fhiafraigh sé dhíobh: An
’mó bulóg aráin agaibh? Agus dubhradar-
san: Seacht mbulóga. 6 Agus d’órduigh sé
do’n tsluagh suidhe síos ar an dtalamh;
agus thóg sé na seacht mbulóga, agus
ghaibh sé buidheachas, agus bhris sé an t-
arán, agus thug sé d’á dheisgiobulaibh é le
cur os cómhair na ndaoine, agus
chuireadar. 7 Agus bhí iasga beaga acu, agus
bheannuigh sé iad, agus d’órduigh sé iad do
chur os cómhair na ndaoine. 8 Agus
d’itheadar, agus bhí a ndóithin mór acu.
Agus thógadar an bia briste do fágadh,
seacht gciseáin de. 9 Agus tímpal cheithre
mhíle duine iseadh bhí tar éis an bhídh a
chaitheamh; agus chuir sé chun siubhail
iad.

10 Agus chuaidh sé láithreach ar bórd na
luinge i n-aonfheacht le n-a dheisgiobuil
agus tháinig sé i dtriúchaibh Dalmanúta. 11
Agus d’imthigh na Fairisínigh amach agus
chromadar ar aighneas leis, ’ghá iarraidh air
cómhartha ó neamh a thabhairt dóibh, ag
baint trialach as. 12 Agus dhein sé osna ’n-a
spioraid, agus dubhairt sé: Cad ab áil leis an
sliocht san ag lorg cómhartha? Go deimhin
a deirim libh, ní tabharfar cómhartha do’n
tsliocht san.

13 Agus chuir sé uaidh iad, agus chuaidh sé ar bórd na luinge airís agus d’imthigh sé thar uisge.

14 Agus dhearmhadadar arán a thabhairt leó, agus ní raibh sa luing acu ach aon bhulóg amhain. 15 Agus thug sé foláramh dóibh agus dubhairt: Féachaidh, agus seachnaidh giost na bhFairisíneach agus giost Héróid. 16 Agus bhíodar ag pléidh eatartha féin, ’ghá rádh: Ní’l arán againn. 17 Agus bhí a fhios san ag Íosa agus dubhairt sé leó: Cad é an pléidh seo agaibh toisg gan arán a bheith agaibh? Ná h-aithnigheann sibh agus ná tuigeann sibh fós? An bhfuil bhúr gcroidhe dall fós? An bhfuil súile agaibh agus ná feiceann sibh? 18 An bhfuil cluasa oraibh agus ná h-airigheann sibh? Nó an amhlaidh nách cuimhin libh? 19 Nuair a bhriseas na chúig bhulóga do’n chúig mhíle duine, an ’mó ciseán a thógabhair de’n bhia briste? Dubhradar-san: Dhá chiseán déag. 20 Agus na seacht mbulóga do’n cheithre mhíle, an ’mó ciseán a thógabhair? Agus dubhradar: Seacht gciseáin. 21 Agus dubhairt sé leó: Conus ná tuigeann sibh fós?

22 Agus thánadar go Betsaida; agus thugadar chuige dall, agus d’iarradar air lámh a chur air. 23 Agus do rug sé ar láimh ar an ndall, agus do rug sé as an mbaile beag é, agus chuir sé seile ar a shúilibh, agus chuir sé a dhá láimh air, agus d’fhiafraigh sé dhe an bhfeacaidh sé aon nídh. 24 Agus d’fhéach an duine suas agus dubhairt sé: Chím daoine mar bheadh crainn agus iad ag siubhal. 25 Ansan do chuir sé a lámh airís ar a shúilibh, agus chrom an duine ar fhéachaint suas, agus mar sin tháinig radharc dó i dtreó go bhfeacaidh sé gach nídh go soiléir. 26 Agus chuir sé an duine chun a thighe féin agus dubhairt sé leis: Imthigh chun do thighe, agus má théigheann tú isteach sa tsráid ná h-innis d’aoinne.

27 Agus chuaidh Íosa agus a dheisgiobuil sa bhaile sin Caesaraéa Philippí, agus ar an slígh dhó do cheistigh sé a dheisgiobuil agus dubhairt sé: Dar leis na daoine cé h-é mise? 28 Agus d’fhreagradar é agus dubhradar: Eóin Baiste; agus dar le tuille, Elias; agus dar le tuille, aon de sna fáidhibh. 29 Ansan dubhairt sé leó: Ach dar libh-se cé h-é me? Agus d’fhreagair Peadar agus dubhairt: Is tusa Críost. 30 Agus thug sé foláramh dóibh gan a dh’innsint d’aoinne ’n-a thaobh.

31 Agus chrom sé ar a theagasg dóibh nár bhfoláir do Mhac an Duine mórán d’fhulang, agus na seanóirí ’ghá shéanadh, agus uachtaráin na sagart, agus na Sgríbhneóirí; agus go gcurfaí chun báis é, agus tar éis trí lá go n-eíreóchadh sé ó’n mbás. 32 Agus do labhair sé an chaint go soiléir. Agus do rug Peadar air agus do chrom sé ar chur ’n-a choinnibh. 33 Ach d’iompuigh seisean agus d’fhéach sé ar a dheisgiobulaibh, agus do labhair sé go bagarthach le Peadar, agus dubhairt sé: Imthigh lastiar díom, a Shátain, óir ní h-iad na neithe a bhaineann le Dia is mian leat, ach na neithe a bhaineann le daoine.

34 Agus ghlaoidh sé chuige na daoine agus a dheisgiobuil i n-aonfheacht, agus dubhairt sé leó: Má’s mian le h-aoinne mise do leanmhaint, séanadh sé é féin, agus glacadh sé chuige a chros, agus leanadh sé mé. 35 Óir, an t-é gur mian leis a anam do shaoradh, caillfidh sé a anam; agus an t-é a chaillfidh a anam ar mo shon-sa agus ar son an tsoisgéil, saorfaidh sé a anam. 36 Mar, cad é an tairbhe do dhuine an saoghal go léir a bhuachtaint má chailleann sé a anam féin? 37 Nó cad í an mhalairt a dhéanfaidh duine ar a anam? 38 Óir an t-é go mbeidh náire air mar gheall orm-sa agus ar mo bhréithre i láthair an tsleachta so atá adhaltranach peacamhail, beidh náire ar Mhac an Duine uime sin nuair a thiocfaidh

sé i nglóire a Athar i bhfochair na n-aingeal naomhtha. 39 Agus dubhairt sé leó: Go deimhin a deirim libh, tá cuid d'á bhfuil 'n-a seasamh anso agus ní bhlaisfid siad an bás go bhfeicfid siad rígheacht Dé ag teacht i gcómhacht.

## CAIBID IX.

### An t-Atharú gné ar Chríost. Deamhain bhalbha aige dá gcur amach as daoíne. Úmhaluígheacht aige dá theagasg. 7 sgannal do sheachnadh.

1 Agus i gceann sé lá do thóg Íosa leis Peadar agus Séamus agus Eóin agus do sheól sé iad, 'n-a n-aonar, suas ar chnoc árd, fé leith, agus d'athruigh a dhealbh os a gcómhair. 2 Agus bhí a chuid éadaigh ag taithneamh chómh geal le sneachta, ar chuma ná féadfadh aon úcaire ar talamh iad do ghealadh. 3 Agus do taisbeánadh dóibh Elias agus Maois agus iad ag caint le h-Íosa. 4 Agus d'fhreagair Peadar agus dubhairt sé le h-Íosa: A Mháighistir is maith an bhail orainne bheith anso; agus leis dúinn trí puible dhéanamh anso, pubal duit-se, agus pubal do Mhaois, agus pubal d'Elias. 5 Óir ní fheidir sé cad a bhí aige dh'á rádh, mar bhíodar sgannruighthe le h-eagla. 6 Agus tháinig sgamal agus clúduigh sé iad agus tháinig guth as an sgamal a dubhairt: Isé seo mo Mhac ró-ionmhuin: éistidh leis. 7 Agus, láithreach, d'fhéachadar 'n-a dtímpal agus ní fheacadar aoinne a thuille ach Íosa amháin 'n-a bhfochair. 8 Agus ag teacht anuas dóibh ó'n gcnoc, thug Íosa foláramh dóibh gan an radharc a chonacadar a dh'innsint d'aoinne go dtí go mbeadh Mac an Duine eirighthe ós na mairbh. 9 Agus choimeádadar an focal san eatartha 'ghá fhiafraighe dh'á chéile cad é a bhrígh sin, Go mbeadh sé eirighthe ós na mairbh.

10 Agus chuireadar ceist chuige, agus dubhradar: Cad chuige, má 'seadh, go ndeir na Fairisínigh agus na Sgríbhneóirí nách foláir Elias do theacht ar dtúis? 11 Agus dubhairt sé leó 'ghá bhfreagradh: Nuair a thiocfaidh Elias ar dtúis cuirfidh sé gach nídh 'n-a cheart airís; agus conus mar atá sgríobhtha i dtaobh Mhic an Duine, go bhfuilingeóchadh sé mórán agus go dtabharfaí tarcuisne dhó. 12 Ach deirim-se libh-se go dtáinig Elias cheana féin, agus gur imreadar a dtoil air, mar atá sgríobhtha 'n-a thaobh.

13 Agus tháinig sé chun a dheisgiobul, agus chonaic sé sluagh mhór 'n-a dtímpal agus na Sgríbhneóirí ag aighneas leó. 14 Agus, láithreach, nuair a chonaic na daoine go léir Íosa tháinig sgannra ortha agus uathbhás, agus do ritheadar chuige agus d'fháiltigheadar roimis, 15 Agus d'fhiafraigh sé dhíobh: Cad é an ceisdiúchán é seo atá eadraibh? 16 Agus d'fhreagair duine de'n tsluagh agus dubhairt sé: A Mháighistir, thugas liom anso ag triall ort mo mhac, mar tá deamhan balbh ann. 17 Agus pé ball 'n-a mbeireann sé é bíonn sé 'ghá chaitheamh, agus cúbhar leis, agus a fhiacala ag díoscán, agus é d'á shnaoí amach. Agus d'iarras ar do dheisgiobulaibh é chur amach, agus níor fhéadadar é. 18 Agus d'fhreagair seisean agus dubhairt: Ó, a shliocht gan creideamh, cad é an fhaid a bheidh mé eadraibh? Cad é an fhaid a dh'fhuilingeóchad libh? Tugaidh chúgham-sa é. 19 Agus thugadar chuige é. Agus chómh luath agus chonaic sé é d'oibrigh an deamhan ann, agus thuit sé ar an dtalamh 'ghá iomlosg féin agus cúbhar leis. 20 Agus d'fhiafraigh sé de'n athair: Cad é an fhaid aimsire atá ó thárla so dhó? Agus dubhairt seisean: Ó bhí sé 'n-a leanbh; 21 Agus is minic a chaith sé sa teine é, agus sa n-uisge, chun é mharbhú; ach má tá sé ar do chumas i n-aon chor, dein trócaire orainn agus fóir orainn. 22

Agus dubhairt Íosa leis: Má's féidir leat
creideamhaint, tá gach nídh ar chumas an
t-é a chreideann. 23 Agus, láithreach, do
sgread athair an bhuachalla, agus na deóra
leis: Creidim, a Thighearna: fóir m'easba
creidimh. 24 Agus nuair a chonaic Íosa an
tsluagh ag cruinniú do smachtuigh sé an
annsprid truaillighthe, agus dubhairt: A
annsprid bhodhar, bhalbh, órduighim duit
imtheacht amach as san, agus gan teacht
isteach ann airís. 25 Agus do sgread sé, agus
d'oibrigh sé é go h-ana-dhian, agus
d'imthigh sé amach as; agus bhí sé mar a
bheadh sé marbh, i dtreó go ndubhairt a
lán: Tá sé marbh. 26 Ach do rug Íosa ar
láimh air, agus do thóg sé suas é; agus
d'eirigh sé. 27 Agus nuair a chuaidh sé
isteach sa tigh d'fhiafraigh a dheisgiobuil
dé, a gan fhios: Cad 'n-a thaobh nár
fhéadamair-ne é chur amach? 28 Agus
dubhairt sé leó: Ní féidir do'n sórd san dul
amach le h-aon nídh ach le h-úrnuighthe
agus le trosgadh.

29 Agus d'imthigheadar ó'n áit sin, agus
chuadar tríd an nGaililí; agus níor bh'áil leis
a fhios a bheith ag aoinne. 30 Agus bhí sé ag
teagasg a dheisgiobul, agus 'ghá rádh leó:
Tabharfar Mac an Duine i lámhaibh
daoine, agus cuirfid siad chun báis é, agus
tar éis a mharbhuighthe eireóchaidh sé an
treas lá. 31 Ach níor thuigeadar an chaint,
agus bhí sgáth ortha é cheistiú. 32 Agus
thánadar go Capharnaum. Agus nuair a
bhíodar sa tigh d'fhiafraigh sé dhíobh: Cad
a bhí ar siubhal agaibh fan bhóthair? 33
Agus níor labhradar; óir bhíodar ag
diospóireacht, fan bhóthair, féachaint cé
'cu dhíobh ba mhó.

34 Agus do shuidh sé, agus ghlaoidh sé
chuige an dáréag, agus dubhairt sé leó: Má's
mian le h-aoinne bheith i n'fhear thosaigh,
isé ar deire ar fad, agus 'n-a sheirbhíseach
ag cách. 35 Agus do rug sé ar leanbh, agus
chuir sé 'n-a sheasamh é i lár baill eatartha;
ansan do thóg sé an leanbh i n-a ucht agus
dubhairt sé leó: 36 An t-é a ghlacfaidh am'
ainim-se leanbh mar an leanbh so, is mise
a ghlacann sé; agus an t-é a ghlacfaidh mise,
ní mise a ghlacann sé, ach an t-é a chuir
uaidh mé.

37 Agus d'fhreagair Eóin é, agus
dubhairt: A Mháighistir, chonacamair
duine ag cur deamhan amach ad' ainim-se,
ach ní ghabhann an duine sin linne, agus do
choisgeamair é. 38 Agus dubhairt Íosa [leis]:
Ná coisgidh é; mar ní'l aon duine a
dhéanfadh mírbhuilt am' ainim-se agus a
dh'fhéadfadh droch-fhocal a rádh orm go
luath. 39 Óir, an t-é ná fuil i nbhúr gconnibh
tá sé libh.

40 Óir, aoinne thabharfaidh le n-ól
daoibh, am' ainim-se, ó's le Críost sibh, fiú
cupán uisge, go deimhin a deirim libh, ní
bheidh sé gan a thuarasdal. 41 Agus aoinne
thabharfaidh droch-shampla do dhuine
de'n mhuintir bheag so a chreideann
ionam-sa, b'fhearra dhó dá gcurtí bró
mhuilinn ar a mhuineál agus é chaitheamh
sa bhfaraige.

42 Agus má thugann do lámh sgannal
duit, gearr anuas díot í; óir is fearra dhuit
dul isteach sa bheatha ar leath-láimh 'ná
dul, agus dhá láimh ort, isteach i n-ifreann,
sa teine nách féidir a mhúchadh, 43 An áit
ná h-éagann an phiast acu, agus ná múchtar
an teine. 44 Agus má thugann do chos
sgannal duit, dein í ghearradh díot; is maith
an rud dul go beatha shíoruidhe agus tu
bacach, seachas tu chur go h-ifreann na
teine gan múchadh, agus do dhá chois
agat, 45 An áit ná h-éagann an phiast acu,
agus ná múchtar an teine. 46 Agus má
thugann do shúil sgannal duit, strac amach
í; is maith an mhaise dhuit dul go flathas
Dé ar leath-shúil seachas tu chur go h-
ifreann na teine, agus dá shúil ionat, 47 An
áit ná h-éagann an phiast acu, agus ná
múchtar an teine. 48 Óir sáilfar gach n-aon

le teine, agus sáilfar gach ídhbirt le
salann. 49 Is maith an rud salann; ach má
bhíonn an salann leamh cad leis go
ndéanfaidh sibh deighbhlasta é? Bíodh an
salann ionaibh, agus bíodh an tsíothcháin
eadraibh.

## CAIBID X.

### Nídh dosgaoilte an pósadh. Nídh contabhartach an saidhbhreas. Árdmhian chlainne Sebedé. Radharc á thabhairt do dhall.

1 Agus d’fhág sé an áit sin, agus tháinig
sé go críochaibh Iúdaéa, lastall de’n Iórdan,
agus bhailigh na daoine chuige airís. Agus
mar ba ghnáth leis, do theagaisg sé airís
iad. 2 Agus tháinig na Fairisínigh agus
chuireadar an cheist chuige, ’ghá thriail: An
dleaghthach do duine a bhean phósta do
chur uaidh? 3 Agus ’ghá bhfreagradh
dubhairt sé: Cad a dh’órduigh Maois
daoibh? 4 Agus dubhradar: Do cheaduigh
Maois Litir imtheachta do sgrí dhi agus i
chur chun siubhail. 5 Agus d’fhreagair Íosa
agus dubhairt leó: Mar gheall ar dhúire
bhúr gcroidhe iseadh do sgríbh sé an aithne
sin daoíbh-se. 6 I dtusach, ámhthach, do
chruthuigh Dia iad firean agus bainean: 7
Mar gheall air sin fágfaidh duine a athair
agus a mháthair, agus claoidhfidh sé le n-a
mhnaoi, 8 Agus beid siad ’n-a mbeirt i n-
aon fheóil: I gcás nách dhá fheóil iad feasda
ach aon fheóil amháin. 9 Dá bhrígh sin, an
nídh a cheangail Dia ná sgaoileadh duine é.

10 Agus ’n-a dhiaidh san, sa tigh, do
cheistigh a dheisgiobuil é ar an nídh
gcéadna; 11 Agus dubhairt sé leó: Aon duine
chuirfidh uaidh a bhean agus do phósfaidh
bean eile, deineann sé adhaltranas ’n-a
coinnibh. 12 Agus má chuireann bean a fear
uaithi agus fear eile do phósadh, deineann
sí adhaltranas.

13 Agus bhíodar ag tabhairt na leanbh
chuige chun go gcuirfeadh sé a lámh ortha.
Agus bhí na deisgiobuil ag cosg na ndaoine
a bhí ’ghá dtabhairt chuige. 14 Agus chonaic
Íosa iad, agus ghlac sé díombádh, agus
dubhairt sé leó: Leigidh chúgham na
leanbhaí, agus ná bídhidh ghá gcosg, óir is
d’á leithéidí sin flathas Dé. 15 Go deimhin a
deirim libh, an t-é ná glacfaidh rígheacht
Dé ar nós leinbh, ní raghaidh sé isteach
ann. 16 Agus do ghlac sé chuige in’ ucht iad,
agus chuir sé a lámha ortha, agus
bheannuigh sé iad.

17 Agus chuaidh sé amach ar an mbóthar,
agus do rith duine chuige agus chaith sé é
féin ar a ghlúinibh ’n-a láthair, agus
d’fhiafraigh sé dhe: A Mháighistir mhaith,
cad a dhéanfad ionus go mbeadh an
bheatha shíoruidhe agam? 18 Agus dubhairt
Íosa leis: Cad chuige dhuit maith do
thabhairt orm? Ní maith aoinne ach Dia
amháin. 19 Is eól duit na h-aitheanta: Ná
dein drúis, Ná dein marbhú, Ná dein guid,
Ná dein fiadhnaise bhréige, Ná dein feall,
Tabhair onóir do t’athair agus do
d’mháthair. 20 Agus d’fhreagair an duine
agus dubhairt sé: A Mháighistir, táid na
neithe sin go léir coimeádta agam ó
m’óige. 21 Ansan d’fhéach Íosa air, agus
thug sé grádh dhó, agus dubhairt sé leis: Tá
aon nídh amhain i n-easnamh ort: imthigh
agus díol a bhfuil agat agus tabhair dos na
bochtaibh é, agus beidh saidhbhreas ar
neamh agat; agus tar agus lean mise. 22 Agus
do chuir an chaint sin buairt ar an nduine,
agus d’imthigh sé fé bhrón; mar duine ab
eadh é go raibh a lán saidhbhris aige.

23 Agus d’fhéach Íosa ’n-a thímpal agus
dubhairt sé le n-a dheisgiobuil: Nách
deacair do lucht saidhbhris dul isteach i
rígheacht Dé! 24 Agus do chuir a chaint
uathbhás ar na deisgiobuil. Ach d’fhreagair
Íosa airís, agus dubhairt sé leó: A chlann ó,
nách deacair do dhaoine go bhfuil a

mainighín a' saidhbhreas dul isteach i rígheacht Dé! [25] Is usa do chamal dul tré chró snáthaide 'ná do dhuine shaidhbhir dul isteach i rígheacht Dé. [26] Agus is amhlaidh a mhéaduigh an iongna ortha, agus dubhradar eatartha féin: Má seadh cé fhéadfaidh dul saor? [27] Agus d'fhéach Íosa ortha, agus dubhairt: Ní'l san ar chumas daoine, ach tá sé ar chumas Dé; óir is féidir le Dia gach nídh a dhéanamh.

[28] Agus do chrom Peadar ar a rádh: Féach, d'fhágamairne gach aon rud agus do leanamair tusa. [29] Agus d'fhreagair Íosa agus dubhairt. Go deimhin adeirim-se libh-se, níl aon duine a dh'fhágfaidh a thigh, ná a dhritháracha, ná a dhriféaracha, ná a athair ná a mháthair, ná a chlann, ná a chuid tailimh, ar mo shon-sa agus ar son an tsoisgéil, [30] Ná faighidh a chéad oiread sa n-aimsir seo anois, tighthe, agus dritháracha agus driféaracha, agus máithreacha, agus clann, agus talamh, mar aon le crádh; agus an bheatha shíoruidhe sa tsaoghal atá le teacht. [31] Óir beidh mórán d'á bhfuil ar tusach ar deire, agus d'á bhfuil ar deire ar tusach.

[32] Agus bhíodar ar an slígh ag dul suas go Ierúsalem; agus bhí Íosa rómpa amach, agus bhí iongna ortha, agus bhíodar ag teacht 'n-a dhiaidh agus eagal ortha. Agus do tog sé an dáréag airís, agus chrom sé ar a dh'innsínt dóibh cad a bhí le tuitim amach dó: [33] Féach, támíd ag dul suas go Ierúsalem, agus tabharfar Mac an Dúine suas d'uachtaránaibh na sagart, agus do sna Sgríbhneóiribh, agus dos na seanóiribh, agus daorfaid siad chun báis é, agus tabharfaid siad suas do sna geintibh é; [34] Agus déanfaid siad magadh faoi, agus caithfid siad seilí air, agus sgiúrsálfaid siad é, agus marbhóchaid siad é; agus eireóchaidh sé airís an trímhadh lá.

[35] Agus tháinig chuige Séamus agus Eóin, clann Sebedé, agus dubhradar: A Mháighistir, is mian linn go ndéanfá dhúinn pé nídh a dh'iarrfimíd ort. [36] Agus dubhairt seisean leó: Cad ba mhaith libh a dhéanfainn daoibh? [37] Agus dubhradar-san: Tabhair dúinn go suidhfeadh duine againn ar do láimh dheis, agus an duine eile ar do láimh chlé, ad' ghlóire. [38] Dubhairt Íosa leó, ámhthach: Ní h-eól daoibh cad tá agaibh 'á iarraidh. An féidir libh an chailís a dh'ól atá agam-sa 'á dh'ól, nó sibh a bhaisteadh sa bhaisteadh seo i n-a bhfuilim-se am' bhaisteadh? [39] Agus dubhradar: Is féidir. Agus dubhairt Íosa leó: Is fíor go n-ólfaidh sibh an chailís atá agam-sa d'á ól, agus go mbaistfar sibh sa bhaisteadh 'n-a mbaistear mise: [40] Ach suidhe ar mo dheis nó ar mo chlí, ní h-agam atá san a thabhairt daoibh, ach do'n mhuintir go bhfuil sé ceapaithe dhóibh.

[41] Agus nuair airigh an deichniúbhar é thosnuigh fearg ar theacht ortha chun Séamuis agus chun Eóin. [42] Ach do ghlaoidh Íosa chuige iad agus dubhairt sé leó: Chíonn sibh, an mhuintir a samhluightear a bheith os cionn na ngeinte, go mbíonn smacht acu ortha, agus tá cómhacht agá bpriúnsaíbh os a gcionn. [43] Ní mar sin, ámhthach, daoibh-se, ach an t-é gur mian leis bheith os bhur gcionn. beidh sé 'n-a sheirbhíseach agaibh; [44] Agus an t-é gur mian leis bheith ar tusach eadraibh, beidh sé ag friothálamh ar gach aoinne. [45] Óir níor tháinig Mac an Duine ionus go ndéanfaí friothálamh air, ach ionus go ndéanfadh sé friothálamh, agus chun go dtabharfadh sé a anam féin mar cheannach ar a lán daoine.

[46] Agus thánadar go Ierichó. Agus nuair a bhí sé féin agus a dheisgiobuil ag dul amach a' Ierichó agus mórán daoine i n-aonfheacht leó, bhí an dall, Bar-Timéus, mac Timéi, 'n-a shuidhe i n-aice an bhóthair agus é a d'iarraidh déarca. [47] Agus nuair airigh sé gur bh'é Íosa Nasareit a bhí

ann, chrom sé ar ghlaodhach agus ar a rádh: A Íosa, a Mhic Dáibhid, dein trócaire orm. 48 Agus bhí a lán daoine ag bagairt air éisteacht. Ach b'shin mar ba mhó a ghlaoidh seisean: A Mhic Dáibhid, dein trócaire orm. 49 Agus do stad Íosa, agus dubhairt sé glaodhach ar an nduine. Agus ghlaodhadar ar an ndall agus dubhradar leis: Glac misneach; eirigh; Tá sé ag glaodhach ort. 50 Agus chaith sé dhe a bhrat agus do phreab sé 'n-a shuidhe, agus tháinig sé ag triall ar Íosa; 51 Agus d'fhreagair Íosa, agus dubhairt sé: Cad ba mhaith leat a dhéanfainn duit? Agus dubhairt an dall: Radharc a thabhairt dom, a Thighearna. 52 Agus dubhairt Íosa leis: Imthigh leat, do shlánuigh do chreideamh thu. Agus bhí radharc aige láithreach, agus do lean sé é sa tslígh.

## CAIBID XI.

**Críost do dhul isteach i gcathair Ierúsalem ar muin asail. An easgaine aige á chur ar an gcrann fíge a bhí seasg, agus na daoine a bhí ag díol agus ag ceannach dá dtiomáint amach as an dteampul aige.**

1 Agus nuair a thánadar i n-aice Ierúsalem agus Bhetánia ag Cnoc na n-Olachrann, chuir sé chun siubhail beirt d'á dheisgiobulaibh, 2 Agus dubhairt sé leó: Téighidh do'n bhaile úd thall os bhúr gcómhair, agus nuair a raghaidh sibh isteach ann gheobhaidh sibh ann ceangailte, searrach nár shuidh aon duine riamh fós air; sgaoilidh é, agus tugaidh chúgham é. 3 Agus má deir aoinne libh, Cad é sin agaibh 'á dhéanamh? abraidh: Teastuigheann sé ó'n dTighearna; agus leigfidh sé libh é, gan stad, anso.

4 Agus d'imthigheadar, agus fuaradar an searrach ceangailte ag dorus, ar an dtaobh amuigh, i gcómhrac dá slíghe; agus do sgaoileadar é. 5 Agus dubhairt cuid d'a raibh 'n-a seasamh ann: Cad ab áil libh ag sgaoileadh an tsiorraigh? 6 Agus dubhradarsan leó mar a dh'órduigh Íosa dhóibh; agus do leigeadar leó é. 7 Agus thugadar an searrach ag triall ar Íosa, agus chuireadar a mbrait anuas air, agus do shuidh sé air. 8 Agus do leath a lán de sna daoine a mbrait ar an slígh; agus bhain tuille acu géaga de sna crannaibh agus do leathadar ar an slígh iad. 9 Agus an mhuintir a bhí ar tusach agus ar deire bhíodar ag liúirigh, agus deiridís: Hósanna. 10 Is beannuighthe an t-é atá ag teacht i n-ainim an Tighearna. Is beannuighthe ag teacht an rígheacht so ár n-athar Dáibhid. Hósanna ins na flathais is aoirde. 11 Agus do chuaidh Íosa isteach i n-Ierúsalem agus isteach sa teampul; agus d'fhéach sé n-a thímpal ar gach nídh, agus nuair a bhí an tráthnóna ann chuaidh sé féin agus an dáréag amach go Betánia.

12 Agus an lá n-a dhiaidh san, agus iad ag teacht ó Bhetánia, bhí ocras air. 13 Agus chonaic sé, abhfad uaidh, crann fíge agus duilleabhar air, agus tháinig sé ag féachaint an bhfaghadh sé aon nídh air. Agus nuair a tháinig sé ní bhfuair sé aon nídh air ach na bileóga, mar ní raibh aimsir na bhfígí tagaithe. 14 Agus d'fhreagair sé agus dubhairt sé leis an gcrann: As so amach go bráth airís nár ithidh duine toradh uait-se. Agus d'airigh a dheisglobuil é.

15 Agus thanadar go Ierúsalem. Agus nuair a chuaidh sé isteach sa teampul do chrom sé ar an muintir a bhí ag díol agus ag ceannach ann do chomáint amach as, agus ar na bórdaibh a leagadh ar lucht an airgid do shóinseáil, agus ar na cathaoireacha do leagadh ar lucht na gcolúr a dhíol. 16 Agus ní lamhálfadh sé d'aoinne árthach a bhreith leis tríd an dteampul. 17 Agus bhí sé ag teagasg, agus dubhairt sé leó: Ná fuil sgríobhtha: Tabharfar tigh chun úrnuighthe do sna geintibh go léir ar

mo thigh-se? Ach tá cuinigéar
bitheamhnach déanta agaibh-se dhe. 18
Agus bhí uachtaráin na sagart agus na
Sgríbhneóirí ag éisteacht leis, agus bhíodar
ag machtnamh féachaint conus a
thiocfaidís ar é mharbhú; óir bhí eagla acu
roimis, mar bhí na daoine go léir ag
déanamh iongna d'á theagasg.

19 Agus nuair a tháinig an tráthnóna
d'imthigh sé amach as an gcathair.

20 Agus nuair a bhíodar ag gabháil thar
an áit ar maidin chonacadar an crann fíge
agus é feóchta go préamhachaibh. 21 Agus
chuímhnigh Peadar, agus dubhairt sé leis:
A Mháighistir, an crann fíge gur chuiris an
mhallacht air, féach, tá sé feóchta. 22 Agus
d'fhreagair Íosa agus dubhairt sé leó: Bíodh
creideamh Dé agaibh. 23 Go deimhin a
deirim libh, an t-é a déarfaidh leis an gcnoc
so: Tógtar thu agus caithtear sa bhfaraige
thu, agus ná staonfaidh sé 'n-a chroidhe,
ach go gcreidfidh sé go ndéanfar an rud
adeir sé, déanfar é dhó. 24 Deirim libh d'á
bhrígh sin: An uile rud ar domhan a bheidh
agaibh 'á iarraidh i nbhúr n-úrnuighthe,
creididh go bhfaghaidh sibh é agus
gheobhaidh sibh é. 25 Agus nuair a
stadfaidh sibh chun úrnuighthe dhéanamh,
má bhíonn aon nídh agaibh i gcoinnibh
aoinne, maithidh dó é; ionus go maithfeadh
bhúr n-Athair atá ins na flathais bhúr
bpeacaí dhaoibh-se. 26 Agus mura
maithfidh sibh-se, ní lúgha 'ná mar a
mhaithfidh bhúr n-Athair atá ins na flathais
bhúr bpeacaí dhaoibh-se.

27 Agus thánadar airís go Ierúsalem.
Agus nuair a bhí sé ag siubhal istigh sa
teampul tháinig chuige uachtaráin na sagart
agus na Sgríbhneóirí agus na seanóirí, 28
Agus dubhradar leis: Cad é an t-úghdarás
atá agat chun na neithe seo do dhéanamh?
agus cé thug duit an t-úghdarás chun iad a
dhéanamh? 29 Agus d'fhreagair Íosa iad
agus dubhairt: Cuirfead-sa, leis, aon cheist
amháin chúghaibh-se, agus tugaidh freagra
orm, agus ansan neósfad-sa dhaoibh-se cad
é an t-úghdarás atá agam chun na neithe
seo dhéanamh. 30 An baisteadh a dhein
Eóin ar bh' ó neamh é nó ó dhaoine?
Tugaidh freagra orm. 31 Ach do chromadar
ar machtnamh 'n-a n-aigne, agus
dubhradar: Má deirimíd gur bh' ó neamh é,
déarfaidh sé, Cad 'n-a thaobh, má 'seadh,
nár chreideabhair é? 32 Agus má deirimíd
gur bh' ó dhaoine é, is baoghal dúinn an
pobul; óir, dar leis na daoine, fáidh
dáiríribh ab eadh Eóin. 33 Agus
d'fhreagradar agus dubhradar le h-Íosa: Ní
fheadramair. Agus d'fhreagair Íosa agus
dubhairt leó: Ní lúgha 'ná mar a neósfad-sa
dhaoibh-se cad é an t-úghdarás atá agam
chun na neithe seo dhéanamh.

## Caibid XII.

**Parabal an fhíonghuirt agus an lucht saothruighthe. Ceart Chéasair chun na cánach. Na Sadducínigh; i bpúnc. An chéad aithne; cianóg na baintríghe.**

1 Agus do chrom sé ar labhairt leó i
soluídíbh: Do chuir duine fíonghort, agus
dhein sé fál 'n-a thímpal, agus dhein sé clais
ann chun an fhíona do bhrúth, agus chuir
sé suas túr ann, agus do chuir sé é chun
lucht saothruighthe, agus d'imthigh sé i
gcéin. 2 Agus nuair a tháinig an t-am chuir
sé seirbhíseach ag triall ar an lucht
saothruighthe chun toradh an fhíonghuirt
d'fhághail ó'n lucht saothruighthe. 3 Agus
do rugadar ar an seirbhíseach, agus
ghabhadar air, agus chuireadar chun
siubhail folamh é. 4 Agus airís chuir sé
chúcha seirbhíseach eile; agus do
ghoineadar é sin, sa cheann, agus thugadar
tarcuisne dhó. 5 Agus airís chuir sé
seirbhíseach eile ag triall ortha: agus do
mharbhuigheadar é féin; agus mórán eile;
do ghabhadar ar chuid acu, agus do

mharbhuigheadar cuid acu. [6] Ach do bhí
aige aon mhac amháin, ró-dhílis; agus chuir
sé é sin chúcha sa deire, agus dubhairt sé
Tabharfaid siad uraim dom' mhac. [7] Ach
dubhairt an lucht saothruighthe le n-a
chéile: Sidé an t-oighre; téanam, cuirimís
chun bháis é, agus beidh an oighreacht
againn. [8] Agus do rugadar air, agus do
chuireadar chun bháis é, agus chaitheadar
lasmuigh de'n fhíonghort é. [9] Cad a
dhéanfaidh tighearna an fhíonghuirt sin?
Tiocfaidh sé agus déanfaidh sé díbheirg ar
an lucht saothruighthe sin agus tabharfaidh
sé an fíonghort d'á malairt.

[10] Agus an amhlaidh nár léigheabhair an
scriptiúir seo, An chloch ná glacfadh na
saoir, isí atá 'n-a cloich chinn cúinne; [11] Isé
an Tighearna do dein an nídh sin, agus is
iongantach é i n-ár súilibh-ne? [12] Agus
bhíodar a d'iarraidh beirthe air, ach bhí
eagla acu roimis an bpobul; óir bhí fhios
acu gur chúcha féin a bhí sé sa tsoluíd sin.
Agus d'fhágadar é agus d'imthígheadar.

[13] Agus chuireadar chuige cuid de sna
Fairisínigh agus de mhuintir Héróid chun
buntáiste bhreith air 'n-a chaint. [14] Agus
thánadar chuige agus dubhradar leis: A
Mháighistir, is eól dúinn gur duine
fírinneach tu, agus ná fuil beann agat ar
aoinne; mar ní féachann tú chun gnúise
aon duine, ach slígh Dé do múineadh do
reir fírinne. An dleaghthach cíos a dhíol le
Caesar nó gan a dhíol? An dtabharfam é nó
an gcoimeádfam é? [15] Ach do chonaic sé an
feall a bhí ionta, agus dubhairt sé leó: Cad
chuige dhaoibh bheith am' brath? Tugaidh
chugham píosa airgid go bhfeicead é. [16]
Agus thugadar chuige é. Agus dubhairt sé
leó: Cé leis an íomháigh seo agus an
sgríbhinn seo? Dubhradar leis: Le
Caesar. [17] Agus d'fhreagair Íosa agus
dubhairt sé leó: Tugaidh, d'á bhrígh sin, do
Chaesar na neithe is le Caesar, agus do
Dhia na neithe is le Dia.

[18] Ansan tháinig chuige na Sadducínigh,
daoine a shéanann aiseirighe na marbh,
agus chuireadar ceist chuige agus
dubhradar; [19] A Mháighistir, do sgríbh
Maois dúinn: Má gheibheann dritháir
dhuine bás agus go bhfágann sé a bhean,
agus ná fágann sé clann 'n-a dhiaidh, go
nglacfaidh a dhritháir an bhean, agus go
dtógfaidh sé clann d'á dhritháir. [20] Ach bhí
mórsheisear drithár ann, agus do phós an
chéad duine acu bean, agus fuair sé bás gan
clann fhágáilt. [21] Agus do ghlac an tarna
duine acu í, agus fuair sé bás, agus níor fhág
sé sin clann ach chómh beag. Agus an
trímhadh fear ar an gcuma gcéadna. [22] Agus
do ghlac an mórsheisear í ar an gcuma san,
agus niór fhágadar clann. I n-a ndiaidh go
léir do fuair an bhean bás. [23] D'á bhrígh sin,
nuair thiocfaidh an aiseirighe, agus nuair a
dh'eireóchaid siad go léir, cé 'cu dhíobh gur
leis an bhean? Óir bhí sí 'n-a mnaoi ag an
mórsheisear. [24] Agus d'fhreagair Íosa agus
dubhairt sé leó: Nác é atá 'búr gcur amú
gan eólus a bheith agaibh ar an scriptiúir,
ná ar chómhachtaibh Dé? [25] Óir, nuair a
dh'eireóchaid siad ó sna mairbh ní bheidh
pósadh ná tabhairt le pósadh feasta, ach
beid siad ar nós na n-aingeal ins na
flathais. [26] I dtaobh na marbh, ámhthach,
go n-eireóchaid siad, nár léigheabhair i
leabhar Mhaoise, conus mar adubhairt Dia
leis as an dtor: Is mise Dia Ábrahaim agus
Dia Isaaic agus Dia Iacóib. [27] Ní do
dhaoine marbha is Dia é ach do dhaoine
atá beó. D'á bhrígh sin is mór atáthaoi-se
amú.

[28] Agus tháinig chuige duine de sna
Sgríbhneóiribh a bhí ag éisteacht leó-san ag
déanamh an aighnis, agus nuair a chonaic a
fheabhas do fhreagair sé iad, d'fhiafraigh sé
dhe cad í an chéad aithne de sna h-
aitheantaibh go léir. [29] Agus d'fhreagair
Íosa é: Isí an chéad aithne dhíobh go
léir: Clois, a Israéil, is aon Dia amháin do

Thíghearna Dia-se; 30 Agus grádhfaidh tú
do Thighearna Dia ód' chroídhe go h-
iomlán, agus ót' anam go h-iomlán, agus ót'
aigne go h-iomlán, agus ód' neart go h-
iomlán. Siní an chéad aithne. 31 Agus is
cosmhail léi an tarna h-aithne; Grádhfair
do chómharsa mar thu féin. Ní'l aithne eile
is mó ná iad san. 32 Agus dubhairt an
Sgríbhneóir leis: Maith, a Mháighistir. Do
labhrais fírinne, aon gur b'eadh Dia, agus
ná fuil ann ach é. 33 Agus é ghrádhú ó
chroidhe go h-iomlán, agus ó thuisgint go
h-iomlán, agus ó anam go h-iomlán, agus ó
neart go h-iomlán, agus an chómharsa do
ghrádhú mar dhuine féin. Is mó san 'ná
gach ídhbirt agus 'ná gach ofráil. 34 Agus
nuair a chonaic Íosa gur fhreagair sé go
ciallmhar, dubhairt sé leis: Ní'lir-se abhfad
ó rígheacht Dé. Agus mór leómhaigh
aoinne é cheisdiú as san amach.

35 Agus bhi Íosa ag teagasg sa teampul
agus dubhairt sé: Conus adeir na
Sgríbhneóirí gur mac do Dháibhid
Críost? 36 Óir deir Dáibhid féin, sa Spioraid
Naomh, Dubhairt an Tighearna lem'
Thighearna, Suidh ar mo dheis go gcuiread
do namhaid mar thaca féd' chosaibh. 37
Mar sin, tugann Dáibhid féin a Thighearna
air, agus conus atá sé 'n-a mhac aige? Agus
d'éist an pobul mór leis agus áthas ortha.

38 Agus dubhairt sé leó agus é 'gha
dteagasg: Seachnaidh na Sgríbhneóirí. Is
maith leó siubhal i n-éadaighibh fada, agus
go ndéanfaí úmhlú dhóibh i n-áit an
mhargaidh; 39 Agus suidhe ins na
cathaoireachaibh uachtair ins na
sinagógaibh, agus ins na h-ineadaibh
tusaigh chun búird; 40 Ithid siad teaghlacha
na mbaintreach ar sgáth úrnuighthe fada:
Gheobhaid siad san an bhreith is truime.

41 Agus do shuidh Íosa i n-aice áite an
chiste, agus thug sé fé ndeara conus a
chuireadh na daoine airgead isteach ann,
agus do chuir a lán daoine saidhbhire
mórán isteach ann. 42 Agus do tháinig
baintreach dhealbh agus chaith sí isteach
dhá chianóig, 'sé sin feóirling. 43 Agus
ghlaoidh sé chuige a dheisgiobuil agus
dubhairt sé leó: Go deimhin a deirim libh
gur mó a chuir an bhaintreach bhocht
dhealbh so isteach sa chiste 'ná mar a chuir
aoinne eile d'ár chuir rud ann; 44 Óir do
chuir an chuid eile ann as a bhflúirse, ach
do chuir sí seo ann, d'á dealbhas, a raibh
aici, a cuid an tsaoghal.

## CAIBID XIII.

**An íde a bhí le teacht ar an dteampul, agus na cómharthaí atá le teacht roim lá an bhreitheamhantais.**

1 Agus nuair a bhí sé ag dul amach as a
dteampul dubhairt duine dh'á dheisgiobuil
leis: Féach, a Mháighistir, cad iad mar
chlocha agus cad é mar dhéanamh! 2 Agus
d'fhreagair Íosa agus dubhairt leis: Chíonn
tú na h-oibreacha móra san go léir? Ní
fágfar cloch ar muin cloiche dhíobh gan
leagadh.

3 Agus bhí sé 'n-a shuidhe ar Chnoc na
n-Olachrann ar aghaidh an teampail, agus
bhí Peadar agus Séamus agus Eóin agus
Aindrias 'ghá fhiafraighe dhe, ar leithligh: 4
Innis dúinn, cathain a thiocfaidh na neithe
seo? agus cad é an cómhartha a bheidh air,
nuair a thosnóchaid na neithe seo go léir ar
theacht chun cinn. 5 Agus do chrom Íosa,
'ghá bhfreagradh, ar a rádh leó: Seachain
agus ná mealladh aoinne sibh.

6 Óir tiocfaidh a lán daoine am' ainim-se,
agus déarfaid siad, Is mise é; agus meallfaid
siad a lán. 7 Ach nuair a dh'aireóchaidh sibh
cogaí agus ráflaí ar chogaíbh, ná bíodh
eagal oraibh, óir ní foláir iad san a bheith
ann; ach ní hé au deire fós é. 8 Óir
eireóchaidh cine i n-aghaidh cine agus
rígheacht i n-aghaidh rígheachta, agus
beidh luasgacha talmhan go tiugh ann, agus

gorta. Tusach na buartha iad san. 9 Ach
féachaidh chúghaibh féin. Óir tabharfaid
siad i láthair na gcómhairlí sibh, agus
sgiúrsálfar sibh ins na sinagógaibh, agus
seasóchaidh sibh i láthair ríghthe agus
uachtarán mar gheall orm-sa, mar
fhiadhnaise dhóibh-sin. 10 Agus ní foláir ar
dtúis an soisgéal do chraobhsgaoileadh
chun na ngeinte go léir. 11 Agus nuair a
thabharfaid siad leó sibh chun sibh a
thabhairt ar láimh, ná bacaidh a bhreithniú
roim ré cad déarfaidh sibh; ach an rud a
tabharfar daoibh an uair sin, abraidh é; óir
ní sibh-se a labhrann, ach an Spioraid
Naomh. 12 Óir déanfaidh an dritháir feall
báis ar a dhritháir, agus an t-athair ar a
mhac; agus eireóchaidh an chlann i n-
aghaidh a n-athar agus a máthar, agus
imireóchaid siad bás ortha. 13 Agus beidh
fuath ag gach aoinne dhaoibh mar gheall ar
m' ainim-se. Ach an t-é a bheidh
seasamhach go deire isé a raghaidh slán.

14 Ach nuair a chífidh sibh gráin an
léirsgriosa 'n-a seasamh sa n-áit nach dual
(an t-é a léigheann tuigeadh sé), ansan an
mhuintir atá i n-Iúdaéa teithidís chun na
gcnoc. 15 Agus an t-é bheidh ar bhuaic a
thíghe ná tagadh sé anuas sa tigh agus na
téigheadh sé isteach chun ruda bhreith as
an dtigh; 16 Agus an t-é a bheidh sa pháirc
ná filleadh sé a d'iarraidh a bhrait. 17 Agus
is mairg do lucht clainne d'iompar agus do
lucht clainne dh'oileamhaint ins na
laethibh sin; 18 Agus bídhidh ag guidhe gan
iad a bheith sa gheimhre. 19 Óir beidh ins
na laethibh sin cruadhtan ná raibh a leithéid
ann ó thusach an chruithniú a chruithnigh
Dia go dtí anois, agus ná bheidh. 20 Agus
mura gcioruigheadh an Tighearna na
laethanta ní bheadh dul as ag feóil ar bith;
ach ar son na bhfíoraon atá toghtha aige do
chioruigh sé na laethanta. 21 Agus anois má
deir aoinne libh, Féac, tá Críost anso; féac,
tá sé ansúd: ná creididh. 22 Óir eireóchaid
críosdana fallsa agus fáidhí fallsa, agus
tabharfaid siad cómharthaí uatha agus
iongnaí, chun na bhfíoraon féin do
mhealladh, dá mb'fhéidir é. 23 Tugaidh-se
aire, d'á bhrígh sin; féach, tá gach nídh
innste agam daoibh roim ré.

24 Ach ins na laethibh sin, tar éis na
buartha san, dorchóchaidh an ghrian agus
ní thabharfaidh an ghealach a solus, 25 Agus
beidh na réilte ag tuitim as an spéir, agus
beidh na cómhachta atá ins na flathais d'á
suathadh. 26 Agus ansan chífid siad Mac an
Duine ag teacht ins na sgamalaibh, le
mórán cómhacht' agus glóire. 27 Agus
ansan cuirfidh sé a aingil amach agus
cruinneóchaidh sé a fhíoraoin ó sna
cheithre gaoithibh, ó fhíor-imeall an
tailimh go fíor-imeall neimhe. 28
Fóghlumuidh ó'n gcrann fíge soluíd. Nuair
a bhíonn a géag bog agus an duilleabhar
tagaithe is eól daoibh an samhradh bheith i
n-achmaireacht. 29 Mar sin daoibh-se nuair
a chífidh sibh na neithe seo ag teacht chun
cinn, bíodh fhios agaibh é bheith ins na
dóirsibh buailte libh. 30 Go deimhin a
deirim libh, ní h-imtheóchaidh an tsliocht
so go dtagaid na neithe seo go léir chun
cinn. 31 Raghaidh spéir agus talamh ar
neamhnídh, ach ní raghaidh mo bhréithre-
se ar neamhnídh.

32 Ní fios d'aoinne, ámhthach, an lá san
ná an uair, d'á mb'iad na h-aingil ins na
flathais iad, nó an Mac, ach do'n Athair. 33
Tugaidh aire, deinidh faire agus
úrnuighthe; óir ní fios daoibh cathain a
bheidh an t-am ann. 34 Ar nós duine a
d'fhág a thigh agus d'imthigh i gcéin, agus
a thug d'á sheirbhíseachaibh déanamh gach
oibre, agus a dubhairt leis an ndóirseóir
faire dhéanamh; 35 Deinidh-se faire, d'á
bhrígh sin, (óir ní fios daoibh cathain a
thiocfaidh an tighearna, um thráthnóna, i
lár na h-oidhche, ar ghlaodach an choiligh,
nó ar maidin) 36 Le h-eagla, nuair a

thiocfadh sé, gur i nbhúr gcodladh a gheobhadh sé sibh. [37] Agus an rud a deirim libh-se deirim le gach aoinne é: Deinidh faire.

## CAIBID XIV.

### An chéad chuid de thuairisg páise Chríost.

[1] Agus i gcionn dá lá bhí féile na Cásga agus an aráin gan giost le bheith ann, agus bhí uachtaráin na sagart agus na Sgríbhneóirí 'ghá chuimhneamh conus a dhéanfaidís breith air agus é chur chun báis. [2] Ach dubhradar: Ná deintear é lá na féile, le h-eagla go n-eireóchadh achrann ameasg an phobuil.

[3] Agus bhí sé i mBetánia, i dtigh Shímóin lobhair, 'n-a shuidhe chun bídh agus tháinig bean agus bosca alabastair aici d'ola spícnáird a bhí ana-dhaor, agus do bhris sí an bosca alabastair agus dhoirt sí an ola ar a cheann. [4] Agus bhí daoine láithreach agus thainig fearg ortha, agus dubhradar 'n-a n-aigne féin: Cad chuige an bhásta san a dhéanamh ar an ola? [5] D'fhéadfaí an ola san do dhíol ar níos mó 'ná trí chéad píosa airgid agus é thabhairt do sna bochtaibh. Agus bhíodar ag casaoid léi. [6] Agus dubhairt Íosa: Leigidh di. Cad chuige dhaoibh bheith ag casaoid léi? Is gníomh maith atá déanta aici orm-sa. [7] Óir táid na boicht i nbhúr bhfochair agaibh i gcómhnuighe, agus féadfaidh sibh maith a déanamh dóibh nuair is áil libh; ach ní'limse i gcómhnuighe agaibh. [8] An nídh a bhí aici seo le déanamh tá sé déanta aici; tá ola curtha roim ré aici ar mo chorp-sa i gcóir adhlachta. [9] Go deimhin adeirim libh: sé áit 'n-a gcraobhsgaoilfar an soisgéal so ar fuid an domhain go léir, neósfar ann, mar chuimhneamh uirthi seo, an nídh atá déanta aici.

[10] Agus d'imthigh Iúdás Iscariót, duine de'n dáréag, ag triall ar uachtaránaibh na sagart, chun é dhíol leó. [11] Agus nuair airigheadar é bhí áthas ortha, agus ghealladar dó go dtabharfaí airgead dó. Agus bhí sé ag faire chun caoi fhághail ar é thabhairt suas.

[12] Agus an chéad lá de laethibh an aráin gan giost nuair a deintí ídhbirt na Cásga, dubhairt a dheisgiobuil leis: Cár mhaith leat go raghmís agus go ndéanfaimís an Cháisg d'ollamhú dhuit le n-ithe? [13] Agus chuir sé uaidh beirt d'á dheisgiobuil agus dubhairt sé leó: Téighidh isteach sa chathair, agus casfar oraibh fear agus árthach uisge ar a mhuin aige; leanaidh é. [14] Agus pé áit 'n-a raghaidh sé isteach abraidh le fear an tighe, Deir an Máighistir, Cá bhfuil an seómra 'n-a n-íosfad an Cháisg i dteannta mo dheisgiobul? [15] Agus taisbeánfaidh sé daoibh seómra mór, agus é curtha i dtreó, agus déinidh ollamhú dhúinn ann.

[16] Agus d'imthigh na deisgiobuil agus thánadar sa chathair, agus fuaradar mar a dubhairt sé, agus d'ollamhuigheadar an Cháisg.

[17] Agus nuair a bhí an trathnóna ann tháinig sé i n-aonfheacht leis an dáréag. [18] Agus nuair a bhíodar 'n-a suidhe agus ag ithe, dubhairt Íosa: Go deimhin a deirim libh, tá duine agaibh-se, atá ag ithe am theannta, agus díolfaidh sé mé. [19] Agus tháinig bhuairt ortha, agus chromadar ar a rádh leis, 'n-a nduine a's 'n-a nduine: An mise é? [20] Agus dubhairt sé leó: Duine de'n dáréag, duine a chuireaim a lámh sa n-aon mhéis liom. [21] Is fíor go bhfuil Mac an Duine ag imtheacht, fé mar atá sgríobhtha 'n-a thaobh; ach is ró-mhairg do'n fhear san tré a ndéanfar Mac an Duine do thabhairt suas. B'fhearra dho'n fhear san ná tiocfadh sé riamh ar an saoghal.

[22] Agus an fhaid a bhíodar ag ithe do thóg Íosa arán agus bheannuigh sé é, agus

bhris sé é, agus thug sé dhóibh é, agus
dubhairt sé: Glacaidh, ithidh; is é mo chorp
é seo. 23 Agus thóg sé cailís, agus ghaibh sé
buidheachas, agus thug sé dhóibh í, agus
d'óladar go léir aisti. 24 Agus dubhairt sé
leó: Isí mo chuid fola, fuil an tiomna nua, í
sin, a doirtfar ar son a lán. 25 Go deimhin
adeirim libh, ná h-ólfad feasda de'n toradh
so na fíneamhna go dtí an lá san 'n-a n-
ólfad nua é i rígheacht Dé.

26 Agus tar éis an iomuin do ghabháil
dóibh chuadar go Cnoc na n-Ola-chrann.

27 Agus dubhairt Íosa leó: Glacfaidh sibh
go léir sgannal umam-sa anocht; óir tá
sgríobhtha, Buailfead an t-aodhaire agus
sgaipfar na caoire. 28 Ach tar éis
m'aiseirighe raghad rómhaibh go Gaililí. 29
Agus dubhairt Peadar leis: Bíodh go
nglacfaidís go léir sgannal umat, ní
ghlacfad-sa. 30 Agus dubhairt Íosa leis: Go
deimhin adeirim leat, sa lá so againn,
anocht féin, séanfair mé fó thrí sar a
nglaoidhfidh an coileach an tarna h-uair. 31
Ach sin mar ba dhéine do labhair seisean:
Dá gcaithinn dul chun báis i n-aonfheacht
leat ní shéanfad tú. Agus do labhradar go
léir ar an gcuma gcéadna.

32 Agus thánadar chun na h-áite ar a
dtugtar Getsémané, agus dubhairt sé le n-a
dheisgiobuil: Suidhidh anso go ndeinead
úrnuighthe.

33 Agus do rug sé leis Peadar agus
Séamus agus Eóin, agus thusnuigh sé ar
bheith go crith-eaglach agus go dúbhach; 34
Agus dubhairt sé leó: Tá bhrón an bháis ar
m'anam; fanaidh anso agus deinidh faire.

35 Agus d'imthigh sé tamall uatha, agus
thuit sé anuas ar an dtalamh, agus ghuidh
sé go ngeobhadh an uair thairis dá
mb'fhéidir é. 36 Agus dubhairt sé: Abba, a
Athair, tá gach nídh ar do chumas; cuir an
chailís seo i leith taoibh uaim; ná deintear
ámhthach, an nídh is toil liom-sa, ach an
nídh is toil leat-sa. 37 Agus tháinig sé agus
fuair sé 'n-a gcodladh iad. Agus dubhairt sé
le Peadar: A Shímóin, an ad' chodladh
ataoí? Nár fheadais faire dhéanamh ar
feadh aon uaire amháin? 38 Déinidh faire
agus guidhe, ionus ná raghadh sibh i
gcathaíbh. Tá an spioraid tugtha, is fíor,
ach tá an fheóil lag. 39 Agus d'imthigh sé
airís, agus dhein sé an guidhe céadna ins na
focalaibh céadna. 40 Agus tháinig sé an
tarna h-uair agus fuair sé 'n-a gcodladh iad,
(óir do bhí mairbhitíghe ar a súilibh), agus
ní fheadradar cad é an freagra thabharfaidís
air. 41 Agus tháinig sé an trímhadh h-uair
agus dubhairt sé leó: Deinidh codladh
anois agus suaimhneas. Ní beag é: tá an uair
tagaithe; féach, tabharfar Mac an Duine ar
lámhaibh na bpeacach. 42 Eirighidh,
téanaídh; féach, tá i bhfogus dúinn an fear
a bhrathfaidh mé.

43 Le linn na bhfocal a rádh dhó, tháinig
Iúdás Iscariót, duine de'n dáréag, agus
sluagh mhór i n-aonfheacht leis, ó
uachtaránaibh na sagart agus ó sna
Sgríbhneóirí agus ó sna seanóirí, agus bhí
claidhmhte agus bataí acu. 44 Agus bhí
cómhartha tabhartha aige-sean dóibh, mar
dubhairt sé: An t-é go dtabharfad-sa póg
dó, siné é; beiridh air agus tugaidh libh é go
h-aireach. 45 Agus nuair a tháinig sé do
dhein sé air isteach agus dubhairt sé: Go
mbeannuighthear dhuit, a Mháighistir,
agus thug sé póg dó. 46 Agus
ghreamuigheadar-san a lámha air, agus
choimeádadar é. 47 Agus tharaing duine d'á
raibh láithreach claidheamh, agus bhuail sé
seirbhíseach an árdshagairt agus bhain shé
an chluas de. 48 Agus d'fhreagair Íosa agus
dubhairt sé: An dtánabhair amach, agus
claidhmhte agus bataí agaibh, chun beirthe
orm mar a thiocfadh sibh cun beirthe ar
bhitheamhnach? 49 Bhíos gach lá i nbhúr
measg sa teampul, ag teagasg agus níor
rugabhair orm. Ach is chun an sgriptiúra
do chómhlíonadh é. 50 Ansan d'fhág a

dheisgiobuil é agus do theitheadar go léir. 51
Agus bhí buachaill 'ghá leanmhaint n-a
raibh ball línéadaigh fan nochta a choím
air, agus do rugadar air. 52 Agus do sgaoil
seisean an ball línéadaigh leó, agus
d'imthigh sé uatha tárnocht.

53 Agus thugadar Íosa leó i láthair an
árdshagairt; agus do chruinnigh ann na
sagairt go léir agus na Sgríbhneóirí agus na
seanóirí. 54 Agus do lean Peadar é, abhfad
siar, go dtí go raibh sé istigh i halla an árd-
shagairt, agus bhí sé 'n-a shuidhe i dteannta
na seirbhíseach, chun na teine, 'ghá théidh
féin.

55 Agus bhí na h-árdshagairt agus an
chómhairle go léir ag lorg fínné i gcoinnibh
Íosa, chun é dhaoradh chun báis; agus bhí
ag teip ortha. 56 Agus bhí a lán ag tabhairt
fiadhnaise bréige 'n-a choinnibh, ach níor
réidhtigh a bhfiadhnaise le n-a chéile. 57
Agus d'eirigh daoine éigin agus thugadar
fiadhnaise bréige 'n-a choinnibh agus
dubhradar: 58 D'airigheamair-ne é agus
dubhairt sé: An teampal so a deineadh le
lámhaibh daoine, leagfad-sa é agus i gcionn
trí lá cuirfead suas ceann eile, agus ní le
lámhaibh daoine é. 59 Agus níor réidhtigh a
bhfiadhnaise le n-a chéile. 60 Agus d'eirigh
an t-árdshagart, i lár na h-áite, agus chuir sé
ceist chun Íosa, agus dubhairt: Ná fuil aon
fhreagra agat le tabhairt ar a bhfuil acu san
'á chur ad' leith? 61 Ach níor labhair seisean
agus níor thug sé aon fhreagra. Agus do
cheistigh an t-árdshagart é, agus dubhairt
sé: An tusa Críost Mac Dé
bheannuighthe? 62 Agus ansan dubhairt
Íosa leis: Is mé; agus chífidh sibh Mac an
Duine 'n-a shuidhe ar deasláimh
cómhachta Dé agus ag teacht i sgamallaibh
neimhe. 63 Ansan do strac an t-árdshagart a
bhrat, agus dubhairt sé: Cad ab aíl linn d'a
thuille fínnithe? 64 D'airigheabhair an
diamhasla: cad a chítear daoibh? Agus
dubhradar go léir go raibh bás tuillte aige. 65
Agus do chrom cuid acu ar sheilí
chaitheamh air, agus ar a aghaidh do
chlúdach agus ar é bhualadh le dóirnibh,
agus deiridís: Targair: agus bhí na
seirbhísigh 'ghá bhualadh le n-a mbasaibh.

66 Agus bhí Peadar sa halla thíos, agus
tháinig duine de chailíníbh aimsire an
árdshagairt, 67 Agus nuair a chonaic sí
Peadar 'ghá théidh féin, d'fhéach sí air agus
dubhairt sí: Agus do bhís-se leis i bhfochair
Íosa Nasareit. 68 Agus do shéan seisean
agus dubhairt: Ní'l fios ná eólus agam ar
cad deirir. Agus d'imthigh sé amach
lasmuigh de'n halla; agus do ghlaoidh an
coileach. 69 Agus do chonaic an cailín airís
é, agus dubhairt sí leis an muintir a bhí 'n-a
seasamh ann: Is duine acu súd é seo. 70
Agus do shéan seisean airís. Agus tar éis
tamaill bhig dubhairt an mhuintir a bhí 'n-
a seasamh ann airís, le Peadar: Go deimhin
is duine acu súd tu, mar is Gaililiach tu. 71
Agus do chrom seisean ar easgainidhe agus
ar a dhearbhú: Ní'l aon aithne agam ar an
nduine sin adeireann sibh. 72 Agus ansan do
ghlaoidh an coileach an tarna h-uair. Agus
do chuimhnigh Peadar ar an bhfocal
adubhairt Íosa: Sar a nglaoidhfidh an
coileach dhá uair séanfair mé trí h-uaire.
Agus chrom sé ar ghol.

## CAIBID XV.

### Tuairisg na páise ar leanmhaint.

1 Agus ar maidin lár n-a mháireach go
luath chuaidh uachtaráin na sagart i
gcómhairle leis na seanóiríbh agus leis na
Sgríbhneóiríbh, agus leis an gcómhairle
choitchian, agus thugadar suas Íosa,
gabhtha, do Phílát. 2 Agus d'fhiafraigh Pílát
de: An tusa rí na n-Iúdach? Agus
d'fhreagair seisean agus dubhairt: Deirir-se
é. 3 Agus do chuir uachtaráin na sagart a lán
neithe 'n-a leith. 4 Agus cheistigh Pílát airís
é, agus dubhairt: Nách bhfuil aon fhreagra

agat le tabhairt? Féach a bhfuil acu ’á chur ad’ leith. [5] Agus níor fhreagair Íosa focal eile, i dtreó go raibh iongna ar Pílát.

[6] I gcaitheamh lae na féile, ámhthach, ba ghnáth leis aon phríosúnach amháin do leigint saor chúcha, aon phríosúnach a iarrfidís. [7] Agus bhí aon phríosúnach amháin ann gur bh’ainim dó Barabbas, agus bhí sé gabhtha ameasg an lucht ceannairce, agus mhairbh sé duine i gceannairc. [8] Agus tháinig an pobul agus chromadar ar iarraidh, mar ba ghnáth leis a dhéanamh dóibh. [9] Agus d’fhreagair Pílát iad agus dubhairt sé: An toil libh go leigfinn saor chúghaibh rí na n-Iúdach? [10] Mar bhí fhios aige gur le mioscais a dhein uachtaráin na sagart é thabhairt chun lámha. [11] Agus chuir na sagairt suas an pobul chun a rádh gur bh’é Barabbas a leigfeadh sé saos chúcha. [12] Agus d’fhreagair Pílát airís iad agus dubhairt: Agus cad is toil libh a dhéanfad le rí na n-Iúdach? [13] Agus do liúghadar airís: Céas é. [14] Agus dubhairt Pílát leó: Sdó, cad é an t-olc atá déanta aige? Ach sin mar ab’ aoirde do liúghadar: Céas é. [15] Agus chun an phobuil do shásamh do leig Pílát Barabbas saos chúcha, agus thug sé Íosa le céasad, tar éis a sgiúrsála.

[16] Agus do rug na saighdiúirí leó é isteach i halla na cúirte, agus chruinnigheadar an bhuidhean go léir, [17] Agus chuireadar brat corcra uime agus d’fhígheadar coróinn dheilgneach, agus chuireadar ar a cheann í; [18] Agus chromadar ar bheannú dhó: Go mbeannuighthear duit, a rí na n-Iúdach. [19] Agus ansan do bhuailidís sa cheann é le cleith, agus chaithidís seile air, agus do chromaidís a nglúine ’ghá onórú. [20] Agus nuair a bhí an magadh déanta acu faoi do bhaineadar de an brat corcra, agus chuireadar a chuid éadaigh féin airís uime, agus do rugadar leó é chun é céasad.

[21] Agus bhí duine ag gabháil an bhóthair, n-ar bh’ ainim dó Símón Círénéach, ag teacht ó’n dtuath, athair Alecsandair agus Rúifis, agus do stadadar é, agus chuireadar fhéachaint air an chros a dh’iompar dó. [22] Agus do rugadar leó é go dtí an áit Golgota, le n-a gcialluighthear áit an chloiginn. [23] Agus thugadar deoch dó, fíon agus mirr tríd, agus níor ghlac sé é. [24] Agus do chéasadar é, agus do roinneadar a chuid éadaigh, ’ghá gcur ar chrannaibh féachaint cé bhéarfadh gach ball díobh. [25] Agus bhí an trímhadh tráth ann, agus chéasadar é. [26] Agus bhí teidiol a chúise sgríobhtha: RÍ NA N-IÚDACh. [27] Agus do chéasadar i n-aonfheacht leis beirt bhitheamhnach, duine acu ar a dheis agus an duine eile ar a chlí. [28] Agus do cómhlíonadh an sgriptiúir adeir: Agus do luadhadh é le cuirptheachaibh. [29] Agus na daoine ghabhadh thairis thugaidís masla dhó, agus chrothaidís a gceann agus deiridís: Bháth! do leagfá teampal Dé agus churfá suas airís é i gceann trí lá: [30] Saor thu féin anois, agus tar anuas de’n chrois. [31] Mar an gcéadna uachtaráin na sagart agus na Sgríbhneóirí, ag caint le chéile ag déanamh magaidh: Shábhail sé daoine eile, adeiridís; ní’l ar a chumas é féin do shábhail. [32] Tagadh Críost, rí Israéil, anuas de’n chrois anois go bhfeiceam agus go gcreideam. Agus an bheirt a bhí céasda i n-a aice thugadar masla dhó.

[33] Agus nuair a tháinig an sémhadh tráth do luigh doircheacht ar an ndomhan go léir go dtí an naomhadh tráth. [34] Agus sa naomhadh tráth do ghlaoidh Íosa do ghuth árd: Elóí, Elóí, lamá sabactání? nídh a míníghthear mar seo: A Dhia, a Dhia, cad uime gur thréigis mé? [35] Agus dubhairt cuid d’á raibh láithreach: Féach, tá sé ag glaodhach ar Elias. [36] Agus do rith duine acu agus do líon sé spúinse d’ fhínéigir agus chuir sé ar bhata é, agus thug sé dhó é le n-

ól, agus dubhairt sé: Fanaidh go bhfeiceam an dtiocfaidh Elias chun é thógaint anuas.

37 Agus do ghlaoidh Íosa do ghuth árd, agus d'éag sé.

38 Agus do stracadh brat an teampail 'n-a dhá chuid ó bharr go bun. 39 Agus nuair a chonaic an taoiseach céad a bhí 'n-a seasamh ar a aghaidh amach go bhfuair sé bhás agus an guth árd san aige d'á chur as dubhairt sé: Gan amhras dob' é Mac Dé an duine sin. 40 Agus bhí mná ann abhfad uaidh agus iad ag féachaint air, ar a raibh Máire Magdalén, agus Máire máthair Shéamuis bhig agus Ióseiph, agus Salómé; 41 Agus siniad a bhíodh 'ghá leanmhaint agus ag friothálamh air nuair a bhíodh sé i nGaililí; agus a lán ban eile a tháinig i n-aonfheacht leis ainíos go Ierúsalem.

42 Agus nuair a bhí an déanaíghe ann, (óir b' é lá an ollamhuighthe é, a thagann roimis an sabbóid), 43 Tháinig Ióseph ó Arimataéa, duine uasal, decúrio, fear a bhí ag súil le rígheacht Dé chómh maith le cách, agus chuaidh sé isteach go dána i láthair Phíláit, agus d'iarr se corp Íosa air. 44 Agus bhí iongna ar Phílát a rádh go mbeadh sé tar éis bháis cheana féin. Agus chuir sé fios ar an dtaoiseach céad agus d'fhiafraigh sé dhe an raibh sé tar éis bháis. 45 Agus nuair a fuair sé amach ó'n dtaoiseach céad go raibh, d'órduigh sé an corp do thabhairt do Ióseph. 46 Agus do cheannuigh Ióseph línéadach agus thóg sé anuas ó'n gcrois é, agus d'fhill sé sa línéadach é, agus chuir sé isteach é i dtuama a bhí gearrtha a' caraig, agus d'iompuigh sé leac chun doruis an tuama. 47 Agus bhi Máire Mhagdalén agus Máire [máthair] Ióseiph ag féachaint ar an áit 'n-ar cuireadh é.

## CAIBID XVI.

### Aiseiríghe Chríost agus a dheasgabháil.

1 Agus nuair a bhí an tsabbóid imthighthe cheannuigh Máire Mhagdalén agus Máire, máthair Shéamuis, agus Salómé, spíosra cúmhrtha chun go dtiocfaidis agus go n-ungfaidís Íosa. 2 Agus thanadar go h-ana-mhoch, ar maidin an chéad lae de'n tseachtmhain, go dtí an tuama, agus bhí an ghrian 'n-a suidhe; 3 Agus bhíodar 'ghá rádh le n-a chéile: Cé dh'iompóchaidh siar an chloch dúinn ó bhéal an tuama? 4 Agus nuair fhéachadar chonacadar an chloch iompuighthe siar. Agus cloch ana-mhór ab eadh í. 5 Agus chuadar isteach sa tuama agus chonacadar an fear óg 'n-a shuidhe ar thaobh na lámha deire agus éide gheal uime, agus tháinig eagal ortha. 6 Agus dubhairt sé leó: Ná glacaidh aon sgannra. Íosa Nasareit a céasadh isé atá uaibh. D'eirigh sé; ní'l sé anso; féach an áit 'n-ar chuireadar é. 7 Ach imthighidh, agus innsidh d'a dheisgiobulaibh agus do Pheadar, go bhfuil sé ag dul rómhaibh go Gaililí; chífidh sibh sa n-áit sin é, mar adubhairt sé libh.

8 Ach do ritheadar amach as an uaigh, mar do tháinig sgannra agus critheagla ortha, agus ní dubhradar focal le h-aoinne, mar bhí an t-eagal ortha.

9 Ach nuair aiseirigh sé ar maidin an chéad lae de'n tseachtmhain, thaisbeáin sé é féin ar dtúis do Mháire Mhagdalén, an bhean as ar dhíbir sé na seacht ndeamhain. 10 Agus d'imthigh sí sin agus d'innis sí é do'n mhuintir a bhíodh i n-a fhochair, agus do bhí ag gol agus ag caoi. 11 Agus nuair airigheadar é bheith beó, agus go bhfeacaidh sí é, níor chreideadar an sgéal. 12 Agus 'n-a dhiaidh san do thaisbeáin sé é féin i gcruth eile do bheirt acu agus iad ag siubhal, ag dul fá'n dtuath. 13 Agus thánadar san agus d'innseadar do'n chuid

eile é; agus níor chreideadar iad ach chómh beag.

[14] Fé dheire, bhí an t-aoinne déag acu 'n-a suidhe i bhfochair a chéile, agus thaisbeáin sé é féin dóibh; agus do chas sé leó a ndíthchreideamh agus a ndúrchroidhe, toisg nár chreideadar an mhuintir a chonaic go raibh sé tar éis aiseirighe.

[15] Agus dubhairt sé leó: Gluaisidh tríd an
ndomhan go léir agus deinidh an soisgéal
do chraobhsgaoileadh do'n uile
chréatúir. [16] An té a chreidfhidh agus a
baistfar saorfar é: an té, ámh, ná creidfidh,
daorfar é. [17] Agus leanfaid na cómharthaí
seo an mhuintir a chreidfidh: Cuirfid siad
deamhain a' seilbh am' ainim-
se: Labharfaid siad i dteangthachaibh
nua. [18] Tógfaid siad aithreacha nimhe, agus
má ólaid siad deoch marbhuightheach ní
ghortóchaidh sé iad: Cuirfid siad a lámha ar
daoine breóite agus beid siad go maith. [19]
Agus an Tighearna Íosa, tar éis labhartha
leó dhó, do tógadh suas ar neamh é, agus
tá sé 'n-a shuidhe ar deasláimh Dé. [20] Agus
do ghluaiseadar-san agus do
chraobhsgaoileadar ins gach áit; agus do
chabhruigh an Tighearna leó ag neartú a
gcainte le mírbhúiltíbh 'ghá leanmhaint.

# Lúcás

### Caibid I.

**Coimbeart Eóin Baiste, agus coimbeart Chríost. Cuairt na Maighdine Muire, agus a cantic. Teacht Eóin Baiste ar an saoghal, agus cantic Sacariais.**

1 Ó thárla go bhfuil iarracht déanta agá
lán daoine ar chúntas a thabhairt, i ndiaidh
chéile, ar na neithibh seo atá tagaithe chun
cinn i n-ár measg, 2 Fé mar a tugadh dúinn
iad, ó sna daoine a chonaic iad le n-a súilibh
agus do dhein friothálamh ar an gcaint, 3
Cheapas féin go bhféachfainn isteach go
cruinn ionta go léir ó thusach agus go
ndéanfainn iad do sgrí síos i ndiaidh chéile
dhuit-se a Théophiluis uasail, 4 I dtreó go
mbeadh agat fios fírinne na bhfocal a
múineadh duit.

5 Do bhí, i n-aimsir Héróid rí Iúdaéa,
sagart áirithe dar bh'ainim
Sacarias, d'uanuigheacht Abia, agus de
shliocht Aaron ab eadh a bhean, agus
Elisabet ab ainim di. 6 Agus bhí an bheirt
fíoraonta i láthair Dé ag siubhal i n-
aitheantaibh agus i ndlistineasaibh an
Tighearna, go h-iomlán, gan cháim. 7 Agus
ní raibh clann acu, mar bhí Elisabet aimrid
agus bhíodar araon ana-aosta.

8 Do thárla, ámhthach, agus a dhualgas
sagairt aige 'á dhéanamh, do réir a
uanuigheachta, os cómhair Dé, 9 Gur bh'air
a thuit an crann, do réir nóis na sagart, agus
go ndeaghaidh sé isteach i dteampul an
Tighearna chun na túise do dhóghadh. 10
Agus bhí an pobul mór go léir amuigh ag
guidhe le linn uaire na túise. 11 Agus do
taisbeánadh do aingeal an Tighearna 'n-a
sheasamh ar dheis altórach na túise. 12 Agus
tháinig buaireamh agus eagla ar Shacarias
nuair a chonaic sé é. 13 Agus dubhairt an t-
aingeal leis: Ná bíodh eagal ort, a
Shacariais, óir tá éistithe le t' ghuidhe, agus
béarfaidh do bhean, Elisabet, mac duit,
agus tabharfair Eóin mar ainim air; 14 Agus
beidh áthas agus gáirdeachas ort, agus
beidh áthas ar a lán de bhárr é theacht ar an
saoghal. 15 Óir beidh sé mór i láthair Dé,
agus ní ólfaidh sé fíon ná deoch
mheisgeamhail, agus beidh sé lán de'n
Spioraid Naomh ó bhroinn a mháthar
féin. 16 Agus iompóchaidh sé a lán de
chlainn Israéil ar a dTighearna Dia. 17 Agus
gluaiseóchaidh sé roimis amach i spioraid
agus i gcómhacht Eliais, chun croidhthe na
n-athar d'iompáil ar an gclainn, agus chun
lucht díthchreidimh d'iompáil chun eagna
na bhfíoraon, agus pobul fíoraon
d'ollamhú do'n Tighearna. 18 Agus dubhairt
Sacarias leis an aingeal: Conus a bheidh a
fhios san agam? Óir táim-se am'
sheanduine agus tá mo bhean ró-aosta. 19
Agus d'fhreagair an t-aingeal é, agus
dubhairt: Is mise Gabriél atá am' sheasamh
i láthair Dé, agus do cuireadh mé chun
labhartha leat-sa agus na neithe seo do
chraobhsgaoileadh dhuit. 20 Agus féach,
beidh tú gan caint, agus ní fhéadfair
labhairt go dtí an lá 'n-a gcómhlíonfar na
neithe seo, toisg nár chreidis mo chaint-se
do thiocfaidh chun cinn 'n-a h-aimsir
féin. 21 Agus bhí na daoine ag feitheamh le
Sacarias, agus bhí iongna ortha é bheith ag
déanamh righnis sa teampul. 22 Agus nuair
a tháinig sé amach ní féadfadh sé labhairt
leó, agus bhí 'fhios acu go bhfeacaidh sé
radharc sa teampul. Agus bhí se ag
déanamh cómharthaí dhóibh, agus do lean
an bhailbhe air.

23 Agus do thárla, tar éis aimsire a
dhualgais sagairt do chur dé, gur imthigh sé
chun a thighe féin. 24 Agus tar éis na
laethanta san do ghaibh a bhean, Elisabet,
gein, agus d'fholaigh sí í féin ar feadh chúig

mhí, agus dubhairt sí: [25] Seo mar a dhein an
Tighearna liom é ins na laethibh 'n-ar
fhéach sé orm agus 'n-ar thóg sé dhíom an
aithis a bhí orm ameasg na ndaoine. [26] Agus
sa sémhadh mí do cuireadh an t-aingeal
Gabriél ó Dhia go cathair i nGaililí dar
bh'ainim Nasaret, [27] ag triall ar mhaighdin a
bhí luaidhte le fear dar bh'ainim Ióseph,
agus Muire ab ainim do'n mhaighdin. [28]
Agus tháinig an t-aingeal isteach ag triall
uirthi, agus dubhairt sé: Go
mbeannuighthear duit atá lán de
ghrástaibh; tá an Tighearna ad' fhochair; is
beannuighthe thu idir mhnáibh. [29] Agus
nuair airigh sí é do chuir an chaint
buaireamh uirthi, agus mhachtnuigh sí cad
é an saghas an beannú san. [30] Agus dubhairt
an t-aingeal léi: Ná glac eagla, a Mhuire, óir
tá grásta fághalta agat i láthair Dé. [31] Féach,
geobhair gein ad' bhroinn, agus béarfair
mac, agus tabharfair Íosa mar ainim air. [32]
Beidh an mac san mór, agus tabharfar Mac
Dé Aoird air, agus tabharfaidh an
Tighearna Dia dhó an chathaoir rí a bhí agá
athair, ag Dáibhid; agus beidh sé 'n-a rí i
dteaghlach Iácóib go deó. [33] Agus ní beidh
deire le n-a rígheacht. [34] Agus dubhairt
Muire leis an aingeal: Conus a bheidh san
amhlaidh agus gan aithne fir agam-sa? [35]
Agus d'fhreagair an t-aingeal agus dubhairt
sé léi; Túirliceóchaidh an Spioraid Naomh
ort, agus clúdóchaidh cómhacht Dé Aoird
thú, agus d'á bhrígh sin tabharfar ar an
ngein naomhtha a thiocfaidh uait Mac
Dé. [36] Agus féach, siní Elisabet, do shiúr, tá
leanbh mic ar iompar aici agus í aosda, agus
sidé an sémhadh mí aici sin go dtugtar
aimrid uirthi. [37] Óir ní bheidh rádh ar bith
nách féidir do Dhia. [38] Ansan dubhairt
Muire; Féach, mise cailín an Tighearna,
deintear liom do réir t'fhocail. Agus
d'imthigh an t-aingeal uaithi.

[39] Agus d'eirigh Muire ins na laethibh sin,
agus d'imthigh gan ríghneas fé dhéin na
gcnoc, go cathair Iúdach. [40] Agus tháinig sí
isteach i dtigh Shacariais, agus bheannuigh
sí d'Elisabet. [41] Agus do thárla, nuair a
d'airigh Elisabet beannachadh Muire gur
léim an leanbh a bhí 'n-a broinn. Agus do
líonadh Elisabet de'n Spioraid Naomh. [42]
Agus do labhair sí do ghuth árd, agus
dubhairt: Is beannuighthe thu idir
mhnáibh, agus is beannuighthe toradh do
bhroinne. [43] Agus cad a thug so dhóm-sa,
máthair mo Thighearna do theacht ag triall
orm? [44] Mar, féach, chómh luath agus
chuaidh guth do bheannachta am'
chluasaibh do léim an leanbh le h-áthas am'
broinn. [45] Agus is aoibhinn duit-se gur
chreidis, óir cómhlíonfar duit na neithe a
gealladh duit ó'n dTighearna. [46] Agus
dubhairt Muire: Mór-mholadh ó m'anam-
sa do'n Tighearna, [47] Agus do ghlac mo
spioraid gáirdeachas i nDia mo
Shlánuightheóir; [48] Óir d'fhéach sé ar
ísleacht a chailín; Mar féach, as so amach,
déarfaid na sleachta go léir gurab aoibhinn
dom. [49] Óir do dhein an t-é atá
cómhachtach neithe móra dhom, agus is
naomhtha a ainim. [50] Agus tá a thrócaire ó
shliocht go sliocht ar an muintir ar a bhfuil
a eagla.

[51] D'oibrigh sé cómhacht le n-a láimh;
do sgaip sé lucht an uabhair 'n-a gcroidhe
agus 'n-a n-aigne. [52] Do leag sé lucht
cómhacht ó n-a gcathaoireachaibh ríoga,
agus d'árduigh sé lucht na h-
úmhluigheachta. [53] Do líon sé le neithibh
fóghanta lucht an ocrais, agus chuir sé chun
siubhail folamh lucht an tsaidhbhris.

[54] Do ghlac sé Israél, a sheirbhíseach, ag
cuímhneamh dó ar a thrócaire; [55] Fé mar a
labhair sé le n-ár n-aithreachaibh le h-
Ábraham agus le n-a shliocht go deó.

[56] Agus d'fhan Muire 'n-a fochair-sin
tímpal trí mhí, agus ansan tháinig sí chun a
tighe féin.

57 Agus tháinig aimsir Elisabet chun a
clainne chur di, agus do rug sí mac. 58 Agus
d'airigh a cómharsain agus a gaolta go raibh
an Tighearna tar éis a mhór-thrócaire
dhéanamh uirthi, agus dheineadar
gáirdeachas léi. 59 Agus nuair a tháinig an t-
ochtmhadh lá, do tánathas chun tímpal-
ghearradh do dhéanamh ar an leanbh, agus
bhítheas chun Sacarias a thabhairt mar
ainim air, ainim a athar. 60 Agus d'fhreagair
a mháthair agus dubhairt sí: Ní h-eadh, ach
Eóin a tabharfar air. 61 Agus dubhradar léi;
Ar ndó, ni'l aoinne ar do ghaoltaibh-se go
bhfuil an ainim sin air. 62 Agus do
bhagradar ar a athair cad é an ainim ba
mhaith leis a tabharfaí ar an leanbh. 63 Agus
d'iarr sé gléas chun sgríobhtha agus do
sgríbh sé: Eóin is ainim dó. Agus bhí
iongna ortha go léir. 64 Agus do h-osgladh
láithreach a bhéal agus a theanga dhó-san,
agus do labhair sé agus do mhol sé Dia. 65
Agus tháinig eagla air na cómharsain go
léir, agus do h-innseadh na neithe sin uile
ar fuid sléibhte Iúdaéa ar fad. 66 Agus gach
aoinne a d'airigh iad choimeád sé cuimhne
ortha, agus deiridís le n-a chéile: Cad a
bheidh againn ar ball 'n-a leithéid seo de
leanbh, dar leat? Óir bhí lámh an Tighearna
leis.

67 Agus do líonadh Sacarias, a athair, leis
an Spioraid Naomh, agus do thargair sé
mar seo:

68 Moladh leis an dTighearna, Dia
Israéil, óir d'fhéach sé chun a dhaoine agus
dhein sé a slánú; 69 Agus do chuir sé suas
adharc chun slánuighthe dhúinn i
dteaghlach Dáibhid a seirbhíseach. 70 Fé
mar a labhair sé tré bhéal na bhfáidh
naomhtha atá ann aige ó thusach. 71
Saoradh dhúinn ó n-ár namhaid, agus ó
láimh gach n-aon a thug fuath dhúinn, 72
Ag déanamh trócaire an ar n-aithreachaibh,
agus ag coimeád cuimhne as a thiomna
bheannuighthe féin. 73 An dearbhú a
dhearbhuigh sé d'ár n-athair Ábraham a
thabharfadh sé dhúinn, 74 Go ndéanfaimís,
gan eagla, seirbhís dó, agus sinn saor ó
lamhaibh ár namhad, 75 I naomhthacht
agus i bhfíoraontacht 'n-a láthair, gach lá
dh'ár saoghal.

76 Agus tusa, a leinbh, tabharfar ort fáidh
an Árd-Dhia, óir gluaiseóchair roimis an
dTighearna amach ag ollamhú na slighe
dhó, 77 Ag tabhairt eóluis slánuighthe d'á
phobul, ionus go maithfí a bpeacaí
dhóibh; 78 Tré inníbh trócaire ár nDia, n-ar
tháinig 'ghár bhféachaint an lóchaint a'
doimhneas na bhflathas. 79 Chun soluis a
thabhairt do'n mhuintir atá 'n-a suidhe i
ndorchadas agus fé sgáil an bháis; chun ár
gcosa do sheóladh i slígh na síothchána.

80 Agus d'fás an leanbh agus do
neartuigh sé i spioraid agus bhí sé ins na h-
áiteanaibh uaigneacha go dtáinig an lá 'n-a
raibh air é féin a thaisbeáint i láthair Israéil.

## CAIBID II.

**Beirtear Críost. Tugtar do'n Tighearna é. Targaireacht Simeón. Faghtar Críost, i n-aoír a dhá bhlian déag, ameasg na ndochtúirí.**

1 Do thárla, ámhthach, ins na laethibh
sin go ndeaghaidh reacht amach ó Chaesar
August go ndéanfaí áireamh ar an
ndomhan go léir. 2 Do deineadh an chéad
áireamh so nuair a bhí Curínus i n'
uachtarán ar crích Síria. 3 Agus do ghluais
na daoine go léir chun go ndéanfaí iad
d'áireamh, gach aoinne 'n-a chathair féin. 4
Agus chuaidh Ióseph ó Ghaililí, ó chathair
Nasareit, suas go Iúdaéa, go cathair
Dháibhid ar a dtugtar Betlehem, toisg go
mba de theaghlach agus de shliocht
Dáibhid é. 5 Chun go ndéanfaí é
dh'áireamh i n-aonfheacht le Muire, a
bhan-chéile a bhí ag iompar clainne.

6 Agus do thárla, agus iad ann, go dtáinig a h-aimsir chun na clainne do bhreith; 7 Agus do rug sí a mac, a céadghein, agus d’fhill sí i n-éadaighibh é, agus chuir sí ’n-a luighe i mainséar é, mar ní raibh aontslígh dhóibh sa tigh ósda.

8 Agus do bhí aodhairí sa cheanntar chéadna agus iad ag faire na dtráth sa n-oidhche ar a dtréad. 9 Agus féach, tháinig aingeal ó’n dTighearna agus sheasaimh sé ’n-a n-aice, agus do las solus Dé ’n-a dtímpal, agus tháinig eagla mór ortha. 10 Agus dubhairt an t-aingeal leó: Ná bíodh eagla oraibh, mar féach, tugaim sgéala dhaoibh ar lúthgháir mhór atá le teacht chun na ndaoine go léir; 11 mar go bhfuil Slánuightheóir beirthe dhaoibh indiu, ’sé sin Críost an Tighearna, i gcathair Dáibhid. 12 Agus seo cómhartha dhaoibh: Gheobhaidh sibh an leanbh fillte i n-éadaighibh ’n-a luighe i mainséar. 13 Agus láithreach do bhí i bhfochair an aingil mór-shluagh na bhflathas agus iad ag moladh Dé, agus deiridís: 14 Glóire do Dhia ins na flathais go h-árd, agus ar talamh síothcáin do lucht deagh-mhéinne.

15 Agus do thárla, nuair a d’imthigh na h-aingil uatha suas ins na flathais, gur labhair na h-aodhairí le n-a chéile: Téighmís go Betlehem agus feicimís an briathar so do thárla ann, agus a thaisbeáin Dia dhúinn. 16 Agus thánadar ar luas, agus do fuaradar Muire agus Ióseph, agus an leanbh ’n-a luighe sa mhainséar. 17 Agus nuair a chonacadar do thuigeadar ’n-a n-aigne i dtaobh an bhréithir a labhradh leó ar an leanbh san. 18 Agus gach ar airigh iad, dheineadar iongna de sna neithe a dh’innis na h-aodhairí dhóibh. 19 Agus do choimeád Muire na labhartha san go léir, ghá mbreithniú ’n-a croidhe. 20 Agus d’fhill na h-aodhairí agus thugadar moladh agus glóire do Dhia mar gheall ar a bhfeacadar agus ar ar chloiseadar, fé mar a dubhradh leó.

21 Agus nuair a críochnuigheadh an t-ocht lá agus a deineadh an tímpalghearradh ar an leanbh, do tugadh mar ainim air ÍOSA, an ainim a thug an t-aingeal air sar ar gabhadh é sa broinn.

22 Agus nuair a bhí laethanta a h-íodhnuighthe caithte do réir dlíghe Mhaoise, do rugadar leó an leanbh go Ierúsalem chun go gcuirfidís i láthair an Tighearna é, 23 Do réir mar atá sgríobhtha i ndlígh an Tighearna: Gach firean ag osgailt broinne is naomhtha chun an Tighearna é. 24 Agus chun go dtabharfaidís an ofráil mar a h-órduighthear i ndlígh an Tighearna, cúpla colúr nó dhá ghearrcach colúir.

25 Agus féach, bhí i n-Ierúsalem duine dár bh’ainim Simeón, agus bhí an duine sin fíoraonta, diadha, ag súil le sólás Israéil, agus bhí an Spioraid Naomh ann. 26 Agus do tugadh foillsiú dhó ó’n Spioraid Naomh ná feicfeadh sé bás chun go bhfeicfeadh sé Críost an Tighearna. 27 Agus tháinig sé, sa spioraid, isteach sa teampul. Agus nuair a thug a mhuintir an leanbh Íosa isteach ann, ag cómhlíonadh nóis na dlíghe dhó; 28 Do thóg seisean chuige i n’ucht é, agus thug sé moladh do Dhia agus dubhairt sé:

29 Anois a leigeann tú chun siubhail, a Thighearna, do seirbhíseach, do réir t’fhocail i síothcháin, 30 Óir chonaic mo shúile do shlánú, 31 A dh’ollamhuighis os cómhair na bpobal go léir; 32 Solus chun na ngeinte do shoillsiú, agus glóire do d’phobul féin Israél.

33 Agus bhí Ióseph agus an mháthair ag déanamh iongna de sna neithe a bhí d’á rádh ’n-a thaobh; 34 Agus do chuir Simeón a bheannacht ortha, agus dubhairt sé le Muire a mháthair: Féach, tá so ceapaithe chun díthe agus chun aiseirighthe dh’á lán i n-Israél, agus chun bheith ’n-a

chómhartha a gheobhaidh diúltadh; 35
Agus raghaid claidheamh tré t'anam-sa
féin, ionus go nochtfaí smuínte as mórán
croidhthe.

36 Agus ban-fháidh dob' eadh Anna
inghean Phanuéil, de threibh Aser, agus bhí
sí tar éis mórán laethanta chur di, agus bhí
sí tar éis seacht mbliana ó n-a h-óige do
chaitheamh agá fear. 37 Agus bhí sí sin 'n-a
baintrigh go dtí go raibh sí ceithre bliana
agus cheithre fichid, agus ní fhaghadh sí an
teampal, ach ag déanamh trosgaidh agus
úrnuighthe i n-onóir do Dhia do ló agus
d'oidhche. 38 Agus tháinig sí sin do láthair
an uair chéadna, agus d'admhuigh sí an
Tighearna agus do labhair sí 'n-a thaobh le
gach duine a bhí ag súil le fuasgailt Israéil.

39 Agus nuair a bhí gach nídh cómhlíonta
acu do réir dlíghe an Tighearna, d'fhilleadár
go Gaililí agus go dtí a mbaile féin Nasaret.

40 Agus d'fás an mac agus do neartuigh
sé, lán d'eagna, agus bhí grásta Dé ann.

41 Agus do théigheadh a mhuintir go
Ierúsalem gach bliain uim fhéile na
Cásga. 42 Agus nuair a bhí sé dhá bhliain
déag do chuadar suas go Ierúsalem do réir
ghnáis na féile, 43 Agus nuair a bhí na
laethanta caithte agus iad ag filleadh d'fhan
an mac, Íosa, i n-Ierúsalem, agus ní raibh a
fhios san agá mhuintir. 44 Cheapadar go
raibh sé ameasg na ndaoine, agus thánadar
siubhal aon lae ar aghaidh, agus bhíodar
'ghá lorg ameasg a ngaolta agus a lucht
aithne, 45 Ach ní bhfuaradar é, agus
d'fhilleadar go Ierúsalem, 'ghá lorg. 46 Agus
do thárla, tar éis trí lá go bhfuaradar é sa
teampul 'n-a shuidhe ameasg na n-ollamh,
ag éisteacht leó agus 'ghá gceisdiú. 47 Agus
bhí iongna ar a raibh ag éisteacht leis, mar
gheall ar a ghuntacht agus ar na freagraí a
thugadh sé. 48 Agus bhí iongna ortha-san
nuair a chonacadar é. Agus dubhairt a
mháthair leis: A mhic, cad é seo atá déanta
agat orainn? Féach, bhí t'athair agus mise
go buartha ar do lorg. 49 Agus dubhairt sé
leó: Cad chuige go rabhabhair ar mo lorg?
Ná raibh 'fhios agaibh nách foláir mé
bheith ins na neithibh a bhaineann le
m'Athair? 50 Agus níor thuigeadar-san an
focal a labhair sé leó. 51 Agus d'fhill sé
anuas leó agus tháinig sé go Nasaret, agus
bhí sé úmhal dóibh. Agus do choimeád a
mháthair na focail sin go léir 'n-a croidhe
féin.

52 Agus do chuaidh Íosa ar aghaidh i n-
eagna agus i n-aois, agus i ngrásta i láthair
Dé agus daoine.

## CAIBID III.

**Missiún Eóin agus a sheanmóiniú.
Críost dá bhaisteadh aige.**

1 Sa chúigmhadh bliain déag
d'ímpireacht Thiberias Caesair, nuair a bhí
Pontius Pílát i n'uachtarán ar Iúdaéa, agus
Héród 'n-a thetrarc ar Ghaililí, agus a
dhritháir Pilib 'n-a thetrarc ar Ituria agus ar
chrích Traconítis, agus Lisanias 'n-a
thetrarc ar Abilína, 2 I n aimsir an dá
árdshagart Annas agus Caiphas, do thárla
briathar Dé ar Eóin mac Sacariais sa
bhfásach. 3 Agus tháinig sé ar fuid na
gcríoch go léir ar bruach Iórdain ag fógairt
baiste chun aithrighe agus chun
maitheamhnachais peacaí, 4 Mar atá
sgríobhtha i leabhar na bhfocal adubhairt
Isáias fáidh: Guth duine ag glaodhach sa
bhfásach: Deinidh slígh an Tighearna
d'ollamhú: Deinidh na bóithre do dhíriú
dhó; 5 Líonfar gach gleann, agus ísleófar
gach sliabh agus gach cnoc, agus beidh
gach cam 'n-a dhíreach agus gach garbh 'n-
a slígh réidh, 6 Agus chífidh gach feóil an
slánú a dhéanfaidh Dia.

7 Agus deireadh sé leis an muintir a
thagadh amach chun go mbaistfí iad: A
shíol na n-aithreach nimhe, cé mhúin
daoibh-se conus dul ó'n ndíbhfeirg atá ag

teacht? 8 Tugaidh uaibh, d'á bhrígh sin,
toradh a bheidh chómh maith leis an
aithrighe, agus ná cromaidh ar a rádh: Tá
Ábraham i n'athair againn. Deirim libh go
bhféadfadh Dia sliocht do thógaint chun
Ábrahaim ó-s na clochaibh sin. 9 Tá an
tuagh curtha ar phréimh na gcrann cheana
féin. Agus gach crann ná tabharfaidh
toradh fóghanta uaidh gearrfar é, agus
curfar sa teine é. 10 Agus do cheistigh na
daoine é, agus dubhradar: Cad 'tá le
déanamh againn má 'seadh? 11 Agus
d'fhreagair sé agus dubhairt leó: An t-é go
bhfuil dhá chasóig aige tugadh sé do'n t-é
ná fuil aige; agus an t-é go bhfuil bia aige
deineadh sé mar an gcéadna. 12 Agus
tháinig puibliocánaigh ag triall air go
mbaistfí iad, agus dubhradar leis: A
Mháighistir, cad tá le déanamh againn? 13
Agus dubhairt seisean leó: Ná deinidh níor
mó 'ná mar atá ceapaithe dhaoibh le
déanamh. 14 Agus do cheistigh saighdiúirí é,
agus dubhradar: Cad tá le déanamh
againne? Agus dubhairt sé leó: Ná deinidh
lámhláidir ar aoinne, agus ná deinidh
cúlchaint ar aoinne, agus bídhidh sásta le
nbhúr dtuarasdal.

15 Agus bhí na daoine ag breithniú agus
ag machtnamh 'n-a gcroidhe féin i dtaobh
Eóin, go mb'fhéidir gur bh'é Críost é. 16
Agus d'fhreagair Eóin agus dubhairt leó go
léir: Táim-se ag bhúr mbaisteadh le h-uisge;
ach tiocfaidh duine is treise 'ná mé, duine
nách fiú mé go ndéanfainn iall a bhróige do
sgaoileadh. Baistfidh sé sin sibh leis an
Spioraid Naomh agus le teine. 17 Tá a
ghaothrán 'n-a láimh aige agus glanfaidh sé
a úrlár buailte, agus cruinneóchaidh sé a
chuid cruithneachtan isteach 'n-a sgioból,
agus dóghfaidh sé an cáth le teine nách
féidir a mhúchadh.

18 Agus do chraobhsgaoil sé a lán neithe
eile do sna daoine 'ghá gcómhairliú. 19 Ach
Héród, an tetrarc, nuair a labhair sé leis i
dtaobh Héródias, bean a dhrithár, agus i
dtaobh na ndroch-bheart eile a dhein
Héród, 20 Chuir sé an méid seo leó go léir,
agus chuir sé Eóin i bpríosún.

21 Do thárla, ámhthach, nuair a bhí na
daoine go léir dh'á mbaisteadh, agus nuair
a baisteadh Íosa agus bhí sé ag guidhe, gur
h-osgaladh an spéir, 22 Agus gur thúirling
an Spioraid Naomh air i riocht corpartha,
mar bheadh colúr, agus tháinig guth as an
spéir: Is tusa mo Mhac dílis; is ort atá mo
ghreann.

23 Agus bhí Íosa féin ag dul 'n-a
dheichmhadh bliain fichid nó mar sin, 'n-a
mhac, dar le daoine, ag Ióseph, mac Hélí,
mic Mathat, 24 mic Lebhí, mic Melchí, mic
Ianna, mic Ióseph, 25 Mic Matatias, mic
Amos, mic Nahúm, mic Heislí, mic
Nagge, 26 Mic Mahat, mic Matatias, mic
Semeí, mic Ióseph, mic Iúda. 27 Mic
Ioanna, mic Résa, mic Sorobabel, mic
Salatiel, mic Nérí, 28 Mic Melchí, mic Addí,
mic Chósam, mic Elmadain, mic Héir, 29
Mic Iósé, mic Elieseir, mic Iórím, mic
Mathat, mic Lebhí, 30 Mic Simeóin, mic
Iúda, mic Ióseph, mic Iónain, mic
Eliacim, 31 Mic Melea, mic Menna, mic
Matata, mic Nátán, mic Dáibhid, 32 Mic
Iessé, mic Óbéd, mic Boos, mic Salmóin,
mic Naassóin, 33 Mic Aminadaibh, mic
Áram, mic Esróin, mic Pháres, mic Iúda. 34
Mic Iacóib, mic Isaaic, mic Ábrahaim, mic
Tárá, mic Nachór, 35 Mic Sarug, mic Ragau,
mic Phaleg, mic Ebeir, mic Sale, 36 Mic
Cainan, mic Arphacsad, mic Sém, mic Nóe,
mic Lamech, 37 Mic Matúsala, mic Enóch,
mic Iáred, mic Malaleél, mic Caïnán, 38 Mic
Enós, mic Sét, mic Adam, mic Dé.

## Caibid IV.

### Trosgadh Chríost, agus cath d’á chur air. Géarleanmhaint air i Nasaret: A mhírbhúiltí i gCapbarnaum.

[1] Agus bhí Íosa lán de’n Spioraid Naomh, agus tháinig sé thar n-ais ó’n Iórdan, agus do sheól an Spioraid isteach sa bhfásach é, [2] Ar feadh dachad lá, agus do cuireadh cath air ó’n annsprid; agus níor ith sé bia i gcaitheamh na h-aimsire sin; agus nuair a bhí an aimsir caithte tháinig ocras air. [3] Agus dubhairt an diabhal leis: Má’s tu Mac Dé abair leis an gcloich seo go ndéanfadh arán di. [4] Agus d’fhreagair Íosa é: Tá sgríobhtha: Ní h-ar arán amháin a mhaireann an duine ach ar gach briathar a thagann ó Dhia. [5] Agus do sheól an diabhal é go mullach cnuic aoird, agus thaisbeáin sé do, i n-aon phúnc amháin aimsire, rígheachta an domhain go léir, [6] Agus dubhairt sé leis: Tabharfad-sa dhuit-se na cómhachta san uile go léir, agus a ngradam, óir do tugadh dom iad, agus tugaim iad do m’rogha duine. [7] D’á bhrígh sin, má dheineann tú mise dh’adhradh, ansan os mo chomhair, is leat iad go léir. [8] Agus d’fhreagair Íosa agus dubhairt leis: Tá sgríobhtha: Adharfaidh tú do Thighearna Dia agus déanfair seirbhís dó san amháin. [9] Agus do rug sé leis é isteach i n-Ierúsalem, agus chuir sé ’n-a sheasamh é ar spuaic an teampail, agus dubhairt sé leis: Má’s tu Mac De caith thu féin le fánaidh; [10] Óir tá sgríobhtha: Gur thug sé órdú ad’ thaobh d’á aingealaibh go ndéanfaidís tu thabhairt saor, [11] Agus go ndéanfaidís tu ghabháil ’n-a nglacaibh sar a’ mbuailfá do chos i gcoinnibh cloiche. [12] Agus dubhairt Íosa ’ghá fhreagradh: Tá ráidhte, leis: Ná déin fromhadh ar do Thighearna Dia. [13] Agus nuair a bhí an cath go léir críochnuighthe d’imthigh an diabhal uaidh ar feadh aimsire.

[14] Agus tháinig Íosa, i gcómhacht an Spioraid, thar n-air go Gaililí agus chuaidh a cháil amach ar fuid na tíre sin go léir. [15] Agus bhíodh sé ag teagasg ins na sinagógaibh agus iad go léir ’ghá mholadh.

[16] Agus tháinig sé go Nasaret mar ar h-oileadh é, agus chuaidh sé, mar ba ghnáth leis, lá na sabbóide, isteach sa tsinagóig, agus d’eirigh sé ’n-a sheasamh chun léightheóireachta dhéanamh. [17] Agus do tugadh dó leabhar Isáias fáidh. Agus d’osgail sé an leabhar go dtáinig sé chun na h-áite ’n-a raibh sgríobhtha: [18] Tá Spioraid an Tighearna orm, agus d’á bhrígh sin d’ong sé me, chun soisgéil do chraobhsgaoileadh do sna bochtaibh, do chuir sé uaidh mé chun lucht an chroidhe bhrúighte do leigheas, [19] Chun fuasgailte dh’fhógairt do’n mhuintir atá i mbraighdineas, agus radharc do sna dallaibh, agus dul as do’n mhuintir atá i gcruadhtan, chun bliana fabhair an Tighearna a dh’fhógairt, agus lae an tuarasdail. [20] Agus nuair a dhún sé an leabhar agus thug sé thar n-ais é do’n timthire, do shuidh sé; agus bhí súile a raibh de dhaoine sa tsinagóig dlúithte air.

[21] Agus thusnuigh sé ar a rád leó: Tá an scriptiúir sin tagaithe chun cinn indiu i nbhúr gcluasaibh-se. [22] Agus thugadar go léir fiadhnuise dhó; agus dob’ iongna leó an grásta a bhí sa chaint a bhí ag teacht as a bhéal, agus deiridís: Nách é mac Ióseiph é seo? [23] Agus dubhairt sé leó: Gan amhras déarfidh sibh liom, mar adeir an seanfhocal, A liaigh, leighis thu féin. Na neithe móra a dh’airigheamair a dheinis i gCapharnaum, dein anso ad’ dhúthaigh féin iad. [24] Agus dubhairt sé leó: Go deimhin adeirim libh, ní glactar aoinne i n’fháidh ’n-a dhúthaigh féin. [25] Deirim libh le fírinne go raibh mórán baintreach i n-Israél i laethibh Elias, nuair a bhí an spéir dúnta ar feadh trí bliana agus sé mhí, agus

an gorta mór sa tír go léir: 26 Agus ní h-ag
triall ar aoinne acu do cuireadh Elias ach ag
triall ar an mnaoi a bhí ’n-a baintrigh i
Sarepta Shidónia. 27 Agus bhí a lán lobhar i
n-Israél le linn an fháidh Elisaéus agus níor
glanadh aoinne acu ach Naaman an
Síriánach. 28 Agus bhí a raibh sa tsinagóig
lán d’fheirg nuair airigheadar an chaint
sin. 29 Agus d’eirigheadar agus
chomáineadar amach as an gcathair é; agus
do rugadar leó é go h-imeall an chnuic ar a
raibh an chathair déanta, chun é
chaitheamh le fánaidh. 30 Ach do ghluais sé
tré n-a lár agus d’imthigh sé uatha.

31 Agus chuaidh sé síos go Capharnaum,
cathair atá i nGaililí, agus bhí sé ag teagasg
na ndaoine ansan gach sabbóid. 32 Agus
chuireadh a theagasg eagla ortha, mar do
labhair sé fé mar a bheadh cómhacht aige.

33 Agus bhí sa tsinagóig duine n-a raibh
deamhan neamhghlan ann, agus do
ghlaoidh sé do ghuth árd, 34 Agus dubhairt:
leig dúinn; cad í an bhaint atá againne leat-
sa, a Íosa Nasareit? An chun sinn a
mhilleadh do tháinís? Tá ’fhios agam ce h-
é thu, Aon Naomhtha Dé. 35 Agus do
smachtuigh Íosa é agus dubhairt: Ná
labhair, agus imthigh amach as. Agus do
chaith an deamhan an duine ar lár an úrláir,
agus d’imthigh sé amach as gan aon
díobháil a dhéanamh dó. 36 Agus tháinig
crith-eagla ar na daoine go léir, agus
bhiodar ag caint eatartha féin, agus deiridís:
Cad é seo mar bhriathar, go
smachtuigheann sé le cómhacht agus le
neart na h-annspridí neamhghlana, agus go
n-imthíghid siad amach? 37 Agus do leath a
chlú ins gach aon pháirt de’n tír.

38 Agus nuair eirigh Íosa ó’n tsinagóig
chuaidh sé isteach i dtigh Shímóin, agus
bhí éagcruas ana-throm ar mháthair céile
Shímóin, agus bhíodar ag cur achainighe
chuige ar a son. 39 Agus do sheasaimh sé os
a cionn agus d’órduigh sé do’n éagcruas
imtheacht, agus d’imthigh an t-éagcruas di.
Agus d’eirigh sí láithreach agus dhein sí
friothálamh ortha.

40 Agus tar éis dul gréine fé, an mhuintir
go raibh daoine gan sláinte acu nó go raibh
aon tsaghas daoine breóite acu bhíodar
’ghá dtabhairt chuige; agus chuireadh sé a
lámh ar gach duine acu agus leighiseadh sé
iad. 41 Agus nuair a bhíodh na deamhain ag
imtheacht amach as a lán daoine bhídís ag
liúirigh, agus deiridís: Is tusa Mac Dé; agus
do smachtuigheadh sé iad agus ní leigeadh
sé dhóibh labhairt, óir d’aithnighdís gur
bh’é Críost e.

42 Agus nuair tháinig an lá d’imthigh sé
amach agus chuaidh sé i n-áit uaigneach,
agus bhí na sluaighte ’ghá lorg, agus
thánadar chun na h-áite ’n-a raibh sé, agus
bhíodar ’ghá choimeád le h-eagla go n-
imtheóchadh sé uatha.

43 Agus dubhairt sé leó: Ní foláir dom
rígheacht Dé do chraobhsgaoileadh i
gcatharachaibh eile, óir is chuige sin a
cuireadh amach mé.

44 Agus bhí sé ag seanmóin i sinagógaibh
Gaililí.

## CAIBID V.

### An tógáilt mhírbhúilteach éisg. Leigheas an lobhair, agus leigheas an duine a bhí gan lúth. Maitiú d’á ghlaodhach.

1 Agus do thárla, nuair a bhí sluagh mhór
ag brúth air go n-aireóchaidís briathar Dé,
go raibh sé féin ’n-a sheasamh ar bruach
locha Genésareit. 2 Agus do chonaic sé dhá
luing ’n-a stad ag imeall an locha; mar bhí
na h-iasgairí tagaithe i dtír agus iad ag nighe
a líonta. 3 Agus chuaidh sé ar bórd luinge
acu, long Shímóin, agus d’iarr sé air
druidim tamaillín amach ó’n dtír. Agus do
shuidh sé agus theagaisg sé na daoine ó ’n
luing. 4 Nuair a stad sé de’n chaint dubhairt

sé le Símón: Gluais amach fé'n bpoll agus cuiridh amach bhúr líonta chun éisg a tógaint. [5] Agus d'fhreagair Símón agus dubhairt: A Mháighistir, tá an oidhche caithte againn ag obair, agus níor thógamair aon nídh; ach ó deirir-se é sgaoilfad amach an líon. [6] Dheineadar san, agus do ghabhdar cruinniú mór iasg, i dtreó go raibh an líon d'á bhriseadh ortha. [7] Agus do bhagradar ar a gcáirde a bhí sa luing eile teacht agus congnamh a thabhairt dóibh. Agus do thánadar, agus do líonadar an dá luing, i dtreó go rabhadar nách mór ag dul fé uisge. [8] Nuair a chonaic Símón Peadar an nídh sin do chaith sé é féin ag glúinibh Íosa, agus dubhairt: Imthigh uaim, a Thighearna, mar is duine peacamhail mé. [9] Óir do tháinig uathbhás air féin agus ar a raibh i n' fhochair, mar gheall ar an ngabháil iasg a bhí tógtha acu; [10] Agus mar an gcéadna ar Séamus agus ar Eóin, clann Sebedé, a bhí i bpáirtidheacht le Símón. Agus dubhairt Íosa le Símón: Na bíodh eagal ort. Is ag gabháil daoine a bheidh tú feasda. [11] Agus chuireadar a loingeas ar tír, agus d'fhágadar gach nídh 'n-a ndiaidh, agus do leanadar eisean.

[12] Agus bhí sé i gceann de sna cathrachaibh, agus féach, tháinig duine a bhí lán de lobhra, agus nuair a chonaic sé Íosa do chaith sé é féin ar a bhéal a's ar a aghaidh, agus ghuidh sé é, agus dubhairt: A Thighearna má's toil leat é is féidir duit mé ghlanadh. [13] Agus do shin sé a lámh agus chuir sé air í, agus dubhairt: Is toil; glantar thú. Agus d'imthigh an lobhra dhe láithreach. [14] Agus dubhairt sé leis gan é dh'innsint d'aoinne; ach, Imthigh agus taisbeáin thú féin do'n tsagart, agus tabhair an ofráil as do ghlanadh, fé mar a d'órduigh; Maois, mar fhiadhnuise dhóibhsin.

[15] Ach sin mar ba mhó do leat an chaint 'n-a thaobh, agus do bhailigh na sluaighte móra chun go n-éistfidís leis, agus chun go leighisfí iad ó n-a ngalaraibh. [16] Agus d'imthigheadh sé féin isteach sa n-uaigneas ag guidhe.

[17] Agus do thárla, lá, go raibh sé 'n-a shuidhe ag teagasg. Agus bhí na Fairisínigh 'n-a suidhe ann, agus dochtúirí na dlighe, a bhí tagaithe ó gach baile i nGaililí agus i nIúdaéa agus ó Ierúsalem, agus bhí cómhacht ó'n dTighearna ag dul chun a slánuighthe. [18] Agus féach, daoine agus fear acu d'á iompar ar thocht, agus é gan lúth, agus bhíodar a d'iarraidh é bhreith isteach agus é chur 'n-a láthair; [19] Agus do theip ortha aon tslígh fhagháil chun é bhreith isteach, mar gheall ar an mbrúth daoine, agus chuadar anáirde ar an dtigh agus do leigeadar síos tríd an slínn é féin agus an tocht, i bhfiadhnuise Íosa. [20] Agus nuair a chonaic sé an creideamh a bhí acu, dubhairt sé: A dhuine, maithtear do pheacaí dhuit. [21] Agus do chrom na Sgríbhneóirí agus na Fairisínigh ar mhachtnamh, agus ar a rádh: Cad é mar dhuine é seo a labhrann diamhasla? Cé fhéadann peacaí do mhaitheamh ach Dia amháin? [22] Ach ó bhí fios a smuínte ag Íosa d'fhreagair sé iad agus dubhairt: Cad chuige an machtnamh so i nbhúr gcroidhe agaibh? [23] Cé'cu is usa a rádh, Maithtear do pheacaí dhuit, nó a rádh, Eirigh ad' sheasamh agus siubhluigh? [24] Ach ionus go mbeadh a fhios agaibh go bhfuil ag Mac an Duine ar an dtalamh so cómhacht chun peacaí do mhaitheamh (dubhairt sé leis an bhfear a bhí gan lúth), Eirigh, adeirim leat, agus tóg suas do thocht, agus imthigh chun do thighe féin. [25] Agus d'eirigh an duine láithreach bonn, agus thóg sé an tocht ar a raibh sé 'n-a luighe, agus d'imthigh sé chun a thighe féin agus é ag moladh Dé. [26] Agus tháinig uathbhás ar na daoine go léir, agus bhíodar ag tabhairt glóire do Dhia; agus

bhíodar lán d'eagla agus deiridís:
Chonacamair neithe iongantacha indiu.
27 Agus tar éis an méid sin d'imthigh sé
amach, agus chonaic sé puibliocánach dár
bh' ainim Lebhí 'n-a shuidhe ag bórd an
chusduim agus dubhairt sé leis: Lean-sa
mise. 28 Agus d'fhag seisean gach nídh 'n-a
dhiaidh, agus d'eirigh sé agus do lean sé é.
29 Agus do dhein Lebhí féasta mór dó 'n-
a thigh, agus bhí cuideachta mhór ann de
phuibliocánaigh agus de dhaoine eile a bhí
'n-a suidhe chun bídh 'n-a bhfochair. 30
Agus bhí na Fairisínigh agus na
Sgríbhneóirí ag gluaireán, agus deiridís le n-
a dheisgiobuil-sin: Cad chuige dhaoibh
bheith ag ithe agus ag ól i gcuíbhreann
puibliocánach agus peacach? 31 Agus
d'fhreagair Íosa agus dubhairt leó: Ní h-ag
lucht sláinte atá gádh le liaigh, ach ag
daoine breóite. 32 Ní chun fíoraon do
ghlaodhach chun aithrighe a thánag, ach
chun peacach do ghlaodhach chun
aithrighe.
33 Ach dubhradar-san: Cad 'n-a thaobh
go mbíd deisgiobuil Eóin ag déanamh
trosgaidh agus úrnuighthe go minic, agus
deisgiobuil na bhFairisíneach mar an
gcéadna, agus go mbíd do dheisgiobuil-se
ag ithe agus ag ól? 34 Agus dubhairt sé leó:
An féidir daoibh teaghlach an chéile do
chur ag déanamh trosgaidh agus an chéile
'n-a bhfochair? 35 Ach tiocfaidh na
laethanta nuair a béarfar uatha an céile,
ansan déanfaid siad trosgadh ins na
laethantaibh sin. 36 Agus dubhairt sé leó i
soluíd: Ní chuireann aoinne preabán,
gearrtha de bhall éadaigh a bheadh nua,
mar dheisiú ar sheana-bhall éadaigh, mar
do loitfeadh sé an t-éadach nua, agus an
preabán a baineadh de'n éadach nua ní
oirfeadh sé do'n tsean-éadach. 37 Agus ní
chuireann aoinne fíon nua i sean-árthaíbh
leathair, mar brisfidh an fíon nua an seana-
leathar, agus doirtfar an fíon agus caillfar
an t-árthach leathair. 38 Ach ní foláir an fíon
nua do chur i n-árthaíbh nua i dtreó go
gcoimeádfar iad araon. 39 Agus aoinne a
bhíonn ag ól sean-fhíona ní thaithnfidh an
fíon nua láithreach leis, óir deir sé, Is fearr
an sean-fhíon.

## CAIBID VI.

**Críost ag gabháil leathsgéil a dheisgiobol. Leigheas d'á dhéanamh aige lá na sabbóide. An dáréag dá dtoghadh aige agus seanmóin aige á thabhairt dóibh.**

1 Agus do thárla go raibh sé ag gabháil
tré ghortaibh arbhair an tarna céad-
shabbóid, agus go raibh na deisgiobuil ag
stathadh na ndias agus 'ghá gcimilt idir a
mbasaibh agus 'ghá n-ithe. 2 Agus dubhairt
cuid de sna Fairisínigh leó: Cad chuige
dhaoibh nídh nách dleaghthach a
dhéanamh sa tsabbóid? 3 Agus d'fhreagair
Íosa agus dubhairt leó: An amhlaidh nár
léigheabhair an nídh a dhein Dáibhid nuair
a bhí an t-ocras air féin agus ar an muintir
a bhí i n'fhochair? 4 Conus mar a chuaid sé
isteach i dtigh Dé agus thóg sé na bulóga
fiadhnaise agus d'ith, agus thug sé do'n
muintir a bhí i n'fhochair, agus ní
dleaghthach d'aoinne iad a d'ithe ach do
sna sagairt? 5 Agus dubhairt sé leó: Is
tighearna Mac an Duine os cionn na
sabbóide féin.
6 Agus do thárla, lá eile sabbóide, go
ndeaghaidh sé isteach sa tsinagóig agus go
raibh sé ag teagasg; agus bhí duine ann agus
bhí a lámh dheas seirgthe. 7 Agus bhí na
Shgríbhneóirí agus na Fairisínigh ag faire
air féachaint a' ndéanfadh sé an leigheas lá
na sabbóide, agus go mbeadh nídh acu le
cur 'n-a leith. 8 Ach bhí fhios a smuínte
aige, agus dubhairt sé leis an nduine n-a
raibh an lámh sheirgthe aige: Eirigh, agus
seasaimh i lár baill. Agus d'eirigh agus do

sheasaimh. 9 Agus dubhairt Íosa leó-san: Cuirim an cheist seo chúghaibh, cé ’cu is cóir maith a dhéanamh nó olc a dhéanamh sa tsabbóid, anam do shaoradh nó é mhilleadh? 10 Agus d’fhéach sé ortha sa tímpal, agus dubhairt leis an nduine: Sín amach do lámh. Do shín; agus bhí sí slán aige. 11 Agus bhíodar-san lán de mhí-chiall, agus bhíodar ag caint eatartha féin féachaint cad a dhéanfaidís le h-Íosa.

12 Agus do thárla ins na laethanta san go ndeaghaidh sé amach ar an gcnoc chun úrnuighthe dhéanamh, agus go dtug sé an oidhche ag guidhe chun Dé. 13 Agus nuair a tháinig an lá do ghlaoidh sé chuige a dheisgiobuil, agus do thogh sé dáréag acu, agus thug sé Aspoil mar ainim ortha san; 14 Símón, ar ar thug sé Peadar, agus a dhritháir Aindrias, Séamus agus Eóin, Pilib agus Bartoleméus, 15 Maitiú agus Tomás, Séamus mac Alphéuis agus Símón ar a dtugtar Sélótés, 16 Agus Iúdás dritháir Iacóib, agus Iúdás Iscariót, an fear a dhíol é.

17 Agus tháinig sé anuas i n-aonfheacht leó, agus sheasaimh sé ar áit leibhéalta, agus cruinniú dá dheisgiobuil agus sluagh mhór daoine ó Iúdaéa go léir agus ó Ierúsalem, agus ó chríochaibh Tuíre agus Sídóin cois na faraige, 18 Daoine a tháinig chun go n-éistfidís leis agus chun go leighisfí iad ó n-a ngalaraibh. Agus an muintir a bhí d’á gciapadh ag spioraidíbh neamhghlana do leighiseadh iad. 19 Agus bhí an tsluagh go léir a d’iarraidh teangabháil leis, óir bhí cómhacht ag dul amach uaidh a bhí ag slánú gach aoinne.

20 Agus tóg sé suas a shúile agus d’fhéach sé ar a dheisgiobuil agus dubhairt: Is aoibhinn daoibh-se a daoine atá bocht, óir is libh rígheacht Dé.

21 Is aoibhinn daoibh-se ar a bhfuil an t-ocras anois, óir gheobhaidh sibh bhúr sáith. Is aoibhinn daoibh-se atá anois ag gol, óir gáirfidh sibh.

22 Is aoibhinn daoibh-se nuair a thabharfaid na daoine fuath dhaoibh, agus a shéanfaid siad sibh, agus thabharfaid siad tarcuisne dhaoibh, agus nuair a chuirfid siad bhúr n-ainim amach ’n-a droch-ainim, mar gheall ar Mhac an Duine. 23 Deinidh gáirdeachas an lá san, agus mórtais: óir féach, is mór é bhúr dtuarasdal ar neamh: óir is mar sin a dhein a sínsear é leis na fáidhibh.

24 Ach is mairg daoibh-se, a dhaoine saidhbhre, óir tá bhúr sólás agaibh.

25 Is mairg daoibh-se atá sáitheach, óir beidh sibh ocrach. Is mairg daoibh-se atá anois ag gáirí, óir beidh sibh ag gol agus ag caoi.

26 Is mairg daoibh nuair a bheid na daoine ag beannachtaí oraibh, óir sin mar a dheineadh a sínsear leis na fáidhibh fallsa.

27 Ach deirim libh-se atá ag éisteacht liom: Tugaidh grádh d’bhúr namhaid, deinidh maith do’n mhuintir a thabharfaidh fuath daoibh. 28 Tugaidh beannacht do’n mhuintir a thabharfaidh mallacht daoibh, agus deinidh guidhe ar an muintir a dhéanfaidh tromaidheacht oraibh.

29 Agus an t-é a bhuailfidh thu ar leacain leat, iompuigh chuige an leaca eile; agus má bheireann duine do bhrat uait, leig leis do chasóg chómh maith. 30 Gach aoinne a dh’iarrfaidh rud ort, tabhair dó é; agus má bheireann duine do chuid uait ná h-éilimh thar n-ais air é.

31 Agus fé mar ba mhaith libh a dhéanfadh daoine libh deinidh-se leó. 32 Má thugann sibh grádh do’n mhuintir a thugann grádh dhaoibh, cad é an buidheachas is cóir a bheith oraibh? Tugaid na peacacha grádh do’n mhuintir a thugann grádh dhóibh. 33 Agus má dheineann sibh maith do’n mhuintir a dheineann maith

dhaoibh, cad é an buidheachas is cóir a bheith oraibh? Ar ndó deinid na peacacha an nídh sin. 34 Agus má thugann sibh iasacht do'n mhuintir ó n-ar dóigh libh go mbeidh iasacht le fághail agaibh, cad é an buidheachas is cóir a bheith oraibh? Óir tugaid na peacacha iasachtaí uatha do pheacachaibh ag súil le n-a gcothrom a dh'fhághail thar n-ais. 35 Ach deinidh-se grádh thabhairt d'bhúr namhaid; deinidh maith, agus tugaidh iasacht uaibh, gan súil le nídh dh'á bhárr, agus beidh bhúr luacht saothair líonmhar, agus beidh sibh i nbhúr gclainn ag Dia na glóire; óir bíonn sé féin go maith do dhaoine ná gabhann a bhuidheachas leis, agus do dhroch-dhaoine. 36 Bhídhidh, d'á bhrígh sin, atruaghach fé mar atá bhúr n-Athair atruaghach.

37 Ná tugaidh breith, agus ní tabharfar breith oraibh; ná daoraidh, agus ní daorfar sibh; maithidh, agus maithfar daoibh. 38 Tugaidh uaibh, agus tabharfar daoibh: tómhas maith, díngthe, croithte, cruachta, iseadh chuirfid siad i nbhúr n-ucht chúghaibh. Óir mar a thómhaisfidh sibh uaibh iseadh a tómhasfar chúghaibh thar n-ais.

39 Agus ansan do labhair sé soluíd leó: An féidir do dhall dall a ghiollacht? Ná tuitfid siad araon sa díg? 40 Ní'l an deisgiobul os cionn a mháighistir; tá duine go sár-mhaith má tá sé mar atá a mháighistir.

41 Cad uime, ámhthach, go bhfeiceann tú an dúradán i súil do bhráthar, agus ná tugann tú fé ndeara an tsail atá ad' súil féin? 42 Nó conus is féidir duit a rádh le t'bhráthair: A bhráthair, leig dom an dúradán a bhaint as do súil, agus ná feiceann tú an tsail ad' shúil féin? A chluanaidhe, bain an tsail ar dtúis as do shúil féin, agus ansan chífir conus an dúradán a bhaint a' súil do bhráthar.

43 Óir ní'l crann fóghanta a thugann droch-thoradh uaidh, ná droch-chrann a thugann toradh fóghanta uaidh. 44 Mar aithnightear gach crann as a thoradh. Óir ní bailightear fígí de sgeachaibh ná caora fíneamhna de dhriseach. 45 Tugann an deagh-dhuine an deagh-nídh amach a' deagh-stór a chroidhe féin; agus tugann an droch-dhuine an droch-nídh amach a' droch-stór a chroidhe; óir a' flúirse an chroidhe is eadh do labhrann an béal.

46 Agus cad chuige go ndeir sibh liom-sa, A Thighearna, a Thighearna, agus ná deineann sibh an rud adeirim? 47 Gach duine a thagann chúgham-sa agus d'éisteann le m' chaint agus a dheineann d'á réir taisbeánfad daoibh cé leis gur cosmhail é: 48 Is cosmhail é le fear a bhí ag déanamh tighe agus do rómhar sé síos go doimhinn gur chuir sé an chloch-bhuinn ar an gcaraig; agus tháinig an tuile agus do buaileadh an tigh sin go dian ach níor coruigheadh é, mar bhí sé daingean ar an gcaraig. 49 Ach an t-é a chloiseann agus ná deineann, is cosmhail é leis an bhfear a dhein a thigh ar an gcré gan chloich bhuinn, agus gur bhuail an tuile 'n-a choinnibh, agus do thuit sé láithreach, agus ba thiubaisteach é tuitim an tighe sin.

## CAIBID VII.

**Seirbhíseach an taoisigh céad dá leigheas ag Críost. Mac na baintirighe da thógaint ó'n mbás aige. Freagra uaidh do sna teachtairí a tháinig ó Eóin, agus maitheamhnachas 'á thabhairt aige do'n pheacach aithrígheach.**

1 Agus nuair a bhí iomláine a chainte go léir labhartha aige isteach i gcluasaibh na ndaoine, thainig sé isteach go Capharnaum. 2 Agus bhí taoiseach céad n-a raibh seirbhíseach leis breóite, agus ba

mhór aige an seirbhíseach, agus bhí sé ag dul chun báis. 3 Agus d'airigh sé i dtaobh Íosa, agus chuir sé ag triall air seanóirí Iúdacha 'ghá iarraidh air teacht agus a sheirbhíseach do leigheas. 4 Agus nuair a thánadar-san ag triall ar Íosa d'iarradar go cruaidh air dul, agus dubhradar; Is fiú é go ndéanfá an nídh sin dó, 5 Óir tá grádh aige d'ár gcine, agus do chuir sé féin suas sinagóg dúinn. 6 Agus bhí Íosa ag dul leó, agus nuair a bhíodar tagaithe i n-achmaireacht do'n tigh do chuir an taoiseach céad cáirde leis ag triall air chun a rádh: A Thighearna, ná cuir thu féin chun trioblóide, mar ní fiú mise go dtiocfá fá m'dhíon isteach: 7 Is uime sin nár thuigeas gur bh'fhiú mé mé féin do dhul ag triall ort; ach abair i bhfocal é agus beidh mo sheirbhiseach slán. 8 Óir is duine mise atá socair fé smacht, agus tá fir fé smacht agam; agus deirim le fear, Imthigh, agus imthigheann sé; agus le fear eile, Tar, agus tagann sé; agus le m'sheirbhíseach, Dein so, agus deineann sé é. 9 Agus nuair a d'airigh Íosa an méidh sin dhein sé iongna dhe, agus d'iompuigh sé chun na ndaoine a bhí 'ghá leanmhaint, agus dubhairt sé leó: Go deimhin a deirim libh, ní'l a leithéid sin de chreideamh fághalta agam i n-Israél féin. 10 Agus na daoine a tháinig do chuadar thar n-ais abhaile, agus an seirbhíseach a bhí ag dul chun báis fuaradar leighiste é.

11 Agus do thárla 'n-a dhiaidh san go raibh sé ag dul go dtí an chathair ar a dtugtar Náim, agus bhí a dheisgiobuil i n-aonfheacht leis agus sluagh mhór. 12 Agus nuair a bhí sé ag teacht chun geata na catharach, féach, bhí corp d'á bhreith amach, aonmhac a bhí agá mháthair, agus baintreach ab eadh an mháthair; agus bhí sochraid mhór de mhuintir na catharach léi. 13 Agus nuair a chonaic an Tighearna í tháinig truagh aige dhi agus dubhairt sé léi: Ná bhí ag gol. 14 Agus tháinig sé agus chuir sé a lámh ar an gcómhrainn. (Agus do stad an mhuintir a bhí ag iompar na cómhran.) Agus dubhairt sé: A óigfhir, deirim leat, eirigh. 15 Agus d'eirigh an duine marbh 'n-a shuidhe agus chrom sé ar chaint. Agus thug sé d'á mháthair é. 16 Agus tháinig eagal ar na daoine go léir, agus thugadar glóire do Dhia, agus dubhradar: Tá fáidh mór eirighthe 'n-ár measg, agus tháinig Dia ag féachaint a dhaoine. 17 Agus do leath an focal san amach 'n-a thaobh tré Iúdaéa go léir agus tríd an ndúthaigh mór-thímpal;

18 Agus d'innseadar a dheisgiobuil d'Eóin na neithe sin go léir. 19 Agus do ghlaoidh Eóin chuige beirt d'á dheisgiobulaibh, agus chuir sé chun Íosa iad 'ghá rádh: An tusa an t-é a bhí le teacht nó a' bhfuil orainn feitheamh le duine eile? 20 Agus nuair a thánadar na fir chuige dubhradar: Chuir Eóin Baiste ag triall ort-sa sinn 'ghá rádh: An tusa an t-é atá le teacht, nó an bhfuil orainn feitheamh le duine eile? 21 Agus an uair chéadna san do leighis sé mórán daoine ó n-a ngalaraibh agus ó n-a gcneadhaibh, agus ó annspridíbh, agus thug sé radharc do mhórán dall. 22 Ansan d'fhreagair sé iad-san agus dubhairt leó: Téighidh thar n-ais agus innsidh d'Eóin cad a chloiseabhair agus cad a chonacabhair; radharc 'á thabhairt do dhallaibh, siubhal do bhacachaibh, na lobhair d'á nglanadh, éisteacht 'á thabhairt do bhodharaibh, na mairbh ag aiseirighe, an soisgéal d'á chraobhsgaoileadh do sna bochtaibh. 23 Agus is aoibhinn do'n t-é ná glacfaidh sgannal umam-sa.

24 Agus nuair a bhí teachtairí Eóin imthighthe chrom sé ar a rádh leis na daoine i dtaobh Eóin: Cad 'á dh'fheisgint go ndeaghabhair amach sa bhfásach? Cuaille d'á shuathadh le gaoith an eadh? 25 Ach cad 'á d'fheisgint go ndeaghabhair amach? Duine i n-éadaighibh míne an eadh? Féach, is i dtighthibh na righthe a

bhíonn lucht an éadaigh uasail agus an bheatha shóghaigh. 26 Ach cad a bhí uaibh le feisgint nuair a chuadhabhair amach? Fáidh an eadh? Iseadh, a deirim libh, agus duine is mó ’ná fáidh. 27 Sidé an duine ar a bhfuil sgríobhtha: Féach, tá m’aingeal agam d’á chur rómhat amach agus ollmhóchaidh sé do shlígh rómhat. 28 Deirim libh é: Ar ar rugadh ó mhnáibh de dhaoinibh ní’l fáidh is mó ’na Eóin Baiste; agus an t-é is lúgha i rígheacht Dé is mó é ’ná eisean. 29 Agus nuair airigh na daoine go léir agus na puibliocánaigh an chaint sin d’admhuíghdar ceart Dé, óir bhíodar tar éis a mbaiste le baisteadh Eóin. 30 Ach na Fairisínigh agus dochtúirí na dlighe, thugadar easúmhluigheacht do chómhairle Dé ’n-a gcoinnibh féin, óir níor ghlacadar a bhaisteadh-sin.

31 Dubhairt an Tighearna, ámhthach: Cé leis, d’á bhrígh sin, go samhlóchad muintir an tsleachta so? Agus cé leis gur cosmhail iad? 32 Is cosmhail iad le leanbhaí ’n-a suidhe ar áit an mhargaidh agus ag caint le n-a chéile, nuair a deirid siad: Dheineamair ceól daoibh ar phíbibh, agus níor dheineabhair rinnce; dheineamair caoine, agus níor ghoileabhair. 33 Óir do tháinig Eóin Baiste agus ní raibh sé ag ithe aráin ’ná ag ól fíona; agus deirthí-se, Tá deamhan ann. 34 Tháinig Mac an Duine agus é ag ithe agus ag ól; agus deirthí-se, Féach an fear craosach, fear an fhíona dh’ól, cara na bpuibliocánach agus na bpeacach. 35 Agus tá an eagna ceartuighthe ó n-a clann féin go léir.

36 Agus d’iarr duine de sna Fairisínigh air dul agus bia chaitheamh i n’ fhochair; agus chuaidh sé isteach i dtigh an Fhairisínigh, agus do shuidh sé chun búird. 37 Agus féach bhí bean a bhí ’n-a peacach sa chathair, agus fuair sí amach go raibh sé ag caitheamh bídh i dtigh an Fhairisínigh agus thug sí léi alabastrom ola, 38 Agus sheasaimh sí lastiar i n-aice a chos, agus chrom sí ar a chosaibh do nighe le n-a deóraibh, agus ar iad do thriomú le n-a gruaig, agus bhi sí ag pógadh a chos agus ag cimilt na h-ola dhíobh. 39 Agus do chonaic an Fairisíneach a thug cuireadh dhó an nídh sin agus dubhairt sé i n’aigne féin: Dá mba fáidh an fear so bheadh fhios aige, gan amhras, cé h-í an bhean so atá ag teangabháil leis agus cad é an saghas í, gur bean pheacamhail í. 40 Agus d’fhreagair Íosa agus dubhairt leis: A Shímóin, tá nídh agam le rádh leat. Agus dubhairt seisean: Abair é, a Mháighistir. 41 Bhí fear ann agus bhí fiacha aige ar bheirt; bhí chúig céad píosa airgid aige ar dhuine acu agus caogad píosa ar an nduine eile. 42 Ní raibh an chumas aoinne acu díoluigheacht a déanamh, agus do mhaith sé na fiacha dhóibh araon. Cé ’cu de’n bheirt is mó grádh dhó? 43 Agus d’fhreagair Símón agus dubhairt: Measaim gur b’é an t-é is mó n-ar mhaith sé dhó. Agus dubhairt sé leis: Tá do bhreith ceart. 44 Agus d’iompuigh sé chun na mná, agus dubairt sé le Símón: An bhfeiceann tú an bhean san? Thánag isteach ad’ thigh-se, níor thugais-se dhom uisge dom’ chosaibh; ach do nigh sí seo mo chosa le n-a deóraibh, agus do thriomuigh sí iad le n-a gruaig. 45 Níor thugais-se póg dom; ach ó tháinig sí seo isteach níor stad sí ach ag pógadh mo chos. 46 Níor ongais-se mo cheann le h-ola, ach d’ong sí seo mo chosa le h-ola. 47 D’á bhrígh sin adeirim leat: Táid a lán peacaí maithte dhi tré mhéid a grádha. An t-é, ámhthach, d’á maithtear an beagán is beagán a ghrádh. 48 Agus dubhairt sé léi-se: Táid na peacaí maithte dhuit. 49 Agus do chrom an mhuintir a bhí ag an mbórd ar a rádh ’n-a n-aigne féin: Cé h-é seo, a théigheann chómh fada le peacaí mhaitheamh? 50 Agus dubhairt seisean leis an mnaoi: Do shlánuigh do chreideamh thu; imthigh i síothcáin.

## CAIBID VIII.

**Parabal an tsíl. An stoirm d'á ciúnú ag Críost. An legion deamhan d'á gcur amach aige. An ghluaiseacht fola d'á leigheas, agus inghean Iaíruis d'á tógaint ón mbás aige.**

1 Agus do thárla, 'n-a dhiaidh san, é féin
a bheith ag gabhail tré chatharachaibh agus
tré bhailtibh, ag seanmóin agus ag
craobhsgaoileadh rígheachta Dé agus an
dáréag i n-aonfheacht leis. 2 Agus raint ban
a saoradh ó annspridíbh agus ó ghalaraibh:
Máire, ár a dtugtar Magdalén, n-ar imthigh;
na seacht ndeamhain aisti, 3 Agus Ióanna,
bean Chúsa, stíobhard Héróid, agus
Súsanna, agus a lán eile ban, agus iad ag
friothálamh air as a ngustal féin.

4 Agus tráth d'á raibh sluagh ana-mhór
cruinnighthe, agus iad ag ruith amach ag na
catharachaibh ag triall air, dubhairt sé, i
bhfuirm soluíde:

5 Chuaidh curadóir amach ag cur a chod'
síl; agus nuair a bhí sé ag cur an tsíl do thuit
cuid de i n-aice an bhóthair; agus do
gabhadh do chosaibh ann, agus d'itheadar
éanlaithe an aeir é. 6 Agus do thuit tuille dhe
ar an gcaraig; agus d'fheóch sé sa bhfás,
mar ní raibh an úrmhaireacht aige. 7 Agus
do thuit tuille dhe ameasg na sgeach; agus
d'fhás na sgeacha i n-aonfheacht leis, agus
mhúchadar é. 8 Agus do thuit tuille de sa
talamh fóghanta agus d'fhás sé, agus thug
sé toradh fó chéad. Nuair a dubhairt sé an
méid sin do labhair sé árd: An t-é go bhfuil
cluasa le h-éisteacht air cloiseadh sé.

9 Agus d'fhiafraigh a dheisgiobuil de cad
í an tsolúid í sin. 10 Agus dubhairt sé leó: Do
tugadh daoibh-se rúndiamhar rígheachta
Dé a dh'aithint; do'n chuid eile, ámhthach,
i bhfuirm soluídí, i dtreó go bhfeicfidís
agus ná feicfidís, agus go gcloisfidís agus ná
tuigfidís. 11 Sidí an tsoluíd. Isé briathar Dé
an síol. 12 An chuid a thuiteann i n-aice an
bhóthair, siniad na daoíne a chloiseann,
agus tagann an diabhal 'n-a dhiaidh san
agus tógann sé an focal as a gcroidhe, i
dtreó ná creidfidís agus ná saorfaí iad. 13
Agus an chuid a thuiteann ar an gcaraig,
siniad an mhuintir a ghlacann an focal le h-
áthas nuair airighid siad é; ach ní bhíd na
préacha acu san; creidid siad ar feadh
tamaill agus i n-am an chatha téighid siad
ar gcúl. 14 An chuid ámhthach, a thuit
ameasg na sgeach, siniad an mhuintir a
d'airigh an focal, ach ag dul dóibh i ndiaidh
cúraim agus saidhbhris agus pléisiúir an
tsaoghail múchtar iad agus ní thugaid siad
toradh. 15 Ach an chuid a thuiteann ar an
dtalamh fóghanta, siniad an mhuintir a
ghlacann an focal leis an ndeagh-chroidhe
is fearr nuair a chloisid siad é, agus
coimeádaid siad é, agus tugaid siad toradh
uatha le fadfhulang.

16 Ní dheineann aoinne coinneal do
lasadh agus í chur fé bhéal árthaigh nó fé
leabaidh, ach curtar ar choinnleóir í, i dtreó
go bhfeicfeadh na daoine a thagann isteach
an solus. 17 Óir ní'l rud i bhfolach ná
nochtfar, ná rud fé cheilt ná h-aithneófar
agus ná tiocfaidh amach go h-osgailte. 18
Féachaidh, d'á bhrigh sin, conus a
chloiseann sibh. Óir an t-é go bhfuil aige
tabharfar dó; agus an t-e ná fuil aige, tógfar
uaidh gach a measann sé atá aige.

19 Agus tháinig chuige a mháthair agus a
bhráithre, agus níor fhéadadar teacht ag
triall air mar gheall ar an sluagh. 20 Agus do
h-innseadh dó: Tá do mháthair agus do
bhráithre 'n-a seasamh amuigh, agus ba
mhaith leó thu d'fheisgint. 21 Agus
d'fhreagair sé agus dubhairt leó: An
mhuintir a dh'éisteann le briathar Dé agus
a dheineann beart d'á réir, siniad mo
mháthair agus mo bhráithre.

22 Agus do tharla, lá de sna laethibh sin,
go ndeaghaidh sé féin agus a dheisgiobuil
ar bórd luinge, agus dubhairt sé leó:
Téighmís treasna an locha. Agus chuadar ar

aghaidh. 23 Agus an fhaid a bhíodar-san ag
cur na slíghe dhiobh do chuaidh seisean a
chodla. Agus tháinig stoirm gaoithe ar an
loch, agus bhiodar d'á líonadh agus bhíodar
i gcontabhairt. 24 Agus thánadar chuige
agus dhúisigheadar é agus dubhradar: A
Mháighistir, tá an dár againn. Agus d'eirigh
sé agus do labhair sé leis an ngaoith agus
leis na tonnaibh uisge, agus do stadadar
agus tháinig ciúnas. 25 Agus dubhairt sé leó-
san: Cá bhfuil bhúr gcreideamh? Mar bhí
eagal ortha agus iongna, agus iad 'ghá rád
le n-a chéile, Cad é mar dhuine é seo, go
smachtuigheann sé gaoth agus faraige agus
go ndeinid siad rud air?

26 Agus do sheóladar an long go tír na
nGerasénach atá ar aghaidh Ghaililí
anonn. 27 Agus chómh luath agus thánadar
i dtír do rith chuige fear n-a raibh deamhan
ann ar feadh mórán aimsire, agus ní raibh
éadach uime, ná ní fhanadh sé i dtigh, ach
ins na tuamaíbh. 28 Agus nuair a chonaic sé
Íosa do chaith sé é féin ar an dtalamh 'n-a
láthair agus do labhair sé do ghuth árd: Cad
é an chuid atá agat díom-sa, a Íosa, a Mhic
an Árd-Dhia? Iarraim ort gan mé
phianadh. 29 Óir bhí sé 'ghá órdú do'n
annsprid teacht amach as an nduine. Óir do
bheireadh sé air go minic; agus do
ceangailtí é le slabhraibh agus le geimhlibh,
agus do bhriseadh sé na slabhraí agus
chomáineadh an deamhan amach fé'n
bhfásach é. 30 Agus do cheistigh Íosa é agus
dubhairt: Cad é an ainim atá ort? Agus
dubhairt seisean: Leigión; mar bhí mórán
deamhan tar éis dul isteach ann. 31 Agus
bhíodar 'ghá iarraidh air gan a dh'órdú
dhóibh dul síos sa n-aibhéis. 32 Agus bhí
tréad mór muc sa n-áit agus iad ag inníor ar
an sliabh, agus d'iarradar air leigint dóibh
dul isteach ionta. Agus do leig. 33 Ansan
d'imthigh na deamhain as an nduine agus
chuadar isteach ins na mucaibh, agus do
ghluais an tréad, le buile, ar mhullach a
gcinn isteach sa loch agus do báthadh
iad. 34 Agus nuair chonaic an lucht
fosaidheachta an nídh a thárla, do ritheadar
agus d'innseadar, sa chathair é agus ins na
bailtibh. 35 Agus tháinig ná daoine amach
go bhfeicfidís cad a bhí tuitithe amach,
agus thánadar ag triall ar Íosa; agus
fuaradar, 'n-a shuidhe ag cosaibh Íosa, 'n-a
ghlan-mheabhair agus éadach uime, an
duine as ar imthigh na deamhain, agus bhí
eagal ortha. 36 Agus an mhuintir a chonaic
é d'innseadar dóibh conus a slánuigheadh
é ó'n leigión; 37 Agus d'iarr pobul na
nGerasénach go léir air imtheacht uatha,
mar bhí eagla ana-mhór ortha. Agus
chuaidh sé an bórd na luinge agus tháinig
sé thar n-ais. 38 Agus an fear gur imthigh na
deamhain ar d'iarr sé air leigint dó dul leis.
Ach do chuir Íosa uaidh é, agus dubhairt sé
leis: 39 Imthigh chun do thighe féin agus
innis na neithe móra atá déanta ag Dia
dhuit. Agus d'imthigh sé agus d'fhógair sé
tríd an gcathair go léir na neithe móra a
dhein Íosa dhó.

40 Agus do thárla, ar a theacht thar n-air
d'Íosa, gur ghlac sluagh mhór é, mar
bhíodar go léir ag feitheamh leis. 41 Agus
féach, tháinig chuige fear dár bh' ainim
Iaírus, agus dob' é uachtarán na sinagóige
é; agus do chaith sé é féin ag cosaibh Íosa
'gha iarraidh air dul chun a thighe, 42 Mar
go raibh aon inghean amháin aige agus í
tímpal dhá bhliain déag, agus go raibh sí ag
dul chun báis. Agus, ag dul ann dó, do
tharla go raibh an tsluagh ag brúth air.

43 Agus bhí bean áirithe a bhí ag
cailleamhaint a cod' fola ar feadh dhá
bhliain déag roimis sin, agus go raibh a
maoin saoghalta caillte aici le dochtúiríbh
agus é teipithe ortha í leigheas; 44 Agus
thainig sí chuige, lastiar dé, agus chuir sí a
lámh ar fhabhra a bhrait, agus do stad an
fhuil láithreach bonn aici. 45 Agus dubhairt
Íosa: Cé h-é a theangbhaidh liom? Agus do

shéan gach aoinne, agus dubhairt Peadar agus an mhuintir a bhí i n'fhochair: A Máighistir, tá an tsluagh ag brúth ort agus at' chiapadh, agus a' ndeirir, Cé h-é a theangbhaidh liom? [46] Agus dubhairt Íosa: Do theangbhaidh duine éigin liom; óir is eól dómh-sa go ndeaghaidh cómhacht amach uaim. [47] Agus nuair a thuig an bhean nár chuaidh sí gan aithint, tháinig sí agus chaith sí í féin agá chosaibh agus í ag crith, agus d'innis sí os cómhair na ndaoine go léir cad é an chúis n-ar theangbhaidh sí leis, agus conus mar a leighiseadh í láithreach. [48] Agus dubhairt seisean léi: Do leighis do chreideamh thú, a 'nghean ó; imthigh leat i síothcháin.

[49] Agus é ag rádh na cainte sin tháinig duine chun uachtarain na sinagóige agus dubhairt sé leis: Tá t'inghean thar éis bháis, ná bí 'ghá chur chun trioblóide. [50] Agus d'airigh Íosa an focal agus dubhairt sé le h-athair an chailín: Ná bíodh eagal ort: creid amháin, agus beidh sí slán. [51] Agus nuair a shrois sé an tigh níor leig sé aoinne isteach i n-aonfheacht leir ach Peadar agus Séamus agus Eóin, agus athair agus máthair an chailín. [52] Agus bhí na daoine go léir ag gol agus ag caoi 'n-a diaidh. Agus dubhairt sé leó: Ná bídhidh ag gol; ní marbh atá an cailín, ach 'n-a codla. [53] Agus bhíodar ag gáirí uime, mar bhí fhios acu í bheith marbh. [54] Ach do rug sé féin an láimh uirthi, agus do labhair sé do ghuth árd agus dubhairt: A chailín, eirigh. [55] Agus tháinig a h-anam thar n-ais, agus d'eirigh sí láithreach. Agus dubhairt sé rud le n-ithe thabhairt di. [56] Águs bhí sgárd ar a h-athair agus ar a máthair; ach dubhairt sé leó gan a dh'innsint d'aoinne cad a bhí tuitithe amach.

## Caibid IX.

**Ná h-Asboil dá gcur amach ag Críost. Bia dá thabhairt aige do chúig mhíle duine a' chúig bhulógaibh, an t-Atharú gné do theacht air. Deamhan a' duine dá chur amach aige.**

[1] Do ghlaoidh sé chuige an dáréag Aspol agus thug sé dhóibh cómhacht agus cumas ar gach aicme deamhan, agus leigheas ar ghalaraibh. [2] Agus chuir sé uaidh iad ag craobhsgaoileadh rígheachta Dé agus ag leigheas daoine breóite. [3] Agus dubhairt sé leó: Ná tógaidh aon rud i gcóir an bhóthair, bata ná mála ná arán ná airgead, agus ná bíodh dhá bhrat ag aoinne agaibh; [4] Agus pé tigh n-a raghaidh sibh isteach ann, fanaidh ann, agus ná h-imthighidh amach as. [5] Agus pé daoine ná glacfaidh sibh imthighidh amach as an gcathair sin agus deinidh an ceó do chrothadh d'bhúr gcosaibh mar fhiadhnuise 'n-a gcoinnibh.

[6] Agus do ghluaiseadar amach mór-thímpal tré sna bailtibh ag craobhsgaoileadh an tSoisgéil agus ag leigheas ins gach aon bhall.

[7] Agus d'airigh Héród, an tetrarc, gach nídh a bhí aige 'á dhéanamh, agus bhí sé ar mearbhall, mar deireadh daoine, [8] Gur bh'é Eóin a dh'eirigh ós na mairbh; agus deireadh daoine eile gur bh'é Elias a thaisbeáin é féin; agus deireadh daoine eile gur dhuine éigin de sna sean-fháidhibh a dh'eirigh. [9] Agus dubhairt Héród: Bhaineas-sa an ceann d'Eóin; ach cé h-é seo go h-airighim na neithe seo mar gheall air? Agus bhí sé a d'iarraidh é dh'fheisgint.

[10] Agus tháinig na h-Aspoil thar n-ais agus d'innseadar dó gach a raibh déanta acu; agus do rug sé leis iad i leithtaoibh i n-áit uaigneach dár bh'ainim Betsaida. [11] Agus nuair a fuair na sluaighte amach an méid sin do leanadar é; agus do ghlac sé iad, agus bhí sé ag caint leó i dtaobh rígheachta

Dé, agus na daoine a bhíodh i ngádh le
leigheas do leighiseadh sé iad.
12 Agus thusnuigh an lá ar dhul i
ndéanaighe. Agus tháinig an dáréag chuige
agus dubhradar leis: Leig na sluaighte chun
siubhail, i dtreó go n-imteóchaid siad ar
fuid na mbailte agus na dtighthe mór-
thímpal agus go bhfaighid siad lóisdín agus
bia, óir is i bhfásach atáimíd anso. 13 Agus
dubhairt sé leó: Tugaidh-se rud le n-ithe
dhóibh. Agus dubhradar-san: Ní'l againn
ach chúig bulóga agus dhá iasg, murab
amhlaidh a raighmís agus bia cheannach
do'n tsluagh mhór so go léir. 14 Bhí tímpal
chúig mhíle fear sa tsluagh. Agus dubhairt
sé le n-a dheisgiobuil: Cuiridh 'n-a suidhe
iad 'n-a gcuideachtanaibh, caogad i ngach
cuideachtain. 15 Agus dheineadar amhlaidh,
agus chuireadar na daoine go léir 'n-a
suidhe. 16 Ansan do thóg sé na chúig bulóga
agus an dá iasg, agus d'fhéach sé suas chun
neimhe agus bheannuigh sé iad, agus do
bhris, agus thug d'a dheisgiobuil le cur os
cómhair na ndaoine. 17 Agus d'ith na
daoine go léir a ndóithin, agus do tógadh
dhá chiseán déag de bhia briste a fágadh.
18 Agus do tharla, nuair a bhí sé i n'aonar
ag guidhe, go raibh a dheisgiobuil i
n'fhochair, agus cheistigh sé iad agus
dubhairt sé: Cé adeir na daoine is mise? 19
Agus d'fhreagradar-san agus dubhradar:
Eóin Baiste; agus deir cuid acu Elias; agus
deir tuille acu gurab amhlaidh a dh'eirigh
duine de sna sean-fháidhibh. 20 Agus
dubhairt sé leó: Ach sibh-se, cé adeir sibh
is mé? Agus d'fhreagair Símón Peadar agus
dubhairt: Críost Dé. 21 Agus thug sé
foláramh dóibh agus dubhairt leó gan an
nídh sin a dh'innsint d'aoinne, 22 'Ghá
rádh: Ní foláir do Mhac an Duine mórán
d'fhulang, agus go séanfadh na seanóirí é,
agus uachtaráin na sagart, agus na
Sgríbhneóirí, agus go gcurfaí chun báis é,
agus go n-aiseireóchadh sé an trímhadh lá.
23 Agus dubhairt sé leó uile: Má's áil le h-
aoinne teacht am' dhiaidh séanadh sé é
féin, agus tógadh sé a chros gach lá, agus
leanadh sé mé. 24 Óir an t-é gur maith leis a
anam féin do shábháil, caillfidh sé é; agus
an t-é a chaillfidh a anam ar mo shon-sa,
sábhálfaidh sé a anam. 25 Óir cad é an
tairbhe do dhuine má dheineann sé an
saoghal mór do bhuachtaint agus é féin do
mhilleadh agus do chailleamhaint? 26 Óir an
t-é do ghlacfaidh náire mar gheall orm-sa
agus ar mo bhréithre, glacfaidh Mac an
Duine náire mar gheall ar an nduine sin,
nuair a thiocfaidh sé 'n-a ghradam agus i
ngradam a Athar agus na n-aingeal
naomhtha, 27 Deirim libh go fíor,
ámhthach, go bhfuil daoine 'n-a seasamh
anso ná blaisfidh bás go bhfeicfid siad
rígheacht Dé.
28 Agus do thárla, tímpal ocht lá tar éis
na cainte sin, gur thóg sé leis Peadar agus
Séamus agus Eóin, agus go ndeaghaidh sé
suas ar an gcnoc chun úrnuighthe
dhéanamh. 29 Agus an fhaid a bhí sé ag
guidhe d'athruigh a ghnúis, agus
d'iompuigh a chuid éadaigh geal,
taithneamhach. 30 Agus féach, bhí beirt ag
cómhrádh leis, agus Maois agus Elias iad
san. 31 Do chonacthas iad i nglóire, agus do
thráchtadar ar a bhas, an bás a bhí aige le
críochnú i nIerúsalem. 32 Agus tháinig
mairbhitíghe codlata ar Pheadar agus ar an
muintir a bhí i n'fhochair. Agus do
mhúsgladar, agus do chonacadar a
ghradam, agus an bheirt a bhí 'n-a seasamh
'n-a theannta. 33 Agus do thárla, nuair a
bhíodar ag imtheacht uaidh, go ndubhairt
Peadar le h-Íosa: A Mháighistir, is maith an
bhail orainne bheith anso; agus deinimís
anso trí puible, pubal duit-se, agus pubal do
Maois, agus pubal d'Elias; agus gan a fhios
aige cad a bhí aige dh'á rádh. 34 Agus au
fhaid a bí sé ag rádh an méid sin tháinig
sgamall agus do chlúdaigh sé iad, agus

tháinig eagal ortha nuair a bhíodar ag dul isteach sa sgamall. 35 Agus do labhair guth as an sgamall agus dubhairt: Isé seo mo Mac dílis-se; deinidh éisteacht leis. 36 Agus le linn au ghutha do labhairt do fuaradh Íosa i n’aonar. Agus bhíodar-san ciúin, agus níor innseadar d’aoinne ins na laethanta san aon nídh de sna neithibh a chonacadar.

37 Agus do tharla, an lá ’n-a dhiaidh san, ag teacht anuas ó’n gcnoc dóibh, gur bhuail sluagh mhór uime. 38 Agus féach, do labhair duine de’n tsluagh amach agus dubhairt sé: A Máighistir, guidhim thú, féach ar mo mhac, mar ní’l agam ach é; 39 Agus féach, beireann an deamhan air, agus cuireann sé sgread as go h-obann, agus bíonn sé ’ghá leagadh agus ’ghá stracadh as a chéile, agus cúbhar leis, agus is ar éigin a sgarann se leis ach ’ghá stracadh. 40 Agus d’iarras ar do dheisgiobuil é chur amach, agus do theip sé ortha. 41 Agus d’fhreagair Íosa agus dubhairt: Ó, a shliocht chlaon gan creideamh, an fada a bheidh mé eadraibh ag cur suas libh? Tabhair anso do mhac. 42 Agus nuair a bhí sé ag teacht do leag an deamhan é, agus bhí sé ’ghá stracadh. 43 Agus do smachtuigh Íosa an deamhan truaillighthe, agus do leighis sé an buachaill, agus thug sé d’á athair é. 44 Agus bhí uathbhás ar na daoine go léir tré mhór-chómhacht Dé. Agus nuair a bhíodar go léir ag déanamh iongna de sna gníomhartha a bhí aige ’á dhéanamh, dubhairt sé le n-a dheisgiobulaibh: Coimeádaidh-se cuimhne ar an gcaint sin i nbhúr gcroidhe: óir tá Mac an Duine le tabhairt i lámhaibh daoine.

45 Agus níor thuigeadar brígh na cainte sin, agus bhí an brígh i bhfolach uatha, ionus ná mothóchaidís é; agus níor leis eagla dhóibh é cheistiú i dtaobh na cainte sin.

46 Agus d’eirigh tnúth eatartha féachaint cé ’cu dhiobh ba mhó. 47 Agus chonaic Íosa na smuínte a bhí ’n-a gcroidhe, agus do rug sé ar leanbh, agus chuir sé ’n-a seasamh i n’aice é. 48 Agus dubhairt sé leó-san: An t-é a ghlacfaidh an leanbh san am’ ainim-se glacann sé mise; agus an t-é a ghlacfaidh mise glacann sé an t-é do chuir uaidh mé; óir an t-é is lúgha agaibh go léir isé is mó.

49 Agus d’fhreagair Eóin agus dubhairt: A Mháighistir, chonacamair duine agus é ag cur deamhan amach ad’ ainim-se, agus choisgeamair é, toisg ná gabhann sé linne. 50 Agus dubhairt Íosa leis: Ná coisgidh é: mar, an t-é ná fuil i nbhúr gcoinnibh tá sé libh.

51 Agus do thárla, fé mar a bhí laethanta a dheasgabhála d’á gcríochnú, go raibh a ghnúis daingean aige féin ar dhul go Ierúsalem. 52 Agus chuir sé teachtairí roimis amach, agus chuadar isteach i gcathair de chatharachaibh na Samaritánach chun neithe chur i dtreó dhó. 53 Agus níor leigeadar isteach é toisg a ghnúis a bheith daingean ar dhul go Ierúsalem. 54 Agus nuair a chonaic a dheisgiobuil, Séamus agus Eóin, an nídh sin dubhradar: A Thighearna, an toil leat go ndéarfaimís teine theacht ó neamh chun iad do losgadh? 55 Agus d’iompuigh sé ortha agus thug sé milleán dóibh, agus dubhairt sé: Ní fios daoibh an spioraid atá ionaibh. 56 Ní chun anamnacha do mhilleadh a tháinig Mac an Duine, ach chun iad do shábháil. Agus d’imthigheadar go baile eile.

57 Agus thárla, an fhaid a bhíodar ar an slígh, go ndubhairt duine éigin leis: Leanfad-sa thusa, a Thighearna, pé ball ’n-a ngeobhair. 58 Agus dubhairt Íosa leis: Táid poill talmhan ag na madraíbh ruadha, agus a neadacha ag éanlaithe an aeir, ach ag Mac au Duine ni’l áit ’n-a leigfeadh sé a cheann. 59 Dubhairt sé, ámhthach, le duine eile: Leansa mise; agus dubhairt seisean: A Thighearna, leis dom dul ar dtúis agus m’athair do chur. 60 Agus dubhairt Íosa leis:

leig do sna mairbh na mairbh do chur; ach imthigh-se agus dein rígheacht Dé d'fhógairt. [61] Agus dubhairt duine eile: Leanfad thú, a Thighearna, ach leig dom dul agus é dh'innsint do'n mhuintir atá sa bhaile. [62] Dubhairt Íosa leis: Aoinne a chuirfidh a lámh ar an gcéachta agus ansan a bheidh ag féachaint lastiar de, ní'l sé oireamhnach do rígheacht Dé.

## CAIBID X.

**Teagasg ag Críost á thabhairt do'n dáréag as trí fichid deisgiobul. Iad dá gcur amach chun oibre. An Samaritánach fóghanta.**

[1] Tar éis na neith sin do cheap an Thíghearna dháréag agus trí fichid eile, agus chuir sé roimis amach iad, 'n-a mbeirt a's 'n-a mbeirt, chun gach baile agus áit n-a raibh sé féin le teacht ann.

[2] Agus dubhairt sé leó: Fóghmhar mór agus meithiol suarach. Iarraidh, d'a bhrígh sin, ar an t-é gur leis an fóghmhar lucht oibre do chur chun an fhóghmhair.

[3] Imthighidh: Féach, táim 'bhúr gcur i nbhúr n-uanaibh ameasg machtírí. [4] Ná bíodh agaibh mála ná sparán ná bróga, agus ná deinidh beannachadh d'aoinne ar an slígh. [5] Aon tigh n-a raghaidh sibh isteach ann abraidh ar dtúis, Síothcháin ar an dtigh seo. [6] Agus má's mac síothchána a bheidh ann fanfaidh bhúr síothcháin air; murab eadh fillfidh bhúr síothcháin oraibh féin. [7] Agus fanaidh sa tigh chéadna, ag ithe agus ag ól na neithe atá acu, óir is fiú an fear oibre a thuarasdal fhagháil. Ná bídhidh ag imtheacht ó thigh go tigh.

[8] Agus pé cathair n-a raghaidh sibh isteach inti agus go nglacfar sibh, ithidh na neithe a curfar os bhúr gcómhair; [9] Agus leighisidh na daoine breóite sa chathair sin, agus abraidh leó, Tá rígheacht Dé buailte libh. [10] Ach pé cathair n-a raghaidh sibh isteach inti agus ná glacfar sibh, téighidh amach ar shráidibh na catharach san agus abraidh: [11] Fiú ceó bhúr gcatharach atá ar ár gcosaibh glanaimíd dínn é i nbhúr gcoinnibh. Ach biodh fios an méid seo agaibh, go bhfuil rígheacht Dé i n-achmaireacht. [12] Deirim libh gur saoire a raghaidh muintir Shodom as an lá san 'ná mar a raghaidh muintir na catharach san.

[13] Mairg duit-se, a Chorosáin, mairg, duit-se, a Bhetsáida, óir dá ndeintí i dTuíre agus i Sídón na mírbhúiltí a deineadh ionaibh-se, is fadó bheadh aithrighe déanta acu 'n-a suidhe i n-éadach garbh agus i luaithrigh. [14] Agus is saoire a raghaid Tuíre agus Sídón as lá an bhreitheamhntais 'ná mar a raghaidh sibh-se as. [15] Agus tusa, a Chapharnaum, a tógadh suas go neamh, curfar síos tu go h-ifreann.

[16] An t-é a dh'éisteann libh-se, is liom-sa a dh'éisteann sé; agus an t-é a thugann tarcuisne dhaoibh-se, is dómh-sa a thugann sé tarcuisne; agus an t-é a thugann tarcuisne dhómh-sa is do'n t-é a chuir uaidh mé a thugann sé tarcuisne.

[17] Agus tháinig an dáréag a's trí fichid thar n-ais agus gáirdeachas ortha, agus dubhradar: A Thighearna, táid na deamhain féin fé n-ár smacht tré t'ainim-se. [18] Agus dubhairt sé leó: Bhíos ag féachaint ar Sátan nuair a thuit sé ó neamh mar a thuitfeadh splannc. [19] Féach, tá tabhartha agam daoibh cumas ar shatailt ar aithreachaibh nimhe agus ar scorpiónaibh, agus ar gach cómhacht de chómhachtaibh an namhad, gan dochar daoibh. [20] Sa n-am gcéadna ná bíodh gáirdeachas oraibh toisg spioraidí bheith fé nbhúr smacht, ach bíodh gáirdeachas oraibh toisg bhúr n-ainimneacha bheith sgríobhtha ins na flathais.

[21] Le linn na h-uaire céadna san do tháinig gáirdeachas an Spioraid Naoimh air, agus dubhairt sé: Admhuighim duit, a

Athair, a Thighearna neimhe agus talmhan, mar gur cheilis na neithe seo ar lucht eagna agus eóluis, agus gur fhoillsighis iad do sna leanbhaíbh. Dheinis san, a Athair, óir b'é sin do thoil. [22] Do thug m'Athair dómh-sa gach uile nídh, agus ní h-eól d'aoinne cé h-é an Mac ach do'n Athair, ná cé h-é an t-Athair ach do'n Mac agus do'n t-é d'ár toil leis an Mac é dh'fhoillsiú. [23] Agus d'iompuigh sé chun a dheisgiobul, agus dubhairt sé: Is aoibhinn do sna súilibh a chíonn na neithe a chíonn sibh-se. [24] Óir deirim libh gur mhian le mórán fáidhe agus righthe na neithe dh'fheisgint a chíonn sibh-se, agus ní fheacadar iad; agus na neithe do chlos a chloiseann sibh-se, agus níor chloiseadar iad.

[25] Agus féach, d'eirigh fear dlighe chun triail a bhaint as, agus dubhairt: A Mháighistir, cad tá le déanamh agam chun na beatha sióruidhe do shealbhú? [26] Agus dubhairt seisean leis: Cad 'tá sgríobhtha sa dlígh? Conus a léigheann tú? [27] Agus d'fhreagair sé agus dubhairt: Grádhfaidh tú do Thighearna Dia ó d'chroidhe go h-iomlán, agus ó t'anam go h-iomlán, agus ó d'neart go h-iomlán, agus ó t'aigne go h-iomlán; agus do chómharsa mar thú féin. [28] Agus dubhairt seisean leis: Thugais freagra cruinn. Dein an méid sin agus mairfir. [29] Ach dubhairt sé le h-Íosa, a d'iaraidh é féin do cheartú: Agus cé h-é mo chómharsa? [30] Agus dubhairt Íosa 'ghá fhreagradh: Bhí duine ag dul síos ó Ierúsalem go Ierichó, agus do seóladh ameasg bitheamhnach é, agus do robáladar é, agus do ghabhadar air, agus d'imthigheadar agus d'fhágadar 'n-a ndiaidh é leathmharbh. [31] Agus do thárla go raibh sagart ag gabháil síos an bóthar céadna, agus chonaic sé an duine, agus bhuail sé thairis. [32] Mar an gcéadna do thárla go raibh Lebhíteach i n-aice na h-áite, agus chonaic sé an duine, agus bhuail sé thairis. [33] Ach bhí Samaritánach ag gabháil an bóthar agus tháinig sé i n-aice an duine, agus chonaic sé é, agus tháinig truagh aige dhó; [34] Agus chuaidh sé anonn chuige agus do cheangail sé suas a chneadhacha tar éis oíle agus fíona do chur ionta, agus chuir sé ar muin a bheithígh féin é, agus thug sé leis é go dtí an tigh ósda, agus thug sé aire dhó. [35] Agus amáireach a bhí chúghainn thóg sé amach dhá phinginn agus thug sé do 'n fhear ósda iad, agus dubhairt sé: Tabhair aire dhó san, agus pé méid a bheidh tú caillte leis, nuair a thiocfad-sa airís tabharfad duit é. [36] Cé 'cu de'n triúr san is dóigh leat-sa ba chómharsa do'n duine a seóladh ameasg na mbitheamhnach? [37] Agus dubhairt seisean: An t-é a dhein an charthanacht air. Agus dubhairt Íosa leis: Imthigh-se agus dein mar an gcéadna.

[38] Do tharla, agus iad ar an slígh, go ndeaghaidh sé isteach i sráid, agus gur ghlac bean dár bh' ainim Marta isteach 'n-a tigh féin é. [39] Agus bhí ag an mnaoi sin drifiúr dár bh'ainim Máire, agus do shuidh sí ag cosaibh an Tighearna ag éisteacht le n-a bhriathar. [40] Agus bí Marta ana-bhruideamhail ag déanamh mórán gnótha, agus do sheasaimh sí agus dubhairt: A Thighearna, an amhlaidh nách cás leat conus mar atá an gnó go léir fágtha orm-sa agam' dhrifiúr? Abair léi anois congnamh a thabhairt dom. [41] Agus d'fhreagair an Tighearna agus dubhairt sé léi: A Mharta, a Mharta, tá mórán neithe a'd chur thré chéile agus ag cur buartha ort, [42] Agus gan ach aon nídh amháin ríachtanach. Do thogh Máire an nídh is fearr, agus ní tógfar uaithi é.

## CAIBID XI.

**Críost ghá mhúineadh d'á dheisgiobolaibh conas guidhe chun Dé. Deamhan bailbhe dá chur amach a' duine aige. Na Fairisínigh dá gcur i bpúnc aige, agus mairgí dá bhfógairt ortha, tré na bh feall.**

1 Agus do tharla, agus é i n-áit áirithe ag déanamh úrnuighthe, go ndubhairt duine dh'á dheisgiobuil leis nuair a stad sé: A Thighearna, teagaisg dúinn conus úrnuighthe déanamh fé mar a theagaisg Eóin d'á dheisgiobuil. 2 Agus dubhairt sé: Nuair a bheidh sibh chun úrnuighthe déanamh abraidh: Ár n-Athair atá ar neamh, go naomhthar t'ainim, go dtagaidh do rígheacht, go ndeintear do thoil ar an dtalamh mar a deintear ar neamh. 3 Ár n-arán laethamhail tabhair dúinn indiu. 4 Agus maith dhúinn ár gcionta mar mhaithimídne do chách a dheineann cionta i n-ár u-aghaidh; agus ná leig sin i gcathaíbh, ach saor sin ó olc.

5 Agus dubhairt sé leó: Cé'cu agaibh-se go mbeadh duine muinteartha aige, agus a raghadh ag triall air i lár na h-oidhche, agus a déarfadh leis: A dhuine mhuinteartha, tabhair trí bulóga aráin ar iasacht dom, 6 Óir do tháinig cara dhom ag triall orm as a shlígh agus ní'l aon nídh agam le cur os a chómhair, 7 Agus go ndéarfadh an fear istigh, Ná bí a'm chrádh; tá an dorus dúnta, agus tá mo chlann sa leabaidh am' theannta; ní fhéadfainn eirighe agus rud a thabhairt duit; 8 Agus má leanann seisean ag bualadh, deirim libh, bíodh ná n-eireóchadh sé agus rud a thabhairt dó toisg gur b'é a dhuine muinteartha é, go n-eireóchaidh sé agus go dtabharfaidh sé dhó pé neithe atá i n-easnamh air, mar gheall ar é bheith chómh leanamhnach. 9 Agus deirim-se libh-se: Iarraidh, agus tabharfar daoibh; loirgidh, agus gheobhaidh sibh; buailidh, agus osgalófar daoibh. 10 Óir gach n-aon a dh'iarrann tugtar dó; agus an t-é a loirgeann gheibheann sé; agus an t-é a bhuaileann osgalófar dó. 11 Agus cé'cu agaibh-se a dh'iarrfaidh arán ar a athair, agus gur cloch a thabharfaidh sé dhó? nó iasg, agus gur athair nimhe a thabharfaidh sé dhó i n-inead éisg? 12 Nó má iarrann sé ubh, an dtabharfaidh sé scorpión dó? 13 Ar an adhbhar san, má's eól daoibh-se, atá go h-olc, neithe fóghanta thabhairt d'bhúr gclainn, nách mó 'ná san go mór a thabharfaidh bhúr n-Athair ó neamh an Spioraid mhaith do'n mhuintir a dh'iarrfaidh air é?

14 Agus bhí deamhan aige d'á dhíbirt as duine, agus deamhan balbh ab eadh é. Agus nuair a bhí an deamhan curtha amach aige do labhair an duine balbh; agus bhí iongna ar an sluagh. 15 Dubhairt cuid acu, ámhthach, Is le cómhacht Bheelsebub, rí na ndeamhan, a chuireann sé na deamhain amach. 16 Agus d'iarr tuille acu air, ag déanamh fromhtha air, cómhartha ó neamh a thaisbeáint dóibh. 17 Agus, ó chonaic sé na smuínte a bhí acu, dubhairt sé leó: Gach rígheacht a bheidh deighilte coinnibh féin, dhéanfaidh fásach de, tuitfidh tigh ar thigh. 18 Agus má tá Sátan deighilte 'n-a choinnibh féin conus a sheasóchaidh a rígheacht? Agus go ndeirthí-se gur le cómhacht Bheelsebub a chuirim-se na deamhain amach. 19 Má's le cómhacht Bheelsebub a chuirim-se na deamhain amach, cad í an chómhacht le n-a gcuirid bhúr gclann féin amach iad? D'a bhrígh sin tabharfaid siad-san breith oraibh-se. 20 Agus má's le cómhacht Dé a chuirim amach na deamhain, dar ndó siné rígheacht Dé tagaithe i nbhúr measg. 21 Nuair a bíonn fear láidir, armtha, ag coimeád a thighe bíonn síothcháin ar gach nídh 'n-a sheilbh. 22 Ach má thagann fear is treise 'na é agus go mbuadhann sé air, tógfaidh sé leis an t-arm go léir ar a raibh a

sheasamh-san, agus rainnfidh sé a chuid. [23] An t-é ná fuil liom tá sé am' choinnibh, agus an t-é ná deineann cnuasach mar aon liom deineann sé sgaipeadh.

[24] Nuair a bhionn an spioraid truaillighthe imthighthe as an nduine gluaiseann sé tré áiteanaibh gan uisge a d'iarraidh suaimhnis, agus nuair a theipeann air, deir sé: Fillfead chun mo thighe as a dtánag amach. [25] Agus nuair a thagann sé gheibheann sé an thigh sguabtha glan órnáideach. [26] Ansan imthigheann sé agus tugann sé leis seacht spioraidí eile is measa 'ná é féin, agus téighid siad isteach agus cómhnuighid siad sa tigh sin. Agus is measa staid deirineach an duine sin 'ná a chéad staid.

[27] Agus do thárla, nuair a dubhairt sé an méid sin, gur labhair bean sa tsluagh do ghuth árd agus go ndubhairt sí: Is beannuighthe an bhroinn a d'iompar thu agus na cíocha a dheólais. [28] Ach dubhairt seisean: Abair, ámhthach, is beannuighthe an mhuintir a chloiseann briathar Dé agus do choimeádann é.

[29] Agus nuair a bhailigh na daoine chuige thusnuigh sé ar a rádh leó: Sliocht mhalluighthe iseadh an tsliocht so; tá cómhartha uatha, ach ní tabharfar aon chómhartha dhóibh ach cómhartha Iónais an fáidh. [30] Óir, fé mar a bhí Iónas 'n-a chómhartha do mhuintir Ninebhe, beidh Mac an Duine 'n-a chómhartha do'n tsliocht so. [31] Eireóchaidh Banríghin na deisceirte i mbreitheamhantas i gcoinnibh muintire an tsleachta so, agus tabharfaidh sí daorbhreith ortha; óir do tháinigs í ó imeallaibh an domhain chun éisteacht le h-eagna Shalomóin; agus féach duine anso is mó 'ná Salomón. [32] Eireóchaid muintir Ninebhe i mbreitheamhantas i n-aghaidh an tsleachta so, agus tabharfaid siad daor-bhreith ortha; mar do dheineadar aithrighe nuair fhógair Iónas dóibh é; agus féach duine anso is mó 'ná Iónas.

[33] Ní dheineann aoinne coinneal do lasadh agus ansan í chur i bhfolach, nó i chur fé bhéal árthaigh, ach ar choinnleóir, ionus go bhfeicfeadh na daoine a thagann isteach an solus. [34] Is í do shúil solus do chuirp. Má bhíonn do shúil glan beidh do chorp go léir soillseach, ach má bíonn sí go h-olc beidh do chorp go léir i ndorchadas. [35] Tabhair aire, d'á bhrígh sin, gan an solus atá ionat a bheith 'n-a dhoircheacht agat. [36] Dá bhrígh sin, má bhíonn do chorp go léir soillseach, gan aon chuid aige de dhorchadas, beidh sé soillseach go h-iomlán, agus soíllseóchaidh sé thu mar a dhéanfadh lóchran soluis.

[37] Agus an fhaid a bhí sé ag chaint, d'iarr duine de sna Fairisínigh air dul agus bia chaitheamh i n'fhochair. Agus chuaidh sé isteach agus shuidh sé chun bídh. [38] Agus do chrom an Fairisíneach ar mhachtnamh i n-a aigne agus ar a rádh leis féin: Cad n'a thaob ná nígheann se é féin roim bhia chaitheamh? [39] Agus dubhairt an Tighearna leis: Anois, a Fhairisíneacha, glanann síbh-se an taobh amuigh de'n chupán agus de'n mhéis; agus bíonn an taobh istigh díbh féin lán de ghadaidheacht agus de mhalluightheacht. [40] A dhaoine gan chiall, nách é an t-é a dhein an taobh amuigh do dhein an taobh istigh? [41] Ach cheana, d'á bhfuil agaibh tugaidh déirc uaibh, agus féach, tá gach nídh glan daoibh.

[42] Ach is mairg daoibh, a Fhairisíneacha, óir cuireann sibh deachmhadh ar an miontuis agus ar an ruibh agus ar gach uile luibh, agus ní'l suim agaibh i mbreitheamhantas Dé ná i ngrádh Dé. Is amhlaidh ba cheart so do dhéanamh agus gan rúd do leigint ar lár.

[43] Is mairg daoibh, a Fhairisíneacha, óir isiad na suidhcháin uachtaracha ins na sinagógaibh atá uaibh, agus daoine bheith

ag beannú dhaoibh i n-áit an mhargaidh. 44 Is mairg daoibh, óir is cuma sibh nó na h-uaghna ná feictear, agus nách eól do sna daoine a shiúbhlann ortha.

45 Agus d'fhreagair duine de'n lucht dlíghe é, agus dubhairt: A Mháighistir, ag rádh na cainte sin duit tá masla agat 'á thabhairt dúinne, leis. 46 Agus dubhairt sé leis: Agus is mairg daoibh-se féin, a lucht eóluis ar an ndlígh, óir cuireann sibh ar na daoine ualaí nách féidir dóibh a dh'iompar, agus ní chuireann sibh féin bara méire chun na n-ualaí.

47 Is mairg daoibh-se a chuireann suas na leachta do sna fáidhibh, agus gur b'iad bhúr n-aithreacha do mharbhuigheadh na fáidhe. 48 Go deimhin taisbeánann sibh go bhfuiltí ar aon aigne le nbhúr n-aithreachaibh 'n-a ngníomharthaibh, bhúr n-aithreacha 'ghá marbhadh agus sibh-se ag cur na leacht suas dóibh. 49 Uime sin iseadh adubhairt eagna Dé: Cuirfead chúcha fáidhí agus aspoil agus déanfaid siad cuid acu do mharbhú agus do chrádh; 50 I dtreó go n-éileófar ar an sliocht so fuil na bhfáidh go léir, a doirteadh ó chruithniú an domhain. 51 Ó fhuil Ábeil go fuil Shacariais a marbhuigheadh idir an altóir agus an teampal. Mar sin, adeirim libh, éileófar é ar an sliocht so.

52 Is mairg daoibh-se atá oilte ar an ndlígh, óir do thógabhair libh eochair na h-eagna; níor chuadhabhair féin isteach, agus an mhuintir a bhí ag dul isteach do choisgeabhair iad.

53 Agus nuair a bhí na neithe sin aige 'á rádh leó, do chrom na Fairisínigh agus lucht na dlíghe ar aighneas leis go h-ana-dhian, agus ar a bhéal do chluiche ar a lán neithe, 54 Ag déanamh fill air, a d'iarraidh go dtógfaidís suas focal éigin uaidh agus go gcuirfidís 'n-a leith é.

## CAIBID XII.

**Foláramh ag Críost á thabhairt dúinn gan cealgaireacht do déanamh; gan eagla bheith orainn roimis an saoghal; agus bheith i gcómhnuighe ag faire orainn féin.**

1 Agus nuair a bhí sluaighte móra 'n-a thímpal, i dtreó go rabhadar ag satailt ar a chéile, do thusnuigh sé ar a rádh le n-a dheisgiobuil; Seachnaidh sibh féin ar ghiost na bhFairisíneach, an nídh is cealgaireacht.

2 Óir ní'l aon rud fé chlúid ná nochtfar, ná i bhfolach ná tiocfaidh chun eóluis. 3 Óir na neithe a dubhrabhair sa doircheacht déarfar sa tsolus iad; agus an rud a dúbhrabhair i gcogar, i seómra, craobhsgaoilfar é ó bharaíbh na dtighthe.

4 Deirim ámhthach, libh-se, a cháirde: Ná bíodh eagla agaibh roimis an muintir a mharbhuigheann an corp, agus ansan ná fuil a thuille acu le déanamh. 5 Ach taisbeánfad daoibh cé roimis n-a mbeidh eagla agaibh: Bhíodh eagla agaibh roimis an t-é, tar éis duine mharbhú, go bhfuil ar a chumas é chur go h-ifreann. Bhíodh, adeirim libh, eagla agaibh roimis sin. 6 Na díoltar chúig gealbhúin ar dhá fheóirlinn? agus ní'l aon ghealbhún acu ann a gan fhios do Dhia. Ní h-eadh, ach tá ruibí bhúr ngruaige go léir cómhrighthe. 7 Ná bíodh eagla oraibh, d'á bhrigh sin. Is mó le rád sibh-se 'ná a lán gealbhún.

8 Agus deirim libh: An uile dhuine d'admhóchaidh mise os cómhair daoine, admhóchaidh Mac an Duine eisean os cómhair aingeal Dé. 9 Agus an t-é a shéanfaidh mise os cómhair daoine, séanfar eisean os cómhair aingeal De.

10 Agus aoinne a déarfaidh focal i n-aghaidh Mhic an Duine, maithfar do é; ach an t-é a déanfaidh diamhasla i n-aghaidh an Spioraid Naoimh, ní maithfar dó é.

11 Agus nuair a bhéarfaid siad isteach sibh ins na sinagógaibh, agus i láthair

giúistísí agus daoine cómhach tacha, ná bíodh ceist oraibh i dtaobh cad a fhreagróchaidh sibh, ná conus, ná cad déarfaidh sibh. 12 Óir múinfidh an Spioraid Naomh daoibh, i láthair na h-uaire sin, cad is ceart daoibh a rádh.

13 Agus dubhairt duine de'n tsluagh leis: A Mhaighistir, abair lem'dhritháir an oighreacht do raint liom. 14 Agus dubhairt seisean leis: A dhuine, cé cheap mise am' breitheamh ná am' rainneadóir os bhúr gcionn? 15 Agus dubhairt sé leó-san: Féach, seachnaidh gach saint; óir ní sa bhflúirse atá ag aoinne, de sna neithe is leis, atá a bheatha.

16 Ansan do labhair sé soluíd leó, agus dubhairt sé: Thug a chuid tailimh ana-thoradh d'fhear shaidhbhir áirithe. 17 Agus do mhachtnaimh sé i n' aigne agus dubhairt sé: Cad a dhéanfad? óir ní'l áit agam n-a gcruinneóchad mo chuid torthaí. 18 Agus dubhairt sé: Déanfad so; leagfad mo sgiobóil, agus cuirfead suas sgiobóil a bheidh níos mó 'ná iad, agus cruinneóchad mo thorthaí go léir agus mo mhaoin ionta; 19 Agus déarfaidh mé le m'anam, A anam, tá mórán coda agat i gcóir mórán blian; glac do shuaimhneas; dein ithe agus ól agus súgachas. 20 Ach dubhairt Dia leis: A amadáin, éileófar t'anam ort anocht féin, agus cé aige go mbeidh a bhfuil cruinnighthe agat? 21 Sin mar atá ag an t-é a dheineann stór dó féin agus ná bíonn saidhbhir chun Dé.

22 Agus dubhairt sé le n-a dheisgiobuil: Deirim libh, d'á bhrígh sin, ná bíodh ceist oraibh i dtaobh bhúr n-anama, cad a dh'íosfaidh sibh, ná i dtaobh an chuirp, cad a chlúdóchaidh sibh. 23 Is mó le rádh an t-anam 'ná an bia, agus is mó le rádh an corp 'ná an t-éadach. 24 Féachaidh na fiacha dubha; ní chuirid siad síol agus ní bhainid siad fóghmhar; ní bíonn cúil stórais acu ná sgioból; agus cothuigheann Dia iad. Nach mó go mór le rádh sibh-se 'ná iad san? 25 Cé'cu agaibh-se d'fhéadfadh, le neart machtnaimh air, aon bhanlá amháin do chur le n'aoirde féin? 26 Agus mura féidir daoibh an rud is suaraighe dhéanamh, cad chuige dhaoibh bheith ag ceisneamh i dtaobh aon nídh eile. 27 Féachaidh ar na lilíbh, conus mar a dh'fhásaid siad; ní dheinid siad saothar ná sníomh; agus deirim-se libh-se ná raibh Salomón 'n-a ghradam éidighthe mar ceann acu san. 28 Agus má éidigheann Dia ar an gcuma san an féar atá indiu ar an mbán agus a caithfar sa teine amáireach, nách mó 'ná san [éideóchaidh sé] sibh-se, a lucht an chreidimh shuaraigh? 29 Ná bídhidh-se ag lorg na neithe a dh'íosfaidh sibh ná a dh'ólfaidh sibh, agus ná bíodh eirighe anáirde oraibh. 30 Óir siniad go léir na neithe a bhíonn ag geinte an domhain d'á lorg. Ach is eól d'bhúr n-Athair go bhfuil gádh agaibh leis na neithibh sin. 31 Loirgidh ar dtúis, ámhthach, rígheacht Dé agus a fhíoraontacht, agus gheobhaidh sibh mar thuille na neithe sin go léir.

32 Ná bíodh eagal oraibh, a thréad bheag, óir isé toil bhúr n-Athar an rígheacht a thabhairt daoibh. 33 Díolaidh a bhfuil agaibh agus tugaidh déirc uaibh; deinidh daoibh féin sparáin ná críonfaidh, stór ins na flathais ná caillfidh oraibh; ná guidfidh bitheamhnach uaibh; ná millfidh leómhan oraibh. 34 Óir an áit 'n-a bhfuil bhúr stór is ann a bheidh bhúr gcroidhe.

35 Bíodh bhúr gcriosa fáisgithe agaibh, agus lóchrana ar lasadh i nbhúr lámhaibh. 36 Agus sibh mar bheadh daoine a bheadh ag feitheamh le n-a dTighearna go bhfillfeadh sé ó'n mbainis; ionus, nuair a thiocfaidh sé agus bhuailfidh sé, go n-osgalóchaid siad láithreach dó. 37 Is aobhinn do sna seirbhísigh sin a gheobhaidh a dTighearna ag déanamh na faire nuair a thiocfaidh sé; go deimhin

adeirim libh, cuirfidh sé a chrios uime agus cuirfidh sé ’n-a suidhe iad, agus déanfaidh sé friothálamh ortha sa tímpal. [38] Agus má thagann sé sa tarna faire, agus sa trímhadh faire má thagann sé, agus go bhfaghaidh sé mar sin iad, is aoibhinn do sna seirbhísigh sin. [39] Ach bíodh fios an méid seo agaibh, dá mbeadh fhios ag fear tighe cathoin a thiocfadh an bitheamhnach, dhéanfadh sé faire agus ní leigfeadh sé a thigh do bhriseadh. [40] Agus bídhidh-se ollamh, óir ni’l fhios agaibh cathain a thiocfaidh Mac an Duine.

[41] Agus dubhairt Peadar leis: A Thighearna, an linne atá an chaint sin agat ’á rádh, nó leis na daoine go léir? [42] Agus dubhairt an Tighearna: Cé h-é, dar leat-sa, an stíobhard dílis ciallmhar á chuir an Tighearna os cionn a theaghlaigh chun a dtómhais cruithneachtan a thabhairt dóibh i dtráth? [43] Is aoibhinn do’n tseirbhíseach san n-a dtiocfaidh a Thighearna air ag déanamh na h-oibre sin nuair a thiocfaidh sé. [44] Deirim libh go fíor go gcuirfidh sé os cionn a choda go léir é. [45] Ach má deir an seirbhíseach san, ’n-a chroidhe féin, Tá mo Thighearna abhfad gan teacht; agus má chromann sé ar na buachaillí agus na cailíní do bhualadh, agus ar ithe agus ar ól agus ar mheisgeóireacht: [46] Tiocfaidh Tighearna an tseirbhísigh sin an lá ná beidh coinne aige leis, agus an uair nách eól dó, agus deighilfidh sé é agus ceapfaidh sé a chuid dó ameasg lucht díthchreidimh.

[47] Agus an seirbhíseach san go raibh fios toile a Thighearna aige, agus nár dhein ollamhú, ná beart do réir a thoile, geobhfar air go mór. [48] Ach an t-é ná raibh fhios aige, agus do dhein neithe a thuill bualadh, geobhfar air beagán. Óir an t-é gur tugadh mórán dó, éileófar mórán air; agus an t-é gur thugadar cuid mhór dó le coimeád iarrfaid siad breis air.

[49] Chun teine chur ar an dtalamh so iseadh thánag, agus cad ’tá uaim ach go lasfadh sí? [50] Agus tá agam baisteadh le n-a mbaistfar mé, agus cad é mar atáim i gcúmhangracht go dtí go gcómhlionfar é!

[51] An dóigh libh gur chun síothchána chur ar an dtalamh so do thánag-sa? Ní h-eadh, adeirim libh, ach chun deighilte. [52] Óir beidh, feasda, cúigear sa n-aon tigh deighilte, triúr i n-aghaidh beirte, agus beirt i n-aghaidh trír. [53] Deighilfar an t-athair i n-aghaidh an mhic agus an mac i n-aghaidh a athar; an mháthair i n-aghaidh na h-inghíne agus an inghean i n-aghaidh na máthar; an mháthair céile i n-aghaidh mná an mhic agus bean an mhic i n-aghaidh máthar a céile.

[54] Agus dubhairt sé leis an sluagh: Nuair a chíonn sibh sgamal ag eirighe lastiar, abrann sibh láithreach: Tá cith ag teacht; agus bíonn amhlaidh; [55] Agus (nuair a chíonn sibh) an ghaoth andeas abrann sibh: Beidh brothal ann; agus bíonn. [56] A chealgairí, féadann sibh an spéir agus an talamh do bhreithniú: agus conus ná breithnigheann sibh an aimsir atá ann?

[57] Agus cad ’n-a thaobh na breithnigheann sibh uaibh féin an nídh is ceart? [58] Agus nuair a bheidh tú ag dul, i n-aonfheacht led’namhaid, i láthair an phriúnsa, dein do dhícheal chun sgaramhaint leis, le h-eagla go mbéarfadh sé i láthair an bhreithimh tu, agus go dtabharfadh an breitheamh suas tu do’n fheidhmeadóir, agus go gcuirfeadh an feidhmeadóir sa charcair tu. [59] Deirim leat ná tiocfair amach as san go ndíolair an chianóg dheirineach.

## CAIBID XIII.

**An riachtanas atá le h-aithríghe dhéanamh. An crann fíge a bhí seasg. Leigheas na mná a bhí leice, 7rl.**

1 Agus bhí daoine láithreach an uair
chéadna san a dh'innis dó i dtaobh na
nGaililíach n-ar mheasg Pílát a gcuid fola ar
a n-ídhbirtibh.

2 Agus dubhairt sé leó 'ghá bhfreagradh:
An dóigh libh gur pheacacha na Gaililíacha
san thar Ghaililíachaibh eile, treas go
dtáinig an íde sin ortha? 3 Deirim libh nár
bh' eadh; ach mura ndeinidh sibh-se
aithrighe tiocfaidh íde de'n tsaghas
chéadna oraibh go léir. 4 Dalta na n-ocht
bhfeara déag úd n-ar thuit an túr ortha i
Silóe, agus gur mhairbh sé iad, an dóigh
libh go rabhadar ciontach thar a raibh de
dhaoinibh i n-Ierúsalem? 5 Deirim libh ná
rabhadar; ach mura ndeinidh sibh-se
aithrighe go dtiocfaidh íde de'n tsaghas
chéadna oraibh go léir.

6 Agus do labhair sé leó an tsoluíd seo:
Bhí crann fíge curtha ag duine 'n-a
fhíonghort, agus tháinig sé ag lorg toradh
ar an gcrann, agus ní bhfuair. 7 Agus
dubhairt sé leis an saothruightheóir: Féach,
táim le trí bliana ag teacht anso ag lorg
toradh ar an gcrann fíge seo agus ní
bhfaghaim é; gearr é: cad chuige go
mbeadh an talamh aige? 8 Agus dubhairt
seisean 'ghá fhreagradh: A Thighearna,
sgaoil leis an bhliain seo go ndeinead
rómhar 'n-a thímpal agus go gcuiread leasú
leis, 9 Ansan má thugann sé toradh uaidh;
ach mura dtugaidh, gearrthar é feasda.

10 Agus bhíodh sé ag teagasg 'n-a
sinagóig ins na sabbóidibh. 11 Agus féach,
bean i n-a raibh spioraid lagachair ar feadh
ocht mbliana déag, agus bhí sí cromtha,
agus ní fhéadfadh sí féachaint suas i n-aon
chor; 12 Agus nuair a chonaic Íosa í do
ghlaoidh sé chuige uirthi, agus dubhairt sé
léi: A bhean, táir sgartha led'ghearán. 13
Agus chuir sé a dhá láimh uirthi, agus do
dírigheadh suas í láithreach, agus thug sí
glóire do Dhia. 14 Agus d'fhreagair
uachtarán na sinagóige, agus fearg air toisg
Íosa do dhéanamh an leighis lá na
sabbóide, agus dubhairt sé leis na daoine:
Tá sé lá ann 'n-ar cheart obair a dheanamh;
tagaidh aon lá dhíobh san, agus leighistear
sibh; agus ná tagaidh lá na sabbóide. 15
Agus d'fhreagair an Tighearna é agus
dubhairt sé: A chealgairí, ná sgaoileann
gach aoinne agaibh-se a bhó nó a asal ó'n
mainséar, agus ná beireann sé chun uisge
iad, lá na sabbóide? 16 Ach an inghean so
Ábrahaim á bhí fé cheangal ag Sátan ar
feadh ocht mblian ndéag, níor cheart í
fhuasgailt ó'n gceangal, san lá na
sabbóide? 17 Agus nuair a dubhairt sé an
chaint sin do las a namhaid go léir le náire,
agus do ghaibh gáirdeachas an pobul mar
gheall ar na neithe go léir a dheineadh sé
chómh glórmhar.

18 Agus dubhairt sé: Cad leis gur
cosmhail rígheacht Dé, agus cad leis go
samhlóchad é? 19 Is cosmhail é le gráinne
mustáird n-ar dhein duine é thógaint agus
é chur 'n-a gháirdín, agus d'fhás sé, 'gus
dhein crann mór de, agus do neaduigh
éanlaithe an aéir 'n-a ghéagaibh.

20 Agus dubhairt sé airís: Cad leis go
samhlóchad rígheacht Dé? 21 Is cosmhail é
leis an ngiost a thóg bean, agus d'fholuigh
sí i dtrí tómhasaibh mine go dtí gur ghlac
an mhin go léir an giost.

22 Agus do ghluais sé tré sna
catharachaibh agus tré sna bailtibh ag
teagasg, agus é ag dul fé dhein Ierúsalem. 23
Agus dubhairt duine leis: A Thighearna, an
amhlaidh ná saorthar ach beagán? Agus
dubhairt seisean leó: 24 Deinidh dícheall ar
dhul isteach an dorus cumhang; óir deirim
libh go mbeidh a lán a d'iarraidh dul
isteach, agus ní fhéadfaid siad é. 25 Agus

nuair a bheidh fear an tighe imthighthe
isteach agus an dorus dúnta aige,
tusnóchaidh sibh-se ar sheasamh amuigh
agus ar an ndorus do bhualadh, agus ar a
rádh: A Thighearna, osgail dúinn! agus
déarfaidh sé a’ bhúr bhfreagradh: Ní
fheadar cad as daoibh-se. [26] Ansan
tusnóchaidh sibh ar a rádh: D’itheamair
agus d’ólamair os do chómhair, agus
dheinis teagasg i n-ár sráidibh. [27] Agus
dearfaidh sé libh: Ní fheadar cad as daoibh-
se; imthighidh go léir uaim, a lucht an uilc
a dhéanamh. [28] Ansan a bheidh an gol agus
an díosgán fiacal, nuair a chífidh sibh
Ábraham agus Isaac agus Iácób agus na
fáidhe go léir istigh i rígheacht Dé, agus
sibh féin díbeartha amach. [29] Agus tiocfaid
siad ó’n ndomhan toir agus ó’n ndomhan
tiar, ó’n gceann tuaidh agus ó’n gceann
teas, agus suidhfid siad síos i rígheacht
Dé. [30] Agus féach, tá daoine ar deire a
bheidh ar tusach, agus tá daoine ar tusach
a bheidh ar deire.

[31] An lá céadna san tháinig cuid de sna
Fairisínigh chuige agus dubhradar leis:
Imthigh agus fág an áit seo, óir tá Héród ar
tí do mharbhtha. [32] Agus dubhairt sé leó:
Imthighidh agus abraidh leis an mada
ruadh san: Féach, táim ag cur deamhan
amach agus ag déanamh leigheas indiu agus
amáireach, agus beidh deire liom an
trímhadh lá. [33] Ach cheana, ní foláir dom
bheith ag siúbhal indiu agus amáireach
agus amanarthar, óir ní dual fáidh
d’fhághail bháis lasmuigh d’Ierúsalem.

[34] A Ierúsalem, a Ierúsalem, a
mharbhuigheann na fáidhe, agus a
ghabhann do chlochaibh ar na daoine a
curtar chúghat, cad é a mhinice dob’ áil
liom do chlann a chruinniú, mar a
chruinnigheann an t-éan a h-ál fé n-a
sgiathánaibh, agus níos bh’áil leat! [35] Féach,
fágfar agaibh bhúr dtigh go folamh, agus
deirim libh ná feicfidh sibh mise go
dtagaidh an tráth ’n-a ndéarfaidh sibh,
Moladh leis an t-é atá ag teacht i n-ainim an
Tighearna.

## CAIBID XIV.

**An duine go raibh an líonadh ann dá leigheas ag Críost. Parabal an tsuipéir. An riachtanas atá le gach nídh do thréigean chun go leanfí Críost.**

[1] Agus do thárla go ndeaghaidh Íosa
isteach i dtigh uachtaráin do sna Fairisínigh
sa tsabbóid chun bídh a chaitheamh, agus
go rabhadar san ag faire air. [2] Agus féach
bhí ’n-a láthair duine go raibh líonadh
ann. [3] Agus d’fhreagair Íosa agus dubhairt
sé leis an lucht dlíghe agus leis na
Fairisínigh: An ceart leigheas a dhéanamh
sa tsabbóid? [4] Agus níor labhradar. Ach
thóg sé an duine agus do leighis sé é, agus
chuir sé chun siúbhail é. [5] Agus dubhairt sé
’ghá bhfreagairt sin: Cé’cu agaibh-se, n-a
dtuitfeadh asal leis nó bó leis i bpoll, ná
taraiceóchadh amach é lá na sabbóide? [6]
Agus níor fhéadadar freagra thabhairt air
sin.

[7] Dubhairt sé ansan soluíd leis an muintir
a fuair cuireadh nuair a chonaic sé iad ag
dul suas ins na suidhchánaibh
uachtaracha. [8] Nuair a gheobhair cuireadh
chun bainise ná suidh sa tsuidhchán
uachtarach, le h-eagla go mbeadh duine is
onóráighe ’ná thu tar éis cuireadh
dh’fhághail uaidh, [9] Agus nuair a thiocfadh
sé sin go ndéarfadh an t-é a thug cuireadh
dhuit-se agus dó-san leat, Tabhair an áit sin
dó so; agus ansan go gcaithfá dul agus
fanmhaint sa n-áit is ísle agus náire ort. [10]
Ach nuair a gheobhair an cuireadh suidh sa
n-áit is ísle, i dtreó, nuair a thiocfaidh an t-
é a thug cuireadh dhuit, go ndéarfaidh sé
leat: A chara, eirigh níos sia suas. Ansan
beidh onóir ag dul duit ó’n
gcuideachtain. [11] Óir gach aoinne a

dh'árdóchaidh é féin, ísleófar é; agus an t-é a dh'ísleóchaidh é féin, árdófar é.

[12] Agus dubhairt sé leis an t-é a thug an cuireadh dhó féin: Nuair a dhéanfair dínnéar nó suipéar ná glaoidh ar do cháirdibh, ná ar do bhráithre, ná ar do ghaolta, ná ar do chómharsanaibh saidhbhre, le h-eagla dtabharfaidís sin cuireadh thar a cheann duit-se, agus go dtabharfaí do chuid thar n-air duit. [13] Ach nuair a dhéanfair féasda glaoidh chúghat na daoine bochta, na daoine gortuighthe, na bacaigh, na daill, [14] Agus beidh áthas ort, mar ní bheidh ar a gcumas cúiteamh a dhéanamh leat; agus déanfar an cúiteamh leat i n-aiseirighe na bhfíoraon.

[15] Nuair a dh'airigh duine d'á raibh láithreach an focal san dubhairt sé: Is aoibhinn do'n t-é a dh'íosfaidh arán i rígheacht De. [16] Agus dubhairt seisean leis: Do dhein fear féasda mór, agus thug sé cuireadh d'á lán daoine. [17] Agus chuir sé a sheirbhíseach amach, nuair a tháinig am an fhéasda, chun a rádh leis an muintir a fuair cuireadh gur mhithid dóibh teacht mar go raibh gach nídh ollamh. [18] Agus chromadar go léir i n-aonfheacht ar leathsgéal do ghabháil. Dubhairt an chéad duine, Tá tigh ceannuighthe agam, agus ní mór dhom dul amach 'ghá fheisgint: iarraim ort mo leathsgéal a ghabháil. [19] Agus dubhairt duine eile, Cheannuigheas chúig seisreacha damh, agus táim ag dul 'ghá dtriail: iarraim ort mo leathsgéal, a ghabháil. [20] Agus dubhairt duine eile, Phósas bean, agus d'á bhrígh sin ní féidir dom teacht. [21] Agus d'fhill an seirbhíseach agus d'innis sé na neithe sin d'á mhaighistir. Ansan tháinig fearg ar fhear an tighe, agus dubhairt sé le n-a sheirbhíseach, Imthigh amach d'urachar i sráidibh agus i bpóirsíbh na catharach, agus tabhair leat anso isteach na daoine bochta agus na daoine gortuighthe agus na daill agus na bacaigh. [22] Agus dubhairt an seirbhíseach, A thighearna, do deineadh mar a dh'órduighis, agus tá slígh fós. [23] Agus dubhairt an tighearna leis an seirbhíseach, Imthigh amach fan na mbóithre agus fan na sgart, agus comáin isteach iad, i dtreó go líonfar mo thigh. [24] Deirim libh ámhthach, an mhuintir úd a fuair cuireadh, ní bhlaisfidh aon fhear acu mo bhia.

[25] Agus bhí mórán daoine ag gluaiseacht i n-aonfheacht leis, agus d'iompuigh sé agus dubhairt sé leó: [26] Má thagann duine chúgham-sa agus gan fuath aige d'á athair agus d'á mháthair, agus d'á mhnaoi agus d'á chlainn, agus d'á dhritháracha agus d'á dhriféaracha, agus fós d'á anam féin, ní féidir dó bheith 'n-a dheisgiobul agam. [27] Agus an t-é ná deineann a chros féin d'iompar agus teacht am' dhiaidh, ní féidir dó bheith 'n-a dheisgiobul agam. [28] Óir cé'cu agaibh-se gur mhaith leis túr do chur suas ná suidhfeadh síos ar dtúis chun an chosdais, nár bhfoláir a dhéanamh, do mheas, féachaint an mbeadh dóithin na h-oibre aige? [29] Le h-eagla, tar éis an bhuinn do chur agus gan ar a chumas críochnú, go dtusnóchadh gach a bhfeicfeadh é ar mhagadh fé, [30] Agus go ndéarfaidís: Dhein an duine seo tusnú ar chur suas, agus ní'l ar a chumas críochnú. [31] Nó cé h-é an rí a bheadh ag dul chun cogaidh a dheanamh le rí eile, ná suídhfeadh síos ar dtúis ag déanamh machtnaimh, féachaint ar bh' fhéidir dó, le deich míle, seasamh i n-aghaidh an t-é atá ag teacht 'n-a choinnibh agus fiche míle aige? [32] Agus mura féidir, an fhaid a bheidh an fear eile abhfad uaidh, cuirfidh sé teachtaireacht chuige ag fiafraighe i dtaobh síothchána. [33] Ar an gcuma gcéadna, gach duine agaibh-se ná tugann druim lámha le n-a bhfuil aige, ní féidir dó bheith 'n-a dheisgiobul agam-sa.

[34] Is maith an rud salann, ach má chailleann an salann a bhlas, cad leis go

ndéanfar deigh-bhlasta é? 35 Ní'l tairbhe
ann do'n talamh ná chun aoiligh; caithtear
amach é. An t-é go bhfuil cluasa air chun
éisteachta cloiseadh sé.

## CAIBID XV.

### Parabal na caorach a cailleadh, agus parabal an mhic a bhí róchaithteach.

1 Agus bhí na puibliocánaigh agus na
peacaigh ag teacht chuige ag éisteacht leis. 2
Agus bhí na Fairisínigh agus na
Sgríbhneóirí ag ceisneamh, agus deiridís:
Ar ndó, glacann an fear so na peacaigh agus
itheann sé bia 'n-a bhfochair.

3 Agus do labhair seisean leó an tsoluíd
seo:

4 Cé'cu agaibh-se go mbeadh céad caora
aige, agus go raghadh caora acu amú uaidh,
ná fágfadh na naoi gcinn déag agus cheithre
fichid sa bhfásach agus ná raghadh ar lorg
an chinn a cailleadh go dtí go bhfaghadh sé
í? 5 Agus nuair a gheibheann sé í tógann sé
ar a ghuaillibh í, agus áthas air, 6 Agus nuair
a thagann sé abhaile glaodhann sé chuige a
cháirde agus a chómharsain agus deir sé
leó: Deinidh gáirdeachas liom, mar do
fuaras mo chaora do cailleadh. 7 Deirim
libh gurab shin mar a bheidh gáirdeachas ar
neamh mar gheall ar aon pheacach amháin
a dhéanfaidh aithrighe seachas naoi dhuine
dhéag agus cheithre fichid de dhaoinibh
córa ná fuil gádh le h-aithrighe acu.

8 Nó cé h-í an bhean go mbeadh
deich ndrachma aici agus go gcaillfeadh sí
drachma dhíobh, ná déanfadh coinneal do
lasadh agus an tigh do sguabadh, agus an
drachma do lorg go géar go dtí go
bhfaghadh sí é? 9 Agus nuair a gheibheann
sí é, glaodhann sí chúichi a cáirde agus a
cómharsain agus deir sí leó: Deinidh
gáirdeachas liom, mar do fuaras an
drachma a chailleas. 10 Deirim-se libh-se
gur b' shin mar a bheidh gáirdeachas i
láthair aingeal Dé mar gheall ar aon
pheacach amáin a dhéanfaidh aithrighe.

11 Agus dubhairt sé: Bhí fear ann agus
bhí beirt mhac aige; 12 Agus dubairt an mac
ab óige acu le n'athair, A athair, tabhair
dómh-sa an méid atá ag dul dom de
d'chuid, agus do rainn sé an chuid
eatartha. 13 Agus tar éis beagán laethanta do
bhailigh an mac ab óige chuige a chuid go
léir, agus d'imthigh sé go dúthaigh iasachta
abhfad ó bhaile, agus do sgaip sé a chuid le
baois agus le rabairne. 14 Agus nuair a bhí
gach aon rud caithte aige tháinig gorta ana-
dhian sa tír sin, agus thusnuigh sé ar bheith
i n-uireasba. 15 Agus d'imthigh sé agus do
réidhtigh sé le duine de mhuintir na tíre sin.
Agus do chuir seisean é amach chun a
chod' tailimh ag cothú mhuc. 16 Agus ba
mhaith leis a bholg a líonadh de sna
féithleógaibh a dh'itheadh na muca, agus ní
thabharfadh aoinne dhó iad. 17 Agus do
mhachtnaimh sé i n'aigne agus dubhairt sé:
Cad a bhfuil de lucht tuarasdail a
thuilleamh i dtigh m'athar agus a ndóithin
aráin acu, agus mise anso ag fághail bháis
do'n ghorta! 18 Eireóchad agus raghad ag
triall ar m'athair agus déarfad leis, A Athair,
tá peacadh déanta agam i n-aghaidh
neimhe agus ad' láthair-se; 19 Ní fiú mé
feasda go ndéarfaí gur mac duit mé. Leig
dom bheith mar dhuine ded' lucht
tuarasdail a thuilleamh.

20 Agus d'eirigh sé agus tháinig sé fé
dhéin a athar. Agus an fhaid a bhí sé fós
abhfad uaidh, do chonaic an t-athair é, agus
tháinig ana-thruagh aige dhó, agus do rith
sé chuige agus chaith sé é féin ar a
bhrághaid agus do phóg sé é. 21 Agus
dubhairt an mac leis: A athair, tá peacadh
déanta agam i n-aghaidh neimhe agus ad'
láthair-se; ní fiú mé feasda go ndéarfaí gur
mac duit mé. 22 Agus dubhairt an t-athair le
n-a sheirbhíseachaibh, Brostuighidh agus
tugaidh amach an chulaith éadaigh is fearr

agus cuiridh uime í, agus cuiridh fáinne ar a láimh, agus bróga ar a chosaibh, [23] Agus tugaidh libh an gamhain ramhar agus marbhuighidh é, agus ithimís agus bímís sóghach; [24] Óir bhí an mac so liom marbh, agus tá sé beó airís; do cailleadh é, agus do fuaradh é. Agus chromadar ar bheith go sóghach.

[25] Ach bhí an mac ba shine aige amuigh sa pháirc, agus bhí sé ag teacht chun an tighe, agus d'airigh sé an ceól agus an rinnce, [26] Agus ghlaoidh sé ar dhuine de sna seirbhísigh, agus d'fhiafraigh sé dhe cad é seo a bhí ar siubhal. [27] Agus dubhairt seisean, Tháinig do dhritháir, agus do mhairbh t'athair an gamhain ramhar toisg é theacht slán chuige. [28] Agus tháinig fearg air, agus ní raghadh sé isteach. Ansan tháinig an t-athair amach agus chrom sé ar thathant air. [29] Agus dubhairt seisean le n'athair 'ghá fhreagradh: Féach, táim-se ag obair duit na blianta so go léir, agus níor dhiúltuigheas riamh do rud a déanamh ort, agus níor thugais riamh dom oiread agus mionán chun súbhachais a dheanamh le m'cháirdibh; [30] Ach an mac so dhuit, chómh luath agus tháinig sé, tar éis a choda do chaitheamh le striapachaibh, mharbhuighis an gamhain ramhar dó. [31] Dubhairt seisean leis ámhthach: A mhic, taoi-se am' fhochair i gcómhnuighe, agus is leat a bhfuil agam; [32] Ach ba chóir súbhachas agus gáirdeachas a dhéanamh, óir bhí do dhritháir anso marbh, agus tá sé beó airís; bhí sé caillte, agus do fuaradh é.

## Caibid XVI.

### Parabal an stíbhaird mhí-mhacánta, agus parabal an fhir shaidhbhir agus Lasaruis.

[1] Ansan dubhairt sé le n-a dheisgiobuil: Bhí duine saidhbhir ann agus bhí stíbhard aige, agus do h-innseadh do, 'n-a thaobh, go raibh sé ag sgaipeadh a choda. [2] Agus do ghlaoidh sé chuige é, agus dubhairt sé leis, Cad é seo a chloisim ad' thaobh-sa? Tabhair cúntas ad' stíbhardaidheacht, mar ní fhéadfair bheith ad' stíbhard feasda. [3] Ansan dubhairt an stíbhard i n'aigne féin. Cad a dhéanfad, ó tá mo mháighistir ag baint na stíbhardaidheachta dhíom? Ní'lim ábalta ar rómhar a dhéanamh; is nár liom déirc do lorg. [4] Tá fhios agam cad a dhéanfad, i dtreó, nuair a curfar as an stíbhardaidheacht mé, go nglacfaid siad 'n-a dtighthibh mé. [5] Agus do ghlaoidh sé chuige, 'n-a nduine a's 'n-a nduine, an mhuintir go raibh fiacha agá mháighistir ortha, agus dubhairt sé leis an gcéad duine: An mór atá agam' mháighistir ort? [6] Agus dubhairt seisean: Céad bairille oíle. Agus dubhairt sé leis: Tóg do bhille láithreach agus suidh ansan, agus sgríbh caogad bairille. [7] Ansan dubhairt sé le duine eile: Agus tusa, an mór atá ort? Agus dubhairt seisean: Céad ceathramhadh cruithneachtan. Dubhairt sé leis: Glac do bhille agus sgríbh cheithre fichid ceathramhadh. [8] Agus do mhol an máighistir an rógaire stíbhaird, mar gur dhein sé beart ghasta; óir tá clann an tsaoghail seo níos gasta 'ná clann an tsoluis do réir a gcinéil féin. [9] Agus deirim-se libh-se: Deinidh daoine muinteartha dhaoibh féin leis an saidhbhreas claon so, i dtreó, nuair a bheidh sibh claoidhte, go nglacfaidís sibh isteach ins na tighthibh síoruidhe.

[10] An t-é a bhíonn dílis sa rud is lúgha, bíonn sé dílis i rud mór; agus an t-é a bhíonn mí-mhacánta i rud beag, bíonn sé mí-mhacánta, i rud mór, leis. [11] D'á bhrígh sin, murar dhílis sibh-se sa tsaidhbhreas bhréagach, cé chuirfidh ar bhúr láimh an saidhbhreas fírinneach? [12] Agus murar dílis sibh i gcuid duine eile, cé thabharfaidh daoibh bhúr gcuid féin? [13] Ní féidir d'aon

tseirbhíseach rud a dhéanamh ar dhá mháighistir; óir beidh fuath aige do dhuine acu, agus grádh do'n duine eile; nó claoidhfidh sé le duine acu, agus cuirfidh sé neamhshuim sa duine eile. Ní féidir daoibh Dia d'fhriothalamh agus mammon.

[14] Agus bhí na Fairisínigh ag éisteacht leis na neithe sin go léir, agus daoine sanntacha b'eadh iad, agus bhíodar ag déanamh magaidh faoi. [15] Agus dubhairt sé leó: Is sibh-se a dheineann sibh féin fíoraonta i súilibh daoine, ach is eól do Dhia bhúr gcroidhthe; agus an rud atá árd i súilibh daoine, tá gráin ag Dia air.

[16] An dlígh agus na fáidhe go dtí Eóin; as san amach tá rígheacht Dé d'á chraobhsgaoileadh, agus gach aoinne ag cur 'n-a choinnibh go dian.

[17] Ach is usa neamh agus talamh do dhul ar neamhnídh 'ná aon phúnc amháin de'n dlígh do dhul ar neamhnídh.

[18] Gach aoinne a chuireann uaidh a bhean agus do phósann bean eile, deineann sé adhaltranas; agus an t-é a phósann an bhean a cuireadh ó n-a fear, deineann sé adhaltranas.

[19] Bhí duine saidhbhir ann agus é i n-éadach chorcra agus i lín-éadach mhín agus é ag caitheamh bídh bhuacaigh gach lá. [20] Agus bhí lasmuigh d'á dhorus sínte, bochtán dár bh'ainim Lasarus, agus é lán d'othrasaibh; [21] Agus ba mhian leis an t-ocras a bhaint de féin leis an mbrúscar bídh a bhí ag tuitim de bhórd an fhir shaidhbhir, agus ní tabharfaí dhó é; agus thagadh na gadhair agus do lighdís a chréachta. [22] Agus thárla go bhfuair an duine bocht bás, agus gur rug na h-aingil suas é go h-ucht Ábrahaim. Agus fuair an fear saidhbhir bás, agus do cuireadh i n-ifreann é. [23] Agus nuair a bhí sé ag fulang na bpian d'fhéach sé suas agus chonaic sé, abhfad uaidh, Lasarus agus é i n-ucht Ábrahaim; [24] Agus do liúigh sé amach agus dubhairt sé: A athair Ábrahaim, glac truagh dhom agus cuir chúgham Lasarus go gcuiridh sé bara a mhéire i n-uisge agus go bhfuaraidh sé mo theanga, óir táim a'm losgadh sa lasair seo. [25] Agus dubhairt Ábraham leis: Cuimhnig, a mhic, conus mar a fuarais-se neithe fóghanta i gcaitheamh do bheatha agus go bhfuair Lasarus droch-neithe; ach anois tá sé seo i sólás agus tusa i bpéin. [26] Agus d'á éaghmuis sin a's uile, tá doimhneas mór suidhte daingean idir sibh-se agus sinne, i dtreó an t-é gur mhian leis dul as so ag triall oraibh-se nách féidir dó é, ná teacht as sán ag triall orainne. [27] Agus dubhairt sé: Iarraim ort, d'á bhrígh sin, a athair, é chur go tigh m'athar: Mar tá cúigear drithár agam: [28] go dtabharfadh sé foláramh dóibh, i dtreó ná tiocfaidís anso ins na piantaibh seo. [29] Agus dubhairt Ábraham leis: Tá Maois acu, agus na fáidhe; éistidís leó san. [30] Agus dubhairt seisean: Ní h-eadh, a athair Ábrahaim, ach má théigheann duine de sna mairbh ag triall ortha déanfaid siad aithrighe. [31] Agus dubhairt sé leis: Mura n-éistid siad le Maois agus leis na fáidhe, ní chreidfidis duine de sna mairbh féin, dá dtéigheadh sé ag triall ortha.

## CAIBID XVII.

### Teagasg ar conus sgannal do sheachaint: ar éifeachtamhlacht creidimh, 7rl. An deichniúbhar lobhar. An modh ar a dtiocfaidh Críost.

[1] Agus dubhairt sé le n-a dheisgiobuil: Ní féidir gan sgannail do theacht, ach is léanmhar do'n t-é tré n-a dtagaid siad. [2] B' fhearra dhó gur bró mhuilinn a curfaí ar a mhuineál agus é chaitheamh sa bhfaraige 'ná go dtabharfadh sé sgannal do dhuine de'n mhuintir bheag so.

[3] Tugaidh aire dhaoibh féin. Má dheineann do dhritháir beart ad'

choinnibh, cas leis é; agus má bhíonn cathú
air, maith dhó é. 4 Agus má dheineann sé
beart ad' choinnibh seacht n-uaire sa lá,
agus má iompuigheann sé chúghat seacht
n-uaire sa lá agus go ndéarfaidh sé, Tá
cathú orm: maith dhó.

5 Agus dubhairt na h-Aspoil leis an
dTighearna: Méaduigh creideamh dúinn. 6
Agus dubhairt an Tighearna: Dá mbeadh
oiread gráinne mustáird de chreideamh
agaibh, déarfadh sibh leis an gcrann
sícamín seo, Tógtar as do phréamhachaibh
thú agus curtar sa bhfaraige thu, agus
dhéanfadh sé rud oraibh.

7 Agus cé h-é an duine agaibh-se go
bhfuil seirbhíseach aige, ag treabhadh nó
ag aedhreacht, agus a déarfaidh leis nuair a
thiocfaidh sé isteach ó'n bpáirc, Imthigh
láithreach agus suidh chun bídh? 8 Agus ná
déarfaidh leis, Faigh rud le n-ithe dhom,
agus criosuigh thu féin agus dein
friothálamh orm go mbeidh ithte agus ólta
agam, agus 'n-a dhiaidh san déanfair-se ithe
agus ól. 9 An amhlaidh a gheobhaidh sé a
bhuidheachas leis an seirbhíseach san toisg
gur dhein sé an rud a dh'órduigh sé dhó a
dhéanamh? 10 Ní h-eadh, dar liom. Mar sin
daoibh-se, nuair a bheidh gach nídh déanta
agaibh mar atá órduighthe dhaoibh,
abraidh: Seirbhísigh gan mhaith iseadh
sinn; an rud a bhí fhiachaibh orainn a
dhéanamh isé a dheineamair.

11 Agus do thárla, agus é ag dul go
Ierúsalem, go raibh sé ag gabháil tré lár
Shamaria agus Ghaililí; 12 Agus ag dul
isteach dó i mbaile áirithe do bhuail
deichniúbhar lobhar uime, agus do
sheasuigheadar abhfad amach uaidh, 13
Agus d'árduigheadar a nglór agus
dubhradar: A Íosa, a Mháighistir, déin
trócaire orainne. 14 Agus nuair a chonaic sé
iad dubhairt sé leó: Imthighidh agus
taisbeánaidh sibh féin do sna sagairt. Agus
do thárla, ar an slígh dhóibh, gur glanadh
iad. 15 Ach bhí duine acu agus nuair a
chonaic sé go raibh sé glan, d'fhill sé thar
n-ais agus é ag moladh Dé go h-árd, 16 Agus
chaith sé é féin ar a bhéal a's ar a aghaidh
ag cosaibh Íosa ag gabhail a bhuidheachais
leis, agus Samaritánach dob' eadh é. 17 Agus
d'fhreagair Íosa é agus dubhairt: Nár
glanadh deichniúbhar? Agus an naonbhúr
eile, cá bhfuil siad? 18 Nár fuaradh aoinne
chun teacht agus glóire thabhairt do Dhia
ach an duine iasachta so? 19 Agus dubhairt
sé leis: Eirigh agus imthigh leat, óir do
shlánuigh do chreideamh thú.

20 Agus d'fhiafraigh na Fairisínigh de:
Cathain a thiocfaidh rígheacht Dé? Agus
dubhairt sé 'ghá bhfreagradh: Ní thiocfaidh
rígheacht Dé i riocht go bhféadfar bheith
ag faire air. 21 Na ní déarfar, Féach anso é,
ná Féach ansúd é. Óir, féach, tá rígheacht
Dé i nbhúr measg.

22 Agus dubhairt sé le n-a dheisgiobuil:
Tiocfaidh na laethanta 'n-a mbeidh dúil
agaibh aon lá amháin de laethibh Mhic an
Duine a dh'fheisgint, agus ní fheicfidh sibh
é. 23 Agus déarfaid siad libh, Féac anso é,
agus, Féach ansúd é. Ná téighidh ann, agus
ná leanaidh iad.

24 Óir, mar an splannc a lasann fé'n spéir,
ar na neithe atá fé'n spéir, iseadh bheidh
Mac an Duine 'n-a lá féin. 25 Ní foláir dó an
dtúis, ámhthach, mórán d'fhulang, agus an
tsliocht só 'ghá shéanadh. 26 Agus mar a
thárla i laethibh Nóe iseadh bheidh i
laethibh Mhic an Duine. 27 Bhíodar ag ithe
agus ag ól, ag pósadh ban agus ag tabhairt
ban le pósadh, go dtí an lá 'n-ar chuaidh
Nóe isteach sa n-áirc; agus tháinig an díle
agus do bháidh sí iad go léir. 28 Díreach mar
a thárla i laethibh loit: Bhíodar ag ithe agus
ag ól, ag ceannach agus ag díol, ag cur síl
agus ag déanamh tighthe; 29 Agus an lá a
dh'imthigh Lot amach a' Sodomaibh do
thuit an cith teine agus an chlochghorm ó
neamh ortha, agus do loisgeadh iad go

léir. 30 Mar sin isead bheidh, an lá a taisbeánfar Mac an Duine.

31 An lá san, an t-é bheidh ar bhuaic an tighe, agus a chuid sa tigh, ná téigheadh sé isteach a d’iarraidh a choda; agus an t-é a bheidh sa pháirc, ar an gcuma gcéadna, ná téigheadh sé thar n-ais. 32 Cuimhnighidh ar mhnaoi Loit. 33 Pé duine bheidh a d’iarraidh a anama shábháil, caillfidh sé é; agus an t-é a chaillfidh a anam sábhálfaidh sé é.

34 Deirim libh, beidh, an oidhche sin, beirt i n-aon leabaidh: tógfar duine acu agus fágfar an duine eile. Beidh beirt bhan ag meilt i n-aonfheacht: tógfar bean acu agus fágfar an bhean eile; 35 Beirt fhear sa pháirc: tógfar duine acu agus fágfar an duine eile. 36 Dubhradar leis ’ghá fhreagradh: Canad, a Thighearna? 37 Agus dubhairt sé leó: An áit ’n-a mbeidh an corp, is ann a cruinneofar na fiolair.

## Caibid XVIII.

**Ní foláir dúinn bheith ag guídhe chun Dé i gcómhnuíghe. Na Fairisínigh agus na puibliocánaigh. An chontabhairt ata i saidhbhreas. A radharc a thabhairt do’n dall.**

1 Agus do labhair sé soluíd leó ar conus mar is ceart bheith coitchianta ag guidhe chun Dé, agus gan bheith cortha dhe. 2 Agus dubhairt sé: Bhí breitheamh i gcathair áirithe, agus ní raibh eagla Dé air ná beann ar dhaoine aige. 3 Agus bhí baintreach sa chathair chéadna, agus tháinig sí chuige agus dubhairt sí: Dein díoghaltas dom ar mo namhaid. 4 Agus ní déanfadh ar feadh abhfad. Ach ’n-a dhiaidh san dubhairt sé i n’aigne féin, Bíodh ná fuil eagla Dé orm ná beann ar dhaoine agam, 5 sa n-am gcéadna, ó tá an bhaintreach so a’m buaireamh déanfaidh mé ceart di, i dtreó ná beidh sí ag teacht choídhche go mbead ciapaithe aici. 6 Agus dubhairt an Tighearna leó: Cloiseann sibh cad dubhairt an breitheamh aincheart; 7 Agus an amhlaidh a dhéanfaidh Dia ríghneas agus gan ceart do chur i bhfeidhm d’á fhíoraonaibh féin, agus iad ag glaodhach air go ló agus d’oidhche? 8 Deirim libh go gcuirfidh sé ceart i bhfeidhm dóibh go mear. Ach sa n-am gcéadna, nuair a thiocfaidh Mac an Duine an dóigh leat an bhfaghaidh sé creideamh ar talamh?

9 Agus dubhairt sé an tsoluíd seo le raint daoine a bhí mainghíneach asta féin, mar dh’eadh go rabhadar fíoraonta, agus droch-mheas acu ar dhaoinibh eile: 10 Chuaidh beirt suas sa teampul chun úrnuighthe dhéanamh. Fairisíneach ab eadh duine acu agus puibliocánach ab eadh an duine eile. 11 Sheasaimh an Fairisíneach agus dhein sé a ghuidhe mar seo i n-a aigne féin: A Dhia, bheirim a bhuidheachas leat ná fuilim-se mar an chuid eile de sna daoine, bitheamhnaigh, lucht éagcóra, lucht adhaltranais, ar nós an phuibliocánaigh seo féin. 12 Deinim-se trosgadh dhá uair sa tseachtmhain: tugaim deachmhadh as a bhfuil agam. 13 Agus do sheasaimh an puibliocánach abhfad amach, agus níor bh’áil leis a shúile amháin d’iompáil suas chun na bhflathas, ach é ag bualadh a uchta agus a’ rádh: A Dhia, déin trócaire orm óir is peacach mé. 14 Deirim libh, do chuaidh sé sin abhaile ar staid na ngrást, murab ionan a’s an fear eile. Óir gach duine dh’árdóchaidh é féin, úmhlófar é; agus gach duine a dh’úmhlóchaidh é féin, árdófar é.

15 Agus bhíodar ag tabhairt na leanbh féin ag triall air go gcuirfeadh sé a lámh ortha; agus nuair chonaic na deisgiobuil an nídh sin bhíodar ’ghá gcosg. 16 Agus ghlaoidh Íosa chuige iad, agus dubhairt sé: Leigidh do sna leanbhaí teacht chúgham agus ná bídhidh ’gha gcosg; óir is d’á

leithéidí sin rígheacht Dé. 17 Go deimhin adeirim libh: Aoinne ná glacfidh rígheacht Dé mar a dhéanfadh leanbh ní raghaidh sé isteach ann.

18 Agus cheistigh duine de sna priúnsaíbh é, agus dubhairt sé: A Mháighistir mhaith, cad tá le déanamh agam i dtreó go mbeidh an bheatha shíoruidhe agam? 19 Agus dubhairt Íosa leis: Cad chuige go ndeirir gur maith mé? Ní maith aoinne ach Dia amháin. 20 Táid na h-aitheanta agat: Ná dein marbhadh; Ná dein drúis; Ná dein guid; Ná tabhair fiadhnuise bhréige; Tabhair do t'athair agus dod'mháthair onóir. 21 Agus dubhairt seisean: Táid siad san go léir coimeádta agam ó m' óige. 22 Nuair airigh Íosa an nídh sin dubhairt sé: Tá aon rud amháin i n-easnamh ort fós: Díol amach gach a bhfuil agat agus tabhair do sna bochtaibh é, agus beidh stór agat ar neamh; agus tar agus lean mise. 23 Nuair airigh seisean an méid sin tháinig buairt air, mar fear ana-shaidhbhir ab eadh é. 24 Agus nuair a chonaic Íosa an bhuairt air dubhairt sé: Cad é a dheacracht do lucht saidhbhris dul isteach i rígheacht Dé! 25 Is usa do chamal dul tré chró snáthaide 'ná do dhuine shaidhbhir dul isteach i rígheacht Dé. 26 Agus dubhairt an mhuintir a bhí ag éisteacht leis: Má 'seadh cé fhéadfaidh dul saor? 27 Agus dubhairt sé leó: Neithe nách féidir i láthair daoine is féidir i láthair Dé iad.

28 Agus dubhairt Peadar: Féac, d'fhágamairne gach aon rud agus do leanamair tusa. 29 Agus dubhairt sé leó: Deirim libh go fíor, ní'l aon duine a dh'fhág tigh ná muintir ná dritháracha ná bean ná clann ar son rígheachta Dé, 30 ná faighidh mórán níos mó ar an saoghal so, agus an beatha shíoruidhe sa tsaoghal atá le teacht.

31 Agus do thóg Íosa an dáréag, agus dubhairt sé leó: Féach, táimíd ag dul suas go Ierúsalem, agus cómhlíonfar gach nídh d'á bhfuil sgríobhtha ag na fáidhibh i dtaobh Mhic an Duine. 32 Óir tabharfar suas do sna geintibh é, agus tarcuisneófar é, agus sgiúrsálfar é, agus caithfar seilí air; 33 Agus tar éis é sgiúrsáil cuirfid siad chun báis é, agus eireóchaidh sé airís an trímhadh lá. 34 Agus níor thuigeadar-san aon nídh de sna neithibh sin, agus bhí an chaint sin foluighthe uatha agus níor thuigeadar na neithe a dubhradh.

35 Agus nuair a bhíodar ag teacht i gcómhgar do Ierichó do tharla go raibh dall i n-aice au bhóthair ag lorg déarca. 36 Agus nuair airigh sé an tsluagh ag gabháil thairis d'fhiafraigh sé cad ab é sin. 37 Agus dubhradar leis gur bh'é Íosa Nasareit a bhí ag gabháil an treó. 38 Agus do liúigh sé agus dubhairt sé: A Íosa, A Mhic Dáibhid, déin trócaire orm. 39 Agus na daoine a bhí ag gabháil thairis bhíodar ag bagairt air éisteacht, ach is amhlaidh do liúigh sé níba mhó, A Mhic Dáibhid, déin trócaire orm. 40 Agus do stad Íosa agus dubhairt sé é thabhairt chuige. Agus nuair a bhí sé ag teacht 'n-a chómhgar chuir sé an cheist chuige agus dubhairt sé: Cad ba mhaith leat mé dhéanamh duit? 41 Agus dubairt sé: Go bhfeicfinn, a Thighearna. 42 Agus dubhairt Íosa leis: Féach suas; do shlánuigh do chreideamh thu. 43 Agus fuair sé a radharc láithreach, agus do lean sé eisean ag moladh Dé; agus nuair a chonaic na daoíne go léir an nídh sin thugadar moladh do Dhia.

## CAIBID XIX.

### Críost dá ghlacadh ag Sacaeus 'n-a thigh. Parabal na bpúnt. Críost ar muin an asail. É ag gol os cionn Ierúsalem.

1 Agus chuaidh sé isteach i n-Ierichó agus bí sé ag siubhal tríd an gcathair. 2 Agus féach, bhí fear ann agus Sacaeus ab ainim

dó, agus bhí sé i n'uachtarán ar na
puibliocánaigh, agus duine saidhbhir ab
eadh é. 3 Agus bhí sé a d'iarraidh Íosa
dh'fheisgint, eadhon, Cé'r bh'é, agus do
theip sé air mar gheall ar an sluagh, mar
firín íseal ab eadh é. 4 Agus do rith sé
rómpa amach, agus chuaidh sé suas i
gcrann sícamóir i dtreó go bhfeicfeadh sé
é, mar bhí sé chun gabháil an tslígh sin. 5
Agus nuair a tháinig Íosa chun na h-áite
d'fhéach sé suas agus chonaic sé é, agus
dubhairt sé leis: A Shacaeuis, brostuigh
agus tar anuas, mar is ad' thigh-se a
chaithfead-sa stad indiu. 6 Agus do
bhrostuigh seisean anuas, agus do ghlac sé
é go h-áthasach. 7 Agus nuair a chonaic na
daoine go léir an nídh sin bhíodar ag
ceisneamh, agus deiridís gur ag triall ar
dhuine pheacamhail a chuaidh sé ar
aoidheacht. 8 Agus do sheasaimh Sacaeus
agus dubhairt sé leis an dTighearna: Féach,
a Thighearna, tá leath mo choda agam 'á
thabhairt do sna daoine bochta; agus má
dheineas éagcóir ar aoinne tá leóirghníomh
agam 'á dhéanamh leis fó cheathair. 9 Agus
dubhairt Íosa leis: Tá slánú fághalta indiu
ag an dtigh seo de bhrígh gur de chlainn
Ábrahaim é, leis. 10 Óir is chun a raibh
caillte do chuardach agus do shlánú a
tháinig Mac an Duine.

11 Agus iadsan ag éisteacht leis na
neithibh sin do chuir sé leó agus do labhair
sé soluíd, mar bhí sé ag teacht i ngar do
Ierúsalem, agus mheasadar-san go
dtaisbeánfaí rígheacht Dé láithreach.

12 Dubhairt sé, d'á bhrígh sin: D'imthigh
duine uasal áirithe go dúthaigh iasachta
chun rígheachta ghabháil dó féin agus
teacht thar n-ais. 13 Agus ghlaoidh se chuige
deichniúbhar seirbhíseach leis, agus thug sé
dóibh deich bpúint, agus dubhairt sé leó,
Bídhidh ag déanamh ceannaidheachta go
dtagad. 14 Ach bhí fuath agá dhaoine dhó,
agus do chuireadar teachtaireacht 'n-a
dhiaidh 'gha rádh: Ní h-áil linn é seo bheith
'n-a rí orainn. 15 Ach do thárla go bhfuair sé
an rígheacht agus go dtáinig sé thar n-ais,
agus d'órduigh sé na seirbhísigh gur thug
sé an t-airgead dóibh do ghlaodhach chuige
go mbeadh 'fhios aige an mór a dhein gach
aoinne acu leir an gceannaidheacht. 16
Tháinig an chéad duine agus dubhairt sé, A
rí, dhein do phúnt deich bpúint. 17 Agus
dubhairt sé leis, Is maith é sin, a
sheirbhísigh mhaith; ó bhís dílis sa bheagán
beidh cómhacht agat ar deich mbailtibh. 18
Agus thainig an tarna duine agus dubhairt
sé, A rí, dhein do phúnt chúig phúint. 19
Agus dubhairt sé leis sin, Agus tusa, bíse os
cionn chúig mbailte, 20 Agus táinig fear
eile agus dubhairt sé, A rí, siné do phúnt
agat. Bhí sé fillte i n-éadach agam. 21 Óir bhí
eagal agam rómhat, mar is duine cruaidh
thu. Tógann tú an rud nár chuiris síos, agus
baineann tú an fóghmhar nár chuiris. 22
Águs dubhairt sé leis, Ar do bhéal féin a
bheirim breith ort, a dhroch-sheirbhísigh.
Bhí 'fhios agat gur duine cruaidh mé, go
dtógaim an rud nár chuireas síos, agus go
mbainim an fóghmhar nár chuireas; 23
Agus cad 'n-a thaobh nár chuiris mo chuid
airgid sa bhanc, i dtreó, nuair a thiocfainn
go n-éileócainn é féin agus an t-
úncamus? 24 Agus dubhairt sé leis an
muintir a bhí láithreach, Tógaidh uaidh an
púnt agus tugaidh é do'n fhear go bhfuil na
deich bpúint aige. 25 Agus dubhradar, A rí,
táid deich bpúint aige. 26 Deirim-se libh-se,
ámhthach, an t-é go bhfuil aige tabharfar
dó, agus beidh flúirse aige; agus an t-é na
fuil aige, tógfar uaidh an rud atá aige. 27 Ach
na h-eascáirde seo nár bh'áil leó mise
bheith am' rí ortha, tugtar anso iad agus
curtar chun báis os mo chómhair iad.

28 Agus nuair a bhí an méid sin ráidhte
aige, chuaidh sé ar aghaidh ag dul suas go
h-Ierúsalem.

29 Agus do thárla, nuair a bhí sé ag teacht
i ngar do Bhetphagé i mBetánia, láimh leis
an sliabh ar a dtugtar Olibhet, gur chuir sé
uaidh beirt d'á dheisgiobuil, 30 Agus go
ndubhairt sé leó: Téighidh isteach sa bhaile
atá ar bhur n-aghaidh anonn; agus nuair a
raghaidh sibh isteach ann gheobhaidh sibh
ceangailte ann searrach asail nár shuidh aon
duine riamh fós air; sgaoilidh é agus
tugaidh chúgham é. 31 Agus má
fhiafraigheann aoinne dhíbh, Cad chuige
dhaoibh é sgaoileadh? abraidh leis mar seo:
Mar teasduigheann sé ó'n dTighearna. 32
Agus d'imthigh na teachtairí, agus fuaradar,
mar a dubhairt sé, an searrach 'n-a
sheasamh. 33 Agus nuair a bhíodar 'ghá
sgaoileadh dubhairt an mhuintir n-ar leó é:
Cad chuige dhaoibh bheith ag sgaoileadh
an tsiorraigh? 34 Agus dubhradar-san: Mar
teasduigheann sé ó'n dTighearna. 35 Agus
thugadar agh triall ar Íosa é, agus do
leathadar a mbrait ar an searrach agus
chuireadar Íosa ar a mhuin. 36 Agus ag
gluaiseacht dó bhíodar ag leathadh a mbrat
amach ar an slígh. 37 Agus nuair a bhí sé agh
teacht i ngar d'fhánaidh Olibheit,
thusnuigh na deisgiobuil go léir ar Dhia do
mholadh le gáirdeachas, do ghuth árd, mar
gheall ar na mírbhúiltí móra go léir a
chonacadar. 38 Agus deiridís: Moladh leis
an t-é atá ag teacht 'n-a rí i n-ainim an
Tighearna; síothcháin ar neamh agus glóire
ins na flathais. 39 Agus bhí cuid de sna
Fairisínigh sa tsluagh agus dubhradar leis:
A Mháighistir, cuir smacht ar do
dheisgiobuil. 40 Agus dubhairt sé leó:
Deirim libh, má éistid siad san, go liúghfaid
na clocha amach.

41 Agus nuair a tháinig sé i gcómhgar
agus chonaic sé an chathair do ghoil sé ar a
son, agus dubhairt sé: 42 Agus dá mbeadh
'fhios agat-sa, sa lá so féin atá agat, na
neithe atá chun síothchána dhuit; táid siad,
ámhthach, i bhfolach ó d'shúilibh. 43 Óir
tiocfaid na laethanta ionat agus cuirfid do
namhaid claidhe mór-tímpal ort, agus
dúnfaid siad isteach tu agus déanfaid siad
cumhangarach ort ó'n uile thaobh. 44 Agus
déanfaid siad thu threasgairt ar an dtalamh,
tu féin agus do chlann atá ionat, agus ní
fhágfaid siad cloch ar muin cloiche ionat,
toisg nár aithnighis an t-am 'n-a dtáinig Dia
chúghat.

45 Agus chuaidh sé isteach sa teampul,
agus chrom sé ar an muintir a bhí ag díol
agus ag ceannach ann do dhíbirt amach
as. 46 'Gha rádh leó: Tá sgríobhtha: Tigh
cun úrnuighthe iseadh mo thigh-se: Ach tá
cuinigéar bitheamhnach déanta agaibh-se
dhe.

47 Agus bhí sé ag teagasg; sa teampul
gach lá. Agus bhí uachtaráin na sagart agus
na Sgríbhneóirí agus na h-uaisle a d'iarraidh
é chur chun báis, 48 Agus níor bh' féidir leó
cuimhneamh ar cad a dhéanfaidís, mar bhí
na daoine go léir ar tinniol ag éisteacht leis.

## CAIBID XX.

**Parabal an lucht saothruighthe. I dtaobh cánach a dhíol le Caesar. Agus i dtaobh aiseirighe na marbh.**

1 Agus do thárla, lá de sna láethantaibh
sin, agus é ag teagasg na ndaoine sa
teampul agus ag craobhsgaoileadh na
tsoisgéil, go dtáinig uachtaráin na sagart
agus na Sgríbhneóirí agus na seanóirí, 2
Agus go ndubhradar leis: Innis dúinn cad é
an t-úghdarás atá agat chun na neithe seo
dhéanamh? agus cé thug duit an t-úghdarás
san? 3 Agus dubhairt Íosa leó 'ghá
bhfreagradh: Fiafróchad-sa, leis, díbh-se
aon fhocal amáin. 4 Tugaidh freagra orm:
An baisteadh a dhein Eóin, ar bh' ó neamh
é nó ó dhaoine? 5 Agus bhíodar ag
machtnamh 'n-a n-aigne, agus dubhradar
leó féin: Má deirimíd gur bh' ó neamh é
déarfaidh sé: Cad 'n-a thaobh nár

chreideabhair é, má seadh? 6 Agus má
deirimíd gur bh' ó daoine é geobhaid na
daoine go léir do chlochaibh ionainn, óir is
deimhin leó gur fáidh Eóin. 7 Agus
d'fhreagradar ná raibh fhios acu cár bh' as
é. 8 Agus dubhairt Íosa leó: Ní lúgha 'ná
mar a neósfad-sa dhaoibh-se cad é an t-
úghdarás atá agam chun na neithe seo
dhéanamh.

9 Agus chrom sé ar an soluíd seo do
labhairt leis na daoine: Do dhein duine
fíonghort agus chuir sé é chun lucht
saothruighthe, agus bhí sé féin i ndúthaigh
iasachta ar feadh abhfad. 10 Agus nuair
tháinig an t-am chuir sé seirbhíseach leis ag
triall ar an lucht saothruighthe a d'iarraidh
toradh an fhíonghuirt. Agus do ghabhadar
air, agus chuireadar uatha folamh é. 11 Agus
chuir sé seirbhíseach eile chúcha.
Ghabhadar air sin, leis, agus thugadar
tarcuisne dhó, agus chuireadar uatha
folamh é. 12 Agus chuir sé chúcha an
trímhadh duine. Do chréachtnuighdar é
sin, agus chaitheadar amach é. 13 Ansan
dubhairt tighearna an fhíonghuirt: Cad a
dhéanfad? Cuirfead chúcha mo mhac dílis
féin; b'fhéidir nuair a chífid siad é sin go
mbeidh uraim acu dhó. 14 Ach nuair a
chonaic an lucht saothruighthe é
dheineadar machtnamh, agus dubhradar:
Sidé an t-oighre; marbhuighmís é i dtreó go
mbeidh an oighreacht againn. 15 Agus
chaitheadar amach as an bhfíonghort é,
agus mharbhuigheadar é. Cad a déanfaidh
tighearna an fhíonghuirt leó san? 16
Tiocfaidh sé agus déanfaidh sé íde ar an
lucht saothruighthe sin, agus tabharfaidh sé
an fíonghort do dhaoinibh eile. Agus nuair
airigheadar-san an focal dubhradar: Nár
leigidh Dia san! 17 Agus d'fhéach sé ortha
agus dubhairt sé: Má seadh cad é seo atá
sgríobhtha: An chloch a chaith na saoir
uatha tá sí 'n-a cloich chinn chúinne. 18 An
t-é a thuitfidh ar an gcloich sin, bascfar é;
ach an t-é go dtuitfidh sí air, meilfidh sí é.

19 Agus bhí uachtaráin na sagart agus na
Sgríbhneóirí a d'iarraidh a lámh do chur air
láithreach, ach bhí eagla na ndaoine ortha;
óir bhí fhios acu gur chúcha féin an tsoluíd
a labhair sé.

20 Agus bhíodar ag faire, agus chuireadar
chuige lucht fill do leigfeadh ortha gur
dhaoine macánta iad, chun buntáiste
bhreith air 'n-a chaint, i dtreó go
ndéanfaidís é thabhairt suas do chómhacht
agus d'úghdarás an ghoibhearnóra. 21 Agus
chuireadar cheist chuige agus dubhradar: A
Máighistir, is eól dúinn go labhrann tú agus
go muíneann tú do réir na fírinne, agus ná
fuil beann agat ar phearsain, ach an tslígh
chun Dé do mhúineadh go fíos; 22 An
dleaghthach dhúinn cíos do dhíol le
Caesar, nó gan a dhíol? 23 Agus mar
chonaic sé an feall a bhí ionta, dubhairt sé
leó: Cad chuige dhaoibh bheith a'm
brath? 24 Taisbeánaidh pingin dom. Cé leis
an íomháigh agus an sgríbhinn atá uirthi?
D'fhreagradar agus dubhradar: Le
Caesar. 25 Agus dubhairt sé leó: Má seadh
tugaidh do Chaesar na neithe is le Caesar
agus tugaidh do Dhia na neithe is le Dia. 26
Agus níor fhéadadar locht fhághail ar a
chaint i láthair na ndaoine; agus le h-
iongna, mar gheall ar an bhfreagra,
d'éisteadar.

27 Agus tháinig cuid de sna
Sadducíneachaibh, daoine a shéanann
aiseirighe na colna, agus chuireadar ceisd
chuige, 28 Agus dubhradar: A Mháighistir,
do sgríbh Maois dúinn, Má gheibheann
dritháir dhuine bás agus bean phósta aige,
agus gan clann aige, go nglacfadh a
dhritháir an bhean agus go dtógfadh sé
sliocht d'á dhritháir. 29 Bhí mórsheisear
drithár ann, agus do phós an chéad duine
acu bean, agus fuair sé bás gan sliocht. 30
Do thóg an tarna duine acu an bhean, agus

fuair sé sin bás, leis, gan sliocht. [31] Do thóg an trímhadh duine í. Agus mar sin do'n mhórsheisear go léir, agus níor fhágadar sliocht, agus fuaradar bás. [32] 'N-a ndiaidh go léir fuair an bhean bás. [33] Sa n-aiseirighe, ámhthach, cé'cu dhíobh go mbeidh sí 'n-a mnaoi aige? óir bhí sí 'n-a mnaoi, ag an mórsheisear. [34] Agus dubhairt Íosa leó: Pósaid agus tugtar le pósadh clann an tsaoghail seo. [35] Ach an mhuintir go bhfeicfar gur fiú iad an saoghal iúd a thabhairt dóibh agus an aiseirighe ó-s na mairbh, ní pósfar iad agus ní ghlacfaid siad mná. [36] Óir ní fhéadfaid siad bás d'fhághail a thuille; óir beid siad ar aon dul leis na h-aingil agus 'n-a gclainn ag Dia, mar isiad clann na h-aiseirighe iad.

[37] Ach taisbeánann Maois féin, ag an dtor, go n-eireóchaidh na mairbh, mar a dtugann sé ar an dTighearna Dia Ábrahaim agus Dia Isaaic agus Dia Iácóib. [38] Ní do dhaoine atá marbh is Dia é ámhthach, ach do dhaoine atá beó; óir is beó dhó iad go léir. [39] Agus d'fhreagair cuid de sna Sgríbhneóiríbh é agus dubhradar: [40] A Mháighistir, is maith adubhraís é. Agus as san amach níor leómhaigh aoinne acu aon cheist do chur chuige.

[41] Agus dubhairt sé leó: Conus adeirid siad Críost a bheith 'n-a mhac ag Dáibhid, [42] Agus go ndeir Dáibhid féin, i leabhar na Salm, Dubhairt an Tighearna le m' Thighearna: Suidh as mo dheis, [43] Go gcuiread do namhaid mar thaca fé d'chosaibh. [44] Tugann Dáibhid a Thighearna air; agus conus atá sé 'n-a mhac aige?

[45] Ansan dubhairt sé le n-a dheisgiobulaibh agus na daoine go léir ag éisteacht leis: [46] Seachnaidh na Sgríbhneóirí. Is maith leó siubhal i róbaíbh fada, agus daoine bheith ag fáiltiú dhóibh ar an margadh, agus na suidhcháin uachtaracha dh'fhaghail ins na sinagógaibh, agus ua h-ineada uachtaracha ag ua féastaíbh. [47] Sloigid siad tighthe na mbaintreach, 'ghá leigint ortha úrnuighthe fada do rádh. Isiad a gheobhaidh an daor-bhreith is troime.

## CAIBID XXI.

**Cianóg na baintríghe. Na cómharthaí a thiocfadh roim íde Ierúsalem, agus roim dheire an tsaoghail.**

[1] Agus bhí sé ag féachaint ar na daoine a bhí saidhbhir agus iad ag cur a dtabharthas isteach sa chiste. [2] Agus chonaic sé baintreach bhocht ag teacht, agus chuir sí dhá chianóig isteach ann. [3] Agus dubhairt sé: Go deimhin adeirim libh, do chuir an bhaintreach bhocht san níos mó isteach 'ná mar a chuir an chuid eile go léir. [4] Óir is d'á n-iomarca a chuireadar san go léir rud isteach i dtabharthas Dé, ach is d'á h-uireasba a chuir sí seo isteach rud, a raibh an tsaoghal aici.

[5] Agus bhí daoine éigin 'á rádh, i dcaobh an teampail, gur bh' áluinn na clocha a bhí ann agus na tíodhlaicí, agus dubhairt sé: [6] Na neithe sin a chíonn sibh, tiocfaidh na laethanta agus ní fágfar cloch ar muin cloiche dhiobh gan raobadh. [7] Agus cheistigheadar é agus dubhradar: A Mháighistir, cathain a bheidh san amhlaidh, agus cad é an cómhartha a bheidh ar na neithe sin a bheith ag teacht? [8] Agus dubhairt sé: Seachnaidh agus ná mealltar sibh; óir tiocfaidh a lán am' ainim-se agus déarfaid siad: Is mise é, agus tá an t-am i bhfogus: ach ná leanaidh iad.

[9] Agus nuair a dh'aireóchaidh sibh cathana agus caismeartha ná biodh sgannradh oraibh, óir ní foláir na neithe sin a theacht ar dtúis, ach ní deire láithreach é fós. [10] Ansan dubhairt sé leó: Eireóchaidh cine i n-aghaidh cine agus rígheacht i n-aghaidh rígheachta,

11 Agus beid luascacha móra talmhan i n-a lán áiteana, agus pláigheana, agus gorta, agus neithe sgannramhla ó'n spéir, agus cómharthaí móra.

12 Ach roim theacht do sna neithibh sin go léir cuirfid siad a lámha oraibh-se agus crádhfaid siad sibh, ag bhúr mbreith i láthair na sinagóg, agus ins na prísúnaibh; ag bhúr dtarang i láthair ríghthe agus i láthair uachtarán, mar gheall ar m'ainim-se. 13 Beidh san i n'fhiadhnuise dhaoibh-se, ámhthach. 14 Ceapaidh i nbhúr n-aigne, d'a bhrígh sin, gan machtnamh a dhéanamh roim ré ar conus a fhreagróchaidh sibh, 15 Óir tabharfad-sa dhaoibh béal agus eagna ná féadfaid bhúr namhaid go léir cur 'n-a gcoinnibh 'ná labhairt 'n-a gcoinnibh. 16 Agus tabharfaid bhúr n-aithreacha agus bhúr máithreacha suas d'bhúr namhaid sibh, agus bhúr ndriotháracha, agus bhúr ngaolta, agus cuirfid siad cuid agaibh chun bháis. 17 Agus beidh fuath ag gach aoinne dhaoibh mar gheall ar m'ainim-se. 18 Ach ruibe de ghruaig bhúr gcinn ní raghaidh amú. 19 I nbhúr bhfoidhne a choimeádfaidh sibh bhúr n-anamnacha.

20 Ach nuair a chífidh sibh Ierúsalem d'á tímpaladh le sluagh bíodh fhios agaibh an uair sin a h-ídiú bheith buailte libh. 21 Ansan na daoine atá i n-Iudaéa teithidís chun na gcnoc, agus na daoine atá 'n-a lár imthighdís amach, agus na daoine ins na tuaithibh ná téidís isteach inti; 22 Óir is laethanta díbheirge na laethanta san, agus cómhlíonfar gach a bhfuil sgríobhtha. 23 Is léanmhar, ámhthach, do lucht clainne dh'iompar agus do lucht banaltranais ins na laethanta san, óir beidh guais ana-dhian ar an ndúthaigh, agus fearg chun na ndaoine seo. 24 Agus tuitfid siad le béal an chlaidhimh, agus béarfar i mbraighdineas iad ar fuid na ngeinte go léir, agus beidh Ierusalem treasgartha fé chosaibh na ngeinte, go dtí go gcómlíonfar tréimhseacha na ngeinte.

25 Agus bheidh cómharthaí sa ghréin agus sa rae agus ins na réiltibh; agus brúth na ngeinte ins na tíorthaibh, tré mearbhall fothraim na mara agus na dtonn. 26 Daoine d'á bhfeóchadh le sgannradh, ag cuimhneamh ar cad a bheidh le teacht ar an ndomhan go léir, mar beid cómhachta na bhflathas d'á suathadh. 27 Agus an uair sin chífid siad Mac an Duine ag teacht i sgamal te mór-chómhacht agus le gradam. 28 Nuair a bheidh na neithe seo ag tusnú, ámhthach, déinidh-se féachaint suas agus bhúr gcinn do thógáilt, mar tá bhúr bhfuasgailt buailte libh. 29 Agus do labhair sé soluíd leó: Chíonn sibh an crann fíge agus na crainn go léir; 30 Nuair a bhionn a dtoradh acu d'á chur amach is eól daoibh an samhra bheith buailte libh. 31 Mar sin daoibh-se; nuair a chífidh sibh na neithe seo ag teacht bíodh 'fhios agaibh rígheacht Dé bheith buailte libh. 32 Abraim libh go deimhin ná beidh an tsliocht so imthighthe go gcómhlíonfar na neithe seo go léir. 33 Raghaidh neamh agus talamh ar neamhnídh, ach ní raghaid mo bhréithre-se an neamhnídh.

34 Ach tugaidh aire dhaoibh féin sar a raghadh bhúr gcroidhthe i ndúire le craos agus le meisge agus le cúram an tsaoghail seo, agus go dtiocfadh an lá úd go h-obann oraibh. 35 Óir tiocfaidh sé ar nós gaiste ar na daoine go léir atá suidhte as uachtar an domhain uile. 36 Déinidh faire, d'á bhrígh sin, ag dhéanamh úrnuighthe coitchianta, ionus gur bhfiú sibh dul ó sna neithe sin go léir atá te teacht, agus seasamh i láthair Mhic an Duine.

37 Agus bhíodh sé ag teagasg sa teampul gach lá; agus d'imthigheadh sé amach agus thugadh sé an oidhche ar an sliabh ar a dtugtar Olibhet. 38 Agus thagadh na daoine go léir go moch ar maidin isteach sa teampul chun bheith ag éisteacht leis.

## CAIBID XXII.

### Feall Iúdáis. An suipéar deirineach. An chéad chuid de thuairisig na Páise.

[1] Agus bhí féile an Aráin gan giost i n-
achmaireacht, ar a dtugtar an Cháisg. [2]
Agus bhí uachtaráin na sagart agus na
Sgríbhneóirí ag cuimhneamh ar conus a
thiocfaidís ar Íosa chur chun bháis; ach bhí
eagla na ndaoine ortha. [3] Ach do chuaidh
Sátan isteach i n-Iúdás, ar a dtugtí Iscariót,
duine de'n dáréag. [4] Agus d'imthigh sé agus
do labhair sé le h-uachtaráin na sagart agus
leis na giúistísíbh, ar conus a dhéanfadh sé
é thabhairt suas dóibh. [5] Agus bhí áthas
ortha, agus dheineadar margadh leis go
dtabharfaidís airgead dó. [6] Agus dhein sé an
margadh leó, agus bhí sé ag faire go
bhfaghadh sé caoi ar é thabhairt suas dóibh
nuair ná beadh na daoine ann.

[7] Agus tháinig lá an aráin gan giost, nuair
ba cheart an t-uan cásga do mharbhú. [8]
Agus chuir sé uaidh Peadar agus Eóin, agus
dubhairt sé leó: Téighidh agus
ollamhuighidh an cháisg dúinn go n-itheam
é. [9] Agus dubhradar-san: Canad is toil leat
go n-ollamhóchaimís é? [10] Agus dubhairt sé
leó: Féach, nuair a raghaidh sibh isteach sa
chathair, buailfidh duine umaibh agus
árthach uisge aige d'á iompar; leanaidh é go
dtí an tigh go raghaidh sé isteach ann; [11]
Agus abraidh le fear an tighe sin, Deir an
Máighistir leat: Cá bhfuil an seómra bídh
go n-ithead an cháisg i bhfochair mo
dheisgiobul? [12] Agus taisbeánfaidh sé
dhaoibh seómra mór agus é curtha i dtreó,
agus deinidh an t-ollamhú ansan. [13] Agus
d'imthigheadar agus fuaradar gach nídh
mar a dubhairt sé leó agus
d'ollamhuigheadar an cháisg.

[14] Agus nuair a tháinig an t-am do shuidh
sé, agus an dáréag Aspol i n-a fhochair; [15]
Agus dubhairt sé leó: Ba mhór é mo mhian
an cháisg seo dh'ithe 'nbhur bhfochair
roimh fhulang dom; [16] Óir deirim libh ná h-
íosfad é feasda go dtí go gcómhlionfar é i
rígheacht Dé. [17] Agus thóg sé an chailís
agus do ghaibh sé buidheachas agus
dubhairt: Glacaidh agus rainnidh
eadraibh; [18] Óir deirim libh ná h-ólfad de
thoradh na fíneamhna go dtagaidh
righeacht Dé. [19] Agus thóg sé arán agus
ghaibh sé buidhchas agus do bhris sé é agus
thug sé dhóibh é agus dubhairt sé: 'Sé mo
chorp é seo, a tugtar ar bhúr son; deinidh
an nídh seo mar chuimhneamh orm. [20]
Agus mar an gcéadna an chailís, tar éis
suipéir, agus dubhairt sé: An chailís í seo an
tiomna nua am' chuid fola, a doirtfar ar
bhúr son.

[21] Ach féach, tá lámh an t-é a dhíolfaidh
mé ar an mbórd am' theannta. [22] Is fíos go
bhfuil Mac an Duine ag imtheacht, fé mar
atá ceapaithe, ach is léanmhar do'n t-é sin
tré n-a mbrathfar é. [23] Agus chromadar-san
ar a fhiafraighe eatartha féin cé'cu dhíobh
a bhí chun san do dhéanamh.

[24] Agus bhí tnúth eatartha, leis, féachaint
cé'cu dhíobh ba chuibhe bheith i n-
uachtar. [25] Agus dubhairt sé leó: Gabhaid
ríghthe na ngeinte forlámhas ortha, agus
tugtar daoine foghanta ar na daoine go
mbíonn cómhacht acu. [26] Ní mar sin
daoibh-se ámhthach; ach an t-é is mó
oraibh bíodh sé mar an t-é is óige, agus an
fear cinn riain i n'fhear friothálmha. [27] Óir
cé'cu is mó, an t-é atá 'n-a shuidhe nó an t-
é atá agh friothalamh? Nach é an t-é atá 'n-
a shuidhe? Ach táim-se i nbhúr measg ar
nós an t-é a dheineann friothalamh. [28] Agus
is sibh-se do lean am' fhochair-se am'
chathaíbh. [29] Agus tugaim-se dhaoibh-se
rígheacht, fé mar a thug m'Athair dómh-
sa; [30] Sibh a bheith ag ithe agus ag ól as mo
bhórd, am' rígheacht, agus i nbhúr suidhe
ar chathaoireachaibh ríoga ag tabhairt
breithe ar dhá threibh déag Israéil.

[31] Agus dubhairt an Tighearna: A
Shimóin, a Shimóin, féach, tá Sátan ag bhúr

dtí chun sibh a chriathradh mar a déanfaí cruithneacht do chriathradh; 32 Ach do dheineas-sa guidhe ar do shon ionus ná caillfeadh ar do chreideamh. Agus ar ball, nuair a chasfair, neartuigh do bhráithre. 33 Agus dubhairt seisean leis: A Thighearna, táim ollamh ar dhul leat-sa chun príosúin agus chun báis. 34 Ach dubhairt seisean: Deirim leat, a Pheadair, ná glaoidhfidh an coileach indiu go séanair-se trí h-uaire aon aithne bheith agat orm. Agus dubhairt sé leó:

35 Nuair a chuireas uaim sibh gan sparán gan mála gan bróga, an raibh aon nídh i n-easnamh oraibh? 36 Agus dubhradar: Ní raibh. Agus dubhairt sé leó: Ach anois, an t-é 'go bhfuil sparán aige beireadh sé leis é; agus mar an gcéadna mála, agus an t-é ná fuil, díoladh sé a bhrat agus ceannuigheadh sé claidheamh. 37 Óir deirim libh nách foláir an méid seo fós atá sgríobhtha do chómlíonadh ionam-sa: Agus do luadhadh é le cuirptheachaibh: óir, na neithe a bhaineann liom, tá deire leó. 38 Agus dubhradar-san leis: Féach, a Thighearna, dhá chlaidheamh anso. Agus dubhairt sé leó: Ní bheag san.

39 Agus chuaidh sé amach, agus chuaid sé, mar ba ghnáth, go Cnoc na n-Olachrann. Agus do lean a dheisgiobuil é. 40 Agus nuair a tháinig sé chun na h-áite dubhairt sé leó: Deinidh úrnuighthe sar a dtuitfeadh sibh i gcathaíbh. 41 Agus d'imthigh sé féin uatha tímpal faid urchair cloiche, agus tháinig sé ar a ghlúinibh ag guidhe, 42 Agus dubhairt sé: A Athair, má's toil leat é, beir uaim an chailís seo: ach cheana, ná deintear mo thoil-se ach deintear do thoil-se. 43 Agus do taisbeánadh dó aingeal ó neamh ag cur misnigh air. Agus bhí sé i n-anaithe dhian agus ag guidhe go cruaidh. 44 Agus bhí allus air a bhí 'n-a bhraonachaibh fola ag tuitim chun tailimh. 45 Agus nuair a dh'eirigh sé ó'n nguidhe agus tháinig sé chun a dheisgiobul fuair sé iad 'n-a gcodla tré bhrón. 46 Agus dubhairt sé leó: Cad chuige dhaoibh bheith i nbhúr gcodla? Eirighidh agus deinidh úrnuighthe sar a raghadh sibh i gcathaíbh.

47 An fhaid a bhí sé ag caint, féach, tháinig sluagh, agus an t-é ar a dtugtí Iúdás, duine de'n dáréag, rómpa amach, agus tháinig sé chun Íosa chun póige thabhairt dó. 48 Agus dubhairt Íosa: A Iúdáis, an le póig a deineann tú Mac an Duine do brath? 49 Agus nuair a chonaic an mhuintir a bhí i n'aice cad a bhí ag teacht dubhradar: An mbuailfimíd le claidheamh, a Thighearna? 50 Agus do bhuail duine acu seirbhíseach an árd-shagairt agus bhain sé an chluas dheas de. 51 Agus d'fhreagair Íosa agus dubhairt: Fanaidh go fóil; agus chuir sé a lámh ar chluais an duine agus do leighis sé é. 52 Agus dubhairt Íosa leis an muintir a tháinig chuige, uachtaráin na sagart agus giúistísí an teampail agus na seanóirí: An chun beirthe ar bhitheamhnach a thánabhair amach le claidhmhtibh agus le cleathachaibh? 53 Bhíos agaibh gach aon lá sa teampul agus níor shíneabhair lámh chúgham; ach sidé bhúr dtráth, agus cómhacht an dorchadais.

54 Agus do ghabhadar é, agus do rugadar leó é go tigh an árd-shagairt; agus do lean Peadar iad, abhfad siar. 55 Agus nuair a lasadh teine i lár an halla, agus bhíodar 'n-a suidhe 'n-a tímpal, bhí Peadar 'n-a measg. 56 Agus chonaic cailín aimsire é 'n-a shuidhe sa tsolus, agus d'fhéach sí go dlúth air, agus dubhairt sí: Bhí sé seo leis i n'fhochair siúd. 57 Agus do shéan seisean é, agus dubhairt sé: A bhean, ní'l aon aithne agam air. 58 Agus i gcionn tamaill bhig chonaic duine eile é, agus dubhairt sé: Is díobh rúd tusa leis. Agus dubhairt Peadar: A dhuine, ní díobh. 59 Agus i gcionn tímpal uair a' chluig 'n-a dhiaidh san dubhairt duine eile: Go deimhin bhí sé seo 'n-a

theannta súd, mar is Gaililíach é. 60 Agus dubhairt Peadar: A dhuine, ní h-eól dom cad ’tá agat d’á rádh. Agus láithreach, le linn an fhocail a rádh dhó, do ghlaoidh an coileach. 61 Agus d’iompuigh an Tighearna agus d’fhéach sé ar Pheadar. Agus chuimhnigh Peadar ar an bhfocal adubhairt an Tighearna: Sar a nglaoidhfidh an coileach séanfir-se mise trí h-uaire. 62 Agus d’imthigh Peadar amach agus do ghoil sé go dubhach.

63 Agus na fir go raibh Íosa gabhtha acu, bhíodar ag déanamh magaidh faoi agus ’ghá bhualadh. 64 Agus dheineadar a aghaidh do chlúdach agus é bhualadh, agus deiridís: Targair dúinn, cé h-é an t-é a bhuail tu? 65 Agus deiridís a lán neithe eile leis ag tabhairt masla dhó.

66 Agus nuair tháinig an lá do shuidh uachtaráin na sagart agus seanóirí an phobuil agus na Shgríbhneóirí i gcómhairle, agus thugadar eisean isteach sa cómhairle, agus dubhradar: Innis dúinn an tusa Críost. 67 Agus dubhairt sé leó: Má ínnsim daoibh é ní chreidfidh sibh mé; 68 Agus má cheistíghim sibh ní fhreagróchaidh sibh mé, ’ná ní leigfidh sibh uaibh mé. 69 Ach ó’n dtráth so amach beidh Mac an Duine ’n-a shuidhe ar deasláimh cómhachta Dé. 70 Ansan dubhradar go léir: D’á bhrígh sin an tusa Mac Dé? Agus dubhairt sé: Deirthí-se gur mé. 71 Agus dubhradar-san: Cad is gádh dhúinn a thuille fiadhnuise? Óir d’airigheamair as a bhéal féin é.

## CAIBID XXIII.

### Tuairisg na Páise ar leanmhaint.

1 Agus d’eirigheadar go léir agus do rugadar ag triall ar Phílát é. 2 Agus chromadar ar neithe do chur ’n-a leith, agus deiridís: Fuaramair é seo ag cur na ndaoine ar a n-aimhleas, agus ag cosg cíosa do thabhairt do Chaesar, agus ’ghá rádh gur b’é Críost an rí é. 3 Agus do chuir Pílát ceist chuige agus dubhairt sé: An tusa rí na n-Iúdach? Agus dubhairt seisean ’ghá fhreagradh: Deirir é.

4 Agus dubhairt Pílát le h-uachtaráin na sagart agus leis an sluagh: Ní bhfaighim aon choir sa duine seo. 5 Ach do ghéaruigh ortha-san agus dubhradar: Tá sé ag buaireamh na ndaoine, ag teagasg ar fuid Iúdaéa go léir, ag tusnú ó Ghaililí go dtí an áit seo. 6 Nuair a d’airigh Pílát Gaililí d’fhiafraigh sé ar Ghaililíach an duine. 7 Agus nuair a thuig sé gur le cómhacht Héróid a bhain sé, chuir sé ag triall ar Héród é, mar bhí Héród i n-Ierúsalem na laethanta san.

8 Agus nuair a chonaic Héród Íosa bhí áthas ana-mhór air, óir bhí sé abhfad ag súil le h-é d’fheisgint, mar bhí sé tar éis a lán d’aireachtaint ’n-a thaobh, agus bhí súil aige go bhfeicfeadh sé mírbhúilt mhór éigin aige ’á dhéanamh. 9 Agus dhein sé a lán cainte ’ghá cheistiú. Ach níor thug seisean aon fhreagra air. 10 Agus sheasamh uachtaráin na sagart agus na Sgríbhneóirí agus iad coitchianta ag cur ’n-a leith. 11 Agus thug Héród agus a lucht airm tarcuisne dhó, agus chuir sé éadach bán air, chun magaidh, agus chuir sé thar n-ais ag triall ar Phílát é. 12 Agus tháinig caradas an lá san idir Phílát agus Héród, mar, namhaid ab eadh iad d’á céile roimis sin.

13 Agus do chruinnigh Pílát uachtaráin na sagart agus maithe an phobuil agus na daoine. 14 Agus dubhairt sé leó: Thugabhair chúgham an duine seo mar go raibh sé ag cur na ndaoine ar aimhleas, agus féach, do cheistigheas os bhúr gcómhair é agus ní bhfuaras ciontach i n-aon nídh é de sna neithibh atá agaibh ’á chur ’n-a leith. 15 Agus ní lúgha ’ná mar a fuair Héród; mar do chuireas ag triall air sibh, agus féach níor deineadh aon nídh leis ba chómhionan le

bás. 16 Smachtóchad é agus leigfead chun
siubhail é.

17 Ach bhí air aoinne amháin do leigint
saor chúcha mar gheall ar lá na féile. 18 Ach
do liúigh an pobul go léir agus dubhradar:
Tóg uainn é seo agus sgaoil chúghainn
Barabbas, 19 Fear a bhí istigh le marbhú
duine agus mar gheall an cheannairc a
deineadh sa chathair. 20 Ach do labhair Pílát
leó airís a d'iarraidh Íosa do leigint saor. 21
Agus is amhlaidh a liúghadar níos aoirde:
Dein é chéasadh; dein é chéasadh. 22 Agus
dubhairt seisean leó an trímhadh h-
uair: Agus cad é an t-olc atá déanta aige? Ní
bhfaighim aon choir bháis ann;
smachtóchad é, d'á bhrígh sin, agus
leigfead chun siubhail é. 23 Ach do
leanadar-san ag liúirigh do ghuthanaibh
árda go ndéanfaí é chéasadh, agus do
bhuaidh a nguthana. 24 Agus thug Pílát mar
bhreith an nídh a bhí uatha do
dhéanamh. 25 Agus do leig sé saor chúcha
an fear a dh'iarradar, an fear a bhí istigh le
marbhú duine agus le ceannairc; agus thug
sé Íosa dhóibh chun a dtoile dh'imirt air.

26 Agus nuair a bhíodar 'ghá bhreith leó
do rugadar ar dhuine ó Chíréné dár
bh'ainim Símón, agus é ag teacht isteach
ó'n dtuaith, agus chuireadar an chros ar a
mhuin chun í dh'iompar i ndiaidh Íosa.

27 Agus bhí mórán daoine 'ghá
leanmhaint, agus mná, agus iad ag gol agus
ag caoi mar gheall air. 28 Agus d'iompuigh
Íosa ortha agus dubhairt sé leó: A mhná
Ierúsaleim, ná bhídhidh ag gol mar gheall
orm-sa, ach bhídhidh ag gol ar bhúr son
féin agus as son bhúr gclainne. 29 Óir
tiocfaid na laethanta 'n-a ndéarfar, Is
aoibhinn do sna h-aimridibh, agus do sna
broinníbh nár rug clann, agus do sna
cíochaibh nár thál bainne. 30 An uair sin
cromfaid daoine ar a rádh leis na sléibhtibh,
Tuitidh anuas orainn; agus leis na
cnocaibh, Clúdaighidh sinn. 31 Óir má
dheinid siad na neithe seo sa n-adhmad
ghlas, cad a déanfar sa n-adhmad chríon?

32 Agus bhí bheirt eile, beirt mhéirleach,
d'á mbreith i n-aonfheacht leis chun iad do
chur chun bháis.

33 Agus nuair a bhíodar tagaithe chun na
h-áite ar a dtugtar Áit an chloiginn do
chéasadar ansan é, agus an bheirt
bhitheamhnach, duine, acu ar a láimh dheis
agus an duine eile ar a láimh chlé. 34 Agus
dubhairt Íosa: A Athair, maith dhóibh; óir
ní fios dóibh cad 'tá acu 'á dhéanamh. Agus
do rainneadar a bhaill éadaigh, 'ghá gcur ar
chrannaibh.

35 Agus bhí na daoine 'n-a seasamh ag
féachaint air, agus bhí na h-uachtaráin ag
magadh faoi leó, agus deiridís: D'fhóir sé ar
dhaoinibh eile, fóireadh sé air féin, má 'sé
an Críost é a toghadh ó Dhia. 36 Agus bhí
na saighidiúirí ag déanamh magaidh faoi, ag
teacht agus ag tabhairt fínéigre dhó, 37 Agus
deiridís: Má's tú rí na n-Iúdach saor tú
féin. 38 Agus bhí sgríbhinn sgríobhtha os a
chionn i litreachaibh Gréigise agus Laidne
agus Eabhra: RÍ NA N-IÚDACh É SEO.

39 Agus thug duine de'n bheirt
bhitheamhnach a bhí ar crochadh masla
dó, agus deireadh sé: Má's tú Críost dein tu
féin agus sinne do shaoradh. 40 Ach do
fhreagair an fear eile é ag milleán air, agus
dubhairt sé: An amhlaidh ná fuil eagla Dé
ort agus tú fé'n ndaor-bhreith chéadna? 41
Sinne ámhthach, le ceart, mar do tugadh
dúinn an rud a bhi tuillte againn; ach níor
dhein an duine seo aon droch-nídh. 42
Ansan dubhairt sé le h-Íosa: A Thighearna,
nuair a thiocfair ad rígheacht cuimhnigh
orm-sa. 43 Agus dubhairt Íosa leis: Deirim,
leat go fíos go mbeidh tú i bhflathas Dé
indiu am' fhochair-se.

44 Ansan bhí sé tímpal na sémhadh h-
uaire, agus tháinig doircheacht ar an
ndomhan go léir go dtí an naomhadh h-
uair. 45 Agus do doirchigheadh an ghrian;

agus do stracadh brat an teampail tré n-a lár. [46] Agus dubhairt Íosa, do ghuth árd: A Athair, cuirim mo spioraid isteach ad' lámhaibh. Agus ag rád na bhfocal san dó, d'éag sé.

[47] Agus nuair a chonaic an taoiseach céad cad a thárla thug sé glóire do Dhia, agus dubhairt sé: Fíoraon ab eadh an duine seo gan amhras. [48] Agus an tsluagh go léir daoine a bhí ann ag féachaint ar an radharc san, agus do chonaic na neithe a thuit amach, thánadar thar n-ais agus iad ag bualadh a n-ucht. [49] Agus a lucht aithne go léir, agus na mná do lean é ó Ghaililí, do sheasuigheadar abhfad amach, ag féachaint ar na neithe sin.

[50] Agus féach, fear dár bh'ainim Ióseph, agus de'n chómhairle ab eadh é, fear fóghanta fíoraonta; [51] Níor thoiligh sé leis an gcómhairle 'ná le n-a ngníomhartha; ó Arimatéa b'eadh é, cathair i n-Iúdaéa; agus bhí sé ag súil le rígheacht Dé: [52] Tháinig sé sin ag triall ag Pílát, agus d'iarr sé corp Íosa air. [53] Agus thóg sé anuas é, agus d'fhill sé i línéadach é, Agus chuir sé i dtuama é a bhí gearrtha i gcaraig, agus nár cuireadh aoinne ann go dtí san, [54] Agus bhí lá an ollamhuighthe ann, agus bhí an tsabbóid ag teacht.

[55] Agus tháinig na mná a lean é ó Ghaililí agus chonacadar an tuama agus conus mar a bhí an corp curtha ann. [56] Agus d'fhilleadar agus d'ollamhuigheadar spíosra agus oíle, agus ansan do ghlacadar a suaimhneas i gcaitheamh na sabbóide, do réir na h-aithne.

## CAIBID XXIV.

### Aiseiríghe Chríost, agus conus mar a thug sé é féin le feisgint d'á dheisgiobulaibh.

[1] Ach an chéad lá de'n tseachtmhain, go h-ana-mhoch ar maidin, thánadar go dtí an tuama agus thugadar leó an spíosra a bhí ollamh acu. [2] Agus fuaradar an chloch iompuighthe siar ó'n dtuama. [3] Agus chuadar isteach agus ní bhfuaradar corp an Tighearna Íosa. [4] Agus do thárla, nuair a bhí an alltacht ortha mar gheall air sin, go raibh, féach, beirt fhear 'n-a seasamh 'n-a n-aice agus éadach lonnrach ortha. [5] Agus tháinig eagal ortha, agus chromadar a n-agaidh chun an tailimh, agus dubhradar-san leó: Cad chuige dhaoibh bheith ag lorg an bheó ameasg na marbh? [6] Ní'l sé anso, ach tá sé tar éis eirighthe; cuimhnighidh conus a labhair sé libh agus é fós i nGaililí, [7] Nuair adubhairt sé: Ní foláir Mac an Duine do thabhairt i láimh na bpeacach, agus é chéasadh, agus é dh'eirighe an trímhadh lá. [8] Agus do chuimhnigheadar ar an gcaint a dubhairt sé. [9] Agus d'fhilleadar ó'n dtuama, agus d'innseadar na neithe sin go léir don aoinne déag féin agus do'n chuid eile go léir. [10] Agus isí Máire Mhagdelén, agus Ióanna agus Máire Iacóib, agus na mná eile a bhí 'n-a bhfochair, a d'innis na neithe sin do sna h-Aspolaibh. [11] Agus do samhlúigheadh dóibh ná raibh sa chaint sin ach caint gan chiall agus níor thugadar aon chreideamhaint di. [12] Ach d'eirigh Peadar agus do rith sé chun an tuama, agus nuair a chrom sé ní fheacaidh sé ach na h-éadaighe lín ann, agus d'imthigh sé agus é ag déanamh iongna d'á raibh tuitithe amach.

[13] Agus féach, bhí beirt acu-san ag imtheacht an lá céadna ag dul go dtí baile a bhí trí fichid stad ó Ierúsalem, agus Emmaus ainim an bhaile. [14] Agus bhíodar ag caint eatartha féin ar na neithe sin go léir a bhí tuitithe amach. [15] Agus do thárla, agus iad ag cómhrádh agus ag tagairt eatartha féin, go dtáinig Íosa chúcha agus gur shiubhluigh sé le n-a gcois; [16] Agus do coimeádadh a súile gan é dh'aithint. [17] Agus dubhairt sé leó: Cad í an chaint seo ar siúbhal agaibh eadraibh, ar an slígh, agus

sibh buartha? [18] Agus d'fhreagair duine acu é dár bh' ainim Cleophas, agus dubhairt sé: An tusa an t-aoinne amháin iasachta atá i n-Ierúsalem nách eól dó na neithe a deineadh ann ins na laethantaibh seo? [19] Agus dubhairt sé leó: Cad iad na neithe? Agus dubhradar: I dcaobh Íosa Nasareit a bhí i n-a fháidh, cómhachtach i ngníomh agus i mbriathar i láthair Dé agus daoine, [20] Agus conus mar a dhein na h-árdshagairt agus ár n-uaisle é bhrath agus é dhaoradh chun báis, agus é chéasadh. [21] Ach bhí súil againne go raibh sé chun Israéil a d'fhuasgailt, agus n-a theannta san a's uile sidé an trímhadh lá ó thuit na neithe sin amach. [22] Agus bhí mná linn ag an dtuama roimh sholus an lae, agus chuireadar sgannradh orainn, [23] Agus ní bhfuaradar an corp, agus thánadar agus dubhradar go bhfeacadar aingil adeir go bhfuil sé beó. [24] Agus d'imthigh daoine uainn go dtí an tuama agus fuaradar neithe mar adubhairt na mná, ach ní bhfuaradar é féin. [25] Agus dubhairt sé féin leó: Ó, a dhaoine dalla dúr-chroídheacha chun gach nídh adubhairt na fáidhe do chreideamhaint. [26] Ná raibh ar Chríost na neithe sin d'fhulang agus teacht ar an gcuma san isteach 'n-a ghlóire? [27] Agus thusnuigh sé le Maois agus do nocht sé dhóibh brígh na bhfáidh go léir ins gach nídh a bhí sgríobhtha 'n-a thaobh féin.

[28] Agus bhíodar tagaithe chun an bhaile go rabhadar ag dul ann, agus do leig seisean air go raibh sé ag dul níos sia. [29] Agus dheineadar tathant air, agus dubhradar: Fan againne, mar tá sé n-a thráthnóna agus tá an lá caithte cheana féin. Agus chuaidh sé leó isteach. [30] Agus do thárla, an fhaid a bhí sé ag caitheamh bídh 'n-a bhfochair, gur thóg sé arán, agus gur bheannuigh sé é agus gur bhris sé é, agus gur thug sé dhóibh é. [31] Ansan do h-osgaladh a súile agus d'aithnigheadar é, agus d'imthigh sé as a radharc. [32] Agus dubhradar le chéile: Ná raibh ár gcroidhe ar lasadh ionainn nuair a bhí sé ag caint linn agus ag nochtadh bríghe an scriptiúra dhúinn? [33] Agus d'eirigheadar láithreach agus thánadar thar n-ais go Ierúsalem; agus fuaradar an t-aoinne déag i bhfochair a chéile, agus a raibh i n-aonfheacht leó, [34] Agus: Tá an Tighearna eirighthe go deimhin, agus thaisbeáin sé é féin do Shímón, ar siad. [35] Agus d'innseadar féin cad a bhí d'éis tuitim amach ar an slígh, agus conus mar a dh'aithnigheadar é i mbriseadh an aráin.

[36] Agus an fhaid a bhiodar ag caint mar sin, do sheasaimh Íosa 'n-a measg agus dubhairt sé leó: Síothcháin daoibh. Is mise atá ann; ná bíodh eagal oraibh. [37] Ach bhí buaireamh ortha, agus sgannradh, mar do mheasadar gur spioraid a chonacadar. [38] Agus dubhairt sé leó: Cad chuige dhaoibh an t-eagla bheith oraibh, agus smuínte bheith ag eirighe i nbhúr gcroidhe? [39] Féachaidh mo lámha agus mo chosa, gur mé féin atá ann; cuiridh bhúr lámha orm agus feicidh; ní'l feóil agus cnámha ag spioraid mar a chíonn sibh atá agam-sa. [40] Agus nuair a dubhairt sé an méid sin thaisbeáin sé dhóibh a lámha agus a chosa. [41] Agus nuair ná creidfidís fós, ach iad ag déanamh iongna tré mhéid a n-áthais, dubhairt sé: An bhfuil anso agaibh aon nídh a dh'íosfí? [42] Agus thugadar chuige blúire d'iasg rósta agus criathar meala. [43] Agus nuair a bhí ithte aige os a gcómhair thóg sé an fuighleach agus thug sé dhóibh é.

[44] Agus dubhairt sé leó: Sidiad na focail a labhras libh nuair a bhíos fós i nbhúr measg, nách foláir gach nídh do chómhlíonadh d'á bhfuil sgríobhtha orm-sa i ndlígh Mhaoise agus ins na fáidhibh agus ins na salmaibh. [45] Ansan d'osgail sé a n-aigne dhóibh i dtreó go dtuigfidís an scriptiúir. [46] Agus dubhairt leó: Sin mar atá sgríobhtha, agus sin mar nár bhfoláir do

Chríost fulang, agus aiseirighe ó-s na mairbh an trímhadh lá, [47] Agus go bhfógrófaí i n' ainim, tré sna geinte go léir, ag tusnú ó Ierúsalem, aithrighe agus maitheamhnachas peacaí. [48] Agus is fínnithe sibh-se ar na neithe sin. [49] Agus táim-se ag cur geallamhna m'Athar chúghaibh; ach fanaidh-se sa chathair go dtí go gcurfar umaibh cómhacht ó neamh.

[50] Agus do rug sé leis amach iad go Betania, agus thóg sé a dhá láimh os a gcionn agus chuir sé a bheannacht ortha. [51] Agus le linn a bheannacht do chur ortha dhó, do dhruid sé uatha, agus do tógadh suas ins na flathais é. [52] Agus dheineadar-san Dia d'adhradh agus thánadar thar n-ais go Ierúsalem agus áthas mór ortha. [53] Agus bhídís coitchianta sa teampul ag moladh Dé agus 'ghá adhradh. Amen.

# Eóin

## CAIBID I.

**Diadhacht Críost agus a Incholnadh. Fiadhnaise á dhéanamh ag Eóin air. Críost ag tosnú ar a dheisgiobuil do ghlaodhach.**

1 I dtusach do bhí an Briathar, agus bhí
an Briathar i bhfochair Dé, agus Dia ad
eadh an Briathar. 2 Do bhí so i dtusach i
bhfochair Dé. 3 Is tríd a deineadh an uile
nídh, agus gan é níor deineadh aon nídh
d'ár deineadh. 4 Is ann á bhí beatha, agus
b'é solus na ndaoine an bheatha. 5 Agus
taithneann an solus sa dorchadas, agus níor
ghlac an dorchadas é.

6 Bhí fear a cuireadh ó Dhia, agus Eóin
ab ainim dó. 7 Tháinig sé sin chun
fiadhnaise, ionus go ndéanfadh sé
fiadhnaise i dtaobh an tsoluis, ionus go
gcreidfeadh gach aoinne tríd. 8 Níor bh'é an
solus é, ach chun fiadhnaise dhéanamh i
dtaobh an tsoluis. 9 Dob' é sin an solus fíor
a shoillsigheann gach duine d'á dtagann ar
an saoghal so. 10 Bhí sé ar an saoghal, agus
is tríd a deineadh an saoghal, agus níor
aithin an saoghal é. 11 Is chun a choda féin
a tháinig sé, agus níor ghlac a mhuintir féin
é. 12 Ach an méid a ghlac é thug sé dhóibh
go ndéanfaí clann Dé dhóibh, an mhuintir
a chreideann i n-a ainim. 13 Nác a' folaibh,
ná a' toil na colna, ná ó thoil fir, a
shíolradar, ach ó Dhia.

14 Agus do dhein feóil de'n Bhriathar,
agus do chómhnuigh i n-ár measg, agus
chonacamair a ghlóire mar ghlóire Aon
Mhic an Athar, lán de ghrásta agus
d'fhírinne. 15 Tugann Eóin fiadhnaise 'n-a
thaobh, agus labhrann sé os árd agus deir
sé: B'é seo an t-é ar a ndubhart: An t-é atá
le teacht am' dhiaidh do cuireadh rómham
é, óir bhí sé rómham. 16 Agus as a
líonmhaire iseadh ghlacamairne go léir,
agus grásta ar ghrásta. 17 Óir do tugadh an
dlígh tré Mhaois, agus do deineadh grásta
agus fírinne tré Íosa Críost. 18 Ní fheacaidh
aoinne riamh Dia; an t-Aon Mhac atá i n-
ucht an Athar isé dh'aithris.

19 Agus sidé fiadhnaise Eóin, nuair a
chuir na Iúdaig ag triall air ó Ierúsalem
sagairt agus lebhíteacha chun a fhiafraighe
dhe, Cé h-é thusa? 20 Agus d'adhmhuigh sé,
agus níor shéan sé; agus d'adhmhuigh sé:
Ní mise Críost. 21 Agus d'fhiafraigheadar
de: Cad eile má 'seadh? An tu Elias? Agus
dubhairt sé: Ní mé. An tu an fáidh? 22 Agus
dubhairt sé: Ní mé. Dubhradar leis, d'á
bhrígh sin: Cé h-é thu, ionus go
mbéarfaimís freagra ag triall ar an muintir a
chuir anso sinn? 23 Cad deirir ad' thaobh
féin? Dubhairt sé: Guth duine iseadh mé ag
glaodhach sa bhfásach, Deinidh slígh an
Tighearna do dhíriú; mar adubhairt Isáias
fáidh. 24 Agus de sna Fairisínigh ab eadh na
teachtairí. 25 Agus do cheistigheadar é, agus
dubhradar leis: Cad chuige go ndeineann tú
baisteadh mura tu Críost ná Elias, ná an
fáidh? 26 D'fhreagair Eóin iad agus dubhairt
sé leó: Deinim-se baisteadh i n-uisge, ach
tá 'n-a sheasamh i nbhúr measg duine nách
aithin daoibh-se. 27 Siné an t-é atá ag teacht
am' dhiaidh-se agus go bhfuil tusach aige
orm, agus nách fiú mise go ndéanfainn iall
a bhróige do sgaoileadh. 28 Do thárla na
neithe sin i mBetánia lastall de'n Iórdan,
mar a raibh Eóin ag baisteadh na ndaoine.

29 An lá 'n-a dhiaidh san do chonaic Eóin
Íosa ar teacht fá n-a dhéin, agus dubhairt
sé: Féach Uan Dé, féach an t-é a thógann

peacadh an domhain. 30 Sidé an t-é ar a
ndubhart: Tá fear ag teacht am' dhiaidh,
agus do luadhadh rómham é, óir do bhí sé
rómham; 31 Agus níor aithingheas-sa é, ach
ionus go dtaisbeánfaí d'Israél é, uime sin
iseadh do thánag-sa ag déanamh baiste i n-
uisge.

32 Agus do thug Eóin fiadhnaise uaidh
agus dubhairt: Do chonac an Spioraid
Naomh ag teacht anuas ó neamh i riocht
colúir, agus do stad sé air. 33 Agus níor
aithnigheas-sa é, ach an t-é a chuir mé ag
déanamh baiste i n-uisge dubhairt sé liom:
An t-é go bhfeicfir an Spioraid ag túirling
air agus ag fanmhaint air, siné an t-é a
dheineann baisteadh sa Spioraid Naomh. 34
Agus do chonac; agus thugas fiadhnaise
gur b'é Mac Dé é seo.

35 An lá 'n-a dhiaidh san airís bhí Eóin
'n-a stad, agus beirt d'á dheisgiobuil, 36
Agus bhí sé ag féachaint ar Íosa ag siubhal,
agus dubhairt sé: Féach Uan Dé. 37 Agus
d'airigh an bheirt deisgiobul é ag rádh na
cainte, agus do Leanadar Íosa. 38 Agus
d'iompuigh Íosa, agus chonaic sé iad 'ghá
leanmhaint, agus dubhairt sé leó: Cad 'tá
uaibh? Agus dubhradar leis: A Rabbí (sé sin
le rádh, a Mháighistir), cá gcómhuigheann
tú? 39 Agus dubhairt sé leó: Tagaidh agus
feicidh. Agus thánadar agus chonacadar cár
chómhnuigh sé, agus d'fhanadar i
n'fhochair an lá san; agus bhí sé tímpal an
deichmhadh h-uair.

40 Agus duine de'n bheirt a bhí ag
éisteacht le h-Eóin agus do lean Íosa ab
eadh Aindrias, driotháir Shímóin ar ar
tugadh Peadar. 41 Do fuair sé sin ar dtúis a
dhriotháir féin, Símón, agus dubhairt sé
leis; do fuaramair an Messias (sé sin le rádh,
an Críost). 42 Agus thug sé leis é ag triall ar
Íosa. Agus d'fhéach Íosa air, agus dubhairt
sé: Tusa Símón mac Ióna. Tabharfar ort
Céphas (eadhon Peadar).

43 Ba mhian leis dul, lár n-a mháireach,
go Gaililí, agus do fuair sé Pilib; agus
dubhairt Íosa leis; lean mise. 44 Agus ó
Bhetsaida, ó chathair Aindriais agus
Pheadair, ab eadh Pilib. 45 Agus do fuair
Pilib Natanaél agus dubhairt sé leis: An t-é
úd ar ar sgríbh Maois sa dlígh, agus na
fáidhe, do fuaramair é, Íosa mac Ióseph ó
Nasaret. 46 Agus dubhairt Natanaél: An
féidir aon nídh fóghanta theacht ó Nasaret?
Deir Pilib leis, Tar agus feic. 47 Agus
chonaic Íosa Natanaél, agus dubhairt sé:
Sin Israél-íteach fírinneach ná fuil feall
ann. 48 Agus dubhairt Natanaél: Conus
aithnigheann tú mé? Dubhairt Íosa leis 'ghá
fhreagradh: Sar ar ghlaoidh Pilib ort, nuair
a bhís fé'n gcrann fíge, do chonac tu. 49
D'fhreagair Natanaél agus dubhairt sé: A
Mháighistir, is tusa Mac Dé, is tusa rí
Israéil. 50 D'fhreagair Íosa agus dubhairt:
Toisg mé 'gha rádh leat: Bhíos ag féachaint
ort agus tú fé'n gcrann fíge, creideann tú.
Chífir neithe is mó 'ná san. 51 Agus dubhairt
sé leis: Go deimhin deimhin adeirim libh,
chífidh sibh na flaithis ar osgailt, agus aingil
Dé ag dul suas agus ag teacht anuas ar
Mhac an Duine.

## CAIBID II.

### Uisge á atharú i n'fhíon ag Críost. Na díoltóirí á dtiomáint aige amach as an dteampul.

1 Agus an trímhadh lá bhí pósadh d'á
dhéanamh i gCána, sa Ghaililí, agus bhí
máthair Íosa ann. 2 Agus bhí cuireadh
fághalta ag Íosa, leis, agus agá dheisgiobuil,
chun na baineise. 3 Agus do chuaidh d'á
gcuid fíona agus dubhairt máthair Íosa leis:
Ní'l aon fhíon acu. 4 Agus dubhairt Íosa léi:
Cad é sin dómh-sa agus duit-se sin, á
bhean? Níor tháinig m'aimsir-se fós. 5 Agus
dubhairt an mháthair leis na seirbhísigh: Pé
rud a déarfaidh sé libh a dhéanamh,

deinidh é. 6 Agus bhí sa n-áit sé dabhacha cloiche, a cuireadh ann chun lámh do nighe, do réir nóis na n-Iúdach; agus do raghadh dó nó trí mheadraibh ins gach dabhach díobh. 7 Dubhairt Íosa leó: Líonaidh na dabhacha d'uisge. Agus do líonadar iad go bara. 8 Agus dubhairt Íosa leó: Tarraingidh anois é agus beiridh ag triall ar an bhfear tighis é. Agus do rugadar. 9 Agus nuair a bhlais an fear tighis an t-uisge agus é i n'fhíon, agus gan a fhios aige cá dtáinig sé (ach a fhios ag an lucht friothálmha do tharraing an t-uisge), do ghlaoidh sé ar an bhfear nua-phósta, 10 Agus dubhairt sé leis: Cuireann gach aoinne an fíon fóghanta an bórd ar dtúis, agus ansan, nuair a bhíonn cuid mhaith ólta ag daoine, an fíon ná bíonn chómh maith. Ách do choimeádais-se an fíon fóghanta go dtí so. 11 Dhein Íosa an tusnú san ar a mhírbhúiltíbh i gCána na Gaililí, agus do thaisbeáin sé a chómhacht, agus do chreid a dheisgiobuil ann. 12 Ansan do chuaidh sé síos go Capharnaum, é féin agus a mháthair agus a bhráithre agus a deisgiobuil, agus d'fhanadar ann beagán laethanta.

13 Agus bhí cáisg na n-Iúdach i n-achmaireacht, agus chuaidh Íosa suas go Ierúsalem. 14 Agus fuair sé sa teampul daoine agus ba acu 'á dhíol, agus caoire, agus colúir, agus lucht airgid do shóinseáil 'n-a suidhe ann. 15 Agus dhein sé mar bheadh sgiúirse de théadaibh caola, agus chomáin sé iad go léir amach as an dteampul, agus na caoire agus na ba, agus do sgaip sé an t-airgead ar an lucht sóinseála, agus do leag sé na búird ortha. 16 Agus dubhairt sé leis an muintir a bhí ag díol na gcolúr: Tógaidh na neithe sin as so, agus ná bídhidh ag déanamh tighe margaidh de tigh m'Athar. 17 Ansan do chuimhnigh a deisgiobuil ar an nídh atá sgríobhtha: Tá díogras do thíghe a'm ithe.

18 Agus d'fhreagair na Iúdaigh agus dubhradar: Cad é an cómhartha a thaisbeánann tú dhúinn, fá a ndeineann tú na neithe seo? 19 D'fhreagair Íosa agus dubhairt sé leó: Leagaidh ar lár an teampal so, agus cuirfead suas é i n-aon trí lá amháin. 20 Agus dubhairt na Iúdaigh: Sé bliana agus dachad a bhítheas ag cur an teampail seo suas, agus cuirfir-se suas é i n-aon trí lá amháin? 21 Ach is ar theampul a chuirp féin a dubhairt seisean an chaint. 22 Agus nuair a d'eirigh sé ós na mairbh do chuimhnigh a dheisgiobuil ar conus mar a dubhairt sé an chaint sin, agus chreideadar an scriptiúir agus an chaint adubhairt Íosa.

23 Agus nuair a bhí sé i n-Ierúsalem sa cháisg, lá na féile, do chreid a lán daoine i n-a ainim nuair a chonacadar na mírbhúiltí a bhí aige 'á dhéanamh. 24 Ach níor thug Íosa é féin ar iontaoíbh dóibh, toisg eólus a bheith aige ar an uile dhuine, 25 Agus toisg gan aon ghádh bheith aige le teistiméireacht ó aoinne ar aon duine; óir dob' eól dó féin cad a bhí sa duine.

## Caibid III.

### Caint Chríost le Nicodémus. Fiadhnaise Eóin.

1 Agus bhí duine de sna Fairisíneachaibh dár bh'ainim Nicodémus, agus priúnsa de sna Iúdaigh ab eadh é. 2 Tháinig an duine sin ag triall ar Íosa sa n-oidhche, agus dubhairt sé leis: A Rabbí, is eól dúinn gur ó Dhia a tháinís ad' oide, mar ní fhéadfadh aon duine na mírbhúiltí a dheineann tusa do dhéanamh gan Dia bheith leis. 3 Dubhairt Íosa leis 'ghá fhreagradh: Go deimhin deimhin adeirim leat, mura mbéarfar duine an tarna h-uair, ní féidir dó rígheacht Dé a d'fheisgint. 4 Dubhairt Nicodémus leis: Conus ab féidir go mbéarfaí duine agus é 'n-a sheanduine? An amhlaidh fhéadfadh sé dul isteach airís i

mbroinn a mháthar agus teacht ar an saoghal an tarna h-uair? 5 Dubhairt Íosa ’ghá fhreagradh: Go deimhin adeirim leat, mura n-aithgheintear duine ó uisge agus ó’n Spioraid Naomh, ní féidir é dhul isteach i rígheacht Dé. 6 An nídh a geintear ó’n bhfeóil is feóil é, agus an nídh a geintear ó’n Spioraid is spioraid é. 7 Ná dein iongna dhe go ndubhart leat: Ní foláir sibh a bhreith an tarna h-uair. Gluaiseann an Spioraid pé treó is áil leis. 8 Cloiseann tú a ghuth, ach ní h-eól duit cá dtagann sé na cá ngabhann sé. Sin mar atá ag gach duine a geintear o’n Spioraid. 9 D’fhreagair Nicodémus agus dubhairt sé: Conus is féidir na neithe sin a bheith amhlaidh? 10 Dubhairt Íosa leis ’ghá fhreagradh: Is oide i n-Israél tusa, agus ní h-eól duit na neithe sin?

11 Go deimhin deimhin adeirim leat, an nídh atá ar eólus againn gur b’é adeirimíd, agus an nídh a chonacamair gur b’air a dheinimíd fiadhnaise, agus ní ghlacann sibh an bhfiadhnaise. 12 Má innseas neithe saoghalta dhaoibh agus ná creideann sibh mé, conus a chreidfidh sibh mé má innsim neithe neámhtha dhaoibh? 13 Agus níor chuaidh aoinne suas ar neamh ach an t-é a tháinig anuas ó neamh, Mac an Duine atá an neamh. 14 Agus fé mar a dhein Maois an t-athair nimhe do chur anáirde sa bhfásach, sin mar a chaithfar Mac an Duine do chur anáirde; 15 I dtreó, gach duine a chreidfidh ann, ná caillfí é, ach go mbeadh beatha shíoruidhe aige.

16 Óir do ghrádhuigh Dia an domhan chómh mór san gur thug sé a Aon Mhac féin uaidh, i dtreó, gach duine a chreidfeadh ann, na caillfí é, ach go mbeadh beatha shíoruidhe aige. 17 Mar ní chun go dtabharfadh sé breith ar an saoghal a chuir Dia a Mhac uaidh ar an saoghal, ach chun go ndéanfaí an saoghal do shaoradh tríd. 18 An t-é a chreideann ann, ní tugtar breith air; ach an t-é ná creideann, tá breith tabhartha air cheana féin, toisg nár chreid sé i n-ainim Mhic Dé, an t-Aon Ghein. 19 Agus sidí an breith, go dtáinig an solus ar an saoghal agus gur ghlac na daoine an doircheacht mar rogha roimis an solus, toisg a ngníomhartha bheith go h-olc. 20 Óir, gach aoinne a bhíonn ag déanamh an uilc bíonn fuath aige do’n tsolus, agus ní thagann sé chun an tsoluis le h-eagla go gcáinfí a ghniomhartha. 21 Ach an t-é a dheineann gníomh na fírinne tagann sé chun an tsoluis, i dtreó go dtaisbeánfaí a ghniomhartha, óir is i nDia a deineadh iad.

22 Ansan do thainig Íosa agus a dheisgiobuil isteach i dtalamh Iúdaéa agus bí sé ’n-a chómhnuighe ann mar aon leó agus ag déanamh baiste. 23 Agus bhí Eóin ag baisteadh na ndaoine i n-Aennon i n-aice Shalim, mar bhí cothrom uisge ann, agus thagadh na daoine ann agus do baistí iad. 24 Óir bhí Eóin fós gan cur isteach sa phríosún.

25 Agus d’eirigh aighneas idir dheisgiobuil le h-Eóin agus na Iúdaigh i dtaobh nígheacháin. 26 Agus thánadar ag triall ar Eóin agus dubhradar leis: A Rabbí, an t-é úd a bhí ad’ fhochair-se lastall de’n Iórdan agus gur dheinis fiadhnaise dhó, féach, tá sé sin ag déanamh baiste agus táid na daoine go léir ag dul ag triall air. 27 D’fhreagair Eóin agus dubhairt sé: Ní féidir do dhuine aon nídh do ghlacadh mura dtugtar dó é ó neamh. 28 Is fínnithe dhóm-sa sibh-se féin go ndubhart: Ní mise an Críost, ach is amhlaidh a cuireadh roimis amach mé. 29 An t-é go bhfuil an bhainchéile aige siné an céile; ach cara an chéile, atá ’n-a sheasamh ag éisteacht leis, glacann sé áthas mór ó ghuth an chéile. An t-áthas so d’a bhrígh sin atá orm-sa, tá sé iomlán. 30 Méadú is dual dó-san, luigheadú is dual dómh-sa.

[31] An t-é a tháinig anuas, tá sé os cionn chách. An t-é atá ó'n dtalamh, is ó'n dtalamh atá sé, agus is neithe talmhanta a labhrann sé; an t-é a tháinig ó neamh, tá sé os cionn gach aoinne. [32] Agus an nídh a chonaic sé agus d'airigh sé, déineann sé fiadhnaise air; agus ní ghlacann aoinne a fhiadhnaise. [33] An t-é a ghlac a fhiadhnaise tá urúdhas déanta aige ar Dhia bheith fíor. [34] Óir an t-é a chuir Dia uaidh labhrann sé bréithre Dé; mar ní do réir tómhais a thugann Dia an Spioraid uaidh. [35] Tá grádh ag an Athair do'n Mhac agus tá gach nídh tabhartha 'n-a láimh dó aige. [36] An t-é a chreideann sa Mhac tá an bheatha shíoruidhe aige; an t-é, ámhthach, a dhiúltuigheann do chreideamhaint sa Mhac ní fheicfidh sé an bheatha, ach tá fearg Dé socair air.

## CAIBID IV.

### Críost ag labhairt leis an mnaoí Shamaritánaigh. Mac an riaghaltóra á leigheas aige.

[1] Nuair a chonaic Íosa gur airigh na Fairisínigh go raibh níos mó deisgiobul ag Íosa 'á dhéanamh agus 'á bhaisteadh 'ná mar a bhí ag Eóin [2] (bíodh nár bh' é Íosa a bhí ag baisteadh ach a dheisgiobuil), [3] D'fhág sé Iúdaéa agus d'imthigh sé airís go Gaililí. [4] Agus nior bhfoláir dó gabháil tré Shamaria.

[5] Tháinig sé isteach go cathair i Samaria, gur bh' ainim dí Sichar, láimh leis an bhfearann a thug Iácób d'á mhac Ióseph. [6] Ansan iseadh bhí tobar Iácóib. Bhí Íosa tuirseach ó'n mbóthar agus do shuidh sé mar sin os cionn an tobair; tímpal an sémhadh h-uair ab eadh é. [7] Agus tháinig bean ó Shamaria a d'iarraidh uisge. [8] Dubhairt Íosa léi: Tabhair dhom deoch. Óir bhí a dheisgiobuil imthighthe isteach sa chathair ag ceannach bídh. [9] Agus dubhairt an bhean leis: Conus is féidir duit-se, agus gur Iúdach tu, deoch a d'iarraidh orm-sa, agus gur bean Shamaritánach mé? Ní dheinid Iúdaigh agus Samaritánaigh cómharsanacht eatartha féin. [10] D'fhreagair Íosa agus dubhairt sé léi: Dá mb'eól duit tabharthas Dé, agus cé h-é a deir leat, Tabhair dhom deoch, is dóigh gur tusa a dh'iarrfadh deoch air-sean, agus thabharfadh sé dhuit uisge beó. [11] Dubhairt an bhean leis: A uasail, ní'l nídh agat chun an uisge thógaint aníos, agus tá an tobar doimhinn; cá bhfuil an t-uisge beó le fághail agat? [12] An amhlaidh is mó thu 'ná ár n-athair Iácób a thug dúinn an tobar so, agus gur ól se féin as, agus a chlann, agus a áirnéis? [13] D'fhreagair Íosa agus dubhairt sé léi: An t-é a d'ólfaidh an t-uisge seo beidh tart airís air; ach an t-é a d'ólfaidh an t-uisge a thabharfad-sa dhó, ní bheidh tart go deó airís air; [14] Ach an t-uisge a thabharfad dó déanfaidh tobar uisge dhé istigh ann, ag fiaradh chun beatha síoruidhe. [15] Dubhairt an bhean leis: A Thighearna, tabhair dómh-sa an t-uisge sin, i dtreó ná beidh tart orm agus ná bead ag teacht anso a d'iarraidh uisge. [16] Dubhairt Íosa léi: Imthigh agus glaoidh ar t'fhear, agus fill anso. [17] D'fhreagair an bhean agus dubhairt sí: Ní'l aon fhear agam. Dubhairt Íosa léi: Dubhraís go maith é, Ní'l aon fhear agam; [18] Óir do bhí cúigear fear agat, agus an t-é atá anois agat ní h-é t'fhear-sa é. D'innsis an fhírinne sa méid sin. [19] Dubhairt an bhean leis: A uasail, chím gur fáidh tu. [20] Is ar an gcnoc so a dhein ar sínsear-ne Dia d'adhradh, agus dar libh-se is i n-Ierúsalem atá an áit 'n-ar ceart Dia d'adhradh. [21] Dubhairt Íosa léi: A bhean, creid-se uaim-se go bhfuil an t-am ag teacht nuair nách ar an gcnoc so ná i n-Ierúsalem a dhéanfaidh sibh an t-Athair a dh'adhradh. [22] Adhrann sibh-se an nídh nách eól daoibh. Adhraimíd-ne an nídh is

eól dúinn, óir is ó sna Iúdaigh atá an slánú. 23 Ach tig an uair, agus is anois é, 'n-a ndéanfaid na h-adhar-thóirí fírinneacha an t-Athair a dh'adhradh i spioraid agus i bhfírinne. 24 Spioraid iseadh Dia, agus an mhuintir a dh'adhrann é, is i spioraid agus i bhfírinne is ceart dóibh é dh'adhradh. 25 Dubhairt an bhean leis: Tá fhios agam go bhfuil an Messias ag teacht, an t-é ar a dtugtar Críost; agus nuair a thiocfaidh sé sin neósfaidh sé gach aon rud dúinn. 26 Dubhairt Íosa léi: Is mise é, atá ag caint leat.

27 Agus le n-a linn sin tháinig a dheisgiobuil agus bhí iongna ortha é bheith agh caint leis an mnaoi. Ní dubhairt aoinne, ámhthach, Cad tá uait? ná, Cad 'n-a thaobh duit bheith ag caint léi?

28 Agus d'fhág an bhean an t-árthach 'n-a diaidh, agus d'imthigh sí isteach sa chathair agus dubhairt si leis na daoine: 29 Tagaidh go bhfeicfidh sibh fear a dh'innis dómh-sa gach nídh d'ár dheineas; an féidir gur b'é an Críost é? 30 Agus do ghluaiseadar amach as an gcathair agus thánadar ag triall air. 31 Ach sa n-am gcéadna d'iarradar a dheisgiobuil air, agus dubhradar: A Máighistir, ith rud. 32 Agus dubhairt sé leó: Tá agam-sa le n-ithe bia nách eól daoíbh-se. 33 Agus dubhairt na deisgiobuil eatartha féin: An féidir gur thug aoinne rud le n-ithe chuige? 34 Dubhairt Íosa leó: Isé is bia dhómh-sa go ndéanfainn toil an t-é a chuir uaidh mé, agus go gcuirfinn a ghnó chun cinn. 35 Ná fuil, dar libh-se, an fóghmhar ag teacht i gceann cheithre mhí? Féach mé 'ghá rádh libh: Tógaidh bhúr súile agus féachaidh ar ná críochaibh, conus mar atáid siad geal cheana féin chun an fhóghmhair. 36 Agus an t-é a bhaineann an fóghmhar gheibheann sé a thuarasdal, agus cruinnigheann sé toradh, chun na beatha síoruidhe; ionus go bhfaghadh idir churadóir agus buanaidhe áthas i n-aonfheacht. 37 Óir is fíor sa nídh seo an radh, go gcuireann duine an síol agus go mbaineann duine eile an fóghmhar. 38 Chuireas-sa sibh-se uaim ag baint an fhóghmhair nár dheineabhair a shaothrú; daoine eile a dhein an saothrú, agus chuadh-abhair-se isteach 'n-a saothar.

39 Agus do chreid mórán de Shamaritánaigh na catharach san ann, mar gheall an chaint na mná ag tabhairt na fiadhnaise: D'innis sé dhom gach nídh d'ár dheineas. 40 Agus tháinig na Samaritánaigh ag triall air, agus d'iarradar air fanmhaint sa n-áit. Agus d'fhan sé ann dhá lá. 41 Agus do chreid mórán níba mhó dhíobh ann mar gheall an a chaint féin. 42 Agus deiridís leis an mnaoi: Ní mar gheall an do chaint-se a chreidimid anois; mar tá éistithe againn féin leis agus tá fhios againn gur b'é seo go fíor Slánuightheóir an domhain.

43 Ach tar é s dá lá d'fhág sé an áit agus d'imthigh sé go Gaililí. 44 Óir do thug Íosa féin fiadhnaise ná faghann fáidh onóir 'n-a dhúthaigh féin. 45 Agus nuair a tháinig sé go Gaililí do ghlac muintir na Gaililí é, mar bhíodar tar éis gach nídh a d'fheisgint d'ár dhein Íosa i n-Ierúsalem lá na féile, óir bhíodar tar éis teacht chun na féile.

46 Tháinig sé, d'á bhrígh sin, go Cána na Gaililí mar ar dhein sé fíon de'n uisge. Agus bhí taoiseach áirighthe ann go raibh a mhac breóite i gCapharnaum. 47 Nuair airigh sé sin Íosa bheith tagaithe ó Iúdaéa isteach i nGaililí d'imthigh sé ag triall air, agus bhí sé 'ghá iarraidh air dul síos agus a mhac do leigheas; óir bhí sé i bpúnc an bhais. 48 Agus dubhairt Íosa leis: Gan fearta agus mírbhúiltí a d'fheisgint ní chreideann sibh. 49 Ach dubhairt an taoiseach leis: A Thighearna, tar anuas san a bhfaghaidh mo mhac bás. 50 Dubhairt Íosa leis: Imthigh leat; tá do mhac beó. Do chreid an duine an focal adubhairt Íosa leis agus d'imthigh sé. 51 Agus nuair a bhí sé ar an slígh ag

gabhail síos do bhuail a sheirbhísigh uime agus d'innseadar dó go raibh a mhac beó. [52]
Agus d'fhiafraigh sé dhíobh cad é an uair a tháinig feabhas air. Agus dubhradar leis: Indé, ar an seachtmhadh h-uair iseadh dh'imthigh an t-éagcruas de. [53] Agus bhí fhios ag an athair gur le linn na h-uaire sin adubhairt Íosa leis, Tá do mhac beó; agus do chreid sé féinagus a theaghlach go léir.

[54] B'é sin airís an tarna gníomh mírbhúilteach a dein Íosa tar, éis teacht dó ó Iúdaéa isteach i nGaililí.

## CAIBID V.

**Críost ag leigheas, lá na Sabbóide, an duine a bhí gan sláinte ar feadh tríochad a h-ocht de bhlianaibh. An chaint a dhein sé an uair sin.**

[1] Tar éis na neithe sin do thárla lá féile ag na Iúdaigh, agus chuaidh Íosa suas go Ierúsalem. [2] Tá ag Ierúsalem loch ar a dtugtar Probatica, agus Betsaida a tugtar air sa teangain Eabhra, agus chúig cinn de sgáthanaibh i n'aice. [3] Agus bhíodh ionta san cruinniú mór de dhaoinibh laga, de dhallaibh, de bhacachaibh, de dhaoine crapaithe, agus iad ag feitheamh le coruighe an uisge. [4] Óir do thagadh aingeal an Tighearna anuas ar uairibh áirithe, sa loch, agus do cor-uightí an t-uisge. Agus an t-é ba thúisge bhíodh istigh sa loch tar éis choruighe an uisge, do leighistí é ó pé gearán a bhíodh air. [5] Ach bhí aon duine amháin ann agus bhí ocht mbliana déag ar fhichid caithte aige ann agus a ghearán air. [6]
Nuair a chonaic Íosa an duine sin 'n-a luighe, agus a fhios aige go raibh an aimsir fhada caithte aige ann, dubhairt sé leis: Ar mhaith leat go slánó-faí thu? [7] Agus dubhairt an duine breóite: A Thighearna, ní'l duine agam chun mé chur sa loch nuair a coruightear an t-uisge, agus an fhaid a bhím ag teacht bíonn duine eile istigh rómham. [8] Dubhairt Íosa leis: Eirigh, agus tóg suas do leabaidh agus siubhluigh. [9]
Agus do leighiseadh an duine sin láithreach, agus thóg sé a leabaidh agus do shiubhluigh sé. Agus bhí an tsabbóid ann an lá san.

[10] Agus dubhairt na Iúdaigh leis an nduine a leighiseadh: Tá an tsabbóid ann; ní ceaduighthe dhuit bheith ag iompar do leabtha. [11] D'fhreagair sé iad: An t-é do leighis mé dubhairt sé liom: Tóg suas do leabaidh agus siubhluigh. [12] Agus d'fhiafraigheadar de: Cé h-é an duine sin adubhairt leat: Tóg suasdo leabaidh agus siubhluigh? [13] Ach ní raibh fhios ag an t-é do leighiseadh cé 'r b'é. Óir do chuaidh Íosa i leith taoibh ó sna daoine a bhí cruinnighthe sa n-áit. [14] Do fuair Íosa 'n-a dhiaidh san é sa teampul agus dubhairt sé leis: Féach, táir leighiste; ná dein peacadh feasda sar a mbain-feadh rud éigin níosa mheasa dhuit. [15] D'imthigh an duine agus d'innis sé do sna Iúdaigh gur bh'é Íosa do leighis é. [16] D'á bhrígh sin bhí na Iúdaigh ag cur ar Íosa mar gheall ar na neithe sin a dhéanamh sa tsabbóid.

[17] Agus d'fhreagair Íosa iad: Oibrigheann m'Athair go dtí anois, agus oibrighim-se. [18]
Mar gheall air sin ba ró-mhian leis na Iúdaigh é chur chun báis, toisg nár bh'é amháin go raibh sé ag briseadh na sabbóide, ach 'n-a theannta san go raibh sé 'ghá rádh gur bh'é Dia a athair, 'ghá cur féin ar aon dul le Dia.

[19] Ach d'fhreagair Íosa agus dubhairt se leó: Go deimhin deimhin adeirim libh, ní féidir do'n Mhac aon nídh a dhéanamh ach an nídh a chíonn sé ag an Athair 'á dhéanamh; óir pé neithe a dheineann seisean deineann an Mac, leis, iad ar an gcuma gcéadna. [20] Óir is ionmhuin leis an Athair an Mac, agus nochtann se dhó gach nídh d'á ndeineann sé féin; agus nochtfaidh sé dhó oibreacha is mó 'ná iad so, i dtreó

go mbeidh iongna oraibh-se. [21] Óir, fé mar a thógann an t-Athair na mairbh agus dheineann sé beó iad, ar an gcuma gcéadna deineann an Mac beó an mhuintir is toil leis. [22] Óir ní bheireann an t-Athair breith ar aoinne, ach tá gach breith tabhartha aige do'n Mhac. [23] I dtreó go dtabharfadh gach aoinne onóir do'n Mhac, fé mar a thugaid siad onóir do'n Athair; an t-é ná tugann onóir do'n Mhac ní thugann sé onóir do'n Athair a chuir uaidh an Mac. [24] Go deimhin deimhin adeirim libh, an t-é a dh'éisteann le m'briathar-sa agus a creideann an t-é a chuir uaidh mé tá beatha shíoruidhe aige, agus ní thagann sé isteach sa bhreith, ach téigheann sé ó bás go beatha. [25] Go deimhin deimhin adeirim libh go dtig an uair, agus is anois é, i n-a n-aireóchaid na mairbh guth Mhic Dé, agus an mhuintir a dh'aireóchaidh beid siad beó. [26] Óir, fé mar atá beatha ag an Athair ann féin, ar an gcuma gcéadna do thug sé do'n Mhac beatha bheith aige ann féin. [27] Agus thug sé cómhacht dó chun breithe do dhéanamh, mar isé Mac an Duine é. [28] Ná déinidh iongna dhe seo, mar tá an uair ag teacht 'n-a n-aireóchaid a bhfuil ins na h-uaghnaibh guth Mhic Dé. [29] Agus tiocfaid lucht deagh-ghníomh amach go h-aiseirighe na beatha agus lucht droch-ghníomh go h-aiseirighe na breithe. [30] Ní fhéadaim-se aon nídh do dhéanamh uaim féin. Mar a chloisim iseadh thugaim breith; agus bíonn mo bhreith ceart, óir ní h-í mo thoil féin is áil liom, ach toil an t-é a chuir uaidh mé.

[31] Má thugaim-se fiadhnaise am thaobh féin ní'l m'fhiadhnaise fíor. [32] Tá neach eile a thugann fiadhnaise am' thaobh, agus is eól dom gur fíor an fhiadhnaise a thugann sé am' thaobh. [33] Chuireabhair-se ag triall ar Eóin, agus thug sé fiadhnaise ar an bhfirinne. [34] Ach ní ghlacaim-se fiadhnaise ó dhuine; ach deirim na neithe seo i dtreó go saorfaí sibh-se. [35] Lóchran ar lasadh agus ag taithneamh ab eadh é siúd, agus níor mhisde libh-se ar feadh tamaill áthas a dh'fhághail 'n-a sholus. [36] Ach tá agam-sa fiadhnaise is mó 'ná Eóin, óir, na h-oibreacha gur thug m'Athair dom iad le déanamh, na h-oibreacha san féin a dheinim, tugaid siad fiadhnaise am' thaobh gur b'é an t-Athair a chuir uaidh mé. [37] Agus an t-Athair féin a chuir mé uaidh do thug sé fiadhnaise am' thaobh. Agus níor chloiseabhair-se riamh a ghuth, ná ní fheacabhair a dhealbh. [38] Agus ní'l a bhriathar agaibh ag fanmhaint ionaibh, óir an t-é a chuir seisean uaidh ní thugann sibh-se creideamhaint dó. [39] Cuardaightear na scriptiúirí, óir is dóigh libh gur ionta atá beatha shíoruidhe le fagháil; agus isiad san a thugann fiadhnaise am' thaobh-sa. [40] Agus ní h-áil libh teacht chúgham i dtreó go mbeadh an bheatha agaibh. [41] Ní ghabhaim glóire ó dhaoine. [42] Ach tá aithne agam oraibh-se, ná fuil grádh Dé agaibh istigh ionaibh. [43] Do tháinag-sa i n-ainim m'Athar, agus ní ghlacann sibh mé: má thagann duine eile i n-a ainim féin glacfaidh sibh é. [44] Conus ab fhéidir go gcreidfeadh sibh-se agus gur ó n-a chéile a ghlacann sibh glóire, agus gan aon lorg agaibh ar an nglóire a thagann ó Dhia amháin? [45] Ná measaidh go bhfuilim-se chun sibh a ghearán leis an Athair; tá duine a dheineann gearán oraibh, eadhon, Maois, an t-é go bhfuil bhúr mainighín as. [46] Óir dá gcreideadh sibh Maois b'fhéidir go gcreidfeadh sibh mise; óir is orm-sa do sgríbh sé sin. [47] Ach mura gcreideann sibh a sgríbhinn sin, conus a chreidfidh sibh mo bhréithre-se?

## CAIBID VI.

### Bia á thabhairt ag Críost do chúig mhíle duine a' chúig bulógaibh. É ag siúbhal ar an bhfaraige. É ag labhairt ar arán na beatha.

1 Tar éis na neithe sin d'imthigh Íosa
treasna mara Ghaililí, 'sé sin Tiberias, 2
Agus do lean sluagh mhór daoine é, mar do
chonacadar na mírbhúiltí a bhí aige 'á
dhéanamh ar easlánaibh. 3 Agus d'imthigh
Íosa an cnoc suas agus do shuidh sé i
bhfochair a dheisgiobul. 4 Agus bhí an
Cháisg, lá féile na n-Iúdach, ana-achmair. 5
Nuair a dh'árduigh Íosa a shúile, agus nuair
a chonaic sé go raibh camtha mór daoine
tagaithe chuige, dubhairt sé le Pilib: Cá
gceannóchaimíd arán i dtreó go n-íosfid
siad so rud? 6 'Gha bhrath, ámhthach,
iseadh adubhairt sé an chaint sin, óir bhí
fhios aige féin cad a bhí beartuighthe aige a
dhéanamh. 7 D'fhreagair Pilib é: Ní bheadh
i luach dhá chéad pingin de bhulógaibh
oiread agus thabharfadh blúire beag do'n
duine acu. 8 Dubhairt duine dhá
dheisgiobuil leis, Aindrias, driotháir
Shímóin Peadar: 9 Tá buachaill anso agus tá
chúig bulóga eórnan aige agus dhá iasg; ach
cad é an fhaid le dul an méid sin ar oiread
daoine? 10 Ansan dubhairt Íosa: Cuiridh na
daoine 'n-a suidhe. Bhí mórán féir sa n-áit.
Shuidh na daoine síos, tímpal chúig mhíle
duine. 11 Ansan do thóg Íosa an t-arán agus
ghaibh sé buidheachas agus do rainn sé é ar
na daoine agus iad 'n-a suidhe, agus na h-
éisg ar an gcuma gcéadna, go rabhadar go
léir sásta. 12 Nuair a bhíodar lán-tsásta
dubhairt sé le n-a dheisgiobuil: Bailíghidh
an mion-arán atá fágtha, sar a raghadh sé
amú. 13 Do bhailígheadar, agus do líonadar
dhá chiseán déag de'n mhion-arán a bhí as
na chúig bulógaibh eórnan i ndiaidh na
ndaoine do chaith an bia. 14 Ansan, nuair a
chonaic na daoine sin gur dhein Íosa an
mhírbhúilt, dubhradar: Gan amhras isé an
fear so an fáidh atá le teacht sa domhan. 15
Nuair a bhí fhios ag Íosa, ámhthach, go
rabhadar chun teacht agus breith air agus rí
a dhéanamh de, d'imthigh sé uatha airís
fé'n gcnoc i n' aonar.

16 Agus nuair a bhí sé 'n-a thráthnóna do
chuaidh a dheisgiobuil síos chun na
faraige. 17 Agus chuadar ar bórd na luinge,
agus chuadar treasna na faraige go
Capharnaum; agus bhí an doircheacht ann
feasda, agus ní raibh Íosa tagaithe
chúcha. 18 Agus d'eirigh gaoth mhór, agus
bhí an fharaige ag eirighe árd. 19 Agus nuair
a bhí chúig stada fichid nó deich stada
fichid d'iomramh déanta acu do
chonacadar Íosa agus é ag siubhal ar an
bhfaraige, i n-aice na luinge, agus tháinig
sgannradh ortha. 20 Agus dubhairt sé leó:
Mise atá ann; ná bíodh eagal oraibh. 21
Ansan dob' áil leó é theacht chúcha isteach
sa luing, agus láithreach, bhí an long ag an
dtír go rabhadar ag dul ann.

22 Amáireach a bhí chúgainn do chonaic
an tsluagh daoine a bhí 'n-a seasamh ar an
dtaobh eile de'n fharaige ná raibh aon long
eile ann ach an t-aon long amháin agus ná
deaghaidh Íosa i n aonfheacht le n-a
dheisgiobuil sa luing sin, agus nár imthigh
inti ach a dheisgiobuil amháin; 23 Tháinig,
ámhthach, loingeas eile ó Thiberias i n-aice
na h-áite 'n-ar h-itheadh an t-arán, nuair a
ghaibh an Tighearna buidheachas; 24 Agus
nuair a chonaic an tsluagh ná raibh Íosa ná
a dheisgiobuil sa n-áit, chuadar ar bórd na
long agus thánadar go Capharnaum ag lorg
Íosa. 25 Agus nuair a fuaradar é lastall de'n
fharaige dubhradar leis: A Mháighistir,
conus a tháinís chun na h-áite seo? 26
D'fhreagair Íosa iad agus dubhairt sé: Go
deimhin deimhin adeirim libh, táthaoí a'm
lorg-sa, agus ní mar gheall ar na
mírbhúiltíbh a chonacabhair é, ach mar
gheall ar na bulógaibh a dh'itheabhair agus
do shásaimh sibh.

27 Ná saothruighidh an bia a théigheann ar neamhnídh, ach saothruighidh an bia marthanach a thugann beatha shíoruidhe, an bia a thabharfaidh Mac an Duine dhaoibh. Óir is air sin a chuir Dia, an t-Athair, séala. 28 Ansan dubhradar leis: Cad tá le déanamh againn ionus go ndéanfaimís obair Dé? 29 D'fhreagair Íosa agus dubhairt sé leó: Sidí obair Dé, go gcreidfeadh sibh san t-é a chuir Dia uaidh. 30 Agus dubhradar leis: Má 'seadh cad é an cómhartha atá agat-sa dh'á dhéanamh, ionus go bhfeicfimís é agus go gcreidfimís ionat? Cad 'tá agat dh'á oibriú? 31 D'ith ár n-aithreacha manna sa bhfásach, mar atá sgríobhtha: Thug sé arán ó neamh dóibh le n-ithe. 32 Ansan dubhairt Íosa leó: Go deimhin deimhin adeirim libh, ní h-é Maois a thug arán ó neamh daoibh, ach isé m' Athair-se a thugann dhaoibh an t-arán fírinneach ó neamh. 33 Óir isé arán Dé an t-arán a thagann anuas ó neamh agus a thugann beatha do'n domhan.

34 Agus dubhradar leis: A Thighearna, tabhair dúinn an t-arán san i gcómhnuighe. 35 Ansan dubhairt Íosa leó: Mise arán na beatha; an t-é a thiocfaidh chúgham-sa ní bheidh ocras air; agus an t-é a chreidfidh ionam-sa ní bheidh tart air choidhche. 36 Ach dubhart libh go bhfeacabhair mé agus ná creideann sibh. 37 Gach nídh d'á bhfuil tabhartha dhómh-sa ag m' Athair tiocfaidh sé chúgham, agus an t-é a thiocfaidh chúgham ní chaithfead amach é. 38 Óir ní chun mo thoile féin a dhéanamh a thánag anuas ó neamh, ach chun go ndéanfainn toil an t-é a chuir uaidh mé. 39 Agus sidé toil an Athar a chuir uaidh mise, ná leigfinn aon nídh dh'ár thug sé dhom a chailleamhaint, ach go ndéanfainn é thógáil suas an lá déanach. 40 Agus sidé toil m' Athar, a chuir uaidh me, gach duine a chionn an Mac agus a chreideann ann, an bheatha shíoruidhe bheith aige agus déanfad-sa é thógáil suas an lá déanach.

41 Agus bhí na Iúdaigh ag gluaireán 'n-a choinnibh toisg go ndubhairt sé: Is mise an t-arán beó a tháinig anuas ó neamh, 42 Agus dubhradar: Nách é seo Íosa mac Ióseph go bhfuil aithne againn ar a athair agus ar a mháthair? Conus, d'á bhrígh sin, is féidir dó so a rádh, Do thánag anuas ó neamh? 43 Ansan d'fhreagair Íosa iad agus dubhairt sé leó: Ná bídhidh ag gluaireán eadraibh féin: 44 Ní fhéadfaidh aoinne teacht chúgham-sa gan an t-Athair a chuir uaidh mé 'ghá tharang chúgham, agus déanfad-sa é thógáil suas an lá déanach. 45 Tá sgríobhtha ins na fáidhibh: Agus beid siad go léir d'á dteagasg ag Dia. Gach duine a chlois ó'n Athair agus d' fhoghluim, tagann sé chúgham-sa. 46 Ní h-é go bhfeacaidh aoinne an t-Athair ach an t-é atá ó Dhia, do chonaic sé sin an t-Athair. 47 Go deimhin deimhin adeirim libh, An t-é a creideann ionam-sa tá an bheatha shíoruidhe aige. 48 Is mise arán na beatha. 49 D'ith bhúr n-aithreacha an manna sa bhfásach, agus fuaradar bás. 50 Sidé an t-arán a táinig anuas ó neamh, i dtreó má itheann aoinne é ná faghaidh sé bás. 51 Is mise an t-arán beó a tháinig anuas ó neamh. 52 Má itheann aon duine an t-arán so, mairfidh sé ar feadh na síoruidheachta; agus an t-arán a thabharfad-sa uaim isé mo chuid feóla féin é chun beatha an domhain.

53 Ansan bhí na Iúdaigh ag aighneas eatartha féin, agus deiridís: Conus is féidir dó so a chuid feóla féin a thabhairt le n-ithe dhúinn?

54 Agus dubhairt Íosa leó: Go deimhin deimhin adeirim libh, mura n-ithidh sibh feóil Mhic an Duine agus mura n-ólaidh sibh a chuid fola ní bheidh beatha agaibh ionaibh. 55 An t-é a d'itheann mo chuid feóla-sa agus a dh'ólann mo chuid fola, tá beatha shíoruidhe aige, agus déanfad-sa é

thógáil suas an lá déanach. [56] Óir is bia go fíor mo chuid feóla, agus is deoch go fíor mo chuid fola. [57] An t-é a dh'itheann mo chuid feóla agus a dh'ólann mo chuid fola, cómhnuigheann sé ionam-sa agus cómhnuighim-se ann. [58] Fé mar a chuir an t-Athair atá beó mise uaidh agus go bhfuilim-se beó ó'n Athair, mar an gcéadna an t-é a dh'itheann mise, beidh sé beó de m'bárr-sa.

[59] Sidé an t-arán a tháinig anuas ó neamh. Ní h-ionan agus mar a dh'ith bhur n-aithreacha manna, agus go bhfuilid siad marbh. An t-é a dh'itheann an t-arán so mairfidh sé ar feadh na síoruidheachta.

[60] Dubhairt sé an chaint sin i gCapharnaum agus é ag teagasg sa tsinagóig. [61] Agus a lán d'á dheisgiobuil, nuair airigheadar an chaint, dubhradar: Is cruaidh an chaint í sin, agus cé fhéadfadh éisteacht léi? [62] Agus do thuig Íosa ann féin go raibh a dheisgiobuil ag gluaireán mar gheall ar an nídh sin, agus dubhairt sé leó: An dtugann an méid sin sgannal daoibh? [63] Ach má fheiceann sibh Mac an Duine ag dul suas mar a raibh sé an dtúis? [64] Isé an spioraid a dheineann beódhadh. Ní dheineann an fheóil tairbhthe ar bith. Na focail atá ráidhte agam libh, spioraid agus beatha iseadh iad. [65] Ach tá cuid agaibh-se ná creideann. Óir bhí fhios ag Íosa ó thusach cé'r bh'iad nár chreid, agus cé dhéanfadh é dhíol.

[66] Agus dubhairt sé: Uime sin iseadh adubhart libh na féadfadh aoinne teacht chúgham mura mbeadh tabhartha ag m'Athair dó teacht. [67] Ansan do tharraing a lán d'á dheisgiobuil siar, agus níor shiubhladar leis a thuille. [68] Dubhairt Íosa d'á bhrígh sin leis an dáréag: An maith libh-se, leis, imtheacht? [69] Agus d'fhreagair Símón Peadar é: A Thighearna, cé chuige go raghaimíd? Is agat-sa atáid bréithre na beatha síoruidhe. [70] Agus creidimíd-ne agus tá fhios againn gur tu Críost Mac Dé. [71] D'fhreagair Íosa iad: Nár dheinear-sa an dáréag agaibh do thoghadh? [72] Agus tá duine agaibh 'n-a dhiabhal. Agus is ar Iúdás, mac Shímóin, Iscariót, a bhí sé ag caint. Óir isé sin a bhí chun é dhíol, agus gur dhuine de'n dáréag é.

## Caibid VII.

**Téigheann Críost suas chun féile na dtabarnacul: tugann sé teagasg uaidh sa teampul.**

[1] I n-a dhiaidh san do shiubhluigheadh Íosa sa Ghaililí, óir níor bh'áil leis siubhal i nIúdhaéa toisg na Iúdaigh a bheith a d'iarraidh é chur chun báis. [2] Agus bhí féile na n-Iúdach, féile na dtabarnacul, i n-achmaireacht. [3] Agus dubhairt a bhráithre féin leis: Fág an áit seo agus eirigh isteach i n-Iúdaéa i dtreó go bhfeicfid do dheisgiobuil féin na gníomhartha a dheineann tú. [4] Óir ní dheineann aoinne aon nídh a gan fhios agus é a d'iarraidh é féin a bheith puibilidhe; má deineann tú na neithe seo taisbeáin tu féin do'n domhan. [5] Mar níor chreid a bhráithre féin ann. [6] Agus dubhairt Íosa leó: Níor tháinig mo thráth-sa fós; ach tá bhúr dtráth-sa ollamh i gcómhnuighe. [7] Ní féidir do'n tsaoghal fuath a thabhairt daoibh-se; tá fuath aige dhómh-sa, ámh, mar tá fiadhnaise agam 'á dhéanamh 'n-a thaobh go bhfuil a ghníomhartha go h-olc. [8] Téighidh-se suas chun na féile seo, ach ní'lim-se ag dul suas chun na féile seo, mar ní'l m'aimsir tagaithe fós. [9] Nuair adubhairt sé an méid sin d'fhan sé féin i nGaililí. [10] Ach nuair a bhí a bhráithre imthighthe suas, ansan do chuaidh sé féin suas chun na féile, ach níor bh'ós árd é, ach amháin fé cheilt ar shlígh.

[11] Agus bhí na Iúdaigh 'ghá lorg, lá na féile, agus deiridís: Cá bhfuil sé siúd? [12] Agus bhí gluaireán mór ameasg na ndaoine

mar gheall air. Cuid acu 'ghá rádh, Duine
fóghanta iseadh é. Tuille acu 'ghá rádh, Ní
h-eadh, ach ag mealladh an phobuil iseadh
atá sé. 13 Níor labhair aoinne amach 'n-a
thaobh ámh, toisg eagla na n-Iúdach a
bheith ortha.

14 Ach tímpal meadhon lae na féile
chuaidh Íosa suas isteach sa teampul agus
bhí sé ag teagasg.

15 Agus bhí na Iúdaigh ag déanamh
iongna dhe, agus deiridís: Cá bhfuair sé seo
an léigheann a bheith aige, agus nár
fhoghluim sé é? 16 D'fhreagair Íosa iad agus
dubhairt sé: An teagasg so a thugaim-se, ní
liom é, ach leis an t-é a chuir uaidh mé. 17
Má's mian le duine a thoil sin do dhéanamh
aithneócaidh sé i dtaobh an teagaisg, an ó
Dhia é, nó an uaim féin atáim ag caint. 18
An t-é a labhrann uaidh féin, a ghlóire féin
a loirgeann sé; ach an t-é a loirgeann glóire
an t-é a chuir uaidh é, tá sé sin fírinneach
agus ní'l éagcóir ann. 19 Nár thug Maois an
dlígh dhaoibh-se, agus ní chómhlíonann
aoinne agaibh an dlígh? 20 Cad chuige
dhaoibh bheith a d'iarraidh mé chur chun
báis? D'fhreagair an tsluagh agus
dubhradar: Deamhan atá ionat; cia 'tá a
d'iarraidh thú chur chun báis? 21
D'fhreagair Íosa agus dubhairt sé leó:
Dheineas aon obair amháin, agus tá iongna
oraibh go léir. 22 Uime sin thug Maois an
tímpal-ghearradh daoibh (ní gur ó Mhaois
é, ach ó sna h-aithreachaibh), agus
deineann sibh tímpal-ghearradh ar dhuine
sa tsabbóid. 23 Má dheineann sibh tímpal-
ghearradh sa tsabbóid i dtreó ná curfí dlígh
Mhaoise ar neamhnídh, an bhfuil fearg
agaibh chúgham-sa mar gheall air gur
dheineas an duine ar fad do leigheas sa
tsabbóid? 24 Ná tugaidh breith do réir mar
a chítear, ach tugaidh breith cheart.

25 Agus dubhairt cuid de mhuintir
Ierúsaleim: Nác é seo an t-é go bhfuilid siad
a d'iarraidh é chur chun báis? 26 Agus féach
tá sé ag caint go puibilidhe, agus ní deirid
siad aon nídh leis. An bhfuil a fhios go fíor
ag na h-uachtaráin gur b'é seo Críost? 27
Ach tá aithne againn air seo, cá dtáinig sé;
ach Críost, nuair a thiocfaidh sé, ní h-eól
d'aoinne cá h-áit gurab as é. 28 Ansan do
labhair Íosa do ghuth árd, agus é ag teagasg
sa teampul, agus dubhairt sé: Tá aithne
agaibh orm-sa agus is eol daoibh cár ab as
mé; agus ní uaim féin a thánag; ach tá an t-
é a chuir uaidh mé fíor, agus ni'l aithne
agaibh-se air. 29 Tá aithne agam-sa air, mar
is uaidh mé, agus isé féin a chuir uaidh
mé. 30 Ansan bhíodar a d'iarraidh beirthe
air, ach níor chuir aoinne lámh ann mar ní
raibh a thráth tagaithe fós.

31 Do chreid a lán de'n tsluagh ann, ámh,
agus deiridís: Nuair a thiocfaidh Críost an
ndéanfaidh sé níos mó mírbhúiltí 'ná mar a
dheineann an duine seo?

32 D'airigh na Fairisínigh an tsluagh ag
cur 's ag cúiteamh n-a thaobh ar an gcuma
san, agus chuir na h-uachtaráin agus na
Fairisínigh oificeacha chun beirthe air. 33
Agus dubhairt Íosa leó: Táim agaibh fós
tamall beag aimsire; agus táim ag imtheacht
ag triall ar an t-é a chuir uaidh mé. 34 Beidh
sibh a'm lorg, agus ní bhfaghaidh sibh mé;
agus an áit 'n-a bhfuilim-se, ní féidir
daoibh-se teacht ann. 35 Agus dubhairt na
Iúdaigh eatartha féin: Cá bhfuil sé seo ag
dul agus ná faighmíd é? An ag triall ar an
muintir atá sgaipithe ameasg na ngeinte atá
sé ag dul, chun na ngeinte theagasg? 36 Cad
í an chaint seo adubhairt sé: Loirgeóchaidh
sibh mé agus ní bhfaghaidh sibh mé, agus
an áit 'n-a bhfuilim-se ní féidir daoibh-se
teacht ann?

37 Agus an lá deirineach, an lá mór
d'aimsir na féile, bí Íosa 'n-a sheasamh agus
é ag labhairt go h-árd, agus deireadh sé: Má
tá tart ar aoinne, tagadh sé chugham-sa
agus óladh sé. 38 An t-é a chreideann
ionam-sa, mar adubhairt an Sgríbhinn:

Ruithfidh as a bhroinn sruthana uisge
beó. 39 Agus do labhair sé an chaint sin ar
an Spioraid a bhí le glacadh ag an muintir a
chreidfeadh ann; óir bhí an Spioraid gan
tabhairt fós, mar bhí Íosa gan dul isteach
'n-a ghlóire fós. 40 Dubhairt daoine de'n
tsluagh, ámh, nuair a dh'airigheadar an
chaint sin uaidh: Isé seo an Fáidh gan
amhras. 41 Dubhairt tuille acu: Isé an Críost
é seo. Agus dubhairt raint acu: An ó
Ghaililí atá Críost ag teacht? 42 Ná deir an
Sgríbhinn gur de shíol Dáibhid, agus ó
bhaile Bhetleheim, mar a raibh Dáibhid, atá
Críost ag teacht? 43 Agus d'eirigh aighneas
sa tsluagh mar gheall air. 44 Agus ba mhian
le cuid acu breith air; ach níor chuir aoinne
lámh air.

45 Ansan tháinig na h-oificeacha ag triall
ar na h-árdshagairt agus ar na Fairisínigh
agus dubhradar-san leó: Cad 'n-a thaobh
nár thugabhair libh é? 46 Agus dubhairt na
h-oificeacha leó: Níor labhair aon duine
riamh mar a labhrann an duine seo. 47 Agus
d'fhreagair na Fairisínigh: Ní h-éidir go
bhfuiltí-se meallta, leis? 48 An dóigh go
gcreideann aoinne de sna h-uachtaránaibh
nó de sna Fairisínigh ann? 49 Ach an tsluagh
so ná fuil eólus ar an ndlígh acu, tá mallacht
ortha. 50 Dubhairt Nicodémus leó, an fear
úd a tháinig chuige sa n-oidhche, mar duine
acu ab eadh é: 51 An dtugann ár ndlígh-ne
breith ar dhuine gan a dh'aireachtaint ar
dtúis uaidh féin, agus a dh'aithint cad a
dheineann sé? 52 D'fhreagradar agus
dubhradar leis: An amhlaidh is Gaililiach
tusa leis? Cuardaigh an Sríbhinn, agus chífir
ná h-eirigheann fáidh a' Gaililí.

53 Ansan chuaidh gach aoinne acu
abhaile chun a thighe féin.

## CAIBID VIII.

**An bhean a fuaradh ag déanamh adhaltranais. Críost á dheimhniú gur ceart a theagasg.**

1 Ansan do chuaidh Íosa amach go cnoc
Olibhet. 2 Agus tháinig sé isteach sa
teampul airís go moch ar maidin, agus
tháinig na daoine go léir ag triall air agus do
shuidh sé agus bhí sé 'ghá dteagasg.

3 Agus thug na Sgríbhneóirí agus na
Fairisínigh leó bean gur rugadh uirthi i n-
adhaltranas, agus chuireadar 'n-a seasamh i
láthair í, 4 Agus dubhradar leis: A
Mháighistir, do rugadh ar an mnaoi seo
anois agus í ag déanamh adhaltranais. 5
Agus tá órduighthe ag Maois dúinn sa dlígh
a leithéid seo do chur chun báis le gabháil
do chlochaibh inti. Cad deirir-se? 6 Ach
'ghá thriail iseadh a dubhradar an chaint sin
le h-ionachus go bhféadfaidís rud éigin a
chur 'n-a leith. Agus do chrom Íosa síos
agus bhí sé ag sgrí le n-a mhéir ar an
dtalamh. 7 Agus do leanadar ag cur na ceiste
chuige. Ansan d'eirigh sé suas agus
dubhairt sé leó: An duine agaibh atá gan
pheaca caitheadh sé an chéad chloch léi. 8
Agus do chrom sé síos airís agus bhí sé ag
sgrí ar an dtalamh. 9 Nuair a dh'airigheadar
an focal d'imthigheadar 'n-a nduine 's 'n-a
nduine, na seanóirí ar dtúis; agus do fágadh
Íosa i n' aonar agus an bhean 'n-a seasamh
i láthair. 10 Ansan d'eirigh Íosa suas, agus
dubhairt sé leis an mnaoi: A bhean, cá
bhfuil na daoine a bhí ag cur ad' leith? An
amhlaidh nár dhaor aoinne thu? 11 Agus
dubhairt sí: Níor dhaor, a Thighearna.
Agus dubhairt Íosa: Ní dhaorfad-sa thu ach
chómh beag. Imthigh, agus as so amach ná
dein an peaca airís.

12 Agus ansan do labhair Íosa airís agus
dubhairt sé: Mise solus an domhain; an t-é
a leanfaidh mé ní shiubhlóchaidh sé sa
doircheacht, ach beidh aige solus na
beatha. 13 Agus dubhairt na Fairisínigh leis:

Taoí-se ag déanamh fiadhnaise ort féin;
Ní'l t'fhiadhnaise fírinneach. 14 D'fhreagair
Íosa agus dubhairt sé leó: Bíodh go
bhfuilim-se ag déanamh fiadhnaise orm
féin tá m'fhiadhnaise fírinneach, óir is eól
dom cá dtánag agus cá bhfuilim ag dul; ach
ní h-eól daoibh-se cá dtánag ná cá bhfuilim
ag dul. 15 Tugann sibh-se breith do réir na
feóla; ní thugaim-se breith ar aoinne. 16
Agus má bheirimh-se breith, tá mo bhreith
fíor, óir ní h-am' aonar atáim, ach mé féin
agus an t-é a chuir uaidh mé, an t-Athair. 17
Agus tá sgríobhtha i nbhúr ndlígh-se go
bhfuil fiadhnaise ó bheirt fíor. 18 Is mise a
thugann fiadhnaise orm féin, agus tá an t-
Athair, a chuir uaidh mé, ag tabhairt
fiadhnaise orm. 19 Agus dubhradar leis: Cá
bhfuil t'Athair? Agus d'fhreagair Íosa: Ní'l
aithne agaibh orm-sa agus ní lúgha 'ná mar
atá aithne agaibh ar m'Athair; dá mbeadh
aithne agaibh orm-sa bh'fhéidir go mbeadh
aithne agaibh ar m'Athair, leis. 20 Do
labhair Íosa na focail sin i n-áit
choimeádtha an chiste, agus é ag teagasg sa
teampul; agus níor rug aoinne air, mar ní
raibh a thráth tagaithe fós.

21 Agus dubhairt Íosa leó: Táim-se ag
imtheacht, agus beidh sibh-se a'm lorg,
agus gheobhaidh sibh bás i nbhúr bpeaca;
an áit 'n-a bhfuilim-se ag dul ní fhéadfaidh
sibh-se teacht ann. 22 Agus dubhairt na
Iúdaigh: An amhlaidh a mharbhóchaidh sé
é féin, go ndubhairt sé, An áit 'n-a
bhfuilim-se ag dul ní fhéadfaidh sibh-se
teacht ann? 23 Agus dubhairt sé leó: Ó'n áit
thíos sibh-se, ó'n áit thuas mise; de'n
tsaoghal so sibh-se, ní de'n tsaoghal so
mise. 24 Uime sin adubhart libh,
gheobhaidh sibh bás i nbhúr bpeacaíbh; óir
mura gcreididh sibh gur mise é gheobhaidh
sibh bás i nbhúr bpeaca. 25 Agus dubhradar
leis: Cé h-é thu? Dubhairt Íosa leó: An
Tusach, atá anois féin ag caint libh-se. 26 Tá
a lán agam le rádh agus le breithniú i nbhúr
dtaobh; ach tá an t-é a chuir uaidh mé fíor;
agus na neithe a dh'airigheas-sa uaidh
siniad na neithe a labhraim sa tsaoghal. 27
Agus níor thuigeadar go raibh sé 'ghá rádh
gur bh'é Dia a Athair. 28 Agus dubhairt Íosa
leó: Nuair a dh'árdóchaidh sibh suas Mac
an Duine, ansan iseadh bheidh fhios agaibh
gur mé é, agus ná deinim nídh ar bith uaim
féin, ach gur fé mar a theagaisg m'Athair
dom a labhraim na neithe seo. 29 Agus an t-
é a chuir uaidh mé tá sé am' fhochair agus
níor fhág sé am' aonar mé, óir deinim i
gcómhnuighe na neithe a thaithneann
leis. 30 Nuair a labhair sé na neithe sin do
chreid a lán daoine ann.

31 Agus dubhairt Íosa leis na Iúdaigh a
chreid ann: Má fhanann sibh ar mo
bhriathar is fíordheisgiobuil agam sibh
feasda; 32 Agus cuirfidh sibh eólus ar an
bhfírinne, agus saorfaidh an fhírinne
sibh. 33 D'fhreagradar é: Is de shíol
Ábrahaim sinn, agus ní rabhamair riamh i
n-ár ndaoraibh ag aoinne; conus a deirir-se,
Saorfar sibh? 34 D'fhreagair Íosa iad: Go
deimhin deimhin adeirim libh, gach aoinne
a dheineann an peaca tá sé 'n-a dhaor ag an
bpeaca. 35 Ní fhanann an daor sa teaghlach
do shíor, ámhthach; ach fanann an mac sa
teaghlach do shíor. 36 D'á bhrígh sin, má
shaorann an mac sibh beidh sibh saor
dáiríribh. 37 Tá fhios agam gur de shíol
Ábrahaim sibh. Ach ní foláir libh mise chur
chun báis, mar ní bhfaghann mo bhriathar
slígh ionaibh. 38 Labhraim-se an nídh a
chonac i bhfochair m'Athar; agus deineann
sibh-se neithe a chonacabhair i bhfochair
bhúr n-athar féin. 39 D'fhreagradar agus
dubhradar leis: Isé Ábraham ár n-athair-ne.
Dubhairt Íosa leó: Má's clann d'Ábraham
sibh deinidh oibreacha Ábrahaim. 40 Ach
anois ní foláir sibh mise mharbú, duine a
labhrann libh an fhírinne a dh'airigheas ó
Dhia; níor dhein Ábraham san. 41 Deineann
sibh-se obair bhúr n-athar féin. Agus

dubhradar leis: Ní h-a' drúis a geineadh sinne; tá aon athair amháin againn, Dia. 42 Ansan dubhairt Íosa leó: Dá mb' é Dia bhúr n-athair bheadh grádh agaibh dómh-sa; óir do ghluaiseas-sa ó Dhia agus do thánag uaidh; óir ní h-uaim féin a thánag, ach do chuir seisean uaidh mé. 43 Cad 'n-a thaobh ná h-aithnigheann sibh mo chaint? Mar ní fhéadann sibh m' urlabhra d'aireachtaint. 44 Is ó'n ndiabhal, bhúr n-athair, sibh-se, agus isiad na neithe a thaithneann le nbhúr n-athair a dheineann sibh. Dúnmharbhthóir ab eadh é sin ó thusach, agus níor sheasaimh sé sa bhfirinne, óir ní'l fírinne ann; nuair a labhrann sé an t-éitheach labhrann sé an nídh is leis féin, óir tugann sé an t-éitheach agus isé athair an éithigh é. 45 Ach nuair a dh'innsim-se an fhírinne ní chreideann sibh mé. 46 Cé'cu agaibh a chuirfidh peaca am'leith? Má innsim an fhírinne dhaoibh cad 'n-a thaobh ná creideann sibh mé? 47 An t-é is ó Dhia éisteann sé le bréithribh Dé. Isé cúir ná h-éisteann sibh-se leó mar ní h-ó Dhia sibh.

48 Agus d'fhreagair na Iúdaigh é agus dubhradar: Nach maith adeirimíd-ne é gur Samaritánach tusa agus go bhfuil deamhan ionat? 49 D'fhreagair Íosa: Ní'l deamhan ionam-sa, ach tugaim onóir do m'Athair, agus tá easonóir tabhartha agaibh-se dhómh-sa. 50 Ach nílim-se ag lorg mo ghlóire féin; tá aon a loirgeann agus a thugann breith. 51 Go deimhin deimhin adeirim libh, má choimeádann aon duine mo bhriathar ní fheicfidh sé bás go deó. 52 Ansan dubhairt na Iúdaigh: Tá fhios againn anois go bhfuil deamhan ionat. Tá Ábraham marbh, agus na fáidhe, agus deirir-se, Má choimeádann duine mo bhriathar-sa ní bhlaisfidh sé bás go deó. 53 An amhlaidh is mó de dhuine thusa 'ná ár n-athair Ábraham, atá tar éis bháis? Agus táid na fáidhe tar éis bhais. Cé h-é thusa, dar leat? 54 D'fhreagair Íosa: Má thugaim-se glóire dhom féin is neamhnídh mo ghlóire. Isé m'Athair a thugann glóire dhom, an t-é a deir sibh-se gur b'é bhúr nDia é; 55 Agus ní'l aithne agaibh air; ach tá aithne agam-sa air. Agus má deirim ná fuil aithne agam air beidh mé mar sibh-se, ag rád an éithigh. Ach tá aithne agam air, agus táim ag cómhlíonadh a bhriathair. 56 Ba mhór ag bhúr n-athair Ábraham go bhfeicfeadh sé mo lá-sa. Do chonaic, agus bhí áthas air. 57 Ansan dubhairt na Iúdaigh: Ní'l caogad blian d'aoís fós agat, agus chonaicís Ábraham? 58 Agus dubhairt Íosa leó: Go deimhin deimhin adeirim libh, táim-se ann ó roimh Ábraham a bheith ann.

59 Ansan do thógadar na clocha chun iad do chaitheamh leis; ach do cheil Íosa a chló ortha agus d'imthigh sé amach as an dteampul.

## CAIBID IX.

### Radharc ag Críost 'á thabhairt do'n duine do rugadh 'n-a dhall.

1 Agus ag gabháil na slíghe dhó do chonaic Íosa duine a bhí 'n-a dhall, agus gur dall a rugadh é. 2 Agus d'fhiafraigh a dheisgiobuil de: a Rabbí, cé'cu a dhein peaca, é seo nó a athair 's a mháthair, treás gur rugadh 'n-a dhall é? 3 D'fhreagair Íosa: Níor pheacaigh sé seo ná a athair ná a mháthair; ach chun go dtaisbeánfaí oibreacha Dé ann. 4 Tá orm-sa oibreacha an t-é a chuir uaidh mé do dhéanamh an fhaid atá an lá ann; tá an oidhche ag teacht nuair nách féidir d'aoinne obair a dhéanamh. 5 An fhaid atáim ar an saoghal is mé solus an tsaoghail. 6 Nuair adubhairt sé an chaint sin do chuir sé seile ar an dtalamh, agus dhéin sé lathach leis an seile, agus chimil sé an lathach de shúilibh an daill, 7 Agus dubhairt sé leis: Imthigh agus nigh i lochán Silóé, (a míníghthear:

Teachtaire). D’imthigh sé agus do nigh,
agus tháinig sé thar n-ais agus radharc aige.
[8] Ansan dubhairt a chómharsain agus na
daoine a chonaic roimis sin é agus é a
d’iarraidh déarca: Nách é seo an fear a
bhíodh ’n-a shuidhe ag lorg déarca? Agus
dubhairt daoine: Isé é. [9] Dubhairt daoine
eile, ámhthach: Ní h-é é, ach is cosmhail
leis é. Ach dubhairt an duine féin: Is mé
é. [10] Agus dubhradar leis: Conus a h-
osgladh do súile dhuit? [11] D’fhreagair sé:
An fear san an a dtugtar Íosa, dhein sé
lathach agus chimil sé de m’ shúilibh é,
agus dubhairt sé liom, Imthigh go lochán
Silóé agus nigh. [12] Agus d’imthigheas, agus
do nígheas, agus chím. Agus dubhradar
leis: Cá bhfuil an fear san? Dubhairt
seisean: Ní fheadar.

[13] Thugadar chun na bhFairisíneach an
fear a bhí roimhe sin ’n-a dhall. [14] Agus sa
tsabbóid ab eadh é nuair a dhein Íosa an
lathach agus d’osgail sé súile an duine. [15]
Agus airís d’fhiafraigh na Fairisínigh dé
conus a fuair sé a radharc. Agus dubhairt
seisean leó: Chuir sé lathach ar mo
shúilibh, agus do nígheas iad, agus chím. [16]
Agus dubhairt cuid de sna Fairisínigh; Ní
h-ó Dhia an fear so ná coimeádann an
tsabbóid. Agus dubhairt tuille acu: Conus
is féidir do dhuine pheacamhail na
mírbhúiltí seo déanamh? Agus bhí siosma
eatartha. [17] Agus dubhradar airís leis an
ndall: Cad deirir-se leis an t-é sin a dh’osgail
do shúile? Dubhairt seisean: Fáidh iseadh
é.

[18] Agus níor chreid na Iúdaigh go raibh
sé ’n-a dhall agus go bhfuair sé a radharc,
go dtí gur ghlaodhadar ar athair agus ar
mháthair an t-é sin go raibh a radharc
fághalta aige. [19] Agus cheistigheadar iad,
agus dubhradar: An é seo bhúr mac adeir
sibh a rugadh ’n-a dhall? Conus a thárla go
bhfuil radharc anois aige? [20] D’fhreagair
athair agus máthair an fhir iad, agus
dubhradar: Tá fhios againn gur mac dúinn
é seo, agus gur dall a rugadh é; [21] Ach
chonus do thárla radharc a bheith anois
aige ní h-eól dúinn, ná ní h-eól dúinn cé
dh’osgail a shúile; fiafraighidh de féin é; tá
aos aige; labhradh sé féin air féin. [22]
Dubhairt an t-athair agus an mháthair na
neithe sin mar bhí eagla na n-Iúdach ortha,
óir bhí socair ag na Iúdaigh an uair sin,
aoinne a déarfadh gur bh’ é Críost é, é chur
amach as an sinagóig. [23] Mar gheall air sin
iseadh adubhairt an t-athair agus an
máthair, Tá aos aige, deinidh é féin do
cheistiú.

[24] Ansan do ghlaodhadar airís ar an
nduine a bhí ’n-a dhall, agus dubhradar leis:
Tabhair glóire do Dhia. Is eól dúinne gur
peacach an duine sin. [25] Dubhairt seisean
leó: Má’s peacach é ní fheadar-sa san. Tá
fhios agam aon nídh amháin, go rabhas am’
dhall agus go bhfuil radharc anois agam. [26]
Agus dubhradar-san leis: Cad a dhein sé
leat? Conus a dh’osgail sé do shuíle
dhuit? [27] D’fhreagair sé iad: D’innseas
cheana dhaoibh é agus d’aireabhair mé.
Cad ab áil libh ’ghá aireachtaint airís? An
amhlaidh ba mhaith libh-se, leis, bheith i
nbhúr ndeisgiobuil aige? [28] Ansan do
thugadar droch-chaint dó agus dubhradar:
Bí-se ad’ deisgiobul aige; is do Mhaois is
deisgiobuil sinne. [29] Is eól dúinne gur
labhair Dia le Maois, ach an fear so, ní h-
eól dúinn cá dtáinig sé. [30] D’fhreagair an
fear agus dubhairt sé leó: Go deimhin is
iongantach an sgéal é sin, gan a fhios a
bheith agaibh-se cá dtáinig sé, agus d’osgail
sé mo shúile dhómh-sa: [31] Tá fhios againn,
ámhthac, ná h-éisteann Dia le lucht peacaí
dhéanamh; ach má thugann duine onóir do
Dhia agus má dheineann sé toil Dé,
éisteann Dia leis an nduine sin. [32] Níor h-
airigheadh riamh ó thusach an domhain
gur osgail aoinne a shúile do dhuine a
rugadh ’n-a dhall. [33] Mura mbeadh gur ó

Dhia an duine seo ní fhéadfadh sé aon nídh a dhéanamh. [34] D'fhreagradar agus dubhradar leis: I bpeacaíbh a geineadh tu ar fad, agus an ndeineann tú sinne do theagasg? Agus do chomáineadar amach é.

[35] D'airigh Íosa gur chaitheadar amach é; agus nuair a fuair sé é dubhairt sé leis: An gcreideann tusa i Mac Dé? [36] D'fhreagair seisean agus dubhairt: Cé h-é sin, a Thighearna, go gcreidead ann? [37] Agus dubhairt Íosa leis: Chonaicís é, agus an t-é atá ag caint leat isé é. [38] Ansan dubhairt seisean: Creidim, a Thighearna. Agus do shléacht sé dhó, 'ghá adhradh. [39] Agus dubhairt Íosa: Ag tabhairt breitheamhantais a thánag-sa ar an saoghal so; i dtreó go bhfeicfeadh an mhuintir ná feiceann, agus go ndallfaí an mhuintir a chíonn. [40] Agus d'airigh cuid de sna Fairisínigh a bhí i n'fhochair é, agus dubhradar leis: An amhlaidh atáimíd-ne dall, leis? [41] Dubhairt Íosa leó: Dá mbeadh sibh dall ní bheadh peaca oraibh. Ach anois abrann sibh, Tá radharc againn: Leanann bhúr bpeaca oraibh.

## CAIBID X.

### Isé Críost an dorus, agus isé Críost an t-aodhaire fóghanta. Is aon é agus a athair.

[1] Go deimhin deimhin adeirim libh, an t-é ná tagann an dorus isteach i gcró na gcaorach, ach do thagann isteach ar a mhalairt de chuma le sárú, bitheamhnach iseadh é sin agus robálaidhe. [2] Ach an t-é a thagann isteach an dorus, siné aodhaire na gcaorach. [3] Osgalann an dóirseóir dó san, agus airighid na caoire a ghuth, agus glaodhann sé ar a chaoire féin, as a n-ainim, agus seólann sé amach iad. [4] Agus nuair a sheólann sé amach a chaoire féin gluaiseann sé rómpa, agus leanaid na caoire é, mar aithnighid siad a ghuth. [5] Ach ní leanaid siad duine iasachta, ach teithid siad uaidh, mar ní aithnighid siad guth na ndaoine iasachta.

[6] Do labhair Íosa an tsoluíd sin leó. Ach ní fheadradar cad a bhí aige d'á rádh leó. [7] Ansan dubhairt Íosa leó airís: Go deimhin deimhin adeirim libh gur mise dorus na gcaorach. [8] Gach ar tháinig, bitheamhnaigh agus robálaithe ab eadh iad, agus níor éist na caoire leó.

[9] Is mise an dorus. Má's tríom-sa a raghaidh duine isteach, saorfar é; agus geobhaidh sé isteach agus amach, agus gheobhaidh sé an fhosuigheacht. [10] Ní thagann an bitheamhnach ach chun bheith ag guid agus ag marbhú agus ag dísgiú. Thánag-sa ionus go mbeadh an bheatha acu, agus go mbeadh sí acu níos iomadamhla. [11] Mise an t-aodhaire fóghanta. Tugann an t-aodhaire fóghanta a anam ar son a chaorach. [12] An fear tuarasdail ámhthach, óir ní h-é an t-aodhaire é, agus ní leis féin ná caoire, chíonn sé an machtíre ag teacht, agus fágann sé na caoire agus teitheann sé; agus deineann an machtíre foghail ar na caoire agus sgaipeann sé iad. [13] Agus teitheann an fear tuarasdail mar is fear tuarasdail é, agus ní'l speóis aige ins na caoire. [14] Mise an t-aodhaire fóghanta agus aithnighim mo chuid féin, agus aithnighid siad-san mé. [15] Fé mar a dh'aithnigheann an t-Athair mise is eadh dh' aithnighim-se an t-Athair leis; agus tá m'anam agam 'á thabhairt ar son mo chaorach. [16] Agus tá caoire eile agam ná baineann leis an gcró so; agus tá orm iad san a thabhairt liom, agus éistfid siad le m' ghlór; agus beidh aon chró amháin ann agus aon aodhaire amháin. [17] Mar gheall air seo atá grádh ag an Athair dom, mar go bhfuilim ag tabhairt m'anama uaim, i dtreó go ndéanfainn é ghlacadh chúgham airís. [18] Ní'l aoinne 'ghá thógaint uaim, ach is uaim féin atáim 'ghá thabhairt uaim; agus tá ar

mo chumas é thabhairt uaim, agus tá ar mo
chumas é thógaint chúgham airís. Siní an
aithne a fuaras ó m'Athair.

[19] D'eirigh siosma airís idir na Iúdaigh
mar gheall ar an gcaint sin. [20] Agus dubhairt
cuid acu: Is amhlaid atá deamhan ann, agus
tá sé as a mheabhair; cad ab aíl libh ag
éisteacht leis? [21] Dubhairt tuille acu: Ní
caint fir go mbeadh deamhan ann an caint
sin; an bhféadfadh deamhan súile na ndall
a dh'osgailt?

[22] Agus bhí féile an toirbheartha i n-
Ierúsalem, agus sa gheimhreadh ab eadh
é. [23] Agus bhí Íosa ag siubhal sa teampul, i
bpóirse Shalomóin. [24] Agus tháinig na
Iúdaigh 'n-a thímpal, agus bhíodar 'ghá
rádh leis: An fada a leanfair ag baint an
anama asainn? Má's tú Críost, innis dúinn
é go soiléir. [25] D'fhreagair Íosa iad: Táim
'ghá innsint daoibh, agus ní chreideann
sibh é. Na h-oibreacha atá agam 'á
dhéanamh i n-ainim mh'Athar, tá
fiadhnaise acu 'á dhéanamh dom. [26] Ach ní
chreideann sibh-se, mar ní de'm' chaoire-
se sibh. [27] Éistid mo chaoíre-se le m' ghlór,
agus aithnighim-se iad, agus leanaid siad
mé. [28] Agus tá an bheatha shíoruidhe agam-
sa 'á thabhairt dóibh; agus ní caillfar go deó
iad, agus ní dhéanfaidh aoinne iad a
dh'fhuadach as mo láimh-se. [29] Tá an nídh
a thug m'Athair dom níos mó 'ná gach uile
nídh; agus ní féidir d'aoinne fuadach as
láimh m'Athar. [30] Is aon mise agus an t-
Athair.

[31] Ansan do thóg na Iúdaigh na clocha
chun gabháil do chlochaibh ann. [32]
D'fhreagair Íosa iad: Tá a lán oibreacha
fóghanta taisbeánta agam daoibh ó
m'Athair; cé'cu obair acu go bhfuil sibh ag
gabhail do chlochaibh ionam mar gheall
air? [33] D'fhreagair na Iúdaigh é: Ní mar
gheall ar obair fhóghanta atáimíd ag gabháil
do chlochaibh ionat, ach mar gheall ar
dhiamhaslad, agus go ndeineann tú Dia
dhíot féin, bíodh gur duine thu. [34]
D'fhreagair Íosa iad: Ná fuil sgríobhtha i
nbhúr ndlígh féin, Dubhart-sa, is déithe
sibh? [35] Má dubhairt sé gur dhéithe iad súd
gur labhradh briathar Dé leó, agus nách
féidir an scriptiúir do chur ar neamhnídh, [36]
An t-é a bheannuigh an t-Athair agus do
chuir sé uaidh ar an saoghal, an ndeir sibh-
se leis, Tá diamhasladh agat 'á dhéanamh,
toisg go ndubhart, Is mé Mac Dé? [37] Mura
ndeinim oibreacha m'Athar ná creididh
mé. [38] Ach má dheinim, mura maith libh
mise chreideamhaint, creididh na h-
oibreacha, i dtreó go mbeidh fhios agaibh
an t-Athair a bheith ionam-sa agus mise sa
n-Athair. [39] Ansan bhíodar a d'iarraidh
beirthe air; agus d'imthigh sé as a
lamhaibh. [40] Agus d'imthigh sé airís thar
Iórdan, chun na h-áite 'n-a raibh Eóin ag
baisteadh ar dtúis; agus d'fhan sé ansan. [41]
Agus tháinig a lán daoine ag triall air, agus
deiridís: Níor dhein Eóin aon nídh
mírbhúilteach; [42] Ach na neithe go léir
adubhairt Eóin 'n-a thaobh so dob' fhíor
iad. Agus do chreid a lán ann.

## CAIBID XI.

### Lasarus á thabhairt ag Críost o'n mbás. Comhairle na riaghaltóirí chun É chur chun báis.

[1] Agus bhí duine dár bh'ainim Lasarus, ó
Bhetánia, ó bhaile Mháire agus Mharta a
drifiúr, agus bhí sé breóite. [2] B'í sin
Máire do dhoirt an ola ar an dTighearna
agus do thriomuigh a chosa le n-a gruaig
agus isé a dritháir Lasarus a bí breóite. [3]
Agus do chuir an bheirt driféar
teachtaireacht chuige 'ghá rádh: A
Thighearna, féach, an t-é is ionmhuin leat
tá sé breóite. [4] Nuair airigh Íosa an nídh sin
dubhairt sé: Ní chun báis an bhreóiteacht
so, ach chun glóire Dé, ionus go dtabharfaí
glóire do Mhac Dé tríthe.

[5] Agus dob’ ionmhuin le h-Íosa Marta agus a drifiúr Máire agus Lasarus. [6] Ach nuair a dh’airigh sé é bheith breóite d’fhan sé sa n-áit chéadna ar feadh dá lá. [7] Ansan, tar a éis sin, dubhairt sé le n-a dheisgiobuil: Téighmís go Iúdaéa airís. [8] Dubhairt a dheisgiobuil leis: A Rabbí, bhí na Iúdaigh a d’iarraidh gabháil do chlochaibh ionat anois, agus an bhfuilir ag dul chun na h-áite sin airís? [9] D’fhreagair Íosa: Ná fuil dhá uair dhéag sa lá? Má shiubhlann duine sa lá ní gheibheann sé barathuisle, mar chíonn sé solus an tsaoghail seo. [10] Ach má shiubhlann sé sa n-oidhche gheibheann sé barathuisle, óir ní’l an solus sa duine sin. [11] Dubhairt sé an méid sin; agus ansan dubhairt sé leó: Tá ár gcara Lasarus ’n-a chodla, ach táim ag dul chun é dhúiseacht. [12] Dubhairt a dheisgiobuil leis, ámh: A Thighearna, má tá sé ’n-a chodla beidh sé go maith. [13] Ach is ar a bhás a labhair Íosa; agus mheasadar-san gur ar shuan codlata do labhair sé. [14] D’á bhrígh sin dubhairt Íosa leó go soiléir: Tá Lasarus tar éis bháis; [15] Agus mar gheall oraibh-se, ionus go gcreidfeadh sibh, is maith liom ná rabhas ann; ach téighmís ag triall air. [16] Ansan dubhairt Tomás, ar a dtugtar Didimus, le n-a chómh-dheisgiobuil: Téighmís-ne mar an gcéadna, ionus go bhfaighmís bás i n-aonfheacht leis.

[17] Ansan do tháinig Íosa, agus fuair sé é agus é cheithre lá sa tuama. [18] Agus bhí Betánia i ngioracht tímpal chúig stad déag do Ierúsalem. [19] Agus bhí cuid mhór Iúdach tagaithe ag triall ar Mharta agus ar Mháire chun sóláis a chur ortha i ndiaidh a ndrithár. [20] Agus d’airigh Marta Íosa bheith ag teacht, agus d’imthigh sí amach ’n-a choinnibh, agus bhí Máire ’n-a suidhe sa tígh. [21] Ansan dubhairt Marta le h-Íosa: A Thighearna, dá mbeitheá anso ní bheadh mo dhritháir marbh; [22] Ach anois féin tá fhios agam pé rud a iarrfair ar Dhia go dtabharfaidh Dia dhuit é. [23] Dubhairt Íosa léi: Eireóchaidh do dhritháir airís. [24] Dubhairt Marta leis: Tá fhios agam go n-eireóchaidh sé sa n-aiseirighe an lá déanach. [25] Dubhairt Íosa léi: Is mise an aiseirighe agus an bheatha; an t-é a chreideann ionam-sa, má gheibheann sé bás féin, beidh sé beó; [26] Agus gach duine atá beó agus do chreideann ionam-sa ní bhfaghaidh sé bás choidhche. An gcreideann tú san? [27] Dubhairt sí leis: Creidim, a Thighearna; creidim-se gur tusa Críost Mac Dé bheó, agus gur tháinís ar an saoghal so. [28] Nuair a bhí an chaint sin ráidhte aici d’imthigh sí agus ghlaoidh sí i gcogar ar a drifiúr Máire, agus dubhairt sí léi: Tháinig an Máighistir, agus tá sé ag glaodhach ort-sa. [29] Nuair airigh sisi an méid sin d’eirigh sí láithreach agus chuaidh sí ag triall air. [30] Óir ní raibh Íosa tagaithe fós isteach sa bhaile, ach bhí sé ’n-a stad sa n-áit ’n-a dtáinig Marta chuige. [31] Agus na Iúdaigh a bhí sa tigh i bhfochair Máire, ag cur sóláis uirthi, nuair a chonacadar ag eirighe í agus ag imtheacht amach chómh h-obann, do leanadar í agus dubhradar: Ag dul chun an tuama atá sí, chun guil a dhéanamh ann.

[32] Ach nuair a tháinig Máire chun na h-áite ’n-a raibh Íosa agus nuair a chonaic sí é, do chaith sí í féin agá chosaibh agus dubhairt sí leis: A Thighearna, dá mbeithéa anso ní bheadh mo dhritháir marbh. [33] Agus nuair a chonaic Íosa ag gol í, agus na Iúdaigh a tháinig i n-aonfheacht léi ag gol, do leig sé osna theacht ó n-a spioraid agus buaireamh a theacht air, [34] Agus dubhairt sé: Cár chuireabhair é? Agus dubhradar leis: Tar, a Thighearna, agus feic.

[35] Agus bhí Íosa ag sileadh.

[36] Agus dubhairt na Iúdaigh: Féach, cad é an cion a bhí aige air. [37] Dubhairt cuid acu, ámhthach: An fear so a d’osgail súile an t-é a rugadh ’n-a dhall, an amhlaidh nar

fhéad sé an duine seo choimeád gan bás d'fhagháil?

[38] Agus dhein Íosa osna airís, agus tháinig sé chun an tuama; agus pluais charaige ab eadh an tuama, agus cloch anuas uirthi. [39] Dubhairt Íosa: Tógaidh an chloch. Dubhairt Marta leis, drifiúr an duine mhairb: A Thighearna, tá sé bréan um an dtaca so, mar tá sé cheithre lá marbh. [40] Dubhairt Íosa léi: Ná dubhart leat má chreideann tú go bhfeicfir glóire Dé? [41] Ansan do tógadh an chloch. Agus d'fhéach Íosa suas agus dubhairt sé: A Athair, bheirim a bhuidheachas leat gur éistis liom. [42] Bhí fhios agam féin, ámhthach, go n-éisteann tú liom i gcómhnuighe, ach dubhart é sin ar son na ndaoine atá anso am' thímpal, i dtreó go gcreid-fidís gur chuiris-se uait mé. [43] Tar éis na cainte sin do rádh dhó do ghlaoidh sé do ghuth árd: A Lasaruis, tar amach. [44] Agus tháinig amach láithreach an t-é a bhí marbh, agus na ceangail bháis ar a lámhaibh agus ar a chosaibh, agus an t-éadach ar a cheannachaibh. Dubhairt Íosa leó: Sgaoiltear é agus leigtear chun siu bhail é.

[45] Ansan do chreid a lán de sna Iúdaig ann, de'n mhuintir a tháinig ag triall ar Mháire agus ar Mharta, agus a chonaic na neithe a dein sé. [46] Ach d'imthigh cuid acu ag triall ar na Fairisínigh agus d'innseadar dóibh cad a dhein Íosa. [47] Ansan do chruinnigh na h-árdshagairt agus na Fairisínigh cómhairle, agus deiridís: Cad 'tá againn 'á dhéanamh, agus é seo ag déanamh a lán mírbhúiltí? [48] Má sgaoilimíd leis ar an gcuma so creidfid na daoine go léir ann, agus tiocfaid na Rómhánaigh agus sgriosfid siad ár dtír agus ár gcinéal. [49] Agus bhí aoinne amháin ortha agus Caiphas ab ainim dó, agus b'é árdshagart na bliana san é, agus dubhairt sé leó: Ní thuigeann sibh-se aon nídh. [50] Ní mhachtnuigheann sibh conus mar isé bhúr leas aon duine amháin d'fhághail bháis thar cheann an phobuil, agus gan an cinéal go léir do dhul an ceal. [51] Ní uaidh féin, ámhthach, adubhairt sé an chaint sin, ach ó b'é an t-árdshagart é do'n bhliain, do labhair sé targaireacht, go raibh Íosa chun báis d'fhagháil ar son an chinéil; [52] Agus ní h-ar son an chinéil amháin, ach chun clainne Dé a bhí sgaipithe do chruinniú i n-aon bhuidhin. [53] Ó'n lá san amach, d'a bhrígh sin, bhíodar ag beartú an é chur chun báis. [54] Uime sin níor shiubhluigh Íosa feasda go puibilidhe ameasg na n-Iúdach, ach d'imthigh sé isteach i gceanntar i n-aice an fhásaigh, go cathair ar a dtugtar Ephrem, agus d'fhan sé ansan i bhfochair a dheisgiobul.

[55] Ansan bhí cáisg na n-Iúdach go h-achamair, agus mórán daoine ag teacht go Ierúsalem ó'n dtuath roimis an gcáisg chun iad féin do naomhú. [56] Agus bhíodar ag lorg Íosa, agus iad ag caint eatartha féin 'n-a seasamh sa teampul: Cad is dóigh libh fé ndeara dhó gan teacht chun lae na féile? [57] Agus thug na h-árdshagairt agus na Fairisínigh órdú, da mbeadh fhios ag aoinne cá raibh sé, é dh'innsint, i dtreó go mbéarfaidís air.

## Caibid XII.

### Cosa Chríost d'á n-ungadh. A dhul isteach i gcathair Ierúsalem ar muin asail. An guth ó neamh.

[1] Ach sé lá roim fhéile na cásga tháinig Íosa go Betánia mar a bhfuair Lasarus bás agus gur thóg Íosa ó'n mbás é. [2] Agus dheineadar féasta dhó ann, agus bhí Marta ag friothálamh, agus duine de'n chuideachtain a shuidh chun bídh i n'fhochair ab eadh Lasarus. [3] Agus thóg Máire púnt meaghchaint d'ola ana-uasal, de spícnárd dhílis, agus chuir sí ar chosaibh Íosa é, agus ansan do chimil si a chosa le n-a gruaig; agus do líonadh an tigh de

bhaluith chúmhra an spícnáird. 4 Agus dubhairt duine de sna deisgiobuil, Iúdás Iscariót, an fear a bhí chun é dhíol: 5 Cad ’n-a thaobh nár díoladh an ola so ar trí chéad pingin agus é thabhairt do sna bochtaibh? 6 Ní tré aon speóis a bheith aige ins na bochtaibh adubhairt sé an méid sin, ámhthach, ach é bheith ’n-a bhitheamhnach, agus is aige a bhíodh an sparán, agus isé a dh’iomparadh an méid a curtí ann. 7 Ansan dubhairt Íosa: Leigidh di féin, agus coimeádadh sí é sin i gcóir lae m’adhlactha. 8 Bíd na boicht i gcómhnuighe i nbhúr bhfochair agaibh, ach ní bhím-se agaibh i gcómhnuighe.

9 Agus bhí fhios ag sluagh mhór de sna Iúdaígh é bheith sa n-áit, agus thanadar, ní h-amháin mar gheall ar Íosa, ach chun go bhfeicfidís Lasarus, an duine a thóg sé ó sna mairbh. 10 Agus bhí uachtaráin na sagart ’ghá bheartú go marbhóchaidís Lasarus, mar an gcéadna, 11 Mar bhí mórán de sna Iúdaigh ag imtheacht agus ag creideamhaint i n-Íosa mar gheall air.

12 Ach amáireach a bhí chúgainn do ghluais amach sluagh mhór de sna daoine a bhí tagaithe chun na féile, mar d’airigheadar Íosa bheith ag teacht go Ierúsalem 13 Agus thógadar géaga phailime agus shiubhluigheadar fé n-a dhéin agus iad ag liúirigh: Hósanna, moladh do’n t-é atá ag teacht i n-ainim an Tighearna, rí Israéil. 14 Agus do fuair Íosa asal óg, agus do shuidh sé ar a mhuin, do réir mar atá sgríobhtha: 15 Ná bíodh eagal ort, a inghean Shióin; Féach, tá do rí ag teacht agus é ’n-a shuidhe ar shearrach asail. 16 Níor thuig a dheisgiobuil na neithe sin ar dtúis; ach nuair a tugadh glóire d’Íosa do chuimhnigheadar ar na neithibh sin a bheith sgríobhtha ’n-a thaobh, agus gur dheineadar na neithe sin leis. 17 An tsluagh a bhí i n-a fhochair nuair a ghlaoidh sé Lasarus as an dtuama agus thóg sé ó sna mairbh é, thugadar fiadhnaise uatha. 18 Agus uime sin do tháinig an tsluagh amach ’n-a choinnibh, mar d’airigheadar gur dhein sé an mhírbhúilt sin. 19 Dubhairt na Fairisínigh, d’a bhrígh sin, eatartha féin: An bhfeiceann sibh ná fuil ag eirighe linn i n-aon chor? Siné an saoghal go léir imthighthe ’n-a dhiaidh.

20 Bhí, ámh, geinteacha áirithe ar na daoine a tháinig go Ierúsalem chun Dia d’adhradh lá na féile. 21 Thánadar san ag triall ar Philib, an fear ó Bhetsaida Gaililí, agus d’iarradar nídh air agus dubhradar: A dhuine chóir, ba mhaith linn Íosa dh’fheisgint. 22 Tháinig Pilib agus d’innis sé d’Aindrias é, agus ansan d’innis Pilib agus Aindrias d’Íosa é. 23 Ach d’fhreagair Íosa iad agus dubhairt sé: Tháinig an uair chun glóire thabhairt do Mhac an Duine. 24 Go deimhin, deimhin, a deirim libh, mura bhfaghaidh an gráinne arbhair a thuiteann sa talamh bás, 25 Ní bhíonn ann ach é féin; ach má gheibheann sé bás tugann sé toradh mór uaidh. An t-é a ghrádhann a anam féin caillfidh sé é; agus an t-é a dh’fhuathuigheann a anam féin ar an saoghal so, coimeádann sé é i gcóir na beatha síoruidhe. 26 Má fhriothálann duine mise, leanadh sé mé; agus an áit i n-a bhfuilim-se is ann a bheidh an t-é a fhriothálfaidh. Má dheineann duine friothálamh orm-sa tabharfaidh m’Athair onóir dó. 27 Tá m’anam ar buaireamh anois. Agus cad déarfad? A Athair, dein mé shaoradh ó’n uair seo. Ach is chuige seo do thánag chun na h-uaire seo. 28 A Athair, dein t’ainim do shoillsiú. Ansan do tháinig guth ó neamh: Do shoillsígheas cheana é, agus soillseóchad airís é.

29 Agus na sluaighte a bhí láithreach d’airigheadar an guth agus dubhradar gur thóirthneach a deineadh. Ach dubhairt tuille acu: Do labhair aingeal leis. 30 D’fhreagair Íosa agus dubhairt sé: Ní mar

gheall orm-sa a tháinig ag guth so, ach mar gheall oraibh-se. 31 Anois atá breith tabhartha ar an saoghal so; anois a caithfar amach priúnsa an tsaoghail seo. 32 Agus má árduígh-thear mise ó'n dtalamh taraiceóchad gach nídh chúgham féin. 33 Agus dubhairt sé an méid sin 'ghá chur i gcéill cad é an bás a gheobhad sé. 34 D'fhreagair na daoine é: D'airigheamair-ne as an ndlígh Críost a bheith ann do shíor: agus conus a deirir-se nach foláir Mac an Duine d'árdú? Cé h-é an Mac san an Duine? 35 Ansan dubhairt Íosa leó: Tá an solus agaibh tamall beag fós. Deinidh siubhal an fhaid atá an solus agaibh, i dtreó ná béarfaidh an doircheacht oraibh; agus an t-é bhíonn ag siubhal sa doircheacht ní fhea-dair sé cá mbíonn sé ag dul. 36 An fhaid atá an solus agaibh creididh sa tsolus, i dtreó go mbeadh sibh i nbhúr gclann ag an solus. Do labhair Íosa na neithe sin agus d'imthigh sé agus do cheil sé é féin ortha.

37 Agus bíodh gur dhein sé an oiread san mírbhúiltí os a gcómhair níor chreideadar ann; 38 Ionus go gcómhlíonfaí an chaint adubhairt Isáias Fáidh: A Thighearna, cé chreid a gcloistear uainn? Agus cé dhó gur foill-sigheadh cuisle an Tighearna? 39 Uime sin níor fhéadadar creideamhaint, óir dubhairt Isáias airís: 40 Do dhall sé a súile, agus do dhúr sé a gcroidhe, sar a bhfeicfidís le n-a súilibh agus sar a dtuigfidís 'n-a gcroidhe, agus go n-iompóchaidís, agus go saorfainn iad. 41 Dubhairt Isáias na neithe sin nuair a chonaic sé a ghlóire, agus nuair a labhair sé air. 42 Ach sa n-am gcéadna do chreid a lán de sna h-uachtaráin féin ann; ach níor admhuigheadar é, le h-eagla roimis na Fairisínigh, sar a gcurfaí as na sinagógaibh iad. 43 Óir bá mhó acu glóire daoine 'ná glóire Dé.

44 Ansan do labhair Íosa do ghuth árd, agus dubhairt sé: An t-é a chreideann ionam-sa, ní h-ionam-sa a chreideann sé ach san t-é a chuir uaidh mé. 45 Agus an t-é a chíonn mise, chíonn sé an t-é a chuir uaidh mé. 46 Is am' sholus do thánag ar an saoghal, ionus, an t-é a chreideann ionam, ná fanfadh sé sa doircheacht. 47 Agus má airigheann aoinne mo bhréithre agus ná coimeádfaidh sé iad, ní thugaim-se breith air, óir ní chun breitheamhantais a thabhairt ar an ndomhan do thánag, ach chun an domhain do shaoradh. 48 An t-é ná tugann toradh orm-sa agus ná glacann mo bhréithre, tá aige an t-é a thugann breith air; an briathar atá ráidhte agam-sa, tabharfaidh an briathar san breith air an lá déanach. 49 Óir ní h-uaim féin do labhras-sa, ach an t-Athair a chuir uaidh mé, thug sé sin órdú dhom, cad déarfad agus cad a labharfad. 50 Agus tá fhios agam gur beatha shíoruidhe a órdú. Na neithe a labhraim, d'á bhrígh sin, is mar adubhairt an t-Athair liom do labhraim iad.

## Caibid XIII.

**Cosa a dheisgiobol á nighe ag Críost. Feall Iúdáis. An aithne nua, .i. aithne an ghrádha.**

1 Roimh lá fhéile na cásga, ó bhí fhios ag Íosa go raibh a thráth tagaithe chun imtheacht as an saoghal so ag triall ar an Athair: ó thug sé grádh d'á mhuíntir féin, do ghrádhuigh sé iad go deire.

2 Agus nuair a bhí an suipéar críochnuighthe, agus an diabhal tar éis a chur i gcroidhe Iúdáis Iscariót, mhic Shímóin go ndéanfadh sé é dhíol, 3 Ó bhí fhios ag Íosa gach uile nídh a bheith tabhartha isteach 'n-a láimh dó ag an Athair, agus gur ó Dhia a tháinig sé agus go raibh sé ag dul ag triall as Dhia, 4 D'eirigh sé ó'n suipéar, agus bhain sé dhe a chuid éadaigh agus cheangail sé línéadach fan choím air féin. 5 Ansan chuir sé uisge i mbáisín agus chrom sé ar chosaibh a

dheisgiobul do nighe agus ar iad do
thriomú leis an línéadach a bhí fan choím
air. 6 Ansan do tháinig sé go dtí Símón
Peadar. Dubhairt Peadar leis: Tusa ag nighe
mo chos-sa, a Thighearna? 7 D'fhreagair
Íosa agus dubhairt sé leis: An rud atá agam-
sa 'á dhéanamh ní fios duit-se anois é;
beidh a fhios agat ar ball, ámhthach. 8
Dubhairt Peadar leis: Ní níghfir mo chosa-
sa dhómh-sa go bráth. D'fhreagair Íosa é:
Mura níghead tu ní bheidh páirt agat liom. 9
Dubhairt Símón Peadar leis: A Thighearna,
ní h-amháin mo chosa, ach fós mo lámha
agus mo cheann. 10 Dubhairt Íosa leis: An
t-é a níghtear ní gádh a níghe ach a chosa
agus tá sé glan ar fad. Táthaoi-se glan, ach
ní'l sibh go léir glan. 11 Óir bhí fhios aige cé
r' bh'é an t-é a dhíolfadh é; mar gheall air
sin iseadh a dubhairt sé: Ní'l sibh go léir
glan.

12 Ansan, nuair a bhí a gcosa nighte aige
agus a éadaighe curtha uime aige, agus é 'na
shuidhe airís dubhairt sé leó: An bhfuil
fhios agaibh cad 'tá déanta agam daoibh? 13
Glaodhann sibh-se orm-sa Máighistir, agus
Tighearna, agus tá an ceart agaibh, óir is mé
san. 14 D'á bhríg sin, má nígheas-sa bhúr
gcosa dhaoibh-se agus gur mé an
Tighearna agus an Máighistir, is ceart
daoibh-se, mar an gcéadna, cosa a chéile do
níghe. 15 Óir tá sampla tabhartha agam
daoibh, ionus fé mar tá déanta agam-sa
dhaoibh-se go ndéanfad sibh-se mar an
gcéadna. 16 Go deimhin, deimhin, adeirim
libh. Ní'l an seirbhíseach níos mó 'na a
mháighistir, 'ná ní'l an t-aspol níos mó 'ná
an t-é chuir uaidh é. 17 Má tá fhios agaibh
na neithe sin, is aoibhinn daoibh má
dheineann sibh iad. 18 Ní'lim ag labhairt
oraibh go léir; aithním na daoine a thoghas:
Ach ionus go gcómhlíonfí an
Sgríbhinn: An t-é a dh'itheann arán am'
fhochair árdóchaidh sé a shál am'
choinnibh. 19 Táim 'ghá innsint sin daoibh
anois roim sé, i dtreó, nuair a thuitfidh sé
amach, go gcreidfeadh sibh gur mé atá
ann. 20 Go deimhin, deimhin, adeirim
libh: An t-é a ghlacann aoinne a chuirfead
uaim, glacann sé mise; agus an t-é a
ghlacann mise, glacann sé an t-é a chuir
uaidh mé.

21 Nuair a bhí an méid sin ráidhte ag Íosa
tháinigh buaireamh spioraide air agus do
dheimhnigh sé, agus dubhairt sé: Go
deimhin, deimhin, adeirim libh, déanfaidh
duine agaibh-se mise thabhairt i láimh. 22
D'fhéach na deisgiobuil ar a chéile agus
mearbhall ortha i dtaobh cé air gur labhair
sé. 23 Thárla go raibh 'n-a luighe i n-ucht
Íosa duine dh'á dheisgiobulaibh ba ró-
ionmhuin le h-Íosa. 24 Agus do bhagair
Símón Peadar chuige sin agus dubhairt sé
leis: Cé h-é an t-é adeir sé? 25 D'á bhrígh sin,
dubhairt seisean, agus é 'n-a luighe ar ucht
Íosa: A Thighearna, cé h-é féin? 26
D'fhreagair Íosa: An fear go dtabharfad-sa
blúire d'arán túmtha dó, siné é. Ansan do
thúm sé blúire aráin agus thug sé d'Iúdás
Iscariót mac Shímóin é. 27 Agus i ndiaidh an
bhlúire aráin, chuaidh Sátan isteach ann.
Agus dubhairt Íosa leis: An nídh atá agat 'á
dhéanamh, dein gan mhoill é. 28 Agus ní
raibh fhios ag aoinne sa cuideachtain cad
chuige go ndubhairt sé leis é. 29 Mar do
cheap cuid acu, ó bhí an sparán ag Iúdás,
gur bh'amhlaidh adubhairt Íosa leis:
Ceannaigh na neithe theastóchaidh uainn i
gcóir na féile; nó rud éigin a thabhairt do
sna daoine bochta. 30 Ach nuair a ghlac
seisean an blúire aráin d'imthigh sé amach
gan mhoill. Agus bhí an oidhche ann.

31 Agus nuair a bhí sé imthighthe amach
dubhairt Íosa: Tá glóire fághalta anois ag
Mac an Duine, agus tá glóire fághalta ann
ag Dia. 32 Má tá glóire fághalta ag Dia ann
tabharfaidh Dia, leis, glóire dhó-san ann
féin, agus tabharfaidh sé glóire dhó gan
mhoill. 33 A chlann ó, táim i nbhúr bhfocair

tamall beag fós. Beidh sibh a’m lorg agus
mar adubhart leis na Iúdaigh, An áit ’n-a
bhfuilim ag dul ní féidir daoibh-se teacht
ann; deirim libh-se anois é. [34] Tá aithne nua
agam ’á thabhairt daoibh: go mbeadh grádh
agaibh d’a chéile; fé mar a thugas-sa grádh
dhaoibh-se go dtabharfadh sibh-se grádh
d’á chéile. [35] As san iseadh a dh’
aithneóchaid na daoine go léir gur sibh mo
dheisgiobuil-se, má bhíonn grádh agaibh
d’á chéile.

[36] Dubhairt Símón Peadar leis: A
Thighearna cá bhfuilir ag imtheacht?
D’fhreagair Íosa: An áit ’n-a bhfuilim ag
imtheacht ní féidir duit-se mé a leanmhaint
ann anois; leanfir me ámhthach ’n-a
dhiaidh so. [37] Dubhairt Peadar leis: Cad ’n-
a thaobh nách féidir dom thú a leanmhaint
anois? Tabharfad m’anam ar do shon. [38]
D’fhreagair Íosa é: Tabharfair t’anam ar
mo shon? Go deimhin, deimhin, adeirim
leat, ní ghlaodhfaidh an coileach sar a
séanfair trí h-uaire mé.

## CAIBID XIV.

### Caint Chríost tar éis a shuipéir dhéidheanaigh.

[1] Ná tagadh buaireamh an bhúr
gcroidhe. Creideann sibh i nDia; creididh
ionam-sa leis. [2] Is mó árus i dtigh m’Athar;
dá mba ná beadh, do neósfainn daoibh é:
óir táim ag dul ag cur áite i n-eagar
dhaoibh. [3] Agus má imthighim agus áit do
chur in-eagar dhaoibh, táim ag teacht airís
agus glacfad chúgham féin sibh, i dtreó, an
áit ’na mbead-sa go mbeidh sibh-se ann,
leis. [4] Agus is eól daoibh cá bhfuilim ag
imtheacht, agus tá eólas na slighe agaibh. [5]
Dubhairt Tomás leis: A Thighearna, ní h-
eól dúinn cá bhfuilir ag imtheacht, agus
conus is féidir dúinn an tslígh d’aithint?

[6] Dubhairt Íosa leis: Is mise an tslígh,
agus an fhírinne, agus an bheatha; ní
thagann aoinne chun an Athar ach tríom-
sa. [7] Dá n-aithnigheadh sibh mise
d’aithneóch’ sibh m’Athair gan amhras,
agus aithneóchaidh sibh é feasda, agus do
chonacabhair é. [8] Dubhairt Pilib leis: A
Thighearna, taisbeáin dúinn an t-Athair,
agus is leór dúinn san. [9] Dubhairt Íosa leis:
An bhfuilim an fhaid seo aimsire agaibh
agus gan aithne agaibh orm? A Philib, an t-
é a chíonn mise chíonn sé an t-Athair, leis;
agus conus adeirir-se, Taisbeáin dúinn an t-
Athair? [10] Ná creideann sibh go bhfuilim-se
sa n-Athair agus an t-Athair ionam-sa? Na
bréithre a labhraim-se libh-se ní h-uaim
féin a labhraim iad; ach an t-Athair atá ’n-a
chómhnuighe ionam, isé a dheineann na
mírbhúiltí. [11] Ná creideann sibh mise
bheith sa n-Athair agus an t-Athair a bheith
ionam-sa? [12] Nó murab é sin é, creididh mé
mar gheall ar na h-oibreacha féin.

Go deimhin, deimhin, adeirim libh, an t-
é a chreideann ionam-sa, na h-oibreacha a
dheinim-se déanfaidh sé féin iad, agus
déanfaidh sé oibreacha is mó ’ná iad; mar
táim-se ag dul ag triall ar an Athair. [13] Agus
pé rud a dh’iarrfaidh sibh ar an Athair am’
ainim-se déanfad-sa an rud san, i dtreó go
bhfaghaidh an t-Athair glóire sa Mhac. [14]
Má iarrann sibh aon rud orm am’ ainim-se
déanfad an rud san.

[15] Má tá grádh agaibh dom coimeádaidh
m’aitheanta. [16] Agus iarrfad-sa ar an Athair
é, agus cuirfidh sé chúghaibh
Sólásaidhe eile chun fanmhaint agaibh go
deó; [17] Spioraid na fírinne, nách féidir do’n
tsaoghal a ghlacadh, óir ní fheiceann sé é
ná ní aithnigheann sé é; ach aithnéochaidh
sibh-se é, mar fanfaidh sé agaibh, agus
beidh sé ionaibh. [18] Ní fhágfad sibh i nbhúr
ndíleach-taithibh; tiocfad chúghaibh. [19]
Tamall beag eile agus ní fheiceann an
saoghal mé feasda; ach chíonn sibh-se mé:
óir táim-se beó agus beidh sibh-se beó,
leis. [20] An lá san aithneóchaidh sibh-se go

bhfuilim-se am' Athair, agus go bhfuil sibh-se ionam-sa, agus mise ionaibh-se.

[21] An t-é go bhfuil m'aitheanta-sa aige agus do choimeádann iad, siné an t-é go bhfuil grád aige dhom; agus an t-é go bhfuil grád aige dhom, beidh grádh agam' Athair dó; agus beidh grádh agam-sa dhó agus taisbeánfad mé féin dó. [22] Dubhairt Iúdás leis, níor bh'é an t-Iscariót úd: A Thighearna, cad fé ndeár go ndéanfair thu féin a thaisbeáint dúinne agus ná taisbeánfair thu féin do'n tsaoghal? [23] D'fhreagair Íosa, agus dubhairt sé leis: Má tá grádh ag duine dhómh-sa coimeádfaidh sé mo bhréithre, agus beidh grádh ag m' Athair dó, agus tiocfaimíd chuige agus déanfaimíd cómhnuighe i n-a fhochair. [24] An t-é ná fuil grádh aige dhom ní choimeádann sé mo bhréithre; agus an briathar d'aireabhair ní h-é mo bhriathar-sa é, ach briathar an Athair a chuir uaidh mé.

[25] Do labhras an méid seo libh agus mé i nbhúr bhfochair. [26] Ach an Sólásaidhe, an Spioraid Naomh, an t-é a chuirfidh an t-Athair uaidh am' ainim-se, múinfidh sé sin daoibh gach nídh, agus cuirfidh sé i nbhúr gcuimhne gach nídh d'á ndéarfad libh. [27] Fágaim síothcháin agaibh; tugaim mo shíothcháin daoibh; ní mar a thugann an saoghal a thugaim-se dhaoibh. Ná bíodh buaireamh ar bhúr gcroidhe, ná eagla. [28] D'aireabhair conus mar adubhart libh: Táim ag imtheacht, agus ag teacht chúghaibh. Dá mbead grádh agaibh dom, bheadh áthas oraibh toisg mé bheith ag dul ag triall ar an Athair; óir is mó an t-Athair 'ná mise. [29] Agus anois tá sé innste agam daoibh roim sé, i dtreó nuair a thiocfaidh sé go gcreidfidh sibh. [30] Ní déarfad puinn i nbhúr bhfocair anois. Óir tá priúnsa an domhain seo ag teacht, agus ní'l nídh ar bhith aige ionam-sa. [31] Ach ionus go n-aithneóchadh an domhan go bhfuil grádh agam do'n Athair; agus do réir mar a thug an t-Athair órdú dhom, is mar sin a dheinim. Eirighidh, imthighmís asso.

## CAIBID XV.

**Caint Chríost le n-a dheisgiobulaibh ar leanmhaint.**

[1] Is mise an fhíneamhuin fhírinneach, agus isé m'Athair an saothruightheóir. [2] Gach géag atá orm agus ná tugann toradh, gearrfaidh sé í; agus gach géag a thugann toradh, glanfaidh sé í, ionus go dtabharfadh sí breis toradh. [3] Táthaoí-se anois glan de bhárr na cainte do labhras libh. [4] Fanaidh ionam-sa, agus mise ionaibh. Fé mar nách féidir do'n ghéig toradh thabhairt uaithe féin, mura bhfanaidh sí ar an bhfíneamhuin, sin mar nach féidir daoibh-se mura bhfanaidh sibh ionam-sa. [5] Mise an fhíneamhuin, sibh-se na géaga; an t-é fhanann ionam-sa agus mise ann, tugann sé sin toradh mór uaidh; óir am' éaghmuis-se ní féidir daoibh aon nídh a dhéanamh. [6] An t-é ná fanfaidh ionam-sa, caithfar amach é mar ghéag, agus feóchfaidh sé; agus tógfar é agus caithfar sa teine é, agus loisgfar é. [7] Má fhanann sibh ionam-sa, agus má fhanaid mo bhréithre ionaibh, iarrfaidh sibh pé nídh is maith libh, agus déanfar daoibh é. [8] As so a tugtar glóire do m'Athair, sibh-se do thabhairt mór-thoradh uaibh, agus sibh a bheith i nbhúr ndeisgiobuil agam-sa.

[9] Mar a thug an t-Athair grádh dhómh-sa, sin mar a thugas-sa grádh dhaoibh-se. [10] Fanaidh am' ghrádh. Má choiméádann sibh m'aitheanta fanfaidh sibh am' ghrádh; fé mar a choimeádaim-se aitheanta m'Athar agus go bhfanaim 'n-a ghrádh. [11] Do labhras na neithe sin libh ionus go mbeadh m'áthas-sa ionaibh, agus go mbeadh bhúr n-áthas-sa iomlán.

[12] Sidí m'aithne-se, go dtabharfadh sibh-se grádh d'á chéile, fé mar a thugas-sa

grádh dhaoibh-se. [13] Ní'l ag aon duine grádh is mó 'na so, go dtabharfadh duine a anam ar son a charad. [14] Is sibh-se mo cháirde-se ach go ndéanfaidh sibh na neithe adeirim libh. [15] Ní seirbhísigh a thabharfadh oraibh feasda, óir ní fios do'n tseirbhíseach an nídh a dheineann a mháighistir. Ach is cáirde atá tabhartha agam oraibh; óir gach nídh d'ár airigheas féin ó m'Athair do chuireas i n-iúil daoibh-se é. [16] Ní sibh-se a dhein mise do thoghadh: ach is mise a dhein sibh-se do thoghadh, agus do cheapadh chun go n-imtheochadh sibh agus go dtabharfadh sibh toradh uaibh, agus go leanfadh bhúr dtoradh; i dtreó, pé rud a dh'iarrfadh sibh ar an Athair am' ainim-se, go dtabharfadh sé daoibh é. [17] Tugaim na h-aitheanta so dhaoibh i dtreó go mbeadh grádh agaibh d'a chéile.

[18] Má thugann an saoghal fuath dhaoibh, bíodh fhios agaibh gur thug sé fuath dhómh-sa rómhaibh. [19] Dá mba leis an saoghal a bhainfeadh sibh bheadh grádh ag an saoghal d'a chuid féin; ach óir ná baineann sibh leis an saoghal, ach gur dheineas-sa sibh a thoghadh as an saoghal, uime sin tá fuath ag an saoghal daoibh. [20] Cuimhnighidh ar an bhfocal adubhart libh: Ní'l an seirbhíseach níos mó 'ná a mhaighistir. Má dheineadar géarleanmhaint orm-sa déanfaid siad géarleanmhaint oraibh-se, leis; má choimeádadar mo bhréithre-se, coimeádfaid siad bhúr mbréithre-se, leis. [21] Ach déanfaid siad na neithe sin go léir libh mar gheall ar m' ainim-se, toisg gan aithne bheith acu ar an t-é a chuir uaidh mé. [22] Dá mba ná tiocfainn agus labhairt leó, ní bheadh an peaca ortha; ach anois ní'l aon leathsgéal acu i dtaobh a bpeaca. [23] An t-é go bhfuil fuath aige dhómh-sa, tá fuath aige do m'Athair, leis. [24] Dá mba na déanfainn na h-oibreacha 'n-a measg, oibreacha nár dhein aoinne eile, ní bheadh an peaca ortha; ach anois do chonacadar agus thugadar fuath i n-aonfheacht, dómh-sa agus do m'Athair i n-aonfheacht. [25] Ach ionus go gcómhlíonfaí an focal atá sgríobhtha sa dlígh atá acu: Do thugadar fuath dhom gan chúis.

[26] Ach nuair a thiocfaidh an Sólásaidhe, an t-é a chuirfead-sa chúghaibh-se ó'n Athair, Spioraid na fírinne, a ghluaiseann ó'n Athair, déanfaidh sé sin fiadhnaise orm-sa. [27] Agus déanfaid sibh-se fiadhnaise, óir táthaoí am' fhochair ó thusach.

## CAIBID XVI.

### Críochnú cainte Chríost le n-a dheisgiobulaibh.

[1] D'innseas na neithe seo dhaoibh ionus ná glacfadh sibh sgannal. [2] Cuirfid siad amach as na sinagógaibh sibh: seadh, agus tá an t-am ag teacht nuair a mheasfaidh an t-é a chuirfidh chun bhais sibh go mbeidh onóir aige 'á thabhairt do Dhia. [3] Agus déanfaid siad na neithe sin libh-se toisg gan aithne bheith acu ar an Athair, ná orm-sa. [4] Ach táid na neithe seo innste agam daoibh i dtreó, nuair a thiocfaidh an t-am dóibh, go gcuimhneóchaidh sibh ar mé 'ghá n-innsint daoibh. [5] Ach níor innseas na neithe seo dhaoibh ó thusach, mar bhíos i nbhúr bhfochair. Agus anois táim ag imtheacht ag triall ar an t-é a chuir uaidh mé, agus ní'l aoinne agaibh 'ghá fhiafraighe dhíom: Cá bhfuilir ag imtheacht?

[6] Ach toisg gur labhras na neithe seo libh do líon bhúr gcroidhe de dhólás. [7] Ach táim-se ag innsint na fírinne dhaoibh: Isé bhúr leas mé dh'imtheacht; óir mura n-imthighead ní thiocfaidh an Sólásaidhe chúghaibh; ach má imthighim, cuirfead chúghaibh é. [8] Agus nuair a thiocfaidh sé sin déanfaidh sé an domhan do dhaoradh i

dtaobh an pheactha, agus i dtaobh cirt,
agus i dtaobh breitheamhantais: 9 I dtaobh
peactha, toisg ná creidid siad ionam-sa; 10 I
dtaobh cirt, óir táim ag dul chun an Athar,
agus ní fheicfidh sibh mé feasda. 11 Agus i
dtaobh breitheamhantais, óir tá
breitheamhantas tabhartha cheana féin ar
priúnsa an domhain seo.

12 Tá mórán eile neithe agam le rádh libh,
ach ní féidir daoibh iad a bhreith libh
anois. 13 Ach nuair a thiocfaidh an Spioraid
úd na fírinne, múinfidh sé dhaoibh an uile
fhírinne. Óir ní h-uaidh féin a labharfaidh
sé, ach labharfaidh sé gach a gcloisfidh sé;
agus neósfidh sé dhaoibh-se na neithe atá
le teacht. 14 Tabharfaidh sé sin glóire
dhómh-sa, óir is de m' chuid-se a
ghlacfaidh sé agus a neósfaidh sé dhaoibh-
se. 15 Gach uile nídh atá ag an Athair is
liom-sa é. Uime sin iseadh adubhart: Is de
m' chuid-se a ghlacfaidh sé agus a
neósfaidh sé dhaoibh-se.

16 Tamall beag, agus ní fheicfidh sibh mé;
agus ansan tamall beag airís, agus chífidh
sibh mé; mar táim ag dul ag triall ar an
Athair.

17 Ansan dubhairt cuid d'á
dheisgiobulaibh le n-a chéile: Cad é seo
adeir sé linn? Tamall beag, agus ní fheicsidh
sibh mé; agus tamall beag airís, agus chífidh
sibh mé; agus, Mas táim ag dul ag triall ar
an Athair? 18 Agus dubhradar: Cad é seo
adeir sé, Tamall beag? Ní fheadramair cad
'deir sé.

19 Agus bhí fhios ag Íosa gur mhian leó é
cheistiú; agus dubhairt sé leó: Táthaoí ag
ceistiúchán eadraibh féin i dtaobh an
fhocail sin adubhart: Tamall beag, agus ní
fheicsidh sibh mé; agus, tamall, beag airís,
agus chífidh sibh mé. 20 Go deimhin,
deimhin, adeirim libh, go ndéanfaidh sibh
caoi agus gol, agus go mbeidh áthas ar an
saoghal; agus go mbeidh sibh-se buartha,
ach iompófar bhúr mbrón chun áthais. 21
Nuair a bhíonn an bhean i mbreóiteacht
clainne, bíonn buaireamh uirthi, toisg a h-
am a bheith tagaithe; ach nuair a bheireann
sí an mac, ní bhíonn cuimhne aici ar an
dtein-neas, mar gheall ar an áthas, toisg
duine bheith tagaithe ar an saoghal. 22 Sin
mar atá buaireamh oraibh-se anois, ach
chífead-sa sibh airís, agus beidh áthas ar
bhúr gcroidhe; agus ní bhainfidh aoinne
bhúr n-áthas díbh. 23 Agus ní fhiafróchaidh
sibh aon nídh dhíom-sa an lá san. Go
deimhin, deimhin, adeirim libh, má iarrann
sibh aon rud ar an Athair am' ainim
tabharfaidh sé dhaoibh é. 24 Go dtí so níor
iarrabhair aon nídh am' ainim: Iarraidh,
agus gheobhaidh sibh, ionus go mbeadh
bhúr n-áthas iomlán.

25 Do labhras na neithe seo libh i
bhfuirm soluídí. Tá an t-am ag teacht nuair
ná labharfad libh feasda i soluídibh, ach
neósfad daoibh go soiléir i dtaobh an
Athar. 26 Sa lá san iarrfaidh sibh am' ainim-
se; agus ní deirim libh go nguidhfead an t-
Athair an bhúr son; 27 Óir tá grádh ag an
Athair féin daoibh, toisg grádh bheith
agaibh dómh-sa agus gur chreideabhair gur
ó Dhia do ghluaiseas. 28 Do ghluaiseas
amach ó'n Athair, agus do thánagh ar an
saoghal; táim ag fágáilt an tsaoghail airís,
agus ag dul ag triall ar an Athair.

29 Dubhairt a dheisgiobuil leis: Féach,
anois taoí ag labhairt go soiléir, agus ní h-
aon tsoluíd atá agat d'á labhairt. 30 Tá fhios
againn anois go bhfuil fios gach uile nídh
agat, agus nách gádh dhuit aoinne bheith
'ghad' cheistiú: as so creidimíd gur ó Dhia
a ghluaisís. 31 D'fhreagair Íosa iad: An
gcreideann sibh anois? 32 Féach, tá an tráth
ag teacht, agus tá sé tagaithe cheana féin,
'n-a sgaipfar sibh, gach duine chun a choda
féin, agus 'n-a bhfágfaid sibh mise am'
aonar; ach ní'lim am' aonar, mar tá an t-
Athair am' fhochair. 33 Do labhras na
neithe sin libh ionus go mbeadh síothchain

agaibh ionam-sa. Beidh trioblóid sa tsaoghal agaibh; ach glacaidh misneach, tá buaidhte agam-sa ar an saoghal.

## Caibid XVII.

### Guidhe Chríost ar son a dheisgiobul.

1 Do labhair Íosa an chaint sin, agus ansan do thóg sé a shúile suas chun na bhflathas, agus dubhairt sé: A Athair, tá an uair tagaithe; tabhair glóire do d'Mhac ionus go dtabharfadh do Mhac glóire dhuit: 2 Fé mar a thugais dó cómhacht os cionn gach feóla, ionus, gach ar thugais dó, go dtabharfadh sé dhóibh beatha shíoruidhe. 3 Agus isí seo an bheatha shíoruidhe, go gcuirfidís aithne ort-sa, an t-aon Dia fírinneach amháin, agus ar Íosa Críost a chuiris uait. 4 Do shoillsigheas-sa thú ar an dtalamh so; tá an obair déanta agam a thugais dom le déanamh. 5 Agus soillsigh-se mise anois, a Athair, ad' fhochair féin, leis an soillseacht a bhí agam ad' fhochair sar a raibh an domhan ar bith.

6 Do nochtas t'ainim do sna daoine a thugais dom as an saoghal; ba leat-sa iad, agus thugais dómh-sa iad; agus tá do bhriathar coimeádta acu. 7 Tá fhios acu anois gurabh uait-se gach nídh d'á dtugais dómh-sa. 8 Óir, na bréithre a thugais dom, do thugas dóibh iad; agus do ghlacadar iad, agus is eól dóibh go fíor gur uait-se a thánag, agus do chreideadar gur tú a chuir uait mé.

9 Guidhim ortha; ní h-ar an saoghal a ghuidhim, ach ortha so a thugais-se dhom; mar is leat-sa iad. 10 Agus is liom-sa gach nídh is leat-sa, agus is leat-sa gach nídh is liom-sa; agus táim soillsighthe ionta. 11 Agus nílim ar an saoghal feasda, agus táid siad so ar an saoghal, agus táimse ag dul ag triall ort-sa. A Athair naomhtha, comieád, at' ainim féin, an mhuintir a thugais dómh-sa, ionus go mba h-aon iad, fé mar is aon sinne. 12 An fhaid a bhíos 'n-a bhfochair ar an saoghal do choimeádas iad at' ainim-se. An mhuintir a thugais dom do choimeádas iad, agus níor imthigh íde as aoinne acu ach ar mhac na h-íde, ionus go gcómhlíonfaí an scriptiúir. 13 Ach anois táim ag teacht ag triall ort-sa; agus tá an chaint seo agam 'á rádh ar an saoghal, ionus go mbeadh acu, iomlán ionta féin, an t-áthas is liom-sa. 14 Thugas-sa dhóibh do bhriathar-sa; agus do thug an saoghal fuath dhóibh, óir ní de'n tsaoghal iad, fé mar nách de'n tsaoghal mise. 15 Nílim 'ghá iarraidh go dtógfá as an saoghal iad, ach go gcoimeádfá saor ó'n olc iad. 16 Ní de'n tsaoghal iad, fé mar nách de'n tsaoghal mise. Dein iad do naomhú sa bhfírinne. 17 Is fírinne do bhriathar. 18 Fé mar a chuiris-se uait mise isteach sa tsaoghal, do chuireas-sa uaim iad so isteach sa tsaoghal. 19 Agus naomhuighim-se mé féin ar a son, ionus go mbeidís sin, leis, naomhtha sa bhfírinne.

20 Ní h-ar a son amháin, ámhthach, atáim ag guidhe, ach, mar an gcéadna, ar son na ndaoine a chreidfidh ionam tré n-a mbriathar; 21 Ionus go mb' aon iad go léir, fé mar ataoí-se, a Athair, ionam-sa agus mise ionat-sa; go mbeidís seo 'n-a n-aon ionainn; i dtreó go gcreidfeadh an saoghal gur chuiris-se uait mé. 22 Agus an soillsiú a thugais-se orm-sa, do thugas-sa ortha so é, ionus go mb' aon iad, fé mar is aon sinne. 23 Mise ionta so, agus tusa ionam-sa, ionus go mbeidís beachtuighthe i n-aon; agus go n-aithneóchadh an saoghal gur chuiris-se uait mé, agus gur thugais grádh dhóibh seo fé mar a thugais grádh dhóm-sa. 24 A Athair, na daoine seo a thugais dom, is mian liom, an áit i n-a bhfuilim-se, iad-san do bheith ann mar aon liom; ionus go bhfeicfidís mo ghlóire, an glóire a thugais-se dhom, mas gur thugais grádh dhom roimh cruithniú an domhain. 25 A Athair atá ró-cheart, ní raibh aithne ag an saoghal ort; ach bhí aithne

agam-sa ort; agus bhí fhios acu so gur chuiris-se uait mise. [26] Agus do thugas-sa dhóibh, agus tabharfad, eólus ar t’ainim; ionus, an grádh a thugais-se dhómh-sa, go mbeadh sé ionta so, agus mise ionta.

## Caibid XVIII.

### Tuairisg ar Pháis Chríost.

[1] Nuair a bhí an chaint sin ráidhte ag Íosa chuaidh sé amach, mar aon le n-a dheisgiobuil thar sruth Chedrón, mar a raibh gáirdín, agus chuaidh sé féin agus a dheisgiobuil isteach sa gháirdín: [2] Agus bhí fios na h-áite ag Iúdas, leis, an fear a dhíol é, mar do chuaidh Íosa ann go minic i n-aonfheacht le n-a dheisgiobulaibh. [3] Agus nuair a fuair Iúdas buidhean saighdiúirí agus oificeacha ó sna h-árd-shagairt agus ó sna Fairisínigh, tháinig sé cun na h-áite agus lóchranna aige, agus tóirsí, agus airm. [4] Agus ó bhí fhios ag Íosa gach nídh d’á raibh le teacht air, chuaidh sé amach agus dubhairt sé leó: Cé ’tá uaibh? [5] D’fhreagradar é: Íosa an Nasarénach. Dubhairt Íosa leó: Is mise é. Agus bhí Iúdas, an fear a dhíol é, ’n-a sheasamh ’n-a dteannta. [6] Agus chómh luath agus adubhairt sé leó, Is mise é, chuadar i ndiaidh a gcúl agus thuiteadar ar an dtalamh. [7] Ansan d’fhiafraigh sé dhíobh airís: Cé ’tá uaibh? Agus dubhradar-san: Íosa an Nasarénach. [8] D’fhreagair Íosa iad: Dubhart libh gur mise e; agus má’s mise atá uaibh leigidh dóibh seo imtheacht. Ionus go gcómhlíonfaí an focal adubhairt sé: [9] An mhuintir a thugais dom níor chailleas aon duine acu. [10] Agus bhí claidheamh ag Símón Peadar, agus tharaing sé an claidheamh, agus bhuail sé seirbhíseach an árd-shagairt, agus bhain sé an chluas dheas de. Agus Malcus ab ainim do’n tseirbhíseach. [11] Agus dubhairt Íosa le Peadar: Cuir do chlaidheamh n-a thruaill taisge. An chailís a thug an t-Athair dom, an amhlaidh ná h-ólfad í?

[12] Ansan do rug an bhuidhean agus an captaén agus seirbhísigh na n-Iúdach ar Íosa, agus do ghabhadar é.

[13] Agus do rugadar i láthair Annas ar dtúis é, óir bh’é sin athair céile Cháiphais, árdshagairt na bliana san. [14] Agus b’é Cáiphas an t-é thug an chómhairle úd do sna Iúdaigh, gur bh’ é a leas aon duine amháin d’fhághail bháis ar son an phobuil.

[15] Do lean Símón Peadar, ámhthach, agus deisgiobul eile, Íosa. Agus bhí aithne ar an ndeisgiobul eile sin ag an árdshagart, agus chuaidh sé isteach i bhfochair Íosa i halla an árdshagairt. [16] Agus bhí Pheadar ’n-a sheasamh i n-aice an doruis lasmuigh. Ansan, an deisgiobul eile sin go raibh aithne ag an árdshagart air, d’imthigh sé amach agus do labhair sé le cailín an doruis agus thug sé Peadar isteach. [17] Agus dubhairt cailín an doruis le Peadar: Nách duine de dheisgiobulaibh an fhir úd tusa, leis? Deir seisean: Ní h-eadh. [18] Agus bhí na seirbhísigh agus na h-oificeacha ’n-a seasamh i n-aice na teine, ’ghá dtéidh féin, mar bhí sé fuar; agus bhí Peadar ’n-a dteannta, leis, agus é ’n-a sheasamh, ’ghá théidh féin.

[19] Agus do cheistigh an t-árdshagart Íosa i dtaobh a dheisgiobul agus i dtaobh a theagaisg. [20] D’fhreagair Íosa é: Do labhras go h-osgailte leis an ndomhan; dheineas teagasg i gcómhnuighe sa tsinagóig, agus sa teampul, mar a gcruinníghid na Iúdaigh go léir; agus níor labhras aon nídh fé cheilt. [21] Cad ’n-a thaobh duit mise cheistiú? Ceistigh na daoine a bhí ag éisteacht le u-ar labhras leó; féach, is eól dóibh seo cad ’dubhart.

[22] Nuair adubhairt sé an méid sin do bhuail seirbhíseach a bhí láithreach buille bhais an Íosa agus dubhairt sé; An mar sin a thugann tú freagra ar an árdshagart? [23]

D’fhreagair Íosa é: Má’s olc mo chaint,
tabhair fiadhnaise ar an olc; má’s maith í,
cad chuige dhuit mé bhualadh? [24] Ansan do
chuir Annas uaidh é gabhtha ag triall ar
Cáiphas an t-árdshagart.

[25] Ach bhí Símón Peadar ’n-a sheasamh
’ghá théidh féin agus dubhradar leis: Nách
duine d’á dheisgiobuil siúd thusa leis? Do
shéan seisean agus dubhairt sé: Ní h-
eadh. [26] Ansan dubhairt duine de
sheirbhísigh an árdshagairt, gaol do’n fear
gur bhain Peadar an chluas de: Ná feaca-sa
thu sa gháirdín i n’fhochair? [27] Do shéan
Peadar airís: agus do ghlaoidh an coileach
láithreach.

[28] Ansan do rugadar Íosa leó ó Cháiphas
go dtí an Praetórium. Bhí sé ’n-a mhaidin
an uair sin, agus níor chuadar féin isteach
sa halla, i dtreó ná truailleófaí iad, agus go
n-íosfaidís an cháisg. [29] Uime sin do
chuaidh Pílát amach ag triall ortha, agus
dubhairt sé: Cad ’tá agaibh ’á chur i leith an
duine seo? [30] D’fhreagradar agus dubhradar
leis: Mura mbeadh é seo bheith ’n-a
chuirptheach ní thabharfaimís ag triall ort-
sa é. [31] Dubhairt Pílát leó: Tógaidh féin é
agus tugaidh breith air do réir bhúr ndlighe
féin. Agus dubhairt na Iúdaigh leis: Ní’l
ceaduighthe dhúinne aoinne chur chun
bháis. [32] Ionus go gcómhlíonfaí focal Íosa,
an focal adubhairt sé ’ghá chur i n-iúil cad
é an bás a gheobhadh sé.

[33] Ansan do chuaidh Pílát isteach sa
chúirt airís, agus ghlaoidh sé chuige Íosa
agus dubhairt sé leis: An tusa rí na n-
Iúdach? [34] D’fhreagair Íosa: An uait féin a
deirir-se an nídh sin, nó an daoine eile
d’innis duit é am’ thaobh-sa? [35] D’fhreagair
Pílát: An Iúdach mise? Do dhaoine féin
agus na h-árdshagairt isiad a thug suas
dómh-sa thú. Cad ’tá déanta agat? [36]
D’fhreagair Íosa: Ní bhaineann mo
rígheacht-sa leis an saoghal so. Dá
mbaineadh mo rígheacht leis an saoghal so
ní baoghal ná go dtroidfeadh mo mhuintir
ionus ná tabharfaí suas do sna Iúdaigh mé:
ach anois ní h-as so atá mo rígheacht-sa. [37]
Ansan dubhairt Pílát: An rí thu, mar sin?
D’fhreagair Íosa: Mar adeirir, is rí mé. Is
chuige do rugadh mise, agus is chuige do
thánagh ar an saoghal, chun go ndéanfainn
fiadhnaise do’n bhfírinne. Gach n-aon a
bhaineann leis an bhfírinne, éisteann sé le
m’ ghlór-sa. [38] Deir Pílát leis: Cad is fírinne
ann? Agus nuair adubhairt sé an focal san
d’imthigh sé amach airís chun na n-Iúdach,
agus dubhairt sé leó: Ní bhfaghaim-se coir
ar bhith ann. [39] Ach is nós agaibh-se go
leigfinn duine saor chúghaibh uim Cháisg;
an mian libh, mar sin, go leigfinn saor
chúghaibh rí na n-Iúdach? [40] Ansan do
liúghadar go léir airís agus dubhradar: Ná
leig saor é seo, ach Barabbas. Agus
bitheamhnach ab eadh Barabbas.

## Caibid XIX.

### Tuairisg ar Pháis Chríost ar leanmhaint.

[1] Agus ansan do thóg Pílát Íosa, agus do
sgiúrsáil sé é. [2] Agus d’fhígheadar na
saighdiúirí coróinn dheilgneach, agus
chuireadar ar a cheann í, agus chuireadar
éadach corcra uime. [3] Agus thagaidís
chuige agus deiridís: Go mbeannuighthear
duit, a rí na n-Iúdach; agus do bhuailidís
dóirne air. [4] Ansan do chuaidh Pílát amach
airís, agus dubhairt sé leó: Féach, táim ’ghá
thabhairt chúghaibh amach, go dtuigfeadh
sibh ná faghaim aon choir ann. [5] Agus
tháinigh Íosa amach agus an choróinn
dheilgneach air agus an brat corcra uime.
Agus dubhairt seisean leó: Féach an
duine! [6] Agus nuair a chonaic na h-árd-
shagairt agus a n-oificeacha é do liúghadar
agus dubhradar: Céas é, céas é. Dubhairt
Pílát leó: Tógaidh féin é, agus céasaidh é;
óir ní bhfaghaim-se aon choir ann. [7]

D’fhreagair na Iúdaigh: Tá dlígh againne,
agus do réir na dlighe sin is ceart dó bás
d’fhághail, de bhrígh gur dhein sé Mac Dé
dhe féin. 8 Nuair airigh Pílát an focal san
tháinig tuille eagla air. 9 Agus chuaidh sé
isteach sa chúirt airís agus dubhairt sé le h-
Íosa: Cad as duit-se? Ach níor thug Íosa
freagra air. 10 Dubhairt Pílát leis, d’á bhrígh
sin: An amhlaidh ná labharfair liom? Ná
fuil fhios agat go bhfuil ar mo chumas-sa
thú chéasadh, agus go bhfuil ar mo chumas
thú leigint saor? 11 D’fhreagair Íosa: Ní
bheadh aon nídh ar do chumas am’
aghaidh mura mbeadh gur tugadh duit é
ó’n áit thuas. Uime sin an t-é a thug suas
duit mé, is mó an peaca atá air.

12 Agus as san amach bhí Pílát a
d’iarraidh é leigint saor. Ach do liúigh na
Iúdaigh, agus dubhradar: Má leigeann tú
saor é seo ní cara do Caesar tu; Óir, gach
aoinne a dheineann rí dhe féin labhrann sé
i n-aghaidh Chaesair. 13 Nuair a dh’airigh
Pílát na focail sin do thug sé Íosa leis
amach, agus do shuidh sé sa chathaoir
bhreitheamhntais, sa n-áit ar a dtugtar
litostrótos; sa teangain Eabhra, ámhthac,
Gabbata. 14 Agus b’é lá ollamhuighthe na
Cásga é, tímpal an sémhadh h-uair, agus
dubhairt sé leis na Iúdaigh: Féach bhúr rí: 15
Ach do liúghadar: Tóg uainn é, tóg uainn é;
céas é! Dubhairt Pílát leó: An ndéanfad
bhúr rí do chéasadh? D’fhreagair na h-árd-
shagairt: Ní’l aon rí againn ach Caesar. 16
Ansan do thug sé suas dóibh é le céasadh.
Agus thógadar Íosa, agus do rugadar leó
amach é.

17 Agus ag iompar a chroise chuaidh sé
amach chun na h-áite ar a dtugtar Áit an
chloiginn, agus Golgota sa teangain
Eabhra, 18 Mar ar chéasadar é, agus beirt
eile ’n-a theannta, duine ar gach taobh, agus
Íosa i lár baill. 19 Agus do sgríbh Pílát
teidiol, agus chuir sé ar an gcrois é. Agus
bh’ e seo an sgríbhinn: ÍOSA
NASARÉNACh RÍ NA N-IÚDACh. 20
Agus do léigh mórán de sna Iúdaigh an
teidiol san, mar bhí an áit ’n-ar céasadh Íosa
achmair do’n chathair. Agus bhí sé
sgríobhtha i n-Eabhrais, agus i nGréigis,
agus i Laidin. 21 Dubhairt árd-shagairt na n-
Iúdach, ámh, le Pílát: Ná sgríbh: Rí na n-
Iúdach; ach go ndubhairt sé: Is mé rí na n-
Iúdach. 22 D’fhreagair Pílát: An nídh do
sgríobhas, do sgríobhas e.

23 Agus na saighdiúirí, nuair a chéasadar
é, do thógadar a chuid éadaigh agus
dheineadar cheithre coda dhíobh, cuid do
gach saighdiúir, agus a chasóg. Bhí an
chasóg, ámh, gan fuagháil inti, ach í fighte
ar fad ó n-a bárr. 24 Agus dubhradar le n-a
céile: Ná stracaimís í, ach cuirimís ar
chrannaibh cé aige go mbeidh sí; go
gcómhlíonfaí an scriptiúir adeir: Do
rainneadar eatartha mo chuid éadaigh, agus
chuireadar ar chrannaibh mo chúmhdach.
Agus do dhein na saighdiúirí na neithe sin.

25 Agus bhi ’n-a seasamh i n-aice croise
Íosa a mháthair, agus deirbhshiúr a
mháthar, Máire Chleophais, agus Máire
Mhaghdalén. 26 Agus nuair a chonaic Íosa a
mháthair agus an deisgiobul ab ionmhuin
leis ’n-a sheasamh, dubhairt sé le n-a
mháthair: A bhean, siné do mhac! 27 Ansan
deir sé leis an ndeisgiobul: Féach do
mháthair. Agus ó’n uair sin amach do ghlac
an deisgiobul chun a theaghlaigh féin í.

28 I ’n-a dhiaidh san, ó bhí fhios ag Íosa
go raibh gach nídh críochnuighthe, ionus
go gcómhlíonfaí an scriptiúir, dubhairt sé:
Tá tart orm. 29 Agus bhí árthach ann agus é
lán d’fhínéigir. Chuireadar chun a bhéil
spúins agus é lán d’fhínéigir agus iosóip
tímpal air. 30 Agus nuair a ghlac Íosa an
fhínéigir, dubhairt sé: Tá críochnuighthe.
Agus do chrom sé a cheann, agus thug sé a
anam uaidh.

31 Ach na Iúdaigh, óir b’é lá an
ollamhuighthe é, i dtreó ná fanfadh na

cuirp ar an gcrois i gcaitheamh na
sabbóide, óir ba lá mór sabbóide an lá san,
d'iarradar ar Pílát go mbrisfí a gcosa agus
go dtógfaí as iad. 32 Ansan do tháinig na
saighdiúirí, agus bhriseadar cosa an chéad
duine, agus cosa an duine eile a bhí céasda
i n-aonfheacht leis. 33 Ach nuair a thánadar
chun Íosa, chonacadar go raibh sé marbh
cheana féin, agus níor bhriseadar a chosa; 34
Ach d'osgail duine de sna saighdiúiríbh a
thaobh le sleagh, agus tháinigh amach as,
láithreach, fuil agus usge. 35 Agus an t-é a
chonaic é thug sé fiadhnaise ann, agus is
fíor a fhiadhnaise. Agus is eól dó san go
bhfuil an fhirínne aige 'á rád, ionus go
gcreidfeadh sibh-se. 36 Óir do deineadh na
neithe sin ionus go gcómhlíonfaí an
scriptiúir: Ní bhrisfidh sibh aon chnámh
ann. 37 Agus airís deir scriptiúir eile: Chífid
siad an t-é a shádadar.

38 'N-a dhiaidh san d'iarr Ióseph ó
Arimataea ar Pílát (mar deisgiobul le h-Íosa
dob eadh é, ach fé chéilt, le h-eagla na n-
Iúdach) leigint dó corp Íosa do bhreith leis.
Agus do thoiligh Pílát. 39 Agus tháinig sé
agus do rug sé leis corp Íosa. Agus do
tháinig Nicodémus, leis, an fear úd a
tháinig ar dtúis chun Íosa sa n-oidhche,
agus measgán mirr agus aloé aige, tímpal
céad púnt meághchaint. 40 Agus do
thógadar corp Íosa, agus do cheangaladar é
le línéadach agus leis na spíosraíbh, fé mar
is gnáth leis na Iúdaigh adhlacadh
dhéanamh. 41 Agus bhí sa n-áit 'n-ar
céasadh é gáirdín, agus sa gháirdín bhí
tuama nua nár h-adhlacadh aoinne fós
ann. 42 Chuireadar Íosa sa tuama san, mar
bhí sé 'n-a gcómhgar, agus b'é lá
ollamhuighthe na n-Iúdach é.

## CAIBID XX.

### Aiséirighe Chríost agus é 'ghá thaisbeáint féin d'á dheisgiobulaibh.

1 Agus an chéad lá de'n tseachtmhain
thainig Máire Mhaghdalén ar maidin, agus
an doircheacht fós ann, chun na h-uagha,
agus chonaic sí an leac tógtha ó'n uaigh. 2
Ansan do rith sí agus tháinigh sí ag triall ar
Shímón Peadar agus ar an ndeisgiobul eile
úd ab ionmhuin le h-Íosa, agus dubhairt sí
leó: Do thógadar an Tighearna as an
dtuama, agus ní fios dúinn cár chuireadar
é. 3 Agus d'imthigh Peadar agus an
deisgiobul eile amach, agus thanadar chun
an tuama. 4 Agus bhí an bheirt ag ruith i n-
aonfheacht, agus do rith an deisgiobul eile
níba luatha 'ná Peadar, agus isé ba thúisge
tháinig chun an tuama. 5 Agus nuair do
chrom sé do chonaic sé an línéadach
leagaithe ann; ach níor chuaidh sé isteach. 6
Ansan do tháinig Símón Peadar 'n-a
dhiaidh, agus chuaidh sé isteach sa tuama,
agus chonaic sé an línéadach leagaithe
ann, 7 Agus an ciarsúir a bhí ar a cheann,
agus ní h-i dteannta na n-éadaighe lín a bhí
sé sin, ach i n-áit fé leith agus é fíllte i n-aon
áit amháin. 8 Ansan do chuaidh isteach an
deisgiobul eile, a tháinig ar dtúis chun an
tuama; agus do chonaic sé agus do chreid
sé. 9 Óir níor bh'fhios fós dóibh an
scriptiúir, nár bh'fholáir é dh'eirighe ó sna
mairbh. 10 Ansan d'imthigh na deisgiobuil
abhaile airís.

11 Ach d'fhan Máire 'n-a seasamh i n-aice
an tuama agus í ag gol. Sa ghol di, ámhthac,
do chrom sí, agus d'fhéach sí isteach sa
tuama; 12 Agus chonaic sí an dá aingeal, i n-
éadach gheal, agus iad 'n-a suidhe, aingeal
acu ag ceann agus an t-aingeal eile ag
cosaibh na h-áite 'n-ar cuireadh corp
Íosa. 13 Dubhradar léi: A bhean, cad fé
ndeara dhuit bheith ag gol? Dubhairt sí leó:
Mar do thógadar mo Thighearna, agus ní
fheadar cár chuireadar é. 14 Nuair a bhí na

focail sin ráidhte aici d'iompuigh sí siar,
agus chonaic sí Íosa 'n-a sheasamh, agus ní
raibh fhios aici gur bh' é Íosa é. [15] Dubhairt
Íosa léi: A bhean, cad sé ndeara dhuit
bheith ag gol? Cé atá uait? Cheap sisi gur
ghárdnóir é, agus dubhairt sí leis: A dhuine
mhacánta, má's tusa a thóg é, innis dam cár
chuiris é, agus béarfad liom é. [16] Dubhairt
Íosa léi: a Mháire. D'iompuigh sisi agus
dubhairt sí leis: Rabbóní; ('sé sin le rádh, A
Mháighistir). [17] Dubhairt Íosa léi: Ná
teangmhuigh liom, óir níor chuas suas
chun m' Athar fós; ach imthigh ag triall ar
mo bhráithre agus abair leó, Táim ag dul
suas chun m' Athar agus chun bhúr n-
Athar, ag triall ar mo Dhia agus ar bhúr
nDia. [18] Tháinig Máire Mhaghdalén agus
d'innis sí do sna deisgiobuil: Do chonac an
Thighearna agus dubhairt sé na neithe seo
liom.

[19] Agus um thráthnóna an lae chéadna,
an chéad lá de'n tseachtmhain, agus na
dóirse dúnta, mar a raibh na deisgiobuil
cruinnighthe le h-eagla na nIúdach, tháinig
Íosa agus do sheasaimh sé i lár baill, agus
dubhairt sé leó: Síothcháin daoibh. [20] Agus
nuair adubhairt sé an focal san do
thaisbeáin sé dhóibh a lámha agus a
thaobh. Agus bhí áthas mór ar na
deisgiobulaibh toisg go bhfeacadar an
Tighearna. [21] Ansan dubhairt sé airís leó:
Síothcháin daoibh. Fé mar a sheól an t-
Athair mise seólaim-se sibh-se. [22] Tar éis an
méid sin a rádh, do chuir sé anál fútha; agus
dubhairt sé leó: Glacaidh an Spioraid
Naomh. [23] Na daoine go maithfidh sibh a
bpeacaí dhóibh, táid siad maithte dhóibh;
agus na daoine go gcoimeádfaidh sibh a
bpeacaí gan maitheamh dóibh, táid siad
gan maitheamh dóibh.

[24] Ach Tomás, duine de'n dáréag, go
dtugtí Didimus air, ní raibh sé 'n-a
bhfochair nuair a tháinig Íosa. [25] Agus d'á
bhrígh, sin, dubhairt na deisgiobuil eile leis:
Chonacamair an Tighearna. Ach dubhairt
seisean leó: Mura bhfeicead i n-a
dhearnachaibh rian na dtaraingí, agus mura
gcuiread mo mhéar isteach i n-inead na
dtaraingí, agus mura gcuiread mo lámh
isteach 'n-a thaobh, ní chreidfead é.

[26] Agus tar éis ocht lá bhí na deisgiobuil
istigh airís, agus Tomás 'n-a bhfochair.
Tháinig Íosa, agus na dóirse dúnta, agus
sheasaimh sé i lár baill, agus dubhairt sé:
Síothcháin daoibh. [27] Ansan deir sé le
Tomás: Cuir do mhéar anso isteach agus
féach mo dhearnacha, agus sin anso do
lámh, agus cuir isteach am' thaobh í; agus
ná bhí díchreideamhach, ach bhí
creideamhach. [28] D'fhreagair Tomás agus
dubhairt sé leis: Is tú mo Thighearna agus
mo Dhia. [29] Dubhairt Íosa leis: Do chreidis,
a Thomáis, mar do chonaicís mé. Is
aoibhinn do'n mhuintir na feacaidh, agus
do chreid.

[30] Do dhein Íosa, i láthair a dheisgiobul,
mórán eile mírbhúiltí ná fuil sgríobhtha sa
leabhar so. [31] Ach do sgríobhadh an méid
seo ionus go gcreidfeadh sibh gur bh' é
Íosa is Críost Mac Dé ann; agus, 'ghá
chreideamhaint, go mbeadh an bheatha
agaibh i n-a ainim.

## CAIBID XXI.

### Críost 'á thaisbheáint féin d'á dheisgiobulaibh ar bruach na faraige agus cúram a thréad 'á chur aige ar Pheadar.

[1] I n-a dhiaidh san do thaisbeáin Íosa é
féin airís do sna deisgiobulaibh ag muir
Thiberias, agus seo mar a thaisbeáin. [2] Bhí
Símón Peadar, agus Tomás an a dtugtar
Didimus, agus Natanaél, an fear ó Chána
na Gaililí, agus clann Sebedé, agus bheirt
eile deisgiobul, agus iad i bhfocair a chéile. [3]
Agus dubhairt Símón Peadar leó: Táim-se
ag dul ag iasgaireacht. Dubhradar leis:

Raghaimíd-ne leat. Agus d'imthigheadar agus chuadar ar bórd luinge; agus i gcaitheamh na h-oidhche sin níor rugadar as aon iasg. [4] Ach nuair a tháinig an mhaidean, bhí Íosa 'n-a sheasamh ar an dtráigh; ach ní raibh fhios ag na deisgiobuil gur bh' é Íosa é. [5] Agus dubhairt Íosa leó: An bhfuil aon bhia agaibh, a bhuachaillí? D'fhreagradar: Ní'l. [6] Dubhairt sé leó: Cuiridh an líon amach an dheis na luinge agus geóbhaidh sibh. Chuireadar; agus láithreach bhí ag teip ortha an líon do tharang isteach, bhí oiread san iasg ann. [7] Ansan, an deisgiobul san dob' ionmhuin le h-Íosa, dubhairt sé le Peadar: Isé an Tighearna é. Nuair airigh Símón Peadar gur bh' é an Tighearna é, do chuir sé a bhrat uime (oir bhí sé nocht) agus chaith sé é féin sa bhfaraige. [8] Ach tháinig na deisgiobuil eile ar an luing, mar ní rabhadar abhfad ó'n dtír, ach tímpal dhá chéad cúbat, agus tharaingeadar 'n-a ndiaidh an líon lán d'iasgaibh. [9] Agus nuair a thánadar i dtír chonacadar gríosach ann, agus iasg anuas air, agus arán. [10] Dubhairt Íosa leó: Tugaidh anso cuid de sna h-éisg a thógabhair anois. [11] Chuaidh Símón Peadar suas, agus tharraing sé an líon i dtír agus é lán d'iasgaibh móra, céad agus caogad agus a trí. Agus bíodh go raibh oiread san ann dióbh, níor briseadh an líon. [12] Dubhairt Íosa leó: Tagaidh agus ithidh rud. Agus níor leómhaigh aoinne d'á raibh ag caitheamh an bhídh a fhiafraighe dhe: Cé h-é thusa? Mar bhí fhios acu gur bh'é an Tighearna é. [13] Agus tháinigh Íosa, agus thóg sé an t-arán, agus thug sé dhóibh é, agus an t-iasg mar an gcéadna. [14] B'shiné an trímhadh h-uair ag Íosa 'ghá thaisbheáint féin d'á dheisgiobulaibh agus é eirighthe ó sna mairbh.

[15] Ansan, nuair a bhí bia caithte acu, dubhairt Íosa le Símón Peadar: A Shímóin mhic Eóin, an mó do ghrádh-sa dhom 'ná a ngrádh so? Dubhairt seisean leis: Iseadh, á Thighearna, is eól duit go bhfuil grádh agam duit. Dubhairt sé leis: Dein m'uain do chothú. [16] Dubhairt sé airís leis: A Shímóin mhic Eóin, an bhfuil grádh agat dom? Dubhairt sé leis: Tá, a Thighearna, is eól duit go bhfuil grádh agam duit. [17] Dubhairt sé leis: Dein m' uain do chothú. Dubhairt sé leis an trímhadh h-uair: A Shímóin mhic Eóin, an bhfuil grádh agat dom? Tháinigh buairt ar Pheadar, toisg é 'ghá rádh leis an trímhadh h-uair: An bhfuil grádh agat dom? Agus dubhairt sé leis: A Thighearna, tá fios gach uile nídh agat-sa; tá 'fhios agat go bhfuil grádh agam duit. Dubhairt sé leis: dein mo chaoire do chothú.

[18] Go deimhin, deimhin, adeirim leat, nuair a bhís níb' óige, churthá féin do chrios umat agus do shiúbhalthá sa n-áit ba thoil leac; ach nuair a chríonóchair, sínfir amach do lámha agus cuirfidh duine eile do chrios umat agus seólfaidh sé thu sa n-áit nách toil leat. [19] Dubhairt sé an méid sin 'ghá chur i n-iúil cad é an saghas bháis go dtabharfa sédh glóire do Dhia leis. Agus nuair a bhí an méid sin ráidhte aige dubhairt sé leis: lean mise.

[20] D'iompuigh Peadar agus chonaic sé an deisgiobul eile, an t-é dob' ionmhuin le h-Íosa, ag leanmhaint, an t-é do luigh ar a ucht ag an suipéar agus adubhairt: A Thíghearna, cé h-é an fear a dhíolfaidh thú? [21] Nuair a chonaic Peadar é sin dubhairt sé le h-Íosa: Agus, a Thighearna, cad mar gheall air seo? [22] Dubhairt Íosa leis: Má's toil liom-sa é dh'fhanmhaint go dtagad, cad é sin duit-se sin? Lean-sa mise. [23] Ansan do chuaidh an focal amach ameasg na mbráithre ná faghadh an deisgiobul san bhas. Agus ní dubhairt Íosa leis, Ní bhfaghaidh sé bhas; ach, Má's toil liom-sa é dh'fhanmhaint go dtagad, cad é sin duit-se sin?

24 Sidé an deisgiobul a thugann fiadhnaise ins na neithibh seo, agus do sgríbh na neithe seo: agus is eól dúinn gur fíor an fhiadhnaise a thugann sé.

25 Ach tá a lán neithe eile do dhein Íosa, agus dá sgríbhtí síos i leabhraibh iad i ndiaidh chéile, measaim ná beadh slígh sa domhan féin do sna leabhraibh nár bh' fhuláir a sgrí.

# Gníomhartha na n-Aspol

## CAIBID I.

**Deasgabháil Chríost. Maitias dá thoghadh i n-inead Iúdáis.**

1 Do dheineas an chéad chainnt, a
Theophiluis, ar na neithibh go léir a
thusnuigh Íosa ar dhéanamh agus ar
theaghasg, 2 Go dtí an lá nar deasgabháladh
é tar éis a aitheanta thabhairt do sna h-
Aspolaibh a thoigh sé, tríd an Spioraid
Naomh.

3 Agus tar éis é féin a thaisbeáint beó
dhóibh i ndiaidh a pháise, le mórán
deasbhuithe, i gcaitheamh dachad lá, 'ghá
thabhairt féin le feisgint dóibh agus ag
labhairt leó ar rígheacht Dé.

4 Agus d'ith sé bia 'n-a dteannta agus
d'órduigh sé dhóibh gan imtheacht a'
Ierúsalem ach fanmhainth le geallmhaint
an Athar, an gheallmhaint, (ar seisean) a
chloiseabhair ó m' béal-sa: 5 Gur dhein
Eóin baiste le h-uisge ach go ndéanfar
sibhse do bhaiste leis an Spioraid Naomh
laistigh de bheagán laethanta. 6 Agus an
méid a bhí i bhfochair a chéile dhíobh do
chuireadar ceist chuige agus dubhradar: A
Thighearna, an sa n-aimsir seo a
thabharfair an rígheacht thar n-ais
d'Israél? 7 Ach dubhairt sé leó: Ní h-
agaibhse atá fios d'fhághail ar na h-
aimsiribh 'ná ar na tráthanaibh a chimeád
an t-Athair fé n-a chómhacht féin. 8 Ach
glacfaidh sibh neart an Spioraid Naoimh ag
túirliocan ionaibh, agus beidh sibh i nbhúr
lucht fiadnaise dhómhsa i n-Ierúsalem agus
i n-Iudéa go léir agus i Samaría, agus go h-
imeall an domhain ar fad.

9 Agus nuair a bhí an chainnt sin ráidhte
aige do tógadh suas é os cómair a súl agus
do ghlac sgamall as a radharc é. 10 Agus an
fhaid a bhíodar ag féachaint air agus é ag
imtheacht suas an neamh, féach, bhí beirt
fhear 'n-a seasamh 'n-a n-aice agus éadach
geal ortha, Agur dubhradar: 11 A fheara
Ghaililiacha, cad ad áil libh i nbhúr
seasamh ag féachaint suas chun neimhe?
Íosa so atá tógta suas ar neamh uaibh,
tiocfaidh sé ar an gcuma gcéadna, fé mar a
chonacabhair ag dul suas ar neamh é.

12 Ansan do thánadar thar n-ais go
Ierúsalem ó'n gcnuc ar a dtugtar Olibhet,
cnoc atá i ngiorracht siubhal lae sabbóide
do Ierúsalem. 13 Agus nuair a thánadar
isteach chuadar suas go dtí an seómra
uachtárach mar a raibh Peadar agus Eóin
ag fanmhaint, agus Séamus agus Aindrias,
Pilib agus Tomás, Bartolomaeus agus
Maitiú, Séamus Alphéis agus Símón Sélotés
agus Iúdás mac Séamuis. 14 Bhíodar san go
léir ag leanmhaint do thoil a chéile i n-
úrnuighthe mar aon leir na mnáibh agus le
Muire Máthair Íosa agus le n-a bhráithribh.

15 Ins na laethibh sin d'éirigh Peadar
ameasg na mbráithre agus dubhairt sé (agus
bhí tímpall le céad agus fiche duine
cruinnighthe ann): 16 A fheara, a bhráithre,
ní foláir cómhlíonadh an Scriptiúra do
thargair an Spioraid Naomh tré bhéal
Dáibhid i dtaobh Iúdáis, an fear a
threóruigh an mhuinntir a ghaibh Íosa, 17
an fear a h áirimheadh orainne agus go
raibh páirt aige sa t-seirbhís seo. 18 Do fuair
an fear san talamh le tuarasdal a dhroch-
ghnímh, agus do crochadh é agus do sgoilt
air 'n-a lár agus do thuit na h-inní go léir
amach as. 19 Agus tháinig fios an nídh sin
d'á bhfuil de dhaoine i n-Ierúsalem, i dtreó
gur tugadh ar an bpáirc sin, 'n-a dteangain

sin, "Haceldama," 'sé sin; páirc na fola. [20] Agus tá sgríobhtha i leabhar na Salm: "Deintear fásach d'á n-áit cómhnuighthe, agus ná bíodh duine a dhéanfaidh cómnuighe ann," agus, "Tugtar a chathaoír easboig do dhuine eile." [21] Ní foláir d'á bhrígh sin, as na fearaibh seo atá i gcómhluadar linne i gcaiteamh na h-aimsire go léir 'na raibh an Tighearna Íosa isteach agus amach i n-ár measg, [22] Ag tusnú ó'n mbaiste a dhein Eóin go dtí an lá do tógadh suas uainn é, duine acu san do bheith i n'fínné ar a aiseirighe i n-aonfheacht linne.

[23] Ansan do shocaruighdar ar bheirt, ar Ióseph ar a dtugtí Barsabas agus go mba shloinne dhó Iústus. agus ar Mhaitias. [24] Agus dheineadar úrnuighthe agus dubhriadar: Déinse, a Thighearna, ó's agat atá fios croidhe gach duine, a thaisbeáint cia'cu de'n bheirt seo is roga leat, [25] Chun go nglacfadh sé an t-inead seirbhíse agus aspolachta so do chaill Iúdás, ionus go raghadh sé i n' áit féin. [26] Ansan do chuireadar ar chrannaibh dóibh é, agus do thuit an crann ar Mhaitias agus do h-áirimheadh é i dteannta an aoinnedéag Aspol.

## Caibid II.

**An Spioraid Naomh dá ghlacadh ag na deisgiobulaibh. An tseanmóin a thug Peadar uaidh do'n phobul. Cráibhtheacht na ndaoine do ghlác an creideamh ar dtúis.**

[1] Agus nuair ai críochnuigheadh laethanta na Cíngcíse bhíodar go léir i n-aonfheacht i n-aon áit amháin, [2] Agus tháinig go h-obhann fuaim ó neamh mar bheadh fuaim gaoithe móire ag teacht agus do líon sé an fad an tigh 'na rabhdar 'n-a suidhe. [3] Agus do taisbeánadh dóibh mar bheadh teangthacha teine agus iad deighilte, agus do shuidh sé ar gach duine acu, [4] agus do líonadh iad go léir de'n Spioraid Naomh agus chromadar ar labhairt i dteangthachaibh iolardha, fé mar a thug an Spioraid Naomh dóibh labhairt.

[5] Agus bhí 'n-a gcómhnuidhe i n-Ierúsalem Iúdaíg, daome diadha as gach náisiún fé'n spéir. [6] Agus nuair a leath an sgéal san do chruinnigh na daoine agus bhí mearathal aigne ortha, mar d'airigh gach duine acu a theanga féin acu-san dá labhairt. [7] Agus bhí uathbhás ortha go léir agus iad ag déanamh iongna, agus deiridís: Féach, nách Gaililiaigh iad san go léir atá ag cainnt? [8] Agus conus a thárla gur airigh gach duine againne a theanga dhúchais féin ionar tógadh é? [9] Pártaigh agus Médaigh agus Elamítigh, agus lucht cómhnuighthe Mhesopotámia, Iúdaéa agus Chapadócia, Phontuis agus Ásia, [10] Phrigia agus Pamphilia, na h-Éigipte agus na gcríoch san Libia atá tímpall an Chiréné, agus daoine iasachta ó'n Róimh, [11] Iúdaígh leis agus proseilítigh, Créiteacha agus Arabaigh; d'airigheamáir iad ag labhairt i n-ár dteangthachaibh féin ar oibreachaibh iongantacha Dé. [12] Agus bhí uathbhás ortha go léir agus iad ag déanamh iongna agus deiridís le n-a chéile: Cad é seo mar obair? [13] Agus bhí tuille acu ag déanamh magaidh agus deiridís: Lán d'fhíon nua atáid siad san.

[14] Ansan d'eirigh Peadar 'n-a sheasamh, agus an t-aoinne déag taoíbh leis, agus d'árduigh sé a ghlór agus do labhair sé leó: A fheara Iúdacha agus sibhse go léir, a lucht comhnuighthe Ierúsalem, bíodh 'fhios agaibh an méid seo, agus glacaibh i nbhúr gcluasaibh mo chainnt! [15] Mar ní h-ar meisge atáid siad so, mar is dóigh libhse, óir ní'l tagaithe ach an trímhadh tráth de'n lá. [16] Ach sidé an nídh a dubhradh ó bhéal an fháidh Ióél: [17] "Agus tiocfaidh ins na laethibh déanacha, adeir an Tighearna,

doirtfead as mo Spioraid ar gach feóil, agus déanfaid bhúr gclann mhac agus bhúr gclann inghean targaireacht, agus chídhfid bhúr bhfir óga aislingí, agus déanfar taibhrithe d'bhúr seanóiríbh. [18] Agus doirtfead amach as mo Spioraid, ins na laethibh sin, ar mo bhuachailíbh agus ar mo chailíníbh, agus déanfaid siad targaireacht; [19] Agus taisbeánfad neithe iongantacha sa spéir thuas agus ar an dtalamh thíos, fuil agus teine agus gal deataigh. [20] Iompófar an ghrian 'n-a doircheacht agus an ghealach 'n-a fuil, roimh theacht do lá an Tighearna, an lá mór, sofheicse. [21] Agus iseadh bheidh, an uile dhuine do ghlaodhfaidh ar ainim an Tighearna saorfar é." [22] A fheara Israéil, éistidh leis na bhréithribh seo. Íosa Nasareit, duine a shoillsigh Dia i nbhúr measg-sa leis na cómhachtaibh, agus leis na h-iongnaíbh agus leis na soluídíbh a dhein Dia tríd i nbhúr lár, mar is eól daoibh féin, [23] Do tugadh an duine sin a' cómhairle chinnte agus a' roimheólus Dé, agus do dheineabhairse é chéasadh chun bháis le lámaibh na gcuirptheach. [24] Ach do thóg Dia é tar éis dubrón ifrinn do chur ar neamhnídh, de bhrígh nár bh'féidir go gcimeádfí eisean fé n-a chumas [25] Óir deir Dáibhid 'n-a thaobh: "Do chínn roim sé an Thighearna am fhiadhnaise do ghnáth, óir tá sé ar mo dheis, ionus ná corrófí mé. [26] Uime seo do ghlac mo chroidhe áthas agus dhein mo theanga gáirdeachus, agus 'n-a theannta san gheobhaidh mo chuid feóla suaimhneas i ndóchas. [27] De bhrígh ná fágfair m'anam i n-ifreann agus ná léigfir do t'Aon Naomtha truailiú a dh'fheisgint. [28] Thugais eólus dom ar bhóithribh na bheatha agus lionfair me lán d'áthas le d'ghnúis." [29] A fheara, a bhráithre, ní misde labhairt go dána libh i dtaobh an phátriáirc Dáibhid, go bhfuil sé marbh, curtha, agus go bhfuil a uaigh i n-ár measg go dcí an lá atá indiu ann. [30] Fáid ab eadh é agus bhí 'fhios aige gur dhearbhuigh Dia dhó go suidhfeadh aon de shíol a árann 'n-a chathaoir, [31] agus do chonnaic sé roim sé aiséirighe Críost agus do labhair sé air, nár fágad i n-ifreann é agus ná feacaidh a chuid feóla truailiú. [32] Do thóg Dia suas airís an t-Íosa so, agus is fínnithe sinne go léir air sin. [33] Do tógadh suas é, d'á bhrígh sin, ar deasláimh Dé agus do réir mar a fuair sé ó'n Athair an gheallamhaint i dtaobh an Spioraid Naoimh, do dhoirt sé amach é seo, agus chíonn sibhse é agus airígheann sibh é. [34] Óir níor chuaidh Dháibhid suas ar neamh; ach deir sé féin: "Dubhairt an Tighearna le m'Thighearna: [35] Suid ar mo dheis, Go gcuiread do namhaid mar thaca fé d'chosaibh." [36] Bíodh a fhios dá bhrígh sin, go dearbhtha ag gach teaghlach i n-Israél, Íosa so a dheineabhairse a tárnáil ar chrois, gur dhein Dia Tighearna dhe agus Críost.

[37] Nuair airigheadar an méid sin tháinig aithreachas ortha agus dubhradar le Peadar agus leis na h-aspoil eile: A fheara, a bhráithre, cad tá le déanamh againn? [38] Agus dubhairt Peadar leó: Déinidh, ar seisean, aithríghe, agus glacadh gach duine agaibh baiste i n-ainim Íosa Críost, ionus go maithfí bhúr bpeacaí dhaoibh, agus ansan glacfaidh sibh tabharthas an Spioraid Naoimh. [39] Óir is daoibhse agus d'bhúr sliocht an gheallamhaint, agus do sna daoine go léir atá i gcéin, pé air go nglaodhfaidh ár d-Tighearna Dia. [40] agus le mórán eile focal bhí sé ag deimhniú' dhóibh agus ag tathant ortha, agus deiread sé: Cimeádaidh sibh féin saor ó'n sliocht aimhleasta so. [41] Ansan, an mhuinntir a ghlac a chómhrádh do baisteadh iad, agus do glacadh an lá san tímpall trí mhíle duine.

[42] Agus bhíodar seasamhach do theagasg na n-Aspol, agus i gcumann an aráin do bhrise, agus ins na h-úrnuighthe. [43] Agus do

cuireadh eagla ar an uile dhuine; agus do deinead mórán eile mírbhúiltí agus soluídí tré sna h-Aspoil i n-Ierúsalem, agus bhí eagla mór ar na daoine go léir. [44] Agus gach ar chreid díodar i bhfochair a chéile agus gach nídh coitchian acu. [45] Do dhíolaidís amach a sealbhas agus a maoin agus do rainnidís é ar an mbuidhin go léir fé mar a bhíodh gádh ag aoinne leis. [46] Agus d'fhanaidís do thoil a chéile sa teampul gach la, agus ag brise aráin ó thigh go thigh, do chaithidís a gcuid bídh i n-áthas agus i n-aoine croidhe, [47] Agus iad ag moladh Dé agus báidh ag na daoine go léir leó. Agus bhí an Tighearna, i n-aghaidh an lae, ag méadú na bhuidhne a bhí le sábháil.

## CAIBID III.

### An mhírbhúilt a deineadh ar an bhfear a bhí bacach, tré n-ar h iompuígheadh a lán.

[1] Agus bhí Peadar agus Eóin ag dul suas sa teampul chun úrnuighthe an naomhadh tráth. [2] Agus bhí duine áirithe a bhí 'n-a mhairtíneach ó bhroinn a mháthar, agus bhítheas 'ghá iompar. Do curtí gach lá é ag geata an teampuil, ag an ngeata ar a dtugtí an geata Áluinn, ionus go n-iarrfadh sé déirc ar an muinntir a bheadh ag dul isteach sa teampul. [3] Chonnaic sé Peadar agus Eóin agus iad chun dul isteach agus d'iarr sé ortha déirc a thabhairt dó. [4] D'fhéach Peadar air, ámhthach, mar aon le h-Eóin, agus dubhairt sé leis: Féach orainn. [5] D'fhéach seisean ortha ag súil go bhfaghadh se rud éigin uatha. [6] Dubhairt Peadar: Ní'l airgead agam ná ór, ach an níd atá agam bheirim duit é. I n-ainim Íosa Críost Nasareit eirigh agus siubhluigh; [7] Agus do rug sé ar láimh dheis air agus thóg sé suas é, agus do chruadar a throighthe agus a bhuinn láithreach. [8] Agus bhí sé ag léimrig agus ag seasamh agus ag siubhal, agus chuaidh sé i n-aonfheacht leó isteach sa teampul agus é ag siubhal agus ag léimrig agus ag moladh Dé. [9] Agus chonnaic na daoine go léir é ag siubhal agus ag molad Dé. [10] Agus d'aithníghdar é, gur bh'é an fear é a bhíodh 'n-a shuidhe ag geata áluinn an teampuil ag lorg na déarca, agus bhíodar lán d'iongna agus d'alltacht i dtaobh ar thárla dhó. [11] Agus bhí greim aige 'á chimeád ar Pheadar agus ar Eóin, agus chonnaic na daoine é agus bhailighdar tímpall ar an mbeirt ag an bpóirse ar a dtugtar Póirse Shalomón, agus uathbhás ortha.

[12] Agus do chonnaic Peadar iad agus d'fhreagair sé an pobhul: A fheara Israéil, cad ab aíl libh ag déanamh iongna dhe seo, ná ag féachaint orainne chómh maith agus dá mba le n-ár neart féin nú le n-ár gcómhacht féin a chuirfimís an duine seo ag siubhal? [13] Dia Ábraham agus Dia Isaac agus Dia Iácóib, Dia ár sínsear, a thug glóire d'á Mhac Íosa, an té a dheineabhairse a bhrath agus do shéanad i láthair Philáit, agus eisean ag tabhairt saorbhreithe air. [14] Do shéanabhair an t-Aon Naomhtha fíoraonta agus d'iarrabhair an marbhthóir a thabhairt daoibh, [15] Agus chuireabhair chun bháis úghdar na beatha; ach do thóg Dia ó sna mairbh é, agus is fínnithe sinne ar an nídh sin. [16] Agus de bharr creidimh i n'ainim sin, an duine seo a chíonn sibh agus d'-aithnígheann sibh, do neartuigh a ainim é, agus thug an creideamh a thagann uaid an slánú críochnuighthe sin atá os cómhair bhúr súl go léir.

[17] Ach anois, a bhráithre, tá 'fhios agam gur tré aineólus a dheineabhair é, ar nós bhúr n-uachtarán. [18] Agus do chómhlíon Dia an nídh a thargair sé tré bhéalaibh na bhfáidh go léir, go ndéanfadh a Críost fulang. [19] Déinidh aithríghe dá bhrígh sin, agus iompuighidh, ionus go mbuailfí amach bhúr bpeacaí, [20] i dtreó, nuair a

thiocfaidh na tráthana faoisimh a' láthair an Tighearna, go gcuirfidh sé uaidh an t-é sin a craobhsgaoileadh daoibh, Íosa Críost, [21] An t-é 'nar dual na flathais 'ghá ghlacadh go dtí teacht na dtráth 'na gcurfar gach nídh 'n-a riocht féin airís, mar a labhair Dia tré bhéal a fháidh naomhtha ó thusach an tsaoghail. [22] Óir dubhairt Maois: Tógfaidh an Tighearna, bhúr nDia, fáidh chúghaibh, duine d'bhúr mbráithribh féin mas mise, éistfidh sibh leis ins gach 'nídh, pé rud a labharfáid sé libh. [23] Agus beidh so, gach aon duine ná h-éistfidh leis an bhfáidh sin ídeofar as an bpobul é. [24] Agus na fáidhe go léir a labhair, ó Shamuél anuas, do thargaireadar na laethanta san. [25] Is sibhse clann na bhfáidh agus clann na connartha a dhein Dia le n-ár n-aithreachaibh nuair a dubhairt sé le h-Ábhraham: "Agus ad shíolsa iseadh do beannófar clanna an domhain go léir." [26] Chúghaibhse ar dtúis, chun sibh a bheannú, iseadh chuir Dia a Mhac, nuair a thóg sé suas é, ionus go n-iompóchadh gach duine é féin ó n-a dhroch-bheartaibh.

## CAIBID IV.

### Gabháil Pheadair agus Eóin. A seasamhacht. An Eaglais dá méadú.

[1] Agus an fhaid a bhíodar ag cainnt leis na daoine tháinig na sagairt agus oificeach an teampuil agus na Sadduicínigh, [2] Agus doilghíos ortha toisg iad a bheith ag teagasg an phobhuil agus ag craobhsgaoile na h-aiseiríghe ó sna mairbh i n-Íosa. [3] Agus chuireadar a lámha ortha agus chuireadar i bpríosún iad go maidin lár n-a mháiréach, óir bhí sé n-a thráthnóna an uair sin. [4] Ach do chreid a lán de sna daoine a bhí ag éisteacht leis an gcainnt agus b'é uimir na bhfear ná chúig mhíle.

[5] Agus do thárla ar maidin lár n-a mháireach gur chruinnigh a n-uachtaráin agus a seanóirí agus a sgribhneóirí i n-Ierúsalem, [6] Agus Annas an t-árdshagart, agus Caiphas, agus Eóin, agus Alecsandar, agus gach ar bhain le treibh na sagart. [7] Agus chuireadar iad-san i láthair agus cheistighdar iad: Cad í an chómacht nú an ainim le n-ar dheineabhairse an nídh seo? [8] Ansan do líonadh Peadas leis an Spioraid Naomh agus dubhairt sé leo: A uachtarána an phobhuil agus a sheanóirí, éistidh liom: [9] Ó táimídne indiu d'ár gceistiú i dtaobh, na maitheasa a deineadh do'n mhairtíneach so, conus do leighseadh é, [10] Bíod 'fhios agaibh go léir, agus ag pobul Israéil go léir, gur i n-ainim ár dTighearna Íosa Críost ó Nasaret, an t-é a chuireabhairse chun bháis, agus a thóg Dia ó sna mairbh, gur i n'ainim sin atá an duine sin 'n-a sheasamh os bhúr gcómhair 'n-a shláinte. [11] Is í seo an chloch úd a fuair diúltadh uaibhre, sa tsaoirseacht, agus gun deineadh cloch chínn chúinne dhi, Agus ní'l slánú i n-aoinne eile. [12] Óir níor tugad do dhaoine ainim eile fá neamh le 'na gcaithfar sinn a shábháil.

[13] Ansan, nuair a chonnacadar Peadar agus Eóin agus iad chómh seasamhach, agus nuair a fuaradar gur dhaoine iad a bhí gan tabhairt suas, gan foghluim, bhí iongna ortha; agus d'aithníghdar iad, go mbídís i bhfochair Íosa; [14] agus nuair a chonnacadar, 'na sheasamh 'n-a n-aice an fear a leighseadh, ní raibh focal le rádh acu 'n-a gcoinnibh. [15] Dubhradar leó dul amach, lasmuigh de'n chómhairle, agus dheineadar cainnt eatartha féin, Agus dubhradar: [16] Cad a dhéanfam leis na daoine seo? Tá mírbhúilt shoiléir déanta tríotha, agus a fhios agá bhfuil de dhaoine i n-Ierúsalem, agus ní féidir dúinn é shéanadh. [17] Ach i dtreó ná leathfadh sé níos mó ameasg na ndaoine bhagraimís pionós ortha má labhraid siad a thuille le h-aon duine ar an ainim sin. [18] Do ghlaodhadar chúcha iad agus thugadar

foláramh dóibh gan cainnt 'ná teagasg a dhéanamh i n-aon chor i n-aimm Íosa. [19] Ansan do freagair Peadar agus Eóin agus dubhradar: Breithnighidh féin cia'cu is ceart i láthair Dé, rud a dhéanamh, oraibhre 'nú rud a déanamh ar Dhia: [20] Óir ní féidir dúinn gan an nídh a chonnacamair agus a chloiseamair a dh'innsint. [21] Ach do bhagradar-san pionós ortha agus chuireadar chun siubhail iad, óir ní raibh fhios acu conus a déanfaidís díoltas ortha, mar gheall ar na daoine, mar bhí na daoine go léir ag molad an ruda a thárla, sa méid a deineadh. [22] Mar, an duine gur deineadh an mhírbhúilt sláinte sin dó, bhí sé os cionn dachad bhlian.

[23] Agus nuair a cuireadh chun siubhail iad thánadar chun a ndaoine féin agus d'innseadar dóibh gach a ndubhairt uachtaráin na sagart agus na seanóirí leó. [24] Agus nuair a chloiseadar-san d'árduighdar a nguth chun Dé agus dubhradar: A Thighearna, is tú a dhein neamh agus talamh agus muir agus gach nídh d'á bhfuil ionta, [25] Is tú a dubhairt, sa Spioraid Naomh, tré bhéal ár n-athar do sheirbhísigh Dáibhid: "Cad fá an fhearg mhór ar na geintibh agus na pobuil ag beartú neithe baoithe? [26] Ríghthe an domhain ag cur cos i dtalamh agus na priúnsaí ag teacht i gceann a chéile i n-aghaidh an Tighearna agus i n-aghaidh a Chriost?" [27] Óir do tháinig i gceann a chéile, go fíor, sa chathair seo, i n-aghaidh do Mhic naomhtha Íosa ar an chuiris onga, Héród agus Pontius Pílát, agus na geinte agus pobul Israéil, [28] Agus dheineadar an nídh a cinneadh ó d'láimh agus ó d'chómhairle féin a dhéanamh. [29] Agus anois, a Thighearna, féach ar an mbagairt seo acu 'á dhéanamh, agus tabhair do d'sheirbhísigh do bhriathar a labhairt go seasamhach, [30] Le d'láimh a shíne amach ag déanamh leigheas agus mírbhúiltí agus iongnaí tré ainim do Mhic naomhtha Íosa.

[31] Agus nuair a bhí an ghuídhe déanta acu do chrith an áit 'na rabhdar cruinnighthe agus do líonadh leis an Spioraid Naomh iad go léir agus do labhradar briathar Dé le seasamhacht aigne.

[32] Agus bhí ag an sluagh a chreid, aon chroidhe amháin agus aon aigne amháin, agus ní deireadh aoinne go mba leis féin aon nídh a bhíodh 'n-a sheilbh ach bhí gach nídh cómhchoitchian acu. [33] Agus dhein na h-Aspoil fiadhnaise ar aiseiríghe Chriost, ár dTighearna, le cómhacht mhór, agus bhí grásta mór ortha go léir, [34] Agus ní raibh aoinne ortha a bhí i ngátar. Mar, an mhuinntir 'n-a raibh talamh nú tighthe acu, do dhíolaidís iad agus thugaidís isteach an méid a gheibhdis ortha, [35] Agus chuiridís ag cosaibh na Aspol é. Agus ansan do rainntí é fé mar a bhíodh gádh ag gach duine leis.

[36] Agus Ióseph, an t-é ar a dtugadh na h-Aspuil Barnabas, (focal a míníghthar i gcéill Mac Sóláis,) Lebhíteach a rughad i gCuprus, [37] Bhí talamh aige agus dhíol sé an talamh agus thug sé leis an luach agus chuir sé ag cosaibh na n-Aspol é.

## CAIBID V.

### Breith Dé ar Ananías agus ar Shaphíra. Na h-Aspoil dá gcur i bpríosún.

[1] Ach do dhíol fear dár bh'ainim Ananías agus a bhean, Saphíra, feirm thailimh, [2] Agus, go fiosach d'á mhnaoí, do cheil sé cuid d'fhiachaibh an tailimh agus chuir sé cuid de'n airgead ag cosaibh na n-Aspol. [3] Dubhairt Peadar, ámhthach: A Ananíais, cad uime gur sprioc Sátan do chroidhe chun bréige a dh'innsint do'n Spioraid Naomh agus cuid d'fiachaibh an tailimh a cheilt? [4] Nár leat féin é an fhaid a bhí sé

agat? agus nuair a dhíolais é ná raibh sé ar do chumas féin? Cad chuige dhuit an nídh seo do cheapadh ad chroidhe? Ní do dhaoinibh atá bréag innste agat ach do Dhia. 5 Nuair airigh Ananías na focail sin do thuit sé agus fuair sé bhás. Agus tháinig eagla mór ar a raibh ag éisteacht leis an nídh sin. 6 Agus dh'eírigh na fir óga agus thógadar é agus do rugadar amach é agus do chuireadar é.

7 Agus do thárla, i gceann tímpall trí h-uaire 'chloig, go dtáinig an bhean isteach agus gan a fhios aici cad a bhí tuitithe amach. 8 Agus dubhairt Peadar léi: Innis dom, a bhean, an ar a leithéid seo dh'fhiacha do dhíolabhair an fheirm? Agus dubhairt sisi: Is air. 9 Dubhairt Peadar léi: Cad a bhain daoibh gur dheineabhair fromhadh ar Spioraid an Tighearna? Siniad ag an ndorus cosa na ndaoine atá tar éis t'fhir a chur, agus béarfaid siad tusa amach. 10 Agus do thuit sí láithreach agá chosaibh agus fuair sí bhás. Agus tháinig na fir óga isteach agus fuaradar go raibh sí marbh agus do rugadar amach í agus do chuireadar í, i n-aice a fir. 11 Agus tháinig eagla mór ar an eaglais go léir agus an gach aoinne a dh'airigh na neithe sin.

12 Agus bhí mírbhúiltí agus iongnaí móra d'á ndéanamh ameasg na ndaoine tré lámhaibh na n-Aspol. Agus bhídís go léir, do thoil a chéile, i bpóirse Shalomóin. 13 agus níor leómhaidh aoinne de'n chuid eile dul i bpáirt leó, ach do thug an pobhul onóir dóibh. 14 Agus bhí na daoine a chreid sa Tighearna, fir agus mná, ag dul i n-iomadamhlacht go mór, 15 I dtreó gur amach ar na sráidibh, ar thochtaibh agus as shúsaíbh, a curtí na daoine breóite, ionus, nuair a bhead Peadar ag teacht, dá mba ná déanfad ach a sgáil tuitim an dhuine acu go léighisfí ó n-a mbreóiteacht iad. 16 Agus bhiodh slóighte ag teacht go Ierúsalem as na cathrachaibh sa chómharsanácht agus daoine breóite acu 'á thabhairt leó, agus daoine a bhíodh dá gcrádh ag deamhnaibh, agus do leighistí iad go léir.

17 Ansan, d'eirigh an t-árdshagart agus gach a raibh i n'fhochair (bh'iad san aicme na Sadducíneach), agus iad lán de thnúth, 18 Agus chuireadar a lámha ar na h-Aspoil agus chuireadar sa phríosún puibilídhe iad. 19 Ach d'osgail aingeal an Tighearna dóirse an phríosúin sa n-oidhche agus do leig sé amach iad agus dubhairt sé: 20 Imthighidh, agus seasaighidh, agus labhraidh sa teampul, leis na daoine, bréithre uile na beatha so. 21 Agus nuair airíghdar an chainnt sin chuadar isteach sa teampul go moch ar maidin agus bhíodar ag teagasg.

Agus ansan tháinig an t-árdshagart agus na daoine a bhí i n'fhochair agus chruinníghdar cómhairle, agus seanóirí clainne Israéil go léir, agus chuireadar fios ortha chun an phríosúin, go dtabharfí chúcha iad. 22 Agus tháinig na teachtairí agus d'osgladar an charcair agus ní bhfuaradar ann iad, agus thánadar thar n-ais agus d'innseadar san, Agus dubhradar: 23 Fuaramair an charcair dúnta go cruinn agus an lucht coimeádta 'n-a seasamh ag na dóirsibh, ach nuair a d'osgalamair an charcair ní bhfuaramair aoinne istigh. 24 Nuair airigh oificeach an theampuil agus uachtaráin na sagart an chainnt sin bhí iongna ortha cad a bhí imighthe ar na priosúnaigh. 25 Le n-a linn sin tháinig duine agus dubhairt sé leó: Féach, na fir úd a chuireabhair sa charcair táid siad n-a seasamh sa teampul ag teagasg na ndaoine. 26 Ansan d'imthigh an t-oificeach agus na fir a bhí aige agus thug sé leis iad gan éigean, óir bhí eagla na ndaoine ortha, go ngeobhthí do chlochaibh ionta. 27 Agus nuair na thugadar leó iad chuireadar 'n-a seasamh i láthair na cómhairle iad agus do cheistigh uachtarán na sagart iad, Agus

dubhairt sé: 28 D'órduighmair daoibh le h-órdú daingean gan teagasg a dhéanamh sa n-ainim sin agus féach tá Ierúsalem líonta agaibh le nbhúr dteagasg, agus ní foláir libh fuil an duine sin do tharac anuas orainne. 29 Agus d'fhreagair Peadar agus na h-Aspoil agus dubhradar: Is cirte rud a dhéanamh ar Dhia 'ná an dhaoinibh. 30 Do thógh Dia ár sinnsear ós na mairbh Íosa, an t-é a chuireabhairse chun báis, ghá chrochadh ar an gcrann. 31 Do thóg Dia suas le n-a laimh dheis é 'n-a Phriúnsa agus 'n-a Shlánuightheoir chun go dtabharfadh sé aithríghe agus maitheamhnachas peacaí d'Israél. 32 Agus is fínnithe sinne ar na focalaibh sin, agus an Spioraid Naomh, a thug Dia do sna daoine atá úmhal dó.

33 Nuair airighdar san an chainnt sin bhíodar sgólta, agus mheasadar iad a chur chun báis. 34 Ach d'eirigh, sa chómhairle, duine de sna Fairisínigh dár bh'ainim Gamaliél, dochtúir dlíghe a bhí creideamhnach ameasg na ndaoine go léir, agus d'órduigh sé na fir do chur amach thar dorus an fead tamail bhig, 35 agus dubhairt sé leó-san: A fheara Israéil, tugaidh aire dhaoibh féin i dtaobh na ndaoine sin agus cad a dhéanfaidh sibh leó. 36 D'eirigh, sa n-aimsir a chuaidh thorainn, Teodas, agus dubhairt sé gur dhuine mór é féin, agus d'aontuigh tímpal cúig chéad duine leis. Ach do marbhuigheadh é, agus an mhuinntir a chreid ann do sgaipeadh iad agus chuadar an neamhnídh. 37 I ndiaidh an fhir sin d'eirigh Iúdás Gaililíach, i laethibh an chómhairimh, agus tharraig sé na daoine 'n-a dhiaidh, ach do fuair sé sin bás, leis, agus do sgaipeadh a chuallacht go léir. 38 Deirim libh anois, d'á bhrígh sin, éirighidh de sna daoine seo agus sgaoilidh leó, óir, má's ó dhaoine an íntinn seo agus an gnó so, raghaidh sé ar neamhníd, 39 Ach má's ó Dia é ní féidir daoibh é chur ar neamhnídh, agus ba bhaoghal go mbeadh sibh ag iomaidh le Dia féin. Dheineadar rud air.

40 Ansan do ghlaodhadar isteach na h-Aspoil agus do sgiúrsáladar iad agus dubhradar leó gan labhairt i n-aon chor i n-ainim Íosa. Ansan do chuireadar chun siubhail iad. 41 Ach d'imthighdar san a' radharc na cómhairle agus áthas ortha toisg gur tuigeadh gur bh' fhiú iad tarcuisne thabhairt dóibh le fulang mar gheall ar ainim Íosa. 42 Agus níor stadadar i gcaitheamh an lae go léir ach teagasg na ndaoine agus ag craobhsgáoile Íosa Críost, sa teampul agus ó thigh go tigh.

## CAIBID VI.

**An mórsheisear deochon dá n-óirdniú. Díoghras Stiopháin.**

1 Agus ins na laethibh sin, nuair a bhí uimhir na ndeisgiobul ag dul i méid, d'eirigh ceisniomh do sna Gréagaigh i n-aghaid na n-Eabhrach, 'ghá rádh go dtugtí faillighe 'n-a mbhaintreachaibh féin sa bhfhrithalamh laethamhail. 2 Ansan do ghlaoidh an dáréag na deisgiobhuil go léir i gceann a chéile agus dubhradar: Ní cuíbhe dhúinne briathar Dé d'fhágaint agus frithálamh bhórd a dhéanamh. 3 Cuardaighidh d'a bhrigh sin, a bhráithre, ar bhúr measg féin, mórsheisear d'fhearaibh creideamhnacha, agus iad lán de'n Spioraid Naomh agus d'eagna, go gcuiream i mbun na h-oibre seo iad. 4 agus beimíd féin coitchianta ag déanamh úrnuighthe agus ag frithálamh an bhréithir. 5 Agus do thaithn an chainnt leis an bpobul go léir. Agus do thoghadar Stiophan, fear a bhí lán de chreideamh agus de'n Spioraid Naomh; agus Pilib, agus Prochor, agus Nicánór, agus Tímón, agus Parmenas, agus Nicolás, fear a tháinig cúca ó Antioch. 6 Thugadar na fir sin i láthair na n-Aspol, agus dhein na

n-Aspoil úrnuighthe dh*ch*ibh agus
chuireadar a lámha ortha.
[7] Agus bhí briathar an Tighearna ag fás
agus uimhir na ndeisgiobul ag dul i
líonmhaire go mór i n-Ierúsalem, agus bhí
cuallacht mhór de sna sagairt féin tar éis
géille do'n chreideamh.
[8] Agus bhí Stiophán lán de ghrásta agus
de neart agus é ag déanamh mírbhúiltí agus
soluídí móra ameasg na ndaoine. [9] Ansan
d'eirigh daoine áirithe as an sinagóig an a
dtugtar sinagóg na libertíneach agus na
gCurénéach agus na n-Alecsandríneach
agus na ndaoine a tháinig ó Chilicla agus ó
Ásia, agus bhíodar ag aragóint le
Stiophan. [10] Agus ní rabhdar ábhalta ar
sheasamh i n-aghaidh na h-eagna agus i n-
aghaidh na spioraide le n-a labhrad sé. [11]
Ansan chuireadar suas daoine áirithe chun
teacht agus a rádh gur airíghdar féin focail
mhasluighiheacha uaidh i n-aghaidh
Mhaoise agus i n-aghaidh Dé. [12] Do
ghníosadar ar an gcuma san an pobhul agus
na seanóirí agus na sgríbhneóirí agus do
ritheadar i gceann a chéile agus do rugadar
air agus do thugadar i láthair na cómhairle
é. [13] Agus chuireadar suas fínnithe
bhréagacha chun a rádh: Ní stadann an
duine sin ach ag labhairt cainnteana
masluighiheacha i n-aghaidh na h-áite
naomhtha agus i n-agaidh na dlíghe. [14] Óir
d'airighmair é 'ghá rádh so: Déanfaidh Íosa
so Nasareit léirsgrios ar an áit seo agus
cuirfidh sé atharú ar na nósa a thug Maois
dúinn. [15] Agus bhí lucht na cómhairle ag
féachaint go dlúth air agus chonnacadar go
raibh a ghnúis mar a bheadh gnúis aingil.

## CAIBID VII.

### Cainnt Stiopháin os cómhair na cómhairle; a mhartra.

[1] Ansan dubhairt uachtarán na sagart: An
bhfuil so amhlaidh? [2] Dubhairt seisean: A
feara, a bhráithre agus a aithreacha, éistidh
liom! Do thaisbeáin Dia na glóire é féin
d'ár n-athair Ábraham nuair a bhí sé i
Mesopotámia sar ar chómhnuigh sé i
gCaran, [3] Agus dubhairt sé leis: "imthigh as
do thír agus ó d'ghaoltaibh agus tar isteach
sa tír a thaisbeánfad duit." [4] Ansan d'fhág
sé tír na gCaldaéach agus chómhnuigh sé i
gCaran. Agus nuair a fuair a athair bás
d'aistirigh sé é chun na tíre seo 'na bhfuiltí-
se anois i nbhur gcómhnuighe. [5] Agus níor
thug sé seilbh oighreachta dhó ann, oiread
agus ciscéim troíghe, ach do gheall sé go
dtabharfad sé seilbh na h-áite dó féin agus
d'á shlocht 'n-a dhiaidh, agus gan mac
aige. [6] Ach dubhairt Dia leis: Go mbheadh
a slocht 'n-a gcómhnuighe i ndúthaigh
iasachta agus go gcurfí fé dhaorsmacht iad
agus go dtabharfí droch-úsáid dóibh ar
feadh cheithre chéad blian. [7] agus an
náisiún agá mbeid siad fé dhaoirse,
tabharfadsa breith ortha, adubhairt an
Tighearna, agus 'n-a dhiaidh san tiocfaid
siad amach agus beid siad ag déanamh
seirbhíse dhómhsa sa n-áit seo. [8] Agus thug
sé dhó connradh an tímpallghearradh, agus
mas sin de ghein sé Isaac agus do dhein sé
an tímpallghearradh air an t-ochtmhadh lá,
agus Isáac Iácób, agus Iácchbh an dáréag
pátriárc.
[9] Agus tháinig formad ag na pátriárcaibh
do Ióseph agus dhíoladar é isteach sa n-
Éigipt. [10] Agus bhí Dia leis, Agus
d'fhuasgail sé é as gach guais d'á dtáinig
air, agus thug sé fábhar agus eagna dhó i
súilibh Faraó rí na h-Éigipte, agus do dhein
sé uachtarán dé ar an Éigipt agus ar a
theaghlach féin go léir. [11] Ansan do tháinig
an gorta an an Éigipt an fad agus an
Chanaan, agus cruadhtan mór, agus ní
raibh bhia le fághail ag ár n-
aithreachaibh. [12] Agus nuair a dh'airigh
Iácób arbhar a bheith le fághail sa n-Éigipt
chuin sé án n-aithreacha ann ar dtúis. [13]

Agus an tarna turus d'aithin a dhritháracha Ióseph agus do nochtadh a chine do Faraó. [14] Ansan do chuir Ióseph sios ar Iácób, a athair, agus ar a ghaoltaibh go léir, chúig dhuine dhéag a's trí fichid. [15] Agus chuaidh Iácób síos sa n-Éigipt, agus fuair sé bás, é féin agus án n-aithreacha. [16] Agus do tugadh go Sichem iad agus do cuireadh iad sa n-uaigh a cheannaigh Abhraham ar airgead ó mhacaibh Hemór, mac Sichem.

[17] Ach nuair a bhí ag teacht am na geallamhna a gheall Dia d'Ábhraham bhí an t-sliocht tar éis dul i lionmhaire sa n-Éigipt, [18] Go dtí gur éirigh ri eile sa n-Éigipt ná raibh aithne aige ar Ióseph. [19] Dhein sé sin feall ar ár gcine agus chuir sé cruadhtar an ár n-aithreachaibh, go gcaithidís a gclann óg do chur uatha amach i dtreó ná mairfidís. [20] Sa n-am san iseadh do rugadh Maois, agus dob ionmhuin le Dia é, agus do h-oilead ar feadh trí mhí é i dtigh a athar. [21] Ansan do cuireadh amach é, agus do thóg inghean Faraó é agus dhein sí é dh'oileamh aint 'n-a mhac aici féin. [22] Agus do múineadh do Mhaois gach saghas eagna d'á raibh ag muinntir na h-Éigipte agus bhí sé cómhachtach 'na bhréithribh agus 'na ghníomharthaibh. [23] Nuair a bhí sé dachad blian d'aois táinig machtnamh i n' aigne dhó go raghadh sé ag féachaint a bhráithre, clann Israéil. [24] Agus chonnaic sé éagcóir 'á dhéanamh an dhuine acu agus do chosain sé é, agus dhein sé díoltas ar son an t-é gur deineadh an éagcóir air, mar do bhuail sé an t-Éigipteach. [25] Agus do mheas sé go dtuigfeadh a bhráithre go dtabharfadh Dia tré n-a láim féin, fuasgailt dóibh, ach níor thuigeadar. [26] lán n-a mháireach a bhí chúghainn tháinig sé ortha agus iad ag troid, agus dhein sé caradas agus síothcháin eatartha, agus dubhairt sé: A fheara, is bráithre sibh; cad chuige dhaoibh a chéile ghortú? [27] Ach an fear a bhí ag déanamh na h-éagcóra ar a chómharsain do dhiúltuigh sé dhó agus dubhairt sé: Cé cheap tusa ad' phriúnsa agus ad' bhreitheamh os ár gcionn? [28] An mé mharbhú a cheapann tú mar a masbhuighis an t-Éigipteach indé? [29] Nuain airigh Maois an focal san do theith sé agus bhí sé 'n-a dheóruidhe i dtír Mhadian, agus bhí beirt mhac aige sa tír sin.

[30] Agus tar éis dachad blian do thaisbeáin aingeal é féin dó i bhfásach cnuic Sína, i lasair theine, i dtor. [31] Agus nuair a chonnaic Maois an nídh sin do tháinig iongna air, agus bhí sé ag teacht i n'aice, 'ghá bhreithniú agus do labhair guth an Tighearna leis, agus dubhairt: [32] is mise Dia t'atharach Dia Ábrahaim, agus Dia Isáac agus Dia Iacóib. Agus tháinig critheagla ar Mhaois agus níor leómhaigh sé féachaint air. [33] Agus dubhairt an Tighearna leis: Bain do bróga de t' chosaibh mar is talamh naomhtha an áit 'na bhfuilir ad sheasamh. [34] Ag féachaint dom is léir dom an cruadhtan 'na bhfuil mo phobul atá sa n-Éigipt, agus do chloiseas a ngéarghol agus thánag anuas chun iad a d'fhuasgailt. Agus tarsa anois go gcuiread sa n-Éigipt thu.

[35] An Maois sin d'ár diúltuígheadh nuair a dubhradh leis: Cé cheap thusa ad phriúnsa agus ad bheeitheamh? do chuir Dia uaidh é 'n-a phriúnsa agus i n'fhuasgaltóir, tré láimh an aingil a taisbeánadh dó sa tor. [36] Thug sé sin leis amach iad, agus é ag déanamh mírbhúiltí agus soluídí i dtír na h-Éigipte agus sa Mhuir Ruaidh agus sa bhfásach ar feadh dachad blian. [37] Isé an Mhaois sin adubhairt le clainn Israéil: Tógfaidh Dia chúghaibh fáidh d'bhúr mbráithribh, mar mise; éistfidh sibh leis sin. [38] Sidé a bhí sa n-eaglais sa n-uaigneas i bhfochair an aingil, do labhair leis ar chnuc Sína agus le n-ár n-aithreachaibh; do ghlac bréithre na beatha le tabhairt dúinn. [39] Agus ní dhéanfadh ár n-aithreacha rud air, ach do dhiúltuidhdar

dó agus d'iompuighdar a gcroidhe ar an Éigipt, [40] Agus dúbhradar le h-Aaron: Dein dúinn déithe a bheidh ag gluaiseacht rómhainn; óir an Maois seo a thug amach a h-Éigipt sinn ní fheadramair cad 'tá imighthe air. [41] Agus dheineadar gamhain ins na laethibh sin, agus dheineadar ídhbirt chun an íomháigh, agus dheineadar gáirdeachas a h-obair a lámh féin. [42] Agus d'iompuigh Dia agus do leig sé dhóibh bheith ag déanamh seirbhíse do shluagh neimhe, man atá sgríobhtha i leabhar na bhfáidh: Ar dheineabhair ofráil agus ídhbhirt dómhsa sa bhfásach i gcaitheamh dachad bhlian a leaglach Israéil? [43] Agus do ghlacabhair tabernacul Mholoch agus réalt bhúr ndé Rempham, íomhághtha a dheineabhair le nbhúr lámhaibh féin chun iad d'adhradh. Agus aistireóchad sibh thar Bhabilóin.

[44] Bhí tabernacul na fiadhnaise ag ár n-aithreachaibh sa bhfásach, fé mas a cheap Dia dhóibh nuair a labhair sé le Maois, go ndéanfadh sé é do réir an mhacsamhla a chonnaic sé. [45] Agus do thógh ár n-aithreacha, agus Iésus é agus thugadar leó é isteach sa tír a bhí ag geinte, agus dhíbir Dia iad san ó aghaidh ár n-aithreach, go dtí laethe Dháibhid, [46] Agus fuair sé sin fábhar i láthair Dé, agus d'iarr sé go bhfaghadh sé tabernacul do Dia Iácóibh. [47] Ach is é Salomón a chuir suas tigh dó. [48] Ach ní h-i ndéantús lámh a chómhnuigheann an dúileamh, mar adeir an fáidh: [49] Is é neamh mo chathaoír ríoghdha, agus an talamh taca mo chos. Cad é an tigh a déanfaidh sibh dom, adeir an Tighearna, nú cá bhfuil áit mo shuaimhnis? [50] Nách iad mo lámha féin a dhein iad go léir?

[51] A lucht na muinéal stuacach agus na gcroidhthe agus na gcluas gan tímpallghearrad, táthaoí coitchianta ag cur i n-aghaid an Spioraid Naoimh: Mar a bhí bhúr n-aithreacha, sin mar atáthaoí-se. [52] Cia'cu de sna fáidhibh nár dhein bhúr n-aithreacha géarleanmhaint air? Agus chuireadar chun báis na daoine a thargair dóibh teacht an Fhíon-Aoin seo a dheineabhair-se féin anois do bhrath agus do chur chun báis. [53] Do ghlacabhair an dlígh ó fhritháIamh na n-aingeal agus níor choiméadabhair an dlígh.

[54] Nuair airíghdar an chainnt sin do gheárr sí an croidhe acu agus bhíodar ag díosgán a bhfiacal chuige. [55] Ach bhí sé lán de'n Spioraid Naomh agus d'fhéach sé suas ins na flathais agus chonnaic sé glóire Dé agus Íosa 'n-a sheasamh an dheasláimh Dé, agus dubhairt sé: Féach chím na flathais ar osgailt agus Mac an Duine 'n-a sheasamh ar deasláimh Dé. [56] Ansan do chuireadar liú árd asta agus do chuireadar a lámha ar a gcluasaibh agus do rithadar i n-aonfheacht chuige, [57] Agus do chomáineadar amach as an gcathair é agus ghabhdar do sna clochaibh ann, agus chuir na fínnithe a mbraith ag cosaibh fir óig ar a dtugtí Saul. [58] Agus ghabhdar do sna clochaibh i Stiophan agus é ag glaodha ar Dhia, agus: A Thighearna Íosa, glac chughat m'anam! adeireadh sé. [59] Ansan do leig sé é féin ar a ghlúinibh agus dubhairt sé, do ghuth árd: A Thighearna ná cuir an peaca so i leith na ndaoine seo! Agus nuair a bhí an méid sin ráidhte aige do thuit a chodla air sa Tighearna.

Agus bhí Saul toilteanach chun a bháis.

## CAIBID VIII.

### Na Samaritánaigh dá n-iompód ag Pilib chun an chreidimh agus an coillteánach da bhaisteadh aige.

[1] Ansan do deinead, ins na laethibh sin íde ana-dhian ar an eaglais a bhí i nIerúsalem agus do sgaipeadh na daoine go léir tré chríochaibh Iúdaéa agus Shamaría, ach amháin na h-Aspoil. [2] Agus thug

daoine diadha aire do Stiophán agus chaoineadar é go mór. [3] Ach bhí léirsgrios ag Saul ’á dhéanamh ar an eaglais, é ag dul isteach ins na tighthibh agus fir agus mná aige ’á tharrac amach agus é ’ghá gcur i mbraighdineas.

[4] Ach an mhuinntir a sgaipeadh do ghluaiseadar rómpa ag craobhsgaoile bréithre Dé. [5] Agus chuaidh Pilib síos go cathair Samaría agus bhí sé ag craobhsgaoile Críost dóibh sin. [6] Agus thug na daoine aire do chainnt Philibh agus d’éisteadar leis do thoil a chéile, mar chonnacadar na mírbhúiltí a bhí aige ’á dhéanamh. [7] Mar bhí a lán acu ’na raibh spioraidí truaillighthe ionta agus go n-imthíghdís asta ag éigheamh go h-árd. [8] Agus a lán a bhí míllte agus a bhí bacach do leighiseadh iad.

[9] D’á bhrígh sin bhí áthas mór sa chathair sin. Ach bhí fear áirithe d’ar bh’ ainim Símón agus bhí sé ’n-a dhraoi sa chathair roimhe sin agus é ag mealladh muinntire Shamaría, ’ghá rádh gur dhuine mór éigin é, [10] Agus thugadh na daoine go léir, beag agus mór, cluas dó, agus deiridís: Cómhacht Dé é seo, an chómhacht ar a dtugtar mór-chómhacht. [11] Agus d’éistidís leis, mar bhíodar meallta le n-a chuid draoidheachta aige ar feadh abhfad. [12] Ach nuair a chreideadar Pilib agus é ag craobhsgaoile i dtaobh rígheachta Dé, do baisteadh iad, idir fhearaibh agus mná, i n-ainim Íosa Críost. [13] Ansan do chreid Símón féin agus do baisteadh é, agus d’fhan sé i bhfochair Philib. Agus nuair a chíodh sé na mírbhúiltí d’á ndéanamh, agus na cómhachta thar na beartaibh, bhíodh iongna agus alltacht air.

[14] Ansan d’airigh na h-Aspoil a bhí i n-Ierúsalem go raibh Samaria tar éis bréithir Dé do ghlacadh agus chuireadar Peadar agus Eóin ag triall ortha. [15] Agus nuair a thánadar dheineadar guidhe ar a son, go nglacfaidís an Spioraid Naomh. [16] Óir ní raibh tagaithe aige fós i n-aoinne acu; ní rabhdar ach baistithe i n-ainim an Tighearna Íosa. [17] Ansan do chuireadar a lámha ortha agus do ghlacadar an Spioraid Naomh.

[18] Nuair a chonnaic Símón, ámh, an Spioraid d’á thabhairt tré dhul fé láimh na n-Aspol do tharraig sé airgead dóibh, Agus dubhairt sé: [19] tugaidh dómhsa an cómhacht san, i dtreo, an t-é go gcuirfead mo lámh air go nglacfaidh sé an Spioraid Naomh. Dubhairt Peadar leis, ámh: [20] Íde ar do chuid airgid agus ort féin, óir do mheasais gur féidir tabharthas Dé dh’fhághail ar airgead. [21] Ní’l páirt ná baint agatsa leis an ngnó so, mar ní díreach do chroidhe i láthair Dé. [22] Déin aithríghe, d’á bhrígh sin, sa n-olc so atá déanta agat, agus iarr ar Dia, féachaint an maithfí dhuit an smuíneamh so a tháinig ad chroidhe. [23] Óir chím go bhfuilir i ndomblas seirbhthin agus fé chuibhreach an uilc. [24] Agus d’fhreagair Símón agus dubhairt: Cuiridh-se bhúr nguidhe chun an Tighearna ar mo shon ionus ná tiocfadh orm aon nídh de sna neithibh sin atá ráidhte agaibh.

[25] Agus thánadar-san tar n-ais go Ierúsalem, tar éis bhriathar an Tighearna do dhearbhadh agus do labhairt, agus dheineadar craobhsgaoile tré n-a lán de chríochaibh na Samaritánach.

[26] Ansan do labhair aingeal an Tighearna le Pilib agus dubhairt sé: Eirigh agus imthigh ó dheas chun na h-áite ‘na bhfuil an bhóthar ó Ierúsalem go Gása; is fásach an áit. [27] D’eirigh sé agus d’imthigh sé. Agus féach, bhí fear ó Éthiópia, coillteánach cómhachtach le bhanríghin Éthiópia, le Candacé, fear a bhí os cionn a saidhbhris go léir aici, agus bhí sé tar éis teacht go Ierúsalem chun Dia d’adhradh’; [28] Agus bhí sé ag dul thar n-ais agus é ’n-a shuide ’n-a charbhad, agus lsáias

fáidh aige d'á léighe. [29] Agus dubhairt an Spioraid le Pilibh: Imthigh anonn agus cuir thu féin i n-aice an charbaid sin. [30] Tháinig Pilib i n'aice agus d'airigh sé é ag léighe Isáias fáidh, agus dubhaint sé: An dóigh leat a' dtuigeann tú an nídh atá agat d'á léighe? [31] Dubhairt seisean: Agus conus is féidir dom é thuisgint mura dtaisbeánaid duine éigin dom é? Agus d'iarr sé an Philib dul suas agus suide i n'aice. [32] Agus sidé an áit de'n sgriptiúir a bhí aige dá léighe: Do seólad chun a mharbhtha é mar a seólfí caora; agus, an nós an uain a bheadh gan guth i láthair a bhearbóra, níor osgail sé a bhéal. [33] I n-úmhluigheacht do tógadh uaidh a bhreitheamhantas. Cé neósfaidh a gheinealach? Óir thógfar a bheatha de'n dtalamh. [34] Agus d'fhreagair an coillteánach agus dubhairt sé le Pilibh: Athchuinghim ort cia air go labhrann an fáidh an chainnt sin? an air féin nú an ar dhuine eile? [35] Ansan d'osgail Pilibh a bhéal agus thusnuigh sé leis an sgriptiúir sin agus do chraobhsgaoil sé Íosa dhó. [36] Agus, ag cur na slíghe dhíobh dóibh thánadar mar a raibh uisge, agus dubhairt an coillteánach: Féach an t-uisge, cad 'tá am chosg air go mbaistfí mé? [37] Ach dubhairt Pilibh: Má chreideann tú ód' chroidhe go h-iomlán ní misde é. Agus d'fhreagair seisean agus dubhairt: Creidim gur b'é Mac Dé Íosa Críost. [38] Agus d'órduigh sé an carbad do stop agus thúirlingeadar araon sa n-uisge, Pilib agus an coillteánach, agus do bhaist sé é. [39] Agus nuair a thánadar aníos as an uisge d'fhuadaigh Spioraid an Tighearna Pilib agus ní fheacaidh an coillteánach a thuille é. Ach d'imthigh sé a bhóthar féin agus áthas air. [40] Agus do fuaradh Pilib i n-Asótos agus ghluais sé tríd an dtír ag craobhsgaoile an tSoisgéil ins na catharachaibh go léir chun go dtáinig se go Caésaréa.

## CAIBID IX.

### Iompáil phóil chun an chreidimh, agus a dhíoghras. Énéas d'á leigheas ag Peadar, 7 Taibíta dá tógaint aige ón mbás.

[1] Agus tháinig Saul, agus é ag síorshéide bhagartha bháis i n-aghaidh deisgiobul an Tighearna, ag triall ar phrúnsa na sagart, [2] Agus d'iarr sé air leitreacha thabhairt dó go Damascus, chun na sinagóg, i dtreó dá bhfaghadh sé aon daoine, fir 'ná mná, de 'n tslígh sin, go dtabharfadh sé leis iad gabhtha go Ierúsalem.

[3] Agus ag cur na slíghe dhé dhó do thárla go dtáinig sé i gcómhgar do Dhamascus, agus go h-obann do las solus ó neamh 'n-a thímpul. [4] Agus thuit sé chun tailimh agus d'airigh sé an guth ghá rádh leis: A Shaul, a Shaul, cad chuige go bhfuilir am ghéarleanmhaint? [5] Agus dubhairt seisean: Cia h-é thu, a Thighearna? agus eisean: Mise Íosa 'na bhfuilirse am ghéarleanmhaint, is cruaidh ort bheith a' speachuíol i n-aghaidh an phriocaire. [6] Agus dubhairt seisean agus é ag crith le h-uathbhás: A Thighearna, cad is toil leat a dhéanfainn? [7] Agus dubhairt an Tighearna leis: Eirigh agus imthigh isteach sa chathair agus neósfar sa n-áit sin duit cad tá agat le déanamh. Agus na fir a bhí le n-a chois bhíodar 'n-a seasamh agus uathbhás ortha, agus iad ag éisteacht leis an nguth agus ná feacadar aoinne. [8] Agus d'éirigh Saul de'n talamh agus d'osgail sé a shúile ach ní fheacaidh sé aon nídh. Agus do rugadar ar lámh air agus do sheoladar isteach i nDamascus é. [9] Agus bhí sé ansan trí lá gan radarc, agus níor chaith sé bia 'ná deoch.

[10] Agus bhí i nDamascus duine de dheisgiobulaibh an Tighearna agus Ananías ab ainim dó, agus dubhairt an Tighearna leis, i n-aising: A Ananíais! Agus dubhairt seisean: Táim anso, A Thighearna! [11] Agus

dubhairt an Tighearna leis: Eirigh agus imthigh go dtí an tsráid ar a dtugtar an Díreach, agus loirg, i dtigh Iúdáis, fear ó Tharsus gur b'ainim dó Saul; mar, féach, tá sé ag guidhe Dé. [12] (Agus chonnaic sé ar fear d'an bh'ainim Ananías agus é ag teacht isteach ag triall air agus ag cur a láimhe air chun radhairc a thabhairt dó.) [13] Ach d'fhreagair Ananías: A Thighearna, d'airigheas i dtaobh an fhir sin, ó n-a lán, méid na n-olc atá déanta aige do d'naoimh i n-Ierúsalem: [14] Agus tá úghdarás anso aige ó uachtaránaibh na sagart chun na ndaoine a ghlaodhann ar t'ainimse do ghabháil. [15] Dubhairt an Thighearna leis: Imthigh ort, óir is árthach toghtha an fear san agamsa chun m'ainime bhreith i láthair geinte agus ríghthe agus clainne Israéil. [16] Mar taisbeánfadsa dó cad iad na néithe móra atá le fulang aige ar son m'ainime. [17] Agus d'imthigh Ananías agus chuaidh sé isteach sa tigh agus chuir sé a lámh air agus dubhairt sé: A Shaul, a bhráthair, an Tighearna Íosa a thaisbeáin é féin duit ar an slígh agus tu ag teacht, do chuir sé mise chughat ionus go bhfeicfá agus go líonfí de'n Spioraid Naomh thu. [18] Agus láithreach do thuit mar bheadh gáinní d'á shúilibh agus fuair sé a radharc agus d'éirigh sé agus do baisteadh é. [19] Agus chaith sé bia agus tháinig neart dó. Agus d'fhan sé raint laethanta i bhfochair na ndeisgiobul a bhí i nDamascus.

[20] Agus láithreach, ins na sinagógaibh, bhí sé ag seanmóin i dtaobh Íosa, gur b' é Mac Dé é. [21] Agus bhí uathbhás ar a raibh ag éisteacht leis, agus deiridís: Nách é seo an fear a bhí ag déanamh íde i n-Ierúsalem ar an muinntir a ghlaodhadh ar an ainim sin, agus nách é gnó a thug anso é ná chun iad do bhreith leis gabhtha ag triall ar uachtaránaibh na sagart? [22] Ach bhí Saul ag neartú go mór agus é ag cur na n-Iúdach ar mearaídhe, a raibh i nDamascus díobh, toisg é bheith ghá dheimhniú gur bh' é sin an Críost.

[23] Agus nuair a bhí a lán laethanta caithte dhein na Iúdaígh a bheartú, do thoil a chéile, go marbhóchaidís é. [24] Ach do fuair Saul eólus ar iad a bheith ar a thí. Agus bhí lucht cimeádta acu ar na geataíbh do ló agus d'oidhche, chun go marbhóchaidís é. [25] Ach do thóg na deisgiobuil é sa n-oidhche agus chuireadar síos de dhruim an fhalla é i gciseán. [26] Agus tháinig sé go Ierúsalem agus mheas sé dul leis na deisgiobuil, ach bhí eagla acu go léir roimis agus ní chreidfidís gur dheisgiobul é. [27] Ach do thóg Barnabas é agus do rug sé ag triall ar na h-Aspoil é agus d'inis sé dhóibh conus mar a chonnaic sé an Tighearna ar an slígh agus gur labhair sé leis, agus conus mar a dhein sé obhair chalma i n-ainim Íosa, i nDamascus. [28] Agus bhí sé 'n-a bhfochair, ag gabháil amach agus ag gabháil isteach i n-Ierúsalem agus obair chalma aige 'á dhéanamh i n-ainim an Tighearna. [29] Do labhradh sé mar an gcéadna leis na geintibh agus bhíodh sé ag díospóireacht leis na Gréagaigh; agus bhíodar san a d'iarraidh é chur chun báis. [30] Fuair na bráithre an nídh sin amach agus do rugadar go Caesaréa é agus chuireadar as san go Tarsus é.

[31] Agus bhí síothcháin ag an eaglais ar fuid Iúdaéa go léir agus as fuid Ghalillí agus Shamaría, agus bhí sí ag dul ar aghaid ag gluaiseacht i n-eagla an Tighearna, agus í dá líonadh le sólás an Spioraid Naoimh. [32] Agus do thárla, nuair a bhí Peadar ag tabhairt a chuard sa tímpal ortha, go dtháinig sé chun na naomh a bhí 'n-a gcomhnuíghe i Lidda. [33] Agus fuair sé sa n-áit sin duine d'ár bh'ainim Énéas, a bhí gan lúth a ghéag agus a bhí ar a leabhaidh ar feadh ocht mblian. [34] Agus dubhairt Peadar leir: A Énéis, tá an Tighearna Íosa Críost ag tabhairt sláinte dhuit. Éirigh agus córuigh

do leabaidh! Agus d'éirigh sé láithreach. 35
Agus chonnaic muinntir Lidda go léir é
agus muinntir Sharóna, agus
d'iompuighdar chun an Tighearna.

36 Agus bhí i n-Ioppé bandeisgiobul agus
Taibíta ab ainim di, nú, ar mhíniú, Dorcas.
Agus bhí a lán deagh-ghniómhartha agus a
lán déarca aici sin 'á déanamh. 37 Agus do
thárla ins na laethibh sin gur buaileadh
breóite í agus go bhfuair sí bás. Agus do
níghdar í agus chuireadar sa tseómra
uachtarach í. 38 Ach, ó bhí Lidda
cómhgasach do Ioppé agus gur airigh na
deisgiobuil Peadar a bheith sa n-áith sin,
chuireadar beirt fhear chuige 'ghá rádh leis:
Ná déin ríghneas gan teacht ag triall
orainn. 39 Agus d'eirigh Peadar agus tháinig
sé leó. Agus nuair a tháinig sé ann do
rugadar suas é go dtí an seómra mór, agus
bhí na baintrneacha 'n-a seasamh 'n-a
thímpal agus iad ag sile deór agus iad ag
taisbeáint na gcótaí agus na mball éadaigh
dó a dheineadh Dorcas dóibh. 40 Annsan
do chuir Peadar na daoine go léir amach as
an seómra agus do leig sé é féin ar a
ghlúinibh agus dhein sé úrnuighthe, agus
d'iompuigh sé chun an chuirp agus
dubhairt sé: A Thaibíta, éirigh! Agus
d'osgail sisi a súile agus chonnaic sí Peadar
agus d'éirigh sí aniar. 41 Agus thug sé a lámh
di agus chuir sé 'n-a seasamh í. Asus do
ghlaoidh sé isteach na naoimh agus na
baintreacha agus thug sé suas dóibh í 'n-a
beathaidh. 42 Ansan do h-innseadh é ar
fuaid Ioppé go léir agus do chreid a lán
daoine sa Tighearna. 43 Agus do thuit
amach gur fhan sé mórán laethanta i n-
Ioppé, i dtigh fir gur bh' ainim dó Símón,
fear leathair do leasú.

## CAIBID X.

### Cornélius d'á ghlachadh isteach sa n-Eaglais. Aisling Pheadair.

1 Ach bhí i gCaesaréa fear n-ar bh'ainim
dó Cornélius, taoiseach céad ar an
mbuidhin airm ar a dtugtar an Eadáileach, 2
Fear diadha n-a raibh eagla Dé air féin agus
ar a theaghlach, do thugadh mórán déarca
uaidh do sna daoine, agus a bhíodh ag
guidhe Dé coitchianta.

3 Do chonnaic an fear san, i n-aisling, go
soiléir, tuairim an naomhadh tráth sa lá,
aingeal ó Dhia ag teacht chuige isteach,
agus dubhairt an t-aingeal leis: A
Chornélius! 4 Agus dubhairt seisean, agus é
ag féachainc air agus eagla mór air: Cad é
sin, a Thighearna? Agus dubhairt sé leis:
Taid t'úrnuighthe agus do dhéirc imighthe
suas, i gcuímhne, i láthair Dé. 5 Agus anois
cuir fir go Ioppé agus glaoidh chughat
Símón, ar a dtugtar Peadar. 6 Tá sé ar
lóisdín i dtigh Shímóin, fear leasuighthe
leathair, n-a bhfuil a thigh ar bruach na
faraige; neósfaidh sé sin duit cad 'tá le
déanamh agat. 7 Agus nuair a d'imthigh an
t-aingeal, a bhí ag cainnt leis, do ghlaoidh
sé chuige beirt d'á theaghlach féin agus fear
airm n-a raibh eagla an Tighearna air,
daoine a bhí úmhal dó. 8 Agus d'innis sé
dhóibh gach nídh agus chuir sé go Ioppé
iad.

9 Amáireach a bhí chúghainn, agus
iadsan ag cur na slíghe dhíobh agus ag
teacht chun na catharach, tuairim an
sémhadh tráth, chuaidh Peadar suas i n-
uachtar an tighe chun úrnuighthe
dhéanamh. 10 Ansan tháinig ocras air agus
ba mhian leis bia do chaitheam. Agus an
fhaid a bhíodar ag ollmhú an bhídh dó
tháinig támhnéal air. 11 Chonnaic sé na
flathais ar osgailt agus árthach, mar a
bhéadh bairlín ana-mhór agus í d'á leigint
anuas, le n-a cheithre cúinníbh, as na
flathais chun an tailimh. 12 Agus bhí uirthi

an uile shaghas ainmhighthe cheithre gcos, agus piastaí, agus éanlaithe an aéir. [13] Agus do labhair guth leis: Eirigh, a Pheadair, agus mairbh agus ith! [14] Ach dubhairt Peadar: Nár leigidh Dia go ndéanfainn san, a Thighearna, óir níor itheas riamh bia coitchian ná bia neamhghlan. [15] Agus do labhair an guth airís leis: An nídh a ghlan Dia ná tabhairse coitchian air! [16] Do deineadh san trí h-uaire as a chéile agus ansan do tógadh an t-árthach thar n-air isteach ins na flathais.

[17] Agus an fhaid a bhí Peadar 'ghá bhreithniú i n' aigne cad é an saghas an radharc san a chonnaic sé, féach, bhí na fir a chuir Cornélius uaidh 'n-a seasamh ag an ndorus, 'ghá fhiafraighe cá raibh thigh Shímóin. [18] Agus do ghlaodhadar agus d'fhiafraighdar an raibh Símón ar a dtugtar Peadar, ar lóistín sa tigh. [19] Bhí Peadar, ámhthach, ag cuímhneamh ar an aisling agus dubhairt an Spioraid leis: Féach, tá triúr fear ad' lorg. [20] Eirigh, dá bhrígh sin, agus imthigh síos agus gluais leó, óir is mise chuir chúghat iad. [21] D'imthigh Peadar síos chun na bhfear agus dubhairt sé: Féach, is mise atá uaibh: Cad chuige go dtánabhair? [22] Agus dubhradar-san: Cornélius, an taoiseach céad, fear atá fíoraonta úmhal do Dhia agus go bhfuil meas mór ag na Iúdaígh go léir air, fuair sé freagra ó aingeal naomhtha 'ghá rádh leis fios a chur ortsa chun a thíghe agus éisteacht le cainnt uait. [23] Do rugh sé isteach iad ansan i gcóir na h-oidhche. Agus d'eirigh sé amáireach a bhí chúghainn agus ghluais sé i n-aonfheacht leó, agus chuaidh raint de sna bráithnibh ó Ioppé le n-a chois.

[24] Chuaidh sé isteach i gCaesaréa an lá 'n-a dhiaidh san, agus bhi Cornélius ag feitheamh leó agus a ghaolta agus a cháirde cruinnighthe aige. [25] Asus do thárla nuair a tháinig sé isteach go dtáinig Cornélius 'n-a choinnibh agus gur shléacht sé agá chosaibh ghá onórú. [26] Ach do thóg Peadar suas é agus dubhairt sé: Éirigh! Duine iseadh mise féin, leis. [27] Agus tháinig sé isteach sa tigh agus é ag cainnt leis, agus fuair sé an mhórchuid daoine cruinnighthe istigh,

[28] Agus dubhairt sé leó: is eól daoibhse conus mar is urghráin d'fhear Iúdach baint ná comhluadar a dhéanamh le cine iasachta, ac do thaisbeáin Dia dhómhsa gan coitchian ná neamhghlan a thabhairt ar aon duine. [29] Dá bhrígh sin, chómh luath agus a cuireadh sios orm thánag gan stad. Fiafraighim, uime sin, cad chuige gur chuiregbhair fios orm?

[30] Agus dubhairt Cornélius: Cheithre lá ó shin, go dtí an uair seo, bhíos am thigh um an naomhadh tráth agus me ag guidhe, agus féach, do sheasaimh fear ar m'aghaidh amach agus éadach geal air agus dubhairt sé: [31] A Chornélius, tá éistithe le d' ghuidhe agus tá cuimhne ar do dhéirc i láthair Dé. [32] Cuir fios go Ioppé, dá bhrígh sin, an Shímón ar a dtugtar Peadar: tá sé an lóisdín i dtigh Shímóin, an fear leasuighthe leathair, i n-aice na faraige. [33] Ansan do chuireas fios ortsa láithreach agus is maith an teacht agatsa é. Agus táimíd go léir anso anois ad láthair chun éisteacht le gach uile níd a dh'órduigh Dia dhuit.

[34] Ansan d'osgail Peadar a bhéal agus dubhairt sé: Is léir dom le fírinne ná féachann Dia do pheansain seachas pearsa, [35] Ach go bhféachann sé do'n t-é sin, ins gach cine, 'na mbhíonn a eagla air agus a dheineann fíoraontacht. [36] Do chuir Dia an briathar chun clainne Israéil, ag fógairt síothchána tré Íosa Críost, (siné is Tighearna ar gach uile nídh): [37] Is eól daoibhse an focal a labhradh ar fuid Iúdaéa go léir, óir do thusnuigh sé ó Ghaililí tar éis an bhaiste a chraobhsgaoil Eóin: [38] Íosa ó Nasaret: chonus mar do ong Dia é leis an

Spioraid Naomh agus le cómhacht, agus
gur ghluais sé ag déanamh tairbhthe agus
ag leigheas na ndaoine a bhí fé annsmacht
an diabhail, toisg Dia bheith leis. 39 Agus is
fínnithe sinne ar gach nídh dár dhein sé i
gcrích na nIúdach agus i n-Ierúsalem, gur
cuireadh chun bháis é ’dhá chrochadh ar an
gcrann. 40 Agus do thóg Dia ó’n mbás é an
treas lá agus thug sé le feisgint é, 41 Ní do’n
phobul go léir, ach d’fhínnithibh a bhí
ceapaithe ag Dia roim ré: dúinne, a chaith
bia agus deoch n’fhochair tar éis éirighthe
dhó ós na mairbh. 42 Agus d’órduigh sé
dhúinn craobhsgaoile dhéanamh do sna
daoine, agus fiaidhnaise dhéanamh air gur
b’é féin atá ceapaithe ag Dia chun bheith
’n-a bhreitheamh ar bheoibh agus ar
mharbhaibh. 43 Is air seo a dheinid na
fáidhe go léir fiadhnaise, gur i n’ainimsean
atá maitheamhnachus peacaí le fághail ag
gach aoinne a chreideann ann.

44 An fhaid a bhí Peadar ag rádh na
cainnthe sin do thúirling an Spioraid
Naomh ar a raibh ag éisteacht leis an
mbriathar. 45 Agus lucht an
tímpallghearrtha a tháinig i n-aonfheacht le
Peadar, bhí uathbhás ortha a rádh gur
tháinig grásta an Spioraid Naoimh ar na
geintibh. 46 Mar bhíodar ag éisteacht leó ag
labhairt na dteangthacha agus ag móradh
Dé. 47 Ansan d’fhreagair Peadar: An féidir
d’aoinne an t-uisge chimeád uainn san a
mbaistfí na daoine seo atá tar éis an
Spioraid Naoímh a ghlacadh chómh maith
linn féin? 48 Agus d’órduigh sé iad do
bhaiste i n-ainim an Tighearna Íosa Críost.
Ansan d’iarradar air fanmhaint ’n-a
bhfochair raint laethanta.

## Caibid XI.

**Peadar ghá thaisbeáint go raibh an ceart aige ’á dhéanamh nuair a bhí sé ag glacadh na ngeinte isteach sa n-Eaglais. Iompódh a lán i n-Antioch.**

1 Agus d’airigh na h-Aspoil agus na
bráithre a bhí i n-Iúdaéa gur ghlac na
geinte, leis, briathar Dé. 2 Ansan nuair a
chuaidh Peadar suas go Ierúsalem bhí lucht
an tímpallghearrtha ag aighneas leis, 3 Agus
deiridís: Cad chuige dhuit dul ameasg
daoine gan tímpallghearradh ortha agus bia
chaitheamh ’n-a bhfochair? 4 Agus
thusnuigh Peadar agus d’innis sé an sgéal
dóibh tríd síos, mar seo

5 Bhíos i gcathair Ioppé ag déanamh
urnuighthe agus tháinig támhnéal orm agus
chonnac aisling, árthach mar bheadh
bairlín mhór d’á leigint anuas as na flathais
le n-a cheithre cúinníbh, agus tháinig an
bhairlín am’ aice. 6 Agus d’fhéachas isteach
inti ’ghá bhreithniú agus chonnac
ainimhighthe cheithre gcos an domhain
agus beithidhigh agus piastaí agus éanlaithe
an aéir. 7 Ansan d’airígheas guth ’ghá rádh
liom: Eirigh, a Pheadair, mairbh agus ith! 8
Agus dubhart: Ní dhéanfad, a Thighearna,
óir níor chuaidh bia coitchian ná bhia
neamhghlan am béalsa riamh fós. 9 Agus
d’fhreagair an guth as na flathais an tarna
h-uair: An nídh a ghlan Dia, ná tabhairse
coitchian air! 10 Do deineadh an méid sin trí
h-uaire as a chéile agus ansan do tógadh na
neithe go léir suas ins na flathais airís. 11
Agus le n-a linn sin siúd ag an dtigh ’na
rabhas triúr fear a cuireadh ag triall orm a’
Caesaréa. 12 Agus dubhairt an Spioraid
Naomh liom dul leó gan cheist orm. Agus
chuaid an seisear bráthar so le m’chois,
agus chuamair isteach i dtigh an fhir. 13
Ansan d’innis seisean dúinn conus mar a
chonnaic sé, ’n-a thigh féin, aingeal ’n-a
sheasamh, agus go ndubhairt an t-aingeal
leis: Cuir fios go Ioppé ar Shímón ar a

dtugtar Peadar, [14] Agus labharfaidh sé leat
cainnt a shaorfaidh thu féin agus do
theaghlach go léir. [15] Ansan nuair a
thurnuigheas ar chainnt do thúirling an
Spioraid Naomh ortha fé mar a thúirling sé
orainne i dtusach. [16] Agus chuimhnigheas
ar fhocal an Tighearna, mar adubhairt
sé: Dhein Eóin baiste le h-uisge ach
baistfar sibhse leis an Spioraid Naomh. [17]
Dá bhrígh sin, ma thug Dia dhóibhsin an
grásta céadna a thug-sé dhúinne nuair a
chreideamair sa Tighearna Íosa Críost; cia'r
bh'é mise go bhféadfainn cosg a chur le
Dia?

[18] Nuair airighdar an méid sin
d'éisteadar, agus thugadar glóire do Dhia
agus dubhradar: Seadh ach tá aithríghe
chun na beatha tabhartha ag Dia do sna
geintibh féin

[19] Agus na daoine úd a sgaipeadh mar
gheall ar an dtrioblóid i dtaobh Stiophain
do siubhladar chómh fada le Phoenicé agus
le Cuprus agus le h-Antioch, gan an focal
do labhairt le h-aoinne ach le Iúdaígh
amháin. [20] Ach bhí cuid acu agus
Cupriánaigh ab eadh iad agus Curénéacha,
agus nuair a chuadar isteach i n-Antioch
bhídís ag cainnt leis na Gréagaigh féin ag
tabhairt eóluis ar an dTighearna Íosa
dóibh. [21] Agus bhí lámh Dé leó agus do h-
iompuigheadh cuid mhór daoine chun
creidimh an Tighearna.

[22] Ansan do tháinig tuairisg na neithe sin
chun a gcluas do lucht na h-eagailse a bhí i
n-Ierúsalem agus chuireadar Barnabas go
h-Antioch. [23] Thainig sé agus chonnaic sé
an grásta ó Dhia agus bhí áthas mór air
agus thug sé cómhairle do sna daoine go
léir bheith seasamhach 'n-a gcroidhe agus
leanmhaint do'n Tighearna. [24] Óir fear
fóghanta b'eadh é a bhí lán de'n Spioraid
Naomh, agus de chreideamh. Agus do
tugadh cuid mhór daoine chun an
Tighearna.

[25] Ansan do chuaidh Barnabas go Tarsus
ag lorg Saul agus nuair a fuair sé é thugh sé
leis go h-Antioch é. [26] Agus thugadar bliain
iomlán i gcómhluadar na h-eagailse ann,
agus dheineadar pobhal mór do theagasg, i
dtreó gur i n-Antioch a tugadh ar dtúis
Críostaidhthe ar na deisgiobuil.

[27] Agus ins na laethibh sin do tháinig
fáidhí ó Ierúsalem go h-Antioch. [28] Agus
d'eirigh duine acu san d'ár bh' ainim
Agabus agus thug sé le tuisgint, ó'n
spioraid, go raibh gorta mór le teacht ar an
saoghal go léir, agus do tháinig san fé
Claudius. [29] Agus do bheartuigh na
deisgiobuil, gach aoinne do réir a ghustail,
cabhair a chur ag triall ar na bráithre a bhí
'n-a gcómhnuighe i nIúdaéa. [30] Agus
dheineadar san. Chuireádar an chabhair
chun na seanóirí le Barnabas agus le Saul.

## CAIBID XII.

**Géarleanmhaint Héróid. Peadar dá fhuasgailt aingeal. Pionós ar Héród.**

[1] Le linn na h-aimsire céadna do chuir
Héród, an rí, á lámha chun uilc a dhéanamh
ar chuid de mhuinntir na h-eagailse. [2] Agus
do mhairbh sé Séamus, dritháir Eóin, le
claidheamh.

[3] Ansan, nuair a chonnaic sé gur thaithn
an gníomh san leis na Iúdaígh cheap sé
Peadar leis do ghabháil. I laethibh an aráin
gan giost ab eadh é ámhthach. [4] Do ghaibh
sé é agus chuir sé i bhpríosún é agus chuir
sé cheithre ceathrair de lucht airm 'ghá
chimeád, chun go dtabharfadh sé i láthair
an phobuil é tar éis na cásga.

[5] Ansan bhí Peadar sa phríosún, fé
chimeád, ach bhí úrnuighthe ag dul suas
chun Dé ar a shon, gan stad, ó'n eaglais go
léir.

[6] Agus nuair a bhí Héród chun é
thabhairt os cómhair ná ndaoine, bhí sé an
oidhche chéadna san 'n-a luighe idir bheirt

lucht airm, agus é ceangailte le dhá
shlabhra. agus bhí lucht cimeádta lasmuich
de'n dorus ag cimeád an phríosúin. 7 Agus
féach, do sheasaimh aingeal ó'n d-
Tighearna i n-aice leis, agus do las solus sa
tseómra, agus do bhuail an t-aingeal sa
chliathán é agus dhúisgh sé é, agus dubhairt
sé: Éirigh d'urchar! Agus do thuit na
slabhraí d'á lámhaibh. 8 Agus dubhairt an t-
aingeal leis: Cuir umat do chrios agus do
bhróga Agus do dhein. Agus dubhairt sé
leis: Cuir umat do bhrath agus lean me. 9
Agus bhí sé 'ghá leanmhaint amach, agus ní
raibh 'fhios aige gur bh'fhíor gur bh'aingeal
a bhí 'gá dhéanamh; ach is amhlaidh a
cheap sé gur bh'aisling a bhí aige dá
fheisgint. 10 Agus chuadar thar an gcéad
lucht faire agus thar an tarna lucht faire,
agus thánadar chun an gheata iarainn, an
geata chun na catharach, agus d'osgail an
geata uaidh féin dóibh. Chuadar amach
agus shiúbhluigheadar aon tsráid amháin,
agus ansan d'imthigh an t-aingeal go h-
obann uaidh.

11 Ansan do tháinig Peadar chuige féin
agus dubhairt sé: Tá fhios agam anois go
fíor gur b'é an Tighearna do chuir a aingeal
chugham 'am fhuasgailt a' láimh Héróid
agus ó gach nídh 'na bhfuil an pobhul
Iúdach ag súil leis. 12 Ansan, as a
mhachtnamh, tháinig sé chun tighe Mháire,
máthair Eóin ar a dtugtí Marcus, agus bhí
mórán daoine cruinnighthe ann agus iad ag
déanamh úrnuighthe. 13 Bhuail sé cómhla
an doruis. Tháinig amach, 'ghá fhreagairt,
cailín 'nar bh'ainim di Rodé. 14 Agus
d'aithin sí guth Peadair, agus le méid an
áthais a bhí uirthi níos osgail sí an dorus
ach do rith sí isteach agus d'innis sí go raibh
Peadar ag an ndorus. 15 Dubhradar-san léi:
Ar buile ataoí. Ach dubhairt sisi gur
bh'fhíor é. Agus dubhradar-san: Isé a
aingeal atá ann. 16 Ach do lean Peadar ag
bhualadh. Ansan nuair osgaladar agus
chonnacadar é bhí uathbhás ortha. 17 Ach
do bhagair sé le n-a láimh ortha éisteacht,
agus d'innis sé dhóibh conus a thug Dia
amach as an bpríosún é, agus dubhaint sé:
Innis na neithe sin do Shéamus agus do sna
bhráithribh! Agus chuaid sé amach agus
d'imthigh sé go h-áit eile.

18 Nuair a tháinig an lá bí céimighrád nár
bheag imeasg na saighdiúirí i dtaobh cad a
bhí imighthe ar Pheadar. 19 Agus nuair a
dh'iarr Héród é agus ná raibh sé le fághail
chuir sé ceistiú ar an lucht cimeádta agus
d'órduigh sé iad do chur chun báis, agus
d'imthig sé síos ó Iúdaea go Caesaréa agus
d'fhan sé ann.

20 Agus bhí fearg air chun muinntire
Tuíre agus chun muinntire Shídón.
Thánadar-san ámhthach, do thoil a chéile,
ag triall air, agus dheineadar muinntearthas
le Blastus, fear seómra an rí, agus d'iarradar
siothcháin, toisg a dtír féin a bheith d'á
chothú ó'n rí. 21 Ansan, lá a bhí ceapaithe
chuige, bhí Héród 'n-a shuidhe sa tsuidhe
breithe agus éadach ríoghdha uime agus
dhein sé óráid dóibh. 22 Agus deireadh na
daoine, 'ghá mholadh: Ni guthana ó dhuine
iad ach guthana ó dhia éigin. 23 Ansan,
láithreach bonn, do bhuail aingeal an
Tighearna é, toisg nár thug sé an onóir do
Dhia, agus dhein bró phiastaí dhé agus iad
'á dh'ithe, agus fuair sé bhás.

24 Agus d'fhás briathar an Tighearna
agus do méadúigheadh é.

25 Agus tháinig Barnabas agus Saul thar
n-ais ó Ierúsalem nuair a bhí a
bhfrithálamh déanta acu, agus thugadar leó
Eóin ar a dtugtí Marcus.

## CAIBID XIII.

**Saul agus Barnabas d'á gcur amach ag an Spioraid Naomh. Seanmóiniú acu 'a dhéanamh i gCuprus agus i n-Antioch Phisidia.**

1 Ach bhí sa n-eaglais, a bhí i n-Antioch
fáidhí agus teagasgóirí, ar a raibh Barnabas
agus Símón, ar a dtugtí Símón Dubh, agus
Lúcius an Curénach agus Manachen,
cómhdhalta Héróid an tetrarc, agus Saul. 2
Agus bhíodar ag déanamh gnótha an
Tighearna agus ag déanamh trosgaidh agus
dubhairt an Spioraid Naomh leó:
Deighlighidh chugham Saul agus Barnabas
chun na h-oibre d'á bhfuilid glacaithe
agam. 3 Ansan do dheineadar trosgadh agus
úrnuighthe agus chuireadar a lámha ortha-
san agus chuireadar chun súbhail iad.

4 Agus fé sheóladh an Spioraid Naoimh
chuadar-san go Seleúcia, agus as san, ar
faraige, go Cuprus 5 Agus nuair a thánadar
go Salamis bhíodar ag craobhsgoile bréithir
Dé i sinagógaibh na n-Iúdach. Agus bhí
Eóin acu sa tseirbhís, leis. 6 Agus nuair a
bhí an t-oileán go léir siúbhalta acu chómh
fada le Paphos, fuaradar draoi áirithe, fáidh
fallsa, Iúdach gur bh'ainim dó Bar-Iésus. 7
Agus bhí sé i bhfochair an phróchonsuil,
Sergius Paulus, fear ciallmhar. Chuir sé sin
fios ar Bharnabas agus ar Shaul mar ba
mhian leis briathar Dé do chloisint. 8 Ach
bhí Elimas, an draoi, (óir is mar sin a
mínighthear a ainim) ag cur 'n-a gcoinnibh,
a d'iarraidh an próchonsuil d'iompáil ó'n
gcreideamh. 9 Ach bhí Saul, (tá Pól mar
ainm air leis), lán de'n Spioraid Naomh,
agus d'fhéach sé air 10 Agus dubhairt sé: Ó
a fhir atá lán de gach feall agus de gach
éitheach, a mhic an diabhail a namhaid
gach cirt, ná stadfair de shlighthibh
díreacha an Tighearna do chur bun os
cionn? 11 Ach féach siné lámh an Tighearna
anois ort, agus beidh tú ad dhall, agus ní
fheicfir an ghrian, go ceann tamaill. Agus le
n-a linn sin do thuit sgamall air agus
doircheacht, agus bhí sé ag cuardach 'n-a
thímpall féachaint an bhfaghad sé duine
thabharfadh a lámh dó. 12 Ansan nuair a
chonnaic an próchonsul an níd sin do
dhein sé iongna de theagasg an Tighearna
agus do chrieid sé.

13 Agus chuaidh Pól agus a mhuinntir, ar
luing, ó Phaphos go Pergé i
bPamphilia. Ach d'imthigh Eóin uatha
agus d'fhill sé go Ierúsalem. 14 Ach do
chuaidh an chuid eile ar aghaidh tré Phergé
agus thánadar go h-Antioch i bPisidia agus
chuadar isteach sa tsinagóig lá na sabbóide
agus shuidheadar ann. 15 Agus nuair a bhí
léighead na dlíghe agus na bhfáidh déanta
chuir uachtaráin na sinagóige
teachtaireacht chúcha 'ghá rádh: A fheara,
a bhráithre, má tá agaibh aon chainnt
theagaisg do'n phobul abraidh í.

16 Ansan d'eirigh Pól agus bhagair sé
ciúnas le n-a láimh agus dubhairt sé:

A fheara de shliocht Israéil, agus sibhse
go bhfuil eagla Dé oraibh éistidh liom! 17
Do thoigh Dia an tsleachta so Israéil ár n-
aithreacha agus d'árduigh sé an pobul nuair
a bhíodar 'n-a gcómhnuighe i dtalamh na
h-Éigipte agus thug se amach as an áit sin
iad le láim chómhachtach. 18 Agus chuir sé
suas le n-a mbéasaibh ar feadh dachad
blian sa bhfásach. 19 Agus d'ídigh sé seacht
gcineacha i dtalamh Chanaan agus do rainn
sé ortha-san a gcuid tailimh á chur ar
chrannaibh. 20 Agus 'n-a dhiaidh san,
tímpall cheithre chéad agus caogad blian,
thug sé breitheamhain dóibh, go dtí Samuél
fáidh. 21 Ansan d'iarradar rí agus thug Dia
dhóibh Saul mac Chis, fear de threibh
Bheniamin, ar feadh dachad blian. 22 Ansan
do chuir sé an fear san i leith taoibh agus
thóg sé suas chúcha Dáibhid 'n-a rí, agus
thug sé teistiméireacht air nuair a dubhairt
sé: Tá Dáibhid mac Iesse fághalta agam,
fear do réir mo chroidhe féin, fear a

chómhlíonfaidh gach nídh is toil liom. [23] A'
síol an fhir sin, do réir na geallamhna, tá
Slánuightheóir tabhartha ag Dia d'Israél,
'sé sin Íosa. [24] Agus roime n-a theacht san
do chraobhsgaoil Eóin bhaiste chun
aithríghe do phobul Israéil go léir. [25] Agus
nuair a bhi Eóin ag cómhlíonadh a chuarda
dubhairt sé: Ni mise an t-é is dóigh libh is
mé, ach féach tá ag teacht am dhiaidh an t-
é nach fiú mé bróga a chos do sgaoile.

[26] A fheara, a bhráithre, a shliocht
sleachta Ábrahaim, agus an méid agaibh ar
a bhfuil eagla Dé, is ag triall oraibhse do
cuireadh briathar an tslánuighthe seo! [27]
Óir níor aithın muinntir Ierúsalem é, agus
níor aithin uaisle Ierúsalem é, ná guthana
na bhfáidh, bíodh go léightear iad gach
sabbóid, agus thugadar breith air agus
chómhlíonadar guthana na bhfáidh. [28]
Agus bíodh ná fuaradar aon choir
ann d'iarradar ar Phílát go leogfí dhóibh é
chur chun báis. [29] Agus nuair a bhí gach
nídh d'á raibh sgríobhtha 'n-a thaobh
cómhlíonta acu thógadar anuas de'n
adhmad é agus chuireadar i leacht é. [30] Ach
do thóg Dia ós na mairbh é an treas lá, [31]
agus bhí sé d'á fheiscint ar feadh mórán
laethanta ag an muinntir a tháinig le n-a
chois ó Ghaililí go Ierúsalem, agus atá go
dtí anois 'n-a bhfínnithe dó i láthair
daoine. [32] Agus táimíd 'á chur i n-iúil
daoibhse cad í an gheallamhaint a tugadh
d'ár n-aithreachaibh, [33] Agus conus mar atá
an gheallamhaint sin cómhlíonta ag Dia
d'ár sliocht, mar gur aithbheódhaigh sé
Íosa, do réir mar atá sgríobhtha sa tarna
sailm: Is tusa mo mhac, do gheineas-sa thu
an lá so. [34] Ach i dtaobh a thógáilt ós na
mairbh gan casadh aige airís ar
chlaochlóbh, dubhairt sé mar
seo: Tabharfad daoibh na neithe naomhtha
dílse is le Dáibhid. [35] Agus is uime sin a deir
sé i n-áit eile mar an gcéadna: "Ní
cheadóchair do t' Aon Naomhtha
claochlódh a dh'fheiscint." [36] Óir, nuair a
bhí a ghnó déanta ag Dáibhid, do réir thoile
Dé, 'n-a gheinealach féin, do chodail sé
agus do cuireadh i dteannta a aithreacha é,
agus chonnaic sé claochlódh. [37] Ach an t-é
a thóg Dia ós na mairbh ní fheacaidh sé
claochlódh.

[38] Bíod a fhios agaibh, dá bhrígh sin, a
fheara a bhráithre, gur tríd sin a fógartar
daoibhre maitheamhnachas peacaí, agus
(fuasgailt) ós na neithe ná féadfadh
fíoraontacht a thabhairt daoibh i ndlighe
Mhaoise. [39] Sa duine seo gheibheann gach
aoinne, a chreideann, fíoraontacht. [40]
Seachnaidh, d'á bhrígh sin, san a' dtiocfadh
oraibh an rud adeirtear ins na fáidhibh: [41]
Féachaidh, a lucht an neamhshuime, agus
deinidh iongna, agus éagaidh, óir tá obair
agamsa d'á oibiriú i nbhúr laethibhse, obair
ná creidfidh sibhse, má ínnseann aoinne
dhaoibh é.

[42] Agus nuair a bhíodar ag imtheacht
amach d'iarradar ortha an chainnt sin do
labhairt leó sa tsabbóid a bhí chughainn. [43]
Agus nuair a dísgaoileadh an tsinagóg, do
lean a lán de sna Iúdaígh, agus de sna
daoine iasachta bhí diadha, Pól agus
Barnabas, agus do chabhruigheadar-san leó
agus chómhairligheadar dóibh leanmhaint
i ngnásta Dé.

[44] An tsabbóid a bhí chughainn tháinig
an chathair go léir, nách mór, chun
éisteacht le briathar Dé. [45] Ansan nuair a
chonnaic na Iúdaígh na sluaighte do
líonadar d'fhormad agus bhiodar ag
bréagnú na cainnte a deireadh Pól, go
diamhasluightheach. [46] Ansan dubhairt Pól
agus Barnabas, go dána: is libhse nár
bhfoláir dúinn briathar Dé do labhairt an
dtúis; ach ó dhiúltuigheann sibh dó, agus
nác fiú sibh, do réir bhúr mbreithe féin,
beatha shioruidhe dh'fhághail, táimídne,
féac, ag iompáil chun na ngeinte. [47] Óir seo
mar a d'órduigh an Tighearna

dhúinn: Chuireas tu mar solus do sna
geintibh, ionus go mbeitheá ad ádhbhar
slánuighthe go dtí imeall an domhain. 48
Nuair airigh na geinte an nídh sin bhí áthas
ortha agus bhíodar ag tabhairt glóire do
bhriathar Dé, agus do chreid an méid acu a
bhí roimh-órdhuighthe chun na bheatha
síoruidhe.

49 Agus do leathad briathar an Tighearna
tríd an ndúthaigh go léir. 50 Ach do shéid na
Iúdaígh fé sna mnáibh diadha onóracha
agus fé uaisibh na catharach agus
mhúsgladar géareanmhaint ar Phól agus ar
Bharnabas agus chomáineadar as an dtír
iad. 51 Agus dheineadar-san ceó a gcos do
chrothadh 'n-a gcoinnibh agus thánadar go
h-Icónium. 52 Agus do líonad na
deisgiobuil le sólás agus leis an Spioraid
Naomh.

## CAIBID XIV.

**Pól agus Barnabas ag seanmóiniú i n lcónium agus i Listra. Cláiríneach 'á leigheas. Daoine ghá mheas gur déithe iad. Gabhtar do chlochaibh ar Pól. Deinid siad seanmóiniú i nDerbhé agus i bPergé.**

1 Agus do thuit amach i n-Icónium go
ndeaghadar isteach i n-aonfheacht i
sinagóig na nIúdach agus gur dheineadar
cainnt, i dtreó gur chreid sluagh líonmhar
de sna Iúdaígh agus de sna Griéagaigh. 2
Ach na Iúdaígh a bhí díchreideamhach, do
ghríosadar agus do shéideadar suas chun
feirge aigne na ngeinte i gcoinnibh na
mbráithre. 3 Ach d'fhanadar mórán aimsire
ann ag obair, agus a mainghín as an
dTighearna, agus é ag déanamh fiadhnaise
ar bhriathar a ghrásta, ag cur mírbhúiltí
uathbhásacha d'á ndéanamh le n-a
lámhaibh. 4 Bhí muinntir na catharach
deighilte, ámhthach, cuid acu ag gabháil leis
na Iúdaígh agus cuid acu ag gabháil leisna
h-Aspuil. 5 Agus d'eirigh fuagar fé sna
geintibh agus fé sna Iúdaígh, agus fé sna h-
uachtaráin, chun iad do tharcuisniú agus
gabháil do chlochalbh ortha, 6 Agus
thuigeadar (an nídh sin) agus do
theitheadar go Listra agus go Derbé, dhá
chathair i Licaónia, agus go dtí an tír go léir
mór-thímpall, agus bhíodar ag
craobhsgaoile an tSoisgóil sa n-áit sin.

7 Agus bhí duine i Listra, n-a shuídhe,
agus é ghan lút a chos ó fhagh sé bruinn a
mháthar, agus níor shiúbhluigh sé riamh. 8
D'airigh an duine sin Pól ag cainnt. Agus
d'fhéach Pól air agus chonnaic sé go raibh
aige creideamh chun a slánuighthe, 9 Agus
dubhairt sé do ghuth árd: Eirigh ad
sheasamh ar do chosaibh! Agus do léim sé
'n-a sheasamh agus shiúbhluigh sé.

10 Agus nuair a chonnaic na daoine cad a
bhí déanta ag Pól d'árdugheadar a nglór
agus dubhradar, as Licaóinis: Táid na
déithe, i riochtaibh daoine, tagaithe anuas
chúgainn. 11 Agus thugadar Iúpiter ar
Bharnabas agus Mercurí ar Pól mar is aige
bhí buadh cainnte. 12 Agus bhí sagart le
Iúpiter lasmuich de'n chathair agus thug sé
leis tairbh agus coróinneacha, ar aghaidh an
gheata, chun go ndéanfadh sé féin agus na
daoine ídhbirt. 13 Nuair a dh'airigh na h-
Aspuil, Pól agus Barnabas, an nídh sin do
raobadar a gcuid éadaigh agus do léimeadar
amach imeasg na ndaoine agus do
liúghadar: 14 A dhaoine, cad ab áil libh 'á
déanamh san? Daoine a gheobhaidh bás,
mar sibh féin, iseadh sinne, agus táimíd
'ghá iarraidh oraibh iompáil ó sna neithibh
baotha sin ar Dhia atá beó, ó isé
chruthuigh neamh agus talamh agus muir
agus gach a bhfuil ionta. 15 Ins na h-
aimsiribh atá imighthe do leog sé do sna
geintibh go léir gluaiseacht as a slightibh
féin. 16 Ach fós níor fhág sé é féin gan cur i
n-úil dóibh, óir thugadh sé tabharthaisí ó
neamh uaidh, fearthainn agus tráthana

torthamhla, agus do lionadh sé ár gcroidhe le bia agus le h-áthas. [17] Agus bíodh gus labhradar mar sin is ar éigin fhéadadar na daoine do chosg ar ídhbirt a dhéanamh chúcha.

[18] Ansan, ámhthach, tháinig raint Iúdach agus do mhealladar na daoine agus ghabhadar do chlochaibh i bPól agus tharraigeadar amach as an gcathair é mar mheasadar go raibh sé marbh. [19] Ach bhí na deisgiobuil 'n-a thímpall agus d'eirigh sé agus tháinig sé isteach sa chathair, agus amáireach a bhí chughainn d'imthigh sé féin agus Barnabas so Derbhé.

[20] Agus dheineadar craobhsgaoile sa chathair sin agus thugadar teagasg d'á lán, agus ansan d'fhilleadar go Listra agus go h-Icónium agus go h-Antioch, [21] Ag neartú aigne na ndeisgiobul agus 'á gcómhairiú chun bheith seasamhach sa chreideamh, mar gur le mórán a dh'fhulag nach fuláir dúinn dul isteach i rígheacht Dé. [22] agus do chuireadar sagairt fé ghrádhaibh dóibh ins gach eaglais, agus dheineadar úrnuighthe agus trosgadh, agus ansan thugadar suas do'n Tighearna iad, óir do chreideadar ann. [23] Agus d'imthigheadar treasna na Pisidia agus thánadar go dtí Pamphilia, [24] Agus do labhradar briathar an Tighearna i bPergé agus chuadar síos go h-Attalía,

[25] Agus chuadar as san go h-Antioch, ar luing, an áit as an tugadh suas iad do ghrásta Dé chun na h-oibre a bhí críochnuighthe acu. [26] Agus nuair a thánadar ann chruinnigheadar an eaglais agus d'innseadar na neithe móra a dhein Dia tríotha, agus conus mar a dh'osgail sé dorus an chreidimh do sna geintibh. [27] Agus d'fhanadar aimsir nár ghearr i bhfochair na ndeisgiobul.

## CAIBID XV.

**Aighneas i dtaobh tímpallghearradh. Cinneadh cómhairle Ierúsaleim agus a leitir.**

[1] Agus tháinig daoine áirithe anuas ó Iúdaéa agus bhíodar ag teagasg na mbráithre: Mura ndéanfar tímpallghearradh oraibh (ar siad) do réir dlíghe Mhaoise ní féidir bhúr slánú. [2] Cuir Pól agus Barnabas 'na gcoinnibh agus ní go lag é. Ansan do shocaruigheadar ar Pól agus Barnabas, agus raint daoine ó'n dtaobh eile, do dhul go dtí na h-Aspuil agus na sagairt a bhí i n-Ierúsalem, i dtaobh an sgéil. [3] Ansan do chuir an eaglais chun siubhail iad san agus thánadar tré Phoenicé agus tré Shamaría agus iad 'gá innsint conus mar a bhí na geinte ag iompáil, agus chuireadar áthas mór ar na bráithribh go léir.

[4] Agus nuair a thánadar go Ierúsalem bhí fáilte rómpa ag au eaglais agus ag na h-Aspuil agus ag na seanóiríbh, agus iad 'gá innsint cad iad na neithe móra a bhí déanta ag Dia tríotha. [5] Ach d'eirigh cuid d'aicme na bhFairisíneach, a bhí tar éis an chreidimh a ghlacadh, agus dubhradar: Ní fuláir tímpallghearradh do dhéanamh ortha agus a chur fhiachaibh ortha dlígh Mhaoise cimeád.

[6] Ansan do tháinig na h-Aspuil agus na seanóirí i gceann a chéile chun an sgéil sin a bhreithniú. [7] Do deineadh mórán aighnis. Ansan d'eirigh Peadar agus dubhairt sé leo: A fheara, a bhráithre, is eól daoibh conus mar a dhein Dia toghadh eadrainn fadó gur as mo bhéal-sa do chloisfeadh na geinte briathar an tSoisgéil agus do ghlacfaidís an creideamh. [8] Agus Dia a chíonn an croidhe, thug sé fiadhnaise 'na bhfábhar, mar do thug sé an Spioraid naomh dóibh fé mar a thug se dhúinne é. [9] Agus nior dhein sé aon deifrígheacht idir sinne agus iadsan, mar do ghlan sé a

gcroidhe leis an gcreideamh. 10 Cad chuige dhaoibh, d'á bhrígh sin, bheith ag tathant ar Dhia go gcuirfeadh sé ar mhuinéalaibh na ndeisgiobul cuing nár fhéad ár n-aithreacha ná sinne a dh'iompar? 11 Ach creidimíd go saorfar sinne, agus iadsan mar an gcéadna, tré ghrásta ár dTighearna Íosa Críost.

12 Ansan d'fhan na daoine go léir ciúin agus bhíodar ag éisteacht le Pól agus le Barnabas 'ghá innsint cad iad na mírbhúiltí uathbhasacha a bhí déanta ag Dia tríotha féin imeasg na ngeinte.

13 Agus nuair éisteadar dfhreagair Séamus agus dubhairt sé: a fheara, a bhráithre, éistidh liom. 14 Tá innste ag Símón conus mar a d'fhéach Dia ar dtúis ar na geintibh chun go dtógfadh sé asta pobul d'á ainim féin. 15 Agus tá cainnt na bhfáidh ag teacht isteach leis sin, do réir mar atá sgríobhtha: 16 Tar éis na neith sin fillfead agus cuirfead suas airís an tabernacul so Dháibhid atá ar lár, agus deiseóchad a bhfuil briste dhe, agus cuirfead 'n-a sheasamh airís é, 17 I dtreó go loirgeóchaid an chuid eile de sna daoine an Tighearna, agus na geinte go léir, 'na bhfuil m'ainim dá ghlaodhach os a gcionn, adeir an Tighearna agus na neithe sin aige 'á déanamh. 18 Tá fios a oibre féin ag an dTighearna ó thusach an tsaoghail. 19 Dá bhrígh sin isé mo bhreiteamhantas-sa, gan buaireamh a chur ar na daoine atá iompuighthe chun Dé as na geintibh, 20 Ac sgríobhadh chúcha, iad féin a sheachaint ar thruailliú íomh-ághthach, agus ar dhrúis, agus ar fheóil thachtaithe, agus ar fhuil. 21 Óir tá ag Maois, ó'n seanaimsir, i ngach cathair, daoine chun é dh'fhógairt ins na sinagógaibh, mar a léigtear é gach sabbóid.

22 Ansan do shocaruigh na h-Aspuil agus na seanóiri agus an eaglais go léir ais go gcurfí go h-Antioch, i n-aonfheacht le Pól agus le Barnabas, Iúdás ar a dtugcí Barnabas, agus Sílas, fir thosaigh imeasg na mbráithre, 23 Agus go gcurfi an sgríbhinn seo ar a lámhaibh:

"Ó sna h-Aspuil, agus ó sna seanóirí, na bráithre, chun na mbráthar ngeinteach atá i n-Antioch agus i Siria agus i gCilicia, ag beannúghadh dhóibh. 24 Toisg gur airígheamair go ndeaghaidh daoine amach uainne agus gur chuireadar buaireamh oraibhse, ag suathadh bhur n-aigne le neithibh nár órduigheamairne, 25 Do thánamair i bhfochair a chéile agus do socaruígheamair ar fhearaibh do thogha agus do chur chúghaibh i n-aonfheacht le n-ár gcáirdibh ionmhuine Barnabas agus Pól, 26 Fir a thug a n-anam ar son ainime ár dTighearna Íosa Críost. 27 Tá curtha uainn againn, d'á bhrígh sin, Iúdás agus Sílas agus neosfaid siad san daoibh ó bhéal, na neithe céadna. 28 Is toil leis an Spioraid Naomh agus linne gan a thuille ualaigh do chur oraibhse ach an méid seo atá riachtanach .i., 29 Ná h-íosfaidh sibh neithe do h-ídhbreadh d'íomhághthibh, ná fuil, na feóil a tachtadh, agus go staonfaidh sibh ó dhrúis. Má dhéineann sibh an méid sin beidh an sgéal go maith agaibh. Slán libh."

30 Ansan do cuireadh iad-san chun siubhail agus chuadar síos go h-Antioch, agus chruinnígheadar an pobul agus thugadar uatha an sgríbhinn, 31 Agus nuair a léigheadh é bhí áthas ortha mar gheall ar an sólás. 32 Ach fáidhí ab eadh Iúdás agus Sílas féin agus deineadar mórán cainnte leis na bráithribh agus thugadar mórán sólás dóibh agus mórán misnigh. 33 Ansan d'fhanadar ann rainnt aimsire agus 'n-a dhiaidh san do chuir na bráithre chun siubhail iad go síothach ag triall ar an muinntir á chuir uatha iad. 34 Ach do shocaruigh Sílas ar fhanmhaint ann agus chuaidh Iúdás i n'aonar thar n-air go Ierúsalem.

[35] agus d'fhan Pól agus Barnabas i n-Antioch, ag teagasg agus ag craobhsgaoile bréithir an Tighearna, mar aon le mórán eile daoine. [36] Ansan, tar éis rainnt laethanta dubhairt Pól le Barnabas: Iompuighmís agus tugaimís cuaird ar na bráithribh, tré sna cathrachaibh go léir ionar chraobhsgaoileamair briathar an Tighearna, féachaint conas atá an sgéal acu. [37] Ach ba mhian le Barnabas Eóin, ar a dtugtí Marcus, do bhreith leis. [38] Dubhairt Pól, ámhthach, nár cheart dóibh an duine sin a ghlacadh, (mar gur imthigh sé uatha i bPamphilia agus nár chuaid sé sa n-obair leó). [39] Agus bhí easaontacht ann i dtreó gur sgaradar le n-a chéile, agus chuaidh Barnabas ar luing go Cuprus agus do rug sé Marcus leis.

[40] Agus do rug Pól Sílas leis agus ghluais sé chun siúbhail, agus chuir na braithre fé chomairche ghrásta Dé é. [41] Agus shiúbhluigh sé Siria agus Cilicia, ag chur misnigh ar na h-eagailsíbh, agus 'ghá rádh leó aitheanta na h-Aspol agus na seanóirí do chimeád.

## CAIBID XVI.

### Tugann Pól cuaird na n-eagailsí. Glaodhtar é chun seanmóinighthe i Macedonia. Sgiúrsáltar é i bhPhilippí.

[1] Agus thainig sé go dtí Derbé agus go dti Listra. agus féach, bhí sa n-áit sin deisgiobul dár bh' ainim Tímoteus, mac do mhnaoi Iúdach n-a raibh an creideamh aici, agus d'athair gheinteach. [2] Thug na bráithre a bhí i Listra agus i n-Icónium teistiméireacht mhaith ar an bhfear san. [3] Ba mhian le Pól an fear san do dhul leis féin, agus dhein sé tímpallghearradh air mar gheall ar na Iúdaígh a bhí ins na h-áiteanaibh sin. Óir dobh eól dóibh go léir gur gheinteach a athair. [4] Agus ag gabháil tré sna catharachaibh dóibh thugádar do sna daoine le cimeád na reachta a dí déanta ag na h-Aspuil agus ag na seanóirí a bhí i n-Ierúsalem. [5] Agus mar sin bhí na h-eagailsí d'á ndainginiú sa chreideamh agus ag dul i líonmhaire lá

[6] Agus nuair a bhíodar ag gabháil tré chrích Phrigia agus Ghalatia do chosg an Spioraid Naomh iad ar bhriathar Dé do labhairt i n-Asia. [7] Agus nuair a thánadar isteach i Misia chuireadar chun dul isteach i mBitinia ach níor leos Spioraid Íosa dhóibh dul ann. [8] Ach tar éis gabháil tré Mhisia chuadar síos go Tróas.

[9] agus do taisbeánadh aisling do Pól sa n-oidhche; fear ó Mhacedonia n-a sheasamh, agus é 'ghá ghuidhe, agus deireadh sé: Tar anall go Macedonia agus cabhruigh linne. [10] Agus nuair a chonnaic sé an aisling do cheapamair láithreach dul go Macedonia mar bhíomair deimhnightheach go raibh glaoidhte ag Dia orainn chun craobhsgaoile dhéanamh dóibh.

[11] Chuamair an luing, ceann ar aghaidh ó Thróas go dtánamair go Samotrácé, agus go Neápolis an lá 'n-a dhiaidh san, [12] Agus as san go Philippi, príom-chathair sa chuid sin de Mhacedonia agus cathair daoine iasachta. Thugamair rainnt laethanta sa chathair sin, i gcómhairle.

[13] Agus lá na sabbóide chuamair amach an geata i n-aice abhan, mar ar samhluigheadh úrnuighthe bheith ar siúbhal, agus do shuidheamair ann agus bhíomair ag cainnt le mnáibh a bhí cruinnighthe ann. [14] Agus bhí bean acu agus Lídia ab ainim di agus bhíod sí ag díol pur-puir i gcathair na dtiathírénach, agus bean diadha ab eadh í. D'airig sí an chainnt agus d'osgail an Tighearna a croidhe chun go n-éistfeadh sí le n-a raibh ag Pól d'á rád, [15] Agus do baisteadh í féin agus a teaghlach, agus ansan d'iarr sí níd: Má 'sé bhur meas (ar sise) go bhfuilimse dílis do'n Tighearna tagaidh isteach am thigh agus

fanaid ann. Agus chuir sí fhiachaibh orainn dul.

16 agus do thárla, agus sinn ag dul chun úrnuighthe, go dtáinig ar an slighe rómhainn cailín n-a raibh spioraid phútónach inti. Agus do gheibheadh sí mórán saidhbhris do'n mhuinntir go mba leó í, ag tabhairt feasa uaithi. 17 Agus do lean sí Pól agus sinne, agus í ag liúirigh agus deireadh sí: Seirbhísigh do'n árd-Dhia iseadh na fir sin, agus táid siad ag innsint slighe bhúr slánuighthe dhaoibh. 18 Bhí sí 'ghá dhéanamh san ar feadh mórán laethanta. Do ghoill san an Phól agus d'iompuigh sé agus dubhairt sé leis an spioraid: Deirim leat, i n-ainim Íosa Críost, imtheacht amach aisti. Agus d'imthigh, an uair chéadna.

19 Ansan, nuair a chonnaic an mhuinntir go mba leó í go raibh deire le n-a súil leis an saidhbhreas, do ruga-dar ar Phól agus ar Sílas agus do thugadar leó iad go h-áit an mhargaidh, i láthair na n-uachtarán. 20 Agus chuireadar i láthair na ngiúistísí iad agus dubhradar: Iúdaígh iseadh na daoine seo, agus táid siad ag cur na catharach tré na chéile orainn. 21 Agus tá nós acu dá dteagasc nách dleaghlach dúinne a ghlacadh, mar is Rómhánaigh sinn. 22 Agus do chruinnigh an pobul 'n-a gcoinnibh, agus do stracadh a gcuid éadaigh, agus d'órduigh na giúistísí gabháil de slataibh ortha. 23 Agus do buaileadh mórán buillí ortha agus ansan do cuiread i bpríosún iad, agus dubhradh le fear an phríosúin iad a chimeád go maith. 24 Agus nuair a fuair sé sin an t-órdú san do chuir sé sa charcair ba shia isteach iad agus a gcosa daingean i gceap adhmaid.

25 I lár na h-óidhche, ámhthach, bhí Pól agus Sílas ag déanamh úrnuighthe agus ag moladh Dé, agus bhí na príosúnaigh ag éisteacht leó. 26 Agus go h-obann do tháinig luasgadh talmhan i dtreó go raibh fallaí an phríosúin d'á suathadh go bun. Ansan, siúd na geataí go léir ar osgailt agus na ceangalacha sgaoilte de sna priosúnaigh go léir. 27 Do dúisigh fear cimeádta an phríosúin as a chodla agus nuair a chonnaic sé dóirse an phríosúin ar osgailt cheap sé go raibh na príosúnaigh imighthe agus tharraig sé a chlaidheam as a thruail chun é féin a mharbhadh. 28 Do liúigh Pól air, ámhthach, do ghuth árd agus dubhairt sé: Ná dein aon díobháil duit fhéin; táimíd go léir anso. 29 D'iarr sé solus agus chuaidh sé isteach agus chaith sé é féin ag cosaibh Phóil agus Shílais, 30 Agus thug sé leis amach iad agus dúbhairt sé: A Thighearnaí, cad 'tá le déanamh agam ionus go saorfí me? 31 Agus dubhradar-san: Creid sa Tighearna Íosa agus beidh tú slán, tu féin agus do theaghlach. 32 Agus do labhradar briathar an Tighearna leis féin agus le n-a raibh 'n-a theaghlach. 33 Agus thóg sé iad an tráth céadna de'n oidhche agus do nígh sé a gcneadhacha, agus do baisteadh é féin agus a theaghlach láithreach. 34 agus thug sé isteach 'n-a thigh féin iad agus chuir sé na suidhe chun búird iad, agus bhí gáirdeachas air féin agus an a theaghlach agus a gcreideamh i nDia.

35 Agus nuair a tháinig an lá chuir na giúistísí oificeacha, 'ghá rád: Sgaoilidh uaibh na fir sin. 36 D'innis fear cimeádta an phríosúin an chainnt sin do Phól: Chuir na giúistísí órdú sibh do sgaoile chun siúbhail; anois, dá bhrígh sin téighidh amach agus imthighidh i síothcháin. 37 Dubhairt Pól leó, ámhthach: Is fir Rómhánacha sinn. Do sgiúrsáladh sinn os cómhair an phobuil, gan breith tabhartha orainn, agus do cuiread i bpríosún sinn. An maith leó anois sinn do dhíbirt uatha a gan fhios? Ní bheidh san mar sin. 38 Tagaidís anso, Agus cuiridís féin amach sinn. D'innis na h-oificeacha do sna giúistísíbh an chainnt sin. Tháinig sgannra ortha nuair airíghdar gur

bh’ fheara Rómhánacha iad. 39 Thánadar
agus d’iarradar maitheamhnachas ortha,
agus do rugadar amach iad agus d’iarradar
ortha imtheacht as an gcathair. 40 Ach nuair
a chuadar-san amach as an dphríosún
chuadar isteach i dtigh Lídia, agus
chonnacadar na bráithre agus chuireadar
sólás ortha. Ansan do ghluaiseadar chun
siúbhail.

## CAIBID XVII.

### Seanmóiniú Phóil do sna Tessalónaigh agus do sna Bereánaigh. a chainnt leis na h-aténachaibh.

1 Ansan do shiúbhluíghdar Amphipolis
agus Apollónia, agus thánadar go
Tesaloníca, áit ’na raibh sinagóg leis na
Iúdaígh. 2 Chuaid Pól isteach chúcha, mar
ba ghnáth leis, agus i gcaitheamh trí
sabbóidi bhí sé ag léiriú dhóibh as an
Scriptiúir, 3 ’Ghá osgailt dóibh agus ’gha
chur ’n-a luighe ortha conus nár bhfoláir
do’n Chríost fulag agus eirighe ós na
mairbh; agus gur bh’é seo an t-Íosa Criost,
atá agamsa d’á fhógairt daoibhse. 4 Agus do
chreid cuid acu agus ghabhdar le Pól agus
le Sílas, agus de sna geintibh a bhi diadha,
sluagh ana-mór, agus rainnt nár shuarach
de mhnáibh a bhí uasal.

5 Ansan tháinig éad ar na Iúdaígh agus
do bhailíghdar as an sluagh rainnt droch-
daoine agus dheineadar achrann agus
chuireadar an chathair i gcollóid. Ansan
thánadar tímpal ar thigh Iásoin agus
bhíodar a d’iarraidh go gcurfi amach chun
an phobhuil iad-san. 6 Agus nuair ná
fuaradar iad do rugadar Iáson agus cuid de
sna bhráithre i láthair uachtaráin na
catharach, rádh go h-árd: tháinig anso, leis,
an aicme seo atá ag cur na catharach tré
chéile, 7 Agus ghlac Iáson iad: agus táid siad
go léir ag gabhail i gcoinnibh dlighe
Chaesair, ’ghá radh go bhfuil rí eile ann,
Íosa.

8 Agus do ghríosadar na daoine agus na
h-uachtaráin, a bhí ag éisteacht leis na
neithibh sin. 9 Agus nuair a bhaineadar
sásamh de Iáson agus de’n gcuid eile do
leogadar chun siúbhail iad.

10 Agus gan mhoill do chuir na bráithre
chun siúbhail, san oidhche, Pól agus Sílas,
go Beréa. Agus nuair a thánadar ann do
chuadar isteach i sinagóig na n-Iúdach. 11
Agus bhíodar so níos uaisle ’ná muinntir
Thesaloníca, agus do ghlacadar an briathar
le lán-díogras, agus bhídís coitchianta ag
cuardach na Scriptiúiri féachaint an
mbíodh san amhlaid. 12 Agus do chreid a
lán acu, agus de sna mnáibh geinteacha a
bhí uasal, agus cuid nár bheag de sna
feáraibh. 13 Ansan d’áirigh na Iúdáigh i
dTesaloníca go raibh Pól ag teagasg
bréithir Dé i’mBeréa agus thánadar ann ag
déanamh toirmisg ag chur tré chéile ar na
daoine. 14 Ansan, go tapaidh, chuir na
bráithre Pól chun na farraige; ach d’fhan
Sílas agus Tímoteus sá n-áit.

15 Agus an mhuinntir a chuaid le Pól do
rugadar go dtí Aténé é, agus thug sé órdú
dhóibh le tábhairt do Sílas agus do
Thimoteus ’ghá rád leó teacht ag triall air
láithreach, agus ghluaiseadar.

16 An fhaid a bhí Pól i n-Aténé ag
feitheamh leó d’eirigh dásácht aigne istigh
ann nuair a chonnaic sé an chathair
tábhárta suas ar fad d’adhradh ná n-
íodhol. 17 Bhíodh sé, dá bhrígh sin, ag
díospóireácht sa tsinagóig leis na Iúdaígh
agus leis na daoine a bhí diadha, agus i n-
áit an mhárgaidh gach aon lá, leis na daoine
a bhíodh ann. 18 Agus bhíodh cuid
d’ollamhnaibh na n-Epicúrach águs na
Stóiceách ag cur air, agus deireádh cuid
acu: Cad ’tá ó’n bhfear so n-á bhfuil an
chainnt go léir aige? Ansan deireadh tuille
acu: Déithe nua atá aige ’á chráobhsgaoile,

is dócha; mar bhí sé ag cainnt leó i dtáobh
Íosá agus i dtáobh na h-aiseiríghe. [19] Ansan
do rugadar air agus thósadar leó é go dtí an
t-Areopagus, agus dubhradar: An misde
dhúinne eolus a dh'fhághail ar an dteagasg
nua so atá agatsa 'á thábhairt uait? [20] Tá
neithe nua agat 'á chur i n-ár gcluasaibh. Ba
mháith linn a fhios a bheith againn cad é an
sagas neithe iad. [21] (Ba ghnáth, ámhthach,
leis na h-Aténigh go léir agus le pé daoine
iásachta a bhíodh ann gan suim a chur i n-
aon rud eile ach bheith ag innsint agus ag
cloisint nuacht.)

[22] Do sheasaimh Pól i lár an areopaguis
agus dubhairt sé: A fheara Aténacha, chim
sibhse, ins gach slighe, ana-úmhal do
dhéithibh. [23] Óir, ag gabhail na slighe agus
ag féachaint dom an bhúr n-íomhághthibh,
do fuaras altóir agus bhí sgríobhtha uirthi
"Do'n Dia ná h-aithnightear." An nídh sin
a dh'onórann sibh gan aithne agaibh air,
táimse 'ghá theagasg daoibh. [24] Dia, a dhein
an domhan agus gach a bhfuil ann, ó 'sé
Tighearna neimhe agus talmhan é, ní
chómhnuigheann sé i dteampallaibh a
deineadh le lámhaibh; [25] Ná ní deintear dó,
le lámhaibh daoine, seirbhís go bhfuil gádh
aige leis, óir isé féin a thugann do gach
duine anam agus anál agus gach uile
nídh. [26] Agus do chuir sé, ó aon duine
amháin, an chine dhaona go léir 'n-a
gcómhnuidhe ar uachtar na talmhan, agus
do cheap sé gach tréimse aimsire dhóibh
chun cómhnuighthe ann, agus gach
teóra, [27] Chun iad a bheith ag lorg Dé,
féachaint an bhféadfaidís teangabháil leis
ná teacht suas leis, bhíodh ná fuil sé abhfad
ó gach duine againn. [28] Óir is ann féin á
mhairimíd agus a chorruighmíd agus
atáimíd, fé mar adeir daoine d'bhur
bhfilíbh féin; "Óir is d'á gheineamhaint
sinn." [29] D'á bhrígh sin, ó's de
gheineamaint Dé sinn, ní cóir dúinn a
mheas go mbeadh Dia cosmhail le h-ór 'ná
le h-airgead ná le cloich, snoíghe ealadhan
agus ceapadh aigne duine. [30] Agus anois tá
Dia ag leogaint aimsire an ainbhfiosa san
thairis agus 'ghá fhógairth do sna daoine,
go ndéanfaidís go léir aithrighe ins gach
aon bhall, [31] Mar go bhfuil lá ceapaithe aige
chun bhreitheamhantais a thabhairt ar an
ndomhan do réir chirt, tríd an bhfear atá
ceapaithe aige, ag tabhairt creidimh do
gach aon duine, mar gur thóg sé ó sna
mairbh é.

[32] Ach nuair airíghdar an aiseirighe ó sna
mairbh chrom cuid acu ar mhagadh
dhéanamh, agus dubhairt cuid acu:
Éistfimíd leat uair éigin eile i dtaobh an
sgéil sin. [33] Ansan d'imthigh Pól uatha
amach. [34] Ach do lean fir áirithe é agus
chreideadar, ar a raibh Díonusios an t-
Areopagach, agus bean n-ar bh'ainim di
Damaris, agus tuille leo.

## CAIBID XVIII.

### Eaglais Coirint dá cur ar bun ag Pól, agus é ag seanmóiniú i n-Ephesus, 7rl. Apollo do dhul go h-Ephesus.

[1] Tar éis an méid sin d'fág sé cathair
Aténé agus tháinig sé go dtí Coirint. [2] Agus
fuair sé sa n-áit sin Iúdach n-ar bh'ainim dó
Acuila, fear a rugadh i bPontus agus a bhí
tar éis teacht go déanach ó'n Eadáil, agus
Priscilla, á bhean (do dheasgaibh a bheith
órduighthe ag Claudius do sna Iúdaígh go
léir imtheacht ó'n Róimh), agus chuaidh sé
ag triall ortha. [3] Agus toisg é bheith ar aon
cheárd leó d'fhan sé 'n-a bhfochair ag obair
ar an gcéird (agus ag déanamh pailiún ab
eadh an a cheard). [4] Agus bhíodh sé sa
tsinagóig ag pléidh, gach lá sabbóide, ag
trácht ar ainim an Tighearna Íosa, agus bhí
sé ag tabhairt na nIúdach agus na
nGréagach leis. [5] Ansan nuair a tháinig Sílas
agus Tímoteus chuige ó Mhacedonia do
ghéaruigh Pól sa teagasg, gá chur 'n-a

luighe ar na Iúdaígh gur b’é Íosa is Críost ann. [6] Ach bhí na Iúdaígh ’gha bhréagnú go masluightheach. Ansan do chroth sé a chuid éadaigh agus dubhairt sé: Bíod bhúr gcuid fola ar bhúr gceann féin. Táimse glan. [7] Tabharfad aghaidh ar na geintibh feasda. Ansan d’fhág sé an áit sin agus tháinig sé go tigh duine dár bh’ainim Títus Iústus, duine a bhí úmhal do Dhia, agus go raibh a thigh ceangailte de’n tsinagóig. [8] Agus do chreid Crispus, uachtarán na sinagóige, sa Tighearna, agus a theaghlach go léir, agus do chreid mórán de sna Coirintigh a bhí ag éisteacht leis agus do baisteadh iad.

[9] Ansan dubhairt an Tighearna le Pól, i n-aisling, san oidhche: Ná bíodh eagal ort, ach labhair agus ná h-eist, [10] óir táimse leat, agus ní leómhfaidh aoinne dochar a dhéanamh duit; mar tá mórán daoine sa chathair seo agamsa

[11] Agus d’fhan sé ansan bliain agus sé mhí ag teagasg bréithir Dé ’n-a measg. [12] Ach nuair a bhí Gallió ’n-a phróchonsul i n-Acaía d’eirigh na Iúdaígh, do thoil a chéile i n-aghaidh Phóil agus thugadar os cómhair an t-suidhebhratha é, Agus dubhradar: [13] Tá an fear so ag cur na ndaoine suas chun Dia d’adhradh go h-aindleaghthach. [14] Ach nuair a bhí Pól ag tusnú ar a bhéal a bhogadh chun labhartha dubhairt Gallió leis na Iúdaígh: A fheara Iúdacha, dá mba éagcóir é, nú coir chionntach ana-olc, ba cheart dom cur suas libh. [15] Ach má’s cúrsaí focal é, agus ainimneacha, agus bhúr ndlighe-se, féachaidh féin chuige: ní h-áil liomsa bheith am breitheamh ar na neithibh sin. [16] Agus do chomáin sé ó’n suidhebhratha iad. [17] Agus do rugadar go léir an Shóstenés uachtarán na sinagóige agus bhíodar ag gabháil air os cómhair an tsuidhebhratha agus níor chuir Gallió aon tsuim i n-aon nídh de sna neithibh sin.

[18] D’fhan Pól mórán laethanta sa n-áit. Ansan d’fhág sé slán ag na bráithribh agus chuaid sé ar luing go Síria (agus Priscilla agus Acuila i n-aonfheacht leis) tar éis a chínn a bhearradh i gCencrea, mar bhí móid aige. [19] Agus tháinig sé go dtí Ephesus agus d’fhág sé iad-san ann. Agus chuaidh sé féin isteach sa tsinagóig ag díospóireacht leis na Iúdaígh. [20] Agus d’iarradar air fanmhaint níos sia ach níor thoiligh sé chuige, Ach d’fhág sé slán acu agus dubhairt sé: [21] Tiocfad chúghaibh airís má’s toil le Dia é. Ansan d’imthígh sé ó Ephesus

[22] Agus chuaid sé síos go Caesaréa. Ansan chuaidh sé suas agus bheannuigh sé do’n eaglais, agus chuaidh sé síos go h-Antioch.

[23] Chaith sé suim aimsire ansan, agus ghluais sé tré dhúthaíbh Ghalatia agur Phrigia, i ndiaidh chéile, ag cur misnigh ar na deisgiobuil go léir. [24] Tháinig, ámh, go h-Ephesus Iúdach n-ar bh’ainim dó Apollo, Alecsandríneach, fear deaghlabhartha, láidir ins na Scriptiúraibh. [25] Bhí sé oilte ar slighe an Tighearna agus do labhair sé le díogras aigne agus do theagaisg sé go dúthrachtach na neithe a bhaineann le h-Íosa, agus gan ar eólus aige ach baiste Eóin. [26] Do chrom an fear san ar labhairt go dána sa tsinagóig. Agur nuair a dh’airigh Priscilla agus Acuila é thugadar leó é agus mhúineadar dó níos cruinne slighe an Tighearna. [27] Ansan ba mhian leis dul go h-Acaia agus do sgríbh na bráithre ag triall ar na deisgiobuil ’ghá iarraibh ortha é ghlacad. Agus nuair a tháinig sé thug sé congnamh mór do’n mhuinntir a bhí tar éis creideamhaint. [28] Óir do chuir sé ’n-a luige go cuthaigh ar na Iúdaígh, go puibilídhe, gur b’é Íosa is Críost ann.

## CAIBID XIX.

### An eaglais dá chur ar bun ag Pól i n-Ephesus. Clampar sa ngaibhní ngeal.

1 Agus do thárla, le linn Apollo bheith i
gCoirint go dtáinig Pól go h-Ephesus,
nuair a bhí na h-áiteana uachtaracha
siúbhaltha aige, agus go bhfuair sé rainnt
deisgiobul; Agus dubhairt se leó: 2 Ar
ghlacbhúir an Spioraid Naomh ó
chreidbhúir? Agus dubhradar-san leis: Ní
h-ead ach níor chloiseamair an Spioraid
Naomh a bheith ann i n-aon chor. 3 Agus
dubhairt seisean: Má ’seadh cad ann ’nar
baisteadh sibh? Agus dubhradar: I mbaiste
Eóin. 4 Agus dubhairt Pól: Do bhaist Eóin
na daoine le baiste aithrighe agus dubhairt
sé leó nár bh’foláir dóibh creideamhaint sa’
t-é a bhí le teacht ’n-a dhiaidh féin, ’sé sin i
n-Íosa. 5 Nuair a dh’airíghdar an méid sin
do baisteadh iad i n-ainim an Tighearna
Íosa. 6 Ansan do chuir Pól a lámha ortha
agus do thúirling an Spioraid Naomh ortha
agus do labhradar i dteangthachaibh agus
dheineadar targaireacht. 7 Agus tímpal
dáréag acu a bhí ann ar fad.

8 Agus bhíodh sé ag dul isteach sa
tsinagóig agus ag labhairt ann go dána, ar
feadh trí mhí, ag díospóireacht agus ag cur
i bhfeidhm i dtaobh rígheachta Dé. 9 Ach
bhí daoine dúra ann ná creidfeadh, ach
bhíodh ag tarcuisniú slighe an Tighearna os
cómhair na ndaoine. D’imthigh sé uatha
agus do dheighil sé na deisgiobuil uatha,
agus bhíod sé ag argóint gach lá i sgoil fir
dár bh’ainim Turannos. 10 Do lean san mar
sin ar feadh dá bhlian, i dtreó gur airigh
gach a raibh i n-Ásia, idir Iúdach agus
Geinteach, briathar an Tighearna. 11 Agus
do dhein Dia mírbhúiltí éagsamhlacha tré
láimh Póil. 12 i dtreó go mbeirtí chun na
ndaoine mbreóite, ó n-a cholainn, ciarsúirí
agus aprúin, agus go n-imthígheadh an
bhreóiteacht díobh, agus go n-imthígheadh
na deamhain asta

13 Do thárla go raibh cuid de sna Iúdaígh
ag imtheacht ó áit go h-áit agus go rabhdar
a d’iarraid deamhan a chur amach, agus
dh’agraidís ainim an Tighearna Íosa agus
deiridís: Fógraim oraibh Íosa atá ag Pól d’a
chraobhsgaoile. 14 Agus bhí Iúdaígh áirithe,
mórsheisear mac a bhí ag Scebha duine
d’uachtaránaibh na sagart, ’ghá déanamh
san. 15 Ach d’fhreagair an annsprid iad agus
dúbhairt sé: Tá aithne agam ar Íosa agus tá
eólus agam ar Phól, ach cia h-iad sibhse? 16
Agus an fear n-a raibh an annsprid
mhalluighthe ann do léim sé chúcha agus
fuair sé an lám uachtair ar an mbeirt acu
agus ghaibh sé ortha i dtreó gur ritheadar
as an dtigh sin tárnocht, agus iad
geárrtha. 17 Do h-innseadh an méid sin d’a
raibh d’Iúdachaibh agus de Gheintibh i n-
Ephesus agus tháinig sgannra ortha go léir,
agus do móradh ainim an Tighearna Íosa.

18 Agus bhíodh a lán de’n mhuinntir a
chreid ag teacht ag déanamh faoisdine agus
ag innsint a ngníomhartha. 19 Agus a lán
de’n mhuinntir a bhíodh ag déanamh
deismireachta thugadar na leabhair leó agus
do dhóghdar iad os cómhair na
puibilídheachta. Agus do measadh fiacha
na leabhar, agus do fuaradh gur bh’fiú
caogad míle píosa airgid iad. 20 Sin mar a
bhí briathar Dé ag fás go láidir agus ag dul
i ndaingineacht.

21 Nuair a bhí na neithe sin
críochnuighthe do bheartuigh Pól, sa
spioraid, gabháil tré Mhacedonia agus tré
Acaia agus dul go Ierúsalem, agus dubhairt
sé: Tar éis me bheith sa n-áit sin ní foláir
dom an Róimh a dh’fheisgint. 22 Ansan
chuir sé beirt d’á lucht frithálmha,
Timoteus agus Erastus, go Macedonia agus
d’fhan sé féin ar feadh tamaill san Ásia.

23 agus d’eirigh an uair sin achrann nár
shuarach i dtaobh slighe an Tighearna. 24
Bhí fear n-ar bh’ ainim dó Démétrius, agus
gabha geal ab eadh é, agus bhíodh sé ag

déanamh teampall airgid do Dhiána agus bhíodh fághaltas nár shuarach ag ceárduighthibh d'á bhárr. [25] Chruinnigh sé i láthair a chéile iad féin agus an lucht oibre a bhain leó agus dubhairt sé: A fheara, is eól daoibh gur as an gcéird seo a thagann ár gcuid chúghainne. [26] Ach chíonn sibh agus airígheann sibh conus mar atá mórán daoine iompuighthe ag Pól so, le n-a chómhrádh, ní h-amháin i n-Ephesus ach ar fuid na h-Ásia go léir nách mór, 'ghá chur 'n-a luighe ortha — Ní déithe i n-aon chor na déithe a deintear le lámhaibh. [27] Is baoghal go dtabharfaidh san droch-ainim d'ár slighe bheatha, agus ná fágfaidh sé aon mheas an theampull mhór Dhiána, agus ní h-amháin sin ach go dtusnóchaidh a mórdhacht ar dhul ar neamhnídh, bíodh go n-adhrann an Ásia go léir agus an domhan go léir í. [28] Nuair airíghdar an chainnt sin do lasadar le feirg agus do liúghdar: Is mór í Diána na n-Ephesiánach!

[29] Do cuireadh an chathair go léir tré n-a chéile. Do ritheadar i n-aonfheacht chun an téátair agus greim acu ar Ghaius agus ar Aristarchus, Macedonaigh, comrádaithe do Pól. [30] Cheap Pól dul isteach ameasg na ndaoine. [31] Ní leogfadh na deisgiobuil dó é. Agus bhí cuid d'uachtaránaibh na h-Ásia ann, cáirde dhó, agus chuireadar teachtaireacht chuige 'ghá iarraidh air gan dul isteach sa téátar. [32] Do liúigh duine an rud so agus duine eile an rud úd. Is amhlaidh a bhí measgán mearaidhe ar an bpobul agus ní fheidir an chuid ba mhó dhíobh cad a thug ann i n-aon chor iad. [33] Do tharaigeadar Alecsander amach as an mbrúth. Do shaigh na Iúdaígh amach é. Do bhagair Alecsander a lámh ortha a' d'iarraid ciúnais chun go míneóchadh sé an sgéal do sna daoine. [34] Ac nuair a chonnacadar gur bh' Iúdach é chuireadar go léir aon liú amháin suas: is mór í Diána na n-Ephesiánach! agus do leanadar de'n liúgh ar feadh suas le dhá uair a' chluig.

[35] Ansan do chuir cléireach na catharach chun suaimhnis an pobal agus dubhairt sé: A fheara Ephesiánacha, cá bhfuil an duine beó ná fuil fhios aige go n-adhrann muinntir na chatharach so Ephesus Diána mhór, inghean Iúpiteir? [36] D'á bhrígh sin óir nách féidir an méid sin do shéanadh is ceart daoibh fanmhaint socair agus gan aon bheart obann a dhéanamh. [37] Thugbhúir anso na fir seo agus gan masla tabhartha acu d'bhúr dteámpull 'ná d'bhur mbandia. [38] Ach má tá ag Démétrius, agus ag na ceárduighthibh atá le n-a chois, cúis i gcoinnibh aoinne, táid na cúirteana ann agus na próchonsuil: Cuiridís neithe i leith a chéile. [39] Má tá aon nídh eile agaibh d'á lorg, socaruightear é i gcómhthionól a bheidh do réir dlighe. [40] Agus is baoghal go gcurfár i n-ár leith toirmeasg an lae indiu agus gan aoinne cionntach (gur féidir cúntas a thabhairt air) leis an gcruinniú so. Nuair a bhí an méid sin ráidhte aige do chuir sé an pobal chun siúbhail.

## CAIBID XX.

### Cuaird Phóil tré Mhacedonia agus tríd an nGréig. Duine aige á thógaint ó'n mbás i dTsóás. A chainnt le cléir Ephesuis.

[1] Ansan, nuair a bhí an toirmeasg imighthe do ghlaoidh Pól chuige na deisgiobuil agus do chómhairligh sé iad, agus d'fhág sé slán acu agus do ghluais sé chun dul go Macedonia. [2] Agus nuair a bhí na triúcha san siúbhalta aige agus mórán cainnte déanta aige leis na daoine tháinig sé sa Ghréig. [3] Bhí sé trí mhí sa n-áit sin. Ansan cheap sé dul go Síria ar luing ach bhí na Iúdaígh i gceilg ag faire air agus shocaruigh sé ar theacht tré Mhacedonia. [4] Agus chuaidh i n-aonfheacht leis Sópatér

Mac Phirruis, ó Bheréa; agus Aristarchus
agus Secundus Tessalónais; agus Gaius ó
Dherbhé, agus Tímoteus; agus Tuchicus
agus Trophimus, beirt Ásiánach. 5 Chuadar
san rómhainn agus d'fhanadar linn i
dTróas.

6 Agus do chuamair-ne ar luing ó
Philippí, tar éis laethanta an aráin gan giost,
agus bhíomair chúig lá ag teacht go Tróás
agus d'fhanamair ann seacht lá.

7 Ansan, an chéad lá de'n tseachtmhain
do thánamair i bhfochair a chéile chun arán
do bhrise, agus bhí Pól ag tabhairt teagaisg
dóibh, mar bhí sé le h-imtheacht ar maidin
amáireach a bhí chúghainn, agus do lean sé
ar an dteagasg go meadhon oidhche. 8 Ach
bhí lóchrainn ár ndóthin againn sa tseómra
mór 'na rabhmair cruinnighthe. 9 Agus bhí
bhuachaill dár bh' ainim Eútuchur 'n-a
shuidhe ar an bhfinneóig, agus thuit sé 'n-
a chodla go sámh an fhaid a bhí Pól ag
cainnt. Le truime a chodlata do thuit sé síos
ó'n dtrímhadh lochta agus do tógadh suas
marbh é. 10 Ach do chuaidh Pól síos chuige
agus do luigh sé anuas air agus chuir sé a
lámha 'n-a thímpull agus dubhairt sé: Ná
bíodh ceist oraibh. Tá a anam ann. 11 Ansan
chuaidh sé suas agus bhris sé arán agus do
bhlais. agus dein sé cainnt ar feadh abhfad,
go dtáinig an solus, agus ansan d'imthigh
sé. 12 Agus do rugadar leó an buachaill, agus
é bheó, agus níor bheag é a n-áthas.

13 Ansan do chuamair-ne ar an luing agus
sheólamair go h-Assos, i dtreó go
mbéarfaimís Pól linn ó'n áit sin, óir sin mar
a bhí socair aige, agus go raghadh sé féin
ann ar tír. 14 Agus tháinig sé chúghainn i n-
Assos agus thógamair chúghainn é agus
thanamair go Mitiléné. 15 Agus sheólamair
ó'n áit sin agus thánámair, amáireach a bhí
chúghainn, ar aghaidh Chíos amach agus
an lá 'n-a dhiaidh san do shroiseamair
Sámos, agus an lá 'n-á dhiaid san airís do
thánamair go Milétus; 16 Óir do bhí Pól
ceapaithe ar sheóladh thar Ephesus i dtreó
ná curfí aon ríghneas air sa n-Ásia, mar bhí
dithineas air chun, dá mb' fhéidir dó é, lá
na Cíngcíse thabhairt i n-Ierúsalem.

17 Ach do chuir sé teachtaireacht ó
Mhilétus go h-Ephesus 'ghá rádh le
sinnsearaibh na h-eagailse teacht chuige. 18
Thánadar, agus nuair á bhíodar 'n-a láthair
dubhairt sé leó:

Is eól daoibhse conus mar atá an aimsir
go léir tabhartha agam i nbhúr bhfochair
ó'n gcéad lá a thánag isteach sa n-Ásia, 19
Agus me ag déanamh seirbhíse Dé le
físúmhluigheacht, ag sile deór, agus ag
fulag na dtrioblóidí a tháinig orm tré
cheilgibh na n-Iúdach; 20 Conus mar nár
chimeádas siar aon nídh de sna neithibh a
bhí tairbhtheach daoibh, gan iad a theagasg
daoibh go puibilídhe agus i nbhúr
dtighthibh, 21 agus me ag deimhniú
aithrighe chun Dé, agus creidimh i n-ár
dTighearna Íosa Críost, do Iúdaígh agus do
Gheintibh.

22 Agus féach táim ag dul go Ierúsalem fé
cheangal na spioraide, agus ní fios dom cad
'tá le h-imtheacht orm ann, 23 Ach go bhfuil
an Spioraid Naomh ag labhairt liom
coitchianta, ins na cathrachaibh go léir,
'ghá rádh liom gur slabhraí agus pionóisí
atá am chóir i n-Ierúsalem. 24 Ach ní h-
eagal liom aon nídh dhíobh san ná ní
mheasaim gur mó is fiú mo bheatha 'ná me
féin, ach go gcomhlíonfad mo thurus, agus
seirbhís an bhréithir, a fuaras ó'n
dtighearna Íosa, fiadhnuise dhéanamh ar
shoisgéal ghrásta Dé. 25 Agus féach anois, is
eól dómhsa ná feicfidh sibh mo ghnúis a
thuille, sibhse go léir n-a bhfuil siúbhaltha i
nbhúr measg agam ag craobhsgaoile
righeachta Dé.

26 D'á bhrígh sin cuirim a fhiadhnuise
oraibhre, sa lá so atá indiu againn, go
bhfuilim glan ar chuid fola gach duine, 27
Mar níor staonas ó chomhairle Dé do chur

i n-iúil daoibh go h-iomlán. 28 Tugaidh aire dhaoibh féin agus do'n tréad go léir, ar ar chuir an Spioraid Naomh sibh i n-bhúr n-easbogaibh ag riaghladh eaglaise Dé a cheannuigh sé le n-a chuid fola féin. 29 Tá 'fhios agamsa go dtiocfaidh isteach i n-bhúr measg, nuair a bheadsa imighthe, faolchoin chraosacha, agus ná staonfaid siad ó'n dtréad. 30 Agus eireóchaid, oraibh féin, fir a labharfaid neithe tuathalaca, chun deisgiobul a tharrac n'a ndiaidh. 31 D'á bhrígh sin déinid faire, agus cimeadaidh i nbhúr gcuimhne conus mar nár stadas ar feadh trí mblian, do ló ná d'oidhche, ach ag cómhairliú an uile dhuine agaibh agus deóra le m'shúilibh.

32 Agus anois tugaim suas do Dhia sibh agus do bhriathar a ghrásta, ó's ar a chumas atá an obair do chríochnú agus an oighreacht a thabhairt daoibh ameasg na naomh go léir. 33 Níor shanntuigheas airgead ná ór ná éadach aon duine, 34 Mar is eól daoíbh féin, gurab iad an dá láimh seo sholáthair gach a raibh riachtanach dom féin agus do sna daoine atá am fhochair. 35 Tá gach aon nídh taisbeánta agam daoibh, gur ag obair ar an gcuma san is ceart dúinn fóirithint ar na daoine laga, agus cuimhneamh ar bhriathar an Tighearna Íosa mar go ndubhairt sé féin: Is mó an t-aoibhneas go mór rud a bhronnadh ná rud a ghlacadh.

36 Agus nuair a bhí an méid sin ráidhce aige do leog sé é féin ar a ghlúinibh agus dhein sé guidhe chun Dé 'n-a dteannta go léir. 37 Ansan bhíodar go léir ag gol go fuígheach agus ag cur a lámh tímpal ar mhuinéal Phóil agus 'ghá phógadh, 38 Ag déanamh buartha go mór mar gheall ar an bhfocal adubhairt sé, ná feicfidís a ghnúis a thuille. Agus dheineadar é thionnlacan síos chun na luinge.

## Caibid XXI.

### Cuaird Phóil go Ierúsalem. É dhá ghabháil aige sna Iúdaígh sa teampull.

1 Agus nuair á thárla go raibh sgartha againn leó agus sinn ag gluaiseacht fé sheól, thánamair ceann ar aghaidh go Cóos, agus an lá 'n-a dhiaidh san go Rodos, agus as san go Patara. 2 Ansan do fuaramair long a bhí ag dul treasna go Phoenicé, agus chuamair ar bórd agus ghluaiseamair. 3 Thánamair i radharc Chuprois agus d'fhágamair ar ár láimh chlé é agus sheólamair go Síria agus thánamair go Túros; óir is ann a bhí ar an luing a h-ualach do chur aisti. 4 Fuaramair deisgiobuil sa n-áit sin agus d'fhanamair ann seacht lá, agus bhíodar, tríd an spioraid, ghá rádh le Pól gan dul suas go Ierúsalem. 5 Ach nuair a bhí na laethanta caithte do ghluaiseamair agus bhíomair ag imtheacht, agus thánadar go léir, iad féin agus a mná agus a gclann, ghár dtionnlacan, go geataí na catharach; agus do leogamair sinn féin ar ár nglúinibh ar an dtráigh agus do ghuídhmair. 6 Ansan d'fhágamair slán ag á cheile agus chuamair-ne ar an luing agus chuadar-san abhaile. 7 Dheineamair-ne ár gcuaird ar uisge ó Thúros síos go Ptolemáis agus bheannuighmair do sna bráithribh a bhí ann agus d'fhanamair lá 'n-a bhfochair. 8 Ghluaiseamair an lá 'n-a dhiaidh agus thánamair go Caesaréa. Chuamair, ansan, go tigh Philibh, an soisgéalaidhe, duine de'n mhórsheisear, agus d'fhanamair aige.

9 Bhí aige sin ceathrar inghean, ceathrar maighdean, agus dheinidís targaireacht. 10 Do stadamair ann rainnt laethanta agus tháinig chúghainn ó Iúdaéa fáidh n-ar bh'ainim dó Agabus. 11 Nuair a tháinig sé sin chúghainn do thóg sé crios Phóil agus cheangail sé a lámha féin agus a chosa agus dubhairt sé: Seo mar adeir an Spioraid Naomh, an fear gur leis an crios so, sin mar a cheangalóchaid na Iúdaígh é i n-

Ierúsalem, agus tabharfaid siad i lámhaibh na nGeinte é. [12] Nuair airighmair-ne an méid sin bhíomair féin agus muinntir na h-áite sin ag tathant air gan dul suas go Ierúsalem. [13] Ansan dubhairt Pól ’ár bhfreagrad: Cad tá agaibh á dhéanamh, ag gol agus ag cur buartha ar mo chroide? Táimse ollamh, ní h-amháin chun ceangail d’fhulag ach fós chun báis d’fhulag, ar son ainime an Tighearna Íosa. [14] Ansan, nuair a theip orainn é bhogadh d’éisteamair agus dubhramair: Toil an Tighearna go ndeintear!

[15] Agus tar éis na laethanta san d’ollmhuighmair sinn féin agus bhíomair ag dul suas go Ierúsalem. [16] Agus tháinig i n-aonfheacht linn cuid de sna deisgiobuil ó Chaesaréa, agus Cupriánach ’n-a dteannta, duine dár bh’ainim Mnasón, seana-dheisgiobul, n-a rabhmair chun bheith ar lóisdín aige.

[17] Thánamair go Ierúsalem agus do ghlac na bráithre sinn go fáilteach. [18] Amáireach a bhí chúghainn chuamair féin agus Pól go tigh Shéamuis agus bhí na sínsir go léir cruinnighthe ann. [19] Bheannuigh sé dóibh agus d’innis sé dóibh, tríd síos, gach a raibh déanta ag Dia, tré n-a fhrithálamh féin, ameasg na nGeinte. [20] Agus nuair airighdar é thugadar glóire do Dhia, agus dubhradar leis: Chíonn tú, a bhráthair, cad iad na mílte de sna Iúdaígh atá tar éis creideamhaint, agus tá báidh acu go léir do’n dlighe. [21] D’airighdar ámhthach, go bhfuilirse ghá chur ’n-a luighe ar na Iúdaígh atá ameasg na nGeinte nach misde dhóibh imtheacht ó Mhaois, agus ná fuil fhiachaibh ortha tímpallghearradh do dhéanamh ar a gclainn, ná réir na dlíghe do leanmhaint. [22] Cad ’tá le déanamh mar sin? Gan amhras caithfid na daoine cruinniú mar aireóchaid siad gur thánaís. [23] Dein an níd seo a deirimíd leat dá bhrígh sin: Tá ceathrar fear againn go bhfuil móid ortha. [24] Tóg leat iad san agus glantar thu i n-aonfheacht leó. Ansan díol-se asta i dtreó, go mbheárrfar a gcinn. Ansan chífidh gach aoinne gur b’éitheach ar airíghdar ad thaobh, go bhfuilir féin ag siúbhal ad chosnamhaidhe do’n dlígh. [25] Ach i dtaobh na nGeinteach a chreid, do sgríobhmair-ne ghá órdú dhóibh cimeád ó’n rud a h-ídhbireach d’íodholaibh, agus ó fhuil, agus ó nídh a tachtadh, agus ó dhrúis. [26] Ansan do thóg Pól leis na fir lár n-a mháireach agus do glanadh é i n-aonfheacht leó agus chuaidh sé isteach sa teampull, tar éis laethanta a nglanta d’fhógairt, chun go ndéanfí ofráil ar son gach duine acu.

[27] Ach bhí Iúdaígh ó’n Ásia ann agus nuair a bhí na seácht laethanta dhá gcríochnú chonnacadar sa teampull é agus do ghríosadar an pobul go léir agus chuireadar a lámha. air agus do liúghdar: [28] Congnamh! a fheara Israéil. Sidé an duine atá ag múine na ndaoine ins gach aon bhall i gcomnibh an phobuil seo agus i gcoinnibh na dlighe agus i gcoinnibh na h-áite seo. Thug sé daoine geinteacha isteach sa teampull agus do sháruigh sé an áit bheannuighthe seo. [29] Óir bhíodar tar éis Trophimuis ó Ephesus a dh’fheiscint sa chathair ’n-a theannta agus cheapadar go raibh Pól tar éis é thabhairt isteach sa teampull. [30] Agus bhí an chathair go léir ar buile, agus do chruinnigh na daoine. Do rugadar ar Phól agus tharraigeadar amach as an dteampull é agus do dúnadh na dóirse láithreach.

[31] Agus bhí fonn ortha é mharbhadh, ach do h-innseadh do thribhiún an airm Ierúsalem go léir a bhéith tré n-a cheile. [32] Thóg sé sin leis saighdiúirí agus taoiseacha céad agus do rith sé chúcha síos. Nuair a chonnacadar an tribiún agus na saighdiúirí do stadadar de bheith ag bualadh Phóil. [33] Ansan do tháinig an tribiún agus thóg sé é agus d’órduigh sé é ceangal le dhá shlabhra

agus d'fhiafraigh sé cia'r bh'é agus cad a bhí déanta aige. 34 Ach bhí án tsluagh ag liúirigh, duine ghá rádh so agus duine ghá rádh súd. Agus nuair nár bh'fhéidir dó deimhin a dh'fhághail mar gheall ar an gcur tré chéile, d'órduigh sé é thabhairt chun an longphuirt. 35 Agus nuair a tháinig sé go dtí an staighre do thárla go raibh na saighdiúirí ghá lompar mar gheall an dhéine na ndaoine; 36 Óir bhí an tsluagh 'n-a ndiaidh agus iad ag liúirigh: Tóg uainn é.

37 Agus le linn e bhreith isteach sa longphort dubhairt Pól leis an dtribiún: An misde dhom bheagán cainnte dhéanamh leat? Agus dubhairt seisean: An dtuigeann tú Gréigis? 38 Nách tusa an t-Éigipteach úd a dhein an chíréib ins na laethanta roimis seó agus do rug leat isteach sa bhfásach cheithre mhíle de ropairíbh. 39 Agus dubhairt Pól leis: Iúdach iseadh mé go deimhin, ó Tharsus i gCilicia. Is cómhnuightheach mé do chathair nach suarach. Iarraim ort leogaint dom labhairt leis an bpobul. 40 Thug sé cead dó. Ansan do sheasaimh Pól ar an staighre agus bhagair sé a lámh ar an sluagh agus do deineadh ana-chiúnas agus do labhair sé leó sa teangain Eabhra, agus dubhairt sé:

## CAIBID XXII.

### Pól ghá innsint do'n phobul conus a h-iompuigheadh chun an chreidimh é féin. É 'dul ó sgiúrsáil le n-a rádh gur bh'fhear Rómhánach é.

1 A fheara, a bhráithre agus a aithreacha, éistidh leis an gcúntas atá agam le tabhairt daoibh. 2 Nuair airígh-dan ag labhairt leó é sa teangain Eabhra chiúnuighdar níba mhó. 3 Agus dubhairt sé: Fear Iúdach iseadh mise. i dTarsus Cilicia do rugadh mé, ach sa chathair seo iseadh do tógadh me, ag cosaibh Ghamaliéil, agus do múineadh mé do réir fírinne dlighe ár sínsear, chómh seasamhach do'n dlighe sin agus atáthaoi-se go léir indiu. 4 Agus dheineas géarleanmhaint go bás ar an slighe seo, ghá ngabháil, idir fhearaibh agus mnáibh, agus ghá dtabhairt chun lámha agus ghá gcur i mbraighdineas. 5 Thug uachtarán na sagart, agus na seanóirí, teistiméireacht dom air sin; agus fuaras leitireacha uatha ag triall ar na bráithribh i nDamascus, chun iad a thabhairt liom anso gabhtha go Ierúsalem i dtreó go gcurfí pionós ortha. 6 Ach do thárla, agus mé ar an slighe agus ag teacht i gcómhgar do Dhamascus, i lár an lae, gur las am thimpal solus iomarcach ó neámh; 7 Agus gur thuiteas chun tailimh agus gur airígheas an guth ghá rádh liom: A Shaul, a Shaul, cad 'n-a thaobh go bhfuilir ag géarleanmhaint orm? Agus d'fhreagaras: Cia h-é thu, a Thighearna? 8 Agus dubhairt sé liom: Mise Íosa Nasareit atá agat d'á ghéarleanmhaint. 9 Agus an mhuinntir a bhí le m' choir dho chonnacadar an solus, ach níor airíghdar guth an t-é a bhí ag cainnt liom. 10 Agus dubhart: Cad tá agam le déanamh, a Thighearna? Agus dubhairt an Tighearna liom: Eirigh agus imthigh, isteach go Damascus, agus neósfar duit ansan i dtaobh na neith go léir atá agat le déanamh. 11 Ansan, mar gheall ar neart an tsoluis úd, bhios gan radharc agus do rug mo chomrádaidhthe ar láimh orm agus thánag go Damascus. 12 Agus bhí fear dár bh'ainim Ananías. Fear go raibh creideamhaint aige, i dtaobh na dlighe, ó n-a raibh de Iúdáchaibh 'n-a gcómhnuighe sa n-áit. 13 Agus tháinig sé chúgam agus sheásaimh se am fhiadhnaise agus dubhairt sé liom: A Shaul, a bhráthair, féach suas. Agus d'fhéachas-sa air-sean an uair chéadna. 14 Ansan dubhairt sé: Do cheap Dia ár sinnsear thusa roim ré chun go dtuigfá a thoil agus go bhfeicfá an t-Aon Ceart. agus go n-aireóchfá guth a bhéil; 15

Óir bheid tu ad fhinné dhó, i láthair na ndaoine go léir, ar na neithibh a dh’airíghis agur do chonnaicís. [16] Anoir cad é an ríghneas so ort? Eirigh agus baistthear thu agus nigh díot do pheacaí le glaodhach a ainim. [17] Agur nuair a thánag tar n-air go Ierúsalem do thárla go rabhas sa teampull ag guidhe agus gur thuit támhnéal aigne orm, [18] Agur go bhfeaca é agus go ndubhairt sé liom: Brostuigh agus imthigh go luath a’ Ierúsalem, óir ní ghlacfaid siad t’fhiadnuise ormsa. [19] Agus dubhartsa: A Thighearna, is eól dóibh go mbínnse ag cur na ndaoine a chreid ionat-sa isteach i bpríosún agus ’ghá mbualadh ins na sinagógaibh; [20] Agus nuair a bhí suil Stiopháin t’ fhínné-se, d’á dhortadh bhíos-sa láithreach, agus bhíos toiltheanach, agus bhíos ag tabhairt aire do bhrataibh na ndaoine a bhí ’ghá mharbhú. [21] Agus dubhaint sé liom: Imthigh leat, óir is ag triall ar na geintibh i gcéin a chuirfead-sa thu.

[22] D’éisteadar leis go dtáinig an focal san. Anran d’árduíghdar a nglór agus dubhradar: Cuir as an saoghal a leithéid sin. Ní cóir é bheith beó. [23] Agus bhíodar ag liúirigh agus ag caitheamh a mbalcuisí dhíobh agus ag stealladh na cré sa n-aer. [24] Ansan d’órduigh an tribhiún é thabhairt isteach sa longphort agus gabháil de sgiúirsíbh air, agus é phianadh, chun go bhfaghadh sé amach cad é an chúis go rabhdar ag liúirigh mar sin ’n-a choinnibh. [25] Do cheangaladar Pól le téadaibh. Ansan dubhairt sé leis an dtaoiseach céad a bhí ’n-a sheasamh i n’aice: An bhfuil ceaduighthe dhaoibh gabháil de sgiúirsíbh ar fhear Rómhánach gan é dhaoradh ar dtúis? [26] Nuair a dh’airigh an taoiseach céad an focal san chuaidh sé ag triall ar an dtribiún agus d’innis sé dhó e agus dubhairt ré: Cad é seo a mheasann tú a déanamh? Fear Rómánach iseadh an duine sin. [27] Ansan do tháinig an tribhiún agus dubhairt sé leis: Innis dom an fear Rómánach tu? Agus dubhairt seisean: Iseadh. [28] D’fhreagair an tribhiún: Dhíolas-sa mórán airgid as an bpríbhléid sin a dh’fhághail. Agus dubhairt Pól: Do rugadh mise amhlaidh. [29] D’imthigh uaid láithreach na daoine a bhí chun é phianadh. Tháinig eagla ar an dtribhiún féin nuair a fuair sé gur bh’fhear Rómánach é agus go raibh sé tar éis é cheangal.

[30] Ansan, lár n-a mháireach an lae sin, ba mhian leis a dh’fhághail amach níos cruinne cad a bhí ag na Iúdaígh. ’á chur ’n-a leith, agus do sgaoil sé é, agus d’órduigh sé na sagairt agus an chómhairle do teacht i bhfochair a chéile agus thugh sé Pól amach agus chuir sé os a gcómhair é.

## CAIBID XXIII.

**Pól i láthair na cómhairle. Deinid na Iúdaígh ceilg chun é mharbhú. Curtar go Caesaréa é.**

[1] D’fhéach Pól ar an gcómhairle agus dubhairt sé: A fheara, a bhráithre, tá mo ghnó déanta agamsa i ngach deagh-choínsias, i dtaobh Dé, go dtí an lá so indiu againn. [2] Ansan dubhairt an t-árdshagart, Ananias, leis na daoine a bhí i n’aice é bhualadh sa bhéal. [3] Dubhairt Pól leis, ámhthach: Buailfidh Dia thusa, a fhala aolta. Tusa ad shuidhe chun bhreithe thabhairt ormsa do réir na dlighe, agus, i n-aghaidh na dlighe, a n-órduígheann tú mé bhualadh? [4] Agus dubhairt na daoine a bhí n-a seasamh i n’aice: An ag easgainí ar árdshagart Dé ataoi? [5] Agus dubhairt Pól: Ní raibh ’fhios agam, a bhráithre, gur bh’é an t-árdshagart é. Óir tá sgríobhtha: Ná tabhair dnoch-chainnt d’uachtarán do dhaoine.

[6] Ach bhí ’fhios ag Pól gur de sna Saddúcínigh cuid acu agus gur de sna

Fairisínigh an chuid eile, agus dubhairt sé go h-árd: A bhráithre, Fairisíneach iseadh mise, mac Fairisínigh. Is mar gheall ar shúil le h-aiseirighe na marbh atáim ar mo thriail. [7] Nuair a bhí an méid sin ráidhte aige d'éirigh toirmeasg idir na Fairisínigh agus na Saddúcínigh agus deinead dhá chuid de'n bhuidhin. [8] Óir deir na Sadducínigh ná fuil aiseitrighe ann, ná aingeal, ná spioraid. Agus adamhuíghid na Fairisínigh gach nídh acu. [9] Ansan d'éirigh collóid mhór. Do phreab cuid de sna Fairisínigh 'n-a seasamh agus bhiodar ag aighneas agus deiridís: Ní bhfaighmíd aon olc sa duine seo. Má labhair spioraid leis, nú aingeal, cad é sin d'aoinne eile sin. [10] Ansan nuair a bhí an sgéal 'n-a bhruidhin chaorthainn eatartha bhi eagal ar an dtrbiún go stracfaidís as a chéile Pól, agus d'órduigh sé do sna saighdiúirí dul síos agus é thógaint uatha agur é thabhairt isteach sa longphort.

[11] An oidhche 'n-a dhiaidh san do sheasaimh an Tighearna láimh leis agus dubhairt se: Bí seasamhach! Fé mar atá fiadhnuise déanta agat ormsa i n-Ierúsalem caithfir fiadhnuise déanamh orm sa Róimh.

[12] Ach nuair a tháinig an lá tháinig rainnt de sna Iúdaígh i bhfochair a chéile agus dhearbhuighdar ná h-íosfaidís bia agus ná h-ólfaidís deoch go dtí go mbeadh Pól marbh acu. [13] Bhí breis agus dachad duine acu ann a chuir an dearbhú san ortha féin. [14] Ansan thánadar ag triall ar uachtaránaibh na sagart agus ar na seanóiríbh agus dubhradar: Tá ceangal fé easgaine curtha againne orainn féin gan aon nídh do bhlaise go marbhuighmíd Pól. [15] Anois, d'á bhrígh sin, cuiridh-se agus an chómhairle sgéala ag triall ar an dtribiún agus abraidh leis é chur chúghaibh, fé mar a bheadh eólus éigin níos cruinne uaibh 'n-a thaobh. Táimídne ollamh agus sar a sroisidh sé sibhse beidh sé marbh againn.

[16] Bhí mac deirbhshéar do Phól ag éisteacht leis an uisgefé-thalámh. Tháinig sé agus chuaid sé isteach sa longphort agus d'innis sé do Pól an sgéal. [17] Ghlaoidh Pól chuighe duine de sna taoiseachaibh céad agus dubhairt sé leis: Beir an buachaill seo ag triall ar an dtribiún; tá nídh aige le h-innsint dó. [18] Thóg seisean leir é ag triall ar an dtrbiún agus dubhairt sé: Dubhairt an príosúnach, Pól, liom an buachaill seo thabhairt chúghat mar go bhfuil rud aige le rádh leat. [19] Do rug an tribiún ar láimh air, agur d'imthigh sé i leith. taoibh leis agus chuir sé an cheist chuige: Cad é seo atá agat le h-innsint dom? [20] Agus dubhairt seisean: Tá socair ag na Iúdaígh ar a iarraidh ort Pól do chur ag triall ortha amáireach, chun na cómhairle, mar dh'eadh go dteastuigheann uatha é cheistiú níos géire ar nídh éigin. [21] Ach ná creidse iad. Tá breis agus dachad fear acu ag faire i gceilg air agus tá ceangal fé easgaine curtha acu ortha féin gan bia dh'ithe ná deoch a dh'ól go marbhuíghid siad é, agus táid siad ollamh anois ag feitheamh leis an ngeallmhaint uait. [22] Do chuir an tribiún uaidh an buachaill agus dubhairt sé leis gan a dh'innsint d'aoinne gur thug sé an méid sin eóluis dó féin.

[23] Ansan do ghlaoidh sé chuige beirt taoiseach céad agus dubhairt sé leó: Ollmhuighidh dá chéad saighdiúir, agus deichniubhar a's trí fichid marcach, agus dhá chéad lucht sleagh, ó'n dtrímhad h-uair de'n oidhche, chun dul go Caesaréa; [24] Agus ollmhuighidh eachra iompair ar a gcuirfid siad Pól chun é bhreith slán agh triall ar Fhéilics an gobhernóir. [25] (Mar bhí eagal air go dtógfadh na Iúdaígh an éigin é agus go marbhóchaidís é, agus ansan go ndéanfí tromaidheacht air féin, go ndéarfí go raibh airgead le fághail aige as.) [26] Agus do sgríbh sé litir agus dubhairt sé inti:

"Claudius Lusias chun an ghobhernóra ró-uasail, Féilics, sláinte. [27] Do rug na

Iúdaígh ar an bhfear so agus bhíodar ar tí é chur chun bháis. Do fuaras féin amach gur bh'fhear Rómhanach é agus thánag ortha le buidhin airm agus thógas uatha é. [28]
Ansan theastuigh uaim 'fhios a bheith agam cad a bhí acu 'á chur 'n-a leith agus chuireas i láthair a gcómhairle féin é. [29]
Fuaras gur neithe éighin a bhain le n-a ndlighe féin a bhí acu 'á chur n-a leith, agus ná raibh aon choir déanta aige do thuillfeadh bhás ná braighdineas. [30] Ansan
do h-innseadh dom go raibh ceilg déanta acu dó aghus chuireas ag triall ortsa é, agus dubhart leó-san pé nídh a bhí acu le cur 'n-a leith, é chur n-a leith ad láthair-se. Slán leat."

[31] Ansan do thóg na saighdiúirí leó Pól, fé mar a h-órduígheadh dóibh, sa n-oidhche, go h-Antipatris, [32] Agus
amáireach a bhí chúghainn do leogadar do'n mharc-shluagh dul leis agus thánadar féin thar n-ais go dtí an longphort. [33]
Chuadar-san go Caesaréa agus thugadar an litir do'n Ghobhernóir agus chuireadar Pól 'n-a láthair. [34] Do léigh sé an litir, ansan
d'fhiafraigh sé cad é an ceanntar n-ar bh' as é, agus nuair a fuair sé gur bh' ó Chilicia
é: [35] Éistfead leat. ar seisean, nuair a thiocfaidh an mhuinncir atá ag cur ad leith. Agus d'órduigh sé é chur fé chimeád i gcúirt Héróid.

### CAIBID XXIV.

### Pól 'ghá chosaint féin i láthair Féilics, an Gobhernóir. An creideamh dá mhúineadh aige dhó.

[1] Ansan, i gcionn chúig lá, tháinig uachtarán na sagart, Ananías, anuas agur cuid de sna seanóiríbh, agur cainnteóir dár bh'ainim Tertullus, agus chuadar i láthair an ghobhernóra i gcoinnibh Phóil. [2] ,[3] Do
glaodhadh Pól agur chrom Tertullus ar é dhaoradh: Admhuighmíd i gcómhnuíghe agus ins gach ball, Agus le buidhchas mór, a Fhéilics oirdheirc, méid na síothchána atá againn de d'bharr-sa agus liacht na neith atá d'á seóladh ar leas tréd' mhórchiall. [4] Ach,
ionus ná cuirfinn a thuille ríghnis ort, iarraim ort éisteacht, de d'ceannsacht, le beagán focal uainn. [5] Fuaramair an fear so,
i n'ann-sgian, ag déanamh toismisg ameasg na n-Iúdac go léir ar fuid an domhain agus 'n-a cheann ar an aicme annrianta san, na Nasarénach. [6] Do mheas sé an teampall do
shárú agus do rugamair air agus cheapamair breith a thabhairt air do réir án ndlighe. [7] Ach tháinig Lusias, an tribiún,
agus neart slógh aige agus bhain sé as ár lámhaibh é. [8] Agus d'órduigh sé an
mhuinntir a bhí ag cur 'n-a leith do theacht ad' láthair-se, agus féadfair féin a dh'fhághail uaidh, ad bhreitheamh, eólus ar na neithibh seo go léir atá againne á chur n-a leith. [9] Ansan d'aontuigh na Iúdaígh
mar an gcéadna agus dubhradar go raibh san amhlaidh.

[10] Ansan d'fhreagair Pól, (óir do bhagair an Gobhernóir chuige labhairt):

Ó 's eól dom go bhfuilir-se ad bhreitheamh ar an náisiún so le fada 'bhliantaibh is móide sin is fonn liom sásamh a thabhairt am thaobh féin. [11] Is
féidir duit a dh'fhághail amach ná fuil ach dhá lá dhéag ó chuas go Ierúsalem chun adhartha dhéanamh, [12] Agus ní bhfuaradar
me ag aighneas le h-aoinne sa teampull, 'ná ag cruinniú na ndaoine, ins na sinagógaibh, Ná ar fuid na catharach; [13] agus ni'l ar a
gcumas a thaisbeáint duit-se gur fíor na neithe atá acu 'a chur am leith. [14]
Admhuíghim an méid seo dhuit, ámhthach, i dtaobh ná slíghe seo ar a dtugaid siad eiriceacht, sin mar a dheinimse seirbís do'n Athair agus do m'Dhia, óir creidim gach uile níd atá sgríobhtha sa dlighe agus in sna fáidhibh, [15] Go bhfuil mo
mhainighin agam as Dia, fé mar atá acu so

féin, go dtiocfaidh aiseirighe na ndeagh-daoine agus na ndroch-dhaoine. [16] Táim féin ag déanamh mo dhíchill air seo, mo choínsias a chimeád glan i gcómhnuighe chun Dé agus chun daoine. [17] Do thánag tar éis mórán blian chun déarca dhéanamh ar mo dhaoine féin agus chun ofrá-lach a dhéanamh agus chun móid a chómhlíonadh. [18] Sa n-obair sin iseadh do fuaradar me am ghlanadh sa teampull, agus ní le sluagh ná le collóid, [19] Ach rainnt Iúdach ó Ásia, — agus bhí sé ceart iad san a thabhairt anso ad láthair agus leogaint dóibh neithe chur am leith má bhí aon rud am choinnibh acu. [20] Nú abraidís seo féin é, má fuaradar aon chionntacht ionam nuair a bhíos am sheasamh i láthair na cómhairle, [21] Ach an t-aon fhocal amháin úd a labhras amach agus me am sheasamh eatartha: Is i dtaobh aiseirighe na marbh atá breith agaibhse ’á thabhairt ormsa indiu.

[22] Ansan do chuir Féilics ar cáirde iad, óir do thuig sé go cnuinn i dtaobh na slighe sin agus dubhairt sé: Nuair a thiocfaidh Lusias, an tribiún, anuas éistfead libh. [23] Agus d’órduigh sé do’n taoiseach céad eisean do chimeád agus suaimhneas a thabhairt dó agus gan aoinne d’á muinntir a chosg ar fhrithálamh a déanamh air.

[24] Ansan, tar éis suim laethanta, tháinig Féilics agus a bhean, Drúsilla, — Iúdach abh eadh í, — agus ghlaoidh sé chuige Pól agus d’éist sé le tuairisg uaidh ar an gcreideamh atá i n-Íosa Críost. [25] Agus bhí sé ag léiriú dhó ar cheart agus ar gheanmnaidheacht, agus ar an mbhreitheamhantas atá le teacht, agus tháinig critheagla ar Fhéilics agus dubhairt sé: Imthigh anois, ach nuair a bheid caoi agam cuirfead fios ort. [26] Sa n-am gcéadna bhí sé ag brath air gho dtabharfadh Pól rainnt airgid dó, agus uime sin chuir sé fios go minic air agus dhein sé cainnt leis.

[27] Ach d’imthig dhá bhlain, agus tháinig Portius Féstus i n-inead Fhéilics. Agus mar shásamh ar na Iúdaígh d’fhág Féilics Pól sa phríosún.

## CAIBID XXV.

**Caesar dhá ghairm ag Pól. Is áil le h-Agrippa, an Rí, eirteacht leis.**

[1] Trí lá tar éis teacht d’ Fhéstus sa cheanntar chuaidh sé suas ó Chaesaréa go Ierúsalem. [2] Agus tháinig uachtaráin na sagart agus uaisle na nIúdach ag triall air i gcoinnibh Phóil agus bhíodar a d’iarraidh achainíghe air, [3] A d’iarraidh go mbead sé fábhramhail dóibh ’n-a choinnibh, go n-órdóchadh sé é thabhairt go Ierúsalem, agus bhí ceilg déanta acu chun go marbhóchaidís é ar an slige. [4] Ach dubhairt Féstus go gciméadfí Pól i gCaesaréa agus go mbeadh sé féin ag dul ann go luath. [5] Agus, ar seisean, na daoine ar bhúr measg-sa atá ábalta air, téidís síos i n-aonfheacht liom agus má tá coir déanta ag an nduine cuiridís ’n-a leith í.

[6] Níor fhan sé ’n-a measg ach ocht lá nú deich lá ’n-a dhiaidh san, agus chuaidh sé síos go Caesaréa agus an lá n-a dhiaidh san do shuidh sé sa tribúnal agus d’órduigh sé Pól a thabhairt ’n-a láthair. [7] Do thugadh, agus do sheasaimh ’n-a thimpal na daoine tháinig anuas o Ierúsalem, agus chuireadar a lán neithe troma’n-a leith, ach níor fhéadadar iad a dheimhniú, [8] Mar dhein Pól iad do fhreagairt: Ní’l coir déanta agam i n-aghaid dlighe na nIúdach, ná i n-aghaidh an teampuill, ná i n-aghaidh Chaesair. [9] Ba mhian le Féstus, ámh, comaoine chur ar na Iúdaígh agus dubhairt sé, ag freagairt Phóil: an maith leat dul suas go Ierúsalem agus go dtabharfí breith ort ansan am láthair-se, i dtaobh na neith seo? Annsan dubhairt Pól: Táim am sheasam ag tribiúnal Chaesair. [10] Is ann is ceart breith do bhreith orm. Ní’l

coir déanta i n-aghaidh na nIúdach agam, mar is eól duit-se go dianmhaith. [11] Má tá coir déanta agam, ná aon nídh do thuillfeadh bhás, ní'l aon chur i gcoinnibh an bháis agam; ach mura bhfuil aon nídh amhlaidh, de sna neithibh seo atá acu á chur am leith. ní'l ar chumas aon duine me thabhairt suas dóibh. Gairmim Caesar. [12] Ansan do labhair Féstus leis an gcómhairle, agus d'fhreagair sé: Do ghairmis Caesar; go Caesar a raghair.

[13] Agus nuair a bhí rainnt laethanta curtha dhíobh acu chuaidh Agrippa, an rí, agus Berníćé, síos go Caesaréa, ag fáiltiú roimh Fhéstus. [14] Dheineadar righneas ann ar feadh mórán laethanta agus d'innis Féstus do'n rí i dtaobh Phóil: Fear, ar seisean, a dh'fhág Féilics anso 'n-a phriosúnach, [15] Agus nuair a bhíos i nIerúsalem tháinig uachtaráin agus seanóirí na nIúdach chúgham ghá iarraidh orm é dhaoradh chun báis. [16] Dubhart leó nách é béas na Rómhánach aon duine dhaoradh chun báis gan lucht a chionntuighthe thabhairt os a chómhair agus caoi thabhart dó ar é féin do chosaint agus ar é féin do ghlanadh ar na coirthe. [17] Ach do thánadar anso láithreach, agus amáireach a bhí chúghainn do shuídeas sa tribiúnal agus d'órduigheas an fear a thabhairt am láthair. [18] Ansan d'eirigh na cionntuightheóirí ach níor chuireadar aon rud 'n-a leith n-ar fhéadas aon droch-nídh dh'feisgint ann. [19] Ach bhí ceisteana éigin acu 'n-a choinnibh a bhain le pé deismireacht creidimh atá acu féin, agus i dtaobh Íosa éigin a fuair bás agus go raibh Pól 'ghá rádh é bheith bheó. [20] Níor mhaith liom féin aon bhaint a bheith agam le nídh de'n tsórd san agus d'fhiafraigheas de ar mhaith leis dul go Ierúsalem chun go dtabharfí breith air ins na neithibh sin. [21] Ach do dhein Pól gairm, go gcimeádfí é chun go n-aireó-chadh Augustus a chúis, agus d'orduígheas é chimeádh go gcuirfead ag triall ar Chaesar é.

[22] Ansan dubhairt Agrippa le Féstus: Ba mhaith liom féin, leis, an fear san do chloisint. Cloisfir amáireach é, ar seisean.

[23] Amáireach a bhí chúghainn tháinig Agrippa agus Bernicé agus leathadh mór futha, agus chuadar isteach sa halla éisteachta, iad féin agus na tribiúin agus maithe móra na catharach, agus d'órduigh Féstus Pól a thabhairt 'n-a lathair. [24] Ansan dubhairt Festus: Á rí Agrippa agus a fheara uile atá againn anso, chíonn sibh an duine sin. Nuair a bhíos i nIerúsalem thainig an pobul Iúdach go léir chúgham 'ghá iarraid orm agus 'ghá rádh i nguthanaibh árda nár cheart é bheith beó a thuille. [25] Ach níor fhéadar féin a d'fheisgint go raibh aon rud déanta aige do thuillfeadh bás. Ach do ghairm sé féin Augustus agus tá socair agam ar é do chur chuige. [26] Ní'l aon níd cruinn agam, ámh, le sgrí 'n-a thaobh ag triall ar mo thighearna. Uime sin do thugas anso chúghaibh-se é, agus chúgat-sa go mór mór, a rí Agrippa, go gceisteóchadh sibh é agus go mbeadh rud agam a sgrífinn. [27] Óir measaim gur obair mhíréasúnta cime chur uaim agus gan a dh'innsint cad 'tá 'n-a choinnibh.

## CAIBID XXVI.

### Cúntas ag Pól dhá thabhairt d' Agrippa ar a bheatha, ar conus a h-iompuigeadh chun an chreidimh é, agus ar an obair a bhí le déanamh aige.

[1] Ansan dubhairt Agrippa le Pól: Tá cead cainnte ar do shon féin agat. Do shín Pól a lámh agus chrom sé ar a sgéal a dh'innsint.

[2] Is maith an bhail orm, dar liom, a rí Agrippa, gur ad lathair-se atá orm me féin a chosaint indiu ar na neithibh seo go léir atá ag na Iúdaígh 'á chur am leith, [3] Go mór

mór, toisg eolus a bheith agat ar na nósaibh agus ar na ceisteanaibh atá ameasg na n-Iúdach. Uime sin iarraim ort éisteacht go foidhneach liom.

4 Tá aithne ag na Iúdaígh go léir ar an saghas bheatha chaitheas ó m'óige, óir is ameasg mo náisiúin féin i nIerúsalem a chaitheas í. 5 Tá fhios acu, (dá mba maith leó é dh'innsint i bhfiadnuise), gur mhaireas, do réir na h-aicme is deimhnighthíghe i n-ár gcreideamh, am Fhairisíneach. 6 Agus tá breith 'á thabhairt orm anois mar gheall ar an mainighin atá agam as an ngeallamhaint a thug Dia d'ár n-aithreachaibh, 7 An gheallamhaint sin go bhfuil an dá threibh déag againn, atá ann, ag déanamh réir Dé do ló agus d'oidhche, ag brath ar í dh'fhagáil. Isí an mhainighin sin atá ag na Iúdaígh 'á chur am leith-se, a rí. 8 Cad 'n-a thaobh nách féidir, dar libhse, a chreideamhaint go n-aithbheódhann Dia na mairbh?

9 Bhí sé buailte isteach am aigne-se féin go raibh ceangailte orm mórán neithe dhéanamh i gcoinnibh ainime Íosa Nasareit. 10 Agus do dheineas, i nIerúsalem. Chuireas mórán daoine naomhtha isteach i bpríosúnaibh. Fuaras úghdarás ó uachtaránaibh ná sagart agus nuair a bhídís (na naoimh) le cur chun bháis is mise thugadh an t-órdú liom chuige. 11 Agus ins na sinagógaibh go léir bhínn go minic ag cur pionóis ortha, agus chuirinn fhiachaibh ortha diamhasladh dhéanamh, agus do méaduigheadh mo bhuile 'n-a gcoinnibh i dtreó go mbhínn 'ghá ngéarleanmhaint isteach ins na catharachaibh iasachta féin.

12 Agus bhíos ag dul go Damascus ar an inntinn sin agus úghdarás agus cead agam ó uachtaránaibh na sagart, 13 Agus, a rí, do chonnac ar an slighe i lár an lae, ag taithneamh am thímpal agus thimpal ar na daoine a bhí le m'chois, solas as na flathais agus é níos treise ná solus na gréine. 14 Agus thuiteamair go léir chun tailimh, agus d'airigheas-sa an ghuth ag labhairt liom sa teangain Eabhra: A Shaul, a Shaul, cad chuige dhuit bheith 'am ghéarleanmhaint? Is deacair duit bheith ag speachuíol i n-aghaidh an phriocaire.

15 Agus dubhart-sa: Cia h-é thu, a Thighearna? Agus dubhairt an Tíghearna: Mise Íosa atá agat d'á ghéarleanmhaint. 16 Ach eirigh agus seasaimh ar do chosaibh, óir is chuige thaisbeánas me féin duit chun go ndéanfainn díot seirbhíseach agus fínné ar na neithibh a chonnaicís agus ar na neithibh 'na bhfeicfir me, 17 'Gat thabhairt saor ó'n bpobul agus ós na geinte na bhfuilim 'ad chur chúcha anois, 18 Chun a súl a osgailt dóibh ionus go n-iompóchaidís ó'n ndoircheacht chun an tsoluis agus ó chómhacht Shátain chun Dé, ionus go bhfaighdís maitheamhnachas peacaí agus inead ameasg naomh tríd an gcreideam atá ionamsa.

19 Dá bhrígh sin, a rí Agrippa, níor thugas-sa diúlta do'n radharc ó neamh, 20 Ach do chraobhsgaoileas é, do'n mhuinntir atá i nDamascus ar dtúis, agus i nIerúsalem, agus i gcrích Iúdaea ar fad, agus do sna Geintibh ionus go ndéanfaidís aithríghe agus go n-iompóchaidís ar Dhia, ag déanamh diongabhála na h-aithrighe d'oibreachaibh. 21 Mar gheall air sin iseadh do rug na Iúdaígh orm nuair bhíos sa teampull agus mheasadar me mharbhú. 22 Ach do chabhruigh congnamh Dé liom agus táim am sheasamh go dtí an lá indiu, ag déanamh fiadhnuise do bheag a's do mhór, gan aon rud do rád lasmuigh de sna neithibh adubhairt na fáidhe a bhí le teacht agus Maois, 23 Go ndéanfadh Críost fulag agus gur bh'é an chéad duine é d'eireóchadh ós na mairbh agus do nochtfad an solus do'n phobhul agus do sna Geintibh.

[24] Le linn na cainnte sin do rád dhó agus é ghá chosaint féin dubhairt Féstus do ghuth árd: As do mheabhair ataoi, a Phóil. Tá iomad léighinn ’ad chomáint as do mheabhair. [25] Nílim as mo mheabhair, a Fhéstuis oirdheirc. Táim ag innsint na fírinne gan bhaois. [26] Tá eolus ar na neithibh seo ag an rí atá ag éisteacht le m’chainnt gan sgáth; óir ní mheasaim gur féidir aon níd acu bheith lasmuigh d’á eólus. Ní h-i gcúinne a deineadh aon nídh acu. [27] An gcreideann tú na fáidhe, a rí Agrippa? Tá ‘fhios agam go gcreideann tú. [28] Ansan dubhairt Agrippa le Pól: Is bheag ná go n-áitígheann tú orm iompáil am Críostaíde. [29] Agus dubhairt Pól: Go dtugaid Dia dhom, ’n-a bheag a’s ’n-a mhór, ní h-amháin tusa ach gach a bhfuil de dhaoinibh anso ag éisteacht liom d’iompáil ar an gcuma san agus iad a bheith mar me féin, ach gan na slabhraí seo bheith ortha.

[30] Ansan d’eirigh an rí agus an gobhernóir agus Berníce agus a raibh ’n-a suidhe ’n-a bhfochair. [31] Agus d’imthíghdar i leith taoibh agus bhíodar ag cainnt, agus dubhradar: Ní’l aon rud déanta ag an nduine sin a thuillfeadh bhás ná braighdineas dó. [32] Agus dubhairt Agrippa le Féstus: D’fhéadfí an duine sin do leogaint chun siúbhail mura mbeadh gur ghairm sé Caesar.

## Caibid XXVII.

### Curtar Pól ar bórd luinge chun dul sa Róimh. A thaisteal agus a longbhrise.

[1] Ansan, do socaruigheadh ar dhul ar uisge go dtí an Eadáil agus ar Phól agus na príosúnaigh eile thabhairt ar láim do thaoiseach céad dár bh’ainim Iúlius, de bhuídhin Augustuis, [2] Agus chuamair ar bórd luinge Adrumétíge, chun go seólfaimís fan chiumhais trágha na h-Ásia, agus thógamair ár seólta. Agus d’fhán i n-ár bhfochair Aristarcus an Macedonach, ó Tessaloníca.

[3] Thánamair an lá ’n-a dhiaidh san go Sídón. Agus bhí Iúlius ceannsa le Pól agus do leog sé dhó dul chun a cháirde agus aire thabhairt dó féin. [4] Ansan d’fhágamair an áit sin agus sheólamair ar sgáth Chúpruis mar bhí an ghaoth i n-ár gcoinnibh. [5] Agus sheólamair tré fharaige Chilicia agus Phamphilia, agus thánamair go dtí Lustra, atá i Lucia, [6] Do fuair an taoiseach céad, sa n-áit sin, long Alecsandríneach a bhí ag dul san-Eadáil agus chuir sé uirthi sinn.

[7] Ansan bhíomair ag gluaiseacht go ríghin ar feach mórán laethanta teacht ach ar aghaibh Chniduis, mar bhí an ghaoth ’ghár gcosg, agus sheólamair i gcómhgar do Chréta, lámh lé Salmóné. [8] Do sheolamair thar an áit sin, agus ba dheacair é, agus thánamair go dtí áit ar a dtugtí Deaghchuanta, i n-aice le cathair Talassa.

[9] Ansan bhi mórán aimsire caithte agus bhí taisdeal faraige contabharthach mar bhí aimsir an trosgaidh imighthe, agus bhí Pól ag tabhairt cómhairle a leasa dhóibh, [10] ’Ghá rádh leó: A fheara, chím go bhfuil trácht na faraige ag tusnú ar bheith ana-dhíobhálach agus ana-chontabhartach, ní h-amáin do’n luing agus do’n méid ualaigh atá inti ach d’ár n-anam féin chómh maith. [11] Ach ba mhó an tsuim a chuir an taoiseach céad i ngiolla na luinge agus i máighistir na luinge ’ná i gcainnt Phóil. [12] Agus toisg gan an cuan san a bheith oireamhnach go maith chun an gheimhridh a chaitheamh ann do chómhairligh an chuid ba mhó dhíobh imtheacht as agus féachaint an bhféadfaidís dul agus an geimhreadh chaitheamh i bhFoenícé, cuan de chuantaibh Chréta atá ag féachaint siar ó dheas agus siar ó thuaidh.

[13] Do shéid an ghaoth andeas dóibh agus mheasadar go raibh gach nídh ar a dtoil acu

agus ghluaiseadar ó Assan agus fan
chiumhais trágha Chréta. [14] Ach go luath
'n-a dhiaidh san d'eirigh n-a coinnibh go
stoirmeamhail an ghaoth ar a dtugtar
Euroacuiló. [15] Do sguabadh chun siúbhail
an long mar níor fhéad sí cur i gcoinnibh
na gaoithe, agus do sgaoileadh leis an
ngaoith sinn. [16] Do comáineadh isteach
sinn fé sgháth oileáin dár bh'ainim Cauda,
agus is ar éigin fhéadamair an bád do
thógaint chúghainn; [17] Do thógadar é agus
dheineadar úsáid de chabharthaibh agus
chuireadar fúnsaí fé'n luing; agus le h-eagla
go dtuitfidís isteach sa bheóghainimh do
leagadar na seólta, agus bhíodar ag
imtheacht ar an gcuma san. [18] An lá 'n-a
dhiaidh san dheineadar caitheamh amach,
óir bhíomair ghár suathadh go rómhór leis
an stoirm. [19] Agus an trímhadh lá do
chaitheadar amach le n-a lámhaibh féin
gléas na luinge. [20] Ansan bhíomair mórán
laethanta gan grian na réiltín a dh'fheisgint,
agus stoirm nár bheag ag bagairt orainn, i
dtreó go raibh gach súil le n-ár dteacht slán
imighthe.

[21] Agus ansan, tar éis iad a bheith abhfad
gan bia chaitheamh, do sheasaimh Pól
eatartha agus dubhairt sé: A fheara, Is
mairg nár glacadh mo chómhairle-se agus
gan imtheacht ó Chréta, agus dul ó'n
ndíobháil seo agus ó'n gcailleamhaint
seo. [22] Agus anois iarraim oraibh misneach
a bheith agaibh. Ní caillfar aon duine
agaibh, ach an long amháin. [23] Óir do
sheasaimh taoibh liom anocht aingeal Dé,
n-ar leis mise agus dá ndeinim seirbhís,
Agus dubhairt sé: [24] Ná bíodh eagal ort, a
Phóil. Ní foláir duit seasamh i láthair
Chaesair; agus féach, gach a bhfuil de
dhaoine ar aon luing leat táid siad bronnta
ag Dia ortsa. [25] D'á bhríg sin glacaidh mis-
neach, a fheara; óir creidim-se ó Dhia, fé
mar a dubhradh liom, gur mar sin a
bheidh. [26] Ach ní foláir dúinn dul isteach ar
oileán áirithe.

[27] Ach nuair a tháinig an ceathrmhadh
oidhche déag orainn agus sinn ag
imtheacht san Adria tímpal an mheadhon
oidhche, mheas na máirnéalaigh go
bhfeacadar tír éigin. [28] Do leogadar síos an
luadh agus fuaradar fiche feádh ar
doimhneas, agus nuair a dhruideadar tamall
beag ó'n áit sin fuaradar chúig fheádh
dhéag. [29] Bhí eagal ortha go raighmís i n-áit
gharbh agus chuireadar amach cheithre h-
ancairí ó'n stiúir, agus b'é b'fhada leó go
mbeadh sé 'n-a lá. [30] Ansan do mheas na
máirnéalaigh teithe as an luing. Do
leogadar síos an bád, mar dh'eadh gur
theastuigh uatha ancairí chur amach ó
thusach na luinge. [31] Ach dubhairt Pól leis
an dtaoiseach céad agus leis na fir armtha:
Mura bhfanaid siad san sa luing ní féidir
daoibh-se dul slán. [32] Ansan do ghearr na
saighdiúirí téada an bháid agus do leogadar
dó tuitim sa n-uisge.

[33] Agus nuair a thusnuigh an solus ar
theacht d'iarr Pól ortha go léir bia
chaitheam, agus dubhairt sé: Sidé an
ceathrmhadh lá déag agaibh ag feitheamh
agus sibh i nbhúr dtrosgadh, gan aon nídh
a thógaint. [34] D'á bhrígh sin Iarraim oraibh
anois bia do chaitheamh ar son bhúr
sláinte, óir ní caillfar oiread agus ruibe
gruaige de cheann aon duine agaibh. [35]
Nuair a bhi an méid sin ráidhte aige do
thóg se arán agus ghaibh se bhuidhchas le
Dia os a gcómhair go léir, agus bhris sé an
t-arán agus chrom sé ar ithe. [36] Ansan
tháinig suaimhneas aigne ortha go léir agus
thógadar an bhia. [37] Dá chéad duine agus sé
dhuine dhéag a's trí fichid againn iseadh a
bhí sa luing ar fad. [38] Nuair a bhí a ndóthin
bídh ithte acu chaitheadar an chruithneacht
amach sa bhfaraige chun na luinge
d'éadtromú.

[39] Ansan, nuair a bhí sé ’n-a lá, níos aithnighdar an tír, ach thugadar fé ndeara bhléin ’na raibh tráigh inti agus cheapadar, d’á mb’ fhéidir é, go sádhfaidís an long isteach inti. [40] Ansan do thógadar na h-ancairí agus do sguradar na stiúireana agus d’árduighdar an seól mór chun na gaoithe agus do ghluaiseadar leis an bhfaraige, ach do stiúruighdar í fé dhéin na trágha. [41] Do thuiteamair isteach i n-áit a bhí idir dhá fharaige agus do buaileadh an longh uim thalamh i dtreó go raibh a tusach daingean agus gur bhris neart na faraige a deire.

[42] Ansan do mheas na saighdiúirí na príosúnaigh a chur chun báis le h-eagla go snámhfadh cuid acu agus go n-imtheóchaidís. [43] Ach ní leogfadh an taoiseach céad dóibh é, mar theastuigh uaidh Pól do bhreith saor, agus d’órduigh sé do’n mhuinntir go raibh snámh acu iad féin do chaitheamh amach ar dtúis agus iad féin a shábháil agus dul i dtír. [44] Agus do rugadh an chuid eile amach, cuid acu ar chlárachaibh agus cuid acu ar neithibh a bhain leis an luing. Agus mar sin do thárla go ndeaghaidh ghach duine acu beó amach ar an dtalamh tirim.

## CAIBID XXVIII.

### Pól i Melita ar feadh trí mhí. A thaisteal airís ar an bhfaraige. A theacht chun na Rómha. A chómhrádh leis na Iúdaígh a bhí sa chathair.

[1] Agus ansan nuair a bhíomair tar éis dul slán fuaramair amach gur Melita a tugtí ar an oileán. Do ghlac na daoine iasachta san go ceannsa sinn. [2] Do lasadar teine agus chuireadar compórd orainn, mar bhí fearthainn ag teacht agus bhí fuacht ann. [3] Ansan bhí Pól tar éir rainnt adhmaid chrín do bhailiú agus do chur ar an dteine, agus do léim athair nimhe, ag teithe ó’n dteas, agus do rug sí ar láimh air. [4] Nuair a chonnaic na daoine iasachta an phiast ar sile as a láimh dubhradar le n-a chéile: Is amhlaidh a mhairbh sé duine agus bíodh go dtháinig sé saor ó’n bhfaraige ní leogtar bheó ó’n ndíoltas é. [5] Ansan do chroth seisean an phíast isteach sa teine agus ní raibh aon díobháil déanta dhó. [6] Ach mheasadar go dtusnóchadh sé ar at agus go dtuitfeadh sé marbh gan mhoill. Bhíodar ag feitheamh leis sin, ach nuair a chonnacadar ná raibh aon nídh ag imtheacht air d’atharuíghdar a n-aigne agus dubhradar gur dhia éigin é.

[7] Sa n-áit sin iseadh bhí talamh an fhir a bhí n-a cheann ar an oileán. Publius ab ainim dó. Do ghlac sé sinn agus chuir sé cóir orainn go fial ar feadh trí lá. [8] agus do thárla go raibh athain Phubhliuis ’n-a luighe le h-éagcrúas agus le teinneas cuirp. Chuaidh Pól isteach ag triall air agus dhein sé guidhe ar a shon agus chuir sé a lámha air agus do leighis sé é. [9] Ansan, gach a raibh de dhaoine ar an oileán go raibh gearánta ortha thánadar agus do leighiseadh iad. [10] Agus thugadar onóir Mhór dúinn, agus nuair a bhíomair chun dul ar luing thugadar dúinn na neithe a bheadh ríachtanach dúinn.

[11] Tar éis trí mhí do ghluaiseamair, ar luing Alecsandrínigh a bhí tar éir an gheímhridh a chaitheamh ag an oileán. Agus na Castóirí an suathantas a bhí uirthi. [12] Agus thánamair go Suracúsa agus d’fhanamair trí lá ann. [13] Ó’n áit sin do sheólamair tímpal fan na tíre agus thanamair go dtí Régium, agus tar éis aon lae amháin do shéid an ghaoth andeas agus thánamair go Putheolí. [14] Fuaramair bráithre sa n-áit sin agus d’iarradar orainn fanmhaint ’n-a bhfochair agus d’fanamair seacht lá. Agus ansan thánamair go dtí an Róimh. [15] Agus as san, nuair airigh na bráithre é, do chruinníghdar chúghainn go Forum Appiuis agus chun na dTrí

dTabhairne, agus nuair a chonnaic Pól iadh
thug se buidhchas do Dhia agus tháinig
misneach dó.

[16] Agus nuair a bhíomair tagaithe chun
na Rómha do tugadh cead do Pól
fanmhaint i n'áit chómhnuighthe féin agus
fear cimeádta, armtha, i n'fochair.

[17] Ansan, tar éis an trímhad lae, do
ghlaoidh sé chuige maithe na nIúdach.
Nuair a thánadar i bhfochair a chéile
dubhairt sé leó: A fheara, a bhráithre, do
tugadh mise gabhtha, ó Ierúsalem, i
lámhaibh na Rómhánach, agus gan aon
nídh agam 'á dheanamh i gcoinnibh na
ndaoine ná i gcoinnibh nós ár sínsear. [18] Do
thrialadar mé agus bhíodar chun mé
leogaint saor toisg ná fuaradar aon chúis
bháis ionam. [19] Ach do chuir na Iúdaigh 'n-
a choinnibh sin i dtreó go mbh' éigin dóm
Caesar do ghairm, agus ní h-amhlaidh a bhí
aon nídh agam lé cur i leith mo náisiúin
féin. [20] Siné cúis n-ar iarras sibhre a
dh'feisgint agus labhairt libh. Mar gheall ar
an ndóchas atá i n-Israél iseadh atá an
slabhra so casta ormsa. [21] Agus dúbh-radar-
san leis: Ní bhfugramair-ne litreacha ad
thaobh ó Iúdaéa, ná níor tháinig aoinne de
sna bráithribh ag innsint ná ag labhairt aon
droch-nídh ad thaobh. [22] Ach iarraimíd ort
a d'innsint dúinn cad is dóigh leat; óir i
dtaobh na h-aicme seo, is eól dúinn go
bhfuil-cear ag gabháil 'n-a gcoinnibh ins
gach aon bhall.

[23] Ansan do cheapadar lá dhó, agus
tháinig a lán acu go dtí an lóisdín chuige,
agus do mhínigh sé dhóibh rígheacht Dé
agus thug sé fiadhnuise dhóibh air. Agus
bhí sé ó'n maidin go dtí an tráthnóna ag cur
'n-a luighe ortha i dtaobh Íosa, a' dlighe
Mhaoise agus as na fáidhibh. [24] Agus do
chreid cuid acu ins na neithibh a dubhradh,
agus bhí cuid acu, ámhthach, nár chreid. [25]
Agus bhíodar ag imtheacht gan bheith ar
aon-aigne, i dtreó go ndubhairt Pól an t-
aon fhocal amháin: Is maith adubhairt an
Spioraid Naomh é le n-ár n-aithreachaibh
tré bhéal an fháidh Isáias, [26] Mar a ndeir
sé: Imthigh ag triall ar an bpobul san agus
abair leo: Cloisfidh sibh leis an gcluais agus
ní thuigfidh sibh, agus chídhfidh sibh leis
an súil agus ní thabharfaidh sibh fé
ndeara; [27] Óir tá croidhe an phobuil seo
tuitithe i bhfeóil, agus le n-a gcluasaibh
dheineadar éisteacht dhúr, agus do
dhúnadar a súile, le h-eagla go bhfeicfidís
le n-a súilibh agus go n-aireóchaidís le n-a
gcluasaibh agus do dtuigfidís le n-a
gcroidhe agus go n-iompóchaidís agus go
slánóchainn iad. [28] Dá bhrígh sin bíodh
agaibh fios an méid seo, go bhfuil an slánú
so ó Dhia d'á chur ag triall ar na Geintibh,
agus éistfid siad leis. [29] Nuair a bhí an méid
sin ráidhte aige d'imthigh Iúdaígh amach
uaidh, agus aighneas mór acu eatartha féin.

[30] Ansan d'fhan sé dhá bliain ar fad 'n-a
thigh féin, agus ghlac sé gach aoinne do
tháinig ag triall air. [31] Agus rígheacht Dé
aige 'á chraobhsgaoile, agus é ag múine na
neith a bhaineann leis an dTighearna Íosa
Críost le lánmhisneach agus gan chosg.

# List of Subscribers

To Na Cheithre Soisgéil as an dTiomna Nua.

| | £ | s. | d. |
|---|---|---|---|
| His Eminence Cardinal Logue, Archbishop of Armagh and Primate of All Ireland | 5 | 0 | 0 |
| His Grace the Most Rev. Dr. Walsh, Archbishop of Dublin and Primate of Ireland | 5 | 0 | 0 |
| His Grace the Most Rev. Dr. Healy, Archbishop of Tuam | 5 | 0 | 0 |
| His Grace the Most Rev. Dr. Harty, Archbishop of Cashel | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. O'Callaghan, Bishop of Cork | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Browne, Bishop of Ferns | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Brownrigg, Bishop of Ossory | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. O'Dwyer, Bishop of Limerick | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. O'Donnell, Bishop of Raphoe | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Sheehan, Bishop of Waterford and Lismore | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Browne, Bishop of Cloyne | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Hoare, Bishop of Ardagh and Clonmacnoise | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Foley, Bishop of Kildare and Leighlin | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Kelly, Bishop of Ross | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. O'Neill, Bishop of Dromore | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. O'Dea, Bishop of Galway and Kilmacduagh | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Mangan, Bishop of Kerry | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Fogarty, Bishop of Killaloe | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Gaughran, Bishop of Meath | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. MacHugh, Bishop of Derry | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. MacKenna, Bishop of Clogher | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Gilmartin, Bishop of Clonfert | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Finegan, Bishop of Kilmore | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Morrisroe, Bishop of Achonry | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Naughton, Bishop of Killala | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Coyne, Bishop of Elphin | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Donnelly, Bishop of Canea | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Higgins, Bishop of Temno | 5 | 0 | 0 |
| The Most Rev. Dr. Cohalan, Bishop of Vaga | 5 | 0 | 0 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| The Right Rev. Monsignor Hallinan, St. Ita's, Newcastle-West, Co. Limerick | 5 | 0 | 0 |
| The Right Rev. Monsignor O'Riordan, Rector of the Irish College, Rome | 5 | 0 | 0 |
| The Rev. W. F. Browne, C.C., Queenstown | 0 | 10 | 0 |
| R. I. Best, Esq. | 0 | 5 | 0 |
| P. Donnellan, Esq., M.D | 1 | 0 | 0 |
| H. A. O'Neill, Esq. | 0 | 5 | 0 |
| Thomas Barry, Esq. | 0 | 5 | 0 |
| E. R. M'C. Dix, Esq. | 1 | 0 | 0 |